

**Cothú agus Cleachtais na Filíochta: Cás-staidéar ar Fhilí  
Comhaimseartha Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh**

Tráchtas a leagadh isteach chun riachtanas na céime dochtúireachta  
a chomhlíonadh

Shane Grant

faoi stiúir An Dr. Róisín Ní Ghairbhí

Coláiste Mhuire Gan Smál

Arna chur faoi bhráid Ollscoil Luimnigh

Meitheamh 2020



## Achoimre

Pléann an tráchtas seo le saintaithí sé fhile dhéag comhaimseartha a bhaineann le dhá cheantar Gaeltachta i gCiarraí, Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach. Fiosraítear réimsí éagsúla de thaithí na bhfilí maidir le cleachtadh a gceirde agus maidir leis na cúinsí a chuir iad ag scríobh na filíochta. Tugtar mionchuntas ar na cúinsí leanúnacha a théann i bhfeidhm ar a meon agus ar a gcleachtais.

Staidéar ildisciplíneach é seo. Tarraingítear ar léamha ó chúlraí critice éagsúla (léann na cruthaitheachta, litríocht na Gaeilge, an tsíceolaíocht chultúrtha agus an tsochtheangeolaíocht/an phleanáil teanga). Seachas na filí agus a saothar a scrúdú le lionsa téacslárnach, leagtar béim ar an gcomhthéacs ina dtarlaíonn an chruthaitheacht. Glactar seasamh an taighde gníomhaíochta rannpháirtíochta agus peirspictíocht an ‘insider-outsider’ chuig an staidéar seo. Is iad na príomhmhodhanna taighde a cuireadh i bhfeidhm ná (1) breathnóireacht; (2) ransú ar cháipéisíocht, polasaithe agus straitéisí eagrastacaíochta; (3) cioradh ar shaothar cruthaitheach na bhfilí maidir le téamaí an tráchtais; (4) agallamh leathstruchtúrtha ar sheisear filí dhéag agus ar bheirt chinnirí cultúir/pobail déag agus (5) ceistneoir sonracha a líon an dá ghrúpa faisnéiseoirí seo.

I measc phríomhthorthaí an staidéir léiríodh go raibh tábhacht nach beag ag cúlra teaghlaigh agus caipiteal cultúrtha na bhfilí ina múnú. Bíonn tionchar lárnach ag mothúcháin i bpróiseas cruthaitheach na bhfilí agus eachtraí a raibh mothúcháin dhoimhne i gceist a chuir filí ag scríobh den gcéad uair. Tá géarchéim ann maidir leis an easpa idirghníomhaithe a bhíonn idir an pobal agus na filí. Is minic guth príobháideach an fhile chun tosaigh ina c(h)leachtas agus bíonn amhras ar na filí faoin bpobal léitheoireachta/éisteachta atá acu. Ba dhíol suntais an tarraingt a dhein cuid d’fhilí ar nuachaintoirí iad ar an bhfilíocht mar chuid de phróiseas aistriúcháin féiniúlachta agus an ról cinnireachta a imríonn cuid de na nuachaintoirí agus cine isteach seo (agus cuid cainteoirí dúchais go stairiúil) ar chothú na filíochta go háitiúil. Tá sraitheanna éagsúla tacaíochta ar fáil d’fhilí ach tá dúshlán ann a fhágann nach dtagann filí áirithe i dtír ar an tacaíocht sin: (1) easpa feasachta i dtaobh na tacaíochta atá ar fáil; (2) easpa airde agus straitéise na neagrastacaíochta maidir le filí Gaeilge. Bíonn deiseanna breise á bhfáil ag filí áirithe thar a chéile toisc: (1) gréasán cairde/teagmhálaithe a bheith acu; (2) caipiteal sóisialta/cultúrtha ard a bheith ag filí áirithe. Tá gá le straitéisí sonracha le dul i ngleic leis na dúshlán a phléitear sa taighde seo, agus le cinntiú go mbainfear an leas cuí as na deiseanna ar deineadh tuairisciú orthu.

Is é mórtháil an taighde ná gur tháinig borradh ar chleachtadh na filíochta i gCorca Dhuibhne de bharr chúinsí éagsúla (idir chúinsí inmheánacha pearsanta an fhile féin agus chúinsí seachtracha sa timpeallacht chruthaitheach agus teanga). Baineann neamhsheasmhacht le fearainn cleachtaithe na bhfilí toisc béim a bheith ar ghníomhú daoine indibhidiúla, idir fhilí, mheantóirí agus chinnirí cultúir. Tá riosca ann go mbeidh na hábhair féideartha (“creative affordances”) a pléitear sa tráchtas ar lár amach anseo. Ní raibh na cúinsí seo ar fáil in Uíbh Ráthach agus d’fhág seo, agus toscaí eile teanga agus cultúir a rianaítear sa tráchtas, nár cothaíodh filí sa cheantar.

## **Dearbhú**

Dearbhaím leis gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atáim á thíolacadh le haghaidh measúnachta don gcéim dochtúireachta sa Ghaeilge agus nár tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs an tsaothair seo.

Sínithe: Shane Grant Dáta: 08/07/2020

## Buíochas

Tá mé an-bhuíoch de dhaoine éagsúla a chabhraigh liom feadh na slí agus an taighde seo á thabhairt i gcrích. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na filí agus leis na cinnirí cultúir a ghlac páirt sa staidéar seo. Bhí sé de phléisiúr agam aithne a chur oraibh go léir. Thug sibh bhur gcuid ama go flaithiúil dom féin agus don togra. Beidh mé fíorbhuíoch go deo díbh.

Is mór agam an tacaíocht a fuair as ó fhoireann Choláiste Mhuire Gan Smál ó thosnaíos mar fhochéimí sa bhliain 2012. Ba mhaith liom aitheantas speisialta a thabhairt d'fhoireann Roinn na Gaeilge: An Dr. Liam Ó Páircín, An Dr. Róisín Nic Dhonncha, An. Dr. Stiofán Newman, An Ceann Roinne Dr. Breandán Ó Cróinín agus Mary O' Loughlin as bhur gcuid tacaíochta. Tá mé buíoch den IarCheann Roinne Máire Ní Neachtain a spreag mé le cur isteach ar chomhaltacht taighde iarchéime a cheadaigh dom tabhairt faoin staidéar. Táim faoi chomaoin ag an Scoil Taighde (RGSO) i gColáiste Mhuire Gan Smál a bhronn an chomhaltacht taighde orm agus as tacaíocht leanúnach na foirne ansin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas a mhisnigh mé agus a chuir comhairle orm thar na blianta: An Dr. Áine Cregan, Seán de Brún, An Dr. Seán Ó Cathalláin, An Dr. T.J Ó Ceallaigh, Siobhán Ní Mhurchú, Sailí Ní Dhroighneáin, An Dr. Michael Finneran, An Dr. Máiréad Ní Bhriain, Caitlín Neachtain, An Dr. Karen Ní Chlochasaigh, Dr. Rebecca Breen, An Dr. Julianne Stack, An Dr. Gordon Ó Riain, An Dr. Ailbhe Nic Giolla Comhaill, An. Dr Ríona Ní Churtáin, An Dr. Síle Ní Choncheannain agus An Dr. John Walsh.

Gabhaim buíochas ar leith leis An Dr. Seaghan Mac an tSionnaigh a thug deis dom aoichaint a thabhairt ar an taighde in Ollscoil Uppsala sa tSualainn sa bhliain 2019. Gabhaim buíochas le lucht eagraithe CSANA (Celtic Studies Association of North America) agus ICML (International Conference of Minority Languages) a thug deis dom páipéir chomhdhála a thabhairt in Ollscoil Harvard Bostún agus i Leeuwarden na hÍsiltíre le linn na bliana 2019. Táim buíoch de lucht eagraithe na gcomhdhálacha uilig ar thugas páipéar bunaithe ar ábhar an taighde seo: Comhdháil na Gaillimhe: Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge, Comhdháil Mhíchíl Uí Airnéide, Coláiste Mhuire Gan Smál, Comhdháil Léann na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Comhdháil IASIL, Coláiste na Tríonóide agus Comhdháil NPPSH Ollscoil Mhá Nuad (New Perspectives Postgraduate Symposium on the Humanities).

Táim faoi chomaoin ag an An Dr. Tracey Ní Mhaonaigh a thug deis foilsithe dom in Irisleabhar Mhá Nuad 2019 agus le heagarthóirí An Réiviú, Ollscoil na hÉireann Gaillimh 2019. Ba mhaith liom tréaslú chomh maith le mo chomhghleacaithe agus comhúdair ar an Straitéis Náisiúnta do na hEalaíona Teangabhunaithe. Táim faoi chomaoin mhór ag mo chomhghleacaithe nua i dTascfhórsa Uíbh Ráthaigh agus an fhoireann sa Rannóg Taighde agus Forbairt Earnálacha in Údarás na Gaeltachta. Gabhaim buíochas leis an Dr. Éamonn Ó Neachtain agus Caitlín Breathnach go speisialta as a spreagadh agus a dtacaíocht.

Thar aon duine eile, ba mhian liom buíochas a ghabháil leis An Dr. Róisín Ní Ghairbhí, stiúrthóir an tráchtas. Ba thobar gan dísc é do shaineolas agus do chomhairle. Ní bheadh ann don tráchtas seo gan do lámh stiúrtha léannta fhlaithiúil ann. Tá tú tar éis mé a mhisniú ar shlite éagsúla a fhágfaidh rian buan orm. Ní fhéadfadh meantóir níos fearr ná níos flaitiúla a bheith ag éinne. Is mór agam do dhúthracht agus d'aire. Táim fíorbhuíoch díot.

Gabhaim buíochas le mo theaghlach: mo mháthair June; mo dheirfiúr Sinéad; mo dheartháireacha Dean agus Aaron; mo nianna; Calum, Jackson agus Noah; Decky, Lyndsey, Fiona agus m'athair baistí Johnny. Bíonn sibh mar chrann taca agam i gcónaí. Go raibh míle maith agaibh as muinín a bheith agaibh asam, as an misniú leanúnach agus an bród a léiríonn sibh gach aon lá.

Is mór agam spreagadh agus tacaíocht mo chairde. Luaim go háirithe Tom, Seán, Dylan, Keith, Michelle, Orla, Lucy agus Ciara. Táim an-bhuíoch den Dr. Vicky Brady as a comhairle, a misniú agus as a meon spreagúil a roinnt liom.

Ba mhaith liom nóta speisialta a thabhairt duit Evan. Chabhraigh d'fhéith uathúil grinn agus d'intleacht ghéar go mór liom an beart a dhéanamh chun an taighde seo a thabhairt chun críche. Is mór agam an dúthracht a chaitheann tú leis an nGaeilge a úsáid agus caithfear siar thú go hiarthar na tíre ar thuras foghlama teanga go luath. Mo bhuíochas leat as cur suas le mo chuid tráchtairíochta i gcónaí; ba bheag lá a chuaigh thart nár chuala tú mar gheall ar na filí seo. Bíonn ionadh ar an mbeirt againn faoin méid eolais atá agat ar fhilí Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh anois. Geallaim duit go bhfillfead ar an saol agus an tráchtas seo curtha díom. Mo bhuíochas leat Evan.

## Clár an Ábhair

Achoimre.....	2
Dearbhú.....	3
Buíochas.....	4
Liosta Táblaí agus Léaráidí.....	7
Réamhrá.....	8
Aidhm agus Réasúnaíocht an Taighde.....	8
Ceisteanna Taighde.....	20
Modheolaíocht Taighde.....	21
<b>Caibidil 1: Teoiricí na Cruthaitheachta.....</b>	<b>30</b>
<b>Caibidil 2: Cothú na Filíochta: Na Cúinsí Tosaigh.....</b>	<b>42</b>
An Cúlra Teaghlaigh.....	42
Spreagadh na Ceapadóireachta: claontaí agus cúinsí.....	49
Móimint Tosaigh na Cruthaitheachta: An Chéad Dán.....	52
An Tírdhreach agus An Dúlra.....	61
Todhchaí na Filíochta agus An Óige.....	67
<b>Caibidil 3: An Comhthéacs Sochtheangeolaíoch agus an Fhéiniúlacht.....</b>	<b>72</b>
An Próiseas Pleanála Teanga.....	77
Cleachtas Teanga na bhFilí.....	82
An Cine Isteach, An Nuachainteoir agus an Fhilíocht.....	94
<b>Caibidil 4: An Oidhreacht Líteartha agus An Comhthéacs Cultúrtha.....</b>	<b>105</b>
Oidhreacht Líteartha Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh.....	105
Infreastruchtúr Cultúrtha Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh: Suirbhé Comhaimseartha.....	114
<b>Caibidil 5: An Fhilíocht agus An Pobal.....</b>	<b>137</b>
An Fhilíocht Phoiblí nó An Fhilíocht Phríobháideach: Ról an Fhile.....	137
Féilte agus Léamha Filíochta.....	148
Cothú an Phobail: Dúshláin agus Deiseanna.....	161
<b>Caibidil 6: Oiliúint agus Aiseolas.....</b>	<b>169</b>
Ceardlanna Oiliúna agus Meantóireacht.....	169
Comórtais Filíochta.....	179
Léirmheastóireacht.....	184
<b>Caibidil 7: Foilsiú agus Poibliú na Filíochta.....</b>	<b>190</b>
Na Foilsitheoirí agus na hIrisí.....	190
Ionaid Díolachán Leabhar.....	201
Na Meáin Chraolta, Éisteachta agus Chlóite.....	204
Na Meáin Shóisialta.....	210
<b>Caibidil 8: Maoiniú agus Tacaíocht don bhFilíocht.....</b>	<b>219</b>
Riachtanais na bhFilí agus na saindúshláin atá rompu.....	221
Na Príomheagrais Tacaíochta.....	227
Na Saindúshláin Earnálacha agus Straitéiseacha.....	252
<b>Conclúid.....</b>	<b>256</b>
<b>Liosta Tagartha.....</b>	<b>273</b>
<b>Aguisíní.....</b>	<b>296</b>
<b>Aguisín 1: Beartais agus Polasaithe na Cruthaitheachta.....</b>	<b>296</b>
<b>Aguisín 2: Ceistneoir na bhFilí.....</b>	<b>300</b>
<b>Aguisín 3: Ceistneoir na gCinnirí Cultúir.....</b>	<b>314</b>
<b>Aguisín 4: Agallaimh na bhFilí.....</b>	<b>324</b>
<b>Aguisín 5: Agallaimh na gCinnirí Cultúir.....</b>	<b>327</b>
<b>Aguisín 6: Foirm Toilithe.....</b>	<b>330</b>

## **Liosta Táblaí agus Léaráidí**

### **Táblaí**

Tábla 1: Céimeanna Modheolaíochta an Taighde

Tábla 2: Blianta foilsithe agus aois na bhfilí nuair a foilsíodh a gcéad chnuasach

Tábla 3: Fráma Teoirice Amabile (2018)

Tábla 4: Ionadaíocht na bhfilí mar aoifhilí ag Ó Bhéal 2008 - 2019

Tábla 5: Stiúrthóirí Ceardlann an Fhéile Bheag Filíochta 2008 - 2019

Tábla 6: Cá bhfuil fáil ar chnuasaigh na bhfilí?

Tábla 7: Líon radharc a bhain físeán filíochta na bhfilí amach ar Youtube

Tábla 8: Líon radharc ar na físdánta REIC/Áras Scríbhneoirí na hÉireann

Tábla 9: Sparánachtaí Litríochta a bhronn An Chomhairle Ealaíon ar fhilí an staidéir seo

Tábla 10: Maoiniú Scéim na gCoimisiún Foras na Gaeilge 2008 – 2010

### **Léaráidí**

Léaráid 1: Comhroinnt Daonra idir Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach

Léaráid 2: Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar – Corca Dhuibhne

Léaráid:3 Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Theas – Uíbh Ráthach

Léaráid 4: Cainteoirí Laethúla Gaeilge Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh

Léaráid 5: Ionadaíocht na bhfilí ag féilte

Léaráid 6: Cad iad na duaiseanna a bhuaigh na filí?

Léaráid 7: Cé mhéad cóip de do leabhar a dhíoltar de ghnáth?

Léaráid 8: Cé a d'fhoilsigh cnuasaigh filíochta na bhfilí?

Léaráid 9: Líon filí a d'fhoilsigh saothar in iris filíochta

Léaráid 10: An bhfuair tú poiblíocht ó stáisiún raidió riamh?

Léaráid 11: An bhfuair tú poiblíocht ó nuachtán riamh?

Léaráid 12: An úsáideann tú an suíomh seo riamh?

Léaráid 13: Plé na bhfilí le struchtúir tacaíochta

## Réamhrá

### Aidhm agus Réasúnaíocht an Taighde

Tá ról an ealaíontóra Ghaeilge íogair, dúshlánach agus aonaránach, ról a éilíonn misneach, diongbháilteacht agus teacht aniar, ag maireachtáil ar ioncam íseal agus faoi scáth éiginnteachta maidir le deiseanna fostaíochta agus maoinithe ar bhonn leanúnach, ainneoin tionchar dearfach na n-ealaíon ar gheilleagar na tíre agus an spreagadh a chothaíonn siad le haghaidh foghlama, fionnachtana agus dul chun cinn pearsanta.

(Davitt 2016:30)

Is é aidhm an tráchtais seo ná taifead a chur ar fáil de na cúinsí a chothaíonn grúpa d'fhilí comhaimseartha Gaeilge ar bhonn cruthaitheach agus cuntas eolaíoch a thabhairt ar na cleachtais chruthaitheacha agus ghairmiúla (maidir lena gceird mar fhilí) atá ag na filí sin. Déanfar na ceisteanna a eascraíonn as an taifead agus as an gcuntas sin a phlé maidir le ceisteanna critice agus comhthéacsanna éagsúla. Déanfar cás-staidéar ar shé file dhéag a bhfuil dlúthbhaint acu le dhá cheantar Gaeltachta i gCiarraí, Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach. Déanfar (a) mionphlé córasach anailíseach ar na cúinsí éagsúla a chothaíonn na filí seo agus (b) mionphlé córasach anailíseach ar a gcleachtais chruthaitheacha. Baineann croí an tráchtais seo, mar sin, le scéal an fhile Ghaeilge san aonú haois is fiche agus ar thaithí ghrúpa filí mar chleachtóirí cruthaitheacha. Conas mar a dhéantar an fhilíocht Ghaeilge a chothú agus a chleachtadh i ndá cheantar iargúlta Gaeltachta ar imeallbhord na hÉireann san aonú haois is fiche?

Baineann croí an taighde seo le *cothú* an fhile chomhaimseartha Gaeilge. Is éard atá i gceist leis an téarma '*cothú*' sa staidéar seo ná na cúinsí a spreagann na filí agus a thugann tacaíocht dóibh lena gceird a chleachtadh. Cad iad na cúinsí a thugann ar na filí filíocht Ghaeilge a chumadh agus a cheadaíonn dóibh an fhilíocht sin a scríobh agus a fhoilsiú? An gcothaíonn cúinsí áirithe inspreagtha ("motivation") iad? Áireofar cúinsí a théann i bhfeidhm ar a bhféiniúlacht agus ar a saol cruthaitheach mar chuid de 'chothú' seo na bhfilí. Fiosrófar na cúinsí pearsanta a thug ar dhaoine tabhairt faoin bhfilíocht ar dtús agus déanfar tuiscintí a fhorbairt ar mhóimint thosaigh na cruthaitheachta. Féachfar ar an gcomhthéacs teanga agus teaghlaigh a bhí ag na filí Gaeilge seo agus iad ag fás aníos. Cén t-aitheantas a thugann na filí féin dá dtógaint maidir leis an spreagadh a fuair siad filíocht Ghaeilge a chumadh? An raibh cúinsí eile a chuir i dtreo scríobh na filíochta iad? An spreagann struchtúir áirithe tacaíochta iad chun scríobh agus chun foilsithe? Cé na cúinsí a spreagann an gníomh cruthaitheach iontu go



ginearálta? Anuas air seo, bainfear leas as an téarma '*neamhchothú*' sa staidéar. Is ionann '*neamhchothú*' agus na cúinsí sin a chuireann bac ar chleachtais agus a ghoilleann ar mhisneach agus ar inspreagadh na bhfilí. Fiosrófar dearcadh na bhfilí maidir le feidhm na filíochta agus a dtionchar ar an bpobal (áitiúil agus níos leithne) chomh maith. Cén ról a shamhlaíonn na filí dóibh féin agus cén chaoi a dtéann nó nach dtéann an pobal nó a suíomh féin sa phobal i bhfeidhm ar na filí? Cé go mbeidh an mhórbhéim sa tráchtas seo ar na cúinsí sin a chothaíonn agus nach gcothaíonn na filí ar bhonn cruthaitheach, tiocfaidh cleachtais na bhfilí chun cinn de réir mar a nochtfar scéal cruthaitheach na bhfilí. Is éard atá i gceist le '*cleachtais*' sa staidéar seo ná iompar na bhfilí sna roghanna cruthaitheacha agus gairmiúla a dhéanann siad maidir le cleachtadh a gceirde. Fiosrófar na deiseanna a bhíonn nó nach mbíonn ag filí (agus a thapaíonn nó nach dtapaíonn siad) a saothar a chur os comhair an phobail (sa chiall is leithne den téarma sin). Tabharfar cuntas ar idirghníomhú na bhfilí le tithe foilsitheoireachta maidir le hardán foilsithe agus léitheoirí a bhaint amach dá saothar. Tabharfar san áireamh chomh maith tionchar nó neamhthionchar léamha agus féilte filíochta. Pléifear cleachtais na bhfilí (agus an cur chuige a bhíonn ag eagrais a thacaíonn leo) maidir le pobal léitheoireachta a bhaint amach – má bhaineann. An mbaineann filí leas as na meáin shóisialta chun a saothar a phoibliú? An mbaineann siad leas as na hardáin seo mar mheán cruthaitheach ann féin? An bhfuil pobal éisteachta ag na filí anuas ar phobal léitheoireachta?

Féachfar ar dhearcadh na bhfilí i leith an phobail agus a ról féin. An bhfuil ról ag na filí seo agus/nó ag a saothar ina bpobail áitiúla féin nó i gcomhthéacsanna níos leithne? Cén fheidhm atá ag an bhfilíocht san aonú haois is fiche, go háirithe, i gceantair Ghaeltachta ar imeallbhord na tíre? Pléifear na deiseanna a thapaíonn na filí maidir lena bhforbairt ghairmiúil agus leis na deiseanna oiliúna a bhíonn acu – má bhíonn. Faoi mar a phléifear thíos suífear an dá phríomhcheist seo - cothú agus cleachtais na bhfilí - i gcomhthéacsanna níos leithne maidir leis an gcomhthéacs teanga agus cultúir sa dá cheantar agus maidir leis an gcúlra eagraíochtúil agus straitéiseach a bhaineann le cleachtadh na filíochta Gaeilge in Éirinn, mar shampla. Faoi mar a mhíneofar thíos, suífear an plé chomh maith sna comhthéacsanna critice cuí ionas gur féidir taithí na bhfilí a lonnú i bhfráma comparáideach agus le gur féidir mórlionsaí agus mórbhéimeanna a bhaineann le léargais chriticeoirí comhaimseartha a chur i bhfeidhm ar ár staidéar féin.

Tá lionsa úrnua ag an taighde seo: féachtar ar eispéireas na bhfilí maidir lena gcleachtais cruthaitheacha agus ar na comhthéacsanna ina dtarlaíonn an chruthaitheacht sin. Déantar imeallú go minic ar an ngné shóisialta agus ar an gcomhthéacs seachtrach i dtaighde a dhéantar ar an gcleachtóir cruthaitheach.

Research on the creative person has worked to the exclusion of the social context surrounding the person... ignorant of creative processes “outside” the mind of individual creators.

(Sternberg 2016: 72)

Sa tráchtas seo ní bheidh an mhórbhéim ar shaothar na bhfilí nó ní dhéanfar iarracht ar bheathaisnéisí iomlána a thabhairt ar shaol na bhfilí ó thús deireadh – fócas téacslárnach nó beathaisnéiseach a bhíonn le sonrú go coitianta i dtaighde ar an nualitríocht. Bainfidh feidhm thábhachtach phraiticiúil le torthaí an taighde maidir le tuiscint a fháil ar ghné den litríocht nach ndírítear go sonrath nó go leanúnach uirthi de ghnáth: an comhthéacs ina dtarlaíonn sí.

Tá ceithre fhile dhéag a bhfuil dlúthbhaint acu le ceantar Corca Dhuibhne i gceist sa tráchtas anseo. Is iad sin Ceaití Ní Bheildiúin, Simon Ó Faoláin, Louis Mulcahy, Peadar Ó hUallaigh, Áine Moynihan, Bríd Ní Mhóráin, Aogán Ó Muircheartaigh, Maria Ní Mhurchú, Siobhán Ní Shíthigh, Micheál Ó hUanacháin agus Dairena Ní Chinnéide. Tá idir fhilí a *tógadh* sna ceantair, filí atá nó a bhí *ag cur fúthu* sna ceantair seo agus fhilí a chaitheann *móthréimhsí leanúnacha* sa cheantar san áireamh sa tráchtas. Maidir leis na filí atá san áireamh sa taighde seo nach bhfuil cónaí leanúnach orthu sna ceantair seo, (nó cónaí déanta acu ann san aimsir chaite) bíonn láithreach rialta acu sna ceantair atá i gceist agus tá garathne acu ar fhilí eile a mhaireann sna ceantair. Tógfar taithí Mharcuis Mhic Conghail, taithí Shéamuis Barra Uí Shúilleabháin agus taithí Thaidhg Uí Dhúshláine san áireamh de bharr an ghaoil leanúnaigh seo atá acu sin leis an dá cheantar – Corca Dhuibhne i gcás Mhic Conghail agus Uí Dhúshláine agus an dá cheantar i gcás an tSúilleabhánaigh. Baineann beirt fhilí atá faoi staidéar le hUíbh Ráthach: Paddy Bushe agus Micheál Ó Siochrú. Rugadh agus tógadh Ó Siochrú in Uíbh Ráthach agus tá Bushe ag cur faoi sa cheantar le breis is daichead bliain. Tabharfar san áireamh chomh maith an taithí atá ag triúr filí Béarla a bhaineann leis an dá cheantar seo ar mhaithe le bonn comparáide a sholáthar idir taithí an fhile Bhéarla agus an fhile Ghaeilge. Is iad na filí Béarla a bheidh i gceist ná Seán Sugrue,

arb as Cathair Saidhbhín dó, agus beirt fhilí atá ag maireachtaint i gCorca Dhuibhne: Maggie Breen agus Justin Mac Cárthaigh.

Bhain critéir éagsúla thábhachtacha eile ar leith le sainroghnú na bhfilí. Tógadh cinneadh nach dtabharfaí gach aon fhile ‘a bhaineann’ nó ‘a bhain’ leis na ceantair Ghaeltachta seo san áireamh. I measc na bhfilí nach mbeidh á bplé go sonrach, tá an Ríordánach; lucht INNTI (Michael Davitt†, Gabriel Rosenstock, Liam Ó Muirthile†, Nuala Ní Dhomhaill); Seán Ó Lúing†; Mícheál Ó Gaoithín (‘Maidhc File’) †; Micheál Ó Ciarmhaic†; An Dr. Mícheál Ó Fionnáin† agus Domhnall Mac an tSíthigh†. Ar chúiseanna modheolaíochta ní áirítear filí atá ar shlí na ffrinne sa staidéar seo. Ina dhiaidh sin bhí critéir eile roghnaithe ann d’fhonn fráma inláimhsithe a sholáthar ó thaobh na modheolaíochta (a phléifear thíos). Theastaigh uaim go gcuirfí gach file atá ag cumadh agus ag foilsiú filíochta trí Ghaeilge faoi láthair sna ceantair seo san áireamh. Díreoidh an staidéar ar fhilí atá ag cumadh na filíochta le cúig bliana déag anuas (Is ar an mbonn seo a cuireadh Cathal Póirtéir a bhfuil tigh aige i nDún Chaoin as an áireamh - ina cháilíocht mar dhuine a d’fhoilsigh cnuasach filíochta. Sa bhliain 1992 a foilsíodh a chnuasach). Níor áiríodh filí nár fhoilsigh ar a laghad cnuasach amháin. Tá cuid de na filí sa dara liosta thuas cailte le cúig bliana déag anuas, cuid eile acu le fada. Baineann cuid acu le ré eile – Ó Gaoithín agus Ó Lúing, mar shampla, nó tharla a mór bhaint le Corca Dhuibhne le linn tréimhse eile (Rosenstock, mar shampla). Tá taighde substaintiúil déanta ar chuid de na filí cheana. Tá plé forleathan déanta cheana ar shaol agus ar shaothar Nuala Ní Dhomhnaill, mar shampla, agus anuas air sin níl aon chnuasach foilsithe ag an bhfile ó foilsíodh *Cead Aighnis* (An Sagart 1999). Bua mar sin a bheidh ag an tráchtas ná go gcaithfear solas ar ghrúpa filí comhaimseartha nach bhfuil go leor airde tarraingthe orthu sa dioscúrsa acadúil. Ní miste a rá chomh maith, cé nach mbeidh filí mar Ní Dhomhnaill, Ó Ríordáin, agus Davitt á bplé go sonrach mar chuid den staidéar seo, go dtagrófar dá léamha *inter alia* ar mhaithe le leanúnachas agus comparáid. Filí beo amháin atá faoi staidéar. Fágann seo go bhfuil roinnt filí tábhachtacha curtha as an áireamh. Cé go dtagrófar *inter alia* do Dr Mícheál Ó Fionnáin (†2011) agus do Domhnall Mac an tSíthigh, (†2017) níorbh fhéidir iad a chur san áireamh sa chroíghrúpa filí atá faoi staidéar ar chúiseanna modheolaíochta (féach mír modheolaíochta thíos). Cé nach bhfuil sé san áireamh mar chroífhile de chuid an staidéir, tráchtfar go minic ar an Ríordánach sa tráchtas ina cháilíocht mar dhuine a raibh baint leanúnach

aige le Corca Dhuibhne agus a scríobh go leanúnach maidir le croí-ábhar an tráchtais seo, cothú na filíochta. Tá eiseamláir dá theoiric le fáil ins an réamhrá cáiliúil a chuir sé leis an gcnuasach '*Eireaball Spideoige*' (1952).

Tar éis do na filí a gcuid fianaise féin a chur ar fáil, agus plé a dhéanamh air sin, cuirfear san áireamh taithí agus saindearcadh ghrúpa ionadaíoch de chinnirí cultúir/pobail sa taighde. Is éard is brí le '*cinnire cultúir*' i gcás an taighde seo ná duine a mbíonn feidhm bhainistíochta acu le fearann cleachtaithe na filíochta nó le réimse a bhfuil baint ag an bhfilíocht leis. Is éard atá éagsúil mar sin le '*cinnire pobail*' mar theárma ná gur cinnirí áitiúla iad na 'cinnirí pobail' a bhaineann go dlúth leis na ceantair seo a imríonn tionchar speisialta ar bhonn áitiúil. Bíonn feidhm thábhachtach ag cinnirí pobail sa dá cheantar seo i gcur chun cinn an phobail áitiúil. Ar mhaithe le leanúnachas agus chun aon doiléire a sheachaint bainfear feidhm as an téarma cinnire *cultúir* go príomha agus plé á dhéanamh ar léargais na ndaoine seo mar aonad.

Tugadh san áireamh béimeanna agus mórthéamaí i litríocht critice ó réimsí léinn eagsúla. Deineadh ransú ar pholasaithe ábhartha eagrás éagsúla a bhaineann le réimsí éagsúla an taighde sula ndearnadh an cinneadh maidir leis na cinnirí a chuirfí san áireamh (féach mír modheolaíochta thíos). Ar an gcéad dul síos, cuireadh le chéile gearrliosta de chinnirí a bheadh páirteach sa ghné bhreise seo den staidéar toisc gur tharraing na filí féin a n-ainmneacha anuas sa taighde. Tá cinnirí eile san áireamh toisc ról lárnach nó freagracht ar leith a bheith acu i réimsí a bhaineann le croí an staidéir: cothú na filíochta Gaeilge nó forbairt na n-ealaíon agus an chultúir trí chéile sna fearainn éagsúla áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta lena mbaineann an dá cheantar Gaeltachta seo. Áiríodh cinnirí áirithe eile fós tar éis don údar tréimhse breathnóireachta a dhéanamh ar imeachtaí agus ócáidí ábhartha filíochta agus cultúrtha sa dá cheantar agus go náisiúnta. Tá na cinnirí áirithe seo á dtabhairt san áireamh toisc ról a bheith á imirt acu maidir le cothú na filíochta, agus tionchar acu ar chleachtas a bhaineann leis an bhfilíocht. Cé gur cás-staidéar é seo a dhíríonn go príomha ar thaithí na bhfilí (agus cé gurb í fianaise na bhfilí príomhfhoinsí an taighde) tabharfaidh sainpheirspictíocht na gcinnirí cultúir/pobail seo léargas breise ar thaithí na bhfilí agus ar chuid den infreastruchtúr daonna agus den struchtúr faoi leith tacaíochta a bhaineann leis an bhfilíocht Ghaeilge sna ceantair seo. Ní bheidh taithí na gcinnirí seo á fiosrú ina cáilíocht féin, mar sin. Is amhlaidh go dtarraingeofar ar shainbhraistintí na

gcinnirí agus ar na foinsí eolais a roinnfidh siad mar iomlánú ar a gcuireann na filí féin in iúl. Éascóidh an cur chuige seo tuiscint iomlánaíoch a fhorbairt ar na cúinsí a chothaíonn filí na Gaeilge. Fágfaidh láithreach na gcinnirí agus a gcuid léargas sa taighde bonn níos leithne faoin bplé a dhéanfar ar na comhthéacsanna breise ar leith a bhaineann leis an tráchtas: an tsochtheangeolaíocht, an phleanáil teanga agus maoiniú na filíochta.

Agus roghnú déanta de réir an mhínithe thuas, is iad na cinnirí *pobail* a bheidh san áireamh sa staidéar ná Caitriona Ní Chathail (oifigeach aosoideachais Oidhreacht Chorca Dhuibhne), Máire Uí Shíthigh (iar-oifigeach forbartha Oidhreacht Chorca Dhuibhne), agus Fíona de Buis (gníomhaí pobail, Uíbh Ráthach, Éigse na Brídeoige; stiúrthóir, Amergin Solstice Poetry Gathering, coiste) agus Áine Uí Bheoláin (bainisteoir gníomhach, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh). D'fhéadfaí an chéad cheathrar acu seo a áireamh mar chinnirí cultúir chomh maith. Is iad na cinnirí *cultúir* eile a bheidh sa staidéar ná Sarah Bannan (ceann Rannóg na Litríochta, An Chomhairle Ealaíon); Maureen Kennelly (Éigse Éireann/Poetry Ireland, stiúrthóir go dtí 2020), Áras Scríbhneoirí na hÉireann (ionadaí thar cheann an eagrais);<sup>1</sup> Eibhlín de Paor (iar-áisitheoir Ealaíne, Ealaín na Gaeltachta agus oifigeach oiliúna Údarás na Gaeltachta), Rachel Holstead (áisitheoir ealaíne, Ealaín na Gaeltachta); Cathal Póirtéir (bunaitheoir Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge, IarChathaoirleach ar Bhord Imram, iriseoir, léiritheoir agus láithreoir ar Radio One/Raidió na Gaeltachta, scríbhneoir), Tommy O' Connor (leabharlannaí Chontae Chiarraí); An Dr. Breandán Ó Caoimh (údar 'Próifíl Dhéimeagrafach agus Socheacnamaíochta Chiarraí Theas', stiúrthóir 'Institute for Action Research', Chiarraí Scéalach, coiste, comhairleoir do Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh) agus Kate Kennelly (oifigeach ealaíne Chomhairle Chontae Chiarraí). Níl an leagan amach dénrtha seo dubh agus bán. Is fíor a rá go mbíonn idir fheidhm an chinnire phobail agus an chinnire chultúir ag brath ar chomhthéacsanna faoi leith agus maidir leis an gcaidreamh atá idir an cinnire agus an file. Cuirfidh taithí agus léargais na gcinnirí seo go mór leis an tuiscint a bheidh againn ar fhearainn cleachtaithe na filíochta ó fhianaise na bhfilí

---

<sup>1</sup> D'iarr rannpháirtí Áras Scríbhneoirí na hÉireann nach luafaí a (h)ainm ach go dtráchtfar ar an ionchur mar fhreagraí thar cheann an eagrais.

féin agus suífidh a sainpeirspictíocht siúd a dtaithí-se sna mórchomhthéacsanna polasaithe agus straitéise níos leithne.<sup>2</sup>

Tá nuálaíocht ar leith ag baint leis an ábhar taighde seo maidir le litríocht na Gaeilge. Ní hann go dtí seo d'aon staidéar mórscála a fhiosraíonn taithí filí comhaimseartha Gaeilge maidir lena gcleachtas agus lena gcothú. Is spéisiúil an comhthéacs atá ag an bhfilíocht agus ag na healaíona trí chéile le linn na tréimhse áirithe seo. Tá an tseaníomhá rómánsúil den bhfile agus é ag saothrú leis féin imithe. Níl an file ag feidhmiú anois ina (h)aonar. Tá an comhthéacs pobail agus cultúir athraithe ó bhonn agus tá deiseanna nua, struchtúir thacaíochta agus tionscail chruthaitheacha ar leith ar fáil dóibh. Níl aon staidéar ar leith déanta ar fheasacht ná ar eispéireas na bhfilí maidir leis an tacaíocht nua nó na deiseanna nua atá ar fáil. Tá sé in am aghaidh a thabhairt ar an gcomhthéacs athraithe seo agus tionchar nó neamhthionchar na gcúinsí nua seo ina bhfuil an file ag cumadh a iniúchadh. Bainfidh feidhm thábhachtach phraiticiúil le torthaí an taighde maidir le tuiscint a fháil ar ghné den litríocht nach ndírítear go sonrath uirthi de ghnáth: an comhthéacs ina dtarlaíonn sí. Agus béim ag leibhéal Stáit agus go hidirnáisiúnta ar thábhacht na cruthaitheachta, beidh an cuntas seo ina acmhainn luachmhar do lucht bainistíochta na n-ealaíon agus do na cleachtóirí. Beidh tábhacht uilíoch ag an taighde maidir le cothú na cruthaitheachta, ní hamháin don bhfilíocht ach do réimsí ealaíona eile agus i dtíortha eile.

Tá an staidéar seo ag briseadh amach ar bhealach eile fós ó sheanthraidisiún taighde a fheictear go coitianta i Léann na Litríochta sa Ghaeilge – is é sin go ndírítear ar fhile amháin nó ar bheirt nó ar thriúr. Ní staidéar téamúil maidir le saothar na bhfilí atá ann ach oiread; cur chuige eile a chleachtaítear go minic. Tá nuálaíocht ag baint leis an leagan amach anseo toisc go bhfuiltear ag féachaint ar ghrúpa filí atá bainteach le háit ar leith ag tréimhse ar leith. Cé gur grúpa atá i gceist, is filí iad a bhfuil éagsúlacht aoise agus cúlraí acu, ach go ráiníonn sé go bhfuilid ag saothrú sa dúthaigh céanna. Mar sin, níl “glúin” nó “gluaiseacht” i gceist *per se* (faoi mar a bhí, mar shampla i gcás na gcuntas a deineadh ar fhilí Innti).

---

<sup>2</sup> Ní raibh ionadaí ar fáil ó Fhoras na Gaeilge chun páirt a ghlacadh sa taighde ach fuarthas eolas áirithe trí theagmháil ríomhphoist le hionadaithe ó Chlár na Leabhar Gaeilge.

Bua eile a bheidh ag an staidéar seo, tá súil agam, ná a nádúr idirdhisciplíneach. Bainfidh tábhacht le torthaí an taighde seo maidir le réimsí eile lasmuigh de chothú agus de chleachtais fhilí na Gaeilge. Ar cheann de na réimsí seo tá an phleanáil teanga. Tá sé seo fíorthráthúil mar tá an bhéim as an nua ar thionchar na n-ealaíon ar úsáid agus ar bhuanú na teanga (An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta 2018 & Rialtas na hÉireann 2019: 35). Bainfidh luach leis na leárgais do réimsí éagsúla léinn mar an litríocht, an tsochtheangeolaíocht, an tsocheolaíocht, léann an chultúir, an tsíceolaíocht chultúrtha, an phleanáil teanga, an fhorbairt phobail agus fiú maidir le cúrsaí turasóireachta na gceantar - gan trácht ar an tarraingt a d'fhéadfadh a bheith ag scoláirí Gaeilge, ag filí na Gaeilge iad féin, ag oifigí agus ranna ealaíne, ag riarthóirí ionaid, eagraíochtaí agus scéimeanna agus ag oideachasóirí ar ábhar an staidéir. Beifear ábalta tarraingt ar na torthaí agus ar na moltaí a ghinfear maidir le beartais chultúrtha agus oideachais éagsúla.

## **Comhthéacsanna Critice**

### **Cothú na Cruthaitheachta**

Toisc a lárnaí is atá an chruthaitheacht sa taighde seo, tiomnófar caibidil iomlán d'fhiosrú na ceiste seo - Caibidil 1: Teoiricí na Cruthaitheachta (Gheofar eolas faoi leagan amach an tráchtais agus ábhar na gcaibidlí eile thíos ag deireadh an réamhrá seo). Tabharfar sainmhíniú ar a bhfuil i gceist leis an gcruthaitheacht i gcomhthéacs an tráchtais seo. Tarraingeofar go príomha ar shaothar bheirt chriticeoirí ar leith: Vlad Petre Glăveanu agus Teresa M. Amabile. Beirt scoláire iad seo a bhfuil sainchreatlaigh forbartha acu do staidéir a dhíríonn ar chothú na cruthaitheachta. Déanfar trácht leanúnach ar theoiriceoirí ábhartha eile a bhaineann le disciplíní éagsúla, An tsíceolaíocht chultúrtha, An tsocheolaíocht agus litríocht na Gaeilge: Mihalyi Csikszentmihalyi, Robert J. Sternberg, An tOllamh Gearóid Ó Cruaíoch agus an file Seán Ó Ríordáin.

### **Teoiric an Nuachainteora**

Tá sé suntasach go bhfuil ochtar filí i measc an ghrúpa anseo a bhféadfaí iad a áireamh mar 'nuachainteoirí', téarma a bhfuil go leor airde tarraingthe anuas air le blianta beaga anuas in Éirinn agus san Eoraip i ngort na sochtheangeolaíochta (Walsh & Rowland 2015: 8). Tosnaíodh ar úsáid an téarma 'nuachainteoir' in Éirinn sa bhliain 2010; téarma é a raibh feidhm aige cheana sa Chatalóinis agus

sa Bhascáis (O' Rourke & Walsh 2020: 5). Is éard atá i gceist le 'nuachainteoir' ná duine a d'fhoghlaim an teanga lasmuigh den ngnáthchomhthéacs sealbhaithe teanga sa teaghlach agus a úsáideann í ar bhonn gníomhach rialta mar chuid dá saol laethúil (Walsh & Rowland 2015: 7).

The term 'new speaker' has come to be used as a lens for studying individuals who did not learn a (minority) language through family transmission in the home or through exposure to its use within their local community, but instead acquired it through the education system or as adult learners, often in the context of language revitalisation projects.

(Brennan & O' Rourke 2019: 132)

D'fhéadfaí nuachainteoirí a thabhairt ar Louis Mulcahy, Ceaití Ní Bheildiúin, Simon Ó Faoláin, Séamus Barra Ó Súilleabháin, Paddy Bushe, Peadar Ó hUallaigh, Áine Moynihan agus Tadhg Ó Dúshláine. Fiosrófar saintaithí na bhfilí seo agus a gcúlra mar nuachainteoirí mar chomhthéacs don phlé. Ina dhiaidh sin cuirfear taithí na nuachainteoirí seo i gcomparáid le taithí na gcainteoirí dúchais sa staidéar. Pléifear aon chosúlachtaí nó éagsúlachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir lena dtaithí agus lena gcleachtas. Cuirfidh an cur chuige comparáideach seo idir na nuachainteoirí agus na cainteoirí dúchais bonn láidir faoi bhailíocht thorthaí an taighde agus cuirfidh sé leis an taighde acadúil ar chomhthéacsanna seachliteartha níos leithne, mar shampla, teoiric an nuachainteora agus, go hindíreach, réimse léann na cruthaitheachta agus réimse na pleanála teanga.

### **An Earnáil Chruthaitheach – Comhthéacs tábhachtach**

Cé gur minic scríbhneoirí na Gaeilge ag gearán faoin easpa airde a fhaigheann siad ó phobal léitheoireachta (Ní Fhrighil 2010: 4, Nic Eoin 2005) is léir nach bhfuil an file comhaimseartha ag feidhmiú ina (h)aonar - nó nach gá go mbeadh, ach go háirithe. Go stairiúil, bhíodh córas tacaíochta ar fáil sa chóras pátrúnachta mar a bhféachtaí i ndiaidh na bhfilí ag a bpatrún. Cé nach bhfuil a leithéid de chóras ag filí comhaimseartha na Gaeilge, tá athrú ó bhonn tagtha ar an gcúlchrat tacaíochta atá ar fáil d'aos cruthaitheachta le blianta beaga anuas le teacht chun cinn na dtionscal cruthaitheach. Tá aitheantas as an nua tugtha do thábhacht na cruthaitheachta i saol an duine agus do ról na cruthaitheachta sa saol trí chéile. Tá tiomantas reachtúil ag leibhéal na hEorpa agus ag leibhéal an Stáit Éireannaigh do chur chun cinn na cruthaitheachta. I measc na bhforas a bhfuil sainróil acu maidir le cothú na cruthaitheachta tá Éire Ildánach (2017 - 2022), Tionscadal



Éireann 2040, An Creatbheartas Náisiúnta Cultúir 2025, An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022), Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe (2017) agus Creative Europe (2014 – 2020). Tugann clár náisiúnta an rialtais 'Éire Ildánach' bonn reachtúil d'fhorbairt agus do chothú na cruthaitheachta, forbairt a thugann an chruthaitheacht isteach go croílár an bheartais phoiblí. Féachann Éire Ildánach ar an gcruthaitheacht mar an tsócmhainn is luachmhaire dá bhfuil againn sa tír. Tá tionchar ilréimseach ag an gcruthaitheacht agus tá buntáistí ar bhonn sláinte, eacnamaíochta, fiontraíochta, cultúir agus forbartha pobail ag baint léi.

Is iad an cultúr agus an chruthaitheacht na sócmhainní is luachmhaire atá i sochaí ar bith. Tá sé mar dhualgas orainn gach is féidir linn a dhéanamh chun teacht i dtír ar chumas cruthaitheach iomlán ár muintire.

(Éire Ildánach 2017: 6)

Tráchtar anois go domhanda ar na 'tionscail chruthaitheacha' agus tá aitheantas á thabhairt do thionchar na cruthaitheachta maidir le forbairt phearsanta, eacnamaíoch agus shóisialta (Schatteman & Bingle 2017: 35). Áirítear an fhilíocht agus na healaíona cruthaitheacha eile mar chroíghnéithe den earnáil seo.

Cuireann ceol, na hamharcealaíona, scannánaíocht agus filíocht le cruthaitheacht sa tsochaí. Déantar foghlaim, dea-shláinte agus comhtháthú sóisialta a spreagadh chomh maith le poist a chruthú agus rath eacnamaíochta a thabhairt chun cinn.

(Éire Ildánach 2017: 10)

Tá earnáil chruthaitheach ar leith againn in Éirinn agus eagrais ar leith ag feidhmiú a bhfuil sé d'aidhm acu tacú leis an gcruthaitheacht sa Ghaeilge. I measc na n-eagras seo tá An Chomhairle Ealaíon, Ealaín na Gaeltachta, Éigse Éireann (Poetry Ireland) agus Foras na Gaeilge. Tá eagrais ann mar Litríocht Éireann (Literature Ireland) agus Cultúr Éireann (Culture Ireland) a chothaíonn naisc idir ealaíontóirí Éireannacha agus mór-roinn na hEorpa, agus níos faide i gcéin, agus a thugann deiseanna d'ealaíontóirí cruthaitheacha pobail níos leithne a bhaint amach. Ní mór cuimhneamh ar an aitheantas náisiúnta a thugtar d'ealaíontóirí cruthaitheacha in Aosdána chomh maith, eagraíocht a thagann faoi scáth na Comhairle Ealaíne. Ní hamháin sin ach bíonn mórfhéilte agus comórtais liteartha náisiúnta agus áitiúla á reachtáil faoi scáth nó le cabhair scéimeanna maoinithe na n-eagras seo, cuir i gcás, Oireachtas na Samhna, Seachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail, Féile Liteartha IMRAM, An Fhéile Bheag Filíochta, Éigse na Brídeoige agus Amergin Solstice Poetry Gathering. Pléifear na deiseanna a bhaineann leis na heagrais seo, agus na léargais a sholáthraítear ina gcuid cleachtas, scéimeanna

agus foilseachán. Pléifear forais, cumainn agus imeachtaí ar filí a bhunaigh iad chomh maith (Scríbhneoirí Úra na Gaeilge/Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge/grúpaí ceardlann/léamha filíochta srl.).

Tugann Éire Ildánach agus Cultúr 2025 feidhm agus stádas do na healaíona cruthaitheacha i saol mhuintir na hÉireann, ar shlí nár tharla riamh roimhe seo. Fágann na struchtúir a bhaineann leis na comhthéacsanna nua seo béim as an nua ar chomhardú agus dea-chleachtais. Tá cumhacht agus freagracht feidhme agus dháileadh maoinithe ar na comhairlí contae áitiúla a fhágann go mbíonn ról nach beag ag na húdaráis seo maidir le cur i bhfeidhm spriocanna chlár Éire Ildánach anuas ar an ról stiúrtha atá acu maidir lena gcláir ealaíona agus forbartha pobail féin. Tá airgead suntasach poiblí ag gabháil le tionscail agus le beartais dá leithéid, a chiallaíonn go bhfuil freagracht ar leith ar an earnáil dea-chleachtais a chothú agus spriocanna sonracha a bhaint amach. Arís tá impleachtaí anseo d'fhilí agus don bhfilíocht maidir le deiseanna agus dea-chleachtas.

Mar chuid den tráchtas seo, tabharfar aghaidh ar an gcomhthéacs athraithe seo agus fiosrófar tionchar nó neamhthionchar na gcúinsí seo ar fhilí an staidéir. Cén tacaíocht atá ar fáil san earnáil seo d'fhilí na Gaeilge? An dtapaíonn na filí féin, na cinnirí agus grúpaí leasmhara eile leas as na deiseanna atá ar fáil? An dtugann filí an staidéir seo (agus na cinnirí a bhaineann leo) san áireamh na réimsí saintionchair (foghlaim, dea-shláinte agus comhtháthú sóisialta) a bhéimníonn Éire Ildánach? An bhfuil aon bhacanna sa chóras a bhéarfadh deacair ar fhilí Gaeilge na gceantar seo deiseanna a thapú? Beidh impleachtaí ag torthaí an staidéir seo don bpleanáil ag cinnirí cultúir chomh maith.

Níl teora leis na comhthéacsanna ar féidir leis an gcruthaitheacht tionchar a imirt orthu. Níl sé de scóp ag an tráchtas mionchíoradh cuimsitheach a dhéanamh i ngach aon chomhthéacs a thagann i gceist. Ach ar mhaithe le scoláirí eile aithneofar agus ainmneofar na réimsí éagsúla a mbíonn tionchar ag an gcruthaitheacht orthu *inter alia* sa tráchtas. Déanfar plé gairid ar na croícheisteanna seo i gcroí an tráchtas.

### **Athruithe Sóisialta**

Anuas ar na claochluithe atá tagtha ar an gcomhthéacs tacaíochta agus straitéise náisiúnta agus Eorpach, tá tírdhreach an chultúir athraithe sa tír agus sa domhan trí chéile le fiche éigin bliain anuas (Bolton 2018: 36 & Nettle 2018: 63). Tá níos

mó teagmhála ná riamh á dhéanamh ag pobail le traidisiúin agus le cultúir éagsúla. Tá na filí ag feidhmiú i gcomhthéacs domhandaithe anois (Bolton 2018: 35). Tá nós an taistil i bhfad níos coitianta ná mar a bhíodh agus tá athrú suntasach tagtha ar luachanna an phobail sna ceantair Ghaeltachta atá i gceist i bplé an tráchtais (O' Keeffe 2017: 16).

### **An Geilleagar agus An Turasóireacht Chultúrtha**

Léiríonn an Creatbheartas Náisiúnta don gCultúr: Cultúr 2025 go bhfuil deiseanna ann san earnáil chruthaitheach tionchar a imirt ar leas gheilleagrach na tíre. Tá méadú mór tagtha ar raon na ndeiseanna a bhaineann le fostaíocht san earnáil chruthaitheach trí chéile.

Our publicly funded culture is in symbiotic relationship with commercial culture and entertainment and with the wider creative industries... Our culture and creativity help to generate tourism and create wider business benefits for Ireland.

(Rialtas na hÉireann 2020: 14)

Tagraíonn straitéis Fáilte Éireann 'Straitéis um Fhorbairt Turasóireachta Nuálaí (2016 – 2022)' do thionchar na turasóireachta cultúrtha in Éirinn agus go bhfuil deiseanna nuálaíocha á n-aithint le blianta beaga anuas ar na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sna healaíona agus sa chultúr trí thurasóirí cultúrtha a mhealladh chun na tíre (Fáilte Éireann 2017: 17).

### **Ardáin Nua**

Forbairt shuntasach eile ba chóir a thógaint san áireamh ná an méadú suntasach atá tagtha ar na deiseanna atá ar fáil an fhilíocht a chur i láthair an phobail agus go deimhin, i láthair pobal nua. Tá forás tagtha ar chleachtadh na filíochta taibhléirithe timpeall an domhain le blianta beaga anuas, mar shampla, agus méadú ar spéis sa bhfilíocht labhartha (Cullell 2015: 554).

Ar deireadh thiar, tugann na meáin shóisialta agus an fás easpóntúil atá tagtha ar thionchar agus ar úsáid teicneolaíochtaí cumarsáide deiseanna as an nua d'ealaíontóirí cruthaitheacha pobail níos leithne a bhaint amach (Rialtas na hÉireann 2020: 24). Tá sé tráthúil mar sin, scrúdú a dhéanamh ar na fearainn nua filíochta seo agus plé a dhéanamh ar impleachtaí na gclaochluithe seo d'fhilí agus ar shaintaithí filí an staidéir maidir leo.

## Ceisteanna Taighde

Baineann croí an tráchtais leis na cúinsí a chothaíonn agus nach gcothaíonn filí comhaimseartha Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh, agus leis na cleachtais a bhaineann leo. Cé go bpléifear ceisteanna níos leithne go leanúnach tríd an bplé a dhéanfar ar chothú na bhfilí tríd an tráchtas, is iad na croícheisteanna taighde a bhaineann leis an tráchtas ná: (i) Cad iad na cúinsí a chothaíonn agus nach gcothaíonn na filí seo faoi chaibidil ar bhonn leanúnach? (ii) Cad a spreag na filí seo chun an fhilíocht a scríobh den gcéad uair agus cad iad na cúinsí a spreagann iad ar bhonn leanúnach? (iii) Cad iad na cleachtais ghairmiúla agus chruthaitheacha a bhí agus atá agus a d'fhéadfadh a bheith ag na filí seo faoi chaibidil? (iv) Cén ról atá ag na filí seo faoi chaibidil ina bpobail? (v) Cén fheidhm a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfilíocht sa phleanáil teanga? (vi) Cén saghas tionchair a bhíonn nó a d'fhéadfadh a bheith ag struchtúir maoinithe agus tacaíochta ar na filí seo maidir lena gcothú ar bhonn cruthaitheach agus ar bhonn gairme?

Díol spéise an dá cheantar Gaeltachta seo a thógaint mar chás-staidéar. Tá idir éagsúlachtaí agus chosúlachtaí spéisiúla idir an dá cheantar ó thaobh na staire agus na tíreolaíochta de. Tá cáil na litríochta ar Uíbh Ráthach agus ar Chorca Dhuibhne araon. Bhí scríbhneoirí ag scríobh agus ag cumadh sna ceantair seo ó aimsir na hAthbheochana i leith, cé gur mó an t-aitheantas atá bainte amach ag traidisiún litríochta Chorca Dhuibhne, mar gheall ar an gcáil ar leith a thuill cuid de scríbhneoirí an Bhlascaoid. Tá taifead ar shaothar na scórtha filí i mBailiúchán Bhéaloideas Éireann a bhain le hUíbh Ráthach agus Corca Dhuibhne araon.

Cé go bhfuil oidhreacht shaibhir liteartha ag an dá cheantar, tá gach dealramh ar liosta atá curtha ar fáil againn de na filí atá ag cumadh faoi láthair go bhfuil bonn níos sláintiúla i bhfad faoi chleachtadh na filíochta i gCorca Dhuibhne. Ábhar suntais ann féin, go deimhin, a bhfuil d'fhilí ag cumadh i gCorca Dhuibhne faoi láthair agus líon suntasach filí ag feidhmiú go cruthaitheach agus ag foilsiú. Ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar ghearrliosta na bhfilí le tuiscint nach ionann an scéal in Uíbh Ráthach. Níl aon bhanfhile in Uíbh Ráthach nó níl aon fhile Gaeilge ann faoi bhun aois seachtó. Baineann Bushe agus Ó Siochrú le glúin ar leith agus ní léir éinne ag teacht ina ndiaidh. Cén fáth go bhfuil bearna chomh suntasach sin ann idir an dá leithinis seo maidir le filí Gaeilge a bheith á gcothú? I gCorca Dhuibhne féin, tá daoine óga ag cumadh filíochta ach níl ainm bainte amach ag

aon fhile faoi bhun 40 bliain. Is gá fréamha na ndifríocthaí seo a fhiosrú. An amhlaidh go raibh cúinsí ar leith a chuir daoine ag cumadh agus ag foilsiú filíochta i gCorca Dhuibhne ag am faoi leith? An bhfuil cúinsí ar leith ann a chothaíonn na filí sin fós?

Mar thoradh ar fhorais agus ar bheartais mar ‘Tionscadal Éireann 2040’, ‘Éire Ildánach (2017-2022)’ agus ‘An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge’ (2018–2022) a bheith ar an bhfód agus ón uair go bhfuil aitheantas reachtúil tugtha do chur chun cinn na cruthaitheachta trí Ghaeilge, tá freagracht ar leith ar an rialtas agus ar institiúidí stáit spriocanna ar leith a bhaint amach. Cuireann Éire Ildánach (2017–2022) roimhe *‘go mbeidh deis ag gach duine in Éirinn a gcumas iomlán cruthaitheach a bhaint amach’* (Éire Ildánach 2017: 10). An bhfuil ag éirí le spriocanna na mbeartas seo maidir le cothú fhilí Gaeilge sna pobail Ghaeltachta seo in iarthar na tíre?

Baineann an staidéar seo le gort taighde nua-aitheanta – an chruthaitheacht agus an cultúr - a bhfuil snáitheanna ceangail aige le réimsí éagsúla léinn idir an tsíceolaíocht chultúrtha, léann an chultúir, an tsocheolaíocht agus an antraipeolaíocht. (Faoi mar a fheicfear sa staidéar féin, tá baint ag gnéithe den taighde chomh maith leis an bPleanáil Teanga, an tSocheolaíocht agus leis an tSíceolaíocht Shóisialta agus Chultúrtha). Tugann Vlad Petre Glăveanu (2016) cuntas ar an bhfás atá ag teacht ar an ngort nua taighde seo ina shaothar *‘Introducing Creativity and Culture, the Emerging Field’*. Baineann sé leas as an téarma “creativity studies” mar chur síos ar an ngort ildisciplíneach seo.

### **Modheolaíocht Taighde**

Toisc go ndíríonn an taighde seo ar thaithí phearsanta na bhfilí féin, agus tús áite tugtha dá gcuid fianaise féin, socraíodh go mbainfí feidhm as modh cáilíochtúil mar fhráma taighde. Féachtar ar an taighde cáilíochtúil mar mhodh atá oiriúnach chun scagadh a dhéanamh ar fheiniméan daonna, cur chuige a oireann do staidéar ar fheiniméan mar cheist na cruthaitheachta.

A feature of qualitative data is their richness and holism...such data provide thick descriptions that are vivid, are nested in a real context, and have a ring of truth that has a strong impact on the reader.

(Miles, Huberman & Saldana 2014: 11)

Mar phointe tosaigh sa taighde, déanfar iniúchadh/ransú cuimsitheach ar na deiseanna agus ar na fearainn chruthaitheacha a bhaineann le filí

comhaimseartha na Gaeilge. Ar an tslí seo beifear ábalta eolas a chur ar an tírdhreach cruthaitheach sula lorgófar eolas ó na filí féin. Déanfar breathnóireacht thosaigh ar ócáidí ábhartha a mbeidh filí an taighde seo páirteach iontu (An Fhéile Bheag Filíochta, Éigse na Brídeoige, ócáidí liteartha eile Féile IMRAM srl.). Déanfar ransú/taifead anailíseach i bhfoirm cás-staidéir chomh maith ar na hionaid/eagrais chultúrtha atá lonnaithe go háitiúil sa dá cheantar. Bainfear feidhm as eolas ábhartha ar shuíomhanna lín na n-eagrais/n-ionad seo. Féachfar mar shampla ar cháipéisí mar sheanchláir na bhféilte mar Éigse na Brídeoige agus An Fhéile Bheag Filíochta. Déanfar scagadh ar cháipéisí a bhaineann le comórtais agus/nó le hiarratais ar mhaoiniú mar chuid den ransú seo chomh maith m.sh. Comórtais Liteartha an Oireachtais, An Chomhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta srl. Cuirfear leis an eolas fíriciúil trí ionchur na bhfilí agus na gcinnirí cultúir a lorg, modheolaíocht a mhíneofar thíos.

Mar chuid den iniúchadh tosaigh seo, déanfar léamh grinn ar pholasaithe agus ar straitéis rialtais a bhaineann leis an gcruthaitheacht, go háirithe leis an bhfilíocht. Ina measc seo tá: Plean Teanga Chiarraí Thiar, Plean Teanga Chiarraí Theas, Éire Ildánach 2017 – 2022, An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022), Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta d’Fhorbairt Tuaithe (Rialtas na hÉireann 2017), ‘Straitéis um Fhorbairt Turasoíreacht Nuálaí (2016 – 2022)’ agus ‘Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)’. Cuirfidh an t-iniúchadh seo sainphictiúr ar fáil den tírdhreach straitéiseach agus eagraíochtúil atá ag an bhfilíocht Ghaeilge (agus ag an gcruthaitheacht trí chéile).

Ina dhiaidh sin, (a) cuirfear na filí faoi agallaimh leathstruchtúrtha agus (b) beidh ceistneoir sonrath le líonadh acu mar gheall ar a dtaithe féin mar fhilí. Is tríd an dá mhodh seo a gheofar eolas ar shainbhraistintí agus ar shaindearcadh fhilí an taighde. Is í an chéim seo croíchéim mhodheolaíoch an taighde. Tar éis taithe na bhfilí a scagadh, cuirfear raon ionadaíoch de chinnirí cultúir faoi agallaimh leathstruchtúrtha agus beidh ceistneoir ar leith dá gcuid féin le líonadh ag na faisnéiseoirí tánaisteacha seo chomh maith. Is tríd an gcur chuige dénártha seo a ghinfead na léargais is iomláine ó thaobh na fianaise pearsanta.

Bhí súil agam gaol muiníne a chothú leis na filí agus leis na cinnirí cultúir le linn na tréimhse breathnóireachta agus de réir a chéile bhíothas ag cur bunachar ceisteanna le chéile do na hagallaimh. Cé go raibh an bhéim ar thaithí na bhfilí (agus ar bhonn tánaisteach, taithí na gcinnirí cultúir), tugadh san áireamh foinsí ábharacha eile sa tráchtas chomh maith. Leanadh den mbreathnóireacht neamhfhoirmiúil ar fhéilte agus ar ócáidí sa dá cheantar go rialta le linn an taighde. Anuas ar an gcáipéisíocht a bhaineann le stráitéisí agus polasaithe an ransaithe thuasluaite, deineadh tagairt do shaothar na bhfilí féin ó am go chéile sa tráchtas, mar shampla, nuair a bhíonn fianaise bhreise ar fáil ansin maidir le téamaí a tháinig chun cinn ins sna hagallaimh agus sna ceistneoirí. Míníodh do na filí ag tús an phróisis thaighde go raibh fáilte rompu teagmháil a dhéanamh liom maidir le croícheisteanna an taighde ag am ar bith más mian leo a gcuid taithí a roinnt liom faoi mar a chuaigh an tréimhse thaighde ar aghaidh. Míníodh chomh maith go mb'fhéidir go ndéanfaí teagmháil in athuir leo chun nithe áirithe a shoiléiriú. Baineann an ghné fhilleach seo go dlúth le prionsabail an taighde ghníomhaíochta rannpháirtíochta a ndéanfar cur síos air thíos.

**Tábla 1: Céimeanna Modheolaíochta an Taighde**

<b>1. Breathnóireacht ar fhéilte/léamha filíochta/ócáidí cultúrtha eile a mbeidh filí an taighde ag freastal orthu</b>
<b>2. Ransú/Iniúchadh ar litríocht, ar pholasaithe, ar cháipéisí ábhartha agus ar shaothar na bhfilí agus taifead a dhéanamh na hionaid/eagrais chultúrtha áitiúla</b>
<b>3. Agallaimh leathstruchtúrtha agus ceistneoirí leis na filí</b>
<b>4. Agallaimh leathstruchtúrtha agus ceistneoirí leis na cinnirí cultúir</b>
<b>5. Teagmháil leis na filí de réir mar is cuí maidir le téamaí a d'eascair as ionchur na gcinnirí cultúir</b>
<b>6. Breathnóireacht leanúnach agus cíoradh leanúnach ar shaothar na bhfilí</b>

### **An Bailiú Faisnéise: Cur Chuige**

Déanfaidh mé teagmháil neamhfhoirmeálta le filí a bhaineann leis an dá cheantar trí fhreastal a dhéanamh ar imeachtaí agus ar fhéilte filíochta ag tús an taighde: An Fhéile Bheag Filíochta, Féile na Bealtaine, Éigse na Brídeoige agus Amergin

Solstice Poetry Festival. Cuirfead aithne ar chuid de na filí ag na himeachtaí seo agus trí mo bheith i láthair, méadófar próifíl mo thogra taighde sa phobal mór. Déanfar iniúchadh tosaigh ar bhunachar leabharlanna agus idirlín chun liosta a chur le chéile d'fhilí a bhaineann go dlúth le ceachtar den dá cheantar. Ón uair nach gach file a dhéanfaidh freastal ar na hócáidí seo, tarraingeoidh mé chomh maith ar shaineolas chomhghleacaithe agus ar chomhairle phearsaí áitiúla, le cinntiú go mbainfear sprioc na samplála amach.

Míneoidh mé go neamhfhoirmiúil do na filí a chasfar orm nó a chuirfear in aithne dom ar bhealaí eile faoin taighde agus fiafród an mbeidís sásta a bheith páirteach. Má thoilíonn siad sonraí teagmhála a thabhairt dom, rachaidh mé i dteagmháil leo trí ríomhphost a sheoladh ina ndéanfar cur síos sonracha ar an tionscadal taighde agus tabharfar litir eolais agus foirm ceada dóibh. Míneofar go mbeidh dhá chuid fhoirmeálta a bhainfidh lena bpáirt sa taighde: agallamh leathstruchtúrtha agus ceistneoir sonracha. Socrófar na hagallaimh leathstruchtúrtha ar dtús agus fágfar cóip chruaidh den gceistneoir leis an rannpháirtí ag deireadh an agallaimh i gclúdach litreach le stampa díolta air. Tabharfar rogha dóibh cóip bhog den gceistneoir a bheith acu chomh maith.

Ar mhaithe le cruinneas déanfar na hagallaimh a thairfead beo ar an láthair agus déanfar cinnte go n-aontófar é seo mar chuid den bpróiseas ceada leis an rannpháirtí. Bainfear feidhm as fearas taifeadta agus ar chúinsí RGCS (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus ar mhaithe le dea-chleachtas cuirfear an taifead ar áis leictreonach a mbeidh pasfhocal air. Cinnteoidh seo nach mbeidh fáil ag aon duine ach amháin an taighdeoir ar fhaisnéis an taighde. Sa chás go líonfaidh an rannpháirtí cóip chruaidh den gceistneoir, déanfar próiseáil láithreach ar na sonraí agus aistreofar iad go comhad leictreonach a mbeidh na socruithe cosanta céanna i bhfeidhm orthu. Breacfar caint na bhfilí agus na gcinnirí cultúir faoi mar a labhróidh siad agus tógfar ráitis na rannpháirtithe ó na ceistneoirí mar a bheidh gan aon cheartú a dhéanamh orthu. Is cuid de scéal an tráchtas seo sainurlabhra agus sainstíl scríbhneoireachta na bhfilí agus na gcinnirí.

Socraíodh go mbainfí feidhm as agallaimh leathstruchtúrtha mar phríomhmhodh cáilíochtúil sa taighde. Bainfidh na ceisteanna tosaigh le cúlra na bhfilí, leis na cúinsí a bhain lena gcéad dán a scríobh. Beidh an rogha ann ceisteanna eile



a chur ar na rannpháirtithe de réir mar a threoróidh a gcuid ionchuir féin san agallamh. Chun réamhchlaonta a sheachaint, agus chun an t-eolas is leithne a bhailiú, coimeádfar na ceisteanna oscailte agus fiosrú á dhéanamh ar na cúinsí inmheánacha agus seachtracha a aithníonn na filí mar ábhar spreagtha agus inspioráide dóibh. Pléifear le saincheisteanna tábhachtacha a d'éascair as an ransú litríochta (critice agus earnála) agus polasaithe san agallamh chomh maith – mar a bhaineann le tionchar scéimeanna tacaíochta, féilte, léamha filíochta, ceardlanna, cúrsaí léirmheastóireachta srl. Cé nach staidéar cáinníochtúil é seo, beidh ceisteanna áirithe sa cheistneoir ar scála Likert ina mbeidh faisnéis cháinníochtúil áirithe le giniúint.<sup>3</sup> Beidh ar na filí roghanna a dhéanamh maidir lena mbraistint i dtaobh tacar ráiteas ar leith, cur chuige a sholathróidh bonn comparáide agus fíricí glana. Beidh feidhm ar leith ag an gceistneoir, a chuirfidh leis an bpictiúr a ghinfidh na hagallaimh de thaithí na bhfilí. Tabharfar deiseanna sa cheistneoir do na filí sonraí níos cuimsithí agus níos beachte a thabhairt ar cheisteanna nach ndéanfar a fheidhmiú go slachtmhar cuimsitheach trí fhóram an agallaimh, cuir i gcás – sonraí maidir le léirmheasanna a deineadh ar a saothar, scéimeanna maoinithe ar bhaineadar tairbhe astu, duaiseanna filíochta a bronnadh orthu srl. Baineann na figiúir a luaitear tríd síos an tráchtais le hionadaíocht cúigear filí déag.<sup>4</sup>

Eascróidh an tacar ceisteanna a chuirfear ar na cinnirí cultúir as an bhfaisnéis a thabharfaidh na filí le fios ina n-agallamh siúd. Bunófar na ceisteanna seo chomh maith ar an bhfaisnéis a bhaileofar tríd an ransú/iniúchadh a dhéanfar ar pholasaithe agus ar litríocht na n-eagras lena mbaineann na cinnirí agus ar mhórbhéimeanna na gcriticeoirí. Cé go mbeidh tacar saincheisteanna á ghiniúint ar an gcaoi seo do na hagallaimh bhreise seo, bainfidh tábhacht leis an oscailteacht a cheadaíonn agallaimh leathstruchtúrtha. Beidh gá le ceisteanna a oiriúnú ag brath ar shainról agus ar thaithí na rannpháirtithe ar leith. Bainfidh na ceisteanna sainoiriunaithe le sainról na gcinnirí agus leis an bhfís atá acu do chleachtadh na filíochta sna ceantair. Pléifear an tacaíocht a chuireann/nach

---

<sup>3</sup> Is éard is scála Likert ann ná sraith roghanna taobh le tacar ráiteas ina mbíonn ar an bhfaisnéiseoir rogha amháin a mharcáil. Is gnách go mbíonn ceithre rogha ann idir aontaím, aontaím go láidir, ní aontaím, ní aontaím in aon chor.

<sup>4</sup> Níor theastaigh ón bhfile Dairena Ní Chinnéide ceistneoir a chomhlíonadh. Dhein Sarah Bannon agallamh scríofa toisc nach raibh fáil uirthi d'agallamh fíorúil. Níor líon Maureen Kennelly ná Cathal Póirteir ceistneoir de bharr cúinsí ama agus saoil. Deimhníodh eolas leo trí ríomhphost de réir mar ba ghá.

gcuireann siad féin trína ról pearsanta agus pléifear an tacaíochta a chuireann/nach gcuireann an t-eagras lena mbaineann siad ar fáil d'fhilí. Fearacht fheidhm cheistneoirí na bhfilí, bainfidh ceistneoir na gcinnirí cultuir le faisnéis níos sonraí - maidir le ceardlanna/scéimeanna/ócáidí a d'eagraigh siad féin, mar shampla, nó le sainscéimeanna tacaíochta a raibh baint acu leo. Anuas ar phictiúr ginearálta a chur ar fáil d'obair na n-eagras maidir leis an bhfilíocht, pléifear ar bhealach níos mine an sainfhreastal nó easpa freastail a dhéantar ar fhilí na Gaeilge ann.<sup>5</sup>

### **An Taighde Gníomhaíochta Rannpháirtíochta**

It isn't neat, but very human, open to different possibilities and uses time differently. It doesn't end; the impact of action research continues when we are mindful of leaving a legacy, an infrastructure behind.

(Reason & Bradbury 2008: 704)

Is féidir gnéithe áirithe de chur chuige an taighde seo a áireamh mar 'thaighde gníomhaíochta rannpháirtíochta'. Fágann taighde gníomhaíochta rannpháirtíochta prionsabal an phosaitíbeachais ar leataobh agus díritear ina ionad sin, ar chomhchruthú tuisceana mar chur chuige dialógach leis na rannpháirtithe atá sa "domhan" atá faoi scrúdú.<sup>6</sup> Bíonn tábhacht ar leith ag baint le caidreamh a chothú leis na rannpháirtithe agus tógtar taithí uileghabhálach na ndaoine sin ar bord sa phróiseas taighde (Reason & Bradbury 2008: 9). Ní bhíonn bearna shonrach idir an taighdeoir agus na rannpháirtithe, ach tógtar ar an tuisceant agus ar na moltaí i gcomhpháirt. Ciallaíonn sé seo go bhfuil gá leis an taighdeoir a bheith gníomhach sa phobal leis na rannpháirtithe chun an caidreamh comhpháirtíochta a chruthú agus spásanna cumarsáide a oscailt (Reason & Bradbury 2008: 8). Bíonn an bhéim ar an móiminteam a chothaíonn an taighde sna pobail atá faoi staidéar. Is amhlaidh go mbraitheann na rannpháirtithe úinéireacht áirithe ar an tionscadal féin. Ní bhraitheann siad mar a rannpháirtithe amháin ach ina bhfinnéithe gníomhacha (Reason & Bradbury 2008: 6).

Is í an ghné is sainiúla a bhaineann leis an bhfráma taighde seo ná an ghné chlaohlaitheach: cruthaíonn an taighde deiseanna feabhsaithe agus athraithe, trí moltaí praiticiúla a chur ar fáil. Ba cheart go gcuirfeadh an taighde le taithí agus

---

<sup>5</sup> Tá fáil ar chóipeanna de na cláir agallamh seo san aguisín.

<sup>6</sup> Is éard atá i gceist le posaitíbeachas ná go gcruthaítear eolas agus tuisceant trí bhreathnóireacht agus trí chioradh a dhéanamh ar an ábhar atá faoi scrúdú.

le tuiscintí an rannpháirtí agus an taighdeora araon. Ní ar bhonn acadúil amháin a dhéantar an cineál seo taighde ach chun leas an fhearainn agus an phobail lena mbaineann sé.

A primary purpose of action research is to produce practical knowledge that is useful to people in the everyday conduct of their lives... allows us consistently to create useful actions that leave us and our co-inquirers stronger.

(Reason & Bradbury 2008: 6)

Moltar don taighdeoir gníomhaíochta rannpháirtíochta dul siar go minic ar na tuiscintí atá forbartha sa phróiseas mar a gcuirtear leo tríd an gcaidreamh atá á fhorbairt leis na rannpháirtithe. Is é sin le rá gur próiseas dinimiciúil idirghníomhach atá i gceist. Gné shainiúil eile a bhaineann leis an taighde gníomhaíochta rannpháirtíochta é an oidhreacht nó an t-infreastruchtúr a fhágann sé ina dhiaidh. Ní thagann deireadh riamh leis an taighde ach go leagann sé conair amach d'fhorbairt an fhearainn ina dhiaidh (Reason & Bradbury 2008: 704).

Is chuige sin atá deiseanna chur in aithne agus tréimhse breathnóireachta leanúnach i gceist sa taighde. Is chuige sin chomh maith atá solúbthacht áirithe á cheadú sa phróiseas taighde agus cead ag an taighdeoir filleadh le ceisteanna breise a nochtann le linn an phróisis taighde féin.

### **Insider-Outsider**

Cabhraíonn peirspictíocht an 'bheith istigh-bheith amuigh' nó 'insider-outsider' le míniú a sholáthar ar mo shainróil agus ar mo bhuanna mar thaighdeoir sa staidéar seo.<sup>7</sup> Tá gaol ar leith agam le rannpháirtithe an taighde agus leis an dá cheantar. Is minic a chaithim tréimhsí leanúnacha iontu. Bím páirteach in imeachtaí cultúrtha, filíochta agus oideachais na gceantar agus beidh léiriú ar leith sa taighde dá bharr sin. Tá peirspictíochtaí ar leith le tairiscint agam de bharr an chaidrimh seo. Aithním chomh maith gur féidir liom a bheith oibiachtúil mar nach mairim go leanúnach sa phobal agus nach bhfuil aon cheangal teaghlaigh agam leis an dá cheantar. Baineann luach ar leith leis an seasamh denártha seo a bheith ag an taighdeoir.

Being an "insider-outsider" gives us both perspectives and a more complete understanding of a phenomenon. It is best to become part of an environment,

---

<sup>7</sup> Gabhaim mórghníomhas leis an Dr. Mairéad Ní Bhriain, Léachtóir le Roinn na Fraincise, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach a chuir an teoiric seo ar mo shúile an chéad lá agus a threoraigh mé i dtreo na bhfoinsí a bhain leis an teoiric.

participate and deeply connect with it, but still maintain a certain critical distance to it. That way one can submerge into it and develop intuition for it, but also observe and analyze it critically by seeing the bigger picture.

(Shahinian 2016: 1)

Áirítear sa litríocht na buntáistí a bhaineann le stádas ‘bheith istigh/bheith amuigh’ nó ‘insider/outsider’ a bheith ag an taighdeoir: féach Kersen (2016), Shahinian (2016) agus Gair (2012). Éiríonn leis an taighdeoir a bhfuil bheith istigh aige sa domhan atá faoi scrúdú tuiscintí a bheith aige nach mbeadh ag duine eile ‘...a researcher with insider insight or “common wounds” might be considered to be more desirable and legitimate’ (Gair 2012: 138).

Gné ábhartha thábhachtach eile de mo pháirt féin mar thaighdeoir le ‘bheith istigh’ sa staidéar seo ná go mbím féin ag scríobh filíochta. Táim tar éis a bheith ag dul i dtaithe ar fhearainn seachliteartha éagsúla mar a bhaineann leis an bhfilíocht. Freastalaím ó am go chéile ar cheardlanna filíochta agus deineadh gearrliostú orm do chomórtas filíochta ‘Duais de hÍde’ Bhéal Átha na mBuillí sa bhliain 2019. Fágann an taithe seo go bhfuil cuid de pheirspictíocht an chleachtóra féin á glacadh chugam chomh maith.

### **Anailís Faisnéise**

‘The data do not speak for themselves, we have to speak for the data’

(Vogt et al. in Leavy 2017: 150)

Molann Leavy (2017: 147) go gcleachfaí cur chuige athfhillteach tríd an taighde, go háirithe sa phróiseas anailíse ar phríomhfhaisnéis an taighde. Baineann bailíocht leis na torthaí agus leis na tátail dá bharr. Bíonn ar an taighdeoir dul siar ar an bhfaisnéis an oiread uair agus a thagann tuiscintí úra ar an scéal le cinntiú go bhfuil na torthaí agus na tátail bailí. Bhain ceithre chéim leis an bpróiseas anailíse ar an bhfaisnéis a bailíodh sa staidéar seo. Agus comhairle Leavy (2017) á glacadh agam, socraíodh go mbeadh próiseas tumtha i gceist san fhaisnéis ag an tosach, is é sin go léifeadh agus go gcíorfadh an taighdeoir an fhaisnéis go hoscailte cúpla uair le teacht i dtír ar an ábhar agus ar na castachtaí a bhaineann leis an domhan atá á chruthú ag na rannpháirtithe. Tugann an chéim seo an taighdeoir go croí na ceiste i measc na sonraí a bailíodh (*pulse of the data*) ‘to gain deep emotional insight into the social world you study and what it means to be human’ (Leavy 2017:150). Deineadh códú ar thrasríbhinní na n-agallamh. Deineadh cóid do phríomhchodanna céille an téacs. Is éard atá i gceist anseo le

cóid ná *'labels that assign symbolic meaning to the descriptive or inferential information compiled during a study'* (Miles, Huberman & Saldana 2014: 71). Deineadh rangú ansin ar na cóid a gineadh agus cuireadh i ngrúpaí comhchéille iad. Nuair a bhí na cóid agus na téamaí sin bailithe, chuathas siar arís ar an bhfaisnéis agus deineadh léirmhíniú ar an tábhacht nó na tátail a bhí le baint as na haonaid chéille sin. Nascadh na cóid, na téamaí agus na tátail sin le chéile leis an bhfaisnéis eile a bailíodh trí na ceistneoirí, agus ón mbreathnóireacht a deineadh.

### **Iontaofacht agus Bailíocht**

Bainfidh mé feidhm as modh triantánaithe sa taighde. Úsáidfear foinsí príomha (agallaimh leathstruchtúrtha, ceistneoirí), ransú ar an litríocht agus ar dhoiciméid straitéise agus misin, agus breathnóireacht. Anuas ar na hagallaimh agus na ceistneoirí, bainfear feidhm chomh maith as bunfhoinse phríomha eile: mionanailís ghrinn a dhéanamh ar shaothar na bhfilí mar thaca don bplé ar chothú agus ar chleachtais chruthaitheacha na bhfilí ag leanúint den méid a chuirfidh na filí in iúl sna hagallaimh agus sna ceistneoirí. Dar le Miles, Huberman & Saldana (2014: 299) go gcabhraíonn *'the corroboration from three different sources'* leis an *'trustworthiness of our analysis'*. Is amhlaidh go soilsíonn triantánú modheolaíochta neamh-chomhsheasmhacht sna torthaí. Cuireann sé seo iachall orainn mar thaighdeoirí *'to examine more closely the integrity of the data'*, cleachtas a chuireann le déine na hanailíse.

Bainfidh iontaofacht leis an tsampláil atá roghnaithe mar go bhfágfaidh an rogha leathan filí – a bhfuil éagsúlacht aoise, cúlra agus inscne ag baint leo – go mbeidh deis eiseamláireach ann fráma comparáideach ilghnéitheach a chur ar fáil ar bhealach slán. Ní tuairim duine amháin a bheidh i gceist sna torthaí ach bunachar eispéireas a chuireann síos ar chothú agus ar chleachtais fhilí comhaimseartha an dá cheantair. Mar sin, soláthrófar canbhás leathan fianaise a bhfuil bonn slán faoi mar go mbeidh an anailís bunaithe ar réimse tuairimí agus ar raon leathan léargas ó na filí agus ó na rannpháirtithe ábhartha eile. Ní bheidh na torthaí seo bunaithe ar bhraistintí ná ar mhothúcháin aonair an fhile amháin, cé gur ábhar inspéise ann féin é sin: beidh fianaise fhíricbhunaithe á soláthar ar a bhfuil á n-aithint ag na cleachtóirí féin.

## Caibidil 1: Teoiricí na Cruthaitheachta

Creativity is among the most complex of human behaviors. It seems to be influenced by a wide array of developmental, social, and educational experiences, and it manifests itself in different ways in a variety of domains.

(Runco & Sakamoto 1999: 62)

Tabharfaidh an chaibidil seo bunús teoirice don bplé a dhéanfar sna caibidlí a leanas ar na cúinsí a chothaíonn na filí ar bhonn cruthaitheach agus soláthróidh sé fráma teoirice dá gcuid cleachtas. Cinnteoidh sé seo go mbeidh torthaí agus tátail an taighde seo lárnaíthe sa teoiric agus san eispéireas ionadaíoch pearsanta araon. Cad iad na léamha critice a chabhróidh linn tuiscintí a fhorbairt ar chothú agus ar chleachtadh na filíochta sna ceantair seo, mar sin?

Sula dtéimid i ngleic leis na cúinsí a chothaíonn na filí nó lena gcuid cleachtas, is gá sainmhíniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist leis an bhfocal ‘cruthaitheacht’ agus sinn ag féachaint ar chothú na cruthaitheachta sa tráchtas seo. Tá an chruthaitheacht i measc na gcoincheap is deacra le cur síos a dhéanamh air, toisc go n-úsáidtear an téarma seo go hildisciplíneach agus go mbíonn sainmhínithe éagsúla uirthi dá bharr.<sup>8</sup>

Tá athrú tagtha ar an sainmhíniú a deineadh ar an gcruthaitheacht le himeacht ama, ag brath ar sheánra, ar cheisteanna tíreolais agus ar na tréimhsí lenar bhain an gníomh cruthaitheach (Sternberg 2016 & Runco & Sakamoto 1999: 62). Anuas ar sin, d’athraigh tuiscintí i leith na cruthaitheachta le himeacht aimsire. Chreidtear suas go dtí tréimhse na hAthbheochana gur bua ó na Déithe a bhí sa ghníomh nuálaíoch nó sa chruthaitheacht. B’amhlaidh an tuiscint atá againn ar an traidisiún anseo in Éirinn gur bua ó Dhia ab ea an fhilíocht agus nach raibh san fhile ach teagmhálaí idir an saol seo agus an saol eile (Ó hÓgáin 1982: 4). Leag seo bunús láidir síos d’fhorbairt smaointe i leith tréithe pearsanta an ‘genius’ tríd an naoú haois déag, leagan amach inar béimníodh an duine cruthaitheach féin agus na cáilíochtaí a bhain leis (Glăveanu 2016c: 28).

Le linn na fichiú haois, cuireadh tús le forbairt creata éagsúla critice le dul i ngleic le ceist na cruthaitheachta. Cuir i gcás, mar shampla, creataí sícanailíseacha Freud agus Jung, a dúirt go mbeirtear an chruthaitheacht go doimhin sa bhfo-

---

<sup>8</sup> Cé go ndíríonn an tráchtas seo ar chothú na cruthaitheachta, ní dhírítear ar an tsaincheist seo faoi na critéir a bhaineann le cad is cruthaitheacht ann, ceist a bhainfeadh le feabhas aeisteitiúil shaothar na bhfilí.

chomhfhios. Forbraíodh an creat daonnachaíoch ag leithéidí Abraham Harold Maslow a d'fhéach ar an gcruthaitheacht mar ghníomh comhfhiosach a chomhlíon riachtanais an duine mar chuid de phróiseas féin-achtála (Sternberg 1999). Cuireadh an creat iompraíoch chun cinn ag leithéidí Burhuss Frederick Skinner (1957) a chreid gur mar ghníomh foghlama ba chóir an chruthaitheacht a mheas, gníomh a mhúnlaítear ag ábhar spreagtha seachtrach.

Is féidir na creataí critice is mó a luaitear agus a chuirtear i bhfeidhm sa lá atá inniu a áireamh i dtrí chatagóir ar leith: an creat comhthoiliúil, creat an chórais shóisialta agus an creat pearsantachta (ina mbéimnítear tréithe agus cúlra pearsanta an chruthaitheora). Féachaimis ar dtús ar an gcreat comhthoiliúil. Bíonn béim ar an mbreithiúnas suibiachtúil a thugann saineolaithe ar an ngníomh cruthaitheach sa chreat comhthoiliúil a d'fhorbair teoiriceoirí mar Teresa M. Amabile (1986, 2018) Ollamh le Scoil Gnó Harvard agus síceolaí sóisialta aitheanta, agus Robert J. Sternberg (2016), síceolaí Meiriceánach agus Ollamh le Forbairt Daonna in Ollscoil Cornell, Nua Eabhrac. Is trí mheasúnú seachtrach, ina mbíonn saineolaithe sa ghort páirteach, go minic, a áirítear gníomh éigin mar rud cruthaitheach. Baineann an creat seo go dlúth le cleachtadh na filíochta anseo in Éirinn sa chaoi is go ndéantar measúnú ar chaighdeán na filíochta ag comórtais liteartha agus is amhlaidh a bhíonn an ghné mheasúnaithe i gceist nuair a sheoltar saothar chuig foilsitheoir chomh maith. Déanann lucht léitheoireachta, lucht éisteachta agus na filí a gcinntí féin maidir le feabhas an tsaothair chomh maith. D'áitigh Gearóid Ó Crualaoich (1992: 75) Ollamh emeritus le Béaloideas agus Eitneolaíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, gur deacair an cháilíocht liteartha nó chruthaitheacht a bheith á meas gan *'an gort aithne'* a thabhairt sa mheá. Dar leis gur gníomh i gcomhpháirt é an cháilíocht sin idir an léitheoir agus an t-údar. *'...gan údarás cóir ag éinne faoi leith ná ag aon aicme 'litríocht' a ghairm d'aon chineál acu'* (Ó Crualaoich 1992: 76). Tabharfar an ghné idirghníomhach comhpháirtíoch den litríocht seo san áireamh sa phlé romhainn ar na filí.

Sa dara creat, an córas sóisialta, a d'fhorbair Csikszentmihalyi (1994), baineann tábhacht leis an duine cruthaitheach agus lena t(h)impeallacht. Bíonn tionchar ag an timpeallacht shóisialta agus ag an gcultúr ar an obair chruthaitheach. Agus creat Csikszentmihalyi in úsáid againn i gcomhthéacs an taighde seo is féidir duaiseanna, deiseanna, dúshlán, ceardlanna agus meantóirí a áireamh mar chúinsí seachtracha a imríonn tionchar ar an gcruthaitheacht.

Áitíonn na síceolaithe Meiriceánacha, Robert J. Sternberg & James C. Kaufman (2018) gurb amhlaidh nach ann d'aon sainmhíniú amháin a nglactar leis go forleathan ar an gcruthaitheacht. Dar leo go mbíonn dhá shainghné i gceist leis an ngníomh cruthaitheach, gur rud éigin 'novel' nó nuálach é agus ábhartha nó 'appropriate' don bhfearann lena mbaineann sé. Tacaíonn Amabile leis an sainmhíniú seo. Is amhlaidh go n-aithníonn Amabile go mbaineann nuálaíocht leis an ngníomh cruthaitheach ach béimníonn sí tábhacht peirspictíochtaí sochchultúrtha agus dearcadh an phobail ina dtarlaíonn an chruthaitheacht (Amabile 2018: 5). Ciallaíonn sé seo go n-éiríonn níos fearr leis na gníomhartha cruthaitheacha a samhlaítear le traidisiún an phobail agus a bhfuil luach ag baint leo i bpeirspictíocht an phobail. Suíonn sí an chruthaitheacht ar chontanam - ó ghnáth-ghnásanna an duine go gaiscí móra litríochta agus eolaíochta agus áitíonn go mbíonn an chruthaitheacht i gceist leo siúd ar fad (Amabile 2018). Féachann an tráchtas seo ar leibhéal níos airde den gcruthaitheacht - cumadh na filíochta, an chruthaitheacht liteartha.

Díríonn Oatley & Djikic (2017) go sonrath ar an gcruthaitheacht liteartha ina saothar *'The Creativity of Literary Writing'*. Leagann siad béim ar an tábhacht a bhaineann leis an nuálaíocht agus leis an nglacadh a bheidh leis an ngníomh cruthaitheach agus le hábharacht an ghnímh sa chomhthéacs ina dtarlaíonn sé. Fearacht Amabile (2018), creideann siad go mbaineann tábhacht leis an gcritic a fhéachann ar an saothar litríochta, cuma an léirmheastóir, scríbhneoir eile nó ball den bpobal léitheoireachta a léann an saothar (Oatley & Djikic 2017: 76). Beidh sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do thaithí na bhfilí leis na foinsí aiseolais éagsúla a fhaigheann siad.

D'fhéadfaí a áiteamh gurb é Seán Ó Ríordáin an té is tábhachtaí a scríobh faoi *chothú* na cruthaitheachta sa Ghaeilge. Chuir an Ríordánach síos ins an réamhrá cáiliúil a chuir sé leis an gcnuasach *Eireaball Spideoige* (1952) ar thábhacht na 'geite' i gcothú na filíochta agus d'áitigh nach féidir an fhilíocht a chumadh gan an gheit seo. *'Ní saolaítear dán gan beo-ghéit'* (ibid 1952: 13). D'áitigh sé nach bhfuil gá le hoiriúnú a dhéanamh ar an dán nuair a thagann an gheit. Ní bhíonn aon dianmhachnamh ar fhoirmlí ná ar fhocail ag teastáil ach go bhfeisteofar an file agus a c(h)umas nuair a thagann an gheit, agus mar thoradh, tagann an dán.

Braithimid é ag brú inár gcoinne mar a bhraithimid cuisle srutha. Braithimid an bhundealbh, an dromchla ag brú agus geitear sinn. Agus más mian linn dán a chumadh, is féidir dul ina bhun láithreach mar táimid faoi gheit.



Chuaigh Gearóid Ó Crualaoich i ngleic le ceisteanna a bhaineann le gnímh agus achtú na cruthaitheachta i sainchomhthéacs litríocht na Gaeilge beagnach tríocha bliain ó shin. D'áitigh sé go mbaineann páirt chomh tábhachtach céanna ag an bpobal a théann i dteagmháil leis an saothar is a bhaineann leis an scríbhneoir féin. *'Sin é is dioscúrsa liteartha na Gaeilge ina bhfuil páirt chomh bunúsach, tábhachtach céanna ag an léitheoir nó éisteoir is atá ag na húdair, na reacairí'* (Ó Crualaoich 1992: 98). Dar leis nach féidir an cháilíocht liteartha a mheas ach amháin go hócáidiúil agus nach féidir linn an gradam 'litríocht' a bhronnadh ar aon ghníomh cruthaitheach gan an tionchar pearsanta ar an bpobal féin atá *'ag glacadh le toradh an ghnímh urlabhra ar thaobh amháin agus i bhfeabhas gabhála iarracht urlabhra an údair'* a thabhairt san áireamh (Ó Crualaoich 1992: 97). Cé nach bhfuil an saothar áirithe taighde seo dírithe ar pheirspictíocht an phobail, ábhar a thuillfeadh staidéar dá chuid féin, tabharfar san áireamh léamha na bhfilí agus na gcinnirí cultúir ar an lucht léite agus éisteachta, agus ar an bpobal. Pléifear chomh maith ceisteanna eile maidir le cleachtais na bhfilí a dhéanadh an gníomh 'gabhála' sin a luann Ó Crualaoich níos fusa nó níos deacra ar an léitheoir nó éisteoir.

### **Ceist an Inspreagtha**

Baineann tábhacht le hinspeagadh an duine, an mhian a ghríosann an duine cruthaitheach chun an gníomh cruthaitheach a dhéanamh, agus tuiscint á forbairt againn ar na cúiseanna a mbíonn filí ag cumadh agus na cúinsí a chuireann an chruthaitheacht chun cinn (Amabile 2018: 4). Cad ina thaobh a gcumann filí filíocht? Cad iad na cúinsí a mheallann iad chun na filíochta?

Labhair Amabile (1984) ar fheiniméan a dtugtar *'intrinsic motivation principle of creativity'* air. Tá tábhacht ag baint leis an inspreagadh atá ag an duine cruthaitheach agus tá dhá chineál inspreagtha ann: inspreagadh intreach (an dúil inmheánach sa ghníomh cruthaitheach, go mbaintear taitneamh as an ngníomh féin) agus inspreagadh eistreach (go mbíonn tionchar ag cúinsí seachtracha ar an ngníomh cruthaitheach, go ndéantar an gníomh ar mhaithe le teacht ar aitheantas nó ar dhuais). Bíonn an chruthaitheacht i gceist níos minice nuair a bhíonn inspreagadh intreach láidir ag an duine (Amabile 1984, 1996, 2018: 5). Is féidir le cúinsí seachtracha tionchar diúltach a imirt ar an gcruthaitheacht. *'Simply focusing on extrinsic reasons for being a writer versus intrinsic reasons led to lower*

*levels of creativity in creative writers'* (Amabile 2018: 6). Áirítear cúinsí seachtracha mar dhuaiseanna, aitheantas agus maoiniú mar shampla mar chúinsí seachtracha sa staidéar seo.

### **An Timpeallacht Chruthaitheach**

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an timpeallacht agus leis an gcultúr i gcothú na cruthaitheachta, tosca atá aitheanta go forleathan sa litríocht (Glăveanu 2013, Sternberg 2016, Amabile 2018). Ní féidir rath a bheith ar an gcruthaitheacht in aon sochaí gan cothú agus tacaíocht a bheith ar fáil di.

Like any habit, creativity can either be encouraged or discouraged. The main things that promote the habit are (a) opportunities to engage in it, (b) encouragement when people avail themselves of these opportunities, and (c) rewards when people respond to such encouragement and think and behave creatively. You need all three. Take away the opportunities, encouragement, or rewards, and you will take away the creativity.

(Sternberg 2016: 78)

Dar le Sternberg agus Lubart (1993) nár mhór don timpeallacht agus don ngníomh cruthaitheach a bheith in oiriúint dá chéile má tá rath le bheith ar an gcruthaitheacht ann.

People will be most creative if they are placed in an environment that fosters, accepts, and actively rewards creative ideation...The environment also needs to be compatible with the kind of creativity one has to offer...One therefore needs to find an environment that values what one has to offer.

(Sternberg agus Lubart 1993: 20)

Ní mór dúinn fiosrú a dhéanamh féachaint an bhfuil na cúinsí thuas a luann Sternberg agus Lubart i gceist i dtaithí filí an staidéir seo. An bhfuil sainscéal le reic faoi na ceantair Ghaeltachta ar leith seo maidir leis an saghas glactha a bhíonn iontu le filí Gaeilge agus leis an bhfilíocht Ghaeilge?

### **Caipiteal Cultúrtha**

Aithníonn scoláirí éagsúla an tábhacht a bhaineann leis an gcaipiteal cultúrtha atá ag an duine agus an chruthaitheacht liteartha á plé (Gardner 1973: 240, Csikzentmihalyi 1999: 328 & Miller 2015: 24). Cheap Pierre Bourdieu an téarma seo sna naoi déag seachtóidí. Is éard atá i gceist le caipiteal cultúrtha ná na saintuiscintí, nósanna agus iompar a bhíonn i seilbh teaghlach áirithe. Tugann an cháilíocht seo buntáistí ar leith don duine i réimsí éagsúla den saol a mbíonn an cháilíocht sin faoi mheas (Bourdieu 1993, Gardner 1973: 240).

Mhaígh Gardner (1973: 249), cuir i gcás, go n-imríonn luaththaithí an pháiste leis an litríocht agus le gníomhaíochtaí samhlaíocha tionchar ar a f(h)orbairt chruthaitheach. D'áitigh sé gur minic a ghintear scríbhneoirí as teaghlaigh a bhfuil cúlra liteartha mar chuid dá bhféiniúlacht. Dar le Norton & Norton (2010: 15) go gcothaíonn an teagmháil luath le litríocht i saol an duine samhlaíocht inmheánach an duine, bua a bhfuil ríthábhacht ag baint leis don obair chruthaitheach. Tugtar *'concerted cultivation'* ar an sainiompar a bhíonn ag tuismitheoirí a chuireann an litríocht agus an litearthacht chun cinn, a thugann deis teagmhála don bpáiste gnéithe de chultúr áirithe a bhlaiseadh. Maítear go bhfuil sé coitianta gur i dteaghlaigh mheánaicmeacha a mbíonn an cineál tógála sin acu (Smyth 2016: 18). Beidh sé spéisiúil fáil amach an dtagann cúlra fhilí an staidéir seo leis na léamha seo. An dtugann filí an taighde seo aitheantas do ról a gcúlra teaghlaigh nó a gcuid oideachais ina múnú mar fhilí? Cén bhéim a chuirtear ar an luath-thaithí seo – má chuirtear béim uirthi?

### **Meantóirí/Comhlúadar Cruthaitheach**

Bíonn buntáiste ag daoine cruthaitheacha má bhíonn meantóir ar fáil dóibh (Amabile 1996, 2018 & Csikszentmihalyi 1999: 327) Bíonn gaol idir líon na ndaoine a chleachtann an gníomh cruthaitheach sa timpeallacht agus an claonadh a bhíonn ag daoine eile tabhairt faoi chleachtadh an ghnímh chéanna. *'the presence of actively creative others can enhance creativity'* (Amabile 1996: 186).

The more available role models in his field, the more likely is that an individual will show early creative achievement in that field.

(Amabile 1996: 229)

Fearacht Amabile (1996), léiríonn Csikszentmihalyi (1999) go bhfuil ceangal idir cúinsí áirithe a bheith ar fáil sa timpeallacht agus cothú na cruthaitheachta do dhaoine óga, a d'fhéadfadh iad a spreagadh. Is trí sheans go minic a bhuaitear le meantóir agus go bhféadfadh tionchar an-mhór a bheith ag an duine sin ar spreagadh agus ar chleachtas cruthaitheach an duine a théann faoina c(h)úram. Soláthraíonn an meantóir deiseanna go minic nach mbeadh ar fáil ina (h)uireasa.

Another important aspect of personal background that has bearing on creativity is whether the child will have access to the field. In many domains it is indispensable for a young person to be trained by experts as soon as possible... The careers of creative individuals are often determined by chance encounters with mentors who will open doors for them, and such encounters are more likely in places where the field is more densely represented...or in centers of artistic activity.

(Csikszentmihalyi 1999: 328)

Arís, beidh sé spéisiúil fáil amach an bhfuil claonadh i measc na bhfilí sa staidéar seo aitheantas a thabhairt do phearsaí ar leith a chabhraigh leo nó a spreag iad, nó a d'oil iad.

### **Creatlaigh Critice**

Leagann an bheirt theoriceoirí Teresa M. Amabile agus Vlad Petre Glăveanu (Ollamh Comhlach agus Ceann Roinne na Síceolaíochta in Ollscoil Webster Geneva san Eilvéis) struchtúir síos d'aon shaothar taighde a dhíríonn ar an gcruthaitheacht, go háirithe, staidéar a thugann faoi thuiscintí a fhorbairt ar na cúinsí a chothaíonn an chruthaitheacht féin.

Tugann Amabile (2018) saintreoir i dtaobh an ábhair spreagtha a imríonn tionchar ar an gcruthaitheacht agus na gcúinsí a mbíonn tionchar diúltach acu ar an gcruthaitheacht nó a imríonn '*neamhchothú*' uirthi. Oireann leagan amach Amabile mar threoir dúinn sa staidéar áirithe seo mar baineann fearann a cuid fiosraithe le hábhar sa taighde seo.

Forbraíodh an teoiric thábhachtach seo sa bhliain 1983 ar tugadh 'An Teoiric Comhpháirteanna' nó 'Componential Theory' air. Tá leas á bhaint as an teoiric seo le daichead bliain anuas i réimsí agus disciplíní cruthaitheacha éagsúla (Amabile & Pillimer 2012 & Sternberg 2016). Deineadh athbhreithniú ar an teoiric sa bhliain 1988 agus 1996. Tarraingítear ar an mbunteoiric thíos agus cuirtear leis trí léamha úra Amabile (2018) a chur i bhfeidhm. Moltar go bhféachfar ar cheithre mhír ar leith agus taighde á dhéanamh ar an gcruthaitheacht (1) Scileanna Fearann-Ábhartha (Domain Relevant Skills): Baineann tábhacht le bunmhianach an fhile agus leis an saineolas atá ag an bhfile ar an bhfearann cruthaitheach (an taithe atá ag an bhfile ar mhionghnéithe a bhaineann le cumadh filíochta nó eolas níos leithne maidir le foirmlí/nósanna a rachadh i bhfeidhm ar spriocphobal ar leith). (2) Próisis Chruthaitheacha Ábhartha (Creativity Relevant Processes): Labhrann Amabile & Mueller (2008) ar thrí ghné ar leith sa mhír seo: gnéithe cognaíocha, tréithe pearsantachta agus ar mhothúcháin. Díreofar sa taighde seo ar an dá ghné dheireanacha sin amháin: mothúcháin agus tréithe pearsantachta. Is éard atá i gceist le tréithe pearsantachta ná na tréithe sin a éascaíonn iompar an duine chruthaithigh chun neamhspleáchas a bhaint amach, peirspictíochtaí nua a thógaint ar bord agus féindhisciplín a chothú. (3) Inspreagadh (Task Motivation). Is é an mhír dheireanach ná (4) An Timpeallacht Shóisialta. Tá sé

tábhachtach an gníomh cruthaitheach a mheas sa chomhthéacs sóisialta agus cultúrtha ina dtarlaíonn sé.

**Tábla 3: Teoiric Comhpháirteanna Amabile (Amabile 1983, 1988, 1996, 2018)**

<b><i>Neamhspleáchas</i></b>	<i>Tá sé tábhachtach go mbraithfidh filí go bhfuil smacht acu ar a bhfuil ar siúl acu. Níor cheart go mbeadh ceangal ar chleachtas cruthaitheach an fhile; go mbainfidh saoirse lena gcleachtadh.</i>
<b><i>Dúshlán</i></b>	Is buntáiste é má tá braistint ag filí go bhfuil scríobh na filíochta tábhachtach agus go bhfuil dúshlán ag baint lena cleachtadh.
<b><i>Dóthain acmhainní/tacaíochta</i></b>	Tá sé tábhachtach go mbeadh dóthain tacaíochta ar fáil chun tacú leis an bhfile. Baineann tábhacht leis an eolas agus leis an oiliúint atá ar fáil do na filí maidir lena bheith ag cur isteach ar mhaoiniú agus ar fhorbairt a gceirde.
<b><i>Aitheantas/ Critic</i></b>	Tá sé tábhachtach mar sin go bhfaighfear aiseolas ar an saothar. Maidir le cleachtadh na filíochta, tagann an t-aiseolas seo ó fhoinsí éagsúla mar irisí léann, léirmheasanna, tacaíocht ó léitheoirí, ó scríbhneoirí eile agus ó chomórtais filíochta.
<b><i>Laincísí Eagraíochtúla</i></b>	Tugtar laincís eagraíochtúla ('organisational constraints') ar aon chúinse sa timpeallacht a imríonn tionchar diúltach ar chleachtadh an ghnímh chruthaitheach. Baineann feidhm thábhachtach leis an gcultúr ina dtarlaíonn an gníomh cruthaitheach m.sh. má shaothraítear an fhilíocht i bpobal nach bhfuil a cleachtadh mar ghné a bhfuil meas uirthi, d'fhéadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar an gcruithaitheacht. Tagann taithí an easpa diúltaithe, aitheantais agus tacaíochta isteach mar laincísí eagraíochtúla a chuireann srian ar an gcothú a thugtar don bhfile.

<b>Brú Seachtrach</b>	Nithe a chuireann an file ar seachráin ón ngníomh cruthaitheach – am/obair/eile, ionchais mhíréalaíocha ó eagraíochtaí.
-----------------------	-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

### Gläveanu: ‘Five A’s Model of Creativity’

Is é an tarna creatlach critice a dtarraingeofar air sa staidéar seo ná ‘Five A’s Model of Creativity’ a d’fhorbair Gläveanu (2013). Is é an bua a bhaineann leis an múnla seo ná go n-éascaíonn an leagan amach tuiscint uileghabhálach a fhorbairt ar na cúinsí a chothaíonn an chruthaitheacht agus ar na comhthéacsanna a n-imríonn tionchar ar a cleachtadh.

This view looks at the full influence of the environment on the actor, especially the ways in which creators locate and utilize the affordances of their environment. The five A’s model accounts for the effect of culture in all aspects of creativity, providing a new path for research to follow, one that readily acknowledges the importance of context in creative theories.

(Gläveanu 2016: 25)

San alt cuimsitheach inar fógraíodh an fráma teoirice seo den gcéad uair ‘Rewriting the language of creativity: The five A’s framework’, tarraingíonn Gläveanu (2013) ar shaothar James Melvin Rhodes (1961). B’éard a mhol Rhodes (1961) ná go mba chóir an chruthaitheacht a mheas trí chreatlach ar leith – Four P’s of Creativity - ina n-áirítear na mionghnéithe a leanas: Person, Process, Product agus Press (Rhodes 1961: 307). Ba mhúnla ceannródaíoch é ag an am toisc gur tugadh cúinsí seachtracha lasmuigh d’aighe an duine chruthaitheigh san áireamh den gcéad uair (faoin teideal “press”). D’fheidhmigh fráma coincheapúil Rhodes (1961) mar phríomhbhunús taighde ar an gcruthaitheacht le caoga bliain anuas go háirithe sa tsíceolaíocht shochcultúrtha agus sa tsíceolaíocht éiceolaíoch.

...this simple alliterative schema became very influential in shaping creativity as an emerging academic discipline... it offered the backbone of creativity theory and research for the decades to come.

(Gläveanu 2013: 69)

Déanann Gläveanu (2013) athnuachan ar an téarmaíocht seo ina chreatlach féin trí athrú eipistéimeolaíoch a chur i bhfeidhm ar an gcaoi a mbreathnaímid ar an gcruthaitheacht. Tógann an creatlach taighde seo forbairtí tábhachtacha san áireamh atá ag eascairt as saothar suaithinseach taighde i ndisciplíní éagsúla mar an antraipeolaíocht, an tsíceolaíocht shochcultúrtha agus an tsíceolaíocht

éiceolaíoch (Glăveanu 2013: 71). Is í an téarmaíocht a mholann Glăveanu (2013) sa teoiric seo ná: Actor (Aisteoir), Action (Gníomh), Artifact (Déantán), Audience (Pobal) agus Affordances (Ábhair féideartha).

Dar le Glăveanu (2013: 70) gurb é bua an chreatlaigh seo ná an pheirspictíocht chomhtháite a bhaineann leis: ba ghnách le taighdeoirí díriú ar ghné amháin de chreat Rhodes (1961) thuas gan an gaol nó na gaolta idir na gnéithe anailíse a scrúdú mar aonad comhtháite. Áitíonn Glăveanu (2013) nach féidir an duine cruthaitheach nó (“person”) a mheas gan an próiseas agus an timpeallacht (“press”) a thógaint san áireamh, a fhágann gur easnamhach an togra taighde nach n-áiríonn an gaol orgánach atá idir na heilimintí éagsúla anailíse. Tá tuiscintí an chreatlaigh úrnua seo i gceist i seasamh taighde an staidéir seo agus tarraingeofar ar an múnla sa phlé a dhéanfar sna caibidlí a leanas.

Bainfear leas as an téarma ‘aisteoir’ agus sinn ag plé gnéithe d’iompar na bhfilí i gcás an staidéir seo. Tugann an téarma ‘aisteoir’ le fios go mbíonn ról gníomhach ag an duine i ndíol a s(h)aothair chruthaithigh. Aithníonn an téarma seo an nasc atá idir an duine cruthaitheach agus an tsochaí ina dtarlaíonn an gníomh cruthaitheach. Bíonn iompar an duine sin faoi cheangal cultúir agus nósanna an phobail lena mbaineann sé (Glăveanu 2013: 72).

Is é an dara gné a bhaineann leis an gcreat seo ná ‘gníomh’ – gníomh na cruthaitheachta nó ‘action’. Ag an leibhéal is bunúsaí, baineann an téarma seo le cumadh nó le láithriú an dáin féin. Leagtar béim ar dhéachas na cruthaitheachta, is é go ngintear an gníomh as gné inmheánach an fhile ach go bhfuil tábhacht ar leith leis an gcomhthéacs lena mbaineann an chruthaitheacht sin. *‘acknowledging the double nature of creativity: an internal, psychological dimension and an external, behavioral one’* (Glăveanu 2013: 73).

Is é an táirge a thagann i ndiaidh an ghnímh chruthaithigh ná an ‘déantán’ ná ‘artifact’, téarma a bheidh áisiúil dúinn sa phlé amach anseo. Is féidir le haon rud a bheith ina ‘déantán’ ach go mbíonn síneadh cruthaitheach curtha leis; sin an cháilíocht chruthaitheach a aistríonn rud nithiúil go rud cruthaitheach nó *‘creative object’* (Glăveanu 2016b: 168). Tugann an téarma le fios go bhfuil tábhacht leis an stádas a bhíonn ag an saothar i gcomhthéacs cruthaitheach, stairiúil agus oidhreachtúil an phobail ina gcleachtaítear an gníomh. *‘Referring to products as artifacts draws attention to their “cultured” nature and the cumulative*

*character of creation in human groups and societies'* (Glăveanu 2013: 74). Tá cleachtadh na filíochta fréamhaithe in oidhreacht agus i gcultúr na gceantar Gaeltachta seo. Mar sin, tá rian agus tionchar an traidisiúin tábhachtach chun tuiscint a fhorbairt ar an gcomhthéacs ina gcleachtaítear an fhilíocht. Is ionann gach gníomh cruthaitheach agus gníomh atá fréamhaithe i rannpháirtíocht an chruthaitheora sa chultúr ina dtarlaíonn sé (Glăveanu 2013: 74).

Is é an 'lucht léitheoireachta/lucht éisteachta' nó 'audience' an ceathrú gné a bhaineann leis an gcreat seo. Áitíonn Glăveanu (2013: 74) go bhfeidhmíonn an duine cruthaitheach de réir an gnáthdhearcaidh agus na nósanna a bhaineann leis an gcruthaitheacht sa chomhthéacs cultúrtha agus go gcuimhnítear go doimhin ar an bpobal is go n-oiriúnaítear an déantán de réir na dtuiscintí seo.

The influence of others is so pervasive that creators internalize their position as audience members and use this knowledge and experience when generating further artifacts.

(Glăveanu 2013: 74)

Más amhlaidh go mbíonn an pobal lena mbaineann na filí lárnach sa phróiseas cruthaitheach go comhfhiosach ná a mhalairt, an amhlaidh go ndíríonn na filí ar an bpobal ina gcleachtas? Cén léargas a thabharfaidh dearcadh agus cleachtais na bhfilí dúinn maidir le ceist an phobail léitheoireachta agus éisteachta féin?

Is í an ghné dheireanach anailíse a mholann Glăveanu (2013) ná 'ábhair féideartha' nó 'creative affordances'. Beidh feidhm lárnach agus thábhachtach ag an ngné seo go leanúnach tríd an tráchtas, toisc go bhfuilimid ag díriú ar na cúinsí agus ar na cleachtais sin a chothaíonn an duine cruthaitheach agus an chruthaitheacht féin. Luann sé ról ábhar féideartha sa chruthaitheacht mar fhearann taighde nach bhfuil iniúchadh cuimsitheach déanta air.

...can introduce novel avenues for creativity theory and research and even open entirely new fields of study (e.g., the role of affordances in creativity).

(Glăveanu 2013: 76)

Baineann an téarma seo le gnéithe d'infreastruchtúr agus d'acmhainní atá sa timpeallacht arbh fhéidir leo an chruthaitheacht a chothú. *'The affordances of the environment are what it offers the animal, what it provides or furnishes...'* (Gibson 1986 in Glăveanu 2016c: 12). Maidir leis an bhfilíocht, is féidir na cúinsí a chothaíonn agus nach gothaíonn na filí a áireamh mar ábhair féideartha ("affordances"). Baineann ábhair féideartha le cúinsí stairiúla, oidhreacht na



filíochta agus na litríochta sa cheantar, leis an tacaíocht atá ar fáil maidir le maoiniú chomh maith. Bíonn feidhm ag fearainn eile mar léamha filíochta, féilte, foilsitheoireacht, léirmheastóireacht, ceardlanna agus deiseanna oiliúna. Is féidir le haon ghné den timpeallacht a bheith ina hábhar féideartha. *'Affordances are opportunities for action'* (Glăveanu 2013: 76). Ní bhíonn buntáiste san ábhar féideartha as a stuaim féin. Baineann tábhacht leis an ionramháil aonair a bhaineann an duine as.

Tugtar 'aisteoir cruthaitheach' ar dhuine a n-éiríonn leo ionramháil éifeachtach a bhaint as ábhair féideartha na timpeallachta dá leas féin agus do leas an fhearainn lena mbaineann an gníomh cruthaitheach (Glăveanu 2016c: 12). Bíonn aisteoirí cruthaitheacha ag feidhmiú i ngach timpeallacht chruthaitheach (Glăveanu 2013: 74). Bíonn an scil agus an t-eolas ábhartha acu chun an buntáiste is mó a bhaint as ábhair féideartha na timpeallachta. Bíonn sé de chumas ag na daoine seo ábhair féideartha úrnua a chruthú chomh maith.

A creative actor is arguably one able to exploit the affordances of his or her surroundings in an innovative way, to discover new affordances, and even "create" the ones needed to fulfil a specific action.

(Glăveanu 2013: 74)

Tarringeofar go leanúnach ar na teoiricí agus ar na téarmaí seo sna caibidlí a leanas chun tuiscint uileghabhálach a fhorbairt ar chroícheisteanna an taighde seo: na cúinsí a chothaíonn na filí comhaimseartha seo agus a gcleachtas chruthaitheacha. Beidh ceisteanna san agallamh agus sa cheistneoir a fhreagróidh do mhúnla Glăveanu, Amabile, Csikzentmihalyi agus Gardner go speisialta.

Anuas ar an taighde a lonnú ar fhráma critice slán, cuirfidh an pheirspictíocht theoriciúil a pléadh sa chaibidil seo comhthéacs níos leithne ar fáil dá mbeidh á gcur in iúl ag na filí féin. Agus sinn ag tarraingt ar chuid de na léargais a tháinig chun cinn sna hagallaimh agus sna ceistneoirí tosófar ar phictiúr níos cruinne a fháil d'fhearainn cleachtaithe na bhfilí agus na cúinsí a mheall iad chun filíocht a chumadh i dtosach báire.

## Caibidil 2: Cothú na Filíochta: Na Cúinsí Tosaigh

Díreofar sa chaibidil seo ar na cúinsí pearsanta sin a chuir na filí ag scríobh i dtosach, de réir a gcuid fianaise féin. Pléifear an t-eolas agus na tuairimí a luadh sna hagallaimh agus sna ceistneoirí maidir lena múnlú mar fhilí i gcaitheamh a saoil.

### An Cúlra Teaghlaigh

No matter how exquisite the child's sensitivity, however, he cannot communicate to others unless it is cultivated; if blocked or mischannelled by incompetent or well-intentioned parents, the child will never become an artist. Raw gifts alone will not suffice.

(Gardner 1973: 252)

Aithníonn scoláirí éagsúla na cruthaitheachta an ról tábhachtach a imríonn tógaint agus cúlra an duine i spreagadh an mhianaigh chruthaithigh (Gardner 1973: 240, Csikszentmihalyi 1999 & Miller 2015: 24).

Thug Ó Muircheartaigh, Mac Conghail, Ní Mhóráin, Ní Shíthigh, Bushe, Ní Chinnéide, Ó Siochrú, Ó Súilleabháin, Ó Dúshláine, Ní Bheildiúin agus Moynihan aitheantas sna ceistneoirí agus sna hagallaimh don tionchar a bhí ag a gcúlra teaghlaigh orthu ina múnlú. Chonaiceamar cheana go raibh leibhéal ard oideachais na filí agus céim tríú leibhéal ar a laghad bainte amach ag cúigear filí dhéag. Thug na filí seo le fios gur cothaíodh a gcuid spéise sa teanga agus san obair chruthaitheach sa bhaile. Bhain tiomantas eisceachtúil leis an diongbháilteacht a bhí ag tuismitheoirí áirithe a spreag a bpáistí go mór. Tá cásanna spésiúla eile ann i measc na bhfilí seo: filí a cothaíodh le spéis a chur sa chruthaitheacht trí Ghaeilge cé nach raibh Gaeilge sa bhaile acu.

Tugann Aogán Ó Muircheartaigh cuntas dúinn ar an gcothú a fuair sé óna thuismitheoirí maidir leis an teanga.

Bhí Gaelainn age baile riamh, Gaelainn agus Béarla ach Gaelainn is mó. Ó Dhún Síon m'athair agus ó oileán Dairbhe mo mháthair ach bhíodar an-Ghaelach...

(Ó Muircheartaigh 2018)

Fearacht Uí Mhuircheartaigh, tógadh Marcus Mac Conghail le Gaeilge lasmuigh den nGaeltacht, i mBaile Átha Cliath. Tá an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh ag muintir Mhic Conghail le trí ghlúin anuas. Labhair sé san agallamh faoin dlúthcheangal a bhraith a shinsear leis an teanga. Bhuail a sheanthuismitheoirí le chéile ag ranganna Chonradh na Gaeilge agus bhíodar ar mhí na meala sa Rinn.

Bhraitheadar nasc chomh mór sin le Corca Dhuibhne gur thugadar Corca Dhuibhne mar ainm ar an tigh (Mac Conghail 2019).

Bhí cúlra an-Ghaelach ag a mháthair toisc gur chaith seanmháthair Mharcuis ‘*a saol le lámhscríbhinní na Gaeilge*’. Cúlra fíoreisceachtúil a bhí ag an gConghaileach maidir le réimsí éagsúla cruthaitheacha agus léinn agus maidir le caipiteal cultúrtha trí chéile. Bhí a athair Muiris Mac Conghail ina chraoltóir, láithreoir, scoláire agus scríbhneoir aitheanta ar réimse an bhéaloidis agus d’fhoilsigh sé go leor ábhair ar na Blascaodaigh.<sup>9</sup> Tá cáil ar a chlár faisnéise ‘*Oileán Eile*’ agus ar na leabhair ‘*The Blaskets: A Kerry Island Library*’ (Country House 1987), ‘*The Blaskets: People and Literature*’ (Country House 1994), and ‘*Aghaidheanna Fidil agus Púicíní*’ (Sairséal agus Ó Marcaigh 2009). Bhí deartháir Mharcais, Fiach, ina stiúrthóir ar Amharclann na Mainistreach chomh maith.

Mar sméar mhullaigh ar an taithí shaibhir seo, thug Marcus le fios ina agallamh gur thit an mórfhile Albanach Somhairle Mac Gill-Eain i ngrá lena sheanmháthair. Bhraith sé tionchar an ghaoil seo air agus é ag fás aníos. ‘*Is cinnte go raibh sé sin láidir sa tigh, bhíodh Somhairle sa tigh. Bhí aithne againn air*’ (Mac Conghail 2019).

Bhí comhlúadar filí sa tigh ag Mac Conghail agus bhí nasc láidir ag an teaghlach leis an nGaelachas chomh maith. Ba mhinic cuairteoirí ó Chorca Dhuibhne ag fanacht sa tigh le linn a óige. Bhí tionchar ag an gcomhlúadar filí ar an bhfile. Má bhíonn duine óg i gcomhlúadar filí agus má léiríonn an duine sin spéis san obair chruthaitheach, is amhlaidh is dóichí go dtriallfaidh sé an meán sin. Níor rud aduain é an gníomh cruthaitheach i saol Mhic Conghail. Mar a dúirt an file féin: ‘*thuig mise cad is file ann*’ (Mac Conghail 2019).

Dar le Paddy Bushe, a rugadh i mBaile Átha Cliath, go mbíodh bá láidir ag a athair leis an nGaeilge cé nach raibh an teanga acu sa bhaile. Bhí cúlra láidir Gaelach agus náisiúnaíoch aige agus bhí spéis ar leith ag a athair i gcúrsaí éagsúla a bhain leis an náisiúnachas. Braitheann Bushe go bhfuil an tréith sin ann féin mar dhuine, an bháúlacht agus an dea-thoil i leith na teanga. ‘*Bhíodh m’athair ag tathant ar an nGaeilge a labhairt, labharfadh sé méid áirithe, an bhá san agus an dea-thoil don nGaeilge, bhí sé ionam riamh sa bhunscoil*’ (Bushe 2018).

---

<sup>9</sup> <https://www.irishtimes.com/culture/muiris-mac-conghail-broadcaster-writer-and-film-maker-dies-aged-78-1.4095514>

Cé gurb é an cúlra seo a raibh íde-eolaíochtaí náisiúnaíochta go smior ann a mheall Bushe chun an fhilíocht a chumadh as Gaeilge ar dtús, díol spéise go ndeir sé go ndearna an claonadh polaitíochta dochar dá chleachtas féin agus don teanga ar bhonn níos leithne in Éirinn.

Thosnaíos don gcuid is mó ag scríobh as Gaeilge. Ar bhonn idé-eolaíochta a dheineas é san. Is droch-bhonn é sin... Is dócha gur dhein cúrsaí náisiúnachais an-dochar don nGaeilge agus táim i gcónaí a rá go bhfuil dochar á dhéanamh. Nuair a d'éiríos as a bheith ag scríobh agus a thosnaíos arís, bhí an-chuid den íde-eolaíocht sin caite uaim agam agus scríobhas as Béarla amháin ansin. Níor bhraitheas san go raibh dualgas orm a bheith ag scríobh as Gaeilge.

(Bushe 2018)

Tá sé tábhachtach a thógaint san áireamh gur filí dhátheangacha iad seisear filí de chuid an staidéir seo (Bushe, Ní Bheildiúin, Moynihan, Ní Mhurchú, Ní Chinnéide agus Mulcahy). Fágann seo impleachtaí maidir leis na cúinsí a chothaíonn iad agus lena gcleachtais teanga. Ní sa Ghaeilge amháin a fhaigheann na filí seo inspioráid.

Leag Bríd Ní Mhóráin béim ar a tógaint agus ar a tuismitheoirí mar thoscaí a chothaigh í. *'Bríd Ní Mhóráin, file, múnlaithe an-mhór ag mo shinsir, ag mo thuismitheoirí gan dabht* (Ní Mhóráin 2018). Tógadh í sa Chom in Oirthear Duibhneach tar éis dá tuismitheoirí bogadh ó Áth Treasna, Corcaigh. Bhí tionchar ag a máthair agus ag a hathair uirthi cé go ndéanann sí deighilt idir cumas teanga a hathar agus a máthar.

M'athair, tháinig sé ó Uíbh Ráthach, láidir fiain paiseanta i dtaobh na Gaoluinne, na staire, an chultúir, Cumann lúthchleas Gael, na' haon rud a bhain le Gaelachas agus le stair na hÉireann. Bhí Gaoluinn na scoile aici [ag a máthair]. Bhí sí an-chruinn ar fad ó thaobh na gramadaí dho. Léadh sí leabhra Gaoluinne dúinn istoíche. Is cuimhin liom Jimí Mháire Thaidhg, An Baile s'Againne, scéalta na Maighdine Muire, an bheirt acu is dócha, chuireadar le mo spéis sa teanga.

(Ní Mhóráin 2018)

Léadh Ní Mhóráin leabhair Ghaeilge sa bhaile agus cothaíodh a spéis sa teanga agus sa litríocht ó aois óg. Bhí caipiteal cultúrtha luachmhar ar fáil sa tigh agus ar scoil aici. Fuair sí an-chur amach ar an mbéaloideas agus ar an scéalaíocht ó mhúinteoir a bhí aici ar scoil, Pádraig Ó Murchú (Ní Mhóráin 2018).

Rugadh agus tógadh Siobhán Ní Shíthigh i mBaile Eaglaise, Corca Dhuibhne. Bhí an Ghaeilge mar chéad teanga aici agus bhí cultúr láidir Gaelach sa tigh acu. Dar léi go raibh *'léann'* sa tigh acu agus ba mhó an tionchar a d'fhág comhlúadar a haintíní agus a huncailí timpeall uirthi agus í ag fás aníos.

Ní raibh taithí agam ar shaol meánaicmeach ach bhí léann sa tigh agus spéis. Bhí sé an-láidir sa tigh a rabhas, b'fhéidir nach raibh sé chomh láidir i dtithe eile. Ach bhí sé sa tigh againne agus bhí sé ann.

(Ní Shíthigh 2019)

Bhí tionchar láidir ag a seanathair Peats a' tSíthigh uirthi. *'Bhí a ainm in airde sa dúthaigh mar chainteoir, mar fear eolais agus seanchaíocht. Bhí an-thuiscint ina fear'* (Ní Shíthigh 2019). D'éirigh leis an gcúlra teaghlaigh Gaelach seo an file a chothú. Níorbh í an t-aon fhile amháin a cothaíodh sa teaghlach sin. Tá cáil ar a deartháir Domhnall Mac an tSíthigh, nach maireann, a raibh dlúthghaol ag go leor d'fhilí an taighde seo leis, mar fhile agus mar scríbhneoir próis.<sup>10</sup>

Braitheann sí gur deineadh file di luath ina saol. Maíonn sí go raibh féith na filíochta sa tigh acu. Ba mhór an múnlú a fuairéadar ar an bhfilíocht ar scoil leis. Is de bharr an chúlra seo a deineadh file di, dar léi féin.

Ar shlí, deineadh file dhom nuair a bhíos an-óg mar is cuimhin liom m'athair críonna agus bhí leabhar im' mhála scoile 'Fíon na Filíochta'. Bhí leabhra eile sa tigh linn gur as na gceantar 'An Duanaire Duibhneach'. Bhí m'athair críonna an-luite le filíocht agus dúirt m'aintín liom ná raibh meas aige ar éinne ach ar fhile. Chuaigh na rudaí sin i gcion ormsa.

(Ní Shíthigh 2019)

Fearacht Uí Shíthigh, bhí cúlra an-Ghaelach ag Mícheál Ó Siochrú. Bhí an dá theanga sa tigh agus é ag fás aníos i gClochán na nUagh, Baile 'n Sceilg. Tá sé buíoch go raibh an dá theanga *'go flúirseach'* aige agus tarraingíonn sé ar an ráiteas cáiliúil, go raibh an dá arm aighe aige.

Bhí Béarla i gcónaí sa tigh, níor tógadh riamh le Gaoluinn amháin mé. Ach bhí an Ghaoluinn go binn ag mo thúismitheoirí agus bhí an Béarla saghas bacach.

(Ó Siochrú 2018)

Fearacht thaithí Uí Mhóráin lena hathair, ba gheall le ceárta teangan a thaithí féin lena sheanathair. Bhí a sheanathair sáite i gcultúr na teanga. Bhíodh nós na scéalaíochta agus an tseanchais sa tigh.

...bua an tseanchais aige, seanchaí ab ea é. Bhí sé lán de seanscéalta agus sean-nathanna, seana-mhallachtaí, gach saghas rud. Bhí an-shaibhreas ar fad aige siúd.

(Ó Siochrú 2018)

Dar le Ó Siochrú go mbaineann an gaol atá aige lena shinsir le hoidhreacht liteartha a cheantair dhúchais, Uíbh Ráthach. Fuair Ó Siochrú taithí ar thagairtí do scéalta Sheáin Uí Chonaill a chlos sa tigh nuair a thagadh comharsana isteach, sula raibh an leabhar riamh léite aige. Go deimhin is ar scéalta Sheáin Uí Chonaill atá

---

<sup>10</sup> Cailleadh Mac an tSíthigh go tubaisteach sa bhliain 2017 agus é ar iomramh farraige.

cnuasach deireanach Uí Shiochrú dírithe – Scáil an Scéil (Coiscéim 2019). Arís, faoi mar a chonaiceamar i gcás Mhic Conghail agus Uí Shíthigh, bhí taithí ag an Siochrúch ar chomhluadar Gaeilge agus d’imir na daoine seo tionchar ar chlaonadh cruthaitheach an fhile agus ar a dhearcadh. Gabhann an file buíochas lena shinsear in Uíbh Ráthach sa dán ‘Gréas Marbhnaí’ as ucht an spreagtha a tugadh dó. Ba iadsan na daoine a chothaigh an fhilíocht ann, dar leis.

sibhse a choipigh rabharta an fhile im thearmann...  
a chorraigh maidneacha boga áille  
le filíocht ag ráthaíocht in Uíbh Ráthach.  
(Gealach na gCoinlíne 1985: 9).

Baile dátheangach a bhí ag Dairena Ní Chinnéide ach ‘treise leis an nGaoluinn’ (Ní Chinnéide 2018). Tuairiscíonn sí go raibh baint mhór ag ionchur teangan a máthar, a máthair chríonna a chónaíodh sa tigh leo agus óna hathair go háirithe. Fearacht Uí Mhóráin, d’imir a hathair (Caoimhín Ó Cinnéide, file) tionchar uirthi mar mhúinteoir agus mar fhile. B’eisean a mhúin di mar gheall ar oidhreacht a muintire agus na dúiche.

M’athair. Saibhreas teangan iontach aige, saibhreas scéalaíochta agus file ab ea é fhéin. Bhí sé nádúrtha go mbeadh duine suite sa bhord istigh sa chistin ag scríobh.  
(Ní Chinnéide 2018)

Cé gur rugadh Séamus Barra Ó Súilleabháin i Londain, deir sé go raibh tógaint Ghaelach sa tigh aige. Thug an file cuntas ar an gcineál teanga a labhraíodís sa tigh, gur hibrid áirithe de Bhéarla na hÉireann a bhíodh á labhairt acu.

Ní haon Bhéarla a chloiseann tú coitianta anois a bhí le clos agam, bhí Béarla an-láidir na tuaithe le clos agam fiú agus mé ag maireachtaint i Londain.  
(Ó Súilleabháin 2018)

Bhí gnáthchaint a mhuintire fréamhaithe sa Ghaeilge. B’fhéidir gur thug an file suntas níos mó do cháilíocht chaint a mhuintire toisc é a bheith i Sasana agus go raibh éagsúlachtaí urlabhra a theaghlach le tabhairt faoi deara. Nuair a bhog Ó Súilleabháin go Lios Tuathail, cuireadh isteach sa Ghaelscoil áitiúil é áit ar fhoghlaim sé a chuid Gaeilge (Ó Súilleabháin 2018). Is cainteoirí dúchais iad a lán de mhúinteoirí na scoile sin. Cothaíodh cumas teanga an fhile ó aois óg.

Ar aon dul leis an Súilleabhánach, bhraith Tadhg Ó Dúshláine go raibh an Béarla a labhraíodís sa teaghlach an-Ghaelach. Is dóigh leis go raibh múnlu áirithe ar fáil sna bunrútaí Gaeilge a bhíodh i dteanga a mhuintire.

'The babies all ire' – oidhir na Gaeilge, sin scurvy... Bhí scata Éireann focal, he's all foll-dolls, go raibh an tigh an ornáideach aige. Lastiar de sceamh an Bhéarla a bhí againn, bhí bunrútaí na Gaeilge agam.

(Ó Dúshláine 2018)

Is rud coitianta é seo i measc scríbhneoirí na Gaeilge nár rugadh leis an teanga, go n-aithnítear bunús láidir na Gaeilge ina chuid Béarla mar spreagadh dóibh. D'aithin Michael Hartnett an tréith chéanna sa teanga a bhí á labhairt timpeall air sa Chaisleán Nua Thiar, i Luimneach agus béim curtha aige ar an tréimhse a chaith sé lena sheanmháthair Brigid Halpin ina alt cáiliúil *'Why Write in Irish'* (1975). *'I had known a woman who embodied a thousand years of Gaelic history'* (Hartnett 1975: 8). B'amhlaidh taithí Alan Titley agus é ag fás aníos:

My grandmother's speech was peppered with words I had never heard before... We reach out our hands and we touch an Irish-speaking realm not all that long ago.

(Titley 2004: 13)

Tógaint trí Bhéarla a bhí ag Ceaití Ní Bheildiúin. Níor aithin sí aon tréithe den nGaelachas nó aon chion ar leith don gcultúr Gaelach faoi mar a dhein filí eile. Fágadh rian ar an bhfile, áfach, nuair a thuig sí go raibh file i measc a sinsir. Fuair sí amach tar éis di tosnú ar chumadh na filíochta go raibh gaol aici le file agus scríobhaí a mhair san ochtú haois déag: Micheál Óg Ó Longáin – sin-sin-sin-sinseanathair Cheaití. Chuaigh an t-eolas sin faoi shinsir an fhile go mór i bhfeidhm uirthi. *'Nuair a dheineas taighde air, bhíos an-thógtha leis, go rabhas ceangailte leis, chuir sé drithíní tríom saghas'* (Ní Bheildiúin 2018). Feictear an spreagadh a fhaigheann Ní Bheildiúin óna sinsir sa dán 'Ciumhais Mo Chuimhne'.

Canann sibh ar chiumhais mo chuimhne  
bhúr nglór fite fuaite le bualadh mo chroí  
sibhse mo shinsir, mo chine, mo dhúchas,  
sibhse ciall ársa bunrithim an tsaoil.  
(Púca Gan Dealramh 2010: 23)

Bhí tionchar láidir ag seanmháthair Áine Moynihan uirthi maidir leis an nGaeilge, cé nár imir an nasc sin tionchar uirthi go dtí gur fhreastail sí ar an gcoláiste. Bhí dúil ar leith ag a seanmháthair, arb as Deisceart Loch Garman di, sa teanga. Théadh sí isteach ar a rothar go Baile Loch Garman chun freastal ar ranganna Chonradh na Gaeilge agus d'éirigh léi an Ghaeilge a mhúineadh dá fear céile. Theastaigh óna seanmháthair an Ghaeilge a mhúineadh di féin ach cailleadh an tseanmháthair nuair nach raibh an file ach cúig bliana d'aois. Bhí tionchar ar leith ag a seanmháthair uirthi a thug í chun na teanga.

Nuair a tháinig se chuig ábhar a roghnú don ollscoil don chéim, chuimhníos ar mo sheanamháthair agus dáiríre is mar gheall uirthi go bhfuilim anso anois because dheineas é ar a son ní ar mo shonsa.

(Moynihan 2018)

Díol spéise na cúlraí teanga agus teaghlaigh a bhí ag an triúr filí Béarla sa staidéar (Justin Mac Cárthaigh, Maggie Breen agus Seán Sugrue) a chur i gcomparáid lena bhfuil aitheanta ag na filí Gaeilge thuas.

Labhair Mac Cárthaigh (2019) ina agallamh siúd mar gheall ar an muinín a cothaíodh ann maidir lena chumas teanga ó aois óg. Bhéimnigh sé na saindeiseanna a bhí aige an teanga a fhoghlaim agus an caipiteal teanga a bhí timpeall air agus é ag fás aníos, cé gur luaigh sé san agallamh nach raibh ardchumas teanga ag na daoine sin timpeall air.

Now ní raibh Gaoluinn chomh láidir aige but an rud a bhí seo i gcónaí ag rá ná bíodh aon eagla ort focal Béarla a úsáid istigh in abairt Ghaeilge agus ná bí ag éisteacht le éinne atá ag caitheamh anuas ar san. Thaitin an Ghaoluinn go mór leis.

(Mac Cárthaigh 2019)

Thug Seán Sugrue cuntas soiléir ar na cúiseanna a bhraitheann sé féin gur deineadh file de, cuntas a thagann lena bhfuil aitheanta ag filí mar Ní Mhóráin, Ó Siochrú agus Ní Shíthigh go speisialta.

I think I was influenced by two things. Number one schooling and then my family... My grandmother was always writing down songs off the radio. If we were in school and we learned a new song, she would make us sing it into a recorder. My grandmother wrote a poem with my neighbour about a pet lamb that was auctioned off... My grandfather used to tell jokes and get trophies for telling jokes at competitions etc. Maybe that is where it came from, growing up in that environment.

(Sugrue 2019)

Bhí cúlra teanga agus teaghlaigh na bhfilí seo an-tábhachtach ina múnlú mar fhilí. Aithníonn na filí go raibh tionchar ar leith ag comhluadar a dtuismitheoirí, a ngaolta agus a sinsear orthu sa bhaile. Is í an ghné is coitianta atá i gcomhpháirt ag na filí seo maidir lena dtógaint ná go raibh duine acu a bhí an-tiomanta don teanga a spreag iad chun na teanga nó duine a chothaigh a gcuid spéise sa chultúr Gaelach agus san fhilíocht. Tagann na torthaí seo le háiteamh Csikszentmihalyi (1999) agus Miller (2015) go bhfuil gaol idir an caipiteal cultúrtha atá ar fáil sa teaghlach agus an fhorbairt a dhéanann duine sa ghníomh cruthaitheach. Bhí eispéireas foghlama agus forbartha ar leith ag aon fhile dhéag sa bhaile. D'áitigh Gardner (1973: 249) gur minic a ghintear scríbhneoirí as teaghlaigh a bhfuil cúlra



liteartha mar chuid dá bhféiniúlacht. Tugtar *'concerted cultivation'* ar an sainiompar a bhíonn ag tuismitheoirí a chuireann an litríocht agus an litearthacht chun cinn, a thugann deis teagmhála don bpáiste gnéithe de chultúr áirithe a bhlaiseadh (Smyth 2016: 18).

Tharla sé i gcás filí áirithe, Ó Siochrú, Mac Conghail agus Ní Chinnéide, cuir i gcás, go raibh comhlúadar an *'expert'* ar fáil dóibh agus iad óg. Bhíodh filí agus scéalaithe sa tigh ag na filí seo agus iad óg agus ba mhór an cothú a thug an taithí sin dóibh ina múnú mar fhilí.

Tarraingíonn fianaise na bhfilí ceisteanna fíorthábhachtacha anuas maidir le múnú filí Gaeilge. An féidir file a chothú mura bhfuil rochtain acu ar chúinsí inspreagtha den saghas atá luaite ag filí an staidéir seo? An bhféadfadh filí nach raibh cúlra Gaeilge nó cúlra Gaelbhách acu an spreagadh céanna a fháil ar shlite éagsúla, cuir i gcás, ar scoil, gné dá taithí a aithníonn Ní Mhóráin mar thosca tábhachtach di féin?

Tá impleachtaí anseo maidir le hUíbh Ráthach, ceantar a bhfuil stádas fforlag ag an nGaeilge ann mar theanga teaghlaigh araon (Daonáireamh 2016). Agus sinn ag tabhairt léamha na gcriticeoirí agus léargais na bhfilí thuas san áireamh, tá impleacht spésiúil anseo (sna cleachtais teanga i réimse an teaghlaigh) maidir lena laghad filí atá ag scríobh sa teanga faoi láthair ann.

### **Spreagadh na Ceapadóireachta: claontaí agus cúinsí**

Léiríonn cuntais filí áirithe gur cothaíodh claonadh chun na scríbhneoireachta cruthaithí iontu ó bhíodar óg. Cé nárbh í an fhilíocht a scríobh gach file ar dtús, bhí bunús áirithe cruthaitheach acu nuair a thosnaíodar amach ar a gceird níos déanaí ina saol. Thug Ó Súilleabháin, Ní Bheildiúin, Ó hUanacháin, Ó Faoláin, Bushe, Ní Mhóráin, Mac Conghail, Ní Mhurchú agus Breen suntas do nós scríbhneoireachta a bheith forbartha acu go luath ina saol.

Chleacht Ó Faoláin nós na scríbhneoireachta ó aois óg cé nárbh í an fhilíocht a bhíodh á scríobh aige ar dtús. Thosnaigh sé amach ar nithe cruthaitheacha éagsúla ina leanbh bunscoile agus tháinig blúiríocha den bhfilíocht isteach agus é ina dhéagóir. Is léir go raibh féith na cruthaitheacha ann ó aois óg. Leag an nós scríbhneoireachta seo an cosán don bhfilíocht a scríobh níos déanaí ina shaol.

Nuair a bhíos óg, timpeall 8 nó 9 nó 10, bhí leabhar beag scríofa agam mar gheall ar “Superheroes” agus rudaí mar sin a cheapfainn agus scríobhfainn rudaí mar gheall orthu. Bhí saghas alter-egos agus rudaí mar sin ag an am i mo shaol...

(Ó Faoláin 2018)

Thosnaigh Bushe ag scríobh agus é sna déaga thart ar aois a chúig déag agus lean sé air go dtí gur chríochnaigh sé sa choláiste. Dá bharr sin, bhí nós láidir scríbhneoireachta aige cé gur chuir sé stad leis ar feadh cúig bliana déag nuair a chlis ar a chuid muiníne. *‘Déarfainn go gcailleas muinín asam fhéin agus níor scríobhas faic ar feadh cúig mbliain déag’* (Bushe 2018).

Thug sé le fios ina agallamh go mbíodh dúil i gcónaí aige i bhfocail. Tá an dúil sin le feiscint i saothar Bushe agus faightear léargas ar an dlúthghaol seo atá aige le focail go speisialta sa dán *‘Mirlíní’*. Déantar cur síos ar an gcuimilt a dhéanann an file ar na focail agus taispeánann a roghnú friotal gur le cion agus le grá a chaitheann sé leo.

Anois is arís tógaim den mhatal iad agus bím ag imirt leo mar mhirlíní...  
á rollú thart timpeall urlár m’aigne mar a rollfá réalta timpeall na spéire,  
mar a fhéachfá ar dhrúcht ag spréacharnaíl ar bhláth,  
mar a chuimileofá leannán, cneas ar chneas.  
(Gile na Gile 2005: 17)

D’áitigh Gardner (1973) go léiríonn scríbhneoirí tréith seo a ndúile i bhfocail go luath agus iad óg, go mbíonn dlúthchaidreamh forbartha acu le focail, ar an gcuma chéanna is a bhainfeadh páiste eile leas as bréagáin.

Future writers are enamoured with words and play with them in every situation. Authors tell of their early fascination with the signs of the Zodiac, their pouring over hieroglyphics, their playing with words as other children play with blocks.

(Gardner 1973: 284)

Is tríd an amhránaíocht a cothaíodh spéis Uí Mhóráin san fhilíocht. Cothaíodh a spéis i bhfocail agus i rithim na teanga tríd na hamhráin a d’fhoghlaim sí ar scoil. Bhíodh sé de nós aici a bheith ag cumadh amhrán. *‘Bhínn á gcanadh agus deireann mo dheirfiúr nuair a bhíos an-óg, bhínn ag cumadh agus ag portaireacht i gcónaí dhom fhéin’* (Ní Mhóráin 2018). Bhí caipiteal cultúrtha aici maidir le réimsí cruthaitheacha eile taobh amuigh den bhfilíocht a mhúnlaigh í agus a d’fhorbair mar dhroichead ó réimse cruthaitheach amháin go réimse eile.

Bhí baint láidir ag an léitheoireacht agus ag an scríbhneoireacht chruthaitheach do Mharia Uí Mhurchú agus í ag freastal ar an meánscoil. Chuaigh múinteoir Béarla a bhí aici, Sister Benedict go mór i bhfeidhm uirthi.

Dúirt sí “pé duine a scrígh an leabhar so, seas suas” agus bhíos mortified. Rud maith a bhí ann agus ní raibh a fhios agam. Dúirt sí “go raibh sé go hiontach ar fad. Cá bhfuairis an inspioráid?”. Bhíos ar muin na muice...Thosnaíos ag scríobh tar éis é sin.

(Ní Mhurchú 2018)

Fearacht Ní Mhurchú, bhéimnigh Mícheál Ó hUanacháin an tionchar a bhí ag múinteoir scoile air agus é i mbliain na hArdteiste. Ba ag an am seo a thosnaigh sé ag cumadh filíochta chomh maith.

D’fhág sé an séú bliain go hiomlán saor chun litríocht agus gearrscéalaíocht chomhaimseartha a chur ar ár súile againn agus úrscéalaíocht agus filíocht go háirithe... Do bhí sé sin go hiontach ar fad mar do leathnaigh sé an t-oideachas a bhí á fháil againn.

(Ó hUanacháin 2019)

Cothaíodh an bheirt fhilí thuas ag caipiteal cultúrtha i suíomhanna taobh amuigh den mbaile, suíomhanna inar roinneadh deiseanna leo an gníomh cruthaitheach a bhlaiseadh agus a chleachtadh. Léiríonn an fhianaise seo go bhfuil deiseanna eile ann mura bhfuil an luacháil chéanna sa teaghlach ar ghníomhartha cruthaitheacha ná ar an litríocht.

Bhí feidhm lárnach ag an scríbhneoireacht do Ó Súilleabháin agus í mar áis aige chun a chuid mothúcháin a bhainistiú. Bhreacadh sé nótaí ar imeall a chóipleabhair go minic ar scoil.

Nuair a bhínnse ag imeacht ar bóiléagar sa rang, bheinnse ábalta rudaí a scríobh ar imlíne an leabhair agus smaointe príobháideacha, grá éagmaise, aon ní, rudaí pearsanta, sin é guth an fhile.

(Ó Súilleabháin 2018)

Ar an gcaoi chéanna, bhí an chumadóireacht mar áis ag Ní Bheildiúin chun déileáil le heachtraí agus lena mothúcháin. Insíonn sí go raibh sí *‘an-shásta mar leanbh ach an-chiotarúnta mar dhéagóir’* agus go mbíodh sí ag cumadh amhrán i mBéarla, agus *‘teen angst’* mar mhórchuid de (Ní Bheildiúin 2018).

Bhíodh sé de nós ag Mac Conghail a bheith ag cumadh amhrán agus é ag fás aníos, sa bhaile agus ar scoil.

Thosnaíos amach le hamhráin thraidisiúnta - age baile agus ar scoil - agus is dócha na ranna is na píosaí gairide filíochta a bhaineann lenár gcultúr...

(Ní Ghearbhuigh & Mac Conghail 2014: 24)

Bhain Maggie Breen, file Béarla atá lonnaithe i gCorca Dhuibhne, leas as an scríbhneoireacht mar mheán éifeachtach chun déileáil lena smaointe. Bhain an scríbhneoireacht i gcónaí lena saol mar pháiste. Níor rud aduain é a bheith ag

scríobh. *'Bhíos i gcónaí ag scríobh. Nuair a bhíos an-óg, seacht, ocht. Is cuimhin liom a bheith faoi na blancaí ag scríobh le lampa'* (Breen 2019).

Tá fianaise na bhfilí ag teacht le léamha lucht critice. Baineann tábhacht le luaththaithí scríbhneoireachta i múnú an scríbhneora chruthaithigh; is trí phróiseas cleachtach a théann an scríbhneoir i bhfeidhm ar eilimintí seachliteartha na scríbhneoireachta (Oatley & Djikic 2017, Gardner 1984). Is suntasach gurb iad na filí nár labhair ar thábhacht an chúlra teaghlaigh mar thosca a mhúnlaigh iad a bhéimnigh an taithí a bhí acu ar scoil mar chúinse a spreag iad.

### **Móimint Tosaigh na Cruthaitheachta: An Chéad Dán**

Change, liminality, loss itself are always inspirational and are, perhaps, primary factors in the formation of the artist.

(Ní Dhuibhne 2004: 75)

Agus sinn ag plé na cúinsí a d'imir tionchar ar na filí agus iad ag fás aníos, ní mór aitheantas a thabhairt do mhóimint tosaigh na cruthaitheachta. Caithfidh file cinneadh a dhéanamh filíocht a cheapadh.

Thug cúigear filí le fios gur thosnaíodar ar an bhfilíocht a chumadh agus iad ina ndéagóirí.

Chuir Ó Muirheartaigh (2018) a chéad dán i bpár sa nuachtán "Inniu" agus é ar scoil mar chuid de chomórtas filíochta a bhí ann.

Ba iad na céad dánta a chum Bushe ná dán a chum sé do chleachtas scoile a bhain le háilleacht an tírdhreacha i gCorca Dhuibhne. Chum sé dán trí Ghaeilge agus é ar saoire i bhFiannait, Chiarraí Thuaidh – *'dán rómánsúil faoi thitim na hoíche ag féachaint ar shléibhte Chorca Dhuibhne'* (Bushe 2018).

Fearacht Bushe, thosnaigh Mac Conghail ar an bhfilíocht agus é sna déaga. Níorbh aon rud rialta é ach go raibh sé de nós aige amhráin agus dánta a scríobh ó am go ham. Bhraith sé gur dhual dó an scríbhneoireacht. *'Bhí an scríobh rud i mo cheann gur thaitin an scríobh liom nó gur gá dom scríobh'* (Mac Conghail 2019).

Is cuimhin le Justin Mac Cárthaigh, file a chumann trí Bhéarla den gcuid is mó, gur thosnaigh sé ar an bhfilíocht Oíche Nollag agus é naoi mbliana déag d'aois. Bhain sé leis an tréimhse ina raibh sé féin an-tógtha le filíocht Phatríck Kavanagh. *'Oíche Nollag nuair a bhíos 19. Ní cuimhin liom an ábhar. 1990 shuíos síos oíche Nollag agus scríobhas dán'* (Mac Cárthaigh 2019).

Thug beirt fhilí le fios sna hagallaimh gur thugadar faoi dhán a chumadh den gcéad uair mar bhronntanas do ghaol teaghlaigh nó cara leo. Chum Ní Chinnéide a céad dán do bhreithlá a hathar nuair a bhí sí dhá bhliain déag d'aois. '*...dá bhreithlá nuair a bhíos dhá bhliain déag d'aois. Theastaigh uaim dán a scríobh dó*' (Ní Chinnéide 2018). Chum Mulcahy a chéad dán dá bhean chéile Lisbeth, nuair a bhí sí 60 bliain d'aois agus fuair sé aiseolas an-dearfach ina thaobh. Is de dhlúth agus d'inneach na filíochta an bronntanas a bhronnadh ar dhuine dar le Hyde (2012). Baineann an gníomh seo le próiseas na filíochta; go gcaitear an gníomh a choinneáil '*in motion*' (Hyde 2012: 148).

Is díol spéise an suntas a thug ochtar filí sna hagallaimh do ról an mhothaithe ina spreagadh mar fhilí, cúinse cumhachtach a bhaineann go dlúth le teoiric 'geite' Sheáin Uí Ríordáin ina réamhrá cáiliúil d'*Eireaball Spideoige* (1952). Bhéimnigh sé tábhacht na geite i gcothú na filíochta agus mhaígh nach féidir an fhilíocht a chumadh gan an gheit seo. '*Ní saolaítear dán gan beo-gheit*' (ibid 1952: 13). Dar leis go bhfuil gá leis an '*báidhmhachnamh*' idir an duine féin agus rud eile nó duine eile lasmuigh de, faoi mar a dhéanann páiste óg, '*ar threo nár ghaibh sé...mar níl aon bhlas ag an duine ar a bhlas féin*' (ibid 1952:13). Shamhlaigh sé tábhacht le meon anama an linbh a bheith ag an duine chun go mblaisfidh an duine sin taithí duine nó rud eile. '*Go ngineann cuimilt geit – cuimilt idir an chuid is ingheite dínne agus an chuid is ingheite de rud eile*' (ibid 1952: 13).

Tagann léamh Uí Ríordáin agus fianaise thuasluaite fhilí an staidéir seo go mór leis an méid a áitíonn Anna Abraham (2018) ina saothar 'The Neuroscience of Creativity' agus tuiscint á soláthar aici ar adhaint thosaigh an phróisis chruthaithigh.

The start of the creative process was often marked by a “seed incident”, referring to an event the author personally experienced or encountered through somebody else or read about. The seed incident was experienced as being overwhelming, haunting, touching or intriguing.

(Abraham 2018: 208)

Dar le Ó Dúshláine go mbaineann an fhilíocht go dlúth lenár mothúcháin. Is iad na móreachtraí a thiteann amach inár saol a spreagann sinn. Bíonn feidhm ag an gcumadóireacht chun na mothúcháin agus ár n-eispéiris phearsanta a chur faoi smacht éigin.

Téimid i leith na filíochta nuair atá an mothú, an tráma, an t-eispéireas chomh mór sin, gur deacair friotail a chur air. Sna rudaí is mó, na mórcheisteanna, bás agus

beatha, rudaí beaga díomá, grá. Bíonn tú ag lorg ionchollú nó próca nó rud éigint a chuirfeadh fráma nó friotail nó crot nó míniú ar an rud sin a ghoileann an-mhór ort nó a bhogann an-mhór ar shlí amháin nó ar shlí eile tú.

(Ó Dúshláine 2018)

Deir Ní Mhóráin gur eilimintí doscartha iad a cuid mothúcháin sa phróiseas cruthaitheach. Ní féidir leis an bhfile dán a chur ar pháir mura dtéann rud éigin i bhfeidhm uirthi.

Chaithfeadh gné áirithe dho dul i bhfeidhm ar mo mhothúcháin. Chaithfeadh tarrac mothálach éigint a bheith ag an rud a scríobhfainn air... Is dócha go bhfuil sé i dteideal mo leabhair, go bhfuil sé i gcochall mo chroí, rudaí a théann i bhfeidhm ar an gcroí a théann i bhfeidhm ormsa.

(Ní Mhóráin 2018)

Labhair sí ina hagallamh siúd faoi thogra a dhein sí mar gheall ar stair agus ar nósanna a bhain leis na cillíní (áit a gcuirtear leanaí neamhbhaistithe) ar thrí leithinis: Béarra, Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach. Is mar gheall ar an ngné mhothálach seo a tháinig an cnuasach *'Glórtha ón gCillín'* le chéile. Chrom an file ar an bhfilíocht mar ábhar sólais chomh maith nuair a fuair a cara agus a comhfhile Domhnall Mac an tSíthigh bás ar an 9ú Meitheamh 2017. Ba ghá di dán a scríobh mar gheall air agus an pobal ar fad *'in umar na haimléise'* (Ní Mhóráin 2018)

Bé ár mBréanainn é, ár ngaiscíoch, ár laoch, ár nGael-laoch thar na bearta, ár gcara, ár gcomhfhile a bhí páirteach linn i gceardlanna scríbhneoireachta an Dísirt i dteannta an Moinsíneoir, i bhféilte agus in an-chuid rudaí eile.

(Ní Mhóráin 2018)

Faightear léargas úr ionraic ar ghoilliúint agus ar fhulaingt Uí Mhóráin tar éis dá cara imeacht ar shlí na fírinne sa chaoineadh 'Danny'.

Thall sa Phortaingéil a tharla an tubaiste  
nuair a bhuail amhailt toinne an Naomh Gobnait  
d'iompaigh sí béal fúithi i mbun abhann na Minho  
is chaith an criú calma i bhfiantas fuar na farraige  
Bhí an nae ag druidim, go mall, chun tíre  
an ceathrar gaiscíoch ar crochadh léithi  
ach ainneoin focail mhisnigh a pháirtithe  
d'éag Danny leis an bhfuacht, go síochánta

(I gCochall mo Chroí 2017: 18)

Deir Ó Siochrú go mbíonn dánta áirithe nach féidir leis iad a fhágaint gan iad a scríobh. *'An dtuigeann tú go gcaitear dánta áirithe a scríobh?'* (Ó Siochrú 2018). B'éigean dó, mar a dúirt sé ina agallamh siúd, an dán 'Féileacán' a scríobh. Baineann an dán le tubaiste a tharla d'fhear óg gaolmhar leis a bhíodh gan dídean ar shráideanna Chathair Luimnigh.

Cailleadh é mar ar thit  
Ar chlábar chúlsráide  
Ar na sráideanna a mhair sé  
Is, uaireanta, i mbathlach mór  
Gan dóirse gan fuinneoga  
Le hainniseoirí eile  
Is as sin a shiúil sé amach  
Oíche ghoinideach sheaca  
Ach dhearúd sé  
Gur ar an gceathrú húrlár  
A bhí roimhe titim dó.  
(Feileachán, Rachlas 2015: 22)

Ní hamháin mar sin go mbíonn mothúcháin chun cinn sa phróiseas cruthaitheach ach bíonn gá éigin ag filí leis an gcumadóireacht chun tuiscint a chur ar *'an tráma'* sin a luann Ó Dúshláine (2018).

Díol spéise é go ndeachaigh Mulcahy (2018) i muintín na scríbhneoireachta le linn an chúlú eacnamaíochta, mar a raibh an-bhuairt ag baint lena shaol teaghlaigh agus lena ghnó féin. Dhein sé cur síos ionraic ar a mhothúcháin agus ar an suaitheadh a bhraith sé ag an am san agallamh. Bhí dua ag an bhfile codladh istoíche dá bharr an bhrú a bhíodh air le linn na tréimhse sin. Thug an fhilíocht gléas dó déileáil leis na mothúcháin seo.

Bhí orm redundancies a bheith againn luath sa chúlú san agus bhí sé chomh holt nach rabhas ábalta codladh istoíche – bhíos tosnaíthe ag an am san ar an bhfilíocht.

(Mulcahy 2018)

Is é tuairim Mulcahy (2018) ná go mbláthaíonn na healaíona le linn tréimhsí dúshlánacha agus nár tháinig aon stad leo le linn an chúlú eacnamaíochta in Éirinn. *'...an drocham atáimid díreach tagtha tríd, gur dhein an healaíona saghas flourishing'* (Mulcahy 2018). Tá sé seo an-spéisiúil i gcomhthéacs an taighde seo nuair a chíortar blianta foilsithe chéadchnuasach na bhfilí. D'fhoilsigh cúigear filí a gcéadchnuasach le linn bhlianta an chúlú eacnamaíochta anseo in Éirinn. Ardaíonn an feiniméan seo ceisteanna spéisiúla maidir le feidhm na cumadóireachta mar mhodh éifeachtach chun déileáil le deacrachtaí nó dúshlán sa saol.

Díol iontais, b'fhéidir, an t-ionad suntasach a thug filí an staidéir seo do thionchar an bháis mar cheann de na gnéithe a mhúnlaigh iad le bheith ina bhfilí.

B'é an bás agus an cailteanas ba chúis le céad dánta Uí Fhaoláin, Uí Uallaigh, Uí Shiochrú, Uí Uanacháin, Mhic Conghail agus Sugrue. Labhair Ó Faoláin (2018) ar thubaiste uafásach inar bádh dlúthchara leis san Afraic. Tháinig an fhilíocht

chuirge mar mhodh chun déileáil lena chuid mothúcháin. B'ait leis gur trí Ghaeilge a tháinig na mothúcháin seo (Ó Faoláin 2018).

Ní thosnaíos ag scríobh go dtí 1999 agus bhí mar a deirtear sna scannáin 'an exciting incident'... Bhíos ag dul as mo mheabhair ach thosnaigh píosaí filíochta ag teacht isteach sa cheann agus an rud is aite fúthu go rabhadar as Gaelainn, más mar sin atá, sin mar atá.

(Ó Faoláin 2018)

Thosnaigh Ó hUallaigh ar an bhfilíocht tar éis do roinnt daoine dá chomharsan '*clann na seanamhuintire*' imeacht ar shlí na fírinne. Ba ghairid roimhe sin ar cailleadh athair leis. '*Spreag na daoine sin na céad dánta*' (Ó hUallaigh 2018).

Chuir Ó Siochrú (2018) peann ar phár agus é ina oibrí ag an Aerfort i gCorcaigh '*nuair a d'imigh eitleán síos as cuan Loch Garman...cailleadh gach aon duine ar bord – 57 agus an criú*'. Aithníonn sé ról Sheáin Uí Thuama mar spreagadh. '*Am éigin sna seachtainí ina dhiaidh san, chuireas mo chéad cúpla líne ansan mar gheall ar an dtubaist*' (Ó Siochrú 2018). Is spéisiúil nach raibh ceantar Uíbh Ráthaigh ina phríomhfhoinsé spreagtha ag an bhfile.

Chum Mac Conghail a chéad dán mar gheall ar bhuachaill ar bhuail carr é agus a maraíodh agus é ag sa mheánscoil.

An chéad 'dán' a scríobhas, 'sé sin, uaim féin asam féin ná ar an meánscoil... bliain a dó b'fhéidir? Maraíodh buachaill a bhí sa rang linn. Leagadh dá rothar é ós comhair na scoile. Bhí gach saghas ruda mícheart faoi sin - ach, anyway scríobhas dán fé... sin mar a thosnaigh.

(Ní Ghearbhuigh & Mac Conghail 2014: 24)

Chrom an file Béarla Seán Sugrue ar an bhfilíocht den gcéad uair tar éis dó a sheanmháthair a chailliúint. Thug an fhilíocht modh dó déileáil lena mhothúcháin agus é ag taisteal abhaile ar bhus chun a tórraimh. '*In 2011 when my grandmother died, I wrote a poem about her. I was on a bus travelling home, I was writing to keep me occupied*' (Sugrue 2019).

Thosnaigh Ó hUanacháin ar an bhfilíocht toisc gur spreagadh é ag an gcogadh sa Chongó. Bhí scéal an chogaidh timpeall air agus é ag fás aníos. I gcodarsnacht le Ó Faoláin, ba i mBéarla a chum sé a chéad dán.

Tharla sléacht Niemba nuair a cailleadh Diarma, saighdiúirí Éireannacha a bhí ar dualgas leis na náisiúin aontaithe le linn fadhbanna an Chongó ansin. Sin a spreag an dán sin agus frása a bhí léite agam gan mórán céille a bhaint as dáiríre.

(Ó hUanacháin 2019)



Is de bharr cúinsí éagsúla a bhain go dlúth le mothúcháin an fhile a chum deichniúr filí a gcéad dán. Is toradh suntasach é an claonadh i gcomhpháirt a bhíonn ag filí tarraingt ar an bhfilíocht mar fhuascailt nó mar shlí le creatlach a chrochadh timpeall a dtaithí saoil. Bhraith an Ríordánach go ‘ngeiteann’ an Bás sinn níos luaithe ná aon rud eile agus a spreagann chun paidreoireachta sinn (Ó Ríordáin 1952: 13). Is spéisiúil mar sin gur faoi thionchar an bháis a tháinig seisear de chuid filí an staidéir seo chun na filíochta.

Ardaíonn na torthaí seo ceisteanna maidir leis an tionchar níos leithne a d’fhéadfadh a bheith ag an bhfilíocht féin mar mhodh teiripe nó mar mheán cumhachtach le cabhair a thabhairt do dhaoine. Thóg Ó Dúshláine suntas don bhfeidhm seo in agallamh. Is de dhlúth na filíochta an cleachtas meabhrach seo. Leag sé béim ar an bhfocal ‘*tráma*’, go ngabhann an file leis an bhfilíocht chun déileáil le heispéireas an tráma sin.

Sílim go bhfreastalaíonn an ealaíon, agus ealaíon na bhfocal is ea an litríocht agus go labhraíonn an fhilíocht agus go suanaíonn sé sinn faoi mar a dheineann an ceol. Deineann an ealaíon, agus ealaíon na bhfocal níos mó cumarsáid leis an nduine aonair ina chroí istigh, sin ealaíon ag an leibhéal is airde... Bhíos i gcónaí ag scríobh mar is dóigh liom gur saghas therapy is ea bheith ag scríobh, you know write it out like... Cathain a d’úsáid tú riamh an fhilíocht i do shaol? Nuair a maraíodh do chat, nuair a fuair do sheanathair bás, nó rud éigin...

(Ó Dúshláine 2018)

Labhair Bushe (2013) ar an sólas a thugann an fhilíocht dó déileáil le deacrachtaí meabhairshláinte ina shaol. Is tríd an bhfilíocht a éiríonn leis an phian a mhaolú cé go ndeir sé go dtarlaíonn an mhalairt uaireanta. Is trína chaidrimh phearsanta lena bhean chéile agus lena chlann a théann sé i ngleic le tréimhsí dúshlánacha ina shaol.

I do unfortunately carry a 'blackness within; it is sometimes fairly overwhelming. For many years I tried to escape from it in alcohol, with disastrous results. Intense engagement with poetry certainly can alleviate it, but sometimes I cannot engage with poetry because of it. Perhaps I am on a permanent pilgrimage away from this darkness. Love, family - with both of which I have been blessedly lucky - are also great healers, the primary ones, in fact.

(Bushe 2013: 101)

Níor bhraith Ó Faoláin go raibh rogha ar bith aige ach na mothúcháin a scaoileadh amach gan choinne i bhfoirm filíochta. ‘*Bhíos ag dul as mo mheabhair ach thosnaigh píosaí filíochta ag teacht isteach sa cheann*’ (Ó Faoláin 2018).

Labhair Ní Mhurchú (2018) go hoscailte ina hagallamh siúd ar thréimhsí deacra ina saol mar a raibh sí ag fulaingt ó ghalar meabhairshláinte agus dúshláin

éagsúla ina saol. Thug sí aitheantas don tionchar a d'imigh gnéithe den ngalar uirthi, go háirithe ar a cleachtas mar fhile. Bhéimnigh an fheidhm a bhíonn ag bé, nó fear a chonaic sí oíche amháin, mar inspioráid di agus dá cuid scríbhneoireachta.

Faighim inspioráid ón fear so, saghas muse is ea é. Nuair a bhíos san ospidéal ar feadh sé seachtaine i 2001, nuair a thána amach... Bhíos a rá liom fhéin, chailleas mo thigh, ní raibh aon jab agam, chailleas é sin, níl faic fágtha agam, this is it...Bhí an fear so ag teacht chugam agus bhí bicycle aige, nuair a chonac é, d'oscail neamh cheapas agus tharla rud éigin domsa. Chuaigh mo lámh mar seo agus mo cheann siar. Tháinig splanc trí mo chorp ar fad agus thiteas i ngrá leis an bhfear so. Táim ag cuimhneamh air fós agus scríobhaim dánta mar gheall air fós.

(Ní Mhurchú 2018)

Anuas ar scéal bhás a mháthar críonna, luaigh Seán Sugrue gur thosaigh sé i gceart ag cumadh na filíochta tar éis dó tréimhse trí seachtaine a chaitheamh san ospidéal agus é ag fulaingt ó ghalar meabhrach. Ba mheán é an fhilíocht dó mar theiripe chun deileáil lena raibh ag tarlúint ina shaol.

I am affected by bipolar disorder and I spent three weeks in hospital. Not long after coming out of hospital, one night my thoughts started coming in rhyme, so I just started writing them down. It was very much as a therapeutic exercise.

(Sugrue 2019)

Ní hamháin gur féidir leis an bhfilíocht a bheith mar mheán tábhachtach a chothaíonn folláine agus dea-shláinte an fhile féin ach is féidir dea-thionchar a bheith aici ar an bpobal trí chéile, dar le Maggie Breen.

Braithim fhéin gur uirlis an-mhaith chun deileáil le rudaí. Tuigim féin an chabhair a bhí ann domsa... Tháinig duine chugam agus dúradar liom, b'fhéidir go rabhas ag scríobh fén galar dú agus dúradar tá an rud céanna agam agus chabhraigh do dhán dom.

(Breen 2019)

Tharraing an Dr. Seaghan Mac an tSionnaigh aird ar an bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfilíocht mar ardán chun cúrsaí meabhairshláinte a phlé agus é ag caint ar an úsáid mheafarach a bhaineann an file Séamus Barra Ó Súilleabháin as an gcarachtar 'Dónall Dubh' i gcnuasach Uí Shúilleabháin *'Beatha Dhónaill Dhuibh'* (Cló Iar-Chonnacht 2016).

Rather, I would prefer to characterise him [Dónall Dubh] as a jealous, gun-toting, street-fighting terror, serving in most instances as an analogy for depression, or *An Galar Dubhach* as it is termed in the title of one of the poems. And during this period of Irish history wherein the debate on mental health has only just begun, multi-faceted fictional Dónal, along with the arts in general, may represent arguably the most effective medium to provoke discussion of the issue.

(Mac an tSionnaigh 2017: 2)

Dar le Abraham (2018) go dtéann mothú an fhile ag am na cumadóireachta i bhfeidhm ar an léitheoir féin nuair a léitear an dán, agus gurb iad na dánta is mó a bhfuil mothúcháin íogaire an fhile ag baint leo is mó a chothaíonn athfhreagairt mhothálach sa léitheoir.

Specific emotional states of the writer at the time of creative ideation can induce the same emotional states in the reader when they read the product of this inspiration.

(Abraham 2018: 205)

Tugann léamha Abraham (2018) bunús dúinn a bheith ag cuimhneamh ar an tairbhe mothálach agus pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ag filíocht na Gaeilge ar léitheoirí, anuas ar a thionchar ar na cleachtóirí féin. Tá poitéinseal ag an bhfilíocht a mbíonn mothú láidir i gceist léi dul i bhfeidhm ar bhealach níos treise fós ar an léitheoir.

Dar le Abraham (2018) go bhfuil gaol fadaitheanta idir sláinte meabhrach, galar meabhrach agus an chruthaitheacht liteartha. Níl fianaise iomlánaíoch bailithe go fóill ar an ngaol eolaíoch idir claonta cruthaitheacha agus galair mheabhracha (Abraham 2018: 204). Is díol suntais fós a mhinice agus a bhuaileann an galar dubhach scríbhneoirí cruthaitheacha agus an leas a bhaineann siad as focail mar shlí le bisiú. Dár ndóigh, treisíonn an gaol seo an t-áiteamh leanúnach sa chaibidil seo gur gné dhoscartha de phróiseas cruthaitheach fhilí iad a gcuid mothúchán.

Tagann taithí na bhfilí agus léamha lucht critice maidir leis an gceangal idir an gníomh cruthaitheach agus cúrsaí folláine le béimeanna beartas náisiúnta anseo in Éirinn. Tugadh faoi deara sa ransú ar phríomhbheartais rialtais agus eagrais státmhaoinithe go bhfuil béim mhór lárnach á leagan ag eagraíochtaí agus ag polasaithe áirithe ar an tairbhe a imríonn cleachtadh na cruthaitheachta ar fholláine an duine.

Féach, mar shampla, a bhfuil ráite i bpríomhchlár caipitil an rialtais 'Tionscadal Éireann 2040': *'Arts and culture function as a robust social infrastructure and underpins individual wellbeing'* (Rialtas na hÉireann 2019: 6).

The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement...

(Éire Ildánach 2017: 7-11)

A healthy cultural and creative life is important for both the individual and for society. Participation in cultural activities can enrich our lives. Providing opportunities for wider and richer cultural and creative participation can also

contribute to community cohesion and reduce social exclusion and isolation, leading to more resilient and sustainable communities.

(Rialtas na hÉireann 2020: 10)

Tuilleann an fhianaise seo ó na filí agus na béimeanna seo i bpríomhbheartais an rialtais aird ar leith, go háirithe, agus ceisteanna á gcur agus tacaíocht á lorg do chleachtadh na filíochta nó na n-ealaíon go ginearálta. Níor mhór do chinnirí cultúir agus d'fhill féin an tionchar ilréimseach seo a aithint agus a bhéimniú go háirithe agus aon phlé á dhéanamh maidir le maoiniú na filíochta amach anseo.

Tá míréir ann, áfach, maidir le béimeanna na gclár náisiúnta agus cleachtais agus polasaithe agus cur chuige na n-eagras atá ag obair ar an talamh. Cuir i gcás nach luaitear buntairbhe na n-ealaíon don duine aonair nó d'fholláine an duine aon áit i straitéis na Comhairle Ealaíne 'Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)'.

Bíonn feidhm lárnach phobail ag Comhairle Chontae Chiarraí agus a nOifig Ealaíon maidir leis an dá réigiún Gaeltachta atá faoi staidéar anseo. Níl aon scéim ag Oifig na nEalaíon i gComhairle Chontae Chiarraí a chuireann ar chumas ealaíontóirí tograí a dhéanamh i suíomhanna nó ionad cúraim do sheandaoine nó daoine atá ag fulaingt le tinneas meabhrach, cuir i gcás. Baineann líne amháin leis an gceist i straitéis Ealaín na Gaeltachta (2018 – 2022):

Lena chois sin, tá tionchar intomhaiste ag na healaíona Gaeltachta ar an eacnamaíocht áitiúil agus náisiúnta, ar shláinte agus folláine, ar an sochaí agus ar an oideachas.

(Ealaín na Gaeltachta 2018: 17)

Cé go leagtar béim ar an tionchar níos leithne seo a imríonn na healaíona ní léir go bhfuil sé san áireamh sa phleanáil ná i scéimeanna maoinithe na n-eagras seo. Níl aon chritéir leagtha síos maidir leis an tionchar a d'imreodh an togra ealaíne atá faoi mheas sa scéim 'Scéim Forbartha na nEalaíon' ná mar chuid de 'Scéim na bhFéilte' ag Ealaín na Gaeltachta. Bíonn ar an iarratasóir fianaise a chur ar fáil go bhfuil plean soiléir d'fhorbairt an lucht féachana ach ní dhéantar trácht do thoscaí sláinte, folláine ná eacnamaíocha.<sup>11</sup> Tá míréir an-shuntasach idir an tosaíocht a thugtar don rannpháirtíocht agus don fholláine i bhfreagraí na bhfilí, sna polasaithe náisiúnta agus an easpa béime a chuireann An Chomhairle Ealaíon, Ealaín na Gaeltachta agus na cinnirí cultúir áitiúla ar mhianach nó tionchar seo na filíochta. Níl aon scéim ag Éigse Éireann (Poetry Ireland) ach an oiread a

---

<sup>11</sup> <https://ealain.ie/tacaiocht-ata-ar-fail/>

thugann aitheantas do ról na filíochta maidir le folláine. Ní bhíonn an t-ábhar seo i gceist le scéimeanna Fhoras na Gaeilge ach an oiread.

Ní théitear i ngleic leis an gceist seo agus leis na féidearthachtaí a bhaineann leis in aon eagrais a phléann go sainiúil le filí na Gaeilge nó in aon eagrais a phléann le scríbhneoirí go ginearálta. Ní bhíonn gníomhaíochtaí mar seo á gcur chun cinn ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne ná ag Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh go háitiúil ach an oiread.

Agus plé déanta ar ról an teaghlaigh agus ar mhothúcháin an duine i spreagadh agus i gcothú na filíochta, féachfar anois ar chúinse tábhachtach eile a labhair filí air mar chothú dóibh: an dlúthghaol a bhraitear leis an tírdhreach agus an dúlra áitiúil ina gceantar.

### **An Tírdhreach agus An Dúlra**

Tá na ceangail shíceolaíochta agus shamhlaíochta idir an scríbhneoir Gaeltachta agus a réigiún agus a phobal dúchais le brath go láidir... is é an ní is suntasaí faoi go leor de litríocht nua-aoiseach agus de litríocht chomhaimseartha na Gaeilge ná an chaoi a dtiontaíonn an tionscnamh tóraíochta [ar an dúchas] ina thionscnamh féinaithe agus féinmhínte.

(Nic Eoin 2005: 255-283)

Is díol spéise é gur labhair ochtar as measc na bhfilí sa staidéar seo go sonrath mar gheall ar an dtarraingt a bhíonn ag an nádúr agus ag an tírdhreach orthu mar chothú dá gcuid filíochta (Bushe, Ní Chinnéide, Ní Bheildiúin, Ó hUallaigh, Ní Mhóráin, Ní Mhurchú agus Ó Siochrú). Bíonn an nádúr agus an tarraingt a dhéantar ar an taobh tíre mar ghné lárnach de chleachtais na bhfilí seo agus den spreagadh a chuireann chun pinn iad. Ach ní gaol simplí fisiciúil ná aeistéitiúil atá i gceist leis an tírdhreach, mar a gheofar amach thíos.

Léirigh an tOllamh Gearóid Denvir (2005) ina aiste *'From Inis Fraoigh to Innisfree... and Back Again? Sense of Place in Poetry in Irish since 1950'* gur téama lárnach de chuid nuafhilíochta na Gaeilge trí chéile é an dinnseanchas agus an t-ómós áite. Is suntasach, dar leis, go dtarraingíonn filí ar áiteanna ar leith tíre mar a bheadh *lieux sacrés* – áiteanna nach iad a gceantair dhúchais féin iad i gcónaí. Is é sin le rá gur trí lionsa eolas an fhile ar oidhreacht áite nó a g(h)aol le háit a théann an áit i bhfeidhm air. Ní bhaineann sé díreach le teagmháil a bheith ag an duine leis an tírdhreach. Tagann fianaise fhilí an staidéir seo leis an gclaonadh a d'aithin Denvir chomh maith.

Bíonn ról lárnach ag ceantar Uíbh Ráthaigh agus ag an tírdhreach i saol príobháideach agus saol gairmiúil an fhile, Paddy Bushe. Shocraigh sé teacht chun cónaithe go hUíbh Ráthach agus é *'ar thóir sléibhte agus farraige'* (Bushe 2018): Mar sin, is fíor gurb í an tírdhreach inti féin a mheall ar dtús é. Tharla go raibh post ar fáil in Uíbh Ráthach ag an am. Dúirt sé, áfach, gur trí sheans gur in Uíbh Ráthach a lonnigh sé féin, agus Fíona, a bhean chéile mar d'fhéadfadh sé a bheith i gCorca Dhuibhne ach nach raibh fostaíocht mar mhúinteoir ar fáil ann ag an am (Bushe 2018). Maidir leis an bhfilíocht, tá tábhacht nach beag ag baint leis an dúthaigh. Cé nach é an tírdhreach áitiúil in Uíbh Ráthach amháin a bhíonn mar spreagadh ag Bushe, is rímhinic a tharraingíonn an file ar an gceantar ina shaothar.

Eascrann beagnach gach rud a scríobhaim as áit. Eascrann agus d'eascair an-chuid as an áit seo in Uíbh Ráthach... B'fhéidir nach mbím ag scríobh faoin áit ach samhlaím an-chuid des na dánta a scríobhaim, samhlaím iad a bheith ag teacht as ithir in áit faoi leith, as an aeráid, as an áit fhéin.

(Bushe 2018)

Tarraingíonn Bushe go minic ar an miotaseolaíocht a bhaineann le ceantar Uíbh Ráthaigh ina shaol agus ina shaothar. *'an scéal bunaidh a bhíonn in an-chuid dem chuid filíochta, scéal Aimhirghin agus Clanna Mhíle...'* (Bushe 2018).

Imaginatively, also, the whole Milesian myth, especially the Amergin poem, became enormously important to me, after I discovered that my house overlooked his landing place, the shoreline where he declaimed his famous appropriation of Ireland. So yes, imaginative probing of territory has been, and remains, central to my poetry, even when I'm writing about politics, love or other things with no obvious connection to any particular territory.

(Bushe 2013: 99)

Deirtear sa Leabhar Gabhála gur tháinig Aimhirghin i dtír gar do Bhá na Scealg mar ar thug sé an fhilíocht go talamh na hÉireann den gcéad uair agus é ag glacadh seilbhe ar an tír. Is minic an scéal seo agus pearsanra Chlanna Mhíle mar ábhar inspioráide ag Bushe. Samhlaíonn Bushe pearsa Scéine, bean chéile Aimhirghin sa dán 'Freagra Scéine' mar fhreagra ar laoi Aimhirghin agus é ag teacht i dtír in Éirinn.

Más tusa gaoth na mara  
Is mise an fharraige om shearradh féin féid leoithne  
Más tonn Díleann thú  
Is sliogán folamh mé ag tnúth led theacht  
Más tú gáir na stoirme  
Is mé lapadaíl na taoide i mbrothall nóna  
(In Ainneoin na gCloch 2001: 2)

Mar chine isteach a tháinig Bushe chun cónaithe sa cheantar agus tá seans ann go raibh feidhm ag na naisc seo mar éascú ar phróiseas dlisteanaithe an fhile lena cheantar. Go deimhin labhair Bushe ar an mbeith istigh d'eachtrannaigh a d'aithin sé mar shainghné de théacsanna mar Aimhirghin agus an Leabhar Gabhála ag Éigse na Brídeoige 2019.<sup>12</sup> D'aithin Denvir an tionchar láidir a imríonn tírdhreach agus scéalta miotais ar an ionannú is féidir le duine a dhéanamh le ceantar nach é a cheantar dúchais é.

Landscape is personal and tribal history made visible. The native's identity - his place in the total scheme of things - is not in doubt, because the myths that support it are as real as the rocks and the waterfalls he can see and touch.

(Denvir 2005: 108)

Labhair Bushe in agallamh a dhein sé do Poetry Ireland Review (2013) ar an easpa muiníne a bhraith sé ar feadh tréimhse nuair a d'éirigh sé as an bhfilíocht a scríobh in aois aon bhliain is fiche. Dar leis gurb í leithinis Uíbh Ráthaigh agus a spreag arís é chun na filíochta.

I am still not sure why I stopped. I suppose I could say I was timid, and lacked confidence; but that was still true when I started to write again, and remains true to this day... Maybe I needed the rooting which living in the Iveragh peninsula gave me, in order to let my imagination blossom from a soil which was both real and imaginatively alive to me.

(Bushe 2013: 96)

Má dhein Bushe *'rooting'* i gceantar Uíbh Ráthaigh ba léir feidhm shamhlaíoch ag an tírdhreach ar an bhfile: *'a soil which was both real and imaginatively alive to me'* nó i bhfocail Denvir faoi thábhacht tírdhreachanna (2005: 108) *'the myths that support it are as real as the rocks and the waterfalls'*. Ba shuntasach an tionchar a bhí ag aistriú tíreolaíoch agus ar phróiseas cur in aithne a dhéanamh le tírdhreach a bhaile nua.

Baineann tábhacht le ceantar Uíbh Ráthaigh agus le Baile 'n Sceilg do Ó Siochrú chomh maith fiú tar éis dó a bheith ag maireachtaint i gCaisleán Uí gConaing, Luimneach le caoga bliain. Tugann sé aitheantas ar leith dá dhúthaigh dúchais, Baile 'n Sceilg mar thobar inspioráide agus féiniúlachta. Is ábhar suime é go mbunaíonn an file cuid mhór dá shaothar agus dá fhéiniúlacht ar a cheantair dúchais cé gur annamh a fhilleann sé abhaile ann.

Sin mo chúlra... Ní theastaíonn uaim imeacht uaidh. Sin mo dhúchas, sin mo chúlra. Cé nach bhfuilim lonnaithe ann, is cuma san. Táim lonnaithe ann im aigne, gach lá

---

<sup>12</sup> Foinse: láithreacht phearsanta an láithreora.

is gach oíche, gan aon dabht ar bith. Ní fhéadfainn imeacht uaidh... tá sé mar bhonn dem chuid filíochta, sin an áit a spreag mé ar dtús, sin an rud is dócha.

(Ó Siochrú 2018)

Mheall dlúthghaol Uí Shiochrú le hoidhreacht agus seanchas a cheantar dúchais an cnuasach 'Scáil an Scéil' (Coiscéim 2019). Tá ceithre dhán is seasca dírithe ar na scéalta a bhailigh Séamus Ó Duilearga ó Sheán Ó Conaill. Sampla de dhán a tharraing go speisialta ar an taobh tíre agus ar ábhar oidhreachtúil Uíbh Ráthaigh ná 'Cladach Diaganta'.

Marcach na Bearn Deirge  
ar each sliogánach rua  
ag imeacht sna feirglinnte...  
síosmhaireacht an choipthe  
ar imeall taoide  
is an úire  
as Tobar Mhichíl  
(Scáil an Scéil 2019: 6)

Thug Simon Ó Faoláin léamh spéisiúil ar leith ar an nasc a bhraitheann sé idir an tírdhreach agus a fhéiniúlacht féin mar chine isteach i gCorca Dhuibhne. Dar leis go mbíonn sé ag maireachtaint ar thairseach. Ní bhíonn sé go hiomlán compordach glacadh le haon fhéiniúlacht ar leith. Ní maith leis go dtabharfar fear cathrach ná fear tuaithe air: *gur saghas duine mé atá ag titim idir dhá stól. Ní duine ceart Gaeltachta mé nó duine ceart Galltachta mé'* (Ó Faoláin 2018). Is seandálaí é Ó Faoláin agus trí mheán a ghairme éiríonn leis ceangal a dhéanamh leis an tírdhreach áitiúil a thugann, dar leis, barántúlacht níos láidre dó mar scríbhneoir Gaeltachta. Baineann tábhacht le huaigheanna agus le do mhuintir a bheith curtha san áit a maireann tú ó thaobh na féiniúlachta de, dar leis, ach ní ó Chorca Dhuibhne a mhuintir. Mhínigh sé san agallamh go seasann an focal tuath, focal a bhfuil bríonna a bhaineann le ceantair agus treabh araon leis, don treibh atá in easnamh air i gCorca Dhuibhne.

Domsa, tá tuath mar taobh tíre ag seasamh isteach in áit tuath mar threibh má thuigeann tú leat mé...b'fhéidir go míníonn sé an fáth go mbím gafa le taobh tíre an-chuid.

(Ó Faoláin 2018)

D'aithin Denvir (2005) gur coincheap suibíachtúil é an nasc a dhéanann duine leis an tírdhreach. Níl sé riachtanach go mbeadh nasc orgánach ag scríbhneoir chun go bhféadfadh sé a fhéiniúlacht a fhiosrú nó a bharántúlacht a dheimhniú trí tharraingt ar an gceantar.



It is a metaphoric allusion to another reality; psychic, aesthetical, cultural perspective offering significance, meaning, and sustenance in a subjective rather than an objective sense.

(Denvir 2005: 117)

Tá an gaol meafarach seo, lena lastas bríonna éagsúla, i gceist i léamha na bhfilí thuas. Bíonn tionchar ag an taobh tíre sa chiall seo, agus tionchar ag an taobh tíre ar bhonn áilleachta chomh maith, ar Ní Mhóráin mar fhile. Arís eile luaitear ceangal idir tírdhreach, teanga agus an spreagadh cruthaitheach.

Toisc gur tógadh in áit aoibhinn mé, idir Cathair Conraoi agus Bá Thrá Lí, go rabhas timpeall ag an áilleacht ó bhíos an-óg agus áilleacht cheoil agus áilleacht nádúir agus an tslí a chuaigh na rudaí seo i bhfeidhm orm agus iad ar fad ceangailte leis an nGaoluinn agus leis an nGaelachas agus ó mo dhúchas in Uíbh Ráthach.

(Ní Mhóráin 2018)

Braitheann Ní Bheildiúin (2018) ceangal láidir leis an taobh tíre i gCorca Dhuibhne. Tá baint láidir idir a bheith ag scríobh agus a bheith ag siúl di. Dar léi go mbíonn sí ag scríobh mura mbíonn am aici a bheith ag siúl. *'Mura bhfuilim ag siúl, ní bhím ag scríobh'* (Ní Bheildiúin 2018). Is tríd an seal a chaitheann sí amuigh faoin aer ag siúl, a gheitear í, taithí a éascaíonn an próiseas cruthaitheach.

Tugann sé saoirse níos mó dom agus trí sin a thagaim ar an-chuid smaointe agus má táim ag siúl, cad atá timpeall orm? Téann sé sin i bhfeidhm orm.

(Ní Bheildiúin 2018)

Feictear an tábhacht seo a bhaineann lena bheith ag siúl amuigh sa nádúr mar chuid de phróiseas cruthaitheach an fhile sa dán 'Siúl an Bhaire'.

Téim ag siúl ag bailiú smaointe,  
á piocadh ó na spéartha ó na sceacha,  
ó na tonnta ag cothú is ag cumadh,  
mo chosa ag gluaiseacht go rithimeach,  
gan deabhadh, gan rogha...  
(An Teorainn Bheo 2007: 43)

Tá Ní Bheildiúin ag cur fúithi ag bun Chnoc Bhréanainn in Iarthar Duibhneach agus bíonn tionchar nach beag ag an taobh sin tíre uirthi. D'eascair a cnuasach is déanaí as tionscadal filíochta a dhein sí bunaithe ar Chnoc Bhréanainn *'Agallamh sa Cheo'* (Coiscéim 2019). Sa chnuasach seo, cíorann an file a gaol le Cnoc Bhréanainn, agus gnéithe den stair, den bhéaloideas agus den chnoc féin go fisiciúil san áireamh aici. Tá sampla amháin den ngaol samhailteach a bhraitheann sí a bhaineann leis an gcnoc le fáil sa dán 'Tar agus Tóg':

Má tá cosaint uait, tar  
i dtreo mo shleasa is mo dhúnta;  
má tá beannacht uait, tar

chun mo thoibreacha beo;  
má tá ort dul i bhfolach, tar  
fé ionarbhréid mo cheo.  
(Agallamh sa Cheo 2019: 1)

Is tábhachtach le Ní Mhurchú chomh maith an tírdhreach agus spreagann an ceantar agus na daoine a chasann uirthi í:

Faighim inspioráid ón nádúr agus ón saol timpeall orm, daoine a chasann orm... Scríobhaim mar gheall ar an Binn Breac, an cnoc atá laistiar dúinn, mar gheall ar an bhfeirm, ar na ba, ar chaoirigh. Is mar gheall ar an áit timpeall. Spreagann sé mé chun scríbh.

(Ní Mhurchú 2018)

Tá an nádúr agus an tírdhreach i gCorca Dhuibhne go mór i gceist i gcleachtais chruthaitheacha Uí Uallaigh, fear ar spéis leis an tsiúlóid sléibhe. Baineadh geit as nuair a tháinig sé go dtí Corca Dhuibhne don gcéad uair. *'Phléasc mo chroí'* (Ó hUallaigh 2018). Bíonn an dúiche agus an tírdhreach á lua an-mhór aige ina chuid dánta agus dar leis go spreagann siad é chun scríbhneoireachta. *'An dúlra cinnte agus is dóigh go bhfuil sin an-láidir sna dánta. Tuigeann sin an-chothú dom mar dhuine'* (Ó hUallaigh 2018).

Tá tírdhreacha áille ann go forleathan ach ní hé gach ceantar álainn a n-éiríonn leis scríbhneoirí a ghiniúint nó a spreagadh faoi mar a tharla i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach (i gcás Bushe agus Uí Shiochrú). Léiríonn na tagairtí a dhein Bushe, Ó Siochrú, Ó Faoláin, Ní Bheildiúin go speisialta do na sainghnéithe seo d'oidhreacht na gceantar an mórthionchar a imríonn a ngaol mothúchánach agus samhlaíoch ar mheon agus ar chleachtas na bhfilí. Mar thírdhreach a léitear tríd an miotaseolaíocht agus oidhreacht áitiúil a thagair ochtar filí ar fad don tírdhreach: níor leor áilleacht nó fiantas ann féin.

Gineann an plé thuas ceisteanna níos leithne freisin maidir leis an rochtain a bhíonn ag daoine ar eolas oidhreachtúil ceantar ar leith. An bhfuil eolas faoi oidhreacht agus seanchas Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh á scaipeadh agus á roinnt go héifeachtach ar bhealaí a thabharfadh deis do dhaoine eile cothú agus inspioráid a fháil uathí faoi mar a tharla i gcás na bhfilí? Is ann do shaineagrais agus saininfreastruchtúr a phléann le cultúr uathúil na gceantar seo (Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Fondúireacht an Bhlascaoid, Éigse na Brídeoige, Amergin Solstice Poetry Festival) faoi mar a phléifear ar ball sa tráchtas.

## Todhchaí na Filíochta agus An Óige

Deineadh plé sna hagallaimh ar dhearcadh na bhfilí i leith chleachtadh na filíochta sa todhchaí agus ar na cúinsí atá ann, dar leo, chun filí nua a chothú amach anseo sna ceantair seo. meascán tuairimí i gceist go minic i bhfaisnéis na bhfilí.

Deir Ó Muircheartaigh, Ní Mhurchú agus Mulcahy go mbeidh filí ag cumadh ina ndiaidh.

An mbeidh níos mó acu ann? Is dóigh go mbeidh más aon fhianaise an méadú a tháinig le dornán blianta ar an méid atá ag scríobh, déarfainn go mbeadh...

(Ó Muircheartaigh 2018)

Is dóigh liom go mbeidh, tá sé chomh láidir fé láthair go mbeidh sé ann i gcionn fiche bliain.

(Ní Mhurchú 2018)

I'd say go mbeidh sé ar a laghad mar atá sé anois. B'fhéidir go raghaidh sé beagáinín as faisiún. Tá faisean millteach ann faoi láthair. Tá sé ag fás. Is dóigh liom go bhfanfaidh se ar feadh tamaill maith eile.

(Mulcahy 2018)

Bhí malairt tuairime ag Bushe, áfach. Dar leis go bhfuil an méid filí atá ag scríobh i gCorca Dhuibhne faoi láthair '*beagáinín míorúilteach*'. Thug sé le fios nach bhfuil sé '*dóchasach*' faoi thodhchaí na filíochta in Uíbh Ráthach. Ráiteas é seo a léiríonn a dhearcadh i leith an bhorrtha atá faoi chleachtadh na filíochta i gCorca Dhuibhne faoi láthair.

I'll tell you what, tá sé sórt eisceachtúil, beagáinín míorúilteach go bhfuil sé mar sin anois agus on the laws of probability, ní bheidh sé mar sin. Deirim go bhfuil sé eisceachtúil agus míorúilteach ach tá sé ann so tiocfaidh maitheas as.

(Bushe 2018)

Ní bhraitheann Ó Faoláin dóchasach faoina bhfuil i ndán do cheapadh na filíochta Gaeilge. Fearacht Bushe, is le hiontas ar bhealach a fhéachann sé ar líon mór na bhfilí atá ag saothrú sa cheantar i láthair na huaire. Is dóigh leis nach féidir a bheith ag súil go mbeidh an borradh céanna faoin bhfilíocht is atá fúithi anois riamh arís.

Is dóigh go bhfuil sé seo an buaicphointe atá anso ó thaobh filí Gaoluinne. Mar i gceann fiche nóimint eile, is beag Gaoluinn a bheidh fágtha anso timpeall. Beidh sé ar nós beagáinín ar nós Baile Mhúirne. Beidh líonraí ann do dhaoine ach mar theanga phobail, beidh sé imithe i gceann fiche neomat. Fiche neomat a dúras, Jesus Freudian slip.

(Ó Faoláin 2018)

Thug Ní Bheildiúin cur síos dearfach faoina bhfuil i ndán do chleachtadh na filíochta i gCorca Dhuibhne, cé go bhfuil sí in amhras faoin líon filí a bheidh ag cumadh amach anseo.

Bhuaileas le fear óg atá ag scríobh i gcónaí ó Lios Póil, is fear óg álainn, 17 nó mar sin, is dócha go bhfuil sé críochnaithe ar scoil so bhféidir bliain nó dhó níos sine ná sin, tá sé leanúnach... N'fheadar an mbeidh fás ach b'fhéidir go leanóidh sé glúin nó dhó eile, tá súil agam, caithimid a bheith dóchasach.

(Ní Bheildiúin 2018)

Dar le Bushe (2018) go bhfuil ról ag na scoileanna leanáí scoile a chur ar an eolas faoin bhfilíocht agus léargas a thabhairt dóibh ar na filí atá ann. Creideann sé gur féidir an 'síol' a chur:

Is dócha gurb é an cothú is fearr ná ealaíon a chur ar a súile, dos na daoine óga agus é a chur ar fáil dóibh, é a chur in iúl dóibh go bhfuil a leithéid ann agus seo é...má chuireann tú na síolta, tiocfaidh borradh ar chuid acu.

(Bushe 2018)

Leag beirt chinnirí cultúir Uí Shíthigh (2019) agus Ní Chathail (2019) béim ar thábhacht fhearann an oideachais. Má tá tábhacht ag baint le taithí a thabhairt do dhaltáí scoile leis an bhfilíocht ar scoil, ní haon chabhair an easpa clúdaigh a fhaigheann an fhilíocht sa mheánscoil, go háirithe ar chúrsa Gaeilge na hArdteiste, dar le Máire Uí Shíthigh, Iar-Oifigeach Forbartha le hOidhreacht Chorca Dhuibhne. Luaigh sí go bhfuil '*céim mhór síos*' faighte ag an litríocht go ginearálta san Ardteistiméireacht agus nach bhfuil an cúrsa ionadaíoch a thuilleadh, go háirithe do na leanáí a bhfuil an Ghaolainn acu (Uí Shíthigh 2019).

Cuireann sé saghas iontas orm ó thaobh na hArdteistiméireachta... Tá céim síos fachta ag an litríocht. Ní raibh ach leath leabhar ag leabhar le Maidhc Dainín sa chlár. Ní ghlacfaí le leathdhráma le Shakespeare nó leathleabhar le Colm Toibín sa Bhéarla... Níl an Ardteist ionadaíoch a thuilleadh. Is laige agus bearna an-mhór í.

(Uí Shíthigh 2019)

Dar le Cairtriona Ní Chathail, oifigeach aosoideachais le hOidhreacht Chorca Dhuibhne, agus ball coiste don bhFéile Bheag Filíochta i gCorca Dhuibhne, nach mbeadh aon dúil aici san fhilíocht murach an taithí a bhí aici ar an litríocht agus í ar scoil.

Sin an fáth go bhfuil suim agam féin sa bhfilíocht mar gheall ar an gcóras oideachais. Murach an córas oideachais níl fhios agam an dtarlódh sé.

(Ní Chathail 2019)

Ní hamháin go mbaineann tábhacht le soláthar deiseanna scríbhneoireachta do leanáí óga ach baineann tábhacht leo do dhaoine fásta chomh maith. Thug Oatley

& Djikic (2017: 76) agus Miller (2015: 24) le fios go mbaineann tábhacht le deiseanna scríbhneoireachta d'ábhar scríbhneora ar bith, daoine fásta chomh maith. Ní bhíonn comórtais ná iris filíochta ar fáil i scoileanna na tíre, ar an mórgóir, taobh amuigh den obair a dhéanann Comhar Óg, a thugann deiseanna foilsithe do scríbhneoirí óga, ach a bhíonn teoranta do scoileanna Gaeilge amháin.

Leagann an staidéar Arts and Cultural Participation among Children and Young People: Insights from the Growing Up in Ireland Study' (saothar a choimisiúnaigh An Chomhairle Ealaíon) agus Craobhbheartas de chuid Éire Ildánach (2017 – 2022) Óige Chruthaitheach/Ildánach béim ar an míréir shocheacnamaíoch atá coitianta in Éirinn maidir le deiseanna rannpháirtíochta sa chultúr agus sna healáiona. *'The findings presented in this report show significant social differentiation in children's cultural participation...'* (Smyth 2016: 96 - 97).

Sampla de thionscadal nuálaíoch a chuireann an chruthaitheacht liteartha chun cinn lasmuigh den gcóras scoile ná 'Fighting Words' a bunaíodh sa bhliain 2009 agus atá mar phairtnéir ag Éire Ildánach. Cuirtear oiliúint agus meantóireacht ar fáil do pháistí saor in aisce, do dhaoine fásta 'óga' agus do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta acu. Cé go bhfuil ionad ag Fighting Words i gCiarraí faoi choimirce 'Kerry Writers Museum' i Lios Tuathail, ní dhéantar aon chúram do chothú scríbhneoireacht na Gaeilge i measc daoine óga i gContae Chiarraí tríd an ionad seo i Lios Tuathail. Easpa é seo a bhaineann le hobair na heagraíochta go náisiúnta agus gan ach togra amháin (i gConamara) rite trí Ghaeilge acu (le hionchur deonach).<sup>13</sup> Beidh tionchar ag na heasnaimh seo ar leanaí i gceantair uile na tíre, go háirithe agus na comórtais agus deiseanna chur i láthair a tharlaíodh ag féilte mar Shlógadh ar lár.

Tugtar deiseanna scríbhneoireachta ag Oireachtas na Gaeilge d'fhilí óga, áit a mbíonn comórtas do dhán aonair d'ábhar fhilí óga. Ní bhíonn aon chomórtas ardáin, áfach, ag filí óga taobh amuigh de na comórtais lúibíní agus agallamh beirte (dhá mheán a bhfuil an fhilíocht i gceist leo). Ní bhíonn aon teagmháil shuntasach idir an tOireachtas agus scoileanna na tíre, lasmuigh den deis amháin bhliantúil a bhíonn ag daoine óga cur isteach ar chomórtais an Oireachtais.

---

<sup>13</sup> Bailíodh an t-eolas seo trí theagmháil ríomhphoist le Fighting Words. Tá cur síos ar thogra Ros Muc i bhforlónadh speisialta Fighting Words san Irish Times, 12/5/2020.

Chabhródh scéimeanna cuairte leis an gcruthaitheacht trí Ghaeilge a neadú sa chóras oideachais. Is féidir le scéimeanna mar seo an éagothroime chultúrtha agus rannpháirtíochta seo a chúiteamh. Ach obair i bpáirt le cinnirí cultúir i gcur i bhfeidhm scéimeanna mar seo, d'fhéadfadh múinteoirí agus filí a chinntiú go mbeadh conair ag gnáthdhaltáí na tíre taithí agus meas a bheith acu ar an bhfilíocht agus ar mheáin chruthaitheacha eile, deis a d'imir tionchar cinniúnach ar chuid d'fhilí an staidéir seo.

Agus plé á dhéanamh ar chúinsí spreagtha na bhfilí sa chóras oideachais, is fiú féachaint ar an gcuraclam sa chóras oideachais ag gach aon leibhéal. Ní dhéantar aon tagairt don nGaeilge sna cláir réamhscolaíochta náisiúnta Síolta agus Aistear, a dtugann 95% de leanaí réamhscoile fúthu mar chuid de chorás urraithe na bliana/na mblianta 'ECCE.' Is iad na Naíonraí amháin a bhfuil dualgas orthu ábhar Gaeilge a sholáthar.<sup>14</sup> Cé go n-aithníonn Curaclam Teanga na Bunscoile (2019: 64) go bhfuil sé tábhachtach '*exploring and understanding the aesthetic dimension of text*' a bheith mar dhlúthchuid de thaithí na leanaí leis an litríocht tá béim ar leith le blianta beaga anuas ar chothú bunscileanna litearthachta sa churaclam bunscoile. Braitheann roghnú téacsanna litríochta ar gach leibhéal den mbunscoil ar roghnú pearsanta an mhúinteora go minic: is é sin le rá go mbraitheann teagmháil leanaí le litríocht agus inár gcás féin, le filíocht Ghaeilge, ar eolas múinteoirí ar leith (agus ar eolas údair téacsleabhar scoile agus lucht deartha acmhainní foghlama eile) ar théacsanna Gaeilge.

Tá ceisteanna ann maidir leis an oiliúint tosaigh a fhaigheann múinteoirí bunscoile agus meánscoile anseo chomh maith maidir leis an aitheantas a thugtar don obair chruthaitheach sna cláir oiliúna nó sna cláir oideachais d'ábhar múinteoirí. Bíonn easpa deiseanna ag ábhar múinteoirí teagmháil a bheith acu féin le scríbhneoirí agus leis an scríbhneoireacht chruthaitheach. Eisceacht ab ea teagmháil rialta ábhar múinteoirí le scríbhneoirí cónaitheacha Gaeilge i gColáiste Phádraig, (ar cuid d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é) tráth go raibh cead fós comhchéim a dhéanamh sa Ghaeilge agus san oideachas.<sup>15</sup> Tá deireadh tagtha le comhchéimeanna an Bhaitisiléir san Oideachas agus an Ghaeilge, rogha a bhíodh sna coláistí oideachais roimh 2012. Ní leagtar béim sa chroíchuraclam ar bhonn córasach ar scileanna cruthaitheacha trí Ghaeilge na múinteoirí féin fad a

---

<sup>14</sup> Seasann ECCE do Early Childhood Care and Education.

<sup>15</sup> Eolas ón Dr. Róisín Ní Ghairbhí a chaith tréimhse ag obair san institiúid seo.

bhaineann sé le scríbhneoireacht chruthaitheach. Ní bhíonn aon nasc sonrach idir na healaíona cruthaitheacha agus an Ghaeilge sna cláir seo ach an oiread. Tá seo fíor chomh maith maidir le máistreachtaí san oideachas agus céimeanna Gaeilge, mar a bhfaigheann go leor múinteoirí meánscoile agus bunscoile a gcéad oiliúint maidir le litríocht na Gaeilge.

Is ann, mar sin féin, do thograí ar leith a dhéanfadh múinteoirí a chumasú maidir le heispéireas filíochta a roinnt le páistí meánscoile. Sampla é an togra comhpháirtíochta a dhein Éigse Éireann agus IMRAM i gcomhar leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT – Junior Cycle for Teachers) le linn Mheán Fómhair agus Samhain 2019, ‘Filíocht an fhocail labhartha’. Stiúraigh Séamus Barra Ó Súilleabháin agus an t-ealaíontóir fuaime Slavek Kwi ceardlanna sa bhfilíocht bhéil do mhúinteoirí an Teastais Shóisearaigh mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach.

Tugann na tograí seo deiseanna do mhúinteoirí Gaeilge blaiseadh de ghnéithe na filíochta comhaimseartha a thabhairt do dhaltaí meánscoile. Bíonn deiseanna mar sin ar fáil mar chuid de chlár ‘Writers in Schools’ le Éigse Éireann agus An Chomhairle Ealaíon. Ní miste a leithéid de scéimeanna forbartha a bheith ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus réamhscoile chomh maith.

Tar éis dúinn scagadh córasach a dhéanamh sa chaibidil dheireanach ar na cúinsí tosaigh sin a chuaigh i bhfeidhm ar na filí agus ar chuid cúinsí pearsanta a théann i gcion orthu go leanúnach féachfar sa chéad chaibidil eile ar na garchomhthéacsanna a bhaineann le taithí na rannpháirtithe mar fhilí – an cúlra sochtheangeolaíoch sa dá cheantar agus an tionchar a aithníonn na filí a bhaineann leis an gcomhthéacs seo orthu.

### **Caibidil 3: An Comhthéacs Sochtheangeolaíoch agus an Fhéiniúlacht**

Tá sé tábhachtach comhthéacs sochtheangeolaíoch agus pobail na gceantar seo agus cleachtas teanga na bhfilí a scrúdú agus a dtionchar féin a ríomh faoi mar a bhaineann leis an bhfilíocht. Baineann tábhacht leis an gcomhthéacs teangeolaíoch le cothú agus cleachtais na filíochta Gaeilge go háirithe agus an t-aitheantas oifigiúil nua ag na ceantair Ghaeltachta seo mar cheantair pleanála teanga.

Cúis thábhachtach eile le scrúdú a dhéanamh ar shainghaol fhilí an staidéir seo leis an teanga ná an gaol fadaitheanta idir scríbhneoirí na Gaeilge agus cás agus staid na teanga. Is minic plé comhfhiosach ar siúl ag filí *'timpeall ar cheist na teanga'* (Nic Eoin 2005: 121).

Is beag scríbhneoir ó thús aimsir na hAthbheochana i leith nár tháinig ceisteanna a bhain le staid agus le seasamh na teanga mar theanga phobail agus mar uirlis chruthaitheach chun cinn áit éigin ina s(h)aothar liteartha.

(Nic Eoin 2005: 94)

An dtugann na filí seo aitheantas do staid na teanga ina saothar cruthaitheach? Ar labhair siad go sonrath ar an teanga sna hagallaimh féin mar thosca a chothaíonn iad? Sula ndéanfar na ceisteanna seo a phlé, féachfar ar chuid de na fíricí agus staitisticí a thugann eolas faoin gcomhthéacs theangeolaíoch i gCorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach le léargas tosaigh a thabhairt ar staid reatha na teanga sa dá cheantar Gaeltachta seo.

Cé go bhfuil cosúlachtaí áirithe idir Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach ó thaobh an tírdhreacha agus an chultúir de, is mór an bhearna atá eatarthu maidir le daonra agus maidir le staid na Gaeilge mar theanga phobail iontu. Tá 6,948 duine ag maireachtaint i nGaeltacht Chorca Dhuibhne agus tá 1,808 i nGaeltacht Uíbh Ráthaigh. Cuimsíonn daonra Chorca Dhuibhne 79.4% de dhaonra iomlán cheantar Gaeltachta Chiarraí agus fágann sin sciar de 20.6% den daonra ag Uíbh Ráthach (Daonáireamh 2016).







mheánráta de 33.4% (Ó Céidigh 2018). Fágann an ráta ard oideachais go bhféadfadh rochtain níos fearr a bheith ar chaipiteal oideachais agus cultúrtha i measc dhaonra na leithinise seo. Tá feicthe againn gur imir an caipiteal cultúrtha a bhí ag filí sa bhaile tionchar ar leith orthu as a n-óige. Tá sé tábhachtach ceann a thógaint den gcodarsnacht seo idir an caipiteal oideachais seo agus suntas á thabhairt againn den gcodarsnacht shoiléir idir líon na bhfilí atá ag saothrú sa dá cheantar seo.


Cé gur dúshlán coitianta é ag ceantair tuaithe dlús an daonra a chothú agus a fhás, tá ceantar Uíbh Ráthaigh aitheanta mar chás eisceachtúil toisc an laghdú suntasach leanúnach atá tagtha ar an daonra sa cheantar. Tá titim 40% (1,228) tagtha ar an daonra ó 3,036 go 1,808 ó bhí 1956 ann (Plean Teanga Chiarraí Theas 2018, O' Keeffe & O' Sullivan 2017: 14). Baineann deacrachtaí leis an daonra a choimeád sa cheantar agus daoine a mhealladh ar ais chun cónaithe ann. Tugadh aitheantas do chás eisceachtúil an cheantair nuair a glacadh le rún éigeandála ag Éigse na Brídeoige sa bhliain 2018. Tar éis don lucht freastail glacadh leis an rún, agus de bharr poiblíocht a lean, cuireadh le chéile tascfhórsa gan fasach chun plean gníomhaíochta a chur ar bun chun tabhairt faoi na dúshláin seo. Tá Plean Gníomhaíochta Uíbh Ráthaigh (2019 – 2022) ar an bhfód anois le bliain anuas.

Ar thabhairt faoi deara bagairt teangan agus titim daonra in Uíbh Ráthach, d'aithin an pobal áitiúil, agus chuir siad in iúl, an gá le gníomhaíocht chomhbheartaithe.

(Plean Gníomhaíochta Uíbh Ráthaigh 2019: 14)

Is ríshuntasach an difríocht atá idir Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach maidir le staid na teanga mar theanga labhartha sa phobal. Cé go maítear go bhfuil *'am na cinniúna'* buailte le ceantar Chorca Dhuibhne (Tobar Dhuibhne 2018: 14), tá dúshlán na teanga i bhfad níos tromchúisí in Uíbh Ráthach. Tuairiscíonn 27.7% de dhaonra Chorca Dhuibhne go labhraíonn siad an Ghaeilge lasmuigh den gcóras oideachais – sin 1,928 as an daonra iomlán de 6,948 i gcomparáid le 11% nó 121 as an daonra iomlán de 1,808 in Uíbh Ráthach (Daonáireamh 2016). Tháinig laghdú mór ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa dá cheantar idir 2011 agus 2016. Bhí titim 6.7% (-436) ar líon na gcainteoirí laethúla i gCorca Dhuibhne agus titim 9% (-11) in Uíbh Ráthach.

#### Léaráid 4: Cainteoirí Laethúla Gaeilge Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh



Déantar cur síos sa mórthuarascáil taighde a choimisiúnaigh Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Ollscoil na hÉireann Gaillimh *'Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch'* (2015) ar thrí mhórchatagóir a bhaineann leis na ceantair Ghaeltachta in Éirinn de réir chéatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge iontu (lasmuigh agus laistigh den gcóras oideachais): Catagóir A (+ 67%), Catagóir B (44-66%) agus Catagóir C (níos lú ná 44%). Tá 54.3% de na cainteoirí laethúla lasmuigh den gcóras oideachais i dtoghranna chatagóir A i gCorca Dhuibhne: Cill Chuáin, Cill Maoilchéadair, Dún Urlann, Márthain agus Dún Chaoin. Tá An Mhin Aird, Ceann Trá, Cé Bhréanainn agus An Clochán áirithe mar chatagóir B. Tá Cinn Aird, Na Gleannta, An Baile Dubh, Sráidbhaile agus An Daingean mar chatagóir C. Níl aon chatagóir A in Uíbh Ráthach agus níl ach toghroinn amháin a bhfuil stádas catagóir B acu – na Beathacha, agus líon fíorbheag daoine ina gcónaí ann (tá 7 cainteoir laethúil anseo as an daonra de 14). Áirítear na toghranna eile go léir mar chatagóir C (Ó Giollagáin agus Charlton 2015).

Ní haon scéal nua é meath na teanga in Uíbh Ráthach. D'aithin an bailitheoir béaloidis Séamus Ó Duillearga go raibh an Ghaeilge ag imeacht go tréan in Uíbh Ráthach, tráth an ama go raibh sé ag bailiú scéalta ó Sheán Ó Conaill sna naoi gcéad tríochaidí (Comhar 1949: 25). Chíor duine d'fhill an staidéir seo, Bríd Ní Mhóráin, an comhthéacs sochtheangeolaíoch in Uíbh Ráthach ina leabhar *'Thiar sa Mhainistir atá an Ghaolainn Bhreá'* (An Sagart 1993). *'Mheas na faisnéiseoirí go léir go raibh an chuid a b'fhearr de Ghaeilge Uíbh Ráthaigh thíos i reilig na*

*Mainistreach'* (Ní Mhóráin 1993: 205). Ní raibh feidhm shóisialta leathan ag an teanga fiú ag an am sin.

Maidir leis an dteanga Ghaeilge is ar éigean a mhaireann sí ach amháin sa réimse siombalach agus i measc na seanchainteoirí dúchais. Ní hí gnáth-theanga an phobail níos mó í.

(Ní Mhóráin 1993: 9)

Níor tháinig feabhas ar an gcomhthéacs teangeolaíoch in Uíbh Ráthach maidir le líon na gcainteoirí Gaeilge ó shin i leith (Daonáireamh 2016, O' Keeffe & O' Sullivan 2017, Plean Teanga Chiarraí Theas 2018). Is léir go bhfuil an teanga faoi bhrú mar theanga phobail i gCorca Dhuibhne i bhfianaise an laghdú leanúnach atá ag teacht ar líon na gcainteoirí laethúla sa cheantar sin, ach is léir ó na staitisticí is déanaí go bhfuil géarchéim níos tromchúisí ann maidir le cás na teanga in Uíbh Ráthach. Is tábhachtach a aithint, áfach, go bhfuil beocht nua faoi chás na teanga sa Ghaeltacht agus gníomhaíochtaí breise ar siúl sna ceantair Ghaeltachta uilig ó tiomsaíodh na pleananna teanga a d'eascair as moltaí Acht na Gaeltachta 2012.

### **An Próiseas Pleanála Teanga**

Feidhmíonn an próiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht faoi bhunús reachtúil a tugadh isteach faoi Acht na Gaeltachta 2012. Tagann comhthéacs na pleanála teanga faoi bhrat an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge (2010–2030) agus An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018-2022). Feidhmíonn Tobar Dhuibhne mar mheitheal pleanála teanga i gCorca Dhuibhne agus tá Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh mar cheanneagraíocht in Uíbh Ráthach. Tá an dá phlean teanga seo á gcur i bhfeidhm faoi láthair. Tá Victor Bayda, Rúiseach, ceaptha in Uíbh Ráthach agus John Prendergast, Ciarraíoch, ag feidhmiú i gCorca Dhuibhne.

Tugann plean teanga Chiarraí Theas aghaidh ar réaltacht an chomhthéacs theangeolaíoch in Uíbh Ráthach. Aithnítear nach féidir a bheith ag súil go ndéanfadh tromlach an phobail aisiompú teanga a dhéanamh ach gur *'féidir leis an bpleanáil teanga feidhm institiúideach na teanga a láidriú sna ceantair seo agus fonn a adhaint sna daoine pleanáil dá réir'* (Plean Teanga Chiarraí Theas 2018: 20). Aithnítear an bonn leochaileach atá faoi lucht labhartha na teanga agus tá riachtanas ar leith ann nuachainteoirí a chumasú. *'Tá géarghá leis an bpleanáil sealbhaithe teanga chun eolas teanga a thabhairt do dhaoine'* (Plean Teanga Chiarraí Theas 2018: 23). Ní hionann an pointe tosaigh ná na béimeanna sa

phlean teanga d'Úibh Rathach agus an comhthéacs agus na tosaíochtaí a luaitear i bplean teanga Chorca Dhuibhne. Díríonn an plean sin ar theaghlaigh, ar dhlús pobail de chainteoirí Gaeilge a chur chun cinn agus ar ghréasáin na Gaeilge a láidriú agus a chaomhnú.<sup>16</sup>

Cé nach luaitear an fhilíocht go sonrath sa dá phlean teanga áitiúla seo, mar a luadh ag tosach na caibidle tugann An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018-2022) aitheantas ar leith do thionchar agus do ról na n-ealaíon i mbuanú agus i sealbhú teanga. Is béim úrnua í seo maidir leis an bpleanáil teanga don Ghaeilge. Ní hamháin, mar sin, go mbaineann tábhacht leis an gcruthaitheacht a chur chun cinn ar bhonn na heacnamaíochta agus na sláinte (mar a shonraíonn Éire Ildánach), ach aithnítear anois i ndoiciméad rialtais go bhfuil tábhacht leis na healaíona maidir le cothú na teanga agus le hinbhuanaitheacht daonra na bpobal Gaeltachta a chur chun cinn. Tá aird tarraingthe ar an tionchar seo i Straitéis Ealaíon na Gaeltachta (2018 – 2022) agus i dtuarascáil Chomhchoiste um Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht an Oireachtais 'Na hEalaíona: Ní Cuma Leo' (2019) chomh maith.

Tá an Próiseas Pleanála Teanga atá ar siúl faoi láthair ag cur deiseanna agus dúshláin araon ar fáil do na healaíona Gaeltachta. Tá aitheantas agus meas á fháil anois ag na deiseanna atá i ról sárluachmhar sin na n-ealaíon - ag cur beochta agus saibhris sa teanga, ag mealladh daoine óga agus á gcur ag obair leis an teanga, agus mar ghné riachtanach de na pobail bhríomhara agus feabhas an tsaoil a mheallann agus a choinníonn leibhéil inmharthana daonra Gaeltachta.

(Ealaíon na Gaeltachta 2018: 14)

Tá sé tábhachtach pobail a mhealladh chuig na healaíona ionas go dtabharfaí deis dóibh máistreacht a fháil ar an teanga. Is doras isteach ar an teanga don ghnáthdhuine iad na healaíona a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar bhealach samhlaíoch, neamhbhagarthach.

(An Comhchoiste um Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht 2019: 45)

Aithníonn teangeolaithe mar David Crystal an ról lárnach atá ag ealaíontóirí sa phróiseas pleanála teanga taobh amuigh de chomhthéacs na hÉireann.

I don't have much hope of endangered languages surviving until artists start taking the problem seriously... the engagement of artists in the language planning process is vital if languages are to survive.

(Crystal luaite ag McLean 2016)

Áitíonn McLean (2016) go mba cheart go mbeadh cur chun cinn na n-ealaíon ar cheann de na spriocanna is mó ar chlár na pleanála teanga. Deir An Dr. Lillis Ó

---

<sup>16</sup> <http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2019/02/Plean-Teanga-Chiarra%C3%AD-Thiar-Dr%C3%A9acht-deiridh.pdf>

Laoire (2016) gur áis leanúnach foghlama teanga iad na healaíona aithrise dúchasacha agus gur féidir le duine óg a scileanna teanga a ardú go caighdeán ard trí chleachtadh a dhéanamh ar na healaíona sin. Ag caint a thug Ó Laoire (2016) ar chomhdháil ar ról na n-ealaíon sa phleanáil teanga, labhair sé go sonrach ar an *'múnla cruthaitheach'* a thugann na healaíona dúinn. Féachann Ó Laoire (2016) ar an obair a dhéanann Oidhreacht Chorca Dhuibhne chun daoine óga a ullmhú do chomórtais scéalaíochta, amhránaíochta agus aithrise ag an Oireachtas mar chur chuige a thugann deis do dhaoine óga múnla cruthaitheach a bheith acu ó aois óg. Dar leis go bhfeidhmíonn na healaíona mar fhearann éifeachtach d'fhoghlaim na teanga.

Cé go bhfuil fianaise ar fáil faoin tionchar atá ag na healaíona mar acmhainn sealbhaithe agus buanaithe teanga go hidirnáisiúnta (Crystal 2016, Ó Laoire 2016), níl aon struchtúr córasach i bhfeidhm sa tír seo go fóill a aithníonn an tábhacht seo. (Ní hionann sin is a rá nach bhfuil struchtúir tar éis forbairt go horgánach a aithníonn an tionchar: Ealaín na Gaeltachta agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, mar shampla). Thug an t-áisitheoir ealaíne le hEalaín na Gaeltachta, Rachel Holstead, le fios ina hagallamh nár deineadh aon teagmháil shuntasach leis an eagrais agus pleananna teanga Ghaeltachtaí Chiarraí á gcur le chéile. Tá Ealaín na Gaeltachta luaite i mbearta áirithe i bplean teanga Chiarraí Thiar ach níor pléadh an plean leis an eagrais.

Tá a fhios againn go bhfuil Ealaín na Gaeltachta luaite in an-chuid des na pleananna maidir le go leor des de gníomh a bhaineann leis an ealaíon cé nach raibh aon plé againn roimh ré.

(Holstead 2019)

Tosnaíodh ar fheidhmiú na bpleananna teanga seo sular foilsíodh iad, cur chuige a d'fhág próiseas ad-hoc i bhfeidhm go pointe ón dtosach. Dar le Áine Moynihan (2018) nach ndearnadh an cúram seo a shainiú go i gceart ag tús an phróisis phleanála.

Dheinfinn na nascanna idir Ealaín na Gaeltachta agus na pleananna teanga, ní thabharfainn fiú nasc air, is dóigh liom go mba chóir go mbeidís ag obair as lámh a chéile, go mbeadh dlúthbhaint ag Ealaín na Gaeltachta le forbairt na nEalaíon laistigh den bplean teanga. Ba cheart é sin a bheith aontaithe agus a bheith pléite roimhe dúinn tabhairt faoi phleananna teanga.

(Moynihan 2018)

Luaigh Holstead (2019) gur mian le hEalaín na Gaeltachta páirt níos mó a bheith acu sa phleanáil teanga sna ceantair Ghaeltachta uilig agus creideann sí go bhfuil saineolas ar leith le tairiscint acu.

Tá an-chuid deiseanna ann anois tríd an bpleanáil teanga agus beidh Ealaín na Gaeltachta ag obair leis an Oifigeach Pleanála Teanga agus tuigimidne óna blianta a bheith ag obair sna healaíona, an tionchar atá ag an ealaíon ar conas a bhíonn daoine ag plé le teanga.

(Holstead 2019)

Ardaíonn fianaise Moynihan (2018) agus Holstead (2019) ceisteanna faoin aitheantas praiticiúil a thugtar do ról na n-ealaíon sa phleanáil teanga sa Ghaeltacht. Ní léir go bhfuil scéim ar leith ar fáil atá dírithe ar ghníomhaíochtaí teangabhunaithe ná cruthaitheacha a chur chun cinn i gcomhthéacs na pleanála teanga. Ba cheart fo-rannóg ar leith a bheith ag plé leis na healaíona mar acmhainní teanga mar chuid d'obair Údarás na Gaeltachta/Ealaín na Gaeltachta le plé córasach a dhéanamh ar na deiseanna seo.

Bealach eile a mbíonn filí ag plé leis an teanga ná ina saothar cruthaitheach. Thug Nic Eoin suntas don bhfeidhm atá ag an litríocht mar *'thaisce teanga'* (Nic Eoin 2005: 326-327). Mar sin, bíonn na scríbhneoirí mar uirlisí tábhachtacha i gcraobhscaoileadh eilimintí tábhachtacha den teanga. Dar le Nic Eoin gur saineolaithe teanga iad na scríbhneoirí féin ar féidir leo úsáid chruthaitheach a bhaint as réimeanna éagsúla teanga. *'Glactar leis gur saineolaithe teanga iad na scríbhneoirí iad féin, ceannairí cultúir nó saoithe an phobail, daoine atá inniúil ar stíleanna éagsúla teanga a chleachtadh de réir mar is gá...'* (Nic Eoin 2005: 339). Tagann an léamh a bhí ag Bríd Ní Mhóráin ina hagallamh siúd le léamha Uí Mhuirthile agus Nic Eoin:

Is cinnte go bhfuil an teanga ag dul ar gcúl, is cinnte go bhfuil tanú ag tarlú ach fés na filí óga fhéin atá sé staidéar a dhéanamh ar an dteanga, tá an saibhreas i gcód, más maith leat, i leabhair. Beidh an saibhreas ar líne nó tá cheana féin. Tá dúchas agus tá filíocht na cainte taifeadta ansan agus beidh teacht ar an saibhreas san dóibhsan nuair a bheimidne imithe.

(Ní Mhóráin 2018)

Agus an mianach a bhaineann le hiompar cruthaitheach na bhfilí tionchar a imirt ar réimeanna úsáide teanga a bheith á plé anseo ní miste cuimhneamh ar an tionchar a bhí ag pobal teanga Chorca Dhuibhne ar chuid d'fhilí Innti. Bhain feidhm thábhachtach saibhrithe teanga le turasanna rialta siar do leithéidí Davitt agus Ó Muirthile (Nic Eoin 2005: 270).



Is gá a aithint nach ionann an comhtheács sochtheangeolaíoch i gCorca Dhuibhne anois agus a raibh i gceist ann nuair a bhí filí Innti ag tarraingt ar an gceantar. Ní hionann cúlra sochtheangeolaíoch cheantar cónaithe gach file anseo ach an oiread. Tá na filí ag maireachtaint i limistéir éagsúla catagóirí Gaeltachta de réir eolas ón ‘Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch (2015)’. Tugann faisnéis na bhfilí ó na hagallaimh agus na ceistneoirí eolas dúinn faoi na fearainn éagsúla teanga a bhaineann le saol na bhfilí. Tá cuid de na filí ag cur fúthu sna toghranna Gaeltachta is láidre, Catagóir A (Ó Faoláin, Ó Muircheartaigh, Moynihan, Ní Chinnéide). Ar an lámh eile, tá filí eile nach bhfuil an comhthéacs teangeolaíoch láidir céanna ina gceantar. Tá Paddy Bushe ag maireachtaint díreach lasmuigh den nGaeltacht oifigiúil in Uíbh Ráthach sa Choireán, mar shampla. Níl pobal Gaeltachta ag Ó Siochrú agus Ní Shíthigh agus iad ag maireachtaint i Luimneach (Ó Siochrú) agus i gCeatharlach (Ní Shíthigh). Ní hionann na fearainn teanga atá acu sin gan aon cheangal tíreolaíoch le pobal teanga. Bíonn Ó Siochrú páirteach in imeachtaí de chuid Chraobh Luimnigh Conradh na Gaeilge agus glacann sé páirt in imeachtaí Gaeilge de chuid Roinn na Gaeilge Coláiste Mhuire Gan Smál agus Léann na Gaeilge Ollscoil Luimnigh. Bhíodh gréasán ag Ní Shíthigh le ceardlann scríbhneoireachta a stiúraigh Pádraig Ó Snodaigh, stiúrthóir an chomhlachta foilsitheoireachta Coiscéim. Is fíor go mbeadh aon ról a bheadh ag na filí seo ar labhairt agus ar úsáid na teanga ag brath go pointe ar an bpobal ina bhfuilid lonnaithe.

Is gá cuimhneamh chomh maith go dtagann gréasáin phearsanta agus poist na bhfilí i gceist beag beann ar lipéid na gcatagóirí teangeolaíocha seo. Mar a pléadh i gcaibidil 1 sa mhír beathaisnéise is díol suntais go raibh an Ghaeilge mar chuid lárnach de chúlra fostaíochta agus gairmiúil gach file. Bíonn sainghréasáin teangeolaíocha ag Séamus Barra Ó Súilleabháin, mar shampla, bíodh is nach bhfuil sé lonnaithe go buan i bpobal láidir Gaeilge ó thaobh na tíreolaíochta de. Tá gréasáin chultúrtha agus shóisialta eile a imríonn tionchar ar na fearainn teanga a bhíonn aige. Tá sé ag tabhairt faoi dhochtúireacht le Roinn na Gaeilge i gColáiste Mhuire Gan Smál. Tá sé ina bhall den ngrúpa polaitíochta de chuid de heite clé ‘Misneach’.<sup>17</sup> Bíonn baint láidir aige le gréasáin de chuid na filíochta béil REIC, Liú Lúnasa agus bíonn teagmhálacha níos leithne aige le pobail Ghaeltachta

---

<sup>17</sup> <http://www.misneachabu.ie/misneach-ce-muid/>

agus Gaeilge éagsúla dá bharr. Ar líne a tharlaíonn cuid den ngréasánú seo ina chás. Baineann tábhacht leis na cúinsí níos leithne saoil seo agus plé á dhéanamh ar chás agus ar thaithí na bhfilí go léir.

### **Cleachtas Teanga na bhFilí**

Ní cóir go gcuirfeadh sé iontas ar bith orainn go dtiocfadh téamaí a bhaineann le tóraíocht an dúchais chun cinn freisin i saothar scríbhneoirí nach bhfuil an nasc orgánach céanna acu le pobal is le réigiún teanga. An difríocht is mó atá le sonrú eatarthu nó go bpléifear ceisteanna féiniúlachta, agus ceisteanna sealbhaithe agus cailteanais teanga níos díri agus níos pearsanta...

(Nic Eoin 2005: 267)

Is í an teanga an phríomhuirlis chruthaitheach atá ag filí agus bíonn nasc tábhachtach idir féiniúlacht an duine agus an teanga. Bíonn éagsúlacht spésiúil idir na slite a ngabhann an cainteoir dúchais agus an “nuachainteoir” i ngleic le ceisteanna teanga agus lena bhféiniúlacht (Nic Eoin 2005: 266-267). Bhí codarsnachtaí agus cosúlachtaí spésiúla ann maidir le taithí na gcainteoirí dúchais agus na nuachainteoirí sa staidéar seo.

Téama ríspeisiúil a tháinig chun cinn maidir le húsáid na teanga ná an nóisean gur cheart don bhfile saothrú sa teanga, sa réim nó sa chanúint is mó a bhfuil sé/sí ar a c(h)ompord inti. Bhí claonadh láidir ag na filí tarraingt ar fhocail áirithe agus iad ag cur síos ar a réim teanga féin. Luadh na focail ‘nádúrtha’, ‘fírinneach’, ‘dúchasach’ agus ‘aiceanta’.<sup>18</sup>

Is dóigh le Ní Shíthigh (2019), mar shampla, go bhfuil sé tábhachtach a bheith fírinneach (‘nádúrtha’) mar fhile maidir le do smaointe agus le do chleachtas teanga.

Déarfainn gur cheart leo cloí ar dtús leis an rud atá dúchasach dóibh fhéin... Chun a bheith nádúrtha agus fírinneach. Níl a thuilleadh mar gheall air. Cloígh leis an rud atá nádúrtha duit fhéin. Ní filí na daoine a chleachtann cur i gcéill. Más file tú, beidh tú díreach.

(Ní Shíthigh 2019)

Tagann dearcadh Uí Shíthigh lenar áitigh Ó Ríordáin (1967) agus é ag trácht ar an aiceantacht agus ar an oscailteacht a bhaineann le cáilíocht an fhile.

Agus is é is dirí a labhrann... Nuair a léim focail na bhfilí in aon teanga... Cloisim an duine daonna fein ag labhairt da n-ainneoin. Is é an duine umhal fíreannach céanna i gcónaí é. Ta cead isteach ag gach aoinne, beag is mór.

(Ó Ríordáin 1967: 12)

---

<sup>18</sup> Is éard atá i gceist leis an bhfocal aiceantacht sa chomhthéacs seo ná an réim teanga a úsáideann an file féin go nádúrtha gan aon aithris fhollasach a dhéanamh ar réim teanga eile, cé go bhfuil sé seo suibiachtúil mar choincheap.

Scríobhann Ní Chinnéide faoi mar a labhrann sí. Cuireann sí an teanga síos *verbatim* de réir mar a thagann sí chuici agus í ag cumadh. Tá tábhacht ag baint leis an gcanúint mar bhunchloch; d'fhéadfaí tógaint ar an gcanúint chun leas breise cruthaitheach a bhaint aisti. *'Caithfidh an rud dúchasach an fhuinneog a oscailt do chur síos ar eispéireas nua atá ag tarlúint sa domhan'* (Ní Chinnéide 2018).

Aontaíonn Ó Súilleabháin (2018) gur fearr ligint don rud atá de nádúr ionat *'teacht amach'*. Is spéisiúil, áfach, go bhfuil Ó Súilleabháin ar dhuine de na filí is mó as measc fhilí an staidéir seo a tharraingíonn ar shainleaganacha chanúint Chorca Dhuibhne ina shaothar agus ina chuid cainte féin, cé nár rugadh é féin sa cheantar sin. Féachann sé ar an gcanúint mar ghné luachmhar den bhfilíocht agus maíonn sé gur cheart go mbeadh píosa den dúchas sin ag filí. *'Mara bhfuil lasrach canúna agus an dúchais agus na nithe sin, mara bhfuil braon de ann, boichte ar fad do chuid filíochta'* (Ó Súilleabháin 2018). Ag an am céanna, áfach, tuigeann Ó Súilleabháin go mbíonn filí maithe ann nach gcloíonn le haon chanúint ar leith ach go bhfuil cáilíocht ar leith acu, claonadh dar leis a imríonn tionchar dearfach ar fhobairt na teanga féin.

Más máistrí teangan iad, beidh siad ag cur le saibhreas na teangan. Cítear dom na filí is fearr níl siad ag dúnadh, bíonn siad ag baint geit asat, léimt. Bíonn siad ag oscailt agus ag fairsingiú i gcónaí ní ag caolú is ag cúngú.

(Ó Súilleabháin 2018)

Ní bhíonn leisce ar an Súilleabhánach leaganacha nua-aimseartha a úsáid ina chuid filíochta chomh maith. Is minic go mbíonn idir leaganacha Béarla ('offy') agus nualeaganacha a shamhlófaí leis an gcaighdeán ('frithcultúir') á nascadh leis an réim thraidisiúnta Ghaeltachta ('ar a chaoil') aige.

'An fear ag cur fé i gcouncil carbhán  
Le camán agus scian nár imríodh aon chluiche leis riamh  
Ar a chaoil ag glaoch; 'cunús atá tú, kid!?'  
- sin fear cultúr-tite...  
leaidís óga ag ciceáil caide go gruama as falla leamh an eastáit  
- sin cultúr...  
ag déanamh graifftí grá;  
Ceaití agus Caoimhín 4eva go brách na breithe...  
Ag fáil ól dosna páistí ón offy  
- sin cultúr...'  
(An Cultúr, Beatha Dhónaill Dhuibh 2016: 122-123).

Dar le Ó Dúshláine go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag úsáid na canúna dóibh siúd nach bhfuil an chanúint ar a dtoil acu. Cáineann sé scríbhneoirí a

dhéanann iarracht cloí le canúint amháin d'aon ghnó, mura bhfuil an chanúint sin acu go nádúrtha. Is dóigh leis go mbíonn scríbhneoirí áirithe á dhéanamh seo mar mhaoímh ar fheabhas na teanga atá acu.

Ní maith liom daoine ag d'iarraidh ach go háirithint is Gráigis, an sórt sin, a bheith acu, tá sé sin an-tanaí agus cur i gcéill é sin. Tioca' mé i do dheabhaidh anois. Bíonn tú ag d'iarraidh oscailt súil seachas dallamullóg... Tuigimse go ndeireann siad mé gan aon síneadh fada, me, níl sin ceart, sin bréag. Tá an fhilíocht le bheith ag druidim i dtreo na haiceanta agus na ffrinne, true beauty. Tá gráin agam ar daoine a dheineann é sin. Deineann scata acu é sin, d'fhéadfadh chancers aon rud a scríobh.

(Ó Dúshláine 2018)

Fearacht Uí Dhúshláine, luaigh Bushe go bhfuil scríbhneoirí áirithe ann a théann thar fóir leis an gcanúnachas. Ceapann sé nach bhfuil aon dealramh leis an gcleachtas seo (Bushe 2018). Is dóigh leis go mbíonn idéolaíochtaí buile maidir leis an gcanúint coitianta i measc phobal labhartha na Gaeilge.

Cloisim daoine le Béarla Bhleá Chliath acu agus ansan nuair a osclaíonn siad a mbéal, cheapfá gur i bparóiste Mórdhach a rugadh agus tógadh iad. Má d'fhás duine suas le canúint amháin, fair enough. Ach foghlaimeoir teangan a deireann "I am going to be more Ros Muc than the ros muccers".

(Bushe 2018)

Molann sé cumas teanga Bidy Jenkinson mar eiseamláir de chainteoir saibhir nár shealbhaigh canúint ar leith. Dar leis go bhfuil teanga níos saibhre aici dá bharr. *'Gach uair a chloisim í, deirim liom féin "by god why aren't they all like that?" An sórt linguistic purity gur chóir duit rud éigin a roghnú'* (Bushe 2018).

Tugadh aird ar leith i gcritic litríocht na Gaeilge le linn na fichiú haois ar an mbaol a bhain le réim teanga scríbhneoirí a chloígh ródhocht le canúint thraidisiúnta. Bhéimnigh an Ríordánach an cur i gcéill agus baol seo na nathadóireachta a bhaineann le saothar liteartha scríbhneoirí a dhéanann dianaitheis fheasach ar chanúint ar leith.

Is déistineach an radharc é iad d'fheiscint á leadhbadh féin, mar a bheadh cait, le feabhas a gcuid Gaeilge. Peaca i gcoinnibh an tsolais is ea an Ghaeilge bhréige seo...

(Ó Ríordáin 1979: 21)

B'fhearr leis an Ríordánach go bhfaigheadh an scríbhneoir a ghuth shainiúil féin a fhaid is go maireann sí laistigh d'fhál na bunteanga féin, réim ar thug sé an teanga phríobháideach uirthi (Eireaball Spideoige 1952).

Tá nithe lasmuigh de thraidisiún na Gaeilge ar chúlaibh a smaointe agus tiocfaidh na nithe seo ar barra ar ball nuair a scríobhfar an teanga phríobháideach...

(Ó Ríordáin 1979: 14-15)

Is díol spéise an cuntas an cur síos a thug Mac Conghail (2019) ina agallamh siúd ar an lagmhisneach a bhraith sé tar éis dó cloí ródhocht le canúint Chorca Dhuibhne dá chnuasach filíochta *'Ceol Baile'* (Coiscéim 2014). Scríobh sé tromlach na ndánta i gcanúint Chorca Dhuibhne agus ceistíonn sé aiceantacht an tsaothair dá bharr. Níl sé cinnte faoi conas a sheasann a thuairimí mar gheall air toisc go n-aithníonn sé gurbh fhéidir go raibh pobal Chorca Dhuibhne ar a aigne ag an am toisc go raibh sé ag maireachtaint sa dúthaigh le linn dó roinnt den saothar a scríobh.

D'fhéadfainn a rá de Ceol Baile gur bréag an rud ar fad, roinnt mhaith de mar scríobhas go canúnach beagnach d'aon ghnó...Chruthaíos é agus is dócha b'shin na fuaimeanna a bhí á gcloisint mórthimpeall orm.

(Mac Conghail 2019)

Meabhraíonn trácht seo Mhic Conghail an chastacht a bhaineann le hídéolaíochtaí teanga agus ceist seo na haiceanta a pléadh go dtí seo. Bhraith an file nár mhodh barántúil é an chanúint áitiúil de ainneoin nasc a bheith ag a mhuintir leis an gceantar sin le fada an lá.

Ní hionann seasamh na bhfilí ar cainteoirí dúchais iad le seasamh na bhfilí ar nuachainteoirí iad i leith a gcleachtas teanga agus a gcuid idéolaíochtaí teanga. Tá ochtar cainteoirí dúchais sa staidéar seo (Ó hUanacháin, Ní Mhóráin, Ó Muircheartaigh, Mac Conghail, Ní Mhurchú, Ó Siochrú, Ní Chinnéide agus Ní Shíthigh). As measc na bhfilí sin a rugadh i gCorca Dhuibhne nó in Uíbh Ráthach (nó a tógadh le tuismitheoirí a raibh canúint Ghaeltachta Chiarraí ar a dtoil acu) is í an chanúint sin a bhíonn á saothrú acu mar mheán cruthaitheach.<sup>19</sup>

Arís, cloíonn na filí leis an réim teanga a samhlaítear aiceantacht léi. Seo sampla de na ráitis a dhein na cainteoirí dúchais maidir leis an gcanúint agus an cóimheas – má tá – idir an chanúint agus an caighdeán.

Scríobhaim go saoráideach im chanúint nádúrtha.

(Ó Siochrú 2018)

Scríobhaim i gcanúint go mórmhór mar sin é a mholtar. Bhraithfeadh sé uaireanta go bhféadfainn a bheith ag scríobh sa chaighdeán. Ní haon chúis buartha dom é.

(Ní Shíthigh 2019)

Scríobhaim de réir mar a labhram. Ní saineolaí mé ó thaobh cúrsaí gramadaí.

(Ní Chinnéide 2018)

---

<sup>19</sup> Ní Mhóráin, Ó Muircheartaigh, Ní Mhurchú, Ní Chinnéide, Ní Shíthigh agus Ó Siochrú.

Ní scríobhaim sa chaighdeán, scríobhaim sa chaighdeán atá againn anso, ní bhacaim leis an gCaighdeán Oifigiúil. B'fhearra canúint a úsáid, táim bródúil as agus is breá liom é, is breá liom é a chlos.

(Ní Mhurchú 2018)

Chím an gá atá le tacú leis an nGaeilge go háitiúil i gcónaí. Chonaic mé riamh é. Ní hé sin le rá go raibh aon lé agam le canúnachas...Ní cheapfainn go mbeinn ag athrú i dtreo scríobh sa Ghaoluinn ainneoin cé mhéad ama a chaithfidh mé anseo. Scríobhaim sa chaighdeán. Go bunúsach, scríobhaim sa chaighdeán agus má tá focal nó frása ó chanúint ar bith, tabharfaidh mé isteach iad. Sin a bhfuil.

(Ó hUanacháin 2019)

Ainneoin go bhfuil éagsúlacht áirithe idir dearcadh na bhfilí, is suntasach go mbíonn saothar na gcainteoirí dúchais sin a bhfuil nasc níos láidre acu le Corca Dhuibhne nó le hUíbh Ráthach breac le sainleaganacha chanúint Chiarraí. Féach thíos chun scata samplaí a fheiscint ó shaothar na bhfilí.

is fulaingím,  
fuath liom strainséirí,  
ní díobh mé  
is ní bhead ag brú caradais orthu  
(Ó Siochrú, Oisín Arís, Rachlas, Coiscéim 2015: 26)

Ansin tagann maidin fhuar, fhliuch, ghaofar  
ag gáirí fé mo gheáitsí  
níl uaim ach fanacht sa leabaigh  
(Ní Chinnéide, Scairbhín, Bleachtair na Seirce 2011: 20)

An bhfeadairís cá bhfuileann tú?...  
Cad tá ag goilliúint ort?  
Agus n'fheadarsa  
Ach go gcaithfead  
Tabhairt fé amach-  
(Ó Muircheartaigh, Sceimhle, Os Cionn Talún 2015: 14)

Thánag ar "link" ar mo ríomhaire  
A thug isteach i saol eile mé  
Saol na Maighdine Muire  
Ná cúiseanna go dtáinig sí chugainn  
Dár varnáil i dtaobh  
Cogáil agus  
Marú agus  
Básc  
(Ní Mhurchú, Féile na Lúnasa, Mil Ina Slaoda 2011: 63)

Ba spéisiúil an trácht a dhein Ní Mhóráin (2018) agus Ó Muircheartaigh (2018) ar an ngaol a bhraith siad idir a bhféiniúlacht agus an úsáid a bhaineann siad as canúint na Gaeltachta. Tá Ní Mhóráin an-dílís do chanúint Chorca Dhuibhne. (Cuimhnimis go bhfuil sí pósta le fear ó pharóiste Mórdhach). Braitheann sí gur gníomh dílseachta é an chanúint a úsáid.

Ní hé go gcuireas romham scríobh go canúnach ach mar sin a chuireann mo chuid filíochta í féin in iúl im' chuid scríbhinní agus tá sé dom riachtanas an chanúint a chaomhnú. Mar shampla, ní ghéillim do faoi riamh im' chuid dánta, téann sé i gcoinne an ghráinne agus den agus don plus h, nuair nach bhfuilid sa chaint bheo. Ní theastaíonn uaim meascán mearaí a chur ar dhaoine cá seas aim.

(Ní Mhóráin 2018)

Cloíonn Ó Muircheartaigh go dlúth le canúint Chorca Dhuibhne ina chuid filíochta. Áitíonn sé gur féidir le daoine dul thar fóir le canúnachas agus leis an gcaighdeán ach dar leis gurb í an chanúint an rogha chuí dó féin toisc gurb í sin an rud is nádúrtha dó. Ní aithneodh sé féin murach gur sa chanúint a bheadh a chuid filíochta (Ó Muircheartaigh 2018). Luaigh sé sampla den bhfoirm tháite san aimsir fháistineach san agallamh. Dar leis go mbaineann a fhéiniúlacht mar chainteoir agus mar fhile Gaeilge go díreach leis an gcanúint áitiúil.

Gheimhim deacair caithfidh mé a scríobh fiú amháin mar caithfead a déarfaidh mé agus caithfidh mé, ní mise atá ag scríobh in aon chor.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Ní hionann seilbh fhilí éagsúla an staidéir seo ar cheartúsáid na teanga, ar réimeanna agus foclóir a bhaineann leis an gcanúint áitiúil. Díol suntais, mar sin féin, an claonadh a bhí nó a bhíonn ag nuachainteoirí uile an staidéir seo tarraingt a dhéanamh ar an gcanúint mar uirlis chruthaitheach ina saothar agus mar réim chumarsáide ina gcuid urlabhra (gné a bhíonn níos treise in urlabhra filí áirithe ná a chéile).

Tá suntas tugtha ag léirmheastóirí de thréithe na canúna a bheith á gcleachtadh ag cuid d'fhilí an staidéir, agus leagann siad luach air seo. Cuir i gcás, an léirmheas a dhein Pádraig Ó hÉalaí ag seoladh an chnuasaigh 'Meirge an Laoich' le Ní Bheildiún (Coiscéim 2013).

Déarfad ar dtús gur mór an chreidiúint do Cheaití agus gur mór an sásamh don léitheoir, an saibhreas cainte atá curtha i láthair aici ina cuid dánta. Tá foclóir fairsing iontu, leaganacha breátha cainte agus scata tagairtí a bhaineann macalla as traidisiún na Gaeilge.

(Ó hÉalaí 2013)

Tráchtann Ó hÉalaí ar an tochailt dhoimhin a dhéanann Ní Bheildiún i saibhreas cainte Sheáin an Chóta mar phróiseas foghlama teanga sa dán 'Éist leis an gCóta'. *'...samhlaíonn sí saibhreas cainte Sheáin an Chóta le fallaing nó brat atá á shníomh aici féin do dhuine atá ag foghlaim Gaeilge'* (Ó hÉalaí 2013).

Tá fallaing á sníomh agam duit,  
íochtar go talamh uirthi

uachtar gan mhuinchillí,  
scóip d'fhocail bláthú inti.

(Meirge an Laoich 2013: 49)

Sa léirmheas a scríobh Liam Carson (2011) ar chnuasach Uí Fhaoláin 'As Gaineamh' (Coiscéim 2011), tharraing sé aird ar an tsainearraíocht a bhaineann an file as canúint Chorca Dhuibhne mar uirlis chruthaitheach. *'Ó Faoláin's Irish is immersed in the speech of Corca Dhuibhne'* (Carson 2011: 137).

D'aithin Gréagóir Ó Dúill an tréith chéanna i saothar Uí Fhaoláin. Dar leis go ndéanann an file síneadh ar an réim teanga seo agus aithníonn sé go dtarraingíonn Ó Faoláin ar an teanga 'nua-aimseartha' chomh maith ina chuid saothar.

I rith an ama bíonn sé ag scríobh na teanga, meascán de theanga éasca Chorca Dhuibhne agus den teanga nua-aimseartha a bhíonn ina huirlis ag duine, ag intleacht, ag ciorcal beag de chairde, ag teaghlach.

(Ó Dúill 2013: 26)

Ba spéisiúil an ráiteas a dhein Mulcahy (2018) faoin easpa aiceantachta a bhaineann le cleachtas teanga fhilí áirithe i gCorca Dhuibhne, dar leis féin. D'áitigh sé go mbíonn filí áirithe ag cumadh sa dúthaigh nach n-éiríonn leo an fhilíocht a chumadh toisc nach mbíonn sí nádúrtha dóibh.

Tá daoine sa Ghaeltacht a bhíonn ag scríobh as Gaelainn ach níl ón nGaeltacht iad agus bíonn sé ana-forced. Tá roinnt daoine agus ní oibríonn sé dóibh i mo thuairim. B'fhéidir go n-oibríonn sé ar páipéar ach nuair a léann siad na dánta, níl sé nádúrtha.

(Mulcahy 2018)

Creideann sé gurbh é an t-aon fhile nár tógadh leis an gcanúint áitiúil ach a n-éiríonn leis an chanúint a chur ag feidhmiú go cruthaitheach agus go nádúrtha ná Peadar Ó hUallaigh. Is díol spéise é an cuntas seo ó Mulcahy mar léitheoir aige féin ar shaothar a gcomhfhilí. An mbeadh fianaise Mulcahy ag teacht lena mbeadh le rá ag an bpobal léitheoireachta/éisteachta féin nach filí iad sa dúthaigh? An amhlaidh go mbraitear nach meán dúchasach é an chanúint do na daoine seo a d'aistrigh isteach go dtí an ceantar ón taobh amuigh?

Díol spéise gaol míshocair roinnt nuachainteoirí sa staidéar seo leis an teanga. Tagann na torthaí seo lena bhfuil áitithe ag lucht critice, go háirithe, maidir le féiniúlacht an nuachainteora.

Braitheann roinnt de na nuachainteoirí míchompordach faoina gcumas agus deir siad nach bhfuil líofacht bainte amach acu go fóill nó go bhfuil teorainn lena gcumas iad féin a chur in iúl... Fiú i gcás na nuachainteoirí ar saineolaithe iad agus a bhfuil



iarracht ar leith déanta acu canúint thraidisiúnta a shealbhú, is minic an easpa chéanna féinmhuiníne le brath.

(Walsh, O' Rourke & Rowland 2015: 33 - 34)

Tá sé tábhachtach a áireamh nach ionann taithí na nuachainteoirí eile leis an gcanúint. Níor thug Ó Súilleabháin, Ó Dúshláine, Bushe, agus Ó Faoláin le fios go mbaineann teannas leis an úsáid a bhaineann siad as an gcanúint.

Níor shealbhaigh Mulcahy an Ghaeilge go dtí gur bhog sé go Corca Dhuibhne. Nuair a shocraigh sé a ghnó a chur ar bun, thuig sé féin agus a bhean chéile, Lizbeth gur chóir dóibh an Ghaeilge a fhoghlaim. Bhain próiseas éiginnte le turas foghlama teanga Mulcahy i gCorca Dhuibhne. Bíonn sé i gcónaí an-ghafa le cúrsaí gramadaí; struchtúir agus comhréir na teanga.

Nuair a thagann sé go dtí an Ghaelainn ardnósach, táimse cailte. Níor dheineas aon staidéar ar an nGaelainn riamh just phiocas suas ó daoine. Bhí sé sin an príomh-occupation a bhí agam. Is measa anso timpeall.

(Mulcahy 2018)

D'admhaigh sé go mbíonn dúshlán ag baint le sealbhú na teanga dó. Chuir sé síos san agallamh ar an mearbhall a bhain le foghlaim na teanga dó. Chuireadh sé ceist ar dhaoine éagsúla cabhrú leis agus dánta á gcur in eagar agus bhíodh ceartúcháin éagsúla ag daoine éagsúla. Bhí teannas ann idir úsáid na canúna agus an chaighdeáin féin don bhfile.

Má thaispeánann tú cáipéis do dhuine anso timpeall, déarfadh siad 'no níl sé sin i gceart'. Má thaispeánann tú é go dtí expert eile, bheidís curtha thar n-ais formhór go dtí an rud a raibh agat féin ag an dtús.

(Mulcahy 2018)

Tá an easpa muiníne agus an lagmhisniú a bhain lena bheith ag saothrú na filíochta sa Ghaeilge le feiscint go láidir sa dán 'An Ghaolainn agus Mise'.

Tá mo dhuilleoga ag titim  
's mé ag dul i laige mo  
mhuinín cailte  
m'aighe casta  
mo mheabhair is m'éirim scriosta  
'is mo chroí briste  
Ag na huaireanta caite  
Ag iarraidh drochlitríú is drochghramadach  
A cheartú i ndrochvéarsa.  
(Dhá Chlog ag Bualadh 2012: 80)

Tarraingíodh aird ar easpa máistreachta teanga Mulcahy ag an léirmheastóir Gréagóir Ó Dúill ar fhoilsiú céadshaothar Mulcahy 'Dhá Chlog ag Bualadh' (An Sagart 2012).

Ni hionadh go mbíonn a ngreim ar an teanga tanaí go minic, airtríteach in amannaí, údarásach go hannamh...Traoslaím a chéad chnuasach le Louis Mulcahy, ach tá cúpla pota agam leis agus chomhairleoinn dó cloí le jab an lae.

(Ó Dúill 2013: 24-25)

Dar leis an bhfile nár thóg sé ceann riamh den léirmheas sin. Is spéisiúil áfach go bhfuil cinneadh déanta aige an Béarla amháin a chleachtadh mar mheán filíochta. Labhair sé ar an ualach mór ama a thóg sé cnuasach Gaeilge a chur le chéile.

An chúis gur chasas go dtí Béarla, creidim gur cheart duine formhór nó é ar fad a déanamh sa teanga atá mar teanga dúchais acu agus níl sé sin agamsa. Chomh maith leis sin, thóg sé chomh fada an chéad leabhar a scríobh as Gaoluinn go mbeadh trí cinn eile agam as Béarla so bheartaíos ina dhiaidh san casadh go dtí an Béarla ar fad.

(Mulcahy 2018)

Thug Mulcahy le fios gurbh ait leis gur áiríodh é sa taighde seo toisc go bhféachann sé air féin mar fhile Béarla a scríobh cnuasach amháin trí Ghaeilge (Mulcahy 2018). Ráiteas fíorspéisiúil é seo a léiríonn easpa misnigh an fhile go pointe áirithe. Bíonn tionchar ag na mothúcháin dhiúltacha seo atá aige ar a mbraistint féin i dtaobh a cháilíochta mar dhuine ar foilsíodh cnuasach Gaeilge leis. Léiríonn seo an chastacht a bhaineann le seasamh ídeolaíochta an nuachainteora maidir le barantúlacht a chumais agus aiceantacht an urlabhra chruthaithigh.

D'aithin Áine Moynihan go mbíonn a cuid scríbhneoireachta claonta i dtreo na canúna áitiúla ach go bhfuil sé tábhachtach di í a chaighdeánú ar mhaithe le cúrsaí cruinnis, go háirithe má tá sí chun saothar a fhoilsiú (Moynihan 2018). Ní bhraitheann sí gur léi an chanúint áitiúil cé go mbaineann sí úsáid laethúil aisti agus cé gur thóg sí a clann féin le Gaeilge.

Domsa, I think, ní dheineas an-chuid machnaimh ar seo ach ní file Gaeltachta mé. Ní ón áit mé. Ní liomsa go pearsanta an chanúint.

(Moynihan 2018)

Agus í idir shúgradh agus dháiríre san agallamh, dúirt sí nár chóir dá leithéidse a bheith ag iarraidh an chanúint a chaomhnú toisc nach gcreideann sí go bhfuil an chanúint ar a toil aici go hiomlán chun aon ghné di a chur ar aghaidh '*Ní ón áit mé. Ní liomsa go pearsanta an chanúint. Ní chuirfinn leis an gcanúint in aon slí (gáire...)*' (Moynihan 2018).

Cé go mbraitheann Moynihan go bhfuil teora leis an bhfoclóir atá aici féin, faigheann sí spreagadh as an tochailt a dhein nuachainteoirí eile sa teanga, cuir i

gcás Michael Hartnett. Dar léi go bhfuil bua ar leith ag an nGaeilge mar mheán don bhfilíocht.

Tá teorainn leis an méid gur féidir liomsa a chur in iúl b'fhéidir mar ní bheadh an fhoclóir chomh saibhir sin agam. Cuirim i gcuimhne dhom fhéin i gcónaí nach raibh foclóir iontach ag Michael Hartnett nuair a thug sé fén nGaelainn agus go raibh filíocht de chaighdeán ard á scríobh aige.

(Moynihan 2018)

Thagair Ó hUallaigh do thábhacht an Chaighdeáin Oifigiúil. '*Chun teacht ar sealbhú éigin ar an nGaoluinn, bhí orm an rud caighdeánach a fhoghlaim*' (Ó hUallaigh 2018). Bhí gaol casta aige le canúintí éagsúla le linn a shaoil. Fuair sé a chuid scolaíochta i gCluain Meala, áit, dar leis, a raibh an-chuid de Ghaoluinn na nDéise timpeall air ag an am. Labhair sé san agallamh ar an easpa measa a léiríodh ar an gcanúint sin nuair a bhí sé ar an ollscoil i mBaile Átha Cliath.

Gach rud a bhí agam, rudaí beaga a bhí mícheart, Gaelainn na Mumhan mícheart ó thaobh na múinteoirí sin. 'Sínigh amach do lámh a bhuachaill'. Chailleas an muinín a bhí agam sa teanga le blianta móra fada.

(Ó hUallaigh 2018)

Dúirt sé go mbaineann sé feidhm as an gcanúint agus as an gcaighdeán ag léamha filíochta, mar shampla, ag brath ar cé atá os a chomhair sa lucht éisteachta.

Dá mbeinn ag reacadh filíochta anseo sa cheantar so, bheadh rogha áirithe dánta agam a bheadh canúnach. Dá mbeinn in áit suas faoin tír, ní roghnóinn an chuid sin, bheadh teanga eile á reic agam agus á labhairt agam.

(Ó hUallaigh 2018)

Leag sé béim ar an bhfeidhm shóisialta a bhíonn ag a réim agus ag a úsáid teanga. Is díol spéise é go mbíonn úsáid na canúna an-láidir mar mhodh cruthaitheach i saothar an fhile féin. Cuir i gcás an tsainúsáid a bhaintear as tréithe de chanúint Chorca Dhuibhne sa dán 'Focal Scoir'.

...Ní fada anonn  
go mbeid siad scartha  
ar an gcoigríoch uainn.  
Chím na sluaiste cré  
á n-iompú i reilg Chaitlíona,  
sioc agus sneachta  
ar mhala Shliabh an Iolair.  
Cloisim clagarnach chreafóige  
ar chlár na comhrann.

(Mil ina Slaoda 2011: 185)

Féachann Ní Bheildiúin ar an gcleachtas teanga trí shúile an fhoghlaimora agus tugann sí le fios go mbíonn sí i bponc fós ó am go chéile agus í ag caint, go háirithe nuair a éiríonn a cuid abairtí casta (Ní Bheildiúin 2018). Bhain tréimhse

éiginnteachta leis an bpróiseas foghlama teanga ar dtús agus í ag cuimhneamh ar an gcineál teangan ar cheart di a scríobh.

Is dóigh liom mar fhoghlaimoir, fuair an-deacair teacht ar cad ba cheart... Faighim an gramadach fós go minic casta, níor dheineas staidéar iomlán ar an ngramadach dheineas go dtí leibhéal áirithe. Easpa taithí, ní bhíonn mo chuid abairtí rósofaisticiúil nó nuair a eiríonn siad casta, faighim greamaithe...Thóg sé tamall a thuiscint pé rud is maith liom, pé rud a oireann don nóiméad.

(Ní Bheildiúin 2018)

Díol spéise léamha na bhfilí Béarla a thabhairt san áireamh anseo. Deir Justin Mac Cárthaigh (a chumann go príomha trí mheán an Bhéarla ach a labhraíonn Gaeilge sa teaghlach agus sa phobal) go raibh drogall air an Ghaeilge a úsáid mar mhodh cumarsáide nuair a d'aistrigh sé go Corca Dhuibhne ar dtús ainneoin go raibh go leor taithí aige ar an teanga, agus é tar éis bheith ag freastal ar chúrsaí éagsúla Gaeilge.

Táim i gCorca Dhuibhne le fiche bliain nach mór anois. An chéad dá bhliain, níor úsáideas Gaoluinn in aon chor, bhíos ag éisteacht leis go dtí gur thugas preab do roinnt daoine áitiúla oíche amháin, thuigeadar go rabhas tar éis a bheith ag éisteacht leo.

(Mac Cárthaigh 2019)

Baineann a rogha teanga don bhfilíocht lena chumas teanga. *'Bíonn ceist teanga ina thagann filíocht chugam'*. Ní bheadh fonn ar an bhfile a bheith ag úsáid foclóra chun dán a chur le chéile. *'Ní bheadh mé im shuí ag lorg foclóir ag iarraidh dán a chur le chéile'* (Mac Cárthaigh 2019). Dar leis gur minic gur fearr a oibríonn aistriúcháin Ghaeilge ar a chuid dánta Béarla. Tá sé suimiúil go dtugann sé aird mar fhile Béarla ar an bhféiniúlacht eile a bhíonn sna hathleaganacha Gaeilge seo. Cumann sé dánta ócáidiúla Gaeilge. Is mó an misneach a chothaíonn an gníomh cruthaitheach sin sa Ghaeilge ná mar a tharlaíonn sa Bhéarla (Mac Cárthaigh 2019).

Tá dánta cumtha ag Maggie Breen as Gaeilge cé gur i mBéarla den gcuid is mó a scríobhann sí.<sup>20</sup> Thug Breen (2019) le fios ina hagallamh nach léann sí féin filíocht na Gaeilge. Is fiú a thógaint san áireamh go bhfuil céim sa Ghaeilge ag Breen. Cé nach ndúirt an file go sonracha ina hagallamh go mbaineann cúrsaí muiníne nó cumas teanga lena rogha cloí go príomha leis an mBéarla mar mheán dá cuid

---

<sup>20</sup> Níor áiríodh í mar fhile Gaeilge sa staidéar toisc nach bhfoilsíonn sí ach corrdhán as Gaeilge. Níl aon chnuasach filíochta foilsithe aici go fóill ach an oiread.

filíochta, tá an easpa iomlán máistreachta ar an teanga mar ghníomh nádúrtha le haithint ar an ionchur uaithi thíos.

Muna dtuigeann tú é like. B'fhéidir go bhfuil tú ag déanamh iarracht rud a thuiscint agus deineann tú do dhícheall. Nóimint éigin muna dtuigeann tú é, cailleann tú suim ann. D'fhéadfá a rá, téigh go dtí an foclóir nó pé rud – bí ag obair ar do chuid Gaoluinne. Ní léim filíocht Ghaoluinne.

(Breen 2019)

Tá trí dhán scríofa ag an bhfile as Gaeilge agus is spéisiúil an cuntas thíos gur tháinig na dánta sin chuici trí Ghaeilge. Níor ghníomh follasach é an chumadóireacht sin.

Scríobhas trí dhán as Gaoluinn. Tá sé an-ait mar tháinig siad as Gaoluinn agus tá an aistriúchán uhhh gránna! Is maith liom iad. Scríobhas faoin dúnmharú i Smervick 1580. Bhí massacre ann. Nuair a léim an aistriúchán, tá sé ana-clunky agus an-ait.

(Breen 2019)

Ní chumann Seán Sugrue filíocht trí Ghaeilge toisc nach bhfuil an teanga ar a thoil aige. Díol spéise é go bhfuil Gaeilge as a óige ag a athair ach nár chuala sé é á labhairt riamh ina shaol. Is é sin le rá gur cheil cinntí teanga a athar an caipiteal cultúrtha seo ar Sugrue. Ba í taithí an fhile leis an teanga ná gurbh éigean dó í a fhoghlaim ar scoil.

My father he is a fluent Irish speaker, but he doesn't speak it. I never really heard him speak Irish. He grew up in Ballinskelligs and would have been schooled through Irish. I don't know. I have never really asked him that. I'm sure he would still have a cúpla focal.

(Sugrue 2019)

Cé nár thug aon fhile ar nuachainteoir é nó í aitheantas don chanúint mar uirlis dlisteanaithe féiniúlachta dóibh ar bhealach foirmeálta, is feiniméan soiléir ar leith é an tarraingt chomhfhiosach a dhéanann na nuachainteoirí seo ar an gcanúint ina gcuid urlabhra agus ina gcuid filíochta. Bhí feiniméan seo úsáid na canúna mar parole cruthaitheach le brath go láidir i measc filí eile a raibh bá agus ceangal acu le ceantar Chorca Dhuibhne: an Ríordánach, Rosenstock, Davitt, Ó Muirthile agus Ní Dhomhnaill. Thug an cleachtas seo '*blas na fírinne*' do shaothar na bhfilí seo, agus an chuma ar an scéal go raibh cuid acu ag scríobh do phobal Chorca Dhuibhne nó do phobal labhartha na canúna (Ní Ghairbhí 2011: 66). D'aithin Ní Ghairbhí (2011: 67) go raibh barántúlacht le fáil in sainúsáid na teanga ag Davitt agus Ó Muirthile toisc gur mar '*fhinnéithe ó thaobh istigh den phobal*' a scríobhadar cuid dá gcnuasach. An bhfágann sainúsáid na canúna i saothar filí gurb iad cainteoirí na canúna na léitheoirí samhaltacha atá ag na filí? An é an

pobal áitiúil an spriocphobal (fiú spriocphobal samhlata) atá ag na filí? Idir an dá linn, gineann admháil Mhic Conghail faoin amhras a bhí air maidir le barántúlacht úsáid na canúna ceisteanna suimiúla faoi chumas na canúna labhairt ar shaol níos leithne d'fhillí áirithe. I gcás Mulcahy bhain an cheist seo le teanga nach bhfuil lánsealbhaithe, dar leis féin.

### **An Cine Isteach, An Nuachainteoir agus an Fhilíocht**

Is díol suntais agus spéise líon na bhfilí ar cine isteach iad atá ina bhfilí i gCorca Dhuibhne. Mar a luadh sa réamhrá, shocraigh seisear filí (Simon Ó Faoláin, Ceaití Ní Bheildiúin, Louis Mulcahy, Áine Moynihan, Peadar Ó hUallaigh agus Paddy Bushe) faoi chaibidil teacht chun cónaithe sna ceantair atá faoi thrácht. D'aistrigh triúr cainteoirí dúchais go Corca Dhuibhne chomh maith (Ó Muircheartaigh, Ó hUanacháin agus Mac Conghail ar feadh tréimhse).

Léiríonn taighde Allan, Crown & Summers nach ionann taithí gach duine mar chine isteach agus nach ionann na hacmhainní sóisialta nó cultúrtha atá acu (Allan, Crow & Summers 2001: 40). Leagtar béim ar na hógaireachtaí a bhaineann leis an aistriú isteach go ceantar nua ina gcás-staidéar ar choincheap an chine isteach agus an chine “dhúchais” nó insider/outsiders i bpobal tuaithe oileáin ‘Steeptown’. Téann an cine isteach trí phróiseas comhshamhlaithe sóisialta agus féiniúlachta mar chuid dá (h)aistriú tíreolaíoch. Bíonn buanna, tréithe nó caipiteal áirithe ag daoine áirithe a dhéanann éascú ar an bpróiseas nasctha leis an bpobal nua (Allan, Crow & Summers 2001: 45). *‘Situations in which local people are reliant economically on in-migrants reveal insider/outsider relations to be marked by ambivalence...’* (Allan, Crow & Summers 2001: 44).

Ba thábhachtaí i gcásanna áirithe de chuid an staidéir thuasluaite gur ghlac an cine isteach páirt ghníomhach sa phobal áitiúil.

It was noted above that while some Steeptown residents regarded the ability to demonstrate local ancestry as an important mark of being an ‘insider’, others attached greater significance to the extent of a person’s participation in local social life and their preparedness to identify with the town.

(ibid 2001: 45)

Ní miste cuimhneamh nach rud nua é an feiniméan seo ag aos dána agus cruthaitheach a bheith ag tarraingt ar Chorca Dhuibhne, scríbhneoirí na Gaeilge, go speisialta. Ba ghnách le lucht Innti imeacht siar go Corca Dhuibhne, áit a soláthraíodh ceárta anama agus teanga dóibh (Ó Dúshláine 2011, Ní Ghairbhí 2011). Bhí nós ag scríbhneoirí tréimhse sealbhaithe teanga a chaitheamh sa

Ghaeltacht ó thús na fichiú haoise ar aghaidh, a luaitear mar chineál *'turasóireacht chultúrtha'* (Ní Ghairbhí 2011: 70). Cothaíodh Ní Dhomhnaill, Ó Ríordáin, Davitt agus Ó Muirthile go speisialta ag an bpobal *'neamhphollta teanga'* tríd na *'turasanna fionnachtana'* a thugadar siar go Corca Dhuibhne (Ní Ghairbhí 2011: 70). Deir Nic Eoin *'gur freastalaíodh ar riachtanais iomlána an dune chomh maith lena riachtanais teanga'* (Nic Eoin 2005: 270). Mar a dúirt an Ríordánach féin:

Cad ina thaobh go ndeaghas go Dún Chaoin? Toisc gur theastaigh pobal neamhphollta uaim. B'fhearr liom mo cheantar dúchais ach ní raibh leigheas air.

(Ó Ríordáin 1975c: 6)

Chuir Tadhg Ó Dúshláine (2018) síos ar an bhfilleadh siar mar idéolaíocht ar leith ina agallamh. Dar leis go mbíonn daoine nár rugadh sa Ghaeltacht ag lorg na gné oidhreachtúla stairiúla sin díbh a ceileadh orthu.

Ní féidir é a mhíniú ach go bhfuil fhios agat gur ceileadh nó gur baineadh de do mhuintir fhéin an saibhreas sin go léir ach gur mhair sé i bpócaí beaga agus ná rabhaise ach ag déanamh athghabháil, tóraíocht taisce ar chuid an-bhunúsach, an-tábhachtach díot féin...gur mhair sé sin anso fós, ceilte ort, i ngan fhios duit, go dtí go raibh sé de dhán nó de phribhléid duit teacht chun na Gaeltachta.

(Ó Dúshláine 2018)

Is éard atá éagsúil idir cuid d'fhillí an staidéir seo agus lucht Innti ná gur tháinig Ó Faoláin, Ní Bheildiúin, Mulcahy, Moynihan, Ó hUallaigh agus Bushe ar shocrú níos buaine. Dheineadar cinneadh fanacht sna dúichí. Ní miste a aithint gur chaith filí áirithe mar Michael Davitt agus Nuala Ní Dhomhnaill tréimhsí níos leanúnaí sa cheantar chomh maith (mar a dhein Marcus Mac Conghail) agus gur leanadar de bheith ag cur síos ar a ngaol le Corca Dhuibhne ina saothar cruthaitheach.

Lionsa spésiúil is féidir a úsáid chun plé a dhéanamh ar iompar agus ar thaithí na bhfilí nach cainteoirí dúchais iad ná lionsa an nuachainteora. Mar a luadh sa réamhrá, baintear feidhm as fráma critice an nuachainteora chun cur síos a dhéanamh ar idéolaíochtaí, ar chleachtais agus ar fhéiniúlacht daoine a fhoghlaimíonn teanga lasmuigh den ngnáthchomhthéacs sealbhaithe sa teaghlach ach a úsáideann í mar mhodh cumarsáide rialta ina saol laethúil í (Walsh 2015: 14).

Bíonn dlúthbhaint idir féiniúlacht an nuachainteora agus an t-athrú a thagann ar a c(h)leachtas teanga (Walsh, O' Rourke & Rowland 2015: 25). Gné thábhachtach a bhaineann leis an nasc seo idir teanga agus féiniúlacht i gcomhthéacs an taighde

seo go sonrach ná gur minic go mbíonn an nuachaintoir gníomhach ag lorg comhthéacsanna nua sóisialta ina n-úsáidtear an sprioctheanga.

Tá cumas nua teangeolaíoch á fhógairt aige/aici go poiblí agus dá bhrí sin tá rannpháirtíocht á lorg aige/aici i gcomhthéacsanna áirithe sóisialta atá bunaithe ar an gcumas teangeolaíoch sin... tá seasamh sóisialta á thógáil agus persona poiblí á chruthú go comhfhiosach acu.

(Walsh, O' Rourke agus Rowland 2015: 26)

Gineann an ráiteas thuas tacar ceisteanna spéisiúla maidir leis an aistriú tíreolaíoch a dhein na filí. Cad go díreach a thug siar iad? An raibh an teanga ar thoil an seisear nuachaintoirí-fhilí seo sular thánadar go dtí a gceantair nua? I gcás na bhfilí a raibh mórathrú teangeolaíoch i gceist, ar ghlacadar páirt i gcomhthéacsanna nua sóisialta mar chuid de bpróiseas aistrithe féiniúlachta a labhrann Walsh, O' Rourke agus Rowland (2015) air?

Maidir leis na cainteoirí dúchais (nár tharraing an bhéim chéanna ar phróiseas an aistrithe isteach ná ar a dtaithí leis) ba í an teanga a mheall go príomha iad nó ó tharla naisc teaghlaigh a bheith acu leis an gceantar.

Theastaigh timpeallacht Ghaelach go bhféadfaí a bheith ag brath air Gaeilge le dealramh uaim do Ruairí (mac leis) atá ar scoil Naomh Eirc. Sin a thug anseo muid. Anseo a bhraith muid a bheadh an seans ab fhearr go bhfaighfeadh sé Gaeilge le dealramh más Gaoluinn féin. Tá sé faighte aige is dóigh liom.

(Ó hUanacháin 2019)

Thánamar anso 1975. An áit seo, an Ghaeltacht sin an fáth. Bhíos sásta i Bleá Cliath ach b'fhearr liom an áit seo, b'fhearr liom Gaelainn a bheith ag na leanaí.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Bhíomar ag teitheadh ó Bhleá Cliath. Nuair a bhí mireacht sa Tíogar Ceilteach, níor thaitin Bleá Cliath linn ag an am. Ní raibh ceachtar againn sásta. Bhí sé míchompordach a bheith sa chathair agus ní hin an cineál cathair a bhí uainn. Bhí clann óg orainn. Bhí rud nua uainn. Bhíomar ag plé cá raghaimis. Luaigh mé Corca Dhuibhne agus ní raibh an dá fhocal sin cloiste ag Edel cheana. Chuir sé cluas teaspach uirthi fhéin 'cá bhfuil sé sin?'

(Mac Conghail 2019)

Níorbh é an teanga an chúis ba mhó a mheall Mac Conghail go Corca Dhuibhne. Ba í an chúis a d'aistrigh sé go Corca Dhuibhne ó Bhaile Átha Cliath ná go raibh fonn éalaithe air ón Tíogar Ceilteach san ardchathair.

Mar chine isteach i bpobal nua, is treise na hógairteacha a bhraitheann nuachaintoirí an staidéir seo maidir lena bhféiniúlacht. Tá guagacht áirithe ag baint le dearcadh Simon Uí Fhaoláin i leith a chuid féiniúlachta. Cé gur tháinig sé go Corca Dhuibhne nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois, d'imigh sé ón gceantar ar



feadh tréimhse le freastal ar an ollscoil. Chaith sé tréimhsí sa Bhreatain Bheag, sa Ghaillimh, i gCorcaigh agus ar Oileán Acla sular fhill sé ar Chorca Dhuibhne ag tús na mílaoise. Mar pháiste óg, níor bhain cinneadh a dtuismitheoirí chun lonnú sa cheantar leis an nGaeilge. Dúirt sé gur minic a dhéantar talamh slán de gur *'Gaelgeoirí a bhí i mo mhuintir agus gur b'in an chúis gur thánamar anso ach níorbh amhlaidh in aon chor'* (Ó Faoláin 2018). Theastaigh óna athair bogadh amach as Baile Átha Cliath toisc go raibh sé bailithe den saol a bhí á chaitheamh acu ann agus leis na daoine a bhí timpeall air. Ba i gCorca Dhuibhne a d'fhoghlaim Ó Faoláin an Ghaeilge i gceart den gcéad uair agus é ag freastal ar Scoil na Feothanáí (Ó Faoláin 2018).

Nuair a bhog Ceatí Ní Bheildiúin go Corca Dhuibhne, ba bheag tuiscint a bhí aici ar shaol na Gaeltachta. Níor thuig sí fiú go raibh teorainneacha Gaeltachta ann idir na ceantair i gCiarraí.

Níor thuigeas riamh tá tú ag fágaint an Ghaeltacht agus ansan tá tú sa Ghaeltacht agus bhí an rud san Breac-Ghaeltacht agus níor thuigeas go díreach cad é sin.

(Ní Bheildiúin 2018)

Dhein sí cinneadh bogadh amach ó na Saoirsí ("na Liberties") i mBaile Átha Cliath toisc nár bhraith sí sábháilte ann a thuilleadh. Shocraigh sí a deartháir agus a deirfiúr a leanúint agus bhog sí go dtí an leithinis. Cé go raibh cumas áirithe sa teanga aici, níor shealbhaigh sí an teanga, i gceart, dar léi, go dtí gur bhog sí go Corca Dhuibhne agus d'éirigh sí níos gníomhaí ansin ar a haistear foghlama. Cé go raibh filíocht scríte aici roimhe sin, níor luigh sí isteach ar an gceird i gceart go dtí go raibh sí ag cur fúithi ar an leithinis (Ní Bheildiúin 2018). Ach bhí Ní Bheildiúin aineolach ar oidhreacht liteartha an cheantair seo agus is léir gur de thaisme ar bhealach a tarraingíodh í chun an ceantair.

D'éirigh léi ceangal a aimsiú leis an gceantar tríd an teanga agus cheangail an teanga í leis an bhfilíocht de réir a chéile (Ní Bheildiúin 2018). Bhain próiseas triallach le foghlaim na teanga di ag an tosach. D'éirigh léi teacht isteach ar an bhfilíocht tríd an teanga ansin. Múnlaíodh a féiniúlacht i gcomhar leis na roghanna teanga a dhein sí nuair a bhog sí go Corca Dhuibhne. Luigh sí isteach ar an dá chúram le chéile.

Is dócha gurb í an Ghaelainn a thug slí isteach dom go dtí domhan na filíochta. Is dócha an cheangail siar atá ag an nGaelainn an rud ársaíocht, chreideas ann go hiomlán, gur rud draíochtúil é.

(Ní Bheildiúin 2018)

Bhog Louis Mulcahy agus a bhean chéile go Corca Dhuibhne is iad ar thóir *'áilleacht'* an cheantair. Díol suntais nár bhain tábhacht ar bith leis an aistriú sin leis an teanga.

Bhí an ghráin agam fén nGaelainn agus nuair a thána anso tar éis tamaillín beag, thuigeas fhéinig agus thuig an chlann, da mbeimis chun daoine a bheith fostaithe, nó níos mó daoine a bheith fostaithe thíos, go ndeinfimid dochar gan ar a laghad daoine a thuiscint agus a bheith ábalta labhairt leo mar gheall ar ghnáthchúrsaí.

(Mulcahy 2018)

Ba i gCorca Dhuibhne a shealbhaigh Mulcahy an Ghaeilge agus ba ann blianta ina dhiaidh sin a thosnaigh sé ar an bhfilíocht. Bhí tionchar ag aitheantas a bhí ag a bhaile nua mar cheantar Gaeltachta ar na cúiseanna pearsanta a dhein sé féin an teanga a fhoghlaim. Eiseamláir é aistriú Mulcahy go Corca Dhuibhne den éifeacht leathan a bhíonn (nó a bhíodh, pé scéal é) ag polasaithe Údarás na Gaeltachta maidir le cainteoirí a chothú. Tá ceacht anseo do pholasaithe forbartha pobail agus polasaithe pleanála teanga in Uíbh Ráthach agus Corca Dhuibhne araon.

Fearacht Mulcahy, bhog Paddy Bushe agus a bhean chéile Fíona go hUíbh Ráthach *'ar thóir sléibhte agus farraige'*. Bhí cinneadh déanta acu bogadh ó Bhaile Átha Cliath go hiarthar na tíre. Tharla go bhfuair sé post ina dhiaidh in Uíbh Ráthach agus tá siad lonnaithe ann ó shin. Thug sé le fios go bhféadfaidís a bheith lonnaithe i gCorca Dhuibhne, ach nach raibh post ar fáil ag an am mar mhúinteoir ar an leithinis agus tharla go bhfuair sé post sa VEC áitiúil in Uíbh Ráthach. Bhí an teanga ar a thoil ag Bushe sular aistrigh sé go hUíbh Ráthach agus bhí sé tosnaithe ar an bhfilíocht roimhe sin.

D'imir aistriú tíreolaíochta Bushe go hUíbh Ráthach tionchar nach beag ar a fhéiniúlacht. Labhair sé go sonrach ar an gceangal láidir a bhraitheann sé le miotaseolaíocht a cheantair ag Éigse na Brídeoige 2019. Ba é cúrsaí imirce téama na hÉigse an bhliain sin. Thug an file le fios gur aimsigh sé tagairtí go leor don bhfáilte a cuireadh roimh chine isteach i litríocht na Gaeilge agus d'éirigh leis a bharántúlacht féin mar chine isteach sa cheantar sin a dheimhniú. Nasc sé cás na himirce agus na hinimirce anseo in Éirinn agus go domhanda leis an tuiscint stairiúil a bhain le gaol idir úinéireacht talún agus féiniúlacht an duine sa mhiotaseolaíocht. Labhair sé go speisialta ar fhógairt cháiliúil Aimhirghin agus é ag teacht chun tíre go Bá na Scealg. Bhí Aimhirghin mar chine isteach teanntásach agus deimhin dá nasc agus dá bharántúlacht sular bhain sé amach talamh na hÉireann.

Bhí sé de nós ag Peadar Ó hUallaigh imeacht go Corca Dhuibhne ar cuairt ag cairde leis agus shocraigh sé deireadh seachtaine amháin go bhfanfadh sé ann ar bhonn fadtéarmach. Bhain claochlú féiniúlachta le haistriú Uí Uallaigh chomh maith. Níor tháinig sé air féin i gceart go dtí gur thosnaigh sé ar an bhfilíocht.

Ar shlí éigin, níor éirigh liom ar aon shlí teacht ar m'fhéiniúlacht féinig go dtí gur thosnaíos leis an bhfilíocht. Bhíos ag fáil tuiscint orm féin don chéad uair. Níor tharla sé sin riamh i mBéarla ach tharla sé leis an nGaelainn. Bhíos ag teacht ar áiteanna ionam féin nach raibh aon teacht orthu riamh roimhe sin.

(Ó hUallaigh 2018)

Bhí tréimhsí caite ag Áine Moynihan i gceantair Ghaeltachta timpeall na tíre sular aistrigh sí go Corca Dhuibhne. Phós sí a fear céile Feargal Mac Amhlaoibh i mBaile Ghib, Contae na Mí. Chaith sí tréimhse ceithre bliana ar Inis Oírr. D'aistríodar go hOileán Cléire, Corcaigh. Bhí beirt leanbh acu faoin tráth sin agus an leanbh ní ba shine ag druidim le haois meánscoile. Níor theastaigh uathu go raghadh sí go scoil chónaithe mar a dhein an bheirt acu féin. Deir Moynihan gur cuimhin léi go ndeachaigh siad go Corcaigh agus é beartaithe acu féachaint ar thithe. Bhí an lá chomh hálainn gur shocraíodar imeacht ar turas go Corca Dhuibhne agus thosnaíodar ag féachaint ar thithe ar an leithinis ansin (Moynihan 2018). Bhí *'píosáí filíochta'* á scríobh aici agus í ag maireachtaint ar Inis Oírr agus ar Oileán Chléire. Níor fhoilsigh an file aon saothar, áfach, go dtí go raibh sí ag cur fúithi i gCorca Dhuibhne.

Léiríonn an taighde seo go bhfuil líon suntasach nuachainteoirí agus cine isteach ina bhfilí i gCorca Dhuibhne. Is díol spéise nach i gCorca Dhuibhne a deineadh nuachainteoirí de chuid de na filí a pléadh thuas. Ghlac siad féin cinneadh aistriú isteach go dtí an ceantar. Is fiú an fhaisnéis theangeolaíoch a chonaiceamar níos luaithe sa tráchtas a mheabhru anseo. Roghnaigh cuid cine isteach toghranna ceantair Catagóir A (Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch 2015) mar cheann scribe. Is spéisiúil mar shampla nach bhfuil aon duine as measc na bhfilí Gaeilge lonnaithe sa Daingean féin. Mealladh cainteoirí dúchais ó áiteanna eile go dtí ceantair láidre Gaeilge i gCorca Dhuibhne chomh maith (Ó Muircheartaigh agus Mac Conghail).

Díol suntas é gur i gCorca Dhuibhne a thosnaigh Ó hUallaigh, Mulcahy, Ó Faoláin, Moynihan agus Ní Bheildiúin ar fhoilsiú na filíochta. Cé na cúinsí a mheall iad tabhairt faoi chnuasach filíochta agus iad ag maireachtaint sa dúthaigh?

Díol spéise é an ról tábhachtach a imríonn nuachaintoirí áirithe ar an infreastruchtúr cruthaitheach agus cultúrtha ina gceantair. Tháinig sé chun cinn sa taighde go bhfuil an bhraistint ann i measc na bhfilí gur minic a fhágtar faoi na filí féin léamh nó imeacht filíochta a eagrú agus nach iad na heagrais áitiúla a thógann an ról cinnireachta sin orthu féin.

Bhunaigh Moynihan an comhlacht amharclannaíochta AnnÓg agus An Lab sa bhliain 2007, agus ról cinnireachta ar leith a bheith ag An Lab i gCorca Dhuibhne le linn na mblianta 2007 – 2017.

Rith Simon Ó Faoláin club filíochta ‘Aos Cró’ i dTigh Uí Chatháin, i mBaile an Fheirtéaraigh ar feadh deich mbliana. Tá sé ina chathaoirleach ar an bhFeile Bheag Filíochta. D’fheidhmigh sé mar oifigeach litríochta leis an gcomhlacht amharclannaíochta ‘An Lab’ chomh maith. Thug sé aitheantas dá ról féin san agallamh le greann inar ndúirt gur léir dó go raibh patrún ag teacht chun solais idir na himeachtaí filíochta ar fad a bhí á lua aige, gurb é féin a bhíonn ina mbun (Ó Faoláin 2018).

Bíonn a lán imeachtaí anso timpeall, níos mó ná beagnach na haon áit eile. Ar feadh roinnt blianta, bhí club filíochta agamsa ar an mBuailtín, tá an Fhéile Bheag Filíochta, táimse mar stiúrthóir air faoi láthair, na haon bliain. Bíonn imeachtaí á reáchtáil ag an Lab mar a bhfuilimse ag obair. Chím go bhfuil nasc idir na rudaí seo ar fad.

(Ó Faoláin 2018)

Thóg an file agus an léirmheastóir Mícheál Ó Ruairc ceann den ról gníomhach pobail a bhíonn ag Ó Faoláin sa léirmheas a scríobh sé ar a chnuasach ‘Fé Sholas Luaineach’ (Coiscéim 2014).

Ó tháinig sé go Corca Dhuibhne ní díomhaoin atá sé. É mar bhall de phobal na háite agus é thar a bheith cúramach ag iarraidh saol cultúrtha agus sóisialta na háite a chur chun cinn ar mhaithe le caomhnú na teanga agus na hoidhreacht.

(Ó Ruairc 2015: 1)

D’éirigh Louis Mulcahy an-ghníomhach i saol cultúrtha Chorca Dhuibhne agus ba é a bhunaigh an Fhéile Bheag Filíochta sa bhliain 2006. Is díol spéise an ról gníomhach a ghlac sé chuige féin agus fonn air ‘*saibhreas*’ an cheantair a roinnt le daoine eile lasmuigh den dúthaigh (Mulcahy 2018).

Imríonn Paddy Bushe agus a bhean chéile Fíona ról lárnach i saol cultúrtha Uíbh Ráthaigh. Bhunaigh Bushe Éigse na Brídeoige tríocha bliain ó shin agus is í Fíona atá ag feidhmiú ina stiúrthóir ar an Éigse le blianta beaga anuas. Sa bhliain 2017,

bhunaíodar an fhéile filíochta 'Éigse na Gréine/Amergin Solstice Poetry Gathering' a bhfuil Paddy ina stiúrthóir cruthaitheach uirthi.

Tá an ghníomhaíocht phobail seo aitheanta sa litríocht mar mhodh éifeachtach don 'blow in' ionannú a dhéanamh lena p(h)obal nua. Is féidir le cine isteach nasc níos láidre a chothú le ceantar agus le pobal nua trí pháirt ghníomhach a thógaint sa phobal.

Thus, in-migrants whose backgrounds deny them the ability to claim the status of insiders in terms of established local 'roots' can nevertheless claim the status of insiders in the alternative sense of community involvement, as many of them did...

(Crow, Allan & Summers 2001: 36)

Bíonn caipiteal sóisialta láidir mar thosca a éascaíonn an próiseas imeasctha a ngabhann an cine isteach tríd agus é nó í ag teacht chun cónaithe go pobal nua. Bíonn ionchur tairbheach ag an gcine isteach sa phobal agus cuireann an caipiteal sóisialta agus cultúir a thugann siad leo leis an bpobal.

It is argued that in-migrants should not be equated with outsiders, since their position within community relations will be influenced by several other factors, notably social class.

(Crow, Allan & Summers 2001: 29)

Dar liom gur féidir Áine Moynihan, Simon Ó Faoláin, Louis Mulcahy, Paddy Bushe agus Fíona de Buis a áireamh mar aisteoirí cruthaitheacha i gcomhthéacs an taighde seo. Ar ndóigh, tá filí agus cinnirí cultúir eile a imríonn agus a d'imir tionchar leanúnach ar chothú na filíochta chomh maith, mar a fheictear *inter alia* sa tráchtas maidir leis na filí Béarla agus le cinnirí cultúir ar leith. Daoine iad na haisteoirí cruthaitheacha seo a bhfuil an gréasán agus an cumas acu chun teacht ar ábhair féideartha ("creative affordances") sa timpeallacht. Is minic a chruthaíonn na daoine seo a gcuid ábhar féideartha féin (Glăveanu 2013: 74).

Tá feicthe againn go gcuireann na nuachainteoirí seo go mór leis na hábhair féideartha atá ar fáil don gcruthaitheacht go háitiúil, agus d'fhearann na filíochta go speisialta. Ní bheadh an borradh nó an bheogacht chéanna maidir le himeachtaí ealaíne agus féilte (agus mar a fheicfidimid, foilseacháin) i gceist sa dá cheantar gan tionchar agus ról gníomhach na nuachainteoirí seo. I mbeagán focal, athraíonn na nuachainteoirí seo tírdhreach cultúrtha a gceantair.

Dár ndóigh, baineann rioscaí go leor leis na struchtúir seo. D'fhéadfadh deireadh teacht le gníomhaíocht na ndaoine indibhidiúla seo uair ar bith gan aon

sainstruchtúir a bheith leagtha amach, ach duine imeacht ón gceantar, nó bás a fháil. Mar a dúirt Rachel Holstead (2019) ina hagallamh siúd:

Tá an-chuid ag brath ar dhaoine aonaracha atá dílis don rud agus atá tiomanta don rud agus cuireann sé sin brú agus bíonn leochaileacht sa struchtúr dá bharr.

(Holstead 2019)

Cuireann léamha de chuid chritic an nuachainteora ar an bpáirt ghníomhach a ghlacann nuachainteoirí lenár dtuiscint ar an tsaindinimic a bhaineann le hinspreagadh agus le hiompar na bhfilí seo.

Dar le Walsh, O' Rourke agus Rowland (2015) gur gné lárnach den bpróiseas aistrithe féiniúlachta a ngabhann an nuachainteoir tríd é a bheith ag gníomhú agus ag feidhmiú i gcomhthéacsanna sóisialta agus cultúrtha a dheimhníonn an fhéiniúlacht nua atá á glacadh chuige nó chuici. Braitheann an nuachainteoir gá éigin an fhéiniúlacht nua seo a fhógairt go poiblí:

Tá cumas nua teangeolaíoch á fhógairt aige/aici go poiblí agus dá bhrí sin tá rannpháirtíocht á lorg aige/aici i gcomhthéacsanna áirithe sóisialta atá bunaithe ar an gcumas teangeolaíoch sin... tá seasamh sóisialta á thógáil agus persona poiblí á chruthú go comhfhiosach acu.

(Walsh, Ó Rourke agus Rowland 2015: 26)

Bíonn féiniúlacht shóisialta nua á fiosrú ag nuachainteoirí go minic, a bhfuil *'agency in the learning process'* acu. Is tríd na straitéisí a tharraingíonn siad chucu agus iad ag iarraidh teacht chomhthéacsanna sóisialta leis an sprioctheanga a úsáid a ndéantar múnú phearsaí éagsúla díbh féin nó *'possible selves'* (O' Rourke & Walsh 2020: 7). Áitím go bhféadfadh gaol a bheith idir an *'persona poiblí'* nó *'an seasamh sóisialta'* a thógann an nuachainteoir agus an ról ghníomhach a ghlacann cuid d'fhilí an staidéir seo chucu féin maidir leis an bhfilíocht go háitiúil.

Áitíonn Walsh (2017) go mbíonn an próiseas aistrithe teanga sin a ngabhann an nuachainteoir tríd ag feidhmiú faoi eispéireas mothálach ar leith. Deir sé go bhfuil tionchar agus ról nach beag ag mothúcháin ar chonair foghlama agus úsáide teanga an nuachainteora. *'Emotions, ranging from happiness and pride to frustration and shame, play a key role in the language trajectories of new speakers of Irish'* (Walsh 2017: 230). Dar leis, go mbaineann mothúcháin níos láidre le foghlaim mionteanga ná mar a bhaineann le foghlaim mórtheanga. Is minic gur treise an dólás a bhraitheann an duine má theipeann ar an duine sin an mionteanga a shealbhú. Mar mhalairt, is mó an tsástacht a bhíonn orthu siúd a n-éiríonn leo an mhionteanga a shealbhú.

The sense of pride at becoming a speaker of a marginalised language despite its weak sociolinguistic presence is arguably greater than becoming a speaker of a major language with strong social prestige. Similarly, the sense of frustration may be greater when struggling with Irish precisely because of that marginal status, but the contentment with achieving a level of mastery of it may be greater than in the case of a widely spoken language which is supported at every turn.

(Walsh 2017: 236)

Is féidir linn earraíocht a bhaint as tuiscintí seo Walsh agus scéal na bhfilí á scrúdu againn. Is léir go bhféadfaí a rá gur treise an tiomáint a bhíonn faoi fhilí ar nuachainteoirí iad an fhilíocht a chur chun cinn de bharr an chaidrimh mhothálaigh thábhachtaigh a chothaíonn an nuachainteoir lena bpróiseas aistrithe teanga agus féiniúlachta seo.

Díol suntais é an borradh a tháinig ar chleachtadh na filíochta i gCorca Dhuibhne nuair a d'aistrigh cine isteach ar nuachainteoirí iad go dtí an ceantar agus bhí baint lárnach ag na ról a thóg na filí seo orthu ina cur chun cinn. Níor tharla an claochlú céanna in Uíbh Ráthach, áfach. Mar a fheictear ó líon na bhfilí atá ag cumadh in Uíbh Ráthach faoi láthair, ní léir go dtarraingítear daoine cruthaitheacha atá báúil don nGaeilge agus don scríbhneoireacht chuig an gceantar sin, mar a tharlaíonn i gCorca Dhuibhne. Tá iarmhairtí níos leithne in Uíbh Ráthach de bharr an easpa inimirce seo agus níl bonn sláintiúil faoin daonra sa cheantar. Gné eisceachtúil eile a bhaineann le pobal Uíbh Ráthaigh ná nach bhfilleann an t-aos óg ar an gceantar níos déanaí ina saol.

Is gné de mhórán réigiúin tuaithe ar fud Aontas na hEorpa é eisirce na n-óg, ach tá difríocht idir Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus micrea-réigiúin eile sa mhéid is nach n-éiríonn leis na daoine céanna sin a mhealladh thar n-ais nuair a bhíonn siad sna fichidí nó sna tríochaidí, gan trácht ar dhaoine óga a mhealladh ó áiteanna eile.

(O' Keeffe & O' Sullivan 2017: 2)

Tá gaol idir an dúshlán seo maidir le cothú daonra seasmhaigh sa cheantar agus an líon teoranta d'fhilí Gaeilge a bheith ag maireachtaint sa cheantar i gcomparáid le Corca Dhuibhne. Tá cúiseanna éagsúla leis an easpa daoine cruthaitheacha le Gaeilge a aistríonn go hUíbh Ráthach. Tá dúshlán bunúsach eile ann maidir le laigeacht an phobail teanga sa cheantar. Fágann na cúinsí seo nach bhfuil an nós céanna a bheith ag tarraingt ar Uíbh Ráthach mar cheann scríbe ag scríbhneoirí na Gaeilge. Ní le cainteoirí Gaeilge amháin a bhaineann an mhórfhadhb agus tá dúshlán níos leithne ann maidir le daoine (cruthaitheacha agus eile) a mhealladh chun cónaithe in Uíbh Ráthach (O' Keeffe & O' Sullivan 2017). Tá impleachtaí anseo don bpleanáil níos leithne i gCorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach araon.

Agus cuntas tugtha sa chaibidil seo ar an gcomhthéacs teangeolaíoch agus pobail sa dá cheantar díreofar sa chéad mhír eile ar thionchar oidhreacht chultúrtha agus liteartha an dá cheantair ar na filí comhaimseartha. Pléifear chomh maith an t-infreastruchtúr cultúrtha atá ar fáil i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach. Cé na hardáin agus na fearainn a bhí agus atá (nó nach raibh agus nach bhfuil) ar fáil d'fhilí agus don bhfilíocht go háitiúil? Cén léamh atá ag na filí ar thionchar an infreastruchtúir seo (nó an easpa infreastruchtúir)?



## Caibidil 4: An Oidhreacht Liteartha agus An Comhthéacs Cultúrtha

Tá feicthe againn go n-aithníonn lucht critice an tionchar a bhíonn ag an gcomhthéacs cultúrtha ar an ngníomh cruthaitheach. Bíonn an chruthaitheacht faoi mheas de réir na luachanna a shamhlaíonn an pobal léi. *'artifacts embody the cultural traditions of different communities'* (Glăveanu 2013: 71). Ní hionann an glacadh a bhíonn le haon ghníomh cruthaitheach i ngach pobal. Is buntáiste é do dhaoine cruthaitheacha má tá siad ag feidhmiú i dtimpeallacht a bhronnann stádas ar an ngníomh a chleachtann siad (Sternberg agus Lubart 1993: 20).

### Oidhreacht Liteartha Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh

Tá aitheantas forleathan ag oidhreacht liteartha Chorca Dhuibhne, go háirithe ó aimsir na hAthbheochana i leith. Tá clú ar leith ar chanóin litríochta Chorca Dhuibhne, agus saothair ann a d'eascair as an spreagadh a thug cuairteoirí mar Carl Marstrander, Seoirse Mac Tomáis agus Robin Flower do mhuintir an Bhlascaoid a spreag iad chun cuntais a scríobh ar a saoil (Ua Maoileoin 1975: 4 & Nic Eoin 1982: 62). Bhain na dírbheathaisnéisí seo cáil amach agus cothaíodh spéis i saol neamhchóilíneach, réamhchaitheach an oileáin mar thearmann agus mar shamhail den gcultúr íonghlan Gaeltachta (Nic Eoin 1982: 63).

Thug Nic Eoin (1982) suntas do na scríbhneoirí Duibhneacha iomadúla a shaothraigh i ngort na litríochta, ó *Allagar na hInse* (1928) le Tomás Criomhthain, go *Thar Bealach Isteach* (1940) le Nóra Ní Shéaghdha go *Siúlach Scéalach* (1968) le Eibhlín Ní Mhurchú. Is iomaí scríbhneoir Gaeilge eile a bhain cáil amach sa dúthaigh – Peig Sayers (1873 – 1958), Micheál Ó Guithín (1904 – 1974), Pádraig Ó Maoileoin (1913 – 2002), Micheál Ó Súilleabháin (c.1862 – 1925), Seán Ó Luing (1917 – 2000), Maidhc Dainín Ó Sé (1942 – 2013) agus Pádraig Ó Cíobháin (1951-). Bhí gaol leanúnach ag Seán Ó Ríordáin (1916 – 1977) agus ag Nuala Ní Dhomhnaill (1952) leis an gceantar. Thug Nic Eoin suntas do théagar na canóna litríochta seo ina saothar *An Litríocht Réigiúnach* (1982).

Nuair a smaoinítear ar cé chomh beag agus atá Corca Dhuibhne mar cheantar Gaeltachta, is iontach an méid litríochta a tháinig ón gceantar sin ó thús na hathbheochana. Is dócha nach raibh áit eile in Éirinn a raibh scríbhneoirí chomh flúirseach le fáil ann le trí fichid bliain anuas.

(Nic Eoin 1982: 63)

Deineadh tarraingt arís ar leithinis Chorca Dhuibhne le linn na seascaidí le teacht in inmhe ghlúin filí INNTI (Ó Dúshláine 2011). Bhí cothú ar leith ar fáil sa cheantar

ag leithéidí Liam Uí Mhuirthile agus Michael Davitt maidir le cúinsí níos leithne ná an teanga féin. Ba mhór an tionchar a d'fhág *'saoithe na n-iomairí is na n-oileán'* ar Davitt agus leagadh sé béim speisialta ar thionchar Sheáin de hÓra mar dhuine *'a d'adhain mo chluas is mo shamhlaíocht'* (An Tost a Scagadh 1993: 54 & Ní Chailleadh Chuige Iad, luaite in Ní Ghairbhí 2011: 69).

Fágann an móraitheantas seo a bhain Corca Dhuibhne amach mar cheann scríbe agus mar láthair thábhachtach do scríbhneoireacht na hAthbheochana trí chéile gur dhóigh le duine cúinsí a bheith ann a d'fhreagródh do riachtanais an chleachtóra chruthaithigh, an saghas timpeallachta a ndearna Sternberg agus Lubart cur síos air (Sternberg agus Lubart 1993: 20). An mar sin a bhraitheann na filí i gCorca Dhuibhne? Agus cad faoi fhilí Uíbh Ráthaigh?

Tá comparáid shuntasach shoiléir idir líon na bhfilí comhaimseartha Gaeilge atá á dtabhairt san áireamh le Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach sa staidéar seo. Tá sé spéisiúil an chodarsnacht seo a phlé go stairiúil. Cé go bhfuil sé soiléir ó ghearrliosta na bhfilí faoi chaibidil anseo nach ionann scéal na filíochta comhaimseartha in Uíbh Ráthach agus i gCorca Dhuibhne, ní raibh an mhíchothromaíocht sin i gcónaí ann.

Leithinis seo Uíbh Ráthaigh 'na sárfhear is na ndragún bhfial', bhí sí ar cheann de na limistéir ba láidre is ba shaibhre ag an gcultúr Gaelach tráth. Dúthaigh mór na scéalaíochta, ba ea í, dúthaigh mór na filíochta.

(Ó hÓgáin 1984: 9)

Chuir Seán Mac an tSíthigh (2004) síos ar an liosta suntasach d'fhilí a shaothraigh in Uíbh Ráthach sa naoú gcéad déag;

Bhí ceantar Uíbh Ráthaigh breac le filí a bhíodh i mbun cumadóireachta go rialta. Mar a dúirt Micheál Ó Duinnín tráth ina aiste ar Uíbh Ráthach *'bhí féith na filíochta ag preabadh i gcuisleannaibh a lán de mhuintir Uíbh Ráthaigh'*...Dáithí na gColpaí Mac Gearailt, Roderic Ó Dála agus Riobáird Harris ón nGleann Mór; Paddy Mons a' Chasúir Ó Súilleabháin in Íochtar Cua; Seán Husae Chill a Ghoirtín, Tadhg Ó hUallacháin, Máire Ní Chonaill nó Máire na Buille, Seán Bruanach Ó Súilleabháin...Tadhg Bhodhlaeir, Pádraig Ó Loinsigh agus Micheál Ó Sé'

(Mac an tSíthigh 2004: 65)

Filí iad seo, áfach, nach gloistear go minic mar gheall orthu go háirithe agus canóin scríbhneoirí na hAthbheochana á plé agus á meas. Níorbh iad na filí amháin a bhíodh ag saothrú go cruthaitheach sa cheantar seo. Chuir Ó hÓgáin (1984) síos ar na scríbhneoirí a shaothraigh i réimsí litríochta eile sa cheantar linn na hAthbheochana. I measc na scríbhneoirí ar tharraing sé aird orthu, bhí Pádraig Ó Sé ó thaobh Neidíneach ("Conán Maol"), Séamus Ó Dúill ("Beirt Fhear")

a dhírigh ar shaothar cruthaitheach ar theanga agus ar shaol Uíbh Ráthaigh a chur ar fáil agus Seán Ó Ceallaigh (“Sceilg”) a d’fhoilsigh níos mó ná fiche leabhar.

Tá oidhreacht shaibhir liteartha ag Uíbh Ráthach ach níl an t-aitheantas céanna faighte ag scríbhneoirí na leithinise seo. Dar le Ó hÓgáin (1984) nach bhfuair scríbhneoirí Uíbh Ráthaigh riamh an t-aitheantas a bhí tuillte acu.

Is mór an t-ionadh mar sin ná raibh Uíbh Ráthach chun tosaigh i ngnóthaí scríbhneoireachta sa chéad seo faoi mar a bhí Corca Dhuibhne lastuaidh nó Múscraí Thoir... Bá dhóigh le duine, ar a laghad tagarthaí a dhéantar don leithinis nuair a bhíonn nualitríocht na Gaeilge faoi chaibidil, nár shrois an ghné shuntasach seo de ghluaiseacht na hAthbheochana – mar atá an peann agus an pár - an ceantar riamh... Ní gá mórán machnaimh a dhéanamh chun a thuiscint nárbh amhlaidh in aon chor. Nuair a bheidh cothrom na féinne tugtha dona léithéidí siúd ag lucht taighde agus léinn is ea is fearr a thuigfear chomh mór agus atá litríocht na Gaeilge faoi chomaoin ag Uíbh Ráthach.

(Ó hÓgáin 1984: 9 - 10)

Is fíor go bhfuil aithne réasúnta leathan ag scoláirí na Gaeilge ar scríbhneoirí mar Thomás Rua Ó Súilleabháin (1785 – 1848), Pádraig Ó hÉigeartaigh (1871 – 1936), Seán Ó Conaill (1853 – 1931) agus Micheál Ó Ciarmhaic (1906 – 2005). Ní hionann an t-aitheantas scolártha seo agus an cháil fhorleathan a bhain na scríbhneoirí Duibhneacha amach, áfach: tá saothar Thomáis Rua as cló, mar shampla, agus níor foilsíodh ach fodhán le Ó hÉigeartaigh riamh.

Bhí staid na teanga níos láidre i gceantar Uíbh Ráthaigh ná mar a bhí i gCorca Dhuibhne le linn an naoú haois déag. Tháinig claochluithe suntasacha, áfach, ar an gcomhthéacs teangeolaíoch in Uíbh Ráthach. Ba mhó aird a díriodh ar Chorca Dhuibhne agus ar oidhreacht shaothar próis scríbhneoirí an Bhlascaoid:

Kerry, of course was the strongest Gaeltacht in Munster, especially west of the town of Dingle in the Corca Dhuibhne peninsula, while the Uibh Rathach Gaeltacht on the other major Kerry peninsula was considerably weaker, under almost every heading, since the end of the 19th century, when the 1851 census situation was reversed, and Irish revivalists and Celtic scholars concentrated on Corca Dhuibhne and the Blasket legacy.

(Ó Gadhra 2001: 440)

Tá easpaí i gCorca Dhuibhne chomh maith áfach. Níor bhain gach scríbhneoir ná file a shaothraigh sa cheantar le linn na hAthbheochana an t-aitheantas céanna amach. Luaigh Ní Chathail (2019) ina hagallamh siúd go dtuigtear di go bhfuil neamhaird iomlán tugtha de scríbhneoirí Duibhneacha áirithe a shaothraigh sa cheantar le linn na fichiú haoise.

...Tuigim go bhfuil agus go raibh daoine nach bhfuair an ardán nó go bhfuil dearúd déanta orthu. Bhí an traidisiúin linn i gcónaí ach b’fhéidir nach raibh an t-ardán

céanna ag na daoine sin nó d'fhágadar an áit agus ní thánadar thar n-ais agus ní áirítear iad mar fhilí Chorca Dhuibhne.

(Ní Chathail 2019)

Ar an lámh eile, d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil aitheantas poiblí leanúnach ag an litríocht i gCorca Dhuibhne de bharr infreastruchtúr feiceálach a bheith sa cheantar - nó cuid den litríocht, ach go háirithe. Cé go bhfuil Ionad an Bhlascaoid ann mar ionad oidhreachta agus cultúir, is beag aitheantas a thugtar do scríbhneoirí eile a tháinig i ndiaidh na réamhtheachtaithe seo. Níl aon ionad ná áis bhuan a cheiliúran an fhilíocht a scríobhadh sa cheantar agus mar gheall ar an gceantar ag filí Innti, cuir i gcás.

...is fíor agus is spéisiúil gur beag spéise atá léirithe ag muintir Chorca Dhuibhne féin sa chorpas filíochta seo, fiú ar bhonn na turasóireachta cultúrtha. Tá ionad oidhreachta ag na Blascaodaigh ach níl oiread agus leac ag an Ríordánach nó ag "filí Innti", nó go deimhin féin ag scríbhneoirí eile a leis an ré atá á phlé - leithéid Mhaidhc File, Sheáin Uí Lúing agus Phádraig Ua Maoileoin.

(Ní Ghairbhí 2011: 81)

Ní hann d'aon infreastruchtúr a dhéanann céiliúradh ná craobhscaoileadh ar oidhrecht liteartha Uíbh Ráthaigh ar an gcaoi seo. Is fíor go bhfuil leac cuimhneacháin ar a thigh ach níl ionad oidhreachta ná féile ná cumann bunaithe in onóir do Sheán Ó Conaill, an scéalaí clúiteach in Uíbh Ráthach. Tá ionad agus díseart ealaíontóirí lonnaithe i mbaile dúchais Sheáin Uí Chonaill, Cill Rialaig ach, faoi mar a phléifear níos déanaí sa chaibidil seo, déantar neamhaird iomlán, nach mór, d'oidhrecht liteartha Ghaeilge an tsuímh ina bhfuil an t-ionad seo lonnaithe. Seachas an clúdach a thugann Éigse na Brídeoige agus Amergin Solstice Poetry Gathering d'oidhrecht liteartha an cheantair, níl aon fhéile ná eagras in Uíbh Ráthach a dhéanann comóradh ar scríbhneoirí na hAthbheochana sa cheantar.

Níl aitheantas forleathan faighte ag na scríbhneoirí ná na filí a luaigh Mac an tSíthigh (2004) agus Ó hÓgáin (1984) ná ar a saothar go háitiúil. Níl a gcuid leabhar i gcló agus ní bhíonn fáil éasca ar fhoinsí eolais mar gheall orthu. Fágann an easpa aitheantais seo nach dtarraingítear go héifeachtach leanúnach ar chaipiteal cultúrtha an cheantair seo, go háirithe ó thaobh litríocht na Gaeilge de. Is fianaise é an easpa eolais a bhí ag muintir na háite ar scéal bunaidh fhilíocht na hÉireann mar shampla, dar le De Buis. Ní raibh eolas forleathan ná scaipeadh éifeachtach déanta i measc an phobail áitiúil ar scéal bunaidh Aimhirghin agus Clanna Mhíle, go dtí gur bhog Paddy Bushe chun cónaithe sa cheantar. B'éigean

do Bushe an ghné seo d'oidhreacht an cheantair, a bhí ligthe i ndearmad a mheabhrú do mhuintir na háite agus do nuaphobal an cheantair.

Ar ndóigh, an tseanalitríocht béil atá ann maidir le teacht Chlanna Mhíle. Is scéal bunaidh de cheiltigh na hÉireann agus ní raibh daoine ar an eolas go dtí gur thosnaigh Paddy ag déanamh tochailte air, agus ag scríobh agus ag labhairt mar gheall air.

(De Buis 2019)

Is spéisiúil go raibh deis ag Mícheál Ó Siochrú as a óige teagmháil a bheith aige le hoidhreacht liteartha Uíbh Ráthaigh tríd an litríocht bhéil. Labhair sé san agallamh ar an aeráid liteartha a bhí sa cheantar le linn a óige. *'Bhíomar go léir faoi scáth Thomáis Rua, ach bhí Rathallaigh agus Mac Cárthaigh ina theannta leis'* (Ó Siochrú 2018). Cé nach raibh meantóirí ná eiseamláirí in Uíbh Ráthach don bhfile agus é ag fás aníos, bhí na heiseamláirí sin sa traidisiún agus sa bhaile aige.

Do chualas tagairtí a lán des na scéalta le Seán Ó Cónaill sula mbacas leis an leabhar in aon chor. Seán Ó Cónaill... Bhí sé an-láidir ar fad, an litríocht bhéil, deineann tú dearúd ar sin. Mo sheanathair, chónaigh sé sa tigh linn, Tom Sigerson, chónaigh sé sa tigh linn, bhí sé dall, bhí gaol aige sin le Sigerson Clifford, the Boys of Baile Sráide. (Ó Siochrú 2018)

Bhí spreagadh seo an traidisiúin litríochta ar fáil do Ó Siochrú in Uíbh Ráthach agus é ag fás aníos sna caogaidí agus an traidisiún liteartha sa cheantar *'ní ba láidre ná an teanga labhartha'*, dar leis. I bhfianaise Bushe thuas, níl na deiseanna ná an cúlghrat céanna ar fáil in Uíbh Ráthach anois, go háirithe agus an teanga ar an dé deiridh sa cheantar, athrú a fhágann nach bhfuil na cúinsí a chothaigh Mícheál Ó Siochrú ar fáil sa cheantar a thuilleadh.

Is spéisiúil mar sin ceann a thógaint do ráiteas a dhein Séamus Barra Ó Súilleabháin, an file is óige sa staidéar seo, agus duine a bhfuil ceangal sinseartha aige le hUíbh Ráthach. Dar leis gur bheag an tionchar a bhí ag Uíbh Ráthach air féin. *'Ba bheag rian a d'fhág Uíbh Ráthach ormsa mar dhuine'* (Ó Súilleabháin 2018). Mar sin féin, féach gur chum Ó Súilleabháin an dán 'Cistin i mBaile an Sceilg' ar thuras a thug sé ar an gceantar inar chuir sé aithne ar a ghaolta féin sa dúthaigh *'ár mbrainse de mhuintir Uí Shúilleabháin, na Maidhcigh'* (Beatha Dhónaill Dhuibh 2016: 55).

'téarmaí táilliúra  
a bhreacadh síos  
go snasta  
ina leabhrán  
beag nótaí...  
maraon le leighistí

dúchais, rudaí  
suimiúla, tomhaiseanna  
is rannta rabhcháin'  
(Beatha Dhónaill Dhuibh 2016: 53)

Is láidre, áfach, tionchar Chorca Dhuibhne ar an bhfile agus bíonn an file féin lonnaithe go tráthrialta sa cheantar sin. Chaith sé tamall ag obair in Ionad an Bhlascaoid agus bíonn sé ag obair go rialta le hOidhreacht Chorca Dhuibhne i mBaile an Fheirtéaraigh mar theagascóir. Bíonn teagmháil aige le pobal Gaeilge na háite. D'fhan sé i dtigh Joan Uí Scanláin (tigh Uí Chiobháin) ar an nGráig, díreach faoi mar a dhein Davitt roimhe. Shocraigh sé cruinniú de chuid an ghrúpa shóisialta pholaitiúla 'Misneach' a chur ar siúl in Iarthar Duibhneach i 2018. Tá tráchtas dochtúireachta ar siúl aige ar fhile Duibhneach- mac Pheig Sayers Mícheál Ó Gaoithín 'Maidhc File' leis. Tugann naisc shonracha an fhile óig seo le Corca Dhuibhne - ar naisc iad a bhaineann leis an teanga bheo - le fios nach leor oidhreacht liteartha ná a cheangal muinteartha le hUíbh Ráthach chun é a mhealladh le naisc níos buaine a dhéanamh leis an gceantar: Má bhí doras Ríordánach ann, ní in Uíbh Ráthach a bhí sé ar fáil don Súilleabhánach.

An bhféadfadh gaol a bheith ann mar sin idir an t-aitheantas forleathan a tugadh do scríbhneoirí Chorca Dhuibhne le breis is céad bliain anuas agus an líon suntasach filí atá i mbun ceapadóireachta agus foilsithe ar an leithinis sin faoi láthair? Agus an bhfuil gaol idir a laghad aitheantais atá faighte ag scríbhneoirí Uíbh Ráthaigh le céad bliain anuas, le heaspa feasachta faoi thraidisiún litríochta an cheantair agus an easpa scríbhneoirí Gaeilge atá ag saothrú sa dúthaigh anois?

Díol suntais an bhraistint choitianta a roinn idir na filí agus na cinnirí cultúir go bhfuil '*aeráid chruthaitheach*' i gCorca Dhuibhne (Bushe 2018, Ní Bheildiúin 2018, Ó Dúshláine 2018, Ní Mhóráin 2018, Ó Muircheartaigh 2018, De Paor 2019, Holstead 2019 & Uí Shíthigh 2019). Tugadh le fios in agallaimh na rannpháirtithe go léir nach mór, go bhfuil bonn sláintiúil faoi chleachtadh na filíochta i gCorca Dhuibhne. Thug idir chinnirí cultúrtha agus fhilí le fios nach raibh aithne acu ar aon fhilí in Uíbh Ráthach, seachas Paddy Bushe. '*Tá ard-cháil ar Phaddy Bushe ach tá sé ina aonar ann*' (Ní Mhóráin 2018).

I bhfrinne, níl aithne agam ar éinne eile ach tá súil agam go bhfuil níos mó ann ná sin. Tá súil agam go mbeidh deis agam aithne a chur orthu. Braitheann sé an-bheag.

(Holstead 2019)

Samhlaíonn Bushe taithí an aonarain le cleachtadh na filíochta in Uíbh Ráthach.

Táimse in éad ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i gCorca Dhuibhne, ba mhaith liom buaileadh le filí níos mó, ní bhuailim leo anseo. Is extremes ar fad iad Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach. Tá Uíbh Ráthach eisceachtúil ar an nGaelainn, í diúltach, abair, agus tá Corca Dhuibhne i bhfad níos eisceachtúla ar bhonn dearfach.

(Bushe 2018)

Tógadh ceann den ngaol uathúil atá ag Corca Dhuibhne leis an litríocht agus béimníodh gur mar chuid d'fhéiniúlacht an cheantair an fhilíocht. Tá an rian sin le feiscint ar líon na bhfilí atá ag cumadh ann faoi láthair.

Is minic a deirim, dá gcaithfeá cloch thar chlaí, go mbuailfeá file i gCorca Dhuibhne. Táid chomh iomadúil sin.

(Ní Mhóráin 2018)

Tá cáil na scríbhneoireachta ar mhuintir Chorca Dhuibhne. Thosnaigh nuascríbhneoireacht na Gaeilge go pointe áirithe i gCorca Dhuibhne... Nuair a théann tú siar ann, má theastaíonn tú sinsir duine a lorg ann, téann sé chomh fada siar le Piaras Feirtéar...

(Mac Conghail 2019)

Sin a spreagann mé agus a thugann misneach dom agus an cairdeas atá eadrainn go léir agus an tacaíocht a thugann siad dá chéile...Caitheann ná fuil an oiread san filí atá ag scríobh de chaidheán go hard san in aon áit amháin eile.

(Moynihan 2018)

Deir Ní Mhóráin (2018) go bhfuil taithí níos mó ag pobal Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh *araon* ar fhilí agus ar thraidisiún na filíochta. Samhlaíonn sí go bhfuil níos mó urraime ar fhilí sa Ghaeltacht ná mar a bheadh in áiteanna eile. Luann sí filí móra an chéid seo caite agus an mhórruraim a thuilleann a n-ainmneacha go fóill, leithéidí, John Larry, (file pobail áitiúil), Nuala Ní Dhomhnaill agus Máire Mhac an tSaoi maidir le Corca Dhuibhne agus leithéid Thomás Rua Uí Súilleabháin (1785 – 1848) agus Mhíchíl Ua Ciarmhaic (1906 – 2005) maidir le hUíbh Ráthach.

Labhair Marcus Mac Conghail ar an tionchar a bhí ag an gcomhluadar cruthaitheach i gCorca Dhuibhne air. Chuir sé féin agus a bhean fúthu i gCorca Dhuibhne i gcaitheamh na mblianta 2007 go 2010 mar a bheadh bealach éalaithe ó chathair Bhaile Átha Cliath. *'Bhíomar ag teitheadh ó Bhleá Cliath. Nuair a bhí mireacht sa tíogar ceilteach, níor thaitin Bleá Cliath linn ag an am'* (Mac Conghail 2019). Ba i gCorca Dhuibhne a scríobh sé tromlach na ndánta atá sa chnuasach *Ceol Baile* (Coiscéim 2014). Luaitear áiteanna agus pearsaí áitiúla i roinnt de dhánta an chnuasaigh. Sampla den lua seo ná an dán 'Murachaint' *do Bhreandán*

*agus Máire Feiritéar* ina labhrann an file amach faoi chás daonra agus geilleagar biastúil na leithinise.

Trasna an chuain uaithi istoíche  
Sásaíonn soilse sráide  
búitíchaile tuaithe  
cathairshúil  
m'uaighnis  
Ach idir tithe saoire agus tithe daora  
tá 800 tigh  
gan chónaí ann...  
Ní bheathaíonn briathra na mbráithre  
an capall gan féar  
ní raghaidh áilleacht na dúthaí  
isteach sa microwave  
ná idir 2 shlios aráin  
(Ceol Baile 2014: 33-36)

Léiríonn an dán '3 Amígós' an bhraistint atá ag an gConghaileach maidir lena bheith lonnaithe i gCorca Dhuibhne ag an am.

Triúr Bleá Cliathach ag ól ar an mBuailtín  
teanga mhionlaigh na háite á labhairt eatarthu  
iad tagtha  
ina nduine  
is ina nduine  
chun cónaithe ann  
cuirimse an milleán  
ar a n-athracha  
(Ceol Baile 2014: 23)

Thrácht sé ina agallamh ar an gcothú a fuair sé ón gcomhluadar filí a bhí timpeall air le linn na tréimhse a chaith sé i gCorca Dhuibhne. Ba é an comhluadar sin a chuir ag scríobh é.

Nuair a bhí mise thíos ann, thosaigh mé ag scríobh arís ann mar go raibh gach éinne, sin a raibh ag tarlúint mórthimpeall orm. Bhí sé ag tarlú i ngach aon áit.

(Mac Conghail 2019)

D'éirigh le Micheál Ó Siochrú agus le Micheál Ó Ciarmhaic† cothú cruthaitheach a fháil in Uíbh Ráthach agus chuireadar síneadh leis an traidisiún litríochta ach níl aon fhile ná scríbhneoir tagtha chun cinn in Uíbh Ráthach ó shin i leith. Cad atá in easnamh i gceantar Uíbh Ráthaigh? Cad ina thaobh nach bhfuil scríbhneoirí á gcothú sa cheantar anois?

Thug Ó hÓgáin (1984: 12) aghaidh ar a raibh i ndán do cheapadh na litríochta in Uíbh Ráthach breis is tríocha cúig bliain ó shin. Dar leis go mbeadh gaol soiléir idir staid na teanga féin agus staid na litríochta, má bhí rath le bheith i ndán don litríocht.



An dtiocfaidh rabharta arís sa taoide litríochta óna bhfuil fágtha de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh? Is deacair ceist mar sin a fhreagairt, ach is léir go bhfuil sé dlúthcheangailte le fadhb níos bunúsaí, mar atá staid na teanga féin...

(Ó hÓgáin 1984: 12)

Thug De Buis (2019) agus Holstead (2019) aitheantas do na cúinsí céanna (tionchar an chomhludair chruthaithigh ar fhilí agus cleachtadh na filíochta Gaeilge a bheith mar chúram níos coitianta i gCorca Dhuibhne) a d'aithin na filí. Leagann Holstead (2019) atá lonnaithe í féin i gCorca Dhuibhne agus a tógadh ar an leithinis, béim ar an oscailteacht agus ar an gcomhludair tacúil atá ar fáil i gCorca Dhuibhne.

Ceapaim nach bhfuil trí thimpiste go bhfuil Corca Dhuibhne lán de fhilí. Ní trí thimpiste é. Tá cead ag gach éinne a bheith i mbun filíochta. Tá an doras oscailte... Agus na daoine nua a thagann isteach, tugann siad saghas dearcadh nua, dearcadh úr dos na daoine atá ann le fada, so tá beocht iontach dá bharr san.

(Holstead 2019)

Dúirt Fíona de Buis ina hagallamh go bhfuil tábhacht ag baint le comhludair a bheith ag filí agus thug sí le fios nárbh ann do chomhludair cruthaitheach mar sin in Uíbh Ráthach.

Well n'fheadar an riachtanas é ach chabhródh comhludair... cabhraíonn comhludair le haon ealaíontóir, go mbeadh daoine atá cineál ar an wave link céanna leo agus níl sé sin ar fáil anso.

(De Buis 2019)

Tá sé *'inghlactha'* a bheith ag scríobh i gCorca Dhuibhne dar le Máire Uí Shíthigh. Braitheann sí nach raibh deacrachtaí ag leithéidí Cheaití Uí Bheildiúin nuair a thosnaigh sí ar an bhfilíocht agus gur glacadh léi go nádúrtha mar fhile. *'Is dócha gur tharla sé sin gan an iomarca duaidh. Is dóigh liom go nglactar léi mar fhile, mar is ceart'* (Uí Shíthigh 2019).

Má tá líon suntasach filí ag feidhmiú go cruthaitheach i gCorca Dhuibhne faoi láthair, ní raibh an borradh céanna i gcónaí ar chleachtadh na filíochta sa cheantar, dar le Ní Mhóráin (2018). Thug an file, a bhaineann le glúin níos sine, le fios ina hagallamh nach raibh borradh ar bith faoin bhfilíocht ar feadh i bhfad i gCorca Dhuibhne. Thosnaigh sí féin ag saothrú sna nóchaidí agus bhraith sí go raibh sí *'ag treabhadh a [h]iomaire féin ar feadh i bhfad'* sular mhéadaigh líon na bhfilí sa dúthaigh tar éis chasadh na mílaoise (Ní Mhóráin 2018).

Eascaíonn ceisteanna spéisiúla as fianaise seo ó Ní Mhóráin agus Ó Dúshláine. Cad go díreach a thit amach le fiche bliain anuas i gCorca Dhuibhne, a chothaigh

filí, nár tharla sna blianta roimhe sin? An amhlaidh go raibh pé cúinsí ar bhain tábhacht leo i gCorca Dhuibhne in easnamh in Uíbh Ráthach? Tugann blianta foilsithe luathshaothar fhilí áirithe le fios gur le linn luathbhlianta na mílaoise a thosnaigh an borradh seo ag teacht ar líon na bhfilí i gCorca Dhuibhne. D'fhoilsigh ochtar filí a gcéadchnuasach i gCorca Dhuibhne ón mbliain 2006 amach. An raibh cúinsí i gcomhpháirt i gceist anseo?

### **Infreastruchtúr Cultúrtha Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh: Suirbhé Comhaimseartha**

Tá ionaid chultúrtha leanúnacha ilfheidhmeacha ar fáil i gCorca Dhuibhne a thugann ardán d'fhilí. Bíonn fáil ar na hionaid seo go minic d'imeachtaí liteartha agus do sheoltaí leabhar.

Thug Bushe (2018), De Buis (2019) agus Ó Siochrú (2018) le fios go bhfuil easpa infreastruchtúr cultúrtha buan in Uíbh Ráthach.

Níl aon ardán seasta mar a déarfá, sa tslí is nach bhfuil aon rud rialta ó cheann ceann na bliana. Do thuigfeá é sin mar níl filí ann mar aon nós.

(De Buis 2019)

Chuir Ó Siochrú (2018) an scéal i mbeagán focal agus é ag trácht ar an easpa ionaid buan atá ar fáil in Uíbh Ráthach. ina cheistneoir féin gan de fhreagra aige ach '*Nílid ann*'. Luaigh Ó Siochrú (2018), Bushe (2018) agus de Buis (2019) gurb iad na hallaí pobail áitiúla is mó a chuireann ardán ar fáil d'imeachtaí filíochta (nó ealaíona/cultúir eile)

Seo iad na hionaid ar leag na filí (agus na cinnirí) tábhacht leo agus is scéal ann féin (maidir le taithí na bhfilí) é lua na bhfilí ar na hionaid seo a bhfuil 'A' curtha leo lena dhealú ó ionaid eile. Ar mhaithe le pictiúr iomlán a sholáthar den infreastruchtúr trí chéile déanfar plé chomh maith ar ionaid áirithe eile (rangaithe mar 'B') nár luaigh na faisnéiseoirí ach ar mír thábhachtach iad sa scéal leathan atá á reic.

Gné thábhachtach den infreastruchtúr cultúrtha sna ceantair seo ná na leabharlanna áitiúla. Leagadh síos struchtúr na leabharlanna in Éirinn den gcéad uair sa bhliain 1855 le foilsiú Acht Leabharlanna Poiblí Éireann. Tá 336 brainse de leabharlanna sa tír agus ritheann 26 údarás áitiúil iad.

Shonraigh Ní Bheildiúin sa cheistneoir go mbíonn ar na filí féin na leabhair a bhronnadh ar na leabharlanna go minic (Ní Bheildiúin 2018). Ní mór an bhéim a

chuir na filí nó na cinnirí ar thionchar na leabharlann áitiúil san agallamh seachas corrthagairt ag filí áirithe maidir le spás a bheith ar fáil iontu do léamh filíochta nó do sheoladh leabhair. Labhair Maggie Breen (2019) faoin leas a baineadh as foirgneamh Leabharlann an Daingin do léamh filíochta 'Pop-Up Poetry' le linn na bliana 2018. Thuairiscigh Ó hUanacháin (2019) go mbíonn seoltaí leabhar ar siúl i leabharlann an Daingin ó am go chéile, agus luaigh go gcuirtear fáilte roimhe a leithéid.

Tá leabharlann i gceantar Gaeltachta Chorca Dhuibhne (cé nach bhfuil aon bhrairse laistiar de Bhaile an Daingin) agus tá leabharlann lonnaithe sa bhaile seirbhíse Gaeltachta i gCathair Saidhbhín do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh. Dar le Tommy O' Connor, leabharlannaí Chontae Chiarraí gurb í an tacaíocht is mó a thugann an tseirbhís leabharlanna d'fhilí áitiúla ná ionad saor in aisce do sheoltaí leabhair (O'Connor 2019). Thug Ní Bheildiúin (2018) le fios, áfach, go mbíonn ar na filí féin a gcuid leabhar a chur chuig leabharlanna toisc go mbíonn deacrachtaí ag leabharlanna iad a cheannach. Baineann ceist níos leithne le stocanna leabhar i leabharlanna chomh maith agus iad ag feidhmiú ar bhuiséid theoranta.

Ní ghlacann an tseirbhís leabharlainne i gCiarraí ról suntasach in eagrú ceardlann ná seisiúin feasachta ná cur in aithne don bpobal go háitiúil. Ní bhaineann a leithéid d'oiliúint ná de thacaíocht díreach le ról na leabharlainne, dar le O'Connor. *'This area is best served outside the library remit'* (O'Connor 2019). Tugadh le fios go mbíonn an tseirbhís leabharlainne sásta poiblíocht a dhéanamh ar shaothar na bhfilí ar Facebook agus ar Twitter má chuirtear an t-ábhar sin ar fáil dóibh.

Tá acmhainní luachmhara taighde agus soláthar maith de litríocht na Gaeilge, filíocht san áireamh ar fáil i Leabharlann an Daingin (go háirithe ó bronnadh bailiúchán leabhar Phádraig Uí Fhiannachta uirthi). Is tábhachtach ceann a thógaint den suíomh ina bhfuil an dá leabharlann thuasluaite lonnaithe.

Is fiú an t-amhras a bhí ar na filí faoina mbeidh i ndán don bhfilíocht i measc an aosa óig sna ceantair amach anseo a mheabhrú arís. Níl fáil shaoráideach ar leabhair Ghaeilge ag leanaí Gaeltachta nuair nach bhfuil na leabharlanna i gcóngar na scoileanna Gaeltachta.

Ní nós, áfach, na leabharlanna i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach a úsáid d'imeachtaí ná do scéimeanna nós leithne mar scéim sin an scríbhneora chónaithigh sa chaoi chéanna is a dhéantar i leabharlann Dhún Laoghaire. Tá deiseanna ann (maidir leis an bhfilíocht agus réimsí eile na litríochta) agus múnlaí eiseamláireacha forbartha nach bhfuil á dtapú i gceart.

### **Infreastruchtúr cultúrtha i gCorca Dhuibhne**

#### **Áras Bhréanainn (A)**

Is é Áras Bhréanainn príomhfhoirgneamh Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne i bParóiste an Fheirtéaraigh. Tá fochomhlachtaí de chuid an chomharchumainn ag feidhmiú san ionad seo, mar shampla, Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Coláistí Chorca Dhuibhne. Tarraingíodh anuas 'Áras Bhréanainn' go mion minic sa taighde mar ionad a mbíonn ardán rialta ar fáil ann mar chuid d'fhéilte áitiúla agus d'imeachtaí cultúrtha éagsúla.

Tógadh an t-áras seo sa bhliain 2014 leis an sainchuspóir go mbeadh lárionad ar fáil don Chomharchumann, a cuid fochomhlachtaí agus don bpobal áitiúil féin. Bíonn spás do chruinnithe, do chúrsaí agus d'imeachtaí éagsúla sa phobal, anuas ar Naíonra/Naíolann agus Ionad na Seanóirí a bheith lonnaithe faoi aon díon amháin. Tá áiseanna éagsúla san ionad agus bíonn fáil ar sheomraí d'imeachtaí cultúrtha an phobail. Tá cistin lárnach san áras a bhfuil sé de thaithí ag an bpobal buaileadh isteach chuici. Tá an áit an-mhealltach le carrchlós sainthógtha agus ionad súgartha leanaí taobh leis. Fágann na háiseanna seo agus suíomh an árais go bhfuil rochtain ag gach duine ar an áit mar a bhfuil sainsholáthar rochtana tugtha do sheandaoine agus do dhaoine faoi mhíchumas. Bíonn feidhm thábhachtach ag an ionad mar lárionad pobail agus lárionad cultúrtha. Craoltar an clár raidió 'An Saol Ó Dheas' san ionad ó am go chéile ina dtarraingítear an pobal áitiúil isteach. Is minic imeachtaí mar chuid d'Fhéile na Bealtaine agus den bhFhéile Bheag Filíochta a bheith á reáchtáil faoina dhéin. Déantar spás a chur ar fáil san áras chomh maith do theacht le chéile réamh agus iar-oireachtais, comórtas a mbíonn baint ar leith ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne leis.

#### **Oidhreacht Chorca Dhuibhne (A)**

Tá an t-eagras oidhreachta agus cultúir Oidhreacht Chorca Dhuibhne lonnaithe in Áras Bhréanainn. Faigheann an t-eagras seo maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta agus ó Foras na Gaeilge chun sraith scéimeanna ealaíona agus oidhreachta a reáchtáil.

Is ar an amhránaíocht, an scéalaíocht agus an rince a bhíonn na scéimeanna seo dírithe, den gcuid is mó.

Cuireann scríbhneoir cónaitheach Oidhreacht Chorca Dhuibhne ceardlanna scríbhneoireachta ar siúl do scoláirí Phobalscoil Chorca Dhuibhne tríd an scéim seo. Bhí Ní Mhóráin ag feidhmiú sa ról seo le linn na mblianta 2003 – 2018. Tháinig Ní Chinnéide i gcomharba ar an ról sa bhliain 2019. Foilsítear saothar na ndaltaí go tráthrialta san iris áitiúil ‘Corca Dhuibhne Beo’ agus san iris ‘Comhar na nÓg’.

Chuir Máire Uí Shíthigh (2019) síos ar an obair fhiúntach a dhein Ní Mhóráin leis na leanaí sin ar feadh nach mór cúig bliana déag ina hagallamh. Labhair sí go sonrach ar an gcnuasach ‘Labharfad Leat’ (Oidhreacht Chorca Dhuibhne 2005). Tá saothar le breis is fiche dalta istigh sa leabhar seo idir trí scoil – Meánscoil na mBráithre agus Meánscoil na Toirbhirte sa Daingean agus Meánscoil an Leitriúigh. Is spéisiúil nach bhfuil aon ainm bainte amach ag aon dalta a d’fhoilsigh saothar sa chnuasach go fóill nó níl aon saothar eile foilsithe acu cúig bliana déag ina dhiaidh. Ní chiallaíonn sé sin, dár ndóigh, nach dtiocfaidh cuid acu chun aibíochta sna blianta amach romhainn.

Ritheann Oidhreacht Chorca Dhuibhne sraith cúrsaí teanga/cultúir gach bliain do dhaoine fásta agus do mhúinteoirí. Is minic freastal idirnáisiúnta a bheith ar na cúrsaí seo chomh maith. Cé nach bhfuil aon chúrsa ceaptha ar an bhfilíocht chomhaimseartha, déantar iarracht ardán a thabhairt d’fhilí comhaimseartha ar na cúrsaí ó am go chéile (Ní Chathail 2019). Is ar cheann de na cúrsaí a seoladh ceann de chnuasaigh Uí Uallaigh, mar shampla. Léiríonn an rath a bhíonn ar na cúrsaí go bhféadfadh féidearthachtaí eile a bheith ann maidir leis an turasóireacht chultúrtha agus an fhilíocht ar chóir dúinn a thabhairt san áireamh sa phlé ar thionchar níos leithne na filíochta.

Ní hiad Oidhreacht Chorca Dhuibhne a bhíonn freagrach as na cúrsaí samhraidh do pháistí bunscoile, meánscoile ná d’ábhair oidí bunscoile a thagann ar cuairt mar chuid den dá thréimhse a chaitheann siad sa Ghaeltacht sa chéad agus sa tríú bliain dá gcéim. Ritheann fo-chomhlacht eile de chuid Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne na cúrsaí sin – Coláistí Chorca Dhuibhne. Ní leagtar an bhéim chéanna ar an litríocht sna cúrsaí sin cé go dtugann na scoláirí cuairt ar

Ionad an Bhlascaoid agus moltar acmhainní cultúrtha a úsáid mar chuid den gclár teagaisc.<sup>21</sup>

Maidir leis an bplé a deineadh ó chianaibh ar thábhacht an taobh tíre agus gaol samhlaítheach an fhile leis agus le hoidhreacht agus seanchas na dúthaí a mheabhrú anseo. Ní gá gur ón teaghlach a thioctadh an t-eolas a cheadaíonn an gaol seo le hoidhreacht chultúrtha na gceantar seo. Is spéisiúil a chur san áireamh go bhfuil cúrsa dioplóma i Léann an Traidisiúin déanta ag Ceaití Ní Bheildiúin le hOidhreacht Chorca Dhuibhne, a chuir í ar an eolas faoi sheanchas agus bhéaloideas an cheantair. Tá deiseanna ann i soláthar chúrsaí de chuid na hOidhreachta an t-eolas luachmhar seo a roinnt le filí agus leis an bpobal.

Nocht na filí tuairimí éagsúla maidir leis na deiseanna a bhíonn ann go háitiúil an fhilíocht a chleachtadh. Thug Ó Faoláin (2018) le fios ina agallamh siúd go dtacaíonn Oidhreacht Chorca Dhuibhne leis an bhfilíocht go háitiúil ach nach dtógann an t-eagras feidhm cinnireachta maidir le himeachtaí a eagrú. Braitheann sé go bhfágтар faoi na filí féin a bheith gníomhach agus imeachtaí filíochta a chur sa tsiúl go háitiúil.

Níl aon rud ceangailte leis na hinstiúidí a bhaineann leis an gcultúr dúchais más maith leat. Tugann siad [Oidhreacht Chorca Dhuibhne] cúnadh dúinn leis an bhFéile Bheag Filíochta. Nílím á rá nach bhfuil siad cabhrach ná faic ach le rudaí a bhíonn á dhéanamh acu dos na leanaí mar shampla, tá sin ar fad dírithe isteach ar chomórtais an Oireachtais, ar scéalaíocht, ar amhránaíocht b'fhéidir ar roinnt lúibíní agus agallaimh bheirte.

(Ó Faoláin 2018)

Is casta an pictiúr ná sin, áfach. Dúirt Caitríona Ní Chathail (2019) go gcuirtear tacaíocht rúnaíochta agus spás oifige ar fáil d'imeachtaí mar chuid den bhFéile Bheag Filíochta. Tugann siad na struchtúir oifigiúla atá riachtanach don bhféile chun go mbainfear maoiniú amach. Anuas air seo, dúirt sí gur minic a bhíonn filí ina n-aíonna mar chuid dá gcúrsaí cultúir agus teanga a reáchtálar go bliantúil.

I ndáiríre, níl an deis chomh mór ann ar na cúrsaí san... Bíonn an fhilíocht ann i gcónaí. Bíonn file éigin nó cur i láthair... Bíonn imeacht nó dhó ann i gcónaí. Ba bhreá linn níos mó a dhéanamh ach faraor, má bhíonn ort freastal ar na réimsí ar fad.

(Ní Chathail 2019)

Is díol spéise nach bhfuil aon pholasaí ealaíona foirmeálta ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne ach go ndírítear ar a gclár oibre de réir mar a threoraíonn an maoiniú

---

<sup>21</sup> Taithí phearsanta an taighdeora mar dhuine a mhúineann ar na cúrsaí go bliantúil.

iad. Bíonn obair na hOidhreachta *'treoraithe go mór ag an maoiniú a fhaightear ó áisíneachtaí'* ó bhliain go bliain, anuas ar *'nósanna seanbhunaithe'* a bheith acu maidir le taispeántais ealaíon na Cásca agus na healaíona traidisiúnta.<sup>22</sup>

As measc na sraitheanna maoinithe sin thuas, ní bhaineann aon cheann acu le haon togra a dhíríonn ar an bhfilíocht go sainiúil. Ní bhíonn aon bhaint ag Oidhrecht Chorca Dhuibhne le Éigse Éireann (Poetry Ireland) agus ní mhaoiníonn Foras na Gaeilge ach scéim blagála a chuireann scríbhneoir cónaitheach Oidhrecht Chorca Dhuibhne chun cinn i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Ní bhíonn aon scéimeanna atá saindirithe ar an bhfilíocht acu.

Labhair Uí Shíthigh (2019) agus de Paor (2019) ina n-agallaimh siúd ar na tograí filíochta a bhíodh á gcur chun cinn i gcomhpháirt le Ealaín na Gaeltachta a raibh Bríd Ní Mhóráin páirteach iontu. Bhí naisc éifeachtacha agus cumarsáid éifeachtach idir an Oidhrecht agus Ealaín na Gaeltachta idir Máire Uí Shíthigh (OCD) agus Eibhlín de Paor (Ealaín na Gaeltachta) agus d'éirigh leo tograí filíochta a chur chun cinn. Tá na tograí sin imithe ar lár le blianta beaga anuas agus Máire Uí Shíthigh éirithe as a post agus De Paor ag feidhmiú i ról nua le hÚdarás na Gaeltachta.

D'fhéadfaí a áiteamh go mbeadh scóp ag Oidhrecht Chorca Dhuibhne aitheantas níos mó a thabhairt don bhfilíocht go háitiúil trí sainchúrsaí breise a chur sa tsiúl. Tá sé de bhuntáiste ag an eagraíocht go bhfuil nasc láidir acu le hinstiúid trío leibhéal, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, a bhfuil file Gaeilge, Ailbhe Ní Ghearbhuigh tar éis a bheith bainteach le cur ar bun cúrsa sa scríbhneoireacht chruthaitheach ann. An bhféadfaí cúrsaí sa scríbhneoireacht chruthaitheach a thairiscint i gCorca Dhuibhne? Bheadh deis eiseamláireach sa chúrsa sin filí an cheantair a thabhairt isteach mar chuid den gclár staidéir.

Tá srian, áfach, ar an méid gur féidir leis an Oidhrecht a bhaint amach cheal breis acmhainní, dar le Ní Chathail (2019).

Ní féidir le foireann bheag ach méid áirithe a dhéanamh ach dár ndóigh, dá mbeadh an infheistíocht agus na hacmhainní againn, an fhoireann. Bheimis ábalta... Tá go leor féidearthachtaí. Tá na deiseanna san ann ach cheal ama agus cheal acmhainní daonna, is dócha den gcuid is mó.

(Ní Chathail 2019)

---

<sup>22</sup> Teagmháil ríomhphoist le Treasa Ní Mhainín, Oifigeach Forbartha reatha le hOidhrecht Chorca Dhuibhne.

Luífeadh cúrsa sa scríbhneoireacht chruthaitheach go háitiúil le spriocanna na turasóireachta cultúrtha ag Comhairle Chontae Chiarraí agus spriocanna treoraithe i straitéis turasóireachta Fáilte Éireann ‘Straitéis um Fhorbairt Turasóireachta Nuálaí (2016 – 2022)’ maidir le turasóirí ‘*culturally curious*’ a mhealladh go Chiarraí. Bhainfeadh buntáistí eacnamaíochta, forbartha agus teanga lena leithéid d’fhorbairt sa cheantar.

### **An Lab, An Daingean (2007 – 2017) (A)**

Rinne Moynihan (2018), Mac Conghail (2019), Ó hUallaigh (2018), Ní Bheildiúin (2018), Holstead (2019) agus Uí Shíthigh (2019) plé ar an ardán leanúnach a thug an t-ionad ealaíona An Lab d’fhill an cheantair. Bhunaigh Áine Moynihan an comhlacht amharclannaíochta seo sa bhliain 2007. Thosnaigh sí amach ag obair go deonach le comhlacht drámaíochta darb ainm ‘AnnÓg’. Fuair sí deontas ó Ealaín na Gaeltachta sa bhliain 2007 a chuir ar a cumas díriú ar chúrsaí ealaíne go lánaimseartha (Moynihan 2018). D’éirigh léi seanfhoirgneamh scoile na mBráithre Críostaí sa Daingean a thógaint ar cíós mar ionad leanúnach don Lab.

Cé gur bhain feidhm An Lab go sainiúil leis an drámaíocht agus an amharclannaíocht, thug An Lab tacaíocht do gach aon saghas imeacht ealaíne (Moynihan 2018). Dar le Moynihan (2018) gur éirigh leis An Lab ardán a thabhairt d’fhill áitiúla an cheantair go háirithe agus Simon Ó Faoláin fostaithe mar Oifigeach Litríochta acu le linn na mblianta 2013 – 2017. Bhíodh ardán rialta ar fáil do léamha agus do sheoltaí filíochta. Cuireadh an chamchuairt filíochta ‘*Fíochán Filí*’ agus an imeacht seachtainiúil ‘*Lón Anama*’ ar bun. Sraith de léamha filíochta ab ea Fíochán Filí a thaistéal timpeall go dtí ceantair Gaeltachta éagsúla agus a d’fhéach chuig naisc a chothú idir filí ó cheantair éagsúla (Moynihan 2018). Chuirte léamha filíochta i dteannta tionlacan ceoil ar bun go seachtainiúil sa Díseart sa Daingean ag am lóin. Dar le Moynihan go raibh tóir ar leith ag muintir an Daingin féin ar an imeacht seo (Moynihan 2018).

Dúnadh An Lab i Samhain na bliana 2017. Tá an t-ionad i seilbh Ollscoil Chroí Ró-Naofa Connecticut anois. Níl ionad nua faighte ag An Lab ó shin. Luadh go mion minic sna hagallaimh go bhfuil bearna fágtha sa cheantar ó dúnadh An Lab. ‘*Is mór an easnamh é anois agus é dúnta, imithe*’ (Ní Bheildiúin 2018). Dar le Mac Conghail go raibh feidhm institiúideach ar leith ag ‘An Lab’. ‘*Bhí an Lab mar chineál Comhairle Ealaíon*’ (Mac Conghail 2019).



Braithim gur bearna mhór anso dúinne An Lab a bheith imithe. Pé slí go bhféachann tú air, is bearna mór ó thaobh na filíochta Gaolúinne an Lab a bheith imithe. Is bearna mór é. Bhí an Lab go hiontach d'fhilí na Gaolúinne.

(Uí Shíthigh 2019)

...An ról a bhí ag An Lab sa Daingean go háirithe ag cur filíochta ar stáitse... Tá an baol go mbeadh bearna ann sa spás san agus an Lab gan cinnteacht oifigiúil faoi láthair cá seasann rudaí leis an Lab.

(Anaithnid)

Bhain easpa cumarsáide lenar thit amach dar le Moynihan (2018). Thugadh ionadaithe ón ollscoil cuairteanna rialta ar an ionad agus d'úsáididís seomraí An Lab go minic mar áis dá gcuid scoláirí. Phléigh Moynihan agus ionadaithe ón ollscoil go mb'fhéidir go mbeadh deis nasctha ann idir An Lab agus Ollscoil Chroí Ró-Naofa. Níor deineadh aon chur chun cinn ar an gcomhnascadh ach fuair an ollscoil cead seilbhe ar an bhfoirgneamh (Moynihan 2018). Bhí deontas geallta ag Údarás na Gaeltachta don ollscoil ar mhaithe le cur chun cinn a dhéanamh ar an bhfoirgneamh. Ba chasta an comhthéacs é arís, dar le Moynihan féin, toisc go mbíodh maoiniú leanúnach á fháil ag an Lab ó Ealaín na Gaeltachta atá mar fhochomhlacht d'Údarás na Gaeltachta (Moynihan 2018). Ní raibh an áit ach ar cíós ag An Lab ó na Bráithre Críostaí sa Daingean. Mar sin, ní raibh aon chumhacht acu ar an athrú a tháinig nuair a fógraíodh dóibh go raibh orthu an spás a fhágaint. Thug Moynihan le fios nár caitheadh i gceart leo agus is dóigh léi go bhfuil easnamh ar leith sa cheantar gan An Lab a bheith ag feidhmiú a thuilleadh; gan aon áit a bheith tiomanta do chlár imeachtaí agus tacaíochta a chur ar fáil d'ealaíona Gaeilge i gCorca Dhuibhne ó bhí 2017 ann. Fianaise anseo b'fhéidir ar an toradh a bhíonn ag maoiniú ad-hoc a dháiltear ar thograí gan na geallsealbhóirí go léir a thabhairt le chéile.

Dúnadh an Lab agus tús á chur leis an bpróiseas pleanála teanga do Chorca Dhuibhne, a d'fhág go bhfuil bearnaí ann i mbearta phlean teanga Chiarraí Thiar. Is ioróineach an mhaise é go luaitear an Lab go sonrath sa phlean céanna sin mar ardán d'imeachtaí agus mar *'lárionad cultúrtha'*.

An Lab (sa Daingean) a fhorbairt go leanúnach mar lárionad Cultúrtha/ Ealaíne do phobal na Gaeilge sa LPT'...Leanfar ag forbairt imeachtaí an Lab sa Daingean chun go mbeidh sé ina lárionad cultúrtha/sóisialta/ealaíne do mhuintir an LPT ar fad.

(Plean Teanga Chiarraí Thiar 2018: 126)

Tá iarmhairtí níos leithne ann don gceantar agus do chur i bhfeidhm an phlean teanga, go háirithe ar thaobh thoir na leithinise, i mBaile an Daingin gan An Lab. Luaigh Moynihan (2018) ina hagallamh siúd go bhfuil an-iarracht déanta aici

teacht ar ionad nua don Lab ach deir sí nach bhfuil aon áit oiriúnach ar fáil. Tá cinneadh glactha ag Moynihan nach mbeidh An Lab ag feidhmiú as seo amach de bharr na ndúshlán a bhain le hionad nua oiriúnach a aimsiú i gCorca Dhuibhne.<sup>23</sup> Meabhraíonn scéal An Lab an tábhacht a bhaineann le pleananna agus le cumarsáid éifeachtach a chothú idir eagrais agus cleachtóirí/geallsealbhóirí eile. Is léiriú é ar a thit amach leis An Lab ar na dúshlán a bhaineann le hinfreastruchtúr saindirithe ealaíona a fháil i mbaile turasóireachta mar An Daingean.

Toisc gur baineadh an bonn den Lab agus den obair a cuireadh chun cinn ann le deich mbliana, bhí cailliúint deise ann tógaint ar infheistíocht fhadtéarmach Ealaín na Gaeltachta. Tá an inmhathanacht ina sprioc threorach de Straitéis Ealaín na Gaeltachta (2018 – 2022) agus de Straitéis na Comhairle Ealaíne ‘Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)’. Níor éirigh leis an gclár maoinithe sin, sa chás áirithe sin, an inmhathanacht a chinntiú. Níl aon ionad nua faighte ag An Lab ach an oiread trí bliana ina dhiaidh. Ba léir, b’fhéidir, gur tháinig aidhmeanna eacnamaíochta agus aidhmeanna cultúrtha salach ar a chéile agus aistriú seilbhe a thabhairt d’Ollscoil Chroí Ró Naofa.

### **An Díseart (A)**

Bunaíodh An Díseart i seanchlochar Shiúracha na Toirbhirte i mBaile an Daingin sa bhliain 1996 mar ionad taighde ar réimsí éagsúla den gcultúr Gaelach agus spioradáltacht Éireannach. Tá sé suite díreach in aice le Leabharlann an Daingin. Bhíodh An Díseart faoi stiúir an Mhoinsíneoir Pádraig Uí Fhiannachta. Tá bord deonach ag an Díseart a bhfuil triúr rannpháirtí ón taighde seo ina mbaill de (Tadhg Ó Dúshláine, Bríd Ní Mhóráin agus Máire Uí Shíthigh).

Tá fáil ar áiseanna an ionaid don bpobal chun imeachtaí spioradálta, ealaíona agus cultúrtha a chur ar siúl, go háirithe imeachtaí trí Ghaeilge. Reáchtálar clár oidhreachta, cultúrtha agus spioradálta ann ó cheann ceann na bliana (Suíomh lín an Dísirt 2020). Ba mhinic a d’úsáidí An Díseart mar ionad d’imeachtaí An Lab le linn an tsamhraidh, don chlár ‘Lón Anama’ ar tráchtadh air cheana. Eagraítear léamh filíochta go bliantúil sa Díseart mar chuid d’imeachtaí An Fhéile Bheag Filíochta. Ba sa Díseart a cuireadh sraith ceardlann filíochta faoi stiúir An

---

<sup>23</sup> Teagmháil phearsanta an taighdeora le Áine Moynihan.

Mhonsíneoir (agus Nuala Ní Dhomhnaill ar feadh tréimhse) ar siúl idir na blianta 2006 – 2016 (Ó hUallaigh 2018, Mulcahy 2018).

### **Ionad an Bhlascaoid (A)**

Tá Ionad an Bhlascaoid suite i nDún Chaoin in Iarthar Duibhneach, i bhfoirgneamh mór saindeartha a tógadh sa bhliain 1993. Déanann an áit comóradh ar oidhreacht na mBlascaodach. Tá feidhmiú an ionaid mar obair i bpáirt ag Fondúireacht an Bhlascaoid agus ag Rialtas na hÉireann. Déanann Seirbhísí Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí an t-ionad a bhainistiú.

Bíonn an amharclann in Ionad an Bhlascaoid le fáil mar ardán don bhfilíocht go minic. Baineann an Fhéile Bheag Filíochta feidhm as an áit mar chuid d'imeachtaí na féile sin gach bliain. Déantar ceiliúradh bliantúil ar oidhreacht liteartha an Bhlascaoid ag 'Ceiliúradh an Bhlascaoid' mar a mbíonn ardán á soláthar go minic d'fhilí an cheantair.

### **Easnaimh i gCorca Dhuibhne**

Dar le filí agus le cinnirí cultúir an taighde go bhfuil easnaimh ann san infreastruchtúr ealaíne i gCorca Dhuibhne ó dúnadh An Lab. Níl aon eagrais ealaíona agus lárionad faoi leith tiomanta d'imeachtaí ealaíona leanúnacha a chur sa tsiúl sa cheantar ó bhí Meán Fómhair 2017 ann taobh amuigh d'Ealaín na Gaeltachta agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Cé go bhfuil obair fhóna ar siúl ag Oidheacht Chorca Dhuibhne, léiríonn an taighde seo nach bhfuil an obair sin ar fad dírithe rómhór ar fhilí áitiúla an cheantair ná ar chlár imeachtaí a chur sa tsiúl. Ní thógann an Oidhreacht an ról cinnireachta céanna maidir le himeachtaí ná le tionscadail filíochta a thionscnamh, faoi mar a dheineadh An Lab. Fágann seo go bhfuil easpa deiseanna láithrithe agus coimisiúnaithe ar fáil d'fhilí in áit a bhíodh flúirse de ar fáil. Tá lároifig ag Údarás na Gaeltachta agus ag Ealaín na Gaeltachta ar an leithinis a bhfuil sé mar aidhm ag an eagraíocht go mbeadh soláthar imeachtaí ealaíona ar fáil ach ní léir go bhfuil tacaíocht leanúnach á tabhairt d'aon eagrais go háitiúil chun imeachtaí rialta a chur ar siúl.

Thug cuid de na cinnirí cultúir le fios le linn an taighde go bhfuil gá le stiúrthóir ealaíona a fhostú agus le heagrais a bheith ag gníomhú mar eagrais stiúrtha don bhfilíocht go háitiúil i gCorca Dhuibhne (Moynihan 2018, Holstead 2019, De Paor 2019): mhol De Buis go mbeadh a leithéid ar fáil ar bhonn réigiúnda i gCiarraí (2019).

B'fhéidir gur cheart go mbeadh sé ar siúl ag an gComhairle Chontae agus ag Ealaín na Gaeltachta, is na heagraíochtaí san, i gcomhar le hÉigse Éireann, duine éigin chun plean a dhéanamh, moladh de shaghas éigin a dhéanamh... B'fhéidir gur rud éigin go bhfaighfeadh an Fhéile Bheag Filíochta, go bhféadfadh an cas a chur nó an abhcóidíocht a dhéanamh, níl fhios agam.

(De Paor 2019)

Go hidéalach, i mo thuairimse pearsanta bheadh leibhéal maoinithe ann a íocfadh ar a laghad stiúirthóir ealaíne dos na féilte san go léir mar aitheantas ar obair agus ar saineolas a théann isteach insan obair sin agus mar shampla an Fhéile Bheag Filíochta, a bhfuil saineolas fé leith gur ábhar speisialtóra é is dócha agus dá bharr san, tá tú ag brath go hiomlán ar na daoine san a bhfuil an saineolas acu.

(Holstead 2019)

Is dóigh liom gur chóir go mbeadh duine fostaithe chun leanúint ar aghaidh leis an obair sin chun féachaint chun a bheith páirteach sa aththógaint cúrsaí foilsitheoireachta b'fhéidir, chun tacú leis na filí, chun tógaint ar na nascanna atá againn le filí timpeall na tíre, chun rudaí a choimisiúnú. Is dóigh liom go bhfuil ról ann agus braithim go bhfuil an fhoirmle ann. Braithim go mba chóir go mbeadh i bhfad níos tacaíochta ann dó sin.

(Moynihan 2018)

Cuireadh tús le háisitheoireacht atá ag Ealaín na Gaeltachta ar phróiseas comhairliúcháin poiblí i gCorca Dhuibhne i Márta 2020 maidir le hionad cultúir agus ealaíona sa cheantar. Tá tacaíocht á fáil ag an tionscadal seo ó Chomhairle Chontae Chiarraí agus Údarás na Gaeltachta chun taighde a choimisiúnú ar na deiseanna a bheadh ar fáil ionad ealaíne a chur ar fáil. Is iad Ealaín na Gaeltachta agus an comhlacht comhairleoireachta 'People Place Consulting' atá i mbun an taighde seo.<sup>24</sup>

## **Infreastruchtúr cultúrtha in Uíbh Ráthach**

### **Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh (B)**

Bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh sa bhliain 1998 mar ghrúpa ionadaíoch de na coistí forbartha pobail Gaeltachta in Uíbh Ráthach. Tá a lárionad suite i gCeann Eich, in aice leis an gCoireán. Tá foireann de sheisear fostaithe san ionad (bainisteoir, riarthóir, oifigeach turasóireachta, oifigeach pleanála teanga agus beirt shaoistí ar scéimeanna forbartha sóisialta agus fostaíochta). Tá sé mar mhisean ag an gComhchoiste *'forbairt na Gaeilge agus an phobail Ghaeltachta'* a chur chun cinn in Uíbh Ráthach.<sup>25</sup> Níl aon eagrais ar leith ag feidhmiú faoi scáth an Chomhchoiste a chuireann oidhreacht agus cultúr an cheantair sin chun cinn: is é sin le rá nach bhfuil macasamhail Oidhreacht Chorca Dhuibhne ann. D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil cuid den ról sin á chomhlíonadh, áfach, ag Éigse na Brídeoige

<sup>24</sup> <https://issuu.com/westkerrylive/docs/wkl278>

<sup>25</sup> [www.uibhrathach.com](http://www.uibhrathach.com)

cé nach eagrais *per se* í ach féile bhliantúil chultúrtha. Bíonn tograí áirithe ealaíne ar siúl faoi scáth an chomhchoiste féin, áfach.

Tá an t-amhránaí aitheanta Seán Garvey ag obair mar amhránaí cónaitheach le blianta anuas agus téann sé isteach go dtí na trí bunscoil Ghaeltachta chun amhráin traidisiúnta a roinnt leis na leanaí. Tá togra bailithe ceoil traidisiúnta ar siúl le blianta beaga anuas i dtaca le Peter Mullarkey agus stór mór amhrán traidisiúnta ó Uíbh Ráthach bailithe aige agus foilsithe i bhfoirm leabhar agus dlúthdhioscaí.<sup>26</sup> Níor deineadh aon fhorbairt ar imeachtaí filíochta a reáchtáil faoi scáth an Chomhchoiste faoi mar a bhíodh faoi stiúir Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Ealaín na Gaeltachta (agus Máire Uí Shíthigh agus Eibhlín de Paor ag obair sa dá ról faoi seach).

Fearacht Oidhreacht Chorca Dhuibhne, níl aon pholasaí foirmeálta ealaíne ag an gComhchoiste agus ní eagraítear imeachtaí cultúrtha ná ealaíona mar chuid dá gcuid oibre reatha. *'I láthair na huaire, níl polasaí ar leith againn ach caithfidh féachaint chun ceann a chur le chéile nuair a bheidh deis againn'* (Uí Bheoláin 2019). Dar le hÁine Uí Bheoláin, Bainisteoir an Chomhchoiste, go bhfuil fadhb acmhainní acu agus deir sí nach bhfuil an acmhainneacht daonna acu chun straitéis a cheapadh i láthair na huaire agus cuireann sé seo srian ar na himeachtaí ealaíona a d'fhéadfaí a eagrú. *'I láthair na huaire táim róghnóthach agus tá fadhb againn ó thaobh easpa foirne chun níos mó a dhéanamh'* (Uí Bheoláin 2019). D'fhéadfaí an obair seo a dhéanamh mar chuid de ról an oifigigh phleanála teanga agus an oifigigh thurasóireachta ann toisc go luíonn mianach na n-ealaíon go dlúth le spriocanna an dá chláir sin.

Tosnaíodh le linn na bliana 2019 ar shraith ranganna agallamh beirte agus lúibíní a chur sa tsiúl go háitiúil a d'fhéadfadh *'na filí atá faoi cheilt sa cheantar a dhúiseacht'* (Uí Bheoláin 2019).

Thug Ní Bheoláin le fios nach bhfuil aon airgead faighte in Uíbh Ráthach ó mhaoiniú Éire Ildánach nó ón gComhairle Chontae ach an oiread, cé gurb í seo an phríomhfhoinsé maoinithe ó chlár náisiúnta an rialtais i leith na cruthaitheachta (Ní Bheoláin 2019). Tá dúshlán ann maidir le hacmhainní daonna an Chomhchoiste agus tá dualgais éagsúla leathana ar an gComhchoiste maidir le

---

<sup>26</sup> Amhráin Uíbh Ráthaigh, Imleabhair 1 agus 2, in eagar ag Seán Mac an tSíthigh agus Peter Mullarkey, Togra Binneas (Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh 2009, 2018).

scéimeanna fostaíochta, pobail agus forbairt seirbhísí agus na heacnamaíochta. Mar a luadh, níl aon fho-eagras oidhreachtúil ar féidir leis díriú go saineúil ar na healaíona, an fhilíocht agus an chruthaitheacht. Fágann na cúinsí seo doiléire áirithe maidir le misean an Chomhchoiste agus maidir le tosaíochtaí an eagrais. Tá gá le plean straitéiseach chun teacht ar réiteach ionas gur féidir leas a bhaint as na deiseanna atá gan tapú faoi láthair sa cheantar.

### **Ionad na Dromada (B)**

Lárionad pobail é Ionad na Dromada, a tógadh ag coiste pobail. Ritheann Forbairt na Dromada Teo na seirbhísí iomadúla a bhaineann leis an ionad.<sup>27</sup>

Tá halla pobail agus réimse eiseamláireach de sheirbhísí áitiúla don bpobal ar fáil san ionad. Tá riarthóir le Gaeilge, Cáit Uí Chonaill, fostaithe. Bíonn an t-ionad in úsáid do Champa Cásca do leanaí a eagraítear faoi scáth Chonradh na Gaeilge Uíbh Ráthaigh. Tarraingítear ar an litríocht mar chuid den gcampa seo. Bíonn Seán Ó Laoghaire, ‘Seán an Seanchaí’, páirteach sa champa. Cuirtear ciorcail comhrá ar siúl go seachtainiúil in Ionad na Dromada agus déantar soláthar béilte do sheanóirí sa phobal. Baintear leas as áiseanna an ionaid don bhféile Éigse na Brídeoige chomh maith.<sup>28</sup> Tá áiseanna dochreidte ó thaobh an phobail sa Dromaid ach níl béim leanúnach ag an áit mar láthair don gcultúr go háirithe do ghlúnta idir meánscoil agus meánaois.

### **Ionad Ealaíona Chill Rialaig (B)**

Is ionad ealaíona é Cill Rialaig atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta, i nDún Géagáin, Baile ‘n Sceilg, Uíbh Ráthach. Tógadh an t-ionad seo sa bhliain 1995. I measc na seirbhísí atá ar fáil san ionad ealaíne, tá caifé, stiúideonna, leabharlann, seomra cruinnithe agus eagraítear taispeántais agus ceardlanna go rialta san ionad. Reáchtálar díseart ealaíontóirí sa cheantar, a bhunaigh an Dr. Noelle Campbell Sharpe sa bhliain 1991. Deineadh athchóiriú ar thithe sa sráidbhaile tréigthe, tigh Sheáin Uí Chonaill scéalaí san áireamh. Baintear úsáid as na tithe athchóirithe mar thithe lóistín do na healaíontóirí agus scríbhneoirí a thagann ar cuairt ar an díseart.<sup>29</sup> Faightear maoiniú leanúnach (€72,500) ón gComhairle Ealaíon

---

<sup>27</sup> [http://www.dromid.ie/public\\_html/](http://www.dromid.ie/public_html/)

<sup>28</sup> [http://www.dromid.ie/public\\_html/index.html](http://www.dromid.ie/public_html/index.html) agus breathnóireacht neamhfhoirmiúil

<sup>29</sup> <https://cillrialaigartscentre.com/>

d'fheidhmiú an dísirt ealaíontóirí. Ní bhaineann an maoiniú stáit seo leis an ionad ealaíne féin.<sup>30</sup>

Thug Ní Bheildiúin, Ní Chinnéide agus Ó Súilleabháin le fios gur chaith siad tréimhse chónaitheach i gCill Rialaig. Dar le Ní Bheildiúin (2018) gur deis iontach an tsaoirse a bheith aici díriú ar a cuid scríbhneoireachta gan tarraingt a gnáthshaoil uirthi. Chuir an Súilleabhánach síos ar an spreagadh a tugadh dó le linn na tréimhse sin sa dán 'Oilithreacht'.

'Tuigfidh tú  
gach aon ní  
ach seal a thabhairt  
i gCill Rialaig...  
Gheobhair cuntas ar an saol so  
is gach aon  
chuntas  
ort fhéinig'  
(Beatha Dhónaill Dhuibh 2016: 143)

Cé go raibh deiseanna ag triúr filí sa taighde seo tairbhe a bhaint as seal a chaitheamh sa díseart ealaíontóirí seo, ní bhíonn aon bhaint ar leith ag an ionad ealaíne féin leis an teanga ná le hoidhreacht liteartha an cheantair ina bhfuil sé lonnaithe.

Níl leagan Gaeilge de shuíomh lín Chill Rialaig ar fáil.<sup>31</sup> As Béarla amháin na teachtaireachtaí a chuirtear amach ar na meáin shóisialta. Is beag tagairt a dhéantar ar an suíomh d'oidhreacht an tsráidbhaile agus don scéalaí clúiteach Seán Ó Conaill (1853 – 1931). Nuair a dhéantar tagairt ar an suíomh do Ó Conaill, litrítear a ainm go mícheart. Níl aon eolas eile ar fáil mar gheall air ar an suíomh lín, ach an oiread. Thairis sin, is beag aird a thugtar ar an nGaeilge mar ghné shainiúil den áit agus nuair a dhéantar, is teideal míchruinn a thugtar ar fhoirgneamh a bhfuil ainm Gaeilge uirthi - tigh an chomhrá.

The communal house (Tig an Comhra – conversation house) where visiting artists can meet one another and the local people, their language, music and culture was in 2008 dedicated by President McAleese to the memory of the village's most famous early inhabitant, *seannachai* (story teller) Sean O'Connail.

(Cill Rialaig 2019)

Níl aon cheangal idir Cill Rialaig agus próiseas na pleanála teanga in Uíbh Ráthach ach oiread. Tá Cill Rialaig lonnaithe i gceantar a bhfuil dúshláin ar leith ann maidir le cur chun cinn agus slánú na teanga ann. Tá deis anseo aird a dhíriú ar

<sup>30</sup> Eolas a bailíodh trí theagmháil ríomhphoist le Cill Rialaig

<sup>31</sup> <https://cillrialaigartscentre.com/>

oidhreacht liteartha an cheantair go háirithe agus breis agus 4,500 ealaíontóirí meallta chuig an ionad ó osclaíodh é gan trácht ar na cuairteoirí rialta a thagann go séasúrach. Ní bhíonn aon leabhair Ghaeilge ar fáil sa chaife ná siopa.

Faigheann an díseart ealaíontóirí maoiniú suntasach ón gComhairle Ealaíon (€78,000 sa bhliain 2018) ach ní chuireann an Chomhairle aon cheangal ar Cill Rialaig aon soláthar a dhéanamh don Ghaeilge, ainneoin go bhfuil an t-ionad ealaíne lonnaithe i gceantar pleanála teanga. Tá míréir idir polasaithe an Stáit anseo agus aitheantas tugtha do ról lárnach na n-ealaíon sa phleanáil teanga sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge ar thaobh amháin ach tugtar maoiniú leanúnach don ionad seo gan aon chúram a bheith á dhéanamh acu don nGaeilge agus iad lonnaithe i gceantar Gaeltachta. Tá deiseanna á gcailliúint ag an bpróiseas pleanála teanga gan úsáid a bheith á baint as ionad agus acmhainní infreastruchtúr lárnach ealaíona mar sin sa dúthaigh. Ní bhíonn aon idirghabháil ag Ealaín na Gaeltachta le Cill Rialaig ach an oiread agus ní haon chabhair í nach bhfuil oifig ná lárionad ag Ealaín na Gaeltachta in Uíbh Ráthaigh faoi mar atá i gCorca Dhuibhne.

### **Tech Amergin (A)**

Is ionad pobail ealaíona agus oideachais é Tech Amergin atá lonnaithe i seanscoil an Choiste Ghairmoideachais, An Coireán. Anuas ar a cheangal leis an gceardscoil (an 'Tech') ainmníodh an t-ionad mar chomóradh ar phearsa miotaseolaíoch Aimhirghin Glúngheal a tháinig i dtír i mBá na Scealg agus a ghlac seilbh ar thalamh na hÉireann (mar a pléadh sa chaibidil dheireanach). I measc na n-áiseanna atá ar fáil, tá seomra péintéarachta, oifig, amharclann agus gairdín pobail. Cuirtear cúrsaí aosoideachais ar fáil le linn na bliana agus bíonn taispeántais ealaíne ar siúl go minic san amharclann.<sup>32</sup>

In ainneoin go bhfuil an t-ionad suite ar bhruach na Gaeltachta, is beag tagairt a dhéantar don teanga in aon áit ar shuíomh idirlín Tech Amergin lasmuigh den lua ar bhunús ainm an ionaid. Ní raibh aon chúrsa ar fáil a bhain le haon ghné den nGaeilge don mbliain 2019/2020. Bhí baint lárnach ag Fíona de Buis i mbunú an ionad ealaíne sa bhliain 2006, tar éis di maoiniú €1m a bhaint amach faoin Roinn na nEalaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Creideann de Buis (nach bhfuil páirteach i riaradh an ionaid a thuilleadh) nach bhfuil an teanga '*ar aigne*' stiúrthóirí an

---

<sup>32</sup> <http://www.techamergin.com/>



ionaid (De Buis 2019).

Tá fadhbanna leanúnacha maoinithe ag an ionad, atá ag imirt tionchair ar fhreastal an ionaid ar ana healfona trí chéile. D'fhoilsigh Paddy Bushe sraith dánta san iris 'Poetry Ireland Review' sa bhliain 2013 a dhéanann cur síos ar na cúinsí faoi ndeara an fhreastail easnamhaigh seo. Bhíodh clár imeachtaí ealaíona suntasach ar siúl san ionad go dtí Márta 2012 an fhilíocht ina measc.

A voluntary group, in cooperation with the centre staff and with the help of Kerry County Council arts funding, ran a programme of high-quality theatre, music, readings and an arts festival in the centre until, in March 2012, KES appropriated the group's funding, causing the programme to be cancelled and the group to withdraw. Since then, KES has received €21,000 arts funding from its sister organisation Kerry County Council for Tech Amergin despite having had no programme of the performing arts there.

(Bushe 2013: 73)

Tugann dán Bushe 'Uaigneach sin, Tech Amergin' cuntas fileata ar bhraistint an fhile i dtaobh na bearna atá fágtha i gceantar Uíbh Ráthaigh gan aon chlár ealaíona a bheith á rith i dTech Amergin.

Uaigneach anois Tech Amergin,  
Is uaigneach anois an áit sin;  
Mar a mbíodh ealaín agus dán,  
Fuar folamh anocht an stáitse...  
Béasa na mbroc bheith ag tochailt leo  
I bpluais a gcuid corporate governance;  
Cé gur pobal a chruthaigh an t-ionad  
Spraoi ná scléip ann don bpobal ni toil  
Ni hionmhuin leis na broic aoibhneas, aiteas ná sport,  
Ni hionmhuin leo saoi, draoi ná cumadóir ceoil,  
Ni hionmhuin leo Scéine ná Aimhirghin cóir:  
Is fanadh gach aon i dTráilí, ag tochas i gcomhaid.  
(Bushe 2013: 70)

Tá macallaí láidre de mhóitíf sheanbhunaithe na Gaeilge de chéim sios lucht éigse anseo. Meabhraíonn dán Bushe dán cáiliúil a cheap Séamais Dall Mac Cuarta, 'Uaigneach sin tithe Chorr an Chait':

Uaigneach sin tithe Chorr an Chait  
Is uaigneach a bhfir 's a mná,  
Is dá bhfaighidís ór is fíon  
Cha dtig aon díobh i gceann cháich.  
I gceann cháich cha dtig siad  
Ar ar cruthaíodh thiar is thoir,  
Ar ar cruthaíodh ó neamh go lár  
Ionann sin is béasa an Bhroic...  
Ní hionúin leis an ríbhroc aoibhneas  
aiteas ná sport  
Ní hionúin leofa saoi, draoi nó cumadóir ceoil  
Ní hionúin leofa Séamus coach nó cuidí Néill óig

Is fanadh gach aon mar a mbíd ag  
tochailt an phóir  
(Mac Cuarta in Ó Gallchóir 1971)

Dánta eile a mheabhraítear anseo dúinn ná an Laoi Fiannaíochta ‘Fada Anocht in Oil Finn’ agus an dán ‘Is Uaigneach Éire’ le Aindrias Mac Marcais:

Is fada anocht a n-Oil Finn  
fada linn an oidhche aréir  
‘s lá aniu ge fada damh  
do budh leór fad in laoi ané...  
Gan áonach gan ceól gan cruit  
gan bronadadh cruith gan gníomh greadh  
gan díol ollamhan ar ór  
gan ealadhoin gan ól fleadh  
(Murphy 1953: 121)

Anocht is uaigneach Éire  
Do-bher fógra a firphréimhe  
Gruith a fear’s a fionnbhan fliuch  
Treabh is longnadh go huaigheach...  
Gan imirt gan ól fleidhe  
Gan aithghearradh aimseire  
Gan mhalairt gan graifne greadh  
Gan tabhairt aighthe in éigean  
(Ó Buachalla 1983: 105)

Anuas ar an scéal a reictear i ndán Bushe den bhfaillí dar leis, atá déanta in infreastruchtúr cultúrtha an cheantair, is léiriú iad úsáid na móitífeanna seo sa dán ar chur amach ar thraidisiún na filíochta Gaeilge. Tá feidhm agus ról an fhile thraidisiúnta á chomhlíonadh aige anseo agus cáineadh á dhéanamh ar chleachtais eagrais phobail. Ina dhán nua-aoiseach cáineann Bushe an rogha a dhéantar go bhfágtar stiúradh an mhaoinithe an ionaid i lámha Chomhairle Chontae Chiarraí cé gur ón bpobal a forbraíodh an t-ionad an chéad lá. Bhí easpa spéise ag lucht gnó sa togra pobail seo ón dtosach, dar le Bushe.

No member of KES management ever attended even one play, classical concert or traditional session. We found this puzzling, even disappointing, but it seemed at the time to be a benign indifference.

(Bushe 2013: 96)

Cháin sé go láidir chomh maith ról Chomhairle Chontae Chiarraí sa chinneadh a deineadh.

That Kerry Co Council would be complicit in allowing local authority arts funding to be subsumed into another local authority body, without being spent on the arts, is deeply depressing, but it will probably come as no surprise to those in the arts community who are familiar with the reputation of that body as having probably the worst record of any local authority in its support for the arts.

(Bushe 2013: 97)

Tá an méid a thit mach ag teacht salach ar an méid a mholtar sa Phlean Gníomhaíochta don Fhorbairt Tuaithe: Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe (2018 – 2022). Baineann colún 1 den bplean gnímh seo le ‘Cothú Pobal Inbhuanaithe’ agus moltar go ndírítear ar stiúradh cinntí pobail ón mbonn aníos agus ná déantar cinntí gan ionchur ón bpobal áitiúil a thabhairt sa mheá nó go *‘bhfanadh gach aon i dTráilí, ag tochas i gcomhaid’* (Bushe 2013: 70).

...including through the development and support of the Public Participation Network and Local Community Development Committees, to ensure that a diversity of voices is heard and included in local decision-making processes and that communities continue to identify their own needs and solutions.

(An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail 2018: 19)

### **Easnaimh in Uíbh Ráthach**

Tá easpa follasach in Uíbh Ráthach maidir le hinfreastruchtúr cultúrtha fisiciúil atá tiomanta don nGaeilge. Léiríonn an cuntas anseo go bhfuil foirgnimh fhisiciúla ann ach níl aon phlean straitéiseach do na healaíona Gaeilge sa cheantar. Níl acmhainní daonna saindirithe ar an bhfilíocht agus ar na healaíona cruthaitheacha eile trí Ghaeilge in Uíbh Ráthach. Braitheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon ar choinníollacha áirithe maidir le hionad agus foireann lán-aimseartha le bheith i dteideal ar mhaoiniú d’ionad ealaíne. Ní féidir maoiniú a bhaint amach gan an t-ionad agus an fhoireann a bheith dírithe ar chúram do chlár ealaíona. *‘Arts centres are defined as full-time, public-facing, professionally managed, building-based arts organisations’* (An Chomhairle Ealaíon 2020).

Tá an grúpa pobail ‘Oidhreacht Uíbh Ráthaigh’ sa cheantar a bhfuil sé d’aidhm acu traidisiúin agus stair an cheantair a chaomhnú agus a chur chun cinn chomh maith a roinneann eolas ar a leathanach Facebook agus a eagraíonn imeachtaí áirithe oidhreachta in aghaidh na bliana.<sup>33</sup> Níl ionad ná struchtúr buan seasmhach ag an ngrúpa pobail seo, áfach.

Níl nós freastail ar imeachtaí cultúrtha chomh láidir in Uíbh Ráthach is atá i gCorca Dhuibhne. Tá Conradh na Gaeilge, Uíbh Ráthach ag iarraidh cur leis na himeachtaí cultúir a réachtálar go háitiúil. Chuir Méabh Ní Dhuinnín, ball de chuid na craoibhe, ceardlann bunaithe ar amhráin agus ar dhánta Thomáis Rua Uí Shúilleabháin ar siúl i gCathair Dhónaill sa bhliain 2019. Bhí dúshlán ag baint leis an lucht freastail a thógaint. Labhair de Buis (2019) go sonrach ina hagallamh

---

<sup>33</sup> <https://www.kerryppn.ie/communities/heritage-iveragh-oidhreacht-uibh-rathaigh/>

siúd mar gheall ar an dua a bhain le lucht freastail a mhealladh chuig imeachtaí filíochta sa cheantar nuair a bhí sí féin páirteach le Tech Amergin.

Nuair a bhíos ag plé leis an Tech, bhíodh sé ina chuid den chlár ealaíne go mbíodh léamh filíochta, trí nó ceithre uaire sa bhliain ach ní raibh an méid san ag freastal orthu nó suim acu ann.

(De Buis 2019)

Is léir ó fhianaise de Buis (agus ó thaithí éagsúil lucht ealaíne Chorca Dhuibhne) go bhfuil fainne fí ann in Uíbh Ráthach. Mura mbíonn imeachtaí ar siúl, ní bheidh aon imeacht le freastal air. Ní bheidh aoifhilí agus aoiealaíontóirí á dtarraingt chun na ceantair gan scéimeanna a bheith ann a thabharfaidh ann iad ná lucht éisteachta ar fáil. Is easnamh ar leith é an easpa teagmhála a chothaíonn Ionad Chill Rialaig agus Tech Amergin leis an nGaeilge agus le hoidhreacht liteartha Uíbh Ráthaigh.

Bítear ag trácht go minic ar dhúshlán na pleanála teanga agus an laghdú atá ag teacht ar dhaonra an cheantair ach ní mór féachaint go gníomhach agus go córasach ar na *deiseanna* atá ann. Cé nach bhfuil plean straitéiseach ná polasaí ealaíne ag Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh, tá pleananna eile ann go háitiúil a thugann aghaidh ar na healaíona go sonracha a d'fheádfadh bheith ar leas na n-ealaíon Gaeilge agus ar leas fhilí agus fhilíochta na Gaeilge go sonracha.

Mar a chonaiceamar níos luaithe, tá Victor Bayda, Pleanálaí Teanga, fostaithe le bliain anuas agus tá imeachtaí á gcur ar siúl aige atá ag cruthú fearann nua don teanga, cuir i gcás, an tsraith d'imeachtaí Pop Up Gaeltachta. Sampla ná an comórtas amhránaíochta a coimisiúnadh le ceiliúradh a dhéanamh ar Phiarsaigh na Dromoda. Bronnadh duais €200 ar na buaiteoirí agus craoladh mír den amhrán ar An Saol Ó Dheas 25/5/2020. Déantar gréasán a fhorbairt idir an pobal ar líne trí chomórtas reatha Uíbh Ráthaigh (mar chuid de chlár níos leithe ag Údarás na Gaeltachta). Déantar postálacha leanúnacha ar chuntas Facebook agus Twitter 'Gaelainn Uíbh Ráthaigh' le tráth na gceisteanna agus roinntear eolas maidir leis na himeachtaí a bhíonn á reáchtáil sa phobal.

Cuireadh 'Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh' le chéile sa bhliain 2017 chun dul in aghaidh an mheatha leanúnaigh atá tagtha ar dhaonra an cheantair. Cuireadh tús le Plean Gníomhaíochta Uíbh Ráthaigh (2019 – 2022) agus tá coiste feidhmitheoireachta (le ballraíocht ionadaithe agus coistí pobail, gníomhaireachtaí stáit, gnóthaí príobháideacha agus comhairleoirí tofa ann). Tá tionscadail uaimhianacha

beartaithe acu a raghaidh chun leas struchtúr daonra an cheantair agus chleachtadh na n-ealaíon go ginearálta, an fhilíocht san áireamh. Tugtar aitheantas do thábhacht na cruthaitheachta agus an chultúir in Uíbh Ráthach sa phlean seo. I measc na moltaí atá déanta ag lucht an Tascfhórsa, luaitear go ndéanfar straitéis ealaíne a fhorbairt do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh. Tá sé mar sprioc méadú 10% a chur faoi líon na gcuariteoirí cultúrtha a thagann go dtí an ceantar, féile chultúrtha trí Ghaeilge a eagrú agus tacaíocht sa bhreis a chur ar fáil d'fhéilte áitiúla mar Amergin Solstice Poetry Gathering. Moltar coiste Gaeilge a bhunú sa Choireán chun imeachtaí Gaeilge a chur ar bun sa cheantar. Is é ceann de na spriocanna is uailmhianaí atá sa tuairisc ná go dteastaítear forbairt a dhéanamh ar ionad cultúrtha turasóireachta a bhunú in Uíbh Ráthach, faoin tacaíocht chaipitil a ghealltar do cheantair Ghaeltachta sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge a sonraítear i ngníomh 8.3 (2018 – 2022).

Moladh a fhorbairt go mbunófaí ionad do thurasóireacht an chultúir i nUíbh Ráthach, mar a luaitear i nGníomh 8.3 den Phlean Gníomhaíochta 5 Bliana don Ghaeilge.

(Plean Gníomhaíochta Uíbh Ráthaigh 2019: 106)

Tá impleachtaí ag forbairtí an Tascfhórsa do chleachtadh na filíochta go háitiúil. Bheadh deiseanna ócáidí filíochta a eagrú mar chuid de chlár gníomhaíochtaí teangabhunaithe a bhíonn á reáchtáil ag Gaelainn Uíbh Ráthach (an meitheal pleanála teanga áitiúil).

Luaitear sa tuarascáil go bhfuil teacht ar ionad ealaíne i ngach contae (An Chomhairle Ealaíon 2019c: ix). Ní miste comhthéacs tíreolaíoch an dá leithinis Gaeltachta seo a thógaint san áireamh, áfach, mar chásanna eisceachtúla agus plé á dhéanamh ar sholáthar ionad buan ealaíne. Tá Siamsa Tíre (amharclann a fheidhmíonn freisin mar ionad ealaíne) lonnaithe i dTrá Lí, ach, más í an tosaíocht í rochtain chothrom a bheith ag saoránaigh na tíre ar eispéiris ealaíne d'ardchaighdeán (Rialtas na hÉireann 2019: 10), ní leor an clúdach é go mbeadh taisteal a breis is dhá uair a chloig, in aon turas fillte, le teacht ar an eispéireas ealaíne sin. Ní hamháin sin ach ní bhíonn clár leanúnach ealaíona ar fáil trí Ghaeilge san ionad céanna, ach an oiread. Tugadh aitheantas don dúshlán a bhaineann le rochtain a chinntiú i bpobail tuaithe sa phlédoiciméad as a d'eascair an Creatbheartas Náisiúnta Cultúir 'Cultúr 2025'. *'Rural access to cultural services*

*remains a challenge for many local authorities despite a significant investment in capital projects'* (Rialtas na hÉireann 2016: 14).

Is tábhachtach cuimhneamh ar shaindhearcadh na Comhairle Ealaíne agus an t-athbhreithniú seo á chur le chéile. An bhfuil an Chomhairle Ealaíon beag beann ar stádas na gceantar Gaeltachta agus comhthéacs na pleanála teanga? Más cuid den bPlean Gníomhaíochta na Gaeilge na healaíona (An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Ghaeltachta 2018: 63) ba chóir go mbeadh sainchomhthéacsanna na gceantar Gaeltachta á dtabhairt san áireamh sa phlé agus sa phleanáil seo ar infreastructúr ealaíne. Gealltar go ndéanfar straitéis iomlán ionad a dhearadh agus a chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn (An Chomhairle Ealaíon 2019: x). Tá sé fíorthábhachtach go gcothófar cumarsáid éifeachtach idir lucht pleanála ón gComhairle Ealaíon agus lucht pleanála teanga in Údarás na Gaeltachta agus an straitéis seo á cur le chéile.

Féidearthacht amháin atá sa cheantar ná stiúrthóir ealaíona/filíochta a íoc. Tá fianaise ann a léiríonn an fiúntas a bhaineann le ról chinnirí cultúir a dhéanamh íochta. Sampla ná an dea-thoradh a bhí ar ról Liam Carson mar stiúrthóir leis an bhféile liteartha IMRAM i mBaile Átha Cliath. Baineann IMRAM maoiniú amach faoi Scéim na dTionscadal Litríochta (€40,000) agus Scéim na bhFéilte (€40,000) le Foras na Gaeilge. Tugtar maoiniú faoi Scéim na bhFéilte (€40,000) leis an gComhairle Ealaíon chomh maith.<sup>34</sup>

Tá deiseanna ar leith ann an Ghaeilge agus oidhreacht shaibhir na gceantar a neadú níos éifeachtaí in earnáil na turasóireachta cultúrtha, agus bheadh féidearthachtaí ar leith don bhfilíocht agus d'fhillí anseo. Tá athrú béime le feiscint i bpleananna náisiúnta de chuid Fáilte Éireann ar an margadh turasóirí a dtugtar '*culturally curious*'. Tagraíonn 'Straitéis um Fhorbairt Turasóireachta Nuálaí (2016 – 2022)' Fháilte Éireann don bhfo-mhargadh tábhachtach turasóireachta seo.

Culturally Curious – are out to broaden their minds, expand their experience by exploring new landscapes, history and culture and look to really understand the destinations that they visit.

(Fáilte Éireann 2017: 7)

Béimnítear na deiseanna a bhaineann le hoidhreacht Uíbh Ráthaigh i gcáipéis dar teideal Plean Forbartha Chósta an Sceilig ar Eispéireas Cuairteora a

---

<sup>34</sup> [http://www.artscouncil.ie/Who\\_we\\_funded/](http://www.artscouncil.ie/Who_we_funded/)  
<https://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/eolas-corparaideach/an-bord/miontuairisci-boird/>

choimisiúnaigh Fáilte Éireann (Fáilte Éireann 2016). Tá roinnt tograí nuálaíocha molta sa straitéis seo a aithníonn mianach acmhainní cultúrtha Uíbh Ráthaigh. Tá gréasán forbartha turasóireachta na Sceilge ag obair ar an talamh ag iarraidh réimsí gnímh an phlean a bhrú ar aghaidh (faoi stiúir Fhorbairt na Dromoda).

Luaitear deich gclár tosaigh a ndéanfar a fhás agus a fhorbairt sna blianta amach romhainn sa straitéis. Sampla ná 'Cliabhán Náisiúntacht na hÉireann nó The Cradle of Ireland's Nationhood'. Luaitear na 'scéalta' a ndéanfar a chur chun cinn faoin gclár agus tá féidearthachtaí spésiúla sa mhír seo don nGaeilge agus don bhfilíocht araon.

With its shores regarded as the cradle of Gaelic civilisation following the landing of the Milesians in 700 BC, this rugged, coastal destination has since given rise to a rich cultural and historical tapestry blending the aspirations and achievements of expedition, conquest and liberation... Learn the Irish Language and see how it is shaped by the landscape and history of the nation and the words that are linked directly to the Skellig Coast.

(Fáilte Éireann 2016: 19)

Beidh iarmhairtí dearfacha ann don bhfilíocht go háitiúil le cur chun cinn tionscadal turasóireachta mar seo ach tógaint a dhéanamh ar scóp na dtograí a luaitear agus straitéis níos leithne ealaíona/cultúir a bheith mar thaca dó. I gcomhthéacs ár staidéir féin, níor mhiste cuimhneamh ar na saindeiseanna a bhainfeadh leis an bhfilíocht chomhaimseartha sa chur chuige turasóireachta atáthar ag moladh. Bheadh saothar filíochta Bushe, saothar Uí Shiochrú agus freagairt fhileata Uí Mhóráin ar chillíní Uíbh Ráthaigh ina n-acmhainní luachmhara mar dhroichead chun na hoidhreachta.

Tá deiseanna níos leithne ann ná an turasóireacht chultúrtha amháin. Léiríonn An Creatbheartas Náisiúnta Cultúir 2025 gur féidir impleachtaí móra a bheith ag acmhainní cultúrtha i gceantair tuaithe maidir le forbairtí tábhachtacha éagsúla eile.

In rural areas, vibrant cultural resources can boost pride in the local community, tackle isolation and create areas that are attractive for both tourism and investment... Local authorities have identified cultural vitality as a key instrument in making their areas attractive for inward investment, for tourism, and, above all, as a place in which to live.

(Rialtas na hÉireann 2020: 10)

Tá fás an daonra mar thosaíocht ag meitheal pleanála agus ag Plean Gníomhaíochta Uíbh Ráthaigh. Ach straitéis ealaíne a bheith aontaithe ag geallsealbhóirí an cheantair (filí ár staidéir san áireamh) d'fhéadfaí plean sonrath

a chur le chéile chun freagairt do na deiseanna éagsúla a luaitear in Cultúr 2025 (thuas) le go mbeadh an fhilíocht agus an oidhreacht ina gnéithe lárnach d'fheidhmiú Phlean Gníomhaíochta Uíbh Ráthaigh agus mar chuid de bheartais thábhachtacha eile ó thaobh na pleanála teanga agus na turasóireachta cultúrtha.

Tá sainthuiscint forbartha go dtí seo ar na cúinsí a chothaigh filí agus iad óg. Tá sainchuntas againn ar na gnéithe pearsanta agus ar thionchar an infreastruchtúir chultúrtha áitiúil ar a gcothú ar bhonn leanúnach. Agus an fhilíocht á plé anseo sa tráchtas againn, ní miste aitheantas a thabhairt don ngrúpa ar leith a dtéann saothar na bhfilí seo i bhfeidhm orthu: an pobal féin.



## Caibidil 5: An Fhilíocht agus An Pobal

Litríocht phobail a bhí i litríocht na Gaeilge go deireadh an naoú haois déag (Denvir 1997: 39). Bhí an pobal áitiúil mar chuid lárnach de chleachtas agus de cheird an fhile. Bhí lucht éisteachta leanúnach ag an bhfile agus bhí feidhm ag an bhfile sa tsochaí sin.

...pobal ar féidir a rianú thar dhá mhíle bliain, de thraidisiún neamhbhearnaithe... an comhthionól fuinniúil fuinte, áit a raibh ionad cinnte agus dá réir sin sainiúlacht dá chuid féin ag an uile bhall.

(Denvir 1997: 28)

Féachadh ar cheird an fhile Ghaeilge mar bhua agus mar fhórsa rúndiamhair a bronnadh ar an duine (Bergin 1912, Ó hÓgáin 1982: 6). Bhí cumhacht shóisialta ag na filí agus bhí tionchar mór acu ar ghnáthshaol na tíre (Ó hÓgáin 1982: 5). Creideadh in Éirinn go raibh buanna ar leith ag an bhfile nach raibh ag an ngnáthduine. *'Dar leis an bpobal, bhí cumhacht neamhshaolta ag an bhfile. D'fhéadfadh sé tarbh a cheansú, nó francaigh a dhíbirt, le ráitibh béil'* (Ó hÓgáin 1982: 375). Bhí ionad agus seasamh ar leith ag an bhfile sa phobal. Ba mhór an tionchar a bhí aige ar an bpobal.

Intleacht dhiamhair de shaghas éigin a bhí ag an bhfile, dar leis an bpobal, agus bheadh an intleacht sin mar mhaighnéad agus mar stóras ar léann agus ar eolas.

(Ó hÓgáin 1982: 5)

D'aithin Denvir (1997: 41) breis is fiche bliain ó shin, áfach, go raibh guth príobháideach an fhile chun tosaigh sa litríocht nua-aimseartha. An samhlaíonn na filí comhaimseartha a bhfuil a scéal agus a ndán á bhfiosrú sa staidéar áirithe seo go bhfuil ról acu ina bpobail féin? An dóigh leo go bhfuil tionchar acu ar a bpobal? An dtugann na filí féin aitheantas dá ról sna pobail ina maireann siad?

### **An Fhilíocht Phoiblí nó An Fhilíocht Phríobháideach: Ról an Fhile**

Dar le Dairena Ní Chinnéide nach mbíonn sí *'plugáilte isteach sa taobh sin'* (Ní Chinnéide 2018) maidir leis na pobail a mbaineann a saothar amach. Is turas pearsanta í an fhilíocht di. Tá sí sásta má bheartaíonn duine an saothar a léamh ach ní hé sin príomhchúram an fhile. *'Nílím ag scríobh don léitheoir, táim ag scríobh dom fhéin. Má thugann sé sin faoiseamh do dhuine, brilliant'* (Ní Chinnéide 2018). Ní chuireann sí roimpi scríobh mar gheall ar an bpobal áitiúil. *'Ní duine ionam ach a mhaireann anso. Ní bhím ag trácht ar an dúthaigh'* (Ní Chinnéide 2018).

Dúirt Aogán Ó Muircheartaigh go neamhbhalbh san agallamh gur cúram príobháideach é an fhilíocht dó.

Ní bhím ag cuimhneamh ar éinne, dáiríre, ní do dhaoine eile a scríobhaim, rud pearsanta that's it. Lánstad. Cúpla camóg más maith leat. Ní bhím ag scríobh do phobal léitheoireachta más ann dóibh, sin é abair.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Thug Mícheál Ó Siochrú le fios go mbaineann an scríbhneoireacht faoi dheireadh an lae le sásamh pearsanta a thabhairt dó. Ní bhíonn sé ag smaoineamh rómhór ar aon rud ar leith ach ar a chuid mothúchán a ruaigeadh. Ní chuireann sé béim ar an bpobal ina chleachtas.

Féinshásamh atá im' chuid filíochta domhsa. N'fheadar an bhfuilim ag cuimhneamh ar aon rud eile ach mé féin á ghlanadh amach... Domhsa anois, is rud pearsanta í an fhilíocht. Baineann sásamh pearsanta as. Is iontach dán nó leabhar a chur i gcló agus dul go poiblí ach an rud ná an rud pearsanta.

(Ó Siochrú 2018)

Ní dóigh leis go bhfuil aon ról aige mar fhile in aon phobal ar leith. Dar leis, agus é idir shúgradh agus dáiríre gurb é ról an fhile '*bheith ag scríobh agus fanacht ina thost*' (Ó Siochrú 2018). Is le searbhas agus greann a labhair sé i dtaobh a róil féin mar fhile. Chímid an tionchar a bhíonn ag easpa pobail sheasmhach Ghaeltachta agus Ghaeilge aige i Luimneach.

Ról an fhile sa tsochaí inniubh? Ó a Thiarna, níl fhios agam. An urlabhraí ar son daoine a thuilleadh é? N'fheadar. Tá sé imithe príobháideach, n'fheadar. An bhfuil ról agamsa anso mar fhile i Luimneach? Cinnte nach bhfuil. Thiar in Uíbh Ráthach, Baile 'n Sceilg, an bhfuil aon ról agam? Ní dóigh liom go bhfuil a thuilleadh.

(Ó Siochrú 2018)

Cumadóireacht mar ghnó ann féin is cúram don bhfile, seachas é/í a bheith ag scríobh do phobal ar leith dar le Ní Chinnéide, Ó Muircheartaigh agus Ó Siochrú. Léamh eile atá ag Maggie Breen. Leagann sí béim ar an bpobal ina cleachtas.

Domsa croílár an rud ná chun a bheith ag caint amach agus ag caint faoi rudaí tábhachtacha agus saghas guth a thabhairt do dhaoine agus duit fhéin leis.

(Breen 2019)

Bíonn Maria Ní Mhurchú ag cuimhneamh ar an bpobal agus ar eachtraí a bhaineann leis an bpobal áitiúil ina cuid filíochta. Cé nach dtráchtann Ní Mhurchú uirthi féin mar fhile pobail, is léir go mbíonn sí ag iarraidh labhairt mar gheall ar an bpobal agus thar cheann daoine eile. Bhraith sí dualgas a bheith ag scríobh mar gheall ar an Tíogar Ceilteach, mar shampla, agus mar gheall ar bhean áitiúil ar deineadh éigniú uirthi chomh maith. '*Scríobhaim mar gheall ar rudaí*

*comhaimseartha...Cheapas gur cheart do dhuine éigint scríobh mar gheall air. Tá tábhacht bainteach leis seo domsa'* (Ní Mhurchú 2018).

Aithníonn Paddy Bushe (2018) go bhfuil sé tábhachtach é féin a chur in áit an phobail má theastaíonn uaidh filíocht le dealramh a scríobh.

Ach ó thaobh ealaíon a cheapadh a labharfadh le héinne, caithfidh tú tú fhéin a chur in áit an phobail. Caitheann tú smaoinemh ar an bpobal nó in áit daoine aonair sa phobal agus a rá an mbeidh an dán so ag labhairt leo?

(Bushe 2018)

Dar leis go mbíonn filí ag caint leo féin má dhéanann siad dearmad ar an bpobal.

Is dócha go mbíonn gach aon ealaíontóir... B'fhéidir nach mbíonn siad ag labhairt ar son pobail ach bíonn siad ag labhairt le pobal más ealaíontóir le deárthamh atá ann. Is dóigh liom fhéin aon ealaíontóir a dhéanann dearúd ar phobal, bíonn sé ag labhairt leis fhéin. Ní dóigh go n-éireodh leo.

(Bushe 2018)

Ní bhíonn tionchar ar mhuintir na háite, áfach, ag an bhfilíocht a scríobhann Bushe do mhuintir Uíbh Ráthaigh go sonrach. '*Ní bhíonn aon bhreall orm go bhfuil aon suim ag mo chomharsana sa rud atá ar siúl agam*' (Bushe 2018). Is fiú a thógaint san áireamh go bhfuil pobal níos leithne ag Bushe chomh maith, file a bhfuil sárraitheantas bainte amach aige mar fhile Béarla chomh maith agus aistriú déanta ar a shaothar Gaeilge.

Thug Séamus Barra Ó Súilleabháin le fios go mbaineann tábhacht le gníomh na scríbhneoireachta dó féin go pearsanta. Aithníonn sé, áfach, an áit lárnach a bhíonn ag an bpobal ina chur chuige cruthaitheach.

Tás agam daoine go mbíonn spéis acu sna gigeanna a dhéanaimse agus tá aithne agam orthu agus chun an fhírinne a insint duit, b'fhearr liom mo chuid filíochta a chumadh ar mhaithe liomsa ar dtúis.

(Ó Súilleabháin 2018)

Géillim i gcónaí don rud a deireadh Amiri Baraka: muna dtuigeann an pobal cad tánn tú ag rá, muna bhfuil do chuid ealaíne ag rá rud éigin (is cuma muna n-aontaíonn siad) i gcluasa an oibrí atá ag glanadh na leithreas nó ag obair ar an láthair tógala, ag an till i McDonalds nó ar an bhfón sa challcentre, ní bheidh d'oidhre ar do dhánta ach bradhmannagh moncaí!

(Ó Súilleabháin 2019: 35)

Dán le Ó Súilleabháin a bhfuil feidhm lárnach phoiblí i gceist é 'ga eile sa bhriatharchath' (rosc ar son Misneach) le Séamus Barra Ó Súilleabháin. Is léir ó rithim, struchtúr agus an friotal sráide sa dán gur ar an bpobal atá sé dírithe. Is

critique sóisialta í ar staid na teanga, luachanna an phobail agus léamh an fhile féin ar chúrsaí sochultúrtha sa tír.

Dar leis an Dr. Ailbhe Ní Ghearbhuigh go mbíonn Bríd Ní Mhóráin ag feidhmiú go comhfhiosach mar fhile pobail agus go bhfuil an t-aitheantas sin á fháil aici dá réir ón bpobal i gCorca Dhuibhne (Ní Ghearbhuigh 2017: xii). Bíonn feidhm uaireanta ag a cuid dánta mar shoithí *'chun cuid den saibhreas cultúrtha a chur i dtaisce ann'*. Uaireanta eile, baineann Ní Mhóráin feidhm as an bhfilíocht *'chun cuimhní ar ócáidí agus ar dhaoine a chaomhnú'* (ibid 2017: xii), cleachtais a samhlaítear go traidisiúnta le cáilíocht an fhile pobail in Éirinn.

Dúirt Ní Mhóráin ina hagallamh, go bhfuil sí sásta má theastaíonn ó dhaoine file pobail a thabhairt uirthi ach ní shamhlaíonn sí féin an lipéad sin go pearsanta lena cleachtas féin.

Ní shamhlaím mé fhéin mar fhile pobail. Más maith le daoine an lipéad sin a chur orm, glacaim leis. Ach ní hionann é sin is a rá go bhfuilim ag freastal ar an bpobal mar is mó rud a tharlaíonn agus ní scríobhaim cuntas air.

(Ní Mhóráin 2018)

Tá samplaí d'fheidhm phobail fhilíocht Uí Mhóráin againn. Sampla eiseamláireach ná an dán a chum sí in ómós dá cara, Danny Sheehy, a cailleadh go tubaisteach samhradh na bliana 2017. Dhein Ní Mhóráin an dán sin, ar deineadh tagairt dó níos luaithe sa tráchtas, a aithris ag ócáidí ómóis éagsúla do Danny ag an bhFéile Bheag Filíochta agus ag ócáidí cuimhneacháin faoi scáth Fhéile Liteartha IMRAM, i mBaile Átha Cliath.

Nuair a tharla an tubaist ar an 9ú Meitheamh an bliain so chaite agus cailleadh Danny Mac an tSíthigh, trócaire air, scríobhas dán mar gheall air, chuaigh sé sin go mór i bhfeidhm orm, ar nós na' haoinne bhíomar in umar na haimléise... Ba é ár mBréanainn é, ár ngaiscíoch, ár laoch, ár nGael-laoch thar na bearta, ár gcara, ár gcomhfhile...

(Ní Mhóráin 2018)

Cé gur leasc le Ní Mhóráin tréithe an fhile pobail a shamhlú go pearsanta léi féin, tharraing Marcus Mac Conghail aird, ina agallamh siúd, ar an ról tábhachtach a bhí aici nuair a labhair sí thar cheann an phobail sa chaoineadh sin ar Danny. Ba shoiléir dó go raibh feidhm phobail ag an dán a chum sí.

Gur aithníodh go raibh gá go ndéarfadh duine dán nuair a fuair Danny bás. Conas is féidir ciall a bhaint as a leithéid d'eachtra. Bhí feidhm pobail leis an rud a dhein sí mar go raibh sí ag labhairt thar a ceann féin agus thar cheann leithinis Chorca Dhuibhne. Chabhraigh an scríobh sin liomsa agus chabhraigh sé le daoine eile teacht i dtír ar an mbás áirithe sin i slí éigin.

(Mac Conghail 2019)

I gcodarsnacht leis seo, dúirt Simon Ó Faoláin nach bhfuil aon fhile pobail ag feidhmiú faoi láthair in Éirinn. Dar leis go mbíonn gnéithe áirithe den ról sin á gcomhlíonadh ag daoine áirithe nuair a scríobhann siad caointe, cuir i gcás. *‘Ní déarfainn go bhfuil aon duine a scríobhann anois agus go gcasfainn timpeall agus go ndéarfainn gur file pobail iad’* (Ó Faoláin 2018). Cé go bhfuil ‘caointe’ scríofa ag an bhFaolánach féin, ní thagann inspioráid do na dánta sin as fonn a bheith ag labhairt thar cheann an phobail. Dar leis nach bhfuil aon ról aige mar fhile in aon chor agus nach bhfuil san fhilíocht ach foirm ealaíne, nach féidir ról ná tionchar ar leith a bheith ag an ealaíontóir ar chúrsaí an tsaoil. *‘Ní dóigh liom go n-athraíonn filí rud ar bith. Níl ann ach foirm ealaíne. Más spéis leat dein é, má tá fonn ort an domhan a athrú, tá tú imithe ar strae’* (Ó Faoláin 2018).

Duine *‘gan chumhacht’* í Siobhán Ní Shíthigh, dar léi féin. Braitheann sí nach bhfuil eolas ag daoine mar gheall uirthi mar fhile. Dar léi nach n-áirítear í mar fhile a bhaineann le Corca Dhuibhne agus nach bhfuil a cuid cnuasach ar fáil in aon ionad ar an leithinis féin. Baineann an easpa aitheantais seo leis an easpa gréasáin atá aici, dar léi. Is léir go ngoilleann sé ar an bhfile go pointe nach bhfuil aon aird tarraingthe uirthi ná ar a saothar.

Dúirt m’íníon nuair a bhíos ag tórramh mo dheartháir Danny, ná fuaireas aon aitheantas. Tá san fíor ach níor chuas ina threo mar chaithfeá dul ina threo.

(Ní Shíthigh 2019)

Is léir nach bhfuil an pobal lárnach do chuid de na filí seo ina gcuid cleachtais. Tagann fianaise seo na bhfilí lenar áitigh Gearóid Ó Crualaoich breis is tríocha bliain ó shin: mheas sé gur nós le filí nua-aimseartha ná iad féin a shásamh ar dtús sula ndearnadh aon mhachnamh suntasach ar thionchar an tsaothair ar an bpobal (Ó Crualaoich 1986: 66).

Ceist ghaolmhar ach ceist dhifriúil le ‘ról’ an fhile sa phobal ceist an lucht léitheoireachta. Cé nach béas le filí áirithe cuimhneamh ar, ná díriú ar an bpobal ina gcleachtas cruthaitheach ó thaobh na cumadóireachta de, ceist eile is ea a dtuairim maidir le pobal léitheoireachta nó éisteachta a bheith ann dá saothar. Cé hé an pobal léitheoireachta atá ar fáil do na filí seo faoi chaibidil, dar leo féin? Cuireadh de cheist ar na filí sa cheistneoir ‘An léann muintir na háite mo chuid filíochta?’ Baineadh leas as scála Likert agus bhí ceithre rogha acu: Aontaím, Aontaím go pointe, Ní aontaím agus Ní aontaím in aon chor.

Seachtar filí nár aontaigh ná nár aontaigh in aon chor leis an ráiteas thuas, seachtar a bhraitheann nach léitear a saothar filíochta. D'aontaigh beirt fhilí leis an ráiteas go léitear a saothar. Seisear filí a d'aontaigh go pointe leis an ráiteas.

Léirigh filí áirithe amhras i dtaobh an phobail léitheoireachta atá ann dá saothar sna hagallaimh chomh maith agus iad den tuairim nach bhfuil ach pobal léitheoireachta cúng ar fáil d'fhilíocht na Gaeilge trí chéile (Ní Shíthigh 2019, Ó Muircheartaigh 2018, Ní Mhóráin, Ní Bheildiúin 2018, Ó hUallaigh 2018 agus Ó Faoláin 2018).

Tá Ó Muircheartaigh amhrasach faoin bpobal a théann i dteagmháil lena shaothar '*más ann dóibh*' (Ó Muircheartaigh 2018)..

Cé go bhfuil cúlra liteartha an-mhór anso i gCorca Dhuibhne ar fad dáiríre. Ní déarfainn go dtéann na filí puinn i bhfeidhm ar an bpobal mar phobal ag an bpointe seo. Ní hé nach dtugann an pobal tacaíocht mar tugann.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Tá easpa spéise ag muintir na háite san fhilíocht, dar le Ó Faoláin. Má thagann duine chun cainte leis riamh ag léamh filíochta, is annamh a fhaigheann sé aon aiseolas seachas moladh bréagach, dar leis. Baineann an easpa aiseolais le heaspa tuisceana an lucht éisteachta a bhíonn i láthair.

Is beag duine acu a thiocfadh chugat chun aon rud a rá seachas baoth, go ndeirfeadh daoine, that was lovely, it sounded beautiful, an saghas craic sin, pé rud. "I don't know what you're talking about but it sounds lovely", is cuimhin liom bean a rá liom.

(Ó Faoláin 2018)

Dar le Ó Faoláin go mbíonn dearcadh an phobail claonta i dtreo gaisce a dhéanamh nuair a bhíonn cúis ceiliúrtha ag duine áitiúil, file, cuir i gcás, ach tuigtear dó nach léiríonn siad "fíorspéis" sa dán ná sa chnuasach féin. Is le greann a deir sé go dtabharfaí neamhaird ar an ar an bhfile a raghadh amach ag aithriseoireacht sa Daingean cé go ndéanfaí scéal mór de i mbéal an phobail dá mbeadh duais Oireachtais buaite ag an duine céanna sin.

Tá an-mheas acu ar daoine a chuireann isteach ar an Oireachtas, d'fhéadfá a bheith amuigh ansan ag canadh na haon deireadh seachtaine ach ní bheadh aon mheas acu ort.

(Ó Faoláin 2018)

Is cuimhin le Fíona de Buis (2019) gur thug Paddy Bushe leabhar filíochta dá chuid mar bhronntanas do chomharsa agus nár tugadh ach leathmholadh dó.

Tá meas gan tuiscint ar shlí ag daoine. Is cuimhin liom comharsa linn, seanabhean, nuair a d'fhoilsigh Paddy an chéad leabhar, thug sé bronntanas den leabhar di. An rud a dúirt sí liomsa ná 'Isn't that brilliant, he has written a book, will he ever write a real book now?'

(Buis 2019)

Tá Ní Bheildiúin idir dhá chomhairle faoin bpobal léitheoireachta atá ann dá cuid filíochta cé go bhfeictear di go dtacaíonn an pobal trí fhreastal a dhéanamh ar sheoltaí leabhar agus trí chnuasach a cheannach. Tá amhras uirthi, áfach, faoi cé a léann an saothar féin i ndiaidh dóibh costas an chnuasaigh a sheasamh.

Now tá sé sin an dheacair a rá. Tá daoine anso an dheas agus má chothaíonn éinne atmaisféar, tiocfaidh siad agus ceannóidh siad na leabhra ach cé a léann iad? Níl tuairim agam.

(Ní Bheildiúin 2018)

Agus í ag trácht ar ról an fhile, luaigh Moynihan dúshláin eile a bhaineann le spéis an phobail a thomhas i gCorca Dhuibhne. Tá níos mó ná aon pobal amháin sa cheantar. *'Níl pobal amháin ann. Tá trí, ceithre chinn de phobal i gCorca Dhuibhne. Ba dheacair ról mar sin a shamhlú i gcomhthéacs an saghas meascán pobal atá ann anois'* (Moynihan 2018).

Pointe an-spéisiúil é seo a ardaíonn ceist maidir leis na pobail éagsula seo a théann (nó nach dteánn) i dteagmháil leis an bhfilíocht go háitiúil. Luadh go minic sna hagallaimh go bhfuil laghdú tagtha ar spéis mhuintir na háite sa bhfilíocht.

I measc na daoine, lucht léitheoireachta agus mar sin, tá urraim éigint d'fhilí i gcoitinne. Bheadh aithne ag daoine i measc an phobail mhór gur scríbhneoir nó file é. Níl fhios agam an bhfuil aon ómós ann. Níl fhios agam an bhfuil sé níos fearr le haghaidh scríbhneoirí ná duais don gcaid.

(Ó hUallaigh 2018)

Bhíodh m'uncail Danny ag aithris filíochta maidir leis na Fianna. Cuid den tsaol ab ea é. Dá dtosnófá ag aithris filíochta anois, déarfainn go measfadh daoine go rabhais as do mheabhair.

(Ní Shíthigh 2019)

Ní hionann dearcadh Uí Shíthigh le dearcadh Mulcahy, áfach, a léiríonn nach easpa suime aon treo é a pheirspictíocht féin i leith idirghabháil fhilí agus an pobal. Dar leis nach mbíonn filí dírithe ar an bpobal ná ar ábhar ar cás leis an bpobal ina gcleachtas go minic.

Ach an chuid is mó den rud a chímse agus b'fhéidir go bhfuilim mícheart ach daoine ag caint mar gheall ar rudaí beaga, petty rudaí a bhaineann leo féin... N'fheadar an bhfuil éinne ag scríobh mar gheall ar housing... cosúil le árachas, daoine ag déanamh slí bheatha as a bheith ag déanamh caimiléireacht, an white collar crime, na rudaí san ar fad.

(Mulcahy 2018)

Ní rud eisceachtúil é go mbíonn amhras ar fhilí agus ar scríbhneoirí na Gaeilge faoin bpobal léitheoireachta atá ann dá saothar. Tagann dearcadh na bhfilí agus na gcinnirí cultúir seo go mór le léamha criticeoirí is scríbhneoirí eile. Áitítear go minic go bhfuil pobal léitheoireachta níos teoranta ann sa lá atá inniu do leabhair beagbheann ar an dteanga ina saothraítear iad (Ní Fhrighil 2010: 2). Chomh fada siar leis an mbliain 2003 thug Nic Pháidín (2003) le fios go raibh cáiseamh ar siúl fadó riamh i measc scríbhneoirí na Gaeilge maidir le heaspa aitheantais:

Tá litríocht na Gaeilge breac le cásamh agus le hachainí na bhfilí 'A mhic ná meabhraigh éigse' ag Mathúin Ó hÍfearnáin, agus 'Trua ar chaitheas le healaín, gan é inniu ina éadach' ag Ó Bruadair. Cúinsí anróiteacha eile a d'fhág Raiftearaí ag 'eimint ceoil do phócaí folmha' agus, lenár linn féin, thug an Ríordánach tearmann príobháideach na dialannaíochta air féin mar réiteach ar uaigneas an ealaíontóra scoite agus ar neamhaird an phobail.

(Nic Pháidín 2003: 116)

Ní leor an cothú a fhaigheann scríbhneoirí ó phobal léitheoireachta na Gaeilge agus is minic scríbhneoirí ag gearán faoi phatuaire an phobail sin agus a n-easpa spéise i saothar a bpinn.

(Nic Eoin 2005: 100)

Léiríonn fianaise na bhfilí go bhfuil an scéal amhlaidh fós. Fiú agus meabhrú déanta againn ar chlaonadh seanbhunaithe scríbhneoirí Gaeilge bheith ag gearán faoi easpa spéise an phobail (scéal atá bainteach le stádas na teanga féin) is ábhar iontais é, b'fhéidir, a bhfuil de thagairtí leanúnacha neamhbhalbha ag filí an taighde don easpa spéise nó don easpa urraime a léirítear don bhfilíocht go háitiúil, i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach.

Tharraing Ó Dúshláine aird ar an tábhacht a bhaineann le machnamh a dhéanamh amach anseo ar na slite a bhféadfaí baint níos láidre a chothú idir an pobal agus na filí. Baineann tábhacht leis an bhfiúntas, tionchar na filíochta a dhéanamh amach agus a chinntiú agus iarratais á gcur isteach ar mhaoiniú, dar leis.

Sin ceann des na ceisteanna móra fé láthair nuair a bhímid ag d'iarraidh ar an gComhairle Ealaíon aitheantas ceart a thabhairt do dhaoine agus maoiniú ceart a thabhairt do dhaoine agus do ghrúpaí. Conas gur féidir leis sin cabhrú leis an bpobal i gcoitinne?

(Ó Dúshláine 2018)

Gineann ráiteas Uí Dhúshláine ceisteanna tábhachtacha. An amhlaidh go samhlaíonn na heagrais Ghaeltachta agus na filí féin nach bhfuil ach feidhm soláthair maoinithe ag eagrais mar Ealaín na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon agus Foras na Gaeilge? Tá an pobal agus rannpháirtíocht an phobail lárnach i bpolasaithe náisiúnta cruthaitheachta agus i straitéisí na n-eagras féin. Ní



hamhlaidh gur feidhm mhaoinithe amháin atá mar mhisean ag an gComhairle Ealaíne ná ag na creatlaigh polasaithe is mó a bhaineann le hábhar don gcruthaitheacht agus don bhfilíocht (m.sh. Éire Ildánach, Cultúr 2025). Bíonn siad dírithe ar dheiseanna forbartha agus tionchar fadtéarmach a gcuid tacaíochta a chinntiú. An mbíonn an pobal nó tionchar an tionscadail ar an bpobal mar chritéir sonracha do mhaoiniú? An bhfuil straitéis ag Ealaín na Gaeltachta, mar shampla, chun pobal éisteachta nó léitheoireachta a chothú?

### **Ceist an Aistriúcháin agus Ceist an Spriocphobail**

Agus suntas tugtha dá bhfuil de thagairtí ag na filí faoin easpa gabhála a dhéanann an pobal lena saothar, is fiú cleachtais na bhfilí maidir le haistriúchán a dhéanamh ar a saothar a thabhairt sa mheá.

Bíonn an t-aistriúchán mar ghné lárnach de chleachtas fhilí áirithe agus bíonn filí eile nach mbíonn teagmháil ar bith acu leis. Bíonn claonadh níos láidre ag filí áirithe chun an aistriúchán go nádúrtha. Tá filí áirithe sa taighde ar filí dátheangacha nó ilteangacha iad, ina measc Moynihan, Bushe, Ní Chinnéide, Mulcahy, Ní Mhurchú, Ní Bheildiúin. Tá filí mar Bushe agus Ó Faoláin tar éis saothar le filí eile a aistriú go Gaeilge agus go teangacha eile.<sup>35</sup> Tá filí eile fós ann (Moynihan agus Ní Chinnéide, mar shampla) a aistríonn a saothar go Béarla go minic agus a fhoilsíonn an t-aistriúchán taobh leis na leaganacha Gaeilge dá ndánta ina gcnuasaigh.

Cuireadh ceist sa cheistneoir ar scála Likert ina raibh deis ag na filí aontú ná easaontú leis an ráiteas: 'Tá sé riachtanach aistriúchán a dhéanamh ar shaothar Gaeilge chun pobal níos leithne a bhaint amach'. Is spéisiúil nár aontaigh ach ochtar filí (53%) leis an ráiteas seo. Tá filí sa taighde seo arbh fhearr leo díriú ar an bhfilíocht a chumadh trí Ghaeilge agus ní bhíonn siad ag cuimhneamh ar mheán an aistriúcháin chun lucht léitheoireachta níos leithne a bhaint amach dá saothar: féach an trácht a d'fhág Ó Muircheartaigh taobh leis an mír seo sa cheistneoir - *'Braitheann cén pobal do phobalsa'* (Ó Muircheartaigh 2018). Is léir go raibh Ó Muircheartaigh ag cuimhneamh ar an mBéarla mar sprioctheanga

---

<sup>35</sup> D'aistrigh Paddy Bushe 'Ó Choill go Barr Ghéaráin' (Coiscéim 2013) le Somhairle Mac Gill-Eain ó Ghaeilge na hAlban agus 'An Gósfhear' (Coiscéim 2004) ó Shínis go Béarla. D'aistrigh Simon Ó Faoláin 'An Corrmhíol' (Coiscéim 2018), dán fada leis an bhfile Albanach Fearghas Mac Fhionnlaigh.

aistrithe leis an trácht sin. An bhféachann filí na Gaeilge orthu féin mar fhilí na Gaeilge amháin, mar fhilí Éireannacha nó mar fhilí domhanda?

Dar le Greagóir Ó Dúill go dtéann filí na Gaeilge i mbun an aistriúcháin toisc iad a bheith ar thóir pobal léitheoireachta agus aitheantais níos leithne. Is tríd an aistriúchán dar leis, a thagann an file ar mhargadh níos suntasaí dá s(a)oathar (Ó Dúill 2000: xxxi). Tagann Ní Ghairbhí agus Ní Fhrighil (2010) le léamh den sórt seo agus iad den tuairim go bhfágann gníomh an aistrithe '*...gur leithne i bhfad an pobal léitheoirí atá ag filí na Gaeilge, ní hamháin sa tír seo ach ar fud na cruinne*' (Ní Ghairbhí agus Ní Fhrighil 2010: 302).

D'aontaigh ochtar filí sa staidéar gur gá aistriúchán a dhéanamh ar shaothar filíochta Gaeilge chun pobal níos leithne a bhaint amach dó. Cé go mbraitheann Ní Bheildiúin gur féidir pobal níos leithne a bheith ag file trí aistriúchán a dhéanamh, tá sí idir dhá chomhairle faoin tionchar a imríonn an cleachtas seo.

An bhfuilimid ag tabhairt an rogha is fusa don léitheoir a bhfuil sásta an Ghaeilge a thriail, rómhnic, má tá aistriúchán taobh leis an dán, i gcónaí? An bhfuilimid ag éascú mheath na Gaeilge trí aistriúchán a thairiscint rómhnic?

(Ní Bheildiúin 2018)

Bhí aistriúcháin an-tábhachtach do Ó Súilleabháin agus é ag teacht i dteagmháil leis an bhfilíocht Ghaeilge den gcéad uair, dar leis. Thug an t-aistriúchán bealach isteach dó go domhan na filíochta (Ó Súilleabháin 2018). Féachann sé ar phróiseas an aistriúcháin fós mar chuid thábhachtach dá chleachtas féin mar fhile Gaeilge. '*Déarfainn go mbaineann aistriúchán lem' phróiseas le cothú na filíochta i m'aighe agus le smaointe a d'fhorbairt*' (Ó Súilleabháin 2018).

Déanann Ní Chinnéide a cuid aistriúcháin féin ar a saothar agus foilsítear na leaganacha Gaeilge agus Béarla taobh le taobh ina cuid cnuasach. Is í sin an t-aon fhile sa taighde a ghlacann an cur chuige leanúnach seo chuici, cé gur dhein Moynihan leaganacha Béarla do chuid dá dánta a sholáthar ina cnuasach 'Canals of Memory' (Doghouse 2008). Thosnaigh an file ag aistriú a cuid saothar toisc go raibh cara léi, nach raibh Gaeilge aici, ag fiosrú faoina raibh sna dánta aici (Ní Ghearbhuigh & Ní Chinnéide 2013: 22). Fearacht Uí Shúilleabháin, aithníonn Ní Chinnéide (2018) an tábhacht chéanna a bhaineann le haistriúchán don bhfoghlaimeoir. Tá dánta léi ar churaclam na Gaeilge don Teastas Sóisearach agus chinntigh Ní Chinnéide go gcuirfí na leaganacha Béarla ar fáil chomh maith. '*Mar*

*is doras isteach sa Ghaoluinn an Béarla don té nach bhfuil Gaelainn acu* (Ní Chinnéide 2018).

Mar a d'aithin Ní Chinnéide thuas, cuireann Ó hUallaigh aistriúchán Béarla dá saothar ar fáil dá chairde agus dá theaghlach nach bhfuil Gaeilge acu (Ó hUallaigh 2018). Thug sé le fios san agallamh go dtuigeann sé an seasamh a thógann filí áirithe gan aistriúchán a dhéanamh ar a saothar.

Tuigim na daoine a chloínn leis an nGaelainn amháin, daoine áirithe a léann filíocht, chaithfeadh siad súil tapa ar na leaganacha Béarla agus sin é.

(Ó hUallaigh 2018)

Ag an am céanna, aithníonn sé go mbíonn *'pobal i bhfad níos leithne ann do leaganacha Béarla'* (Ó hUallaigh 2018).

Díol spéise nár aithin oiread is file amháin gur bhain siad buntáiste as scéim aistriúcháin an eagrais Litríocht Éireann (thugtaí Literature Ireland Exchange/Malartán Litríochta Éireann uirthi go dtí 2016). Bunaíodh Litríocht Éireann sa bhliain 1994. Is eagraíocht neamhbhrabúis í a thacaíonn le litríocht na hÉireann a chothú agus a chur chun cinn go hidirnáisiúnta trí aistriúcháin d'ard chaighdeán a chur ar fáil. Ó shin i leith, tá breis is 1,900 saothar litríochta aistrithe go níos mó ná 56 teanga idirnáisiúnta. Faigheann Litríocht Éireann atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath maoiniú ó Cultúr Éireann agus ón gComhairle Ealaíon. Tá teagmháil agus gréasán foilsitheoirí iasachta ag an eagraíocht seo. Bronntar deontais ar fhoilsitheoirí i dtíortha eile chun cuid de tháille an aistritheora a chlúdach.

Tugann Litríocht Éireann deis do scríbhneoirí Gaeilge ardán idirnáisiúnta a bhaint amach dá saothar (Ní Ghairbhí & Ní Fhrighil 2010: 302). Ní miste a thabhairt san áireamh chomh maith go bhfuil struchtúir an eagrais an-ábhartha do scríbhneoirí Gaeilge toisc go bhfuil Gaeilge líofa ag an stiúrthóir, Sinéad Mac Aodha. Bíonn seirbhís trí Ghaeilge ar fáil agus tacaítear go minic le scríbhneoirí a shaothraíonn trí Ghaeilge. Bíonn gréasán áirithe idir an t-eagras agus pobal na Gaeilge chomh maith. Cuir i gcás gur tugadh cead ceannáras an eagrais a úsáid do thairfead míre don chlár litríochta *'Léirmheas Leabhar'* de chuid TG4.<sup>36</sup>

Ábhar imní gurb í Dairena Ní Chinnéide an t-aon duine as measc fhilí an taighde seo a fuair tacaíocht trína f(h)oilsitheoir chun a saothar a aistriú faoin scéim *'An*

---

<sup>36</sup> Foinse eolais ón Dr. Róisín Ní Ghairbhí

Deontas Aistriúcháin' ó Litríocht Éireann. (Pléifear ról fhoilsitheoirí i gcothú níos leithne i gCaibidil 9). Foilsíodh *'An Trodaí agus Dánta Eile'* (Cló Iar-Chonnacht 2006) go Rómáinis. Gineann easpa teagmhála fhilí an staidéir le scéimeanna náisiúnta agus idirnáisiúnta mar seo ceisteanna tábhachtacha maidir le feasacht foilsitheoirí agus eagrais ealaíne áitiúla faoi Litríocht Éireann. Níor aithin aon fhile ná aon chinnire cultúir sa taighde an t-eagrais seo agus níor luadh é sa taighde trí chéile.

Agus plé déanta ar cheist an phobail *léitheoireachta*, ní mór aitheantas a thabhairt don meán eile ina dtéann an pobal i dteagmháil leis an bhfilíocht, an fhilíocht ó bhéil (nó an fhilíocht labhartha/an fhilíocht a léitear amach os ard nó a ndéantar í aithris nó a reic). Mar a mheabhraíonn Caoilfhionn Nic Pháidín (2003): is é an léamh ós ard seo an meán is dúchasaí maidir le traidisiún na litríochta, agus é fréamhaithe sa scéalaíocht agus sa bhéaloideas. *'Trí mheán na héisteachta ag seisiúin léitheoireachta os ard a fuair muintir na Gaeltachta a gcéad bhlas ar an bhfocal scríofa'* (Nic Pháidín 2003: 121).

### **Féilte agus Léamha Filíochta**

Bíonn feidhmeanna éagsúla ag féilte ar an bpobal agus ar chleachtóirí. Soláthraíonn féilte infreastruchtúr a tharraingíonn caipiteal cultúrtha agus sóisialta le chéile: *'...can have social impacts such as community pride, changes in perceptions, altered understanding, social integration, and the development of social networks'* (Backer 2015: 88). Cuireann Duffy (2014) síos ar na cumhachtaí claochlaitheacha atá ag féilte ina saothar 'The Emotional Ecologies of Festivals'. Baineann ceisteanna féiniúlachta, áite agus pobail go mion leis an idirghníomhú a dhéantar le féilte. *'...it changes the nature of the place...festivals are transformative, and this capacity arises out of affective relations facilitated between people and place'*. Tá an trácht seo spéisiúil i bhfianaise na tábhachta a shamhlaíonn filí an staidéir le mothúchán agus le comhluadar cruthaitheach mar chúinsí a spreagann iad (Duffy 2014: 229).

Ar an mórgóir, dar le filí an taighde seo go mbíonn cothú agus spreagadh ar fáil do na filí ag féilte filíochta agus tugann siad deis comhluadair dóibh.

Tugann an comhluadar uchtach duit

(Ó Faoláin 2018)

Tugann sé deis filí eile a chlos agus go minic is ag na féilte a cheannóinn leabhar nua filíochta. Bíonn sé deas deiseanna a bheith agam léamh mo chuid oibre agus b'fhéidir cúpla leabhar a dhíol.

(Ní Bheildiúin 2018)


B'fhiú bualadh le daoine cruthaitheacha eile agus cuileachta bheith agat.

(Ó Súilleabháin 2018)

Chothaigh siad mé sa mhéid is gur cuid den tsaol filíochta iad. Bíonn deimhniú ar ról an scríbhneora i gceist chomh maith

(Bushe 2018)

### Léaráid 5: Ionadaíocht na bhfilí ag féilte



Féilte áitiúla is mó a bhfreastalaíonn filí an taighde seo orthu: Féile na Bealtaine agus An Fhéile Bheag Filíochta go speisialta, mar a shonraítear sa tábla thuas. Bíonn go leor de na filí ag freastal agus ag glacadh páirte (ar cuireadh) in imeachtaí filíochta IMRAM chomh maith - triúr filí dhéag. D'fhreastail aon fhile dhéag ar Sheachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail agus d'fhreastail an méid chéanna d'fhilí ar an Oireachtas (11). Fágann sin go bhfuil ceathrar filí nár fhreastail ar phríomhfhéile litríochta Chontae Chiarraí agus cearthar nár fhreastail ar phríomhfhéile náisiúnta na Gaeilge riamh. Tá sé suntasach nár fhreastail ar an 'Caherciveen Festival of Music and Arts' ach beirt. Is féile cheoil í seo go príomha agus ní bhíonn bheith istigh rómhór ag an bhfilíocht inti. Filí níos óige, a bhfuil baint níos láidre acu le Baile Átha Cliath agus le Béal Feirste a fhreastalaíonn ar REIC agus ar Liú Lúnasa m.sh. Marcus Mac Conghail agus Séamus Barra Ó Súilleabháin. Is fíor go bhféadfadh tionchar a bheith i gceist anseo ag an gclaonadh níos láidre atá ag na filí seo i dtreo na filíochta taibhléirithe chomh maith.

## Féile na Bealtaine

Féile ealaíne agus cultúir í Féile na Bealtaine a eagraítear gach bliain i gCorca Dhuibhne. Is í aidhm na féile ná an chruthaitheacht áitiúil a chothú, a léiriú agus a fhorbairt le linn na bliana (Féile na Bealtaine 2020). Thug ceithre fhile dhéag le fios sa cheistneoir gur fhreastail siad ar an bhféile seo. Tugadh aitheantas do thionchar Fhéile na Bealtaine le linn an taighde mar ardán a ardaíonn sofheictheacht na n-ealaíon agus na filíochta sa cheantar gach bliain.

Bhí áit lárnach ag an nGaeilge ag Féile na Bealtaine ó bunaíodh í. Thug rannpháirtithe an taighde seo le fios go raibh tionchar ag An Dr. Mícheál Ó Fionnáin, ar file é, a raibh baint lena bunú, lárnacht na Gaeilge san fhéile a chinntiú. Tá bá fós ag lucht eagair agus stiúrtha na féile leis an nGaeilge agus leis an bhfilíocht agus tá filí Gaeilge ón staidéar seo ar an gcoiste stiúrtha – Áine Moynihan agus Maria Ní Mhurchú.

Labhair Cathal Póirtéir ina agallamh siúd ar an gcinnireacht a thóg Mícheál Ó Fionnáin ar imeachtaí Gaeilge a lárnú mar chuid d'Fhéile na Bealtaine agus taobh amuigh di chomh maith. *'Nuair a thosaigh Féile na Bealtaine na blianta siar le Mícheál Ó Fionnáin, rith sé gach rud agus tharla gach rud'* (Póirtéir 2020). Is spéisiúil an t-aitheantas a thugtar do Ó Fionnáin mar dhuine a chuir an fhilíocht go mór chun cinn, agus bhíodh na cáilíochtaí aige a bheadh ag teacht leis an sainmhíniú atá forbartha go dtí seo sa tráchtas ar an aisteoir cruthaitheach. Thug Póirtéir le fios gurb é Ó Fionnáin féin agus an fhéile seo a dhaingnigh an nasc atá aige anois le ceantar Chorca Dhuibhne.

D'éirigh mise saghas tógtha leis an áit nuair a thosaigh Mícheál Ó Fionnáin 'Féile na Bealtaine'. Ba é sin dáiríre a rinne athnuachan ar an gceangal a bhí agam leis an gceantar mar dáiríre ar feadh blianta fada seachas corrghéabh ar saoire nó a leithéid sin, níor chaith mé an méid sin ama go dtí deireadh na nóchaidí.

(Póirtéir 2020)

Creideann Póirtéir, áfach, go bhfuil an fhilíocht agus an Ghaeilge imeallaithe cuid mhaith ag Féile na Bealtaine ó d'imigh Mícheál Ó Fionnáin ar shlí na fírinne. Dar leis go gcaitear leis an nGaeilge go minic mar chúram imeallach ag féilte móra na tíre, go ginearálta, go háirithe nuair a thagann fás orthu. Luaigh sé Féile na Bealtaine (agus Seachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail, go speisialta, mar a phléifear thíos) mar eiseamláirí den imeallú seo. *'Fuair Mícheál bás agus d'fhás an fhéile agus bhí níos mó airgid ag teastáil len í a reáchtáil, d'éirigh lucht gnó gafa leis an rud mar bhí a gcuid airgid ag teastáil...'* (Póirtéir 2020).

I gcodarsnacht leis seo, dhein Eibhlín de Paor (2019) agus Rachel Holstead (2019) plé ina n-agallaimh siúd ar chur chuige eiseamláireach na féile maidir le pobal níos leithne i gCorca Dhuibhne a tharraingt chun na filíochta. Déanfar a thuilleadh plé ar an gceist seo ag deireadh na caibidle seo.

### **An Fhéile Bheag Filíochta (2006 -)**

Is féile filíochta dhátheangach í An Fhéile Bheag Filíochta a eagraítear gach Samhain i mBaile an Fheirtéaraigh. Reáchtálfar an cúigiú féile dhéag Samhain 2020. Bíonn idir cheardlanna, sheimineáir, léamha, cheolchoirmeacha agus aoiléachtaí mar chuid de chlár na féile gach bliain. Thug ceathrar filí dhéag le fios sa cheistneoir gur fhreastail siad ar an bhféile seo.

Ba é Louis Mulcahy a bhunaigh an fhéile seo i gCorca Dhuibhne sa bhliain 2006. D'éascair an fhéile as mian an fhile cairde leis ón ngrúpa filíochta 'Whitehouse Poets' i Luimneach a mhealladh go Corca Dhuibhne chun 'saibhreas' a áit chónaithe a bhlaiseadh dóibh féin. Tháinig na filí sin den gcéad uair sa bhliain 2006 agus arís an bhliain dár gcionn agus thosnaigh grúpaí eile ag teacht de réir a chéile (Mulcahy 2018).

Luadh an fhéile seo go speisialta le linn na n-agallamh ar fad nach mór, agus tagraíodh di mar fhoinse cothaithe leanúnach d'fhillí áitiúla agus d'fhillí a thagann ar cuairt chuig an bhféile. Creidtear gurb é an mórbhua a bhaineann leis an bhféile ná a leagan amach dátheangach agus an gréasán a chothaíonn sí idir filí Gaeilge agus filí Béarla.

An rud is fearr faoi ná an tslí a mheascann filí Gaeilge agus filí Béarla, agus filí dátheangacha.

(Bushe 2018)

An príomhrud a bhí ann ná an ceangal idir an dá thaobh. Ní ceart go mbeidh aon deighilt ann.

(Mulcahy 2018)

Bua eile de chuid na féile a sheas amach d'fhillí áirithe ná an fheidhm a bhí ag an bhféile mar fhearann foghlama teanga do na cuairteoirí a thagann chun na féile. Chuir Bushe (2018), Ní Mhóráin (2018) agus Mulcahy (2018) síos ar na laethanta luatha den bhféile nuair a thosaigh an grúpa filíochta 'Ó Bhéal' ag teacht ó Chorcaigh. Ní raibh aon Ghaeilge ag tromlach acu agus d'éirigh leo an Ghaeilge a shealbhú thar na blianta. Ní hamháin sin ach spreagadh cuid acu a ndánta féin a

chumadh as Gaeilge. D'fheidhmigh an fhéile mar chothú do chleachtóirí sa cheantar agus do chleachtóirí a tháinig ón taobh amuigh.

... Chonacadar an Ghaelainn agus é go nádúrtha ag na daoine a bhí istigh ann. Níor chuir éinne aon bhrú den saghas orthu, bhraitheadar compordach so thanadar arís is arís agus dhein roinnt acu iarracht dánta a scríobh as Gaelainn...

(Mulcahy 2018)

An Fhéile Bheag Filíochta, is iontach an rud é sin. Éiríonn leis a bheith dhátheangach sa chiall is fearr. Tá aithne agam ar dhaoine a bhfuil feabhas mór tagtha ar a gcuid Gaeilge ó chuireas aithne orthu san fhéile, Paul Casey mar shampla a stiúrann ó Bhéal i gCorcaigh, tá Gaeilge cuíosach líofa aige anois agus ní bhíodh. Is cuimhin liom é ag teacht gan mórán Gaeilge agus anois, labhrann sé Gaeilge ann.

(Bushe 2018)

Na filí a bhíonn ag teacht chuig an bhFéile Bheag le deich mbliana nó níos mó, tá siad dulta thar n-ais go dtí a bpréamhacha teangan agus táid tosnaithe ar a bheith ag scríobh sa Ghaoluinn.

(Ní Mhóráin 2018)

D'fhéadfadh an fhéile seo a bheith ina hacmhainn d'fheidhmiú spriocanna an phlean teanga maidir le deiseanna labhartha agus úsáide a chur chun cinn (Plean Teanga Chiarraí Thiar 2018: 126). Bíonn feidhm ag an bhféile mar ócáid deireadh seachtaine a mheallann turasóirí cultúrtha chun an cheantair chomh maith.

Tá na féidearthachtaí a bhaineann leis an bhféile aitheanta ag cinnirí cultúir éagsúla. Ba spéisiúil an plé a dhein Holstead (2019), De Paor (2019), Moynihan (2019) agus Uí Shíthigh (2019) ar an mian atá acu go mbeadh ról níos lárnaí ag an bhFéile Bheag Filíochta go háitiúil. Luadh go bhféadfadh an fhéile feidhmiú mar eagrais stiúrtha don bhfilíocht go háitiúil.

Braitheann Holstead (2019) go bhféadfadh an Fhéile Bheag Filíochta fás a dhéanamh agus feidhm níos leithne a bheith aici. Is dóigh léi go mba chóir go mbeadh *'stiúrthóir ealaíne'* fostaithe do na féilte go léir. Dar léi go dtuilleann an saineolas atá san Fhéile Bheag Filíochta, agus ag daoine mar Simon Ó Faoláin aitheantas ar leith. Tá Holstead ag cuimhneamh ar mhúnla den sórt atá i bhfeidhm in IMRAM, mar a bhfuil Liam Carson fostaithe go lánaimseartha mar Stiúrthóir a bhfuil freagrachtaí maoinithe, riaracháin agus eagraithe air.

Chonaiceamar gur chás le Moynihan (2018) gan aon eagrais a bheith ag gníomhú chun imeachtaí a chur sa tsiúl ó dúnadh An Lab. Aithníonn sí an saineolas atá ag Simon Ó Faoláin agus ba bhreá léi dá mbeadh aitheantas ann dó agus don bhféile. Tá go leor eile a bhféadfadh na struchtúir sin a bheith dírithe air, dar le Moynihan



(2018) idir an léirmheastóireacht, an fhoilsitheoireacht agus cheardlanna oiliúna, mar shampla.

Is dóigh liom gur chóir go mbeadh duine fostaithe chun leanúint ar aghaidh leis an obair sin chun féachaint chun a bheith páirteach sa aththógaint cúrsaí foilsitheoireachta b'fhéidir, chun tacú leis na filí, chun tógaint ar na nascanna atá againn le filí timpeall na tíre, chun rudaí a choimisiúnú.

(Moynihan 2018)

### **Éigse na Brídeoige**

Is féile oidhreacht agus chultúir í Éigse na Brídeoige a cheiliúránn traidisiúin agus cultúr Uíbh Ráthaigh. Naonúr filí a thug le fios gur fhreastail siad ar an bhféile seo. Bíonn feidhm ag an bhféile mar ghréasán sóisialta don bpobal áitiúil in Uíbh Ráthach (De Buis 2019). Bíonn gné a bhaineann leis an bhfilíocht mar chuid den bhféile gach bliain. Bíonn freastal ar an Éigse ag muintir Uíbh Ráthaigh agus ag dreamanna áirithe ó Chorca Dhuibhne gach bliain. Taistealaíonn cuairteoirí ar an Éigse as ceantair éagsúla ar fud na hÉireann gach bliain. Tá gné idirnáisiúnta ag baint leis an bhféile chomh maith agus bíonn aíonna ann ó thíortha thar lear. Ba iad Paddy Bushe agus a bhean chéile Fíona a bhunaigh an Éigse. Tá Fíona de Buis ina stiúrthóir reatha ar an Éigse.

Cé nár labhair ach beirt fhilí go sonrath ar thionchar Éigse na Brídeoige sna hagallaimh, ba mhinic a tarraingíodh anuas ainmneacha Paddy agus Fíona sna hagallaimh mar gheall ar an obair leanúnach a dhéanann siad do chothú na filíochta agus an chultúir trí chéile in Uíbh Ráthach. Is minic a bhíonn deiseanna ag filí an staidéir leabhair a dhíol agus a sheoladh ag an Éigse (De Buis 2019). Sheol Mícheál Ó Siochrú a leabhar 'Scáil an Scéil' (Coiscéim 2019) ag féile na bliana 2019.

### **Éigse na Gréine – Amergin Solstice Poetry Gathering**

Bunaíodh an fhéile seo sa bhliain 2018. Tá sé d'aidhm ag an bhféile filíocht na hÉireann a cheiliúradh. Cúigear filí a thug le fios gur fhreastail siad ar an bhféile seo an chéad bhliain. Bhí baint lárnach ag Fíona agus Paddy Bushe leis an bhféile seo a bhunú chomh maith agus Paddy ina stiúrthóir cruthaitheach ar an bhféile. Sampla d'obair Paddy Bushe mar aisteoir cruthaitheach ina cheantar a dhlúthbhaint agus a shamhlaíocht leis an bhféile filíochta seo. Déantar naisc idir Éirinn agus Albain san fhéile agus bíonn ionadaíocht shuntasach ó fhilí Gaedhlig ann (Éigse na Gréine 2019). Bíonn cúrsaí meabhairshláinte chun tosaigh le linn

na n-imeachtaí. Eagraítear imeachtaí na féile i gcuimhne ar Anthony Clare, Síciatraí aitheanta a chaitheadh tréimhsí leanúnacha sa Choireán, Uíbh Ráthach sular cailleadh é. Níl an fhéile seo i bhfad ar an bhfód agus ní raibh an fhéile ach ag tosnú amach nuair a deineadh na hagallaimh a reáchtáil don taighde.

Ceiliúrann an fhéile oidhreacht áitiúil agus náisiúnta na filíochta le béim faoi leith ar thuras cáiliúil Aimhirghin go Bá na Scealg. Mar chuid d'fhéile na bliana 2019, chum cúigear 'ollamh' filíochta na hÉireann dán mar aisfhreagairt phearsanta de dhán cáiliúil Aimhirghin. Foilsíodh na dánta sin mar chnuasach speisialta 'Unde Scribitur' ag Ponc Press sa Daingean (Ponc Press 2019). Bíonn proifíl náisiúnta ag an bhféile agus tarraingítear filí móra ó fud fad na hÉireann le freastal uirthi. Deineadh taifead ar mhír den bhféile ar an gclár 'Nationwide' ar RTÉ sa bhliain 2019.<sup>37</sup>

### **Seachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail**

Féile litríochta idirnáisiúnta í Seachtain Scríbhneoirí Lios Tuathail a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi. Eagraítear an fhéile go bliantúil i Lios Tuathail, Ciarraí Thuaidh. Bunaíodh í sa bhliain 1970. Cuireadh an 49ú féile ar siúl sa bhliain 2019. Aon fhile dhéag a thug le fios gur fhreastail siad ar an bhféile seo. Is spéisiúil nár thrácht oiread is file amháin ar an bhféile seo i dtéarmaí dearfacha, ainneoin aitheantas forleathan ag an bhféile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is i mBaile Lios Tuathail a tógadh Séamus Barra Ó Súilleabháin. Ghlac sé páirt in imeacht speisialta filíochta labhartha/ceoil le linn na féile 2014 'That's a Rap' i dteannta le Stephen James Smyth agus Enda Riley.<sup>38</sup>

Thracht Cathal Póirtéir ar an '*neamhaird*' a thugann Seachtain na Scríbhneoirí Lios Tuathail ar scríbhneoirí na Gaeilge. Ní bhíonn spéis níos mó ag lucht eagair na féile imeachtaí a chur chun cinn maidir le litríocht na Gaeilge, dar leis. Thug sé le fios gur diúltaíodh do thairiscint ó fhéile litríochta IMRAM imeachtaí a reáchtáil ann.

Má tá tú ag caint ar fhilí Chiarraí, is náireach amach is amach an neamhaird atá á déanamh le blianta fada anois ag féile litríochta Lios Tuathail, Seachtain na Scríbhneoirí Lios Tuathail ar scríbhneoirí na Gaeilge... Is beag spéis a bhíonn acu i gcúrsaí filíochta, is beag spéis atá acu i gcúrsaí Gaeilge.

(Póirtéir 2020)

<sup>37</sup> <https://www.rte.ie/player/series/nationwide/SI0000001172?epguid=IH000367904>

<sup>38</sup> <https://writersweek.ie/for-the-younger-generation-poetry-lovers-now-thats-a-rap/>

Is fíor go mbíonn clúdach an-imeallach ag litríocht na Gaeilge ag an bhféile. Má fhéachtar ar chlár na féile 2019, níl ach imeacht amháin as níos mó ná céad imeacht éagsúil i gcaitheamh na seachtaine a dhíríonn ar litríocht na Gaeilge. Maidir leis an ardán a bhíonn ag filíocht na Gaeilge, bíonn an Chúirt Filíochta ar siúl gach bliain. Bronntar duais filíochta Gaeilge ‘Duais Fhoras na Gaeilge’ le linn na féile chomh maith. Ní raibh aon cheardlann ná aon mháistir-rang trí Ghaeilge agus ní raibh aon imeacht Gaeilge mar chuid de chlár na leanaí sa bhliain 2019. Níl aon scríbhneoir Gaeilge ar choiste na féile ná ar an liosta de dhaoine deonacha a thacaíonn leis an bhféile ná ar an mbord stiúrtha.

Is spéisiúil nár aithin aon fhile sa taighde seo an fhéile seo mar chothú ar leith dóibh, cé gur thug aon fhile dhéag le fios sa cheistneoir go bhfreastalaíonn siad ar an bhféile seo. Agus dhá cheantar Gaeltachta sa chontae, shamhlódh duine go mbeadh láithreacht níos mó ag an nGaeilge agus ag filí na Gaeilge san fhéile, idir oidhreacht liteartha an cheantair agus na scríbhneoirí comhaimseartha atá ag saothrú i láthair na huaire.

### **Oireachtas na Gaeilge**

Is ceanneagraíocht é Oireachtas na Gaeilge, a fhaigheann maoiniú leanúnach faoi scáth mhaoiniú na gceanneagraíochtaí ó Foras na Gaeilge. Tá ceangal fadbhunaithe ag an Oireachtas le Conradh na Gaeilge ó bunaíodh é sa bhliain 1893. Thug ceathrar filí dhéag le fios gur fhreastail siad ar an bhféile seo. Tá an tOireachtas tiomanta do dheiseanna úsáidte agus gréasán Gaeilge a chothú (An tOireachtas 2020) ach is iad a bhféile bhliantúil sa bhFómhar agus na comórtais litríochta is mó a shamhlaítear leis an eagraíocht.<sup>39</sup> Is í an ghné den Oireachtas a luadh sa taighde seo ná duaiseanna liteartha an Oireachtais.

Tá beirt fhilí dhéag nár tharraing an tOireachtas anuas sa phlé ar na cúinsí a chothaíonn iad in aon chor nó maidir lena gcleachtas. Níor aithníodh go mbíonn feidhm ag an bhféile mar ghréasán sóisialta ná mar chothú in aon slí eile, faoi mar a aithníodh i gcás an Fhéile Bheag Filíochta. Níor luaigh aon fhile an chúirt filíochta (teacht le chéile/léamh filíochta) atá tar éis a bheith ar siúl mar chuid den bhféile le roinnt blianta anuas. Is ait seo, mar go nglacann filí áirithe sa

---

<sup>39</sup> Eolas ó shuíomh lín an Oireachtais: <http://www.antoireachtas.ie/oireachtas-na-samhna/>

taighde seo páirt rialta inti. Bhí ollchruinniú le hAontas na Scríbhneoirí Gaeilge ag Oireachtas na Samhna 2019 chomh maith.

Cé go n-eagraítear an chúirt filíochta ag an Oireachtas gach bliain, ní hann do chomórtas ardáin d'fhilí comhaimseartha na Gaeilge. Níl aon chomórtas dírithe ar an bhfilíocht labhartha comhaimseartha ainneoin fás faoin gcineál seachadta sin timpeall na tíre. Tá an fhilíocht labhartha thraidisiúnta i gceist go smíor i gcuid de na comórtais eile - lúibíní, agallaimh beirte agus an amhránaíocht. Léiríonn an rath atá ar fhéilte Liú Lúnasa agus Reic agus an lucht leanúna ollmhór atá ag an ngrúpa Kneepcap go bhfuil seans go meallfadh ardán don bhfilíocht chomhaimseartha ag an Oireachtas cleachtóirí agus lucht éisteachta níos óige agus níos ilghnéithí chun na litríochta Gaeilge.

Bíonn urraíocht á fáil ag an Oireachtas do chuid dá gcomórtais liteartha ó eagrais éagsúla – TG4, Údarás na Gaeltachta, Éigse Éireann, Conradh na Gaeilge, An Cumann Lúthchleas Gael mar shampla. Ach ní dhéantar páirtnéireachtaí struchtúrtha bliantúla a chothú le heagrais ealaíne/filíochta eile taobh amuigh den urraíocht seo (lasmuigh de spásanna a thabhairt d'ócáidí áirithe mar chuid de chlár na féile mar shampla: cruinniú Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge le linn na féile 2019).

Tá an tOireachtas ag fáil maoinithe mar cheanneagraíocht faoi Fhoras na Gaeilge. Athraíodh réimse freagrachta an Oireachtais sa bhliain 2014 nuair a bronnadh aontas maoinithe nua ar an Oireachtas mar cheanneagraíocht. I measc na ndualgas níos leithne atá ar an Oireachtas anois tá deiseanna gréasáin agus ardáin úsáide teanga a chruthú do phobal na Gaeilge ó cheann ceann na tíre, sraitheanna imeachtaí siamsúla a reáchtáil go náisiúnta, agus stocaireacht a dhéanamh thar cheann eagrais Gaeilge le heagrais stáit. Ní cuid dá misean tacaíocht chuimsitheach a sholáthar do scríbhneoirí lasmuigh den mórardán bliantúil. Is ar dheiseanna úsáide teanga is mó atá dualgais an Oireachtais.

Is fíor a rá go bhfuil na béimeanna seo ar chomórtais aon uaire ag an Oireachtas as riocht ábhairín le béimeanna phríomhbheartas agus straitéisí Éire Ildánach 2018 – 2022 agus an Creatbheartas Náisiúnta an Rialtais Cultúr 2025. Leagann na straitéisí seo béim níos mó ar an rannpháirtíocht agus ar na buntáistí sóisialta agus folláine a bhaineann lena bheith rannpháirteach sna healaíona. Ní bhíonn an bhéim choitianta ar cheist an chomórtais sna polasaithe seo. Tá míréir, mar sin,

idir béimeanna cheanneagraíocht na n-ealaíon Gaeilge, An tOireachtas agus béimeanna na straitéisí náisiúnta.

### **Féile Litríochta IMRAM**

Bunaíodh féile liteartha IMRAM sa bhliain 2004. Bhí an chuid is mó d'fhilí an taighde seo páirteach in imeachtaí IMRAM mar oirfidigh ag pointí áirithe (Ó Faoláin, Ó hUallaigh, Ní Chinnéide, Póirtéir, Moynihan, Ní Mhóráin, Ó Dúshláine, Ó Súilleabháin, Ó hUanacháin, Mac Conghail, Bushe, Ní Bheildiúin agus Ó Siochrú). Tugann IMRAM ardán d'fhilí an taighde agus déantar iarracht a gcuid saothar a chur i láthair pobal níos leithne. Faigheann na filí a bhíonn páirteach inti clúdach costas agus táillí profisiúnta.

Tá sé d'aidhm shonrach ag IMRAM lucht éisteachta/féachana a mhealladh go litríocht chomhaimseartha na Gaeilge '*i dtimpeallachtaí beoga*'. Tá cothú agus cruthú pobail léitheoireachta chun tosaigh in éiteas na féile agus is mian léi '*litríocht na Gaeilge a chur i láthair an phobail laistigh de fhráma nua-aoiseach, bheoga, ilchultúrtha*'. Déantar iarracht tríd na himeachtaí a eagraítear a léiriú go dtuilleann litríocht na Gaeilge ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá ardán ag an aos óg ag an bhféile le cúpla bliain anuas ó cuireadh tús le himeachtaí don óige a reáchtáil (IMRAM na nÓg).

Is dóigh le Póirtéir (ar iarbhall de Choiste Imram é) gurb é IMRAM an dream is mó a thacaíonn le filí comhaimseartha na Gaeilge. Molann sé an fhís a bhí ag Liam Carson féin.

Níos mó ná aon dream eile ná Imram a thugann ardán do litríocht na Gaeilge... Is í samhlaíocht Liam croí Imram. Is dóigh liom gur aimsigh sé bealaí leis an litríocht Ghaeilge a chur i láthair nach raibh aimsithe ná in úsáid in aon chor dáiríre go dtí sin.

(Póirtéir 2020)

Bhéimnigh Mac Conghail (2019) éifeacht an chur chuige ilmheáin a bhíonn in úsáid ag IMRAM ina agallamh siúd. Thagair sé d'óiche amháin inar fhreastail sé ar imeacht filíochta le file nach raibh aon chur amach aige air ach gur thaitin an cur i láthair agus an cur chuige go mór leis.

Bíonn tú suite sa lucht féachana agus ní raibh aon aithne agam ar an stuif a bhí á rá ach bhí mé suite ann, bhí scáileán ann agus na sleamhnáin seo agus na focail scríthe orthu agus daoine le ceol. Thaitin an oíche go hiontach liom.

(Mac Conghail 2019)

## Léamha Filíochta

Gné lárnach d'fhéilte filíochta ná an léamh filíochta. Bíonn léamha filíochta idir léamha ócáidiúla agus imeachtaí sraitheacha á reáchtáil sa dá cheantar atá faoi staidéar chomh maith. Thug nach mór na filí go léir le fios go mbíonn siad páirteach go minic i léamha filíochta.<sup>40</sup> Léamh traidisiúnta is minice a bhíonn i gceist. Is éard atá i gceist le léamh traidisiúnta anseo ná nuair a léann an file dán ón leathanach nó óna c(h)nuasach. Glacann filí áirithe modhanna taibhléirithe níos comhaimseartha chucu ina gcleachtas chomh maith (Ó Súilleabháin, Ní Chinnéide agus Mac Conghail).

Cé gur thug na filí le fios go dtaitníonn leo a gcuid saothar a léamh, níor thug siad mórán aitheantais do thionchar léamha filíochta mar chothú ar leith dóibh. Ba é Mac Conghail an t-aon fhile a chuir síos go sonrach ar an tionchar a bhí ag léamha filíochta air.

Bhí teacht le chéile filíochta agus mar a tharla, bhíos díreach tréis an dán 'Ceol Baile' a scríobh. Ní raibh aon rud scríte agam ar feadh roinnt mhaith blianta agus go tobann, tháinig rud éigin an-fhada amach. Chuaigh mé d'aon ghnó agus thuigeas go mbeinn i measc daoine, gur spás cairdiúil a bheadh ann. Bhraitheas compordach sa spás san agus i measc na ndaoine san... Is maith liom na daoine seo. Tá dúil agam i bhfocail. Tá dúil acu siúd i bhfocail agus is maith liom é seo.

(Mac Conghail 2019)

Tráchtadh ar thrí imeacht leanúnacha ina mbíonn an léamh filíochta mar ghné lárnach díbh i gCorca Dhuibhne. Ba iad seo 'Pop-Up Poetry', 'Aon Scéal?' agus 'Seisiún an tSathairn' i gCorca Dhuibhne. Cuireadh tús le léamh filíochta seachtainiúil i gCathair Saidhbhín le linn na bliana 2019 agus is filíocht trí Bhéarla a bhíonn i gceist, ar an mórgóir. Níor deineadh aon fhilíocht trí Ghaeilge a reic seachas corr-léamh ag Paddy Bushe (Sugrue 2019).

### **'Aon Scéal?' - Oíche Filíochta Míosúil i dTigh Uí Chatháin, Baile an Fheirtéaraigh**

I dteannta Paul Duffy, reáchtálann Justin Mac Cárthaigh club filíochta míosúil in 'Siar Ó Thuaidh', tigh tábhairne Uí Chatháin, ar an mBuailtín. Roimhe sin, bhíodh grúpa ag teacht le chéile go míosúil faoi stiúir Simon Uí Fhaoláin, faoin ainm 'Aos Cró'.

---

<sup>40</sup> Dúirt Aogán Ó Muircheartaigh (2018) san agallamh nach nglacann sé páirt i bhféilte ná léamha filíochta ó buaileadh breoite é sa bhliain 2009.

Bhaintí úsáid as láthair ‘Siar Ó Thuaidh’ mar thigh na mbó tráth dá raibh ach tá athnuachaint chruthaitheach déanta ar an ionad ó shin. Bíonn cead isteach ag éinne ar spéis leo an fhilíocht nó aon saghas saothar cruthaitheach a chur i láthair an chomhludair nó chun freastal agus éisteacht leis na haíonna. Eagraítear an ócáid ar an tríú Céadaoin den mhí. Dúirt Mac Cárthaigh nach mbíonn siad in ann an lucht freastail a fhreastalaíonn a thomhas riamh toisc go mbaineann guagacht leis an bhfreastal go minic.

Bhí oíche againn díreach roimhe na Nollag agus tháinig triúr agus bhí oíche i Mí Eanáir agus tháinig tríocha. Ní bheadh fhios nó tuairim agat conas mar a raghadh aon oíche.

(Mac Cárthaigh 2019)

Thrácht Mac Cárthaigh ar chomhrá a bhí aige le Rachel Holstead ó Ealaín na Gaeltachta. Chuir sise ceist an bhféadfaí a sonraí teagmhála a chur síos ar an ‘*text list*’ don ócáid, chun go mbeadh sí ar an eolas fúithi. Ní bheadh fonn ar Mac Cárthaigh a leithéid de chóras teagmhála a eagrú toisc nár mhian leis go mbeadh brú ar dhaoine a bheith ag freastal go rialta ar an ócáid.

Níor mhaith liom an saghas dynamic sin. Má tá tú ag cur cuireadh chuig daoine uair sa mhí, ní theastaíonn uaim brú a chur ar éinne.

(Mac Cárthaigh 2019)

Tá an baol ann ceal cur chuige eile an oíche a fhás go mbeadh dúshláin ann tógaint a dhéanamh ar lucht éisteachta leanúnach don oíche filíochta. Is meabhrú é seo ar na híogaireachtaí a bhaineann le himeacht ealaíne a rith i bpobal beag. Meabhraítear dúinn anseo an tábhacht a bhaineann le hoiliúint a chur ar eagraithe imeachtaí chomh maith.

### **‘Pop-up Poetry’ le Maggie Breen**

Le dhá bhliain anuas, tá ócáid filíochta dhátheangach á reáchtáil sa Daingean ag Maggie Breen. Cé nár thrácht aon rannpháirtí go sonrach ar an imeacht seo sna hagallaimh, thug Breen (2019) le fios go mbíonn filí áirithe as measc fhilí an staidéir seo páirteach ann ó am go chéile. Bogann an imeacht ó áit go háit timpeall an Daingin. Bíonn ceol agus mic-oscailte i gceist leis an oíche. Tógtar briseadh ón ócáid le linn an Gheimhridh. *‘Bíonn daoine saghas hibernated. Is rud deas é chun daoine a bhailiú le chéile arís’* (Breen 2018). Bíonn an-tóir ar an ócáid, dar léi. *‘Full house ann gach oíche... Bíonn meascán i gcónaí ann. Spreagann sé daoine agus spreagann sé mise’* (Breen 2018).

Bíonn ionadaíocht ag cuid d'fhilí an staidéir ag dhá sheisiún léamha filíochta tábhachtach taobh amuigh den dá cheantar seo chomh maith: Ó Bhéal i gCorcaigh agus Reic i mBaile Átha Cliath.

### **Ó Bhéal, Oíche Filíochta Chathair Chorcaí**

Imeacht filíochta seachtainiúil é Ó Bhéal a bhíonn ar siúl i gCathair Chorcaí. Bíonn aoifhile ann gach seachtain. Tá breis is 900 aoifhile tar éis a bheith ar an ardán ann ó cuireadh tús leis sa bhliain 2007. Níor labhradh go sonrach ar an oíche seo mar ardán ar leith ag na filí ach tá sé tábhachtach an rannpháirtíocht shuntasach ó fhilí an taighde a chur sa mheá.

Tá deichniúr filí tar éis a bheith ina n-aoifhilí thar na blianta. Tugadh cuireadh d'fhilí áirithe teacht ar ais cúpla uair eile. Tá Ní Bheildiúin atá tar éis a bheith ina haoifhile trí huaire. Tá filí áirithe eile nach bhfuil tar éis a bheith ina n-aoifhile ag Ó Bhéal. Ní raibh Mícheál Ó Siochrú, Mícheál Ó hUanacháin, Maria Ní Mhurchú, Aogán Ó Muircheartaigh, Siobhán Ní Shíthigh agus Tadhg Ó Dúshláine páirteach go dtí seo.

**Tábla 4: Ionadaíocht na bhfilí mar aoifhilí ag Ó Bhéal 2008 - 2019**

2008	Paddy Bushe agus Dairena Ní Chinnéide
2010	Simon Ó Faoláin, Bríd Ní Mhóráin agus Áine Moynihan
2012	Peadar Ó hUallaigh, Louis Mulcahy, Séamus Barra Ó Súilleabháin agus Ceaití Ní Bheildiúin
2013	Bríd Ní Mhóráin, Louis Mulcahy, Ceaití Ní Bheildiúin, Dairena Ní Chinnéide agus Maggie Breen
2014	Marcus Mac Conghail
2017	Séamus Barra Ó Súilleabháin
2018	Louis Mulcahy, Paddy Bushe agus Dairena Ní Chinnéide
2019	Ceaití Ní Bheildiúin agus Marcus Mac Conghail

### **Reic, Oíche Mic-Oscailte**

Bhunaigh an file dátheangach Ciara Ní É an oíche filíochta mhíosúil Reic sa bhliain 2015. Is oíche ilteangach í a chuireann fáilte roimh éinne ar spéis leo an fhilíocht. Déantar an fhilíocht agus láithrithe éagsúla béil a chur i láthair ag an oíche, idir an léamh traidisiúnta filíochta ón leathanach, an fhilíocht labhartha agus an



amhránaíocht. Bíonn ardán ag filí Reic ag féilte an chultúir choitinn - leithéidí Body and Soul, An Phicnic Leictreach agus ag Féile na Gealaí. Níor deineadh aon phlé suntasach ar an imeacht filíochta seo sna hagallaimh cé gur luadh go sciorrach é ag filí áirithe. Tá Ní Chinnéide, Ó Súilleabháin agus Mac Conghail tar éis páirt a ghlacadh in ócáidí mic-oscailte Reic. Is filí iad seo a bhfuil naisc áirithe acu le Baile Átha Cliath ná le cairde a bhfuil baint acu leis an imeacht. Baineann ceist thíreolaíoch leis an bhfreastal seo, dár ndóigh, toisc gur i mBaile Átha Cliath a bhíonn sé ar siúl go hiondúil. Is ardán é Reic a ghineann deiseanna eile mar gheall ar an nasc atá ag an ócáid le féilte eile agus de bharr teagmháil an stiúrthóra Ní É le Áras Scríbhneoirí na hÉireann.

### **Cothú an Phobail: Dúshláin agus Deiseanna**

D'áitigh Gearóid Ó Cruallaíoch nach féidir linn aon litríocht a mheas gan comhthéacs idirghabhála an léitheora nó an éisteora a bheith againn. Is trí chomhthéacs cumarsáide idir an scríbhneoir agus an léitheoir (nó éisteoir) a bhaintear an cháilíocht liteartha amach, dar leis (Ó Cruallaíoch 1992: 97).

Ní hionann an tairbhe a bhaineann gach ball den lucht éisteachta as an léamh filíochta. Dar le filí an taighde go mbaineann sé go díreach le stíl láithrithe agus le buanna an fhile mar láithreoir. Luadh go mion minic sna hagallaimh nach bhfuil filí áirithe oilte ar chur i láthair a dhéanamh ag léamh filíochta agus go gcruthaíonn sé seo dúshlán do chothú an phobail éisteachta.

Tá daoine atá chomh cumasach ag scríobh agus tá daoine nach bhfuil cumasach ag cur i láthair. Athraíonn sé ó dhuine go duine, ní oireann sé do gach duine.

(Ní Chinnéide 2018)

Ní i gcónaí gur léitheoirí maithe iad na filí, go raghadh daoine áirithe ag mumbláil agus ag caint leo féin agus gach duine sa lucht éisteachta ag ligint orthu, go ndeineann siad faoi mar a deireadh Seamus Heaney with their clapping hand, ag ligint orthu gur thuig siad.

(Ó Dúshláine 2018)

Is dóigh liom go mbeadh pobal níos mó age filí dá mbeidís á n-aithris seachas á léamh... Is dóigh liom go bhfuil filí ag éileamh an-chuid ar an lucht éisteachta, gur féidir linn suí ansan ar feadh uaireanta a chloig agus go léifidh siad dúinn.

(Uí Shíthigh 2019)

Caithfidh tú cuimhneamh ar an lucht féachana, ar an lucht éisteachta. Blianta f\*\*\*\*\* fada ag seasamh ag éisteacht le stuff. Déarfainn go bhfuil sé go hiontach but like ach I'm sorry níor tharla aon rud dom agus mé ag éisteacht leis.

(Mac Conghail 2019)

Is cuimhin le Mac Congail an chéad uair a chuala sé Séamus Barra Ó Súilleabháin ag cur a chuid filíochta i láthair, láithriú a chuaigh go mór i bhfeidhm air.

An chéad duine a bhfaca mé i gceart ná Séamus Barra, seans ceithre bliana ó shin i Lios Tuathail agus bhíos suite ann going who's that guy, I wanna be him! Bhí sé dochreidte, wow, wow agus wow.

(Mac Conghail 2019)

Bhéimnigh Maggie Breen, bean a bhfuil Gaeilge líofa aici, go mbíonn dúshlán tuisceana aici ag léamha filíochta. Is minic a thugann sí an easpa tuisceana ag an lucht éisteachta faoi deara ag léamha filíochta (Breen 2019).

Bíonn filí agus an stíl atá acu ná rud an-chasta a scríobh agus as Béarla leis... Braitheann tú an easpa tuisceana a bhíonn ag daoine ag léamha filíochta.

(Breen 2019)

Baineann an t-eispéireas sin de spéis an lucht éisteachta. *'Mura dtuigeann tú é like... Nóimint éigin mura dtuigeann tú é, cailleann tú suim ann'* (Breen 2019).

Thug Tadhg Ó Dúshláine (2018) le fios nach n-éiríonn le léamha traidisiúnta filíochta go minic ina léitear ón leathanach.

Conas in ainm Dé agus daoine ag éisteacht gan aon téacs acu os comhair amach, go dtuigfidís dán ar an gcéad léamh? Fágann sé sin daoine míchompordach agus i bhfad na haimsire ní thiocfaidh daoine mar caitheann sé a bheith taitneamhach agus entertaining chomh maith.

(Ó Dúshláine 2018)

Bíonn gá le droichead a thabhairt don éisteoir chun go raghaidh an láithriú nó an dán i bhfeidhm ar an bpobal éisteachta. Bhí moltaí éagsúla aige ina leith seo. Má thugtar *'blaiseadh'* ag na léamhanna i slí thaitneamhach, tá deis níos fearr ann go meallfar an lucht éisteachta i dtreo an leabhair (Ó Dúshláine 2018). Molann sé bileoga leis na focail a scaipeadh timpeall mar chéad chéim nó an dán é féin a chur an scáileán mar chabhair don éisteoir. Bíonn cur chuige mar seo in úsáid ag féile liteartha IMRAM, mar a pléadh anuas ar chur chuige físiúil agus ilmheáin a chur ar fáil chun an lucht éisteachta a mhealladh.

Chuir Mac Conghail (2019) síos ar a thaithí phearsanta le léamh filíochta ar fhreastail sé air mar chuid d'fhéile liteartha IMRAM; léamh filíochta le file nach raibh aon réamheolas aige mar gheall air. Bhí meascán de cheol sa láithriú agus bhí na focail ar an scáileán mar *'eochair'* don lucht éisteachta. Dar leis go ndéantar an fhilíocht a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtaí ar lucht éisteachta agus ar phobail níos leithne trí chur chuige mar seo (Mac Conghail 2019).

Is iad Ó Súilleabháin, Ní Chinnéide agus Mac Conghail na filí is mó a shamhlaítear leis an bhfilíocht labhartha as measc fhilí an staidéir seo. Ba iad an triúr acu seo chomh maith is mó a labhair sna hagallaimh ar na straitéisí is féidir a úsáid chun pobal éisteachta a chothú ag léamh filíochta. Tarraingíonn na filí seo ar mhodhanna éagsúla ina gcleachtas chun an lucht éisteachta a thabhairt leo agus léamh á thabhairt acu.

Is d'inneach cleachtas reacaireachta Uí Shúilleabháin go gcuimhníonn sé ar an bpobal éisteachta os a chomhair. Is tábhachtach leis go mbainfeadh an lucht éisteachta taitneamh as an léamh a dhéanann sé. Luaigh an file go mbíonn sé de nós aige a chleachtas reacaireachta a chur in oiriúint don lucht éisteachta ag gigeanna leis.

Má tá tú ag déanamh cur i láthair agus má tás agat go mbeidh scata romhat, déanann tú de réir do thuisceana ar an gceard, agus ar an sásamh atá le baint ag daoine as, cuireann tú más féidir má tá ar t'achmhainne é a dhéanamh cuireann tú rudaí le chéile...Tá a leithéid de rud ann agus airneán agus nuair atá daoine os do chomhair amach ní mór duit rud éigin a rá leo chun ná titfidís ina gcodladh chun ná beidís marbh ag éisteacht leat.

(Ó Súilleabháin 2018)

Agus plé déanta againn ar an easpa feidhme a bhraitheann filí áirithe atá ag an bhfilíocht san fhearann poiblí ní miste ceann a thógaint den bhfearann poiblí a bhaineann saothar Uí Shúilleabháin amach. D'fheidhmigh an file mar urlabhraí thar cheann pobail nuair a dhein sé an dán 'Ar theacht na Samhna' a reic (leagan dá dhán 'Ar theacht an tSamhraidh') beo Oíche Shamhna 2016 ar TG4 do chomóradh fiche bliain an stáisiúin. Bhí slua mór i láthair ag an ócáid, Uachtarán na hÉireann san áireamh. Dan polaitiúil é a phléigh le ceisteanna a bhain le hídéolaíochtaí an nualibrálachais agus eile in Éirinn. Sampla comhaimseartha é seo d'fheidhm phobail an fhile thraidisiúnta a bheith á chomhlíonadh ag file an lae inniu.

Dar leis an bhfile go bhfuil an-fhás ar an bhfilíocht bhéil agus labhartha sa Ghaeilge agus go bhfuil éileamh ag an bpobal féin ar an gcineál litríochta seo.

Cé gur cúng le daoine áirithe domhan na filíochta Gaelaí, ambaiste ach gur fearann claímh í atá lán de sheilgeoirí. Maidir le REIC agus LL – tá ana-dheis againn filíocht a thaibhléiriú mar tá traidisiún béil na gcéadta bliain laistiar dinn, agus éileamh ag an bpobal ar a leithéid! Níl aon rud is mó a thugann na Gaeil suas dó ná *performance* bríomhar. Tá sé fuinte sa DNA againn.

(Ó Súilleabháin 2019: 35)

Thug sé faoi ndeara nach mbíonn páirt ag na filí 'móra' go minic sna fearainn chomhaimseartha seo mar REIC go minic, áfach. *'Is é an trua nár thóg níos mó*

*d'fhillí móra foilsithe páirt in ócáidí mar REIC (mar dhein Seosamh Ó Guairim) – ana-dheis is ea é' (Ó Súilleabháin 2019). Faoi mar a fheicimid ar ball, bíonn athshaol go minic ag láithrithe béil ar na meáin shóisialta.*

Dar le Ní Chinnéide gur féidir leis an láithriú pearsantacht an fhile a oscailt agus is uirlis iontach í sin chun an lucht éisteachta a thabhairt leat chun *'daoine a chur ar a gcompord nó gan a bheith uaireanta'* (Ní Chinnéide 2018).

Labhair Mac Conghail (2018) go sonrath faoi mhúnla éifeachtach a thriail sé féin tar éis dó a cnuasach *'Ceol Baile'* (Coiscéim 2014) a fhoilsiú. Dhein sé *'stand-up filíochta'* a chur le chéile ar dhánta ón gcnuasach. Dhein sé na dánta tríd an gcnuasach a nascadh le chéile mar shraith scéalta. Mhair sé daichead nóiméad agus an t-ábhar go hiomlán de ghlanmheabhair aige.

Bhí rud éigin le rá agam faoin dán sin len é a chur i láthair dóibh, doras éigin nó fuinneog éigin a oscailt dóibh seachas é a léamh amach. Thugas é le paisean agus le dráma le go bhféadfainn an stuif a bhí ann a chur abhaile orthu, le go dtuigfeadh daoine é. Bhí sé thar a bheith éifeachtach.

(Mac Conghail 2019)

Baineann dua le láithriú den gcineál sin a ullmhú agus a fhoghlaim, dar leis. Ní fhéadfadh sé láithriú mar sin a dhéanamh go leanúnach toisc nach mbeadh an t-am aige chuige. *'Níl an t-am agam é a dhéanamh. Is ar éigean go bhfuil an t-am agam scríobh'* (Mac Conghail 2019).

Fearacht Mhic Conghail, thagair Póirtéir (2020) do na múnlaí eiseamláireacha a úsáidtear ag IMRAM, chun *'rud breise'* a thairiscint don bpobal éisteachta a fhreastalaíonn ar ócáidí filíochta.

Ainneoin go bhfuil dea-chleachtais agus samplaí eiseamláireacha forbartha ag dreamanna mar IMRAM agus ag filí aonair, is spéisiúil nach leantar múnlaí den sórt sin ag an bhFéile Bheag Filíochta, cuir i gcás. Is mar léamh traidisiúnta a dhéantar an láithriú béil a chleachtadh den gcuid is mó ag an bhféile seo. Tarraingíonn filí ar mhodhanna láithrithe ilmheáin ag Éigse na Gréine (Amergin Solstice Poetry Gathering) in Uíbh Ráthach. Sampla thar a bheith éifeachtach ná an láithriú cumhachtach a dhein Paddy Bushe féin ar a dhán ar scéal bunaidh Aimirghin i dteannta ceoil agus fisealaíne<sup>41</sup>. Tá Bushe tar éis a bheith ag IMRAM agus tá cur amach agus taithí aige ar na múnlaí láithrithe seo.

---

<sup>41</sup> Tá an leagan comhaimseartha den dán cáiliúil Aimirghin a chum Paddy Bushe ar fáil ag an nasc seo: [https://www.youtube.com/watch?v=r1KCgmHK7Yo&feature=emb\\_title](https://www.youtube.com/watch?v=r1KCgmHK7Yo&feature=emb_title)

Fearacht na bhfilí, aontaíonn Holstead (2019) nach n-éiríonn leis an gcur chuige traidisiúnta i gcónaí ag léamha agus féilte filíochta. Suíonn sí an cheist seo faoi ghaol nó baint na bhfilí leis an bpobal i gcomhthéacs níos leithne ná na gnáthfhearainn lena mbaineann cleachtadh na filíochta. Braitheann sí gur chóir a bheith níos oscailte do shlite eile chun conair a thógaint idir filí agus an pobal ní hamháin an cnuasach agus an léamh filíochta.

Domsa, tá fadhb leis an crot agus leis na saghas rudaí a bhímid ag súil leis laistigh den chrot san. Ceapaim nach bhfuil siad réadúil a thuilleadh.

(Holstead 2019)

Is dóigh le Holstead go bhfuil saineolas le tairiscint ag na filí dá bpobal ach caithfear smaoineamh '*lasmuigh den bhosca*' (Holstead 2019).

Creideann De Paor go bhfuil filí agus ealaíontóirí cumasacha ar fáil sa dúthaigh ach níl an struchtúr oiriúnach ar fáil chun go gcuirfear tograí den saghas sin ar bun. Í a tuairim féin í nach bhfuil dóthain ar siúl ag na heagraíochtaí áitiúla chun an deis sin a chur ar fáil don bpobal.

Tá na deiseanna ann ach níl an cur chuige ann. Níl fhios agam an bhfuil sé leagtha amach ag éinne mar chur chuige...Is Ní fés na healaíontóirí féin é sin a dhéanamh chun an saghas teagmháil sin a dhéanamh leis an bpobal. Is amhlaidh nach bhfuil an deis san á thabhairt, nach bhfuil an nascadh san cothaithe go bhfaighfí rud éigin a chur ann chun cúnamh a thabhairt do dhaoine a thabhairt thar tairseach go dtí seomra na filíochta.

(De Paor 2019)

### **Proifíl an lucht freastail ag imeachtaí filíochta áitiúla**

Thug idir fhilí agus chinnirí cultúrtha áirithe le fios go mbíonn aicmí ar leith pobail chun tosaigh ag imeachtaí filíochta go háitiúil. Baineann dúshlán le pobail eile taobh amuigh den gcroíphobal seo a tharraingt isteach.

Tá saghas pobal ealaíontóirí ann a fhreastalaíonn ar gach aon rud. Sin iad an hardcore grúpa... Bheifeá ag caint ar dlúthphobal de b'fhéidir caoga duine. Ealaíontóirí de shaghas éigin iad go léir... Tá dúshlán ann éinne lasmuigh den giorcal teann san a mhealladh agus is cuma cén aois iad.

(De Paor 2019)

Níl an méid san suime ag gnáthmhuintir na háite, is dóigh liom, ní féidir liom a bheith deimhintheach. Tá notable exceptions. B'fhéidir nach bhfuil an méid san suime ag muintir na háite ann. Cuirfidh mé mar sin é, go ginearáltha, tá sé íseal ar an speictream de rudaí go bhfuil suim acu ann. Now dá gcuirfeá ceist orm ó thaobh caid – suíomh go hiomlán eile!

(Mulcahy 2018)

Is iad na nuachainteoirí nó cine isteach is mó a léiríonn spéis, dar leis, san fhilíocht. Díol spéise a bhfuil ráite ag Mulcahy anseo. Is léir ón mbreathnóireacht

atá déanta agam féin ar fhéilte filíochta go háitiúil ná go mbíonn freastal áirithe ag *'gnáthmhuintir na háite'* ann ach is daoine iad a bhfuil spéis san fhilíocht féin acu. Is minic gur scríbhneoirí ó cheantair eile is mó a bhíonn ag freastal ar an bhFéile Bheag Filíochta, mar shampla.

D'inis Justin Mac Cárthaigh (2019) scéal mar gheall ar thriúr fear ar bhuaile sé leo agus iad tar éis cloisint mar gheall ar an bhFéile Bheag Filíochta. Nuair a bhí an fhilíocht á plé eatarthu, d'aithris an bheirt dán mór fada le Seán Ó Duinnshléibhe ar an toirt. Dar leis go bhfuil go leor de mhuintir na háite a bhfuil an cumas aithriseoireachta sin acu agus meas acu ar an bhfilíocht ach nach mbíonn siad sásta *'vótáil lena gcosa go poiblí'* agus teacht chuig na himeachtaí (Mac Cárthaigh 2019). Luaigh sé go bhfeictear dó gur leasc le daoine a bheith páirteach i saol na filíochta mar go mbaineann *'ardnósachas'* cuid mhaith in aigne daoine fúithi (Mac Cárthaigh 2019).

Ní i gCorca Dhuibhne amháin a bhraitear nach bhfreastalaíonn an pobal áitiúil ar léamha agus féilte filíochta go rómhinic. Deir Fíona De Buis nach bhfuil an oiread sin spéise ag muintir na háite san fhilíocht in Uíbh Ráthach. Creideann sí go bhfuil gaol díreach idir easpa lucht léitheoireachta/éisteachta agus an easpa meánaicme atá ann de bharr an mheathlaithe atá tagtha ar an daonra sa dúthaigh.

B'fhéidir go mbraithfeá go bhfuil sé seo cineál snobbish ach níl aon mheánaicme sa cheantar mar imíonn gach éinne atá ag lorg post nó éinne go bhfuil oideachas tríú leibhéal orthu mar shampla. Fágann sé sin nach bhfuil an oiread san léitheoirí, léitheoirí nó léitheoirí filíochta, léitheoirí full stop b'fhéidir.

(De Buis 2019)

B'amhlaidh léamh Denvir (1997) breis is fiche bliain ó shin ina shaothar clúiteach *'Litríocht agus Pobal'* nuair a d'aithin sé gurbh í an mheánaicme is mó a théann i ngleic leis an litríocht sa Ghaeilge.

Fágann seo ar fad gur den mheánaicme cathrach léitheoir na Gaeilge ina sheomra suí féin agus é scoite amach ó phobal ar bith – agus den mheánaicme an dream ar spéis leo cúrsaí cultúir agus ealaíne i gcoitinne? Ní de thimpiste gur léachtóirí ollscoile, múinteoirí, státseirbhísigh agus a leithéidí formhór ár scríbhneoirí.

(Denvir 1997: 34)

Is tábhachtach leibhéal ardoideachais fhilí an taighde seo a mheabhrú chomh maith leis an tábhacht a bhain leis an gcaipiteal cultúrtha agus teanga sa bhaile agus iad ag fás aníos. Is díol spéis nach féidir linn scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt na filíochta ná an lucht léitheoireachta beag beann ar thoscaí aicmíocha agus socheacnamaíochta.

Más fíor nach bhfuil bheith istigh á thabhairt do phobail áirithe san fhilíocht tagann an fhianaise seo salach ar spriocanna polasaithe ealaíona náisiúnta. Féach go bhfuil áit lárnach ag an bpobal agus an cothromas deiseanna i straitéisí éagsúla a bhaineann leis na healaíona cruthaitheacha agus an cultúr anseo in Éirinn - Éire Ildánach (2017 – 2022), ‘Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025) agus Straitéis Ealaín na Gaeltachta (2018 – 2022).

Tá an *‘rannpháirtíocht leis an bpobal’* ina sprioc threorach ag fíís na Comhairle Ealaíne. *‘Tá an pobal lárnach inár sainchúram reachtúil agus lenár bhfíís i gcomhair na n-ealaíon’* (An Chomhairle Ealaíon 2016: 30). Príomhspríoc de chuid Ealaín na Gaeltachta ná an rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú i measc na bpobal éagsúla sa Ghaeltacht (Ealaín na Gaeltachta 2018: 19).

An amhlaidh go bhfuil neamhaird á tabhairt againn ar aicmí áirithe pobail? Ag cuimhneamh dúinn ar mhórbhéim bheartas an rialtais ar dhea-thionchar na cruthaitheachta ar reimsí éagsúla den saol, ba thábhachtach dúinn an cheist seo a chíoradh níos míne amach anseo, cé dó an fhilíocht?

Is spéisiúil an easpa tosaíochta a thug cuid de na filí don bpobal. Níl an dearcadh seo ag teacht le léamha lucht critice ar an gcruthaitheacht. Dar le Gläveanu nach féidir leis an duine cruthaitheach neamhaird a dhéanamh den ‘audience’ nó den bpobal toisc go luíonn peirspictíocht, dearcadh agus áit an phobail go doimhin ar shícé an duine chruthaithigh. Is minic áfach go mbíonn tábhacht agus láithreachta an phobail agus na luachanna cultúrtha seo ann go neamhchomhfhiosach (Gläveanu 2013: 74).

Creideann léirmheastóirí Gaeilge éagsúla go bhfuil rioscaí ann go bhféadfadh filí éirí as cleachtadh na filíochta gan teagmháil a bheith ar fáil ó phobal éigin.

Heaven and earth have not yet seen the man who could go on producing great work without a sensitive and exacting audience.

(Ó hAnluain 1986: 22)

Is díol spéise an oiread filí a n-éiríonn leo an chéad chnuasach a chur díobh féin, agus geallúint ann, ach nach gcnuasáíonn siad arís.

(Ó Dúill 2000: xxxi).

I am not so sure if I would continue to write in Irish if I discovered that I was not being read or listened to at all, which is always a risk with every Irish-language publication.

(Ní Dhuibhne 2004: 81)

Léiríonn an taighde seo go bhfuil dúshlán suntasach ann maidir le pobal léitheoireachta agus éisteachta a chothú. Tá saineolas, féidearthachtaí agus múnlaí eiseamláireacha ar fáil sna ceantair agus lasmuigh díobh ach níl aon struchtúir leagtha amach chun an fhís agus na féidearthachtaí seo a chur i dtoll a chéile, a phlé agus a fhíorú. Níor mhór peirspictíocht an phobail a chur i gcomparáid lena bhfuil á n-áiteamh ag na filí agus ag na cinnirí cultúir. B'fhiú go mór taighde rannpháirtíochta a dhéanamh ar thaithí an lucht éisteachta féin ag léamha filíochta. D'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir taithí an lucht éisteachta a fhreastalaíonn ar léamha le IMRAM, ina gcuirtear béim ar mhodhanna láithrithe ilmheáin agus nuálaíochta a chur i gcomparáid le féilte a ndéantar an léamh traidisiúnta ón leathanach a chleachtadh.

Ba thábhachtach straitéis a fhorbairt amach anseo do litríocht scríofa na Gaeilge, ina bhféadfaí deileáil go córasach le géarchéim an phobail léitheoireachta agus riachtanais agus dúshlán na gcleachtóirí féin.

Feachfar sa chéad chaibidil eile ar ghnéithe tábhachtacha seachliteartha eile d'fhearainn cleachtaithe agus cothaithe na bhfilí atá faoi chaibidil. Ag tabhairt san áireamh dúinn an taighde is déanaí sa ghort, fianaise na bhfilí agus na gcinnirí agus na leárgais a a d'eascair as ár ngrinnscrúdú ar an tírdreach eagraíochtúil, pléifimid an tionchar a bhíonn ag ceardlanna oiliúna, ag an léirmheastóireacht, comórtas litríochta ar chruthaitheacht agus ar a gcleachtais.



## **Caibidil 6: Oiliúint agus Aiseolas**

Tá oiliúint agus cumasú ealaíontóirí nó daoine cruthaitheacha i measc mórspriocanna na Comhairle Ealaíne (rannpháirtíocht an phobail an mórtosaíocht eile). Sonraítear na gnéithe seo ina straitéis ‘Saothar Iontach Ealaíne a Thairgeadh (2016 – 2025)’. Aithníonn lucht teoirice an tábhacht a bhaineann le hoiliúint i réimse na cruthaitheachta.

Tugann Sternberg (2016) achoimre ar na cúinsí a spreagann an chruthaitheacht agus ar na cúinsí a chuireann laghmhisneach ar chleachtóirí cruthaitheacha.

Like any habit, creativity can either be encouraged or discouraged. The main things that promote the habit are (a) opportunities to engage in it, (b) encouragement when people avail themselves of these opportunities, and (c) rewards when people respond to such encouragement and think and behave creatively. You need all three. Take away the opportunities, encouragement, or rewards, and you will take away the creativity.

(Sternberg 2016: 78)

### **Ceardlanna Oiliúna agus Meantóireacht**

Thug naonúr filí (Mulcahy, Ní Bheildiúin, Ó Faoláin, Ó hUallaigh, Ní Mhurchú, Moynihan, Ní Mhóráin, Ní Shíthigh agus Ó Súilleabháin) le fios gur cuid dá gcleachtas freastal ar cheardlanna filíochta. Suntasach go maith, thug Mulcahy, Ní Bheildiúin, Ó Faoláin, Ní Mhurchú agus Ó hUallaigh le fios gur spreagadh a gcéadchnuasaigh a fhoilsíú tar éis dóibh a bheith ag freastal ar cheardlann filíochta.

Níor mhiste an t-eolas tábachtach seo a chíoradh ar bhealach níos mine. Pléifear sa chuntas thíos, mar sin, na ceardlanna ba mhó a luadh le linn an taighde agus tabharfar cuntas ar thaithí na bhfilí maidir leo.

### **Ceardlanna Scríbhneoirí Gaeilge Chiarraí (1991 -)**

Cuireadh tús leis na ceardlanna seo mar chuid den bhféile ealaíona ‘Samhlaíocht Chiarraí’ a bhíodh ar siúl i dTrá Lí sna nóchaidí. Thug Máire Hearty, Iar-Oifigeach Ealaíne le Comhairle Chontae Chiarraí an fheile seo le chéile don gcéad uair sa bhliain 1991. Fuair Pádraig Mac Fheargusa agus Mícheál Ó Fionnáin† urraíocht mar chuid den bhféile níos leithne Samhlaíocht Chiarraí chun an cheardlann a chur sa tsiúl. Lean Pádraig Mac Fheargusa, Mícheál Ó Ruairc agus Pádraig Ó Snodaigh ar aghaidh leis an gceardlann i ndiaidh na féile agus leanadar ar aghaidh i gcomhpháirt. Fuaireadar tacaíocht airgid ó Údarás na Gaeltachta ag an dtosach agus fuaireadar maoiniú ó Fhoras na Gaeilge níos déanaí. Cuireadh na ceardlanna

ar siúl in áiteanna éagsúla timpeall na tíre: Contae na Gaillimhe, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Ceatharlach, Inis agus Lios Tuathail<sup>42</sup>. Dar le Mac Fheargusa go bhfuair siad tacaíocht substaintiúil ó Dheirdre Davitt a bhí ag obair le Foras na Gaeilge ag an am.

D'fhág na ceardlanna seo rian nach beag ar Ó Faoláin. Ba mar thoradh ar a bheith ag freastal ar an gceardlann seo a gríosáíodh é a chéad chnuasach 'Anam Mhadra' (Coiscéim 2008) a chur le chéile.

Is cuimhin liom an scéal seo a insint do Séamas Heaney agus bhí sé ag gáire go mór faoi mar a bhí aithne aige ar Pádraig Ó Snodaigh. Bhíomar ag briseadh ar am lóin agus chuas isteach go dtí an leithreas. Bhíos seasta ag an urinal agus tháinig Pádraig isteach agus sheas sé ag an urinal chomh maith agus chas sé chugam agus dúirt "is dócha go bhfuil cnuasach ionat" agus dúras "is dócha go bhfuil" agus dúirt sé "cuir chugam é". Dúirt mé "maith go leor" agus ansin, zip agus d'imigh sé amach.

(Ó Faoláin 2018)

Thug Siobhán Ní Shithígh (2018) le fios go bhfuair sí cabhair agus cothú ón gceardlann seo chomh maith. Go deimhin dúirt sí gur chuir Pádraig Ó Snodaigh í ag scríobh. Anuas ar an gceardlann seo, bhíodh sí ag freastal ar cheardlann eile le Ó Snodaigh a chuireadh sé ar siúl go leanúnach i gCeatharlach.

Thosnaigh sé ceardlanna ar an Satharn anseo i gCeatharlach agus thagadh sé blianta, is blianta is blianta. Bhí Pádraig Ó Snodaigh an-mhaith dhomsa. Do chuas ann agus do mhisnigh Pádraig Ó Snodaigh mé agus chuir sé ag scríobh mé.

(Ní Shíthigh 2019)

Braitheann Ní Shíthigh uaithi comhluadar na gceardlann agus luaigh sí san agallamh go mba bhreá léi dá mbeadh a leithéid de thacaíocht ar fáil di anois. Ceistíonn sí go láidir an cinneadh a deineadh an urraíocht ar fad a bhaint den gceardlann agus creideann go bhfuil easnamh ar leith ann de bharr na gcinntí sin. Imríonn an t-easnamh seo tionchar diúltach ar fhilí agus ar an gcruthaitheacht (Ní Shíthigh 2019). Sampla eile é seo den ról cinnireachta a thógann daoine indibhidiúla maidir le cur chun cinn na filíochta gan aon struchtúr tacaíochta buan acu.

Tá an grúpa ag leanúint ar aghaidh go fóill ach tá riosca mór i gceist go dtiocfaidh deireadh ré na ceardlainne seo má imíonn na stiúrthóirí ón gcúram. Tá gá le bonn níos seasmhaí a chur faoi cheardlanna dá leithéid agus struchtúir tacaíochta a

---

<sup>42</sup> Bailíodh an t-eolas seo ó theagmháil leanúnach ríomhphoist le Pádraig Mac Fheargusa

bheith ceaptha dóibh. Níor mhiste cuimhneamh ar an dea-chleachtas chun maoiniú a bhaint amach.

Tá easpaí áirithe i gcur chuige na ceardlainne seo. Níl daoine óga á gcothú ag an gceardlann seo mar shampla. Tá na pearsana céanna ag gabháil don stiúradh le nach mór tríocha bliain. Tá srian ar an tacaíocht a thugann an cheardlann chomh maith toisc nach ligtear isteach ach grúpa de 10-12. Ní dhéantar aon phoiblíocht chórasach ar an gceardlann; a bhaineann leis na heaspa acmhainní atá acu.

### **Ceardlanna an Dísirt (2006 – 2016)**

Cuireadh tús leis na ceardlanna seo sa Díseart sa bhliain 2006. Ritheadh na ceardlanna le tacaíocht airgid ó Ealaín na Gaeltachta ag an dtús. D'fhostaigh An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta Nuala Ní Dhomhnaill mar scríbhneoir cónaitheach mar sna blianta 2007 agus 2008. Ghlac Ceaití Ní Bheildiúin leis an ról ansin do thréimhse leathbhliana sa bhliain 2008. Ní raibh aon tacaíocht airgid á fáil ó Ealaín na Gaeltachta idir 2009 – 2016. Lean An Moinsíneoir Ó Fiannachta ar aghaidh gan aon tacaíocht airgid idir 2008 – 2016.

Thug Ní Mhóráin, Ní Bheildiúin, Ó hUallaigh, Ní Mhurchú, Ó Dúshláine agus Moynihan suntas do thionchar na gceardlann seo orthu féin agus ar fhilí eile sa dúthaigh. Bhí teacht le chéile agus seisiún oiliúna leanúnach ar fáil ag na filí áitiúla ar feadh deich mbliana. Bhí tacaíocht acu ón gcomhlacht foilsitheoireachta 'An Sagart' agus Ó Fiannachta ina eagarthóir/stiúrthóir air. Bhí caipiteal cultúrtha agus oideachais eisceachtúil ag Ó Fiannachta. Iar-Shagart agus Iar-Ollamh leis an Sean-Ghaeilge agus an Nua-Ghaeilge ab ea é. Ba fhile é féin agus bhí saoirse ar leith aige nuair a d'aistrigh sé siar go Corca Dhuibhne sna nóchaidí agus é ar pinsean ollscoile.

D'aithin Moynihan an tionchar mór a d'imir An Moinsíneoir ar fhilí an cheantair, cé nár ghlac sí féin páirt sna ceardlanna ar a *'cúiseanna fhéinig'*.

Bhí an Moinsíneoir an-lárnach i saol chuid mhaith des na filí. Aithním go raibh sé an-thábhachtach agus an-lárnach do an-chuid daoine do Danny ach go háirithe, gur dheineadar an-chuid, go raibh an-tionchar aige air. Louis Mulcahy chomh maith, Ceaití, Bríd, Peadar.

(Moynihan 2018)

Thug Ní Mhóráin *'fáidh'* ar an bhFiannachtach sa dán ómósach a scríobh sí ina cnuasach 'Saothrú an Ghairdín' (An Sagart 2015). *'Fáidh é an Fiannachtach ina dhúiche fhéin... cúrsa ár réalt eolais'* (Ní Mhóráin 2018: 161). D'fhoilsigh sé ceithre

chnuasach dá cuid agus thug sé deiseanna ilchineálacha eile di agus é ag feidhmiú mar scríbhneoir cónaitheach agus stiúrthóir an Dísirt.

Bhí an Moinsíneoir ar dhuine de na chéad daoine a thóg ceann dem' dhánta agus, ó d'fhoilsigh sé Faoi Bhrat Bhríde, ní scríobhadh sé chugam riamh gan "Bríd Ní Mhóráin, file" a thabhairt orm.

(Ní Mhóráin 2018: 162)

Thagair Ó hUallaigh chomh maith don tionchar a bhí ag Ceardlann an Dísirt air agus thrácht ar an tsároiliúint a tugadh dó.

Bhí na ceardlanna sin ar fheabhas do gach éinne againn...Bhí an Fiannachtach ina Ollamh agus fuairamar an-oiliúint óna bheith ag éisteacht leis an bhfear.

(Ó hUallaigh 2018)

Ba iad na ceardlanna seo a spreag Ní Mhurchú chun na filíochta den gcéad uair. Ba dhrámadóir í roimhe sin ach mheall Ó Fiannachta chun na filíochta í. Dar léi go mbíodh próiseas oiliúna agus meantóireachta rialta ar fáil di. *'Shuíodh' sí 'síos gach lá' agus scríobhadh sí dánta. Sheoladh sí 'na dánta chuige san oíche' agus thagadh sé ar ais an mhaidin dár gcionn. 'Sin an tslí a fuairéas spéis sa filíocht mar tá sé chomh fuirist dán a scríobh seachas dráma mór fada'* (Ní Mhurchú 2018).

Lean toradh suntasach foilseachán na ceardlanna seo a mhair deich mbliana. Foilsíodh trí chnuasach filíochta comhpháirtíochta – *Mil na Ceardlainne* (An Sagart 2008), *Criathar Meala* (An Sagart 2009) agus *Mil ina Slaoda* (An Sagart 2011). Sa réamhrá a scríobh sí don gcnuasach *Criathar Meala* dúirt Brenda Ní Shuilleabháin, scoláire agus stiúrthóir an chomhlacht léiriúcháin Dovia Teo, gur leabhar agus grúpa neamhghnách iad filí agus meantóirí na ceardlainne (An Sagart 2009).

Labhrann an leabhar so as croí pobail... Saothar bliana, léargas comhaimseartha atá sa díolaim seo, díolaim nach dtagann a leithéid ach go hannamh.

(Ní Shuilleabháin 2009: 1)

Féach chomh maith gur tháinig céadchnuasach filíochta Ní Mhurchú *'Duilleoga Draíochta'* (An Sagart 2008), *'An Teorainn Bheo'* (Coiscéim 2007) le Ceatí Ní Bheildiúin, *'Dhá Chlog ag Bualadh'* (An Sagart 2012) le Louis Mulcahy agus *'Tír Tairngire'* (Coiscéim 2009) le Peadar Ó hUallaigh amach le linn bhlianta tosaigh na ceardlainne seo.

Ba le linn na tréimhse seo a d'fhoilsigh Ó Faoláin *'Anam Mhadra'* (Coiscéim 2008) agus Moynihan *'Canals of Memory'* (Doghouse 2008) agus Ní Chinnéide *'An Trodaí agus Dánta Eile'* (Cló Iar-Chonnacht 2006) a gcéad chnuasach chomh maith cé

nach n-aithníonn siadsan an cheardlann mar spreagadh dóibh féin go pearsanta. Is fíor go raibh cúinsí eile ag feidhmiú ar chothú agus ar mhisneach na bhfilí ag an am seo, ina measc, tacaíocht ón Lab sa Daingean agus An Fhéile Bheag Filíochta.

Bhí tionchar ar leith ag na ceardlanna seo ar na filí seo a luadh a fuair idir oiliúint, dheis comhludair agus ardán foilsithe uaidh. Cailleadh an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta sa bhliain 2016. Tháinig deireadh leis na ceardlanna, áfach, an bhliain chéanna inar cailleadh é, cé gur eagraigh Tadhg Ó Dúshláine ceardlanna sa Díseart ar feadh tamaill le linn na bliana 2017. Bhí Ó Dúshláine agus Ó Fiannachta ag obair le chéile in Ollscoil Mhá Nuad. Mar sin bhí gréasánú áirithe idir an bheirt acu agus nasc láidir acu leis an gcomhlacht foilsitheoireachta An Sagart. Thóg Ó Dúshláine seilbh eatramhach ar An Sagart nuair a cailleadh An Moinsíneoir. Fearacht roinnt eile d'fhilí an staidéir seo (Ó Muirheartaigh, Ó hUanacháin, Bushe, Ní Chinnéide) bhí oiliúint agus taithí ar leith aige ar chúrsaí eagarthóireachta, agus tá sé ag feidhmiú mar stiúrthóir ar réimse foilsithe na n-irisí acadúla agus saothar scríbhneoirí na Mumhan faoi láthair.<sup>43</sup>

### **Ceardlanna Na Féile Bige Filíochta (2006 –)**

Bíonn ceardlann filíochta Béarla agus Gaeilge ar siúl gach bliain mar chuid den bhFéile Bheag Filíochta. Thángthas ar an eolas seo sa tábla thíos ón ransú ar cháipéisí/foinsí a deineadh mar chuid den taighde. Tá eolas ar fáil sa tábla thíos maidir leis na ceardlanna agus na filí a stiúraigh iad ó 2012 – 2018 (Suíomh Lín, An Fhéile Bheag Filíochta 2020).

**Tábla 5: Stiúrthóirí Ceardlann an Fhéile Bheag Filíochta 2008 - 2019**

<b>Bliain</b>	<b>Stiúrthóir</b>
2012	Paddy Bushe/Bríd Ní Mhóráin
2013	Liam Ó Muirthile
2014	Nuala Ní Dhomhnaill
2015	Mícheál Ó Ruairc
2016	Biddy Jenkinson

<sup>43</sup> Leanann *An Sagart* mar chraobh de 'Cumann na Sagart', an tsraith 'Dán agus Talann' le tabhairt ar lámh do *Cló*; déanfar cúram na spioradáltachta / cráifeachta a roinnt le *FÁS*. Leanfar le *LCC*, *IMN* agus saothar scríbhneoirí na Mumhan faoina stiúir. Bailíodh an t-eolas seo ó theagmháil ríomhphoist leis an Dr. Tadhg Ó Dúshláine.

2017	Pádraig Ó Snodaigh
2018	Áine Ní Ghlinn
2019	Nuala Ní Dhomhnaill

Thug Simon Ó Faoláin (2020) le fios gur spreag ceardlann na bliana 2019 na rannpháirtithe cinneadh a dhéanamh chun freastal ar cheardlann leanúnach scríbhneoir cónaitheach Oidhreacht Chorca Dhuibhne (Dairena Ní Chinnéide).<sup>44</sup> Is gnáthach go mbíonn stiúrthóirí na gceardlann timpeall an deireadh seachtaine a éascaíonn deiseanna gréasánaithe. Bíonn deiseanna láithrithe ag ócáidí léamha filíochta chomh maith mar chuid den bhféile ina mbíonn deis ag na rannpháirtithe a gcuid dánta a léamh.

### **Ceardlanna Scéim Chéatadáin na nEalaíon - Comhairle Chontae Chiarraí (2005 – 2006)**

Cuireadh an cheardlann seo ar bun le linn Gheimhreadh na bliana 2005 – 2006. Bhí urraíocht ar fáil di faoi Scéim Chéatadán na nEalaíon le Comhairle Chontae Chiarraí le tacaíocht ón Roinn Comhshaoil. Faoin scéim sin, cuirtear 1% de mhaoiniú iomlán tionscadal mór caipitil ar fáil d’imeacht nó do thogra ealaíne. D’fheidhmigh Oidhreacht Chorca Dhuibhne mar pháirtneírí áitiúla agus fuarthas tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta chomh maith. Ceardlann scríbhneoireachta ab ea é ina raibh filí páirteach inti.

Bhíodh Máirín Feirtéar, Ceatí Ní Bhéildiúin, Louis Mulcahy agus Mícheál Ó Dubhshláine i láthair ag an gceardlann, mar aon le Domhnall Mac an tSíthigh (Ní Mhóráin 2018). Tháinig an foilseachán *“Idir Chruach is Chuan – Cúirt Phiarais: Saothar Nua ó Chorca Dhuibhne”* (Comhairle Chontae Chiarraí 2006) de thoradh ar obair na sraithe ceardlann seo. Bhí idir fhilíocht, ghearrscéalta agus úrscéalta ann.

Agus an tráchtas seo á scríobh, tá ceardlanna scríbhneoireachta tosnaíthe ag Dairena Ní Chinnéide agus í fostaithe mar scríbhneoir cónaitheach le hOidhreacht Chorca Dhuibhne. Beidh na ceardlanna seo ar siúl go leanúnach go samhradh an bliana 2020.

---

<sup>44</sup> Teagmháil ríomhphoist

Bhraith Moynihan (2018) agus Ní Bheildiúin (2018) beirt nach raibh an oiliúint chuí faighte acu san fhilíocht agus agus chreideadar go bhfuil easnamh áirithe ann ó thaobh a gcleachtas da réir.

Thug Moynihan le fios go mbraitheann sí easpa áirithe ar a cumas. Is dóigh léi go bhfuil eolas ar leith ag teastáil ón bhfile ar an traidisiún, ar fhoirmlí agus ar mheadaracht na filíochta. Mhol sí san agallamh go gcuirfí cúrsa ar leith ar fáil d'fhilí ar cheird na filíochta, go mbeadh tuiscint agus caighdeán ag baint le cleachtais na bhfilí dá bharr.

Is dóigh liom gur chóir go mbeadh bunús éigint ag gach duine agus go bhféadfadh leis an saoirse teacht amach as san. Braithim an easpa sin orm féin go pointe ach n'fheadar cá raghfá fhéin chun é a d'fháilt.

(Moynihan 2018)

Tuilleann moladh Moynihan go mbeadh ceardlann dírithe ar sheanmheadarachtaí an traidisiúin Ghaelaigh breis plé. Ní chuirtear a leithéid de cheardlanna ar siúl ag aon eagrais faoi leith faoi láthair. Is fíor go mbeadh eolas níos fearr ag filí áirithe ar fhoirmlí foirmeálta filíochta ná mar a bheadh ag daoine eile, ag brath, mar shampla ar chéim a bheith déanta acu sa Ghaeilge.

Chinn Ní Bheildiúin ar imeacht go ceardlann Béarla chun teacht ar eolas níos fearr ar cheird na filíochta. Braitheann sí níos muiníní ina cleachtas anois toisc gur fhreastail sí ar an gceardlann seo.

Dheineas trí cheardlann ó shin le daoine difriúla mór le rá agus braithim anois go bhfuil tuiscint agam agus muiníneach go bhfuil fhios agam cad is dán ann agus fhios agam cad iad na rudaí nár cheart déanamh agus ba cheart, na rudaí a oibríonn agus nach oibríonn.

(Ní Bheildiúin 2018)

Bíonn fáil ar an gcineál ceardlann tosaigh seo in Éigse Éireann (Poetry Ireland). Cuireann Éigse Éireann sraith thrí cheardlann 'Poetry Ireland Introductions' ar fáil do thosnaitheoirí a thugann bunoiiliúint dóibh san fhilíocht. Bíonn an scéim oscailte d'fhilí Gaeilge. Cuirtear meantóir ar fáil le Gaeilge má éiríonn le filí Gaeilge sa phróiseas meastóireachta (Kennelly 2019). Thug Maureen Kennelly, Iar-Stiúrthóir Éigse Éireann le fios gur fheidhmigh Nuala Ní Dhomhnaill mar stiúrthóir/meantóir nuair a d'éirigh leis an bhfile Ciara Ní É mar shampla an tacaíocht seo a bhaint amach (Kennelly 2019).<sup>45</sup> Foilsíonn Éigse Éireann agus

---

<sup>45</sup> Bhí Maureen Kennelly ag feidhmiú mar Stiúrthóir ar Éigse Éireann nuair a cuireadh agallamh uirthi le linn na bliana 2019. Tá sí ceaptha ina Stiúrthóir ar an gComhairle Ealaíon ó Mhí na Márta 2020.

Áras Scríbhneoirí na hÉireann bileoga comhairle ar a suíomhanna lín maidir le forbairt phroifisiúnta an scríbhneora. Tá forbairt deiseanna oiliúna mar seo d'fhilí ina sprioc lárnach de phlean trí bliana na Comhairle Ealaíne chomh maith (2020 – 2022):

Introduce a new professional development programme, in partnership with international, national and local agencies, to enable artists to advance their skills and develop their careers.

(An Chomhairle Ealaíon 2019a: 11)

Gné thábhachtach de chothú an duine chruthaithigh é fáil a bheith ar mheantóirí. Is minic go n-imríonn meantóirí tionchar mór ar an duine a théann faoina c(h)úram (Csikszentmihalyi 1999: 328).

Chonaiceamar go raibh feidhm thábhachtach ag An Moinsíneoir Ó Fiannachta mar mheantóir i gCeardlann an Dísirt. Is féidir Ó Fiannachta a áireamh mar aisteoir cruthaitheach sa mhórsceál atá á reic faoi chothú agus chleachtais fhilí an staidéir seo. Ba mhó ábhar féideartha a chuir Ó Fiannachta chun cinn a chuaigh chun leas shaol na filíochta agus an chultúir Ghaelaigh ina cheantar, go háirithe ón mbliain 1996 ar aghaidh nuair a d'fhill sé siar ó Mhá Nuad ar Chorca Dhuibhne.<sup>46</sup> Trí na buanna ar leith léinn agus na buanna sóisialta a bhí aige, bhí ionchur tábhachtach aige i mealladh daoine cruthaitheacha le chéile agus i bhforbairt ionad buan a raibh fáil air do cheardlanna agus d'imeachtaí rialta eile (mar shampla Lón Anama de chuid An Lab agus imeachtaí de chuid na Féile Bige Filíochta (Moynihan 2018).

Chuir an Monsignor Ó Fiannachta tacaíocht mar airgead ar fáil agus tacaíocht mar dhuine ar fáil, mar fhile. Thug sé an treoir dom, misseálaim go mór é.

(Ní Mhurchú 2018)

Thug De Paor agus Holstead le fios gurb é an tionchar is mó a bhí ag an gceardlann seo ná gur éirigh léi meitheal chruthaitheach filí a tharraingt le chéile go rialta ar feadh tréimhse deich mbliana. Luaigh De Paor go bhfuil féidearthachtaí iontacha ann i gCorca Dhuibhne más féidir meitheal filí mar sin a tharraingt le chéile arís. *'Dá mbeadh sé sin agat, gheobhfaí rud éigin a chur ar siúl nó a chur ar fáil as an meitheal san i gCorca Dhuibhne Beo mar shampla'* (De Paor 2019). Tagann Holstead (2019) leis an áiteamh céanna, gur chóir struchtúir mar seo a chur ar an bhfód arís.

---

<sup>46</sup> <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=5025>



Is dócha go bhfuil bearna ansan anois so n'fheadar b'fhéidir go bhfuil bearna beag ó thaobh na filí a bheith ag teacht le chéile go rialta cé go bhfuil na hócáidí an fhéile mar shampla iontach tábhachtach fós... Má tá suim ag filí ann, ba bhreá liom rud éigin mar sin.

(Holstead 2019)

Cruthaíonn an bhearna seo riosca áirithe do thodhchaí na filíochta sa cheantar. Mar a scríobh Bríd Ní Mhóráin i ndán ómóis don Moinsíneoir: *'Ba chosúil le tobar gan dísc a ghníomhartha gaisce tar éis filleadh do ar a fhód dúchais'*.<sup>47</sup> Ghríosaigh Ó Fiannachta céadshaothar ó Mulcahy, Ó hUallaigh agus Ní Mhurchú agus thug deis agus ardán foilsithe dóibh agus d'fhillí eile.

Chuir an Monsignor Ó Fiannachta tacaíocht mar airgead ar fáil agus tacaíocht mar dhuine ar fáil, mar fhile. Thug sé an treoir dom, misseálaim go mór é.

(Ní Mhurchú 2018)

Thóg Ó hUallaigh, Mulcahy, Ní Bheildiúin agus Ní Chinnéide ceann sna hagallaimh den tionchar a bhí ag Nuala Ní Dhomhnaill orthu. Mhaígh Ní Chinnéide (2018) go neamhbhalbh nach mbeadh sí tagtha chun aibíochta ná nach mbeadh 'guth' aici mar fhile murach an oiliúint a fuair sí ó Nuala Ní Dhomhnaill.

Ní bheadh aon leabhar scríte agam murach Scéim na nOidí le Bord na Leabhar Gaeilge a thug deis dom oibriú le Nuala Ní Dhomhnaill sular foilsíodh an chéad leabhar. Ní bheadh aon leabhar foilsithe murach an scéim sin mar ní raibh aon mhisneach agam im chuid scríbhneoireachta agus thug Nuala guth dom.

(Ní Chinnéide 2018)

Bhí Nuala ann ag an am san. Bhí sí sin an-dheas liom... Bhí sin do diail mar bhí sí ana-supportive ar fad. Bhí sí an-shásta nuair a tháinig an chéad leabhar amach... Nuala a mhol go dtriallfaidh mé amach an Ghaelainn. Leis an Monsignor – dánta Béarla a bhí an ansan. Thosnaíos air gan cuimhneamh agus taobh istigh de tamall gairid bhí bailiúchán agam.

(Mulcahy 2018)

Labhair Mulcahy (2018), Ní Bheildiúin (2018), Ní Mhurchú (2018) agus Moynihan (2018) ar an tionchar a bhí ag ceathrar a cailleadh le blianta beaga anuas ar chleachtadh na filíochta go háitiúil. Chuir siad béim ar Domhnall Mac an tSíthigh agus An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta go speisialta. Labhair Mulcahy (2018) agus Ní Mhóráin (2018) chomh maith ar an spreagadh a bhí ar fáil ó Mháirín Feiritéar (2013) a chabhraíodh go minic le Louis Mulcahy maidir le mionchúrsaí teanga agus Mícheál Ó Fionnáin (2010) de bharr an ghaoil a bhí aige leis an gCaifé Liteartha agus le Féile na Bealtaine.

---

<sup>47</sup> luaite sa bheathaisnéis a scríobh Éilís Ní Anluain ar an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta, ar fáil: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=5025>

D'fhéach Mulcahy (2018) ar bhás Dhomhnaill Mhic an tSíthigh agus An Moinsíneoir mar bhuillí troma do shaol na filíochta agus an cheantair araon.

Is cailliúint mór iad an beirt atá imithe, an Monsignor agus Danny ag an am céanna. Bhí an beirt san an-spreagúil sa slí go raibh an beirt acu chun tosaigh go rabhadar le feiscint sa cheantar.

(Mulcahy 2018)

Léirigh fianaise na bhfilí sna hagallaimh nár tháinig aon mheitheal filí Gaeilge le chéile in Uíbh Ráthach le fada. Bíonn ceardlanna filíochta mar chuid den bhféile nua 'Amergin Solstice Poetry Gathering' le file Béarla agus file Gaeilge. Is filí a thagann isteach ón dtaobh amuigh a bhíonn mar stiúrthóirí ar na ceardlanna seo. Cén fáth an bhearna seo? Is léir ón aithne atá curtha againn ar Bushe go nuige seo sa staidéar go mbeadh ar a chumas tabhairt faoina leithéid. An amhlaidh nár léiríodh spéis i gceardlann a bheith ar fáil don bhfilíocht Ghaeilge?

D'éirigh le Bushe tionchar a imirt ar an bhfile Béarla Seán Sugrue. Thug Sugrue (2019) le fios ina agallamh siúd go bhfeidhmíonn Bushe mar mheantóir tábhachtach dó féin.

Paddy has been a huge mentor to me... giving us some of his books and so much of his time. We'd bring in our poems thinking they are the best thing ever and he has such a good eye and a very honest person. He is a very good critique, he doesn't try to fluff over things. When I read something now, I think, what would Paddy say?

(Sugrue 2019)

Rith Bushe sraith ceardlann le linn na bliana 2018 do ghrúpa filí Béarla a bhí ag teacht chun cinn sa dúthaigh. Níorbh í an fhilíocht Ghaeilge a bhí '*ar a n-aighe*' (Bushe 2018). Bhí rath ar an gceardlann agus bíonn teacht le chéile '*mic-oscailte*' ag an ngrúpa go seachtainiúil acu i dtithe tábhairne i gCathair Saidhbhín. Ní thagann daoine le dánta Gaeilge ann de ghnáth.

Cé nach léir go raibh tionchar ag Paddy Bushe ar fhile Gaeilge nua a spreagadh chun cruthaitheachta go háitiúil in Uíbh Ráthach, bíonn dlúthghaol leanúnach aige le filí Chorca Dhuibhne. Labhair Ní Mhóráin, Ní Bheildiúin, Mulcahy agus Moynihan go sonrach ar an spreagadh a chuireann Paddy agus Fíona de Buis ar fáil dóibh féin.

Beidh mé fíorbhaoch go deo, táim an-bhaoch go deo do Phaddy agus do Fíona, a thug an chuid deiseanna dom bheith ag léamh, sin rud eile, Féile na Brídeoige.

(Ní Mhóráin 2018)

Téim síos go hUíbh Ráthach chuig na rudaí a bhíonn ag Paddy agus Fíona, tá siad go hiontach na rudaí a chuireann siad ar fáil.

(Ní Bheildiúin 2018)

Chuas go dtí ceardlann le Paddy Bushe just chun éisteacht cén saghas rud...  
Ghlaoigh sé amach orm ina dhiaidh chun a rá gur cheap sé go raibh sé exceptional.

(Mulcahy 2018)

Faighimid an-tacaíocht ó Paddy Bushe I gCiarraí Theas, tá nasc an-láidir ansan.

(Moynihan 2018)


Bíonn feidhm thábhachtach ag an tacaíocht phearsanta a thugann Paddy (agus Fíona) do na filí seo. Agus an ceathrar filí thuas (agus Sugrue) ag trácht ar a gcaidreamh le muintir de Bhuis tharraing siad anuas samplaí de dheiseanna agus d'ócaidí misnithe - na cúinsí ar leag Sternberg (2016) béim orthu maidir le cothú na cruthaitheachta. Samhlaíonn na filí thuas tréithe an mheantóra le Paddy Bushe. Is feidir mianach agus cleachtas sin Fhíona agus Phaddy a áireamh mar thréithe aisteoirí cruthaitheacha a chuireann 'ábhair féideartha' (creative affordances) ar fáil. Sa chás seo síneann tionchar Bushe níos sia ná ceantar amháin. Taispeánann an fhianaise seo gur féidir le meantóirí tionchar a imirt gan cónaí leanúnach a bheith aige nó aici sa cheantar.

### **Comórtais Filíochta**

Gné amháin de theoiric Amabile a pléadh i gcaibidil a 1 ná an nóisean gur tosca riachtanach é an t-aitheantas a thugtar don ngníomh cruthaitheach i gcothú na cruthaitheachta féin (2018: 1). Béimníonn Amabile, áfach, an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an tosca eistreach (Amabile 2018: 6). Fuaireamar amach sa chaibidil dheireanach gur láidre go mór an t-inspreagadh intreach ag tromlach d'fhilí an taighde seo (a chumann ar chúinsí inmheánacha).

Mheabhraigh sliocht Sternberg ag tús na caibidle seo go mbíonn gá le deiseanna rannpháirtíochta sa chruthaitheacht agus go mbíonn gá ag cleachtóirí cruthaitheachta le spreagadh a fháil. Baineann an tríú gné, (c), a luaitear sa ráiteas le tábhacht luach saothair, gradam nó duaiseanna mar aitheantas ar an iarracht chruthaitheach.

## Léaráid 6: Cad iad na duaiseanna a bhuaigh na filí?



Is í duais filíochta an Oireachtais an duais ba mhinice a bhuaigh filí an staidéir seo. Tá duais an Oireachtais buaite ag ochtar filí. Bhain seachtar filí duais amach ag Féile Bhéal Átha na mBuillí i Ros Comáin le Duais Cholm Chille nó Duais de hÍde (mar a thugtar uirthi le blianta beaga anuas). Déantar cur síos thíos ar an dá chomórtas filíochta is mó atá bainte amach ag filí an taighde seo: comórtas liteartha an Oireachtais agus Duais de hÍde, Féile Bhéal Átha na mBuillí.

### Comórtas Liteartha an Oireachtais

Bunaíodh Comórtas Liteartha an Oireachtais sa bhliain 1897. Deirtear ar shuíomh lín an eagrais go dtugann siad *'aitheantas agus ardán thar a bheith luachmhar do scríbhneoirí úra chomh maith le scríbhneoirí fadbhunaithe'*.<sup>48</sup> As an gceathrar filí a labhair go sonrath ar an Oireachtas sna hagallaimh, ba i dtéarmaí na gcomórtas scríbhneoireachta agus na léirmheastóireachta a ghabhann leis an bpróiseas, a díríodh ar obair an eagrais.

As measc na gcomórtas atá ar fáil d'fhilí, tá comórtas filíochta scríofa amháin dírithe ar dhaoine fásta, le duais €1,250 ar fáil agus ceann eile ar dhán aonair, le luach €400, comórtas atá maoinithe ag Éigse Éireann. Tá dhá chomórtas dírithe ar an bhfilíocht do dhaoine óga, Dán faoi 21, ar luach €300 don gcéad áit agus €200 don tarna háit agus Dán faoi 16, €200 agus €100 faoi seach. Bhíodh comórtas ann ar shaothar léirmheastóireachta ar an bhfilíocht ach tá sé sin imithe ón mbliain 2017.

<sup>48</sup> <http://www.antoireachtas.ie/comortais-liteartha/>

Feictear sna táblaí thíos na buaiteoirí as measc fhilí an taighde a bhain duais amach faoi na comórtais filíochta agus faoi na comórtais éagsúla ardán atá dírithe ar na healaíona teangabhunaithe idir na blianta 2015 – 2018.

<b>Duais Filíochta An Oireachtais do Dhaoine Fásta (Cnuasach)</b>
<b>2018</b> Ceaití Ní Bheildiúin ‘Agallamh sa Cheo (Coiscéim 2018)
<b>2017</b> Peadar Ó hUallaigh ‘Tráth na Táirsí’ (Coiscéim 2016)

<b>Dán Aonair do Dhaoine Fásta</b>
<b>2015</b> Simon Ó Faoláin ‘Na Blascaodaí ag Caoineadh Jackeen’

Labhair Ó Muircheartaigh, Ó hUallaigh agus Ó Siochrú ar an tionchar a bhí ag comórtais liteartha an Oireachtais orthu. Thug siad le fios go mbaineann luach leis an aiseolas a thugtar ag deireadh an phróisis scrúdaithe saothair.

I gcónaí faightear léirmheas ó na moltóirí agus go deimhin, foghlaimítear mórán uaidh sin. Bíonn sé an-chuimsitheach de ghnáth.

(Ó Siochrú 2018)

Na rudaí a thagann chugam ná duais an oireachtais, bíonn cúpla moltóir ann gach bliain agus scríobhann siad leathanach gach bliain ar an rud atá léite acu. Tugann sé misneach.

(Ó hUallaigh 2018)

Do bhí níos mó comórtaisí liteartha ann agus sin áit a bhfaighfeá léirmheas, de ghnáth, nuair a bheadh moltóir go maith ar an gcomortas, bheidís ionraic an chuid is mó acu ag teacht thar n-ais chugat. Bhí cuid acu agus ní raibh faic ann a scrígh siad ‘Oh go hiontach ní bhronnfaimid duais ort!’

(Ó Muircheartaigh 2018)

Ní raibh substaint gach léirmheas mar an gcéanna, dar leis. Maidir le cur chuige comhaimseartha an chórais mheasúnóireachta, is duine acadúil nó scríbhneoir a bhíonn mar mholtóir ar an gcomortas. Beirt a dhéanann an mheasúnóireacht, ach amháin mura mbíonn ach líon beag iontrálacha ar aon chomortas amháin. Maidir leis na rialacha a bhaineann le bronnadh na nduaiseanna, dar le Louise Ní Dháibhéid<sup>49</sup>, Oifigeach Imeachtaí agus Foilseachán leis an Oireachtas go mbíonn moltóirí ann a chinntíonn go gcomhlíontar na critéir atá curtha ar fáil dóibh i gclár

---

<sup>49</sup> Bailíodh an t-eolas seo ó theagmháil ríomhphoist le Louise Ní Dháibhéid, Bainisteoir Imeachtaí agus Foilseachán le hOireachtas na Gaeilge.

na gcomórtas filíochta. Má scrúdaítear na ‘critéir’ seo, áfach, chítear nach bhfuil mórán treorach ar fáil ann do mholtóirí ná d’fhillí.

Comórtas do chnuasach filíochta a bheadh infhoilsithe mar leabhar. Is ceadmhach suas le 20% de na dánta a bheith i gcló cheana. (Ba chóir sonraí faoi sin a chur in éineacht leis an iarracht).

(Oireachtas na Gaeilge 2020)<sup>50</sup>

Labhair Ó Faoláin ar an riail thuas agus dúirt go mbíonn sé deacair cur isteach ar chomórtais liteartha an Oireachtais toisc nach féidir ach céatadán áirithe den saothar a bheith foilsithe cheana.<sup>51</sup>

Ní duine cáiliúil mise ná faic, ní bhím ag scríobh ró-thapaidh agus bíonn irisí agus daoine ag lorg dánta uaim so chomh luath is a bhíonn dán, ní féidir liom fanacht go dtí go mbeidh cnuasach agam.

(Ó Faoláin 2018)

Ach sracfhéachaint a thabhairt ar an gcáipéisíocht a bhaineann le duaiseanna an Oireachtais is léir go bhfuil teora, áfach, leis an tionchar a bhíonn ag duais Oireachtais ar fhilí. Ní fhoilsítear saothar an bhuaiteora, mar shampla, mar chuid den duais. Tarlaíonn uaireanta go bhfoilsítear dréachta áirithe in irisí mar Comhar ach ní fhoilsítear aon mhóreagrán comórtha ag an Oireachtas féin. Bhí láithreach náisiúnta láidir ag ‘The Irish Book Awards’ ar na meáin náisiúnta chomh maith. Ní áirítear filíocht na Gaeilge mar chuid de na comórtais seo, áfach, cé go bhfuil filíochta an Bhéarla mar rannóg ann, agus duais do leabhar próis Ghaeilge.

### **Duais de hÍde, Féile Bhéal Átha na mBuillí**

Bíonn duais filíochta Gaeilge i measc na nduaiseanna a bhronntar ag Fhéile Bhéal Átha na mBuillí. Déantar gearrliostú ar ochtar filí a léann ag an bhféile agus dáiltear duaiseanna ar an gcéad, ar an tarna agus ar an tríú háit. Bhíodh comórtas ann do dhán Gaeilge den teideal comórtas Cholm Cille a raibh níos mó airgid ag gabháil leis (Bushe 2018). Tá Duais de hÍde tagtha in áit an chomórtais sin anois. Foilsítear cnuasach filíochta ó ghearrliostaithe na gcomórtas éagsúla gach bliain. Tá níos mó ná 40% d’fhillí an staidéir seo tar éis duaiseanna a bhuachaint ag an bhféile seo. Is léiriú ar seo ar na deiseanna a bhíonn ag filí Gaeilge ag an bhféile. Tá an duais seo buaite ag Ní Bheildiúin, Bushe, Ó hUallaigh, Ó Dúshláine agus ag Ó Faoláin. Feidhmíonn filí an staidéir seo mar mholtóirí ar an gcomórtas chomh

<sup>50</sup> <http://www.antoireachtas.ie/comortais-liteartha/>

<sup>51</sup> Ó deineadh agallamh le Ó Faoláin, athraíodh an céatadán ó 35% go 20%.

maith. Bhí Ceaití Ní Bheildiúin mar mholtóir an chomórtais 2019 agus is é Simon Ó Faoláin a dhéanfaidh moltóireacht ar an gcomórtas sa bhliain 2020.

Leag Bushe (2018), Ní Mhóráin (2018), Ní Mhurchú (2018), Ó hUallaigh (2018), Ó Muircheartaigh (2018) agus Ó Faoláin (2018) béim ar thábhacht comórtas filíochta a bheith ar fáil mar chothú agus mar aiseolas don bhfile. Luaigh na filí seo saghasanna éagsúla misnithe agus tionchair maidir leis na duaiseanna seo:

‘misneach, spreagadh agus aitheantas duit mar fhile’ (Ní Mhóráin 2018)  
‘Aitheantas d’fháil mar file/scríbhneoir’ (Ní Mhurchú 2018)

‘Is mór an spreagadh agus an misneach iad’ (Ó hUallaigh 2018)

‘Ba spreagadh agus ábhar deimhnithe iad dom’ (Bushe 2018)

‘Tá na comórtaisí anaithnide tábhachtach mar ní thagann clú ná faic isteach sa scéal. An dán amháin’ (Ó Faoláin 2018).

Ba mhór an spreagadh agus an t-aitheantas a thug na duaiseanna móra a bhuaigh Ó Faoláin dó tráth a raibh a chéad leabhar ag teacht amach (Ó Faoláin 2018). Bronnadh an ‘Duais Glen Dimplex’ air sa bhliain 2008, ‘Duais Rupert and Eithne Strong’ sa bhliain 2009 chomh maith le scata duaiseanna eile sna blianta a lean: ‘Duais Colmcille’ 2008, 2010, ‘Duais Fhoras na Gaeilge’ 2013, 2014, 2016. Bhain airgead fiúntach leis an duaiseanna áirithe seo, dar leis. Tá cuid de na duaiseanna sin imithe anois agus tá laghdú mór tagtha ar an luach atá ag gabháil leo. Bhí €5,000 ar fáil mar dhuaischiste do Dhuais an Glen Dimplex, €4,000 don Strong Award agus €4,000 ar Dhuais Cholm Chille ag Féile Bhéal Átha na mBuillí, atá athraithe anois go Duais de hÍde ina bhfuil luach €600 ar fáil (Ó Faoláin 2018). Dúirt an file go dtugann duais le dealramh aitheantas don scríbhneoir. Léiríonn sé gurbh fhiú dóibh a bheith ag scríobh.

Bhí an t-ádh liomsa an uair go rabhas ag teacht amach leis an gcéad leabhar mar ag an am san bhí an chuid comórtaisí liteartha ann lasmuigh den Oireachtas. Nuair a fheiceann daoine é sin, tá meas ar an bhfilíocht ag duine éigin agus is fiú a bheith ag scríobh.

(Ó Faoláin 2018)

Dar le Mulcahy (2018) go mbíonn sé deacair ar an bhfile am a aimsiú chun a bheith ag scríobh gan trácht ar a bheith ag cur isteach ar chomórtais. De bharr sin, ní chuireann sé isteach ar aon chomórtas.

Sin rud nach deinim mar ní bheidh an am ag an duine má tá tú chun an dá thrá a thriall – idir a bheith ag cur isteach agus ag cloí le rialacha nó...

(Mulcahy 2018)

Ní chuireann Moynihan isteach ar chomórtais filíochta. D'áitigh sí go bhféadfadh comórtais tionchar diúltach a imirt ar mhisneach an duine.

Cé go mbainim an-thaitneamh as an Oireachtas agus bualadh le seana-chairde agus bíonn muintir Inis Oírr agus muintir Chléire ann, bíonn an méid sin de go hiontach ach is fuath liom comórtaisí ach go háirithint do dhaoine. Ní bhíonn aon bhaint agam leo... Tá sé alraidht don duine a bhuann ach an duine nach mbuann, is dóigh liom gur féidir leis an easpa mhisnigh a chothú iontu má tá daoine leochaileach agus bíonn an-chuid daoine leochaileach.

(Moynihan 2018)

Tagann tuiscintí Moynihan thuas le béimeanna an chláir náisiúnta don gcruthaitheacht Éire Ildánach (2017 – 2022). Is ar an rannpháirtíocht agus na buntáistí sláinte agus sóisialta a bhaineann leis na healaíona cruthaitheacha na gnéithe a bhéimnítear sa chlár.

Níl aon tuairim aontaithe i measc na bhfilí maidir leis na comórtais liteartha ach is féidir tátail áirithe a bhaint as taithí na bhfilí agus as a bhfianaise anseo. Is léir go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh comórtais ann, agus go mbeidh airgead le dealramh ag dul leo, mar cothaíonn siad misneach agus is ábhar spreagtha iad don duine a n-éiríonn leo duais a bhaint amach. Díol spéise áfach, an easpa béime a leag na filí a raibh comórtas filíochta buaite acu ar thionchar na nduaiseanna orthu. Ba thábhachtaí le filí eile cúinsí eile cuir i gcás, ceardlanna filíochta, tionchar daoine aonair, cúinsí cothaithe sa teaghlach agus iad óg.

### **Léirmheastóireacht**

The relationship of criticism and poetry must be fraught at all times and in all cultures. Each may claim the other to be pseudo, irrelevant, overly cerebral, revolutionary or whatever. But the relationship is mutually necessary, and mutually supportive in the long-term.

(Ó Dúill 1993: 18 luaite in Ní Fhrighil & Ní Ghairbhí 2010: 303)

Dar leis an Dr. Louis de Paor go bhfuil tábhacht ag baint le critic agus le léirmheasanna a bheith ar fáil d'fhorbairt an scríbhneora agus na litríochta araon (De Paor 2018a). Cothaíonn an léirmheas an chumadóireacht filíochta agus tugann siad aiseolas tábhachtach don bhfile (Ó Dúill 1993: 19).

Thug na filí cuntas ar thionchar léirmheasanna orthu agus thug siad le fios go dtugann léirmheas ar shaothar an fhile foinse aiseolais agus treoír dóibh chun a gceird a fhorbairt (Ó Faoláin, Ní Mhurchú, Ní Shíthigh, Ó Muircheartaigh, Ó Dúshláine, Ní Chinnéide, Ní Mhóráin, Ó Súilleabháin, Bushe agus Ní Bheildiúin). Ba í taithí filí eile gur féidir le léirmheas tionchar diúltach a imirt ar chleachtas an



fhile ag brath ar cé atá i mbun an léirmheasa (Ó Siochrú 2018 & Ó Dúshláine 2018)

Dar le Ó Muircheartaigh (2018), Ní Bheildiúin (2018) agus Ó Faoláin (2018) go dtugann léirmheasanna léargas faoin nglacadh a bhí leis an saothar i measc an phobail léitheoireachta, fiú mura bhfuil an pobal céanna róshuntasach nó mura bhfuil a fhios ag an bhfile cé hiad. Bíonn feidhm ag an léirmheastóir mar bhall den bpobal léitheoireachta, a chuireann síos ar na gnéithe a ndeachaigh agus nach ndeachaigh i bhfeidhm air mar léitheoir.

Thabharfadh sé tuairim do dhuine an raibh nó nach raibh glacadh leis an rud.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Tá sé tábhachtach go mbeadh, mura bhfuil sé ag dul i bhfeidhm ar éinne, go bhféadfadh duine a rá, seo é an chúis, go gcaitheann tú dul thar n-ais agus cuimhneamh ar rud.

(Ní Bheildiúin 2018)

Is dócha go bhfuil tábhacht le léirmheas mar is beag aisfhreagra a gheibheann filí mar níl mórán daoine a léann filíocht na Gaoluinne.

(Ó Faoláin 2018)

Ní hamháin gur féidir le léirmheas aiseolas criticiúil a thabhairt don bhfile ach bíonn feidhm ag an léirmheas i mealladh an phobail léitheoireachta chuig saothar an fhile. Braitear gur chóir don léirmheas cabhrú leis an léitheoir nó an léitheoir ionchaiseach an saothar a phiocadh suas agus é a léamh. *'Má léann duine nár léigh riamh mo shaothar léirmheas, an raghaidís sa tóir ar an leabhar?'* (Ní Chinnéide 2018).

Is idirghabhálaí, is sat nav atá i gceist leis an réiteoir chun cabhrú leis na rannpháirtithe an turas a dhéanamh agus an léirmheastóir mar an gcéanna... An rud ar cheart a bheith ann ná cabhrú leis an léitheoir. Léigh an leabhar seo, seo an fáth gur cheart duit an leabhar seo a léamh

(Ó Dúshláine 2018)

Dar leis De Paor (2018a) go bhfuil easpa i soláthar léirmheasanna agus easpa deiseanna ag scríbhneoirí léirmheasanna a chur ar fáil. Maidir leis na léirmheasanna atá ann, is minic nach sroicheann siad an caighdeán cuí, dar leis (De Paor 2018a). Tharraing Ní Mhóráin, Ó Muircheartaigh, Ó Faoláin agus Ní Shíthigh anuas ceist seo an easpa léirmheasanna atá á scríobh ar litríocht na Gaeilge go ginearálta.

Bíonn an t-ádh leat má gheibheann tú ceann, má gheibheann tú dhá cheann, bíonn tú sna flaithis.

(Ní Mhóráin 2018)

Cuirfidh mé mar seo chugat é, bheadh sé an-dheas iad a d'fheiscint. Sin freagra.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Níl mórán daoine ag déanamh léirmheastóireacht, tá sin amhlaidh le deich mbliain nó níos faide ná sin... é beagnach imithe.

(Ó Faoláin 2018)

Mar sin féin, foilsíodh ar a laghad léirmheas amháin ar shaothar amháin ar a laghad de gach file sa staidéar seo.

Tagann léamha thuas na bhfilí ar an easpa ardán leanúnach atá ag an léirmheastóireacht ar litríocht na Gaeilge le léamha lucht critice. Tugann léirmheas dea-cheaptha ardú meanman don scríbhneoir (Nic Eoin 2018). Baineann tábhacht le haiseolas a bheith ar fáil d'aon saghas obair chruthaitheach. Is féidir le critic fhóna an chruthaitheacht a chothú.

Creativity may be supported by evaluation that is work-focused and constructive (even when negative), that provides information around performance improvement, or that conveys positive recognition of competence and valued work.

(Amabile 1996: 152)

Ag tionól a tharla le linn An Fhéile Bheag Filíochta 2018, thug An Dr. Louis de Paor (2018a), An Dr. Róisín Ní Ghairbhí (2018) agus An tOllamh Máirín Nic Eoin (2018) suntas dá laghad léirmheasanna atá á soláthar le blianta beaga anuas. Tógadh ceann den easpa ardán atá ann don léirmheastóireacht. Thráchtadar go speisialta ar an maolú atá tagtha ar chaighdeán na léirmheastóireachta i gcomparáid le cuid den léirmheastóireacht a deineadh le linn na haoise seo caite. Mhol Nic Eoin (2018), mar réiteach, a d'fhéadfaí a fhiosrú, go bhféadfaí filleadh ar an nós a bhíodh ann sna scoileanna Éigse le linn an ochtú haois déag go ndeineadh na filí léirmheas ar a chéile. Is spéisiúil na tuairimí a nocht na filí i dtaobh léirmheas a scríobh ar a gcomhfhilí a thabhairt sa mheá.

Dar le Ní Mhóráin (2018), Ní Bheildiúin (2018) agus Ní Chinnéide (2018) go mbeadh drogall orthu léirmheasanna a scríobh ar a gcomhfhilí toisc go bhfuil pobal na Gaeilge róbheag; ní theastódh uathu goilliúint ar mhisneach scríbhneoirí eile.

Tá an pobal beag agus ní theastaíonn uainn a bheith ag caitheamh sleisne ar a chéile.

(Ní Chinnéide 2018)

Sin an rud atá deacair, má tá filí ag scríobh mar gheall ar a chéile, tá an pobal an-bheag. Faigheann sé an-bheag an thapaidh.

(Ní Bheildiúin 2018)

Tá a laghad daoine ag léamh filíochta go bhfuil aithne againn go léir ar a chéile nach mór, agus tá sé deacair ansin ar an léirmheastóir a bheith dian b'fhéidir, chun a bheith géar. Ní dhéanaim féin léirmheastóireacht, nuair atá aithne agat ar an duine, conas is féidir?

(Ní Mhóráin 2018)

Ainneoin seo, agus ainneoin na gceangal éagsúla atá rianaithe againn idir filí an staidéir go dtí seo, fós féin bíonn filí áirithe de chuid an staidéir ag scríobh léirmheasanna ar shaothar a gcomhfhilí. Tá léirmheasanna scríofa ag Paddy Bushe agus Ceaití Ní Bheildiúin ar a gcomhfhilí, mar atá le feiceáil sna sonraí léirmheastóireachta atá ar fáil i mbeathaisnéis na bhfilí.

Tháinig sé chun cinn sa taighde go mbraitheann filí áirithe teannas ann idir an léirmheas rómholtach agus léirmheasanna eile a bhíonn rócháinteach. Creideann siad nach dtugtar breithiúnas ionraic cóir ar uairibh toisc gur scríbhneoirí Gaeilge iad nó toisc nár mhian leis an léirmheastóir goilliúint ar mhisneach scríbhneoirí eile.

Ó thaobh a bheith macánta agus ionraic, nach mbeadh bladar nó plámás iontu ná a mhalairt. Bíonn cuid mhaith saghas mar rud a bheadh scríofa ar chúl leabhair, á mholadh go hard na spéire, gan amhras.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Is dóigh liom go bhféadfadh daoine a bheith ina gcriticeoirí níos criticiúla. Is dócha go mbeadh eagla ar léirmheastóirí Gaelainne a bheith níos déine ar scríbhneoirí Gaelainne toisc gur scríbhneoirí Gaelainne iad. An mbeadh sé sin i gceist le scríbhneoirí Béarla? Níl fhios agam.

(Ní Chinnéide 2018)

Luaigh Mícheál Ó Siochrú agus Louis Mulcahy gur lagmhisnigh léirmheas iad. Fuair Mulcahy léirmheas diúltach ar a chnuasach 'Dhá Chlog ag Bualadh' (An Sagart 2013) ó Ghréagóir Ó Dúill. Mhaígh sé nár léigh sé riamh é toisc nach raibh sé ag iarraidh a '*spiorad ar fad*' a chailliúint. Cuireadh an léirmheas ar a shúile dó ag cara leis ach dúirt sé nár léigh sé féin riamh é. Fuair sé litir ó Nuala Ní Dhomhnaill ag easaontú go géar le hábhar an léirmheasa. Cáineadh a chumas teanga ann. Cé go ndeir Mulcahy (2018) nach raibh sé léite aige, is léir gur ghoill sé ar an bhfile. Tá giota den léirmheas thíos:

Ni hionadh go mbíonn a ngreim ar an teanga tanaí go minic, airtríteach in amannaí, údarásach go hannamh...Traosláim a chéad chnuasach le Louis Mulcahy, ach tá cúpla pota agam leis agus chomhairleoinn dó cloí le jab an lae.

(Ó Dúill 2013: 24-25)

Scríobh Caoilfhionn Nic Pháidín léirmheas an-ghéar ar 'Gealach na gCoinlíní' le Mícheál Ó Siochrú (Coiscéim 1985).

Nil aon phian, ná sceon, ná fearg ná lúcháir, ná ceiliúradh le roinnt aige linn. Braithim go bhfuil sé ar intinn aige ráitis a eisiúint agus a chuid tuiscintí a bhronnadh orainn. Cruthaíonn sé seo deighilt cumarsáide idir é féin agus an léitheoir...Maraíonn an anailís an inspioráid nó an orm féin atá an locht mura spreagann na véarsaí sin aon fhreagairt ionam, aon trua, aon uafás ná aon chomhbhá?

(Nic Pháidín 1985: 31)

Dar leis an Siochrúch gur sracadh a shaothar as a chéile ach gur tháinig sé chuige féin.

Foghlaimítear mórán ó léirmheas atá ceart agus faireálta ach bhí óinseach éigint agus do strac sí mo chéad leabhar as a chéile. Duine nár scríobh líne filíochta riamh. Baochas le Dia nár chuir sí as dom, leanas ar aghaidh agus do bhí an dara leabhar i gcló agam b'fhéidir trí bliana ina dhiaidh san. Níor stopas.

(Ó Siochrú 2018)

Bá léir san agallamh, áfach, gur ghoill an léirmheas ar an bhfile, bíodh is nár chuir sé deireadh lena chleachtas dá dheasca.

Aithníonn lucht critice an tionchar dearfach nó diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag léirmheas nó aiseolas criticiúil. *'critics' responses to one's work – both negative and positive responses can greatly diminish creative productivity'* (Weisburg 2006: 519). Chaith an Ríordánach a shaol ag ceistiú a chumas teanga i ndiaidh léirmheas cháiliúil cháinteach Mháire Mhac an tSaoi ina ndúirt sí go raibh roinnt dá véarsaí *'chomh dona san gurb ionann iad a léamh agus a bheith ag fáscadh ghainimhe fét 'fhiacra'* (Mhac an tSaoi 1953: 17).

Ainneoin go n-áitíonn seachtar filí go bhfuil amhras orthu faoin bpobal léitheoireachta atá ar fáil dá saothar, thug filí áirithe le fios gurbh é an rud ba mhó a chuaigh i bhfeidhm orthu ná nuair a chas duine orthu a raibh a gcnuasach léite. Labhair Mac Conghail (2019), Ó Muircheartaigh (2018) agus Mulcahy (2018) go sonrach sna hagallaimh ar an tionchar a bhí ag aiseolas gan choinne orthu.

Tharla go raibh Ó Muircheartaigh amuigh sa Daingean agus gur chas bean nach raibh aon aithne aige uirthi air. Chuir sí in iúl dó go raibh an leabhar léite aici agus gur thaitin sé go mór léi. Ní raibh aon bhréagmholadh á thabhairt mar a d'aithin Ó Faoláin níos luaithe ach aiseolas ionraic gan choinne a chothaigh an file féin.

Dúirt sí go dtaitnigh an leabhar léi agus ní raibh tuairim ó thalamh agam go mbeadh aon tsuim olc ná maith ná eile aici i bhfilíocht nó i bhfilíocht Aogáin ná faic ach tharla sé go raibh an leabhar fachtá aici agus léite aici agus go dtaitnigh sé léi. Agus sin an rud is mó a chuaigh i bhfeidhm orm.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Tháinig aiseolas mar sin aniar aduaidh ar Mhac Conghail agus é ar cuairt ar bhunscoil i Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath. Tháinig an rúnaí a raibh ar scoil leis suas chuige agus dúirt sí gur thaitin a chnuasach léi. Léirigh sé do Mhac Conghail go raibh duine ann a cheannaigh an leabhar agus a léigh na dánta. Chuir sé iontas air agus chuaigh sé sin i bhfeidhm air (Mac Conghail 2019).

Spreagadh Mulcahy chun an fhilíocht a chumadh ar bhonn níos leanúnaí nuair a fuair sé aiseolas dearfach ar a chéad dán, dán a chum sé do bhreithlá a mhná céile, Lizbeth. Dar leis nach raibh spéis aige riamh sa bhfilíocht ach theastaigh uaidh rud a scríobh dá bhean. Nuair a mhol daoine eile iarracht an dáin, chuaigh sé go mór i bhfeidhm air. Spreagadh Mulcahy go mór agus é ag freastal ar cheardlann le Paddy Bushe, a dúirt go raibh an dán a thug sé isteach sa cheardlann *'exceptional'* (Mulcahy 2018).

Tagann aiseolas agus an *'fritghníomh'* sin, mar ar chuir Ó Muircheartaigh síos air, ó fhoinsí éagsúla. Is féidir a leithéid a fháil trí léirmheas, trí bhualadh le duine gan choinne mar a tharla i gcás na bhfilí thuas nó trí aitheantas i bhfóraim na meán, cuir i gcás, a phléifear sa chéad chaibidil eile. Ach tá téama leanúnach ann: go gcothaíonn agus go spreagann aiseolas na filí.

Anois agus plé déanta ar fhorbairt ghairmiúil fhilí agus ábhar fhilí an dá cheantair, díreofar sa chéad chaibidil eile ar shainchleachtais agus dearcadh na bhfilí maidir lena gcuid saothar a chur amach i measc an phobail mhóir. An chéad cheist eile, mar sin: cad iad na modhanna atá ag na filí (agus/nó ag a gcuid foilsitheoirí agus na heagrais chultúrtha a thacaíonn leo) chun a gcuid saothar a sheachadadh agus cén éifeacht a bhaineann leis na modhanna sin, dar leo féin agus dar le geallsealbhóirí eile?

## Caibidil 7: Foilsiú agus Poibliú na Filíochta

Having accepted what has been given to him – either in the sense of inspiration or in the sense of talent – the artist often feels compelled, feels the desire, to make the work and offer it to an audience. The gift must stay in motion. Publish or perish is the eternal demand of the creative spirit.

(Hyde 2012: 148)

Ina leabhar cáiliúil *'The Gift'*, pléann Lewis Hyde an tábhacht a bhaineann le poibliú nó le láithriú an ghnímh chruthaithigh chuig duine eile: an pobal éisteachta nó léitheoireachta. Dar leis go mbíonn gá éigin ag filí nó ag ealaíontóirí an gníomh cruthaitheach a chur ar aghaidh chun go bhféadfaidh an duine seachtrach ionannú a dhéanamh leis. Thug na filí le fios go díreach agus go hindíreach sa taighde go mbraitheann siad gá den sórt seo lena saothar a chur os comhair an phobail. Cuir i gcás an cuntas seo thíos ó Mharcus Mac Conghail:

Is scríbhneoir tú, scrígh. Tá rud déanta agat. Cuireann tú amach é. Deineann daoine a gcuid fhéin de. Deineann siad athchruthú air.


(Mac Conghail 2019)

Bealach amháin chun an gá seo le glacaí a bheith ann don deantús litríochta ná cnuasach filíochta a fhoilsiú. Is féidir leis an léamh filíochta nó an láithriú béil a bheith mar fhóram foilsithe chomh maith. Bainfear leas as an téarma “ardán” go leanúnach sa chaibidil seo. Is éard atá i gceist leis an bhfocal seo sa chomhthéacs seo ná aon ardán nó struchtúr a thugann deis do phobal éigin eolas a chur ar na filí nó ar a saothar.

### Na Foilsitheoirí agus na hIrisí

Pléann an mhír seo leis an ngníomh roinnte saothair is coitianta maidir le cleachtadh na filíochta (anuas ar an léamh filíochta féin): an cnuasach filíochta a fhoilsiú. Bhí ceist le líonadh sa cheistneoir maidir leis na foilsitheoirí a d'fhoilsigh saothar na bhfilí.

## Léaráid 8: Cé a d'fhoilsigh cnuasaigh filíochta na bhfilí?



Ceithre chnuasach is seachtó líon iomlán cnuasach filíochta aonair<sup>52</sup> na bhfilí atá faoi chaibidil. Taispeánann an graf an ionadaíocht atá ag comhlachtaí foilsitheoireachta éagsúla. Dhá fhoilsitheoir a d'fhoilsigh an chuid is mó den saothar a cheap filí an staidéir seo: Coiscéim agus An Sagart. Tá foilsitheoirí eile ann atá tar éis tacú le filí áirithe, Cló Iar-Chonnacht go speisialta. Bhain ionadaíocht láidir An Sagart le ré eagarthóireachta Phádraig Uí Fhiannachta: tá ról níos páirtaimseartha á chomhlíonadh ag duine d'fhillí an staidéir seo sa chúram sin anois, Tadhg Ó Dúshláine. Bhí sé ina bhuntáiste go raibh gaol ag Ó Dúshláine leis an Sagart agus le ceantar Chorca Dhuibhne. Bíonn feidhm aige mar aisteoir cruthaitheach chomh maith. Bhí an taithí agus na scileanna aige an t-ábhar féideartha seo a iompar ar aghaidh tar éis don Mhoinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta a bheith ar shlí na ffrinne.

Tá cuid de na tithe foilsitheoireachta a d'eisigh saothar na bhfilí ar lár anois. Ní mhaireann Púca Press, Clóchomhar nó Doghouse (cé go bhfuil foilseacháin an Clóchomhar faoi scáth Cló Iar-Chonnacht agus Ponc Press tagtha in ionad Púca Press).

### Coiscéim

Is léir ón tábla thuas go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcomhlacht foilsitheoireachta Coiscéim maidir le deiseanna foilsithe a bheith ag filí an taighde seo. Tá Coiscéim tar éis saothar le trí fhile dhéag as an seacht file dhéag seo a

<sup>52</sup> Níor áiríodh na cnuasaigh filíochta Bhéarla atá foilsithe ag filí áirithe.

fhoilsiú. As a measc seo, tá ochtar filí nár fhoilsigh saothar le haon fhoilsitheoir eile.<sup>53</sup> Tá ceithre leabhar is tríocha leis na filí seo foilsithe ag Coiscéim. Mar a scríobh Dairena Ní Chinnéide ag tús a leabhair ‘Bleachtaire na Seirce’ (Coiscéim 2011) *‘Buíochas speisialta don laoch, Pádraig Ó Snodaigh, gan é, ní bheimis riamh i gcló’*.

### An Sagart

Bunaíodh An Sagart sa bhliain 1958 i Má Nuad. Ba í an aidhm thosaigh a bhí ag an gcomhlacht ná ábhar spioradálta agus diagachta a chur ar fáil. Nuair a ghlac an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta seilbh ar an gcomhlacht mar stiúrthóir, thug sé deis d’fhilí na Gaeilge saothar a fhoilsiú leis an gcomhlacht, filí áitiúla i gCorca Dhuibhne, go mórmhór.

Foilsíodh seacht gcnuasach filíochta aonair leis na filí seo leis An Sagart agus trí dhíolaim filíochta: *Mil na Ceardlainne* (An Sagart 2008), *Criathar Meala* (An Sagart 2009) agus *Mil ina Slaoda* (An Sagart 2011). Ba thríd na ceardlanna sin a d’fhoilsigh Louis Mulcahy den gcéad uair sa bhliain 2012. Thug sé cuntas san agallamh faoin tslí gur shocraigh an Moinsíneoir cnuasach leis a fhoilsiú.

“Cén fáth nach bhfuil tú foilsithe?” “Ní fhoilseoidh éinne é” a dúras agus dúirt sé “I will”. Níor chreideas é.

(Mulcahy 2018)

Cé go ndeir Mulcahy go bhfuil sé buíoch den deis foilsithe a fuair sé ó An Sagart, creideann sé nár deineadh riamh go leor poiblíochta ar na díolaimí agus ag foilseacháin eile an tSagairt. *‘D’imigh na rudaí practically unnoticed except muintir na scríbhneoirí eile’* (Mulcahy 2018). Cheap Maria Ní Mhurchú nár thuig Ó Fiannachta an tábhacht a bhain le poiblíocht a dhéanamh ar shaothar agus nár thuig sé conas tabhairt fúithi i gceart.

An t-aon rud amháin mar gheall ar an Moinsíneoir, ní raibh sé ábalta na leabhair a chur amach i gceart go dtí siopaí agus níor thuig sé é chun an leabhair a scaipeadh agus níl siad léite ag puinn daoine.

(Ní Mhurchú 2018)

Tá údar le ráitis thuas na bhfilí: níl fáil fhuirist fós ar roinnt saothar agus iad coimeádta le chéile i dtrádstóras ag An Sagart.

---

<sup>53</sup> Ceaití Ní Bheildiúin, Simon Ó Faoláin, Peadar Ó hUallaigh, Marcus Mac Conghail, Aogán Ó Muircheartaigh, Micheál Ó Siochrú, Paddy Bushe agus Siobhán Ní Shíthigh



## Púca Press/Ponc Press

Bhí trí fhoilsitheoir lonnaithe i gCorca Dhuibhne sular tháinig deireadh le ré eagarthóireachta Uí Fhiannachta leis An Sagart sa bhliain 2016. Tá sé seo suntasach i gcomhthéacs suíomh iargúlta agus líon daonra an Daingin. Tá 2050 duine ina gcónaí sa Daingean (Daonáireamh 2016). Is beag an líon daonra é sin chun trí fhoilsitheoir a bheith lonnaithe in aon bhaile beag amháin. Bhí Púca Press, foilsitheoir agus clólan a bhunaigh Dominique Lieb, ón Eilvéis, a d'fhoghlaim Gaeilge suite ar an tsráid chéanna leis an Caifé Liteartha. Maidir leis an gceantar Gaeltachta Chatagóir A (An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch 2015) tá taithí ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne chomh maith ar ábhar cultúrtha agus oidhreachta a fhoilsiú. D'fhoilsigh Oidhreacht Chorca Dhuibhne cnuasach filíochta dátheangach, *'An Cosán Bán/The White Path'*, togra comhpháirtíochta a dhein Bríd Ní Mhóráin leis an ealaíontóir Barbara Hurst.

D'fhoilsigh Púca Press saothar le Ní Chinnéide, Ó Faoláin, agus le Domhnall Mac an tSíthigh. Tá obair na clólainne tógtha ar seilbh ag Ponc Press anois, a úsáideann an cló-inneal bunaidh pláitín Heideilberg 1955 céanna a d'úsáid Púca Press. Leagadh an bhéim ar dhearadh an tsaothair.

Cé nach bhfuil aon fhile tar éis cnuasach a fhoilsiú le Ponc Press, tá roinnt tograí filíochta foilsithe acu le blianta beaga anuas. Ba iad a d'fhoilsigh torthaí an togra *'Ár mBaile Coiteann'*, togra a dhein Bríd Ní Mhóráin i gcomhar le daltaí Phobalscoil Chorca Dhuibhne. Deineadh an tionscnamh a reáchtáil leis an déantóir priontaí Niall Naessens. Cuireadh taispeántas de shraith eitseálacha agus dánta maidir le spriocanna domhanda um fhorbairt inbhuanaithe sa Phobalscoil. Bhí Éigse Éireann agus Worldwide Global Schools páirteach sa togra tábhachtach seo a nasc an fhilíocht le hábhar ar cás le pobal na scoile agus an cheantair. Ní miste suntas a thabhairt den éascú a dhéanann saineolas áitiúil mar seo ar thograí dá shórt.

D'fhoilsigh Ponc Press an díolaim filíochta dhátheangach *'Two Tongues: Dánta Nua ó Chorca Dhuibhne'* chomh maith. Tá dánta le Simon Ó Faoláin, Tadhg Ó Dúshláine, Bríd Ní Mhóráin, Peadar Ó hUallaigh, Louis Mulcahy, Áine Moynihan, Justin Mac Cárthaigh agus Maggie Breen sa díolaim seo. Togra eile a a chuir Ponc Press de ná an cnuasach speisialta *'Unde Scribitur'*, a luadh cheana is sinn ag plé Éigse na Gréine (Amergin Solstice Poetry Gathering).

Ní raibh foilsitheoir riamh lonnaithe in Uíbh Ráthach faoi mar a bhí i gCorca Dhuibhne agus nuair a chuimhnítear chomh maith nach raibh eagraíocht mar Oidhreacht Chorca Dhuibhne ar fáil, a ghlacfadh cúram foilsithe orthu féin, d'fhág sin bearna leanúnach fhadtréimhseach. Bhí gréasán ag lucht Chorca Dhuibhne de bharr baint a bheith ag Ó Fiannachta leis an gceantar (faoi mar atá ag Ó Dushláine anois) agus teagmhálacha proifisiúnta acu le hOllscoil Mhá Nuad agus leis an gcomhlacht foilsitheoireachta 'An Sagart'.

### **Cló Iar-Chonnacht**

Bunaíodh Cló Iar-Chonnacht sa bhliain 1985 ag an scríbhneoir Mícheál Ó Conghaile, ar scríbhneoir (agus iarfhile) é féin. Is é aidhm an chomhlachta ná ardán náisiúnta a thabhairt do scríbhneoirí agus do cheoltóirí na Gaeilge agus féachann siad ar a ról mar chaomhnóirí ar an gcultúr Gaelach (Cló Iar-Chonnacht 2019). Foilsíonn siad réimse leathan litríochta idir ghearrscéalta, fhilíocht, úrscéalta, leabhair do dhéagóirí agus do pháistí anuas ar shaothar taighde agus staire.

Tá ceathrar filí as measc ár ngrúpa tar éis saothar a fhoilsiú le Cló Iar-Chonnacht. D'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht an chéad leabhar a thionsaigh Séamus Barra Ó Súilleabháin *'Beatha Dhónaill Dhuibh'* (Cló Iar-Chonnacht 2016). Foilsíodh dhá chnuasach filíochta le Dairena Ní Chinnéide: *'An Trodaí agus Dánta Eile'* (Cló Iar-Chonnacht 2006) agus *'Máthair an Fhiaigh'* (Cló Iar-Chonnacht 2008). D'fhoilsigh Bríd Ní Mhóráin saothar filíochta le Cló Iar-Chonnacht: *'Síolta an Iomais'* (Cló Iar-Chonnacht 2006). D'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht ceithre leabhar le Mícheál Ó hUanacháin: *'Go dTaga Léas'* (Cló Iar-Chonnacht 1971), *'Crann Tógála'* (Cló Iar-Chonnacht 1980), *'Aibítir Mheiriceá'* (Cló Iar-Chonnacht 1981) agus *'Tráchttaireacht ar na Cluichí Móra'* (Cló Iar-Chonnacht 1998).

### **LeabhairCOMHAIR**

Tá sraith dírithe ar fhoilsiú na filíochta ag an gcomhlacht foilsitheoireachta LeabhairCOMHAIR faoi scáth an eagrais Comhar 'Téad na Filíochta'. D'fhoilsigh an comhlacht 'I gCochall mo Chroí' (LeabhairCOMHAIR 2018) le Bríd Ní Mhóráin. Foilsíonn siad saothar filí eile taobh amuigh de na filí sa taighde seo (mar shampla: Áine Ní Ghlinn). D'eisíodar leabhar cuimhneacháin ar an bhfile Muiris Ó Meara, an file Duibhneach a cailleadh sa bhliain 2014 den teideal 'Solas ar na

dubhchannaí: Aistí i gcuimhne ar Mhuiris Ó Meara' (LeabhairCOMHAIR 2016) a chuir Ailbhe Ní Ghearbhuigh agus Siún Ní Dhuinn in eagar.


## Doghouse

Bunaíodh Doghouse sa bhliain 2003 i dTrá Lí. Dúnadh an comhlacht sa bhliain 2013. Bhí a gcúram foilsithe dírithe ar chnuasaigh filíochta agus ar ghearrscéalta. Foilsíodh 47 leabhar ar an iomlán le linn na ndeich mbliana sin. Ba í Dairena Ní Chinnéide an t-aon fhile ón staidéar seo a d'fhoilsigh leis an gcomhlacht.

## Irisí Liteartha

D'fhoilsigh gach file atá faoi chaibidil anseo saothar in iris liteartha. Is in irisí fadbhunaithe na Gaeilge mar *Comhar*, *Feasta*, *An Timire*, *An tUltach* agus in irisí dhátheangacha - *Southword*, *Trumpet* agus *The Stinging Fly*, cuir i gcás a fhoilsítear dánta aonair na bhfilí. Tá saothar le filí áirithe foilsithe ar irisí ar líne chomh maith, Poetry International, mar shampla. Labhair Ní Bheildiúin (2018) faoin tslí go bhfuil irisí an Bhéarla 'ag oscailt a mbaclainne d'fhillíocht na Gaeilge' le blianta beaga anuas d'fhillí na Gaeilge. Bíonn deis foilsithe ó am go chéile chomh maith in irisí ginearálta mar *An Cosantóir*, iris de chuid Cheiliúradh an Bhlascaoid i gCorca Dhuibhne. Tá liosta iomlán na n-irisí inar fhoilsigh filí saothar iontu ar fáil sa ghraf thíos.

**Léaráid 9: Líon filí a d'fhoilsigh saothar in iris filíochta**



Is é *Comhar* an iris liteartha is mó a bhfuil saothar na bhfilí foilsithe inti. Tá beirt fhilí dhéag tar éis saothar a fhoilsiú in *Feasta*. Is fiú a thógaint san áireamh anseo go raibh Pádraig Mac Fheargusa ina eagarthóir ar an iris seo ar feadh i bhfad. Tá

naisc ag Mac Fheargusa le ceantar Chorca Dhuibhne agus tá sé cairdiúil le cuid mhaith de na filí. D'fhoilsigh naonúr saothar in Poetry Ireland Review. Níl ach líon beag filí ag foilsiú saothair lasmuigh de na sainirisí Gaeilge. Baineann ceist feasachta go pointe leis seo. Is spéisiúil gurb iad na filí a áiríodh mar aisteoirí cruthaitheacha go dtí seo is mó atá tar éis ardán a bhaint amach ar irisí Béarla a ghlacann le haighneachtaí ó fhilí Gaeilge: *Cyphers*, *The Stinging Fly*, *Trumpet* agus *Southword*, mar shampla.

D'aithin Ní Fhrighil agus Ní Ghairbhí deich mbliana ó shin (2010: 304) nach raibh '*iris bhuan...mar chrann taca...*' ag filí comhaimseartha na Gaeilge faoi mar a bhíodh in aimsir INNTI. Ní hann fós d'aon iris Ghaeilge atá saindírithe ar an bhfilíocht amháin. Thagair Ó Súilleabháin (2018) don imeallú is dóigh leis a bheith i gceist maidir le soláthar na n-irisí don bhfilíocht. Molann sé go bhfoilseofaí leabhráin bheaga ann a mbeadh filíocht, ealaíon agus smaointeoireacht ar fáil iontu, a bheadh ar chosúil le múnla irisí Innti.

Ní fhoilsítear ár ndóthain filíochta agus ní áit oiriúnach é cúinní de Chomhar, d'Fheasta ná de an tUltach, dar liom. Ba cheart leabhráin bheaga a chur amach a bhfuil ealaíon agus dearadh agus smaointe dlúite le chéile iontu...

(Ó Súilleabháin 2018)

Agus scríobh an tráchtais seo ag teacht chun críche, tá dul chun cinn á dhéanamh ar iris liteartha nua Gaeilge a chur ar an bhfód. Foilseofar an iris i samhradh na bliana 2020, cé nach mbeidh sé tiomanta don bhfilíocht amháin. Beidh Simon Ó Faoláin ag obair i gcomhpháirt le hIonad Litríochta na Mumhan chun iris léirmheastóireachta, filíochta agus gearrscéalta a bhunú. Tá maoiniú sealadach faighte don mbliain 2020-2021 amháin. Feicimid arís an ról tábhachtach ag Simon Ó Faoláin mar aisteoir cruthaitheach i gcruthú an ábhair fhéideartha seo.

Tháinig ceist na heagarthóireachta chun cinn arís agus arís eile sa taighde. Thug Ó Súilleabháin (2018) agus Ní Mhóráin (2018) cuntais shonracha ar an gcaighdeán eagarthóireachta a chuirtear i bhfeidhm ar fhoilseacháin Ghaeilge, dar leo.

Tugaim faoi ndeara i gcónaí scata botúin i saothair fhoilsithe. Is mór an náire é go rabhadar ábalta ar leabhra móra groí a fhoilsiú blianta ó shoin gan aon mháchail orthu ach anois i ré na teicneolaíochta, chítear leabhra á bhfoilsiú agus n'fheadar éinne an ndeineadh scagadh ar bith orthu.

(Ó Súilleabháin 2018)

Thug Ní Mhóráin le fios gur dhírigh Paddy Bushe aird ar bhotúin cló a bhí i saothar dá cuid. Thit na botúin amach le linn an phróisis eagarthóireachta ag foilsitheoir.

Chun an ceart a thabhairt do Phaddy, bhí ceann dem chnuasaigh, bhí go leor botún cló ann, ní mise faoi ndear iad, ní luafaidh mé cén ceann. Bhí rudaí curtha isteach nach raibh sa bhunchóip agus dúirt sé: “Níl aon leithscéal anois d’eagarthóireacht atá míchruinn agus easnamhach”. D’inis sé an fhírinne agus bhí an ceart aige.

(Ní Mhóráin 2018)

Is díol spéise gur luadh ceist na heagarthóireachta i bplé Bhord Fhoras na Gaeilge chomh maith. Léiríonn miontuairiscí de chuid Fhoras na Gaeilge sa bhliain 2014, go raibh ar Coiscéim teacht ar ais chuig an Foras le soiléirithe faoi na ‘*socruithe eagarthóireachta*’ atá acu. Is é Foras na Gaeilge a bhronnann maoiniú bliantúil ar Coiscéim. ‘*Beidh gá do na socruithe seo a bheith chun sástachta Fhoras na Gaeilge*’ (Foras na Gaeilge 2014). Is amhlaidh ‘*gur tháinig ceist chun cinn maidir le caighdeán eagarthóireachta i gcuid de na leabhair a raibh measúnú déanta orthu*’.<sup>54</sup> Níor deineadh a thuilleadh plé air agus ní raibh aon sonrú breise ar fáil i miontuairiscí an Fhorais ó shin i leith.

Pléadh go mion minic sa taighde go bhfuil sé níos fusa a bheith foilsithe mar fhile Gaeilge ná mar atá ag file Béarla.

Tá sé cuíosach fuirist a bheith foilsithe as Gaelainn más féidir leat d’ainm a scríobh.

(Mulcahy 2018)

Ní dóigh liom gur diúltaíodh riamh do dhán a chuireas as Gaeilge agus by god, ní mar sin sa Bhéarla a bhí. Níor diúltaíodh riamh d’aon dán a chuireas isteach do Feasta, Comhar nó aon áit eile.

(Bushe 2018)

Ní hé go bhfuilim sásta nach bhfuil níos mó comórtaisí i saol na Gaeilge ach tá sé i bhfad níos fusa leabhar a fhoilsiú as Gaelainn níos fusa tacaíocht a fháil ó thaobh airgid.

(Ó Faoláin 2018)

Chuireas Imithe le Gealaigh isteach, bhí sin scríofa as Gaelainn agus fuairas an-chuid airgid as. Scríobhas as Béarla é agus chuireas chuig cúpla áit agus níor glacadh leis in aon áit...níor ghlac aon áit leis. Chuireas go dtí an Abbey, ní bhfuairas aon aiseolas. Braithim ná raibh suim acu ann.

(Ní Mhurchú 2018)

Bhí seisean ag imeacht tapaidh ‘an bhfuil cead agam é a fhoilsiú’. I slí bhíos ag scaoileadh róthapaidh iad agus b’fhearr liom iad a choimeád agus snas a chur orthu

(Ní Bheildiúin 2018)

Dar le Ní Shíthigh go bhfuil an iomad leabhar á bhfoilsiú go rófhuirist agus áitíonn sí go neamhbhalbh nach mbíonn pobal léitheoireachta ann do na saothair sin. ‘*Tá sé i bhfad ró-éasca teacht ar fhoilsitheoir. Ní léann éinne iad. Ní léann éinne*’ (Ní

---

<sup>54</sup> Teagmháil ríomhphoist le Caitlín Uí Mhéalóid, Clár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge.

Shíthigh 2019). Ní bhacann sí féin lena cnuasaigh filíochta féin a sheoladh agus í cinnte nach léifear an saothar agus gur bheag tairbhe a dhéanadh seoladh di.

Tá leabhar filíochta agamsa agus ní raibh aon seoladh agamsa mar ní fiú dhom é. Níl aithne agam ar éinne agus má táim ag d'iarraidh oraibh teacht isteach, táim ag iarraidh orthu deich euro a thabhairt ar leabhar nach léifidh siad! Táim réalafóich agus fírinneach agus ní maith liom cur i gcéill.

(Ní Shíthigh 2019)

Tá Mac Conghail idir dhá chomhairle faoi chomhthéacs na foilsitheoireachta sa Ghaeilge. Tuigtear dó go bhfuil dhá chreideamh nó dhá threabh ann, dream amháin ar mian leo *'an stuif a chur amach'* agus go leor foilseachán a eisiúint. Tá an taobh eile ar fearr leo méid theoranta a fhoilsiú ach iad a bheith ar ardchaighdeán (Mac Conghail 2019). Go pearsanta, bhraith sé féin go raibh sé i bhfad rófhuirist dó a shaothar filíochta *'Ceol Baile'* (Coiscéim 2014) a fhoilsiú. Is cuimhin leis gur chuir sé an cnuasach chuig Pádraig Ó Snodaigh, stiúrthóir Coiscéim agus fiafraíodh de ar an toirt, nach mór, cathain ar mhian leis go bhfoilseofaí an cnuasach. Fuair sé cabhair agus treoir áirithe ón Snodach ach bhraith Mac Conghail gur glacadh go ró-éasca leis (Mac Conghail 2019)

Táim chun a rá go raibh sé ró-f\*\*\*\*\* éasca dom chun é sin a dhéanamh. Táim á rá díreach leat. Bhí sé ró-éasca dom. Cá bhfuil an duine ag rá "No!?" Cá bhfuil an duine ag rá "Níl sé maith go leor". Theastaigh sé sin uaim. Now threoraigh Pádraig mé nár oibrigh rudaí áirithe. Bhí ceisteanna á gcur aige cinnte agus chabhraigh sé liom. Ba cheart nach mbeadh sé chomh éasca san. Níor scríobh mé mórán le déanaí...Theip ar mo mhisneach agus shíleas gur pile of shite a bhí iontu go léir.

(Mac Conghail 2019)

Cé go bhfuil Mac Conghail buíoch den deis foilsithe a tugadh dó, is dóigh leis, agus é ag féachaint siar ar an gcnuasach, nach bhfuil sé go hiomlán sásta le caighdeán roinnt de na dánta atá ann (Mac Conghail 2019). D'imigh an tsaoráid a bhain leis an bpróiseas sin tionchar diúltach ar an bhfile. Tá sé in amhras maidir leis an gcnuasach nua filíochta atá réidh le cur amach. *'Táim fós idir dhá chomhairle fé. Níl fhios agam. B'fhéidir gur botún a bheadh ann é a chur amach'* (Mac Conghail 2019).

Léiríonn cuntas Mhic Conghail go speisialta anseo an neamhchothú a d'fhéadfadh a bheith ag polasaithe foilsitheoireachta a ghlacann go róphras le saothar. Tá ábhar machnaimh anseo do lucht maoinithe agus lucht na dtitihe foilsithe féin agus ceist an tionchair á meas acu.

## Bolscaireacht na dTithe Foilsitheoireachta

Chonaiceamar gur léirigh seisear filí amhras i dtaobh an phobail léitheoireachta atá ann dá saothar sna hagallaimh agus iad den tuairim nach bhfuil ach pobal léitheoireachta cúng ar fáil d'fhillíocht na Gaeilge trí chéile (Ní Shíthigh 2019, Ó Muircheartaigh 2018, Ní Mhóráin, Ní Bheildiúin 2018, Ó hUallaigh 2018 agus Ó Faoláin 2018). Tá an t-amhras seo ar fhilí cé go bhfuil ardáin foilsithe aimsithe acu, idir irisí agus tithe foilsitheoireachta. An amhlaidh nach bhfuil eolas faoi shaothar na bhfilí á roinnt go héifeachtach?

Tharraing Ní Bheildiúin an cheist seo anuas sa cheistneoir:

Dá mbeadh na foilsitheoirí sásta an poiblíocht a dhéanamh dúinn i ndiaidh glacadh le foilsíú ár gcuid oibre, chabhródh sé go mór. Ansan ní bheadh orainn mar scríbhneoirí a bheith ró-aireach mar gheall ar na meáin agus a n-úsáid.

(Ní Bheildiúin 2018)

Ón uair gur tharraing na filí ceist na poiblíochta aníos go minic sna hagallaimh (Ní Bheildiúin, Ó Faoláin, Ní Mhurchú, Bushe) níor mhiste iniúchadh níos grinne a dhéanamh ar chleachtais na dtithe foilsitheoireachta maidir le poiblíocht a dhéanamh ar shaothar filí.

Tá suíomh lín soiléir proifisiúnta ag Cló Iar-Chonnacht. Soláthraítear cur síos ar an leabhar agus is minic a chuirtear nótaí léirmheasa a scríobhadh ar an leabhar ar fáil ar an leathanach céanna a luaitear costas an leabhair. Is féidir leabhair a cheannach ar an suíomh féin chomh maith. Tá láithreach láidir ag Cló Iar-Chonnacht ar na meáin shóisialta. Tá cuntas gníomhach acu ar Instagram, Twitter agus ar Facebook. Tá liosta teagmhálacha acu agus bítear i dteagmháil le cuirí agus le heolas. Déantar poiblíocht ar sheoltaí leabhair a bhaineann le scríbhneoir ar fhoilsigh saothar leo. Tá an comhlacht tosnaíthe ar thionscnamh nuálaíoch chun ríomhleabhair a chur ar fáil chomh maith.<sup>55</sup>

Tá suíomh lín ag Coiscéim ach ní bhíonn an comhlacht gníomhach ar na meáin shóisialta. Maidir leis an suíomh lín féin, tá bunachar cuimsitheach ann le sonraí gairide faoi gach leabhar a d'fhoilsigh an comhlacht ón mbliain 1980. Bíonn sé deacair, áfach, teacht ar eolas mar gheall ar leabhair a d'fhoilsigh filí áirithe leis an gcomhlacht. Ní féidir cuardach a dhéanamh de réir údair. Ní féidir ach

---

<sup>55</sup> Eolas a bailíodh ó theagmháil ríomhphost le Cló Iar-Chonnacht.

cuardach a dhéanamh ar liosta saothar a foilsíodh bliain ar leith. Ní leanann naisc go dtí an t-eolas cuí go minic.

Go deimhin níl aon áis nua-aimseartha ar an suíomh lín trí chéile a cheadódh leabhair a cheannach. Tugtar an póirseálaí/custaiméir chuig leathanach ina bhfuil foirm ordaithe curtha ar fáil. Níl aon áis leictreonach chun an fhoirm ordaithe a chomhlánú ar an suíomh. Luaitear gur gá an fhoirm a chló amach agus í a chur ar aghaidh chuig an seoladh a thugtar. Ní mór nasc eile a leanúint agus bun an leathanaigh a bhaint amach chun an t-eolas seo a fháil. Tugtar eolas soiléir ar an suíomh maidir leis na siopaí leabhar sa tír a bhfuil stoc Coiscéim iontu. I gcás na leabhar is déanaí a foilsíodh cuirtear sliocht scanaithe ón leabhar ar fáil ar an suíomh inar féidir an clúdach tosaigh agus an clúdach cúil a bhreithniú. Ní chuirtear nótaí léirmheasa ar fáil taobh leis an leabhar faoi mar a dhéanann Cló Iar-Chonnacht ach is minic a bhíonn corr-nóta léirmheasa (ó mholtóireacht Oireachtais go minic) ar chlúdach cúil an leabhair féin.

Cruthaíonn an leagan amach casta seo dúshlán d'éinne a bheadh ag póirseáil ar an suíomh agus iad ag cuardach leabhair. Tá eolas luachmhar tugtha ag Coiscéim ar an suíomh féin ach fágann an mhír a bhaineann leis an leagan amach agus leis na naisc fholmha agus an easpa áis cheannaigh dris chosáin roimh an gceannaitheoir aonair nó an siopa a dteastódh uathu leabhar a cheannach díreach ón gcomhlacht.

Maidir le 'An Sagart', níl aon suíomh lín ag an gcomhlacht foilsitheoireachta. Níl aon straitéis poiblíochta ceaptha ag an gcomhlacht. Dar le Tadhg Ó Dúshláine, stiúrthóir shaothar liteartha scríbhneoirí na Mumhan leis an gcomhlacht, go ndéantar seoladh leabhair a eagrú leis an scríbhneoir ach go bhfágтар faoi na scríbhneoirí féin '*na ba eile a chur thar abhainn*'.<sup>56</sup> Níl aon láithreach ag An Sagart ar na meáin shóisialta. Fágann an easpa poiblíochta a dhéantar ar shaothair leis An Sagart agus gan ardán ar líne acu gur teoranta go mór é an pobal léitheoireachta a bhainfidh saothar an chomhlachta amach. Tá míniú sna cúinsí seo ar an méid a thug Ní Mhurchú agus Mulcahy maidir leis an easpa poiblíochta ar na cnuasaigh agus na díolaimí filíochta a d'eascair as Ceardlanna an Dísirt (2006 – 2016).

---

<sup>56</sup> Teagmháil ríomhphoist leis an Dr. Tadhg Ó Dúshláine, 2020.



Cleachtaítear nósanna éagsúla bolscaireachta agus poiblíochta sna tithe foilsitheoireachta is mó a d'fhoilsigh saothar le filí an staidéir seo. Tá deiseanna á gcailliúint ag filí áirithe agus ag foilsitheoirí áirithe de dheasca a nósmaireachtaí poiblíochta (nó easpa nósmaireachtaí poiblíochta). Is léiriú breise é chomh maith ar chuid den bhfáth nach ndéantar méid shuntasach léirmheastóireachta ar chuid de shaothar na bhfilí.

### **Ionaid Díolachán Leabhar**

Chun go mbainfidh an saothar an pobal nó an léitheoir amach, tá gá le hardán, más ardán fisiciúil é ar siopa leabhair é nó ardán ar líne. Éiríonn le filí an staidéir seo a dtáirge cruthaitheach a roinnt tríd a gcnuasach filíochta a fhoilsiú agus a dhíol.

**Tábla 6: Cá bhfuil fáil ar chnuasaigh na bhfilí?**

Ionad an Bhlascaoid (fo-ionad díolacháin de chuid an Chaifé Liteartha).
Musaem Bhaile an Fheirtéaraigh (á rith faoi scáth Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Comharchumann Chorca Dhuibhne)
Oifig an Phoist agus siopa mhuintir Lúing, Ceann Trá.
Potadóireacht Dhún Chaoin.
Potadóireacht na Caolóige, Louis Mulcahy, An Ghráig.
An Díseart, An Daingean.
An Caifé Liteartha, An Daingean.
Dingle Bookshop, An Daingean
Quirke's, Cathair Saidhbhín
Polymath, Trá Lí
O' Mahonys, Trá Lí
O' Mahony's, Luimneach
Waterstones, Corcaigh
An Siopa Leabhar (Conradh na Gaeilge) Baile Átha Cliath
An Ceathrú Póilí, Béal Feirste

Níl an láithreach chéanna ag saothar gach file in ionaid díolacháin. Cuir i gcás, ba é Mac Conghail (2018) an t-aon fhile a thug le fios go bhfuil fáil ar a chnuasach sa Ceathrú Póilí i mBéal Feirste agus sa Siopa Leabhar i mBaile Átha Cliath. Luaigh Bushe (2018) go bhfuil fáil ar a chnuasaigh i siopa nuachtáin/grósaera Quirkes i gCathair Saidhbhín ach níl fáil ar chnuasaigh Mhíchíl Uí Shiochrú ann. Is díol

suntais é an trácht a d'fhág Siobhán Ní Shíthigh (2019) sa cheistneoir ag an mír seo: *'Ní fhaca na leabhair in aon áit'*.

Tá fáil ar leabhair fhilí áirithe in ionaid eile nár luaigh na filí agus nach bhfuil le sonrú dá bharr sa tábla thuas. Tá cnuasaigh le Mícheál Ó Siochrú ar fáil i siopa leabhair O' Mahonys i Luimneach mar shampla. Tacaíonn an siopa seo le scríbhneoirí Luimníocha agus tá nasc idir an siopa agus Ionad Scríbhneoireachta Scríbhneoirí Luimnigh. Tá leabhair le Bríd Ní Mhóráin, Dairena Ní Chinnéide agus Simon Ó Faoláin i siopa leabhair Waterstones i gCathair Chorcaí. Is siopaí neamhspleácha nó fostaí báúil a chinntíonn go mbíonn fáil ar na leabhair. Níl fáil ar leabhair na bhfilí i mórshiopaí náisiúnta mar Easons, áfach.

Cé go bhfuil an t-eagrais Áis (Áisíneacht Dáileacháin Leabhar) freagrach as dáileadh náisiúnta leabhar Gaeilge, ní bhíonn cnuasaigh filíochta i nGaeilge mar chuid de stoc na príomhshiopaí leabhair seo. Ní i gcónaí go ndéantar scaipeadh éifeachtach ar an gnuasach filíochta mura bhfuil an file féin tar éis na socrúithe poiblíochta a dhéanamh. Tá feidhm ag an téarma a mholann Gláveanu (2013) "aisteoir" anseo. Is faoi na filí féin go minic a gcuid bolscaireachta féin a dhéanamh chun go mbeidh fáil ar a saothar. Fágann seo go bhfuil fáil níos éasca agus níos leithne ar leabhair fhilí áirithe thar a chéile. Tagann ceist dualgais agus freagrachta na bhfoilsitheoirí an scéal a chur amach faoi chnuasaigh na bhfilí ar ais anseo.

Fiosraíodh sa cheistneoir maidir leis an líon leabhar a dhíoltar de ghnáth. *'Cé mhéad cóip de do leabhar a dhíoltar de ghnáth?'* Ba é an freagra ba choitianta a fuarthas ná nach bhfuil an t-eolas sin ag na filí agus nach bhfuil a fhios acu conas ar féidir leo teacht ar an eolas.

Déarfainn?

(Ó Dúshláine 2018)

Seo rud nach mbíonn tuairim agam mar gheall air agus ní bheadh fhios agam conas teacht ar an eolas sin.

(Ní Bheildiúin 2018)

Níl fhios agam. B'fhéidir nár díoladh aon chóip de 'Nótaí ón gCaifé'.

(Ní Shíthigh 2019)

Níl figiúirí agam.

(Ó hUanacháin 2019)

Níl a fhios sin agam.

(Ó hUallaigh 2018)

Níl an t-eolas agam ach dhíol mé fhéin an méid thuas ag seoltaí.

(Mac Conghail 2019)

Níl a fhios agam.


(Bushe 2018)

Níl tuairim agam.

(Ó Muircheartaigh 2018)

D'aithin nach mór leath de na filí nach mbíonn teacht acu ar an eolas sin. Mar chomparáid, bhí eolas an-bheacht ag filí áirithe mar shampla, bhí fhios ag Louis Mulcahy gur díoladh 438 cóip de “Dhá Chlog ag Bualadh” (An Sagart 2012). Léiríonn seo go bhfuil dúshlán ann maidir le córas éifeachtach cumarsáide a bheith idir na filí agus geallsealbhóirí eile (foilsitheoirí agus pearsanra ionaid). Ní i gcónaí go mbíonn an gaol gairmiúil seo idir gach file, an foilsitheoir agus an t-ionadaí a dhíolann an leabhar féin.

#### Léaráid 7: Cé mhéad cóip de do leabhar a dhíoltar de ghnáth?



#### An Caifé Liteartha

Thar aon áit eile sa dá cheantar, aithníodh an Caifé Liteartha sa Daingean mar an príomhardán díolacháin atá ag saothar na bhfilí. Deineadh céiliúradh daichead bliain den siopa seo a bheith ar an bhfód, ar le Seirse Ó Luasa é, i mBealtaine 2019 mar chuid d'imeachtaí Fhéile na Bealtaine. D'eagraigh Áine Moynihan an ócáid agus bhí go leor filí agus ceoltóirí áitiúla páirteach sa cheiliúradh: léiriú ar an mbá agus an tábhacht a bhraith lucht éigse maidir le ról an Chaifé Liteartha sa dúiche.

Dhein Mac Conghail, Ó Muircheartaigh, Ní Bheildiúin agus Moynihan cur síos ar ar an tábhacht a bhaineann leis an siopa a bheith ar fáil sa cheantar (tá an caifé féin iata le roinnt blianta anuas).

Is áit go bhféadfá dul isteach ann agus cupa caife a bheith agat nó ceapairí, bhíodh rud níos mó ann, béiltí agus leabhar a léamh.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Aithním, nuair a bhím thíos i gCorca Dhuibhne, an Caifé Liteartha, is breá liom a bheith ann. Tá an áit sin really tábhachtach. Is maith liom a bheith ann agus téann daoine ann agus ceannaíonn daoine leabhair. Ceannaíonn daoine leabhair i gCorca Dhuibhne.

(Mac Conghail 2019)

Tugann ráiteas Mhic Conghail le fios gur éirigh leis an gCaifé Liteartha, gnó fadbhunaithe atá 41 bliain ar an bhfód i gCorca Dhuibhne, an nós léitheoireachta agus ceannach leabhar a normalú agus a chothú i gCorca Dhuibhne. Tugann an abairt dheiridh sin uaidh le fios nach mbraitheann sé féin go ndéantar amhlaidh i gceantair eile. Ní hamháin gur siopa leabhar é ach is minic a bhíonn imeachtaí filíochta agus ealaíona ar siúl ann. Mhínigh Ní Bheildiúin go mbíodh a thuilleadh imeachtaí filíochta ann nuair a bhí an Dr. Mícheál Ó Fionnáin† lárnach i bhFéile na Bealtaine (bhí a ionad oibre an-ghar don chaifé). *'Bhíodh níos mó nithe ann sa Chaifé Liteartha nuair a bhíodh an Dr Fanning i bhfeighil ar Fhéile na Bealtaine, bhí an-cheangal aige leis an gCaifé, agus bhíodh rudaí leis an bhfilíocht'* (Ní Bheildiúin 2018). Anuas ar fheidhm an Chaifé mar ardán do leabhair na bhfilí, is féidir an áit seo a bheith mar ardán éifeachtach do léamha filíochta cé go mbaineann teora áirithe leis an spás atá ar fáil ann.

### **Na Meáin Chraolta, Éisteachta agus Chlóite**

Ardáin eile a chabhraíonn le filí ardán a bhaint amach dá saothar ná na meáin chraolta, éisteachta agus chlóite.


### **An Raidió**

Dar le Delap (2012: 12) go mbaineann tábhacht nach beag leis an sainardán a thugann an raidió náisiúnta do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di. Éiríonn le stáisiúin raidió eile deiseanna cainte a thabhairt do phobal na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den nGaeltacht chomh maith – trí Raidió na Life, Raidió Fáilte agus Raidió Rí-Rá, cuir i gcás. I dtaighde a foilsíodh le déanaí ag Walsh agus Day (2018: 4), léiríodh nach mbíonn ach clúdach imeallach ag an nGaeilge ar stáisiúin raidió áitiúla timpeall na tíre. Bíonn an dualgas reachtúil atá orthu ábhar

trí Ghaeilge a chraoladh á sheachaint. Nuair a dhéantar soláthar don teanga, is minic gur ábhar neafaiseach siamsaíochta a chraoltar.

Taispeántar thíos freagraí ionadaíoch ar cheist a chomhlánaigh na filí sa cheistneoir: An bhfuair tú poiblíocht ó stáisiún raidió riamh? I gcás Raidió na Gaeltachta thíos, léiríonn an figiúr gur thug gach file le fios go bhfuairadar poiblíocht ón stáisiún sin. Fuair deichniúr filí (66%) poiblíocht ó Radio Kerry. Fuair seachtar filí (47%) poiblíocht ó RTÉ Raidió 1. Triúr filí (20%) a fuair poiblíocht ó Raidió na Life i mBaile Átha Cliath. Beirt (13%) a fuair poiblíocht ó Newstalk cé nár bhain an phoiblíocht sin leis an bhfilíocht i gcás Mharia Uí Mhurchú. Cuireadh agallamh uirthi maidir le cúrsaí meabharshláinte.

### Léaráid 10: An bhfuair tú poiblíocht ó stáisiún raidió riamh?



Ba iad Bríd Ní Mhóráin agus Paddy Bushe na filí is mó a tharraing ceist na meán éisteachta anuas sna hagallaimh. Dar le Ní Mhóráin (2018) go bhfeictear di go bhfuil an-laghdú tagtha ar an gclúdach a fhaigheann an fhilíocht ó tháinig deireadh le mórshraitheanna raidió Chathal Phoirtéir ar RTÉ Raidió 1. Tugadh míreanna ar leith do Ní Mhóráin, Ó Muircheartaigh, Ó hUanacháin anuas ar fhilí eile de Chorca Dhuibhne agus d’Uíbh Ráthach, Mícheál Ó Fionnáin†, Máire-Áine Nic Gearailt† agus Mícheál Ó Ciarmhaic† le linn na sraitheanna seo (Éigse san Aer agus Scríbhneoirí Faoi Chaibidil (a dhein Alan Titley a chur le chéile bunaithe ar an tsraith raidió). Ní hamháin go bhfuair na filí seo agus a saothar poiblíocht agus aitheantas ach bhí ardán leanúnach ag scríbhneoirí na Gaeilge ar phríomhstáisiún na hÉireann. Dheintí athchraoladh ar na sraitheanna ar Raidió na Gaeltachta). Cuireadh díolaim filíochta ‘Éigse an Aeir’ (Coiscéim 1998) le chéile mar thoradh ar an tionscadal seo. Is fiú cuimhneamh go bhfuil bá ar leith ag Póirtéir, láithreoir

agus léiritheoir an chláir le Corca Dhuibhne agus b'fhéidir gur mar thoradh ar an nasc seo a tugadh deiseanna d'fhilí an cheantair a bheith páirteach ar an gclár.

Chuir Bushe (2018) a mhíshástacht in iúl ina agallamh siúd maidir leis an gclúdach a bhíonn ag an bhfilíocht trí chéile ar Raidió 1. Fuair Bushe poiblíocht Bealtaine 2019 agus é mar aoifhile ar 'The Poetry Programme' le Olivia O' Leary. Bhí idir dhánta Gaeilge agus Béarla le clos ar an gclár. Dar leis, áfach, nach mbíonn RTÉ Raidió 1 dírithe rómhór ar an bhfilíocht go ginearálta. Ba mhaith leis go ndéanfaidís filíocht na Gaeilge a thabhairt isteach i gcláir mar 'Sunday Miscellany'.

Deir Cathal Póirtéir go bhfuil sé 'náireach' nach mbíonn clúdach ag litríocht na Gaeilge go ginearálta ar RTÉ Raidió 1 faoi láthair.

Is dóigh liom go bhfuil sé go dona. Tá sé náireach. RTÉ Raidió 1, go bunúsach, is stáisiún Béarla é. Bhí an t-ádh liom anois is arís go bhfuair mé roinnt airgid chun cláracha Gaeilge a dhéanamh... An chuid is mó ar fad, déanann na cláracha Raidió Béarla neamhaird iomlán ar litríocht na Gaeilge go huile is go hiomlan.

(Póirtéir 2020)

Agus an easpa clúdaigh seo á phlé ón bpríomhstáisiúin raidió in Éirinn, RTÉ, ní miste suntas a thabhairt don ról lárnach atá ag cultúr uathúil na tíre seo i misean agus fíis RTÉ, a thabharfadh le fios go ndéanfaí ardán níos suntasaí a thabhairt do ghné láidir den gcultúr sin: filíocht na Gaeilge. *'RTÉ's vision is to champion Irish culture by captivating audiences with trusted, engaging and challenging content; celebrating our country's rich diversity; and cultivating Ireland's talent'* (Suíomh Lín RTÉ 2020).<sup>57</sup>

D'fhéadfaí a áiteamh go mbainfeadh an fhilíocht agus saíocht na Gaeilge go dlúth leis an gcultúr uathúil seo. Bheadh tóir ar chláir dá leithéid i bhfianaise chlár Phoirtéir. Léirigh sé in introir an leabhair 'Éigse an Aeir' (Coiscéim 1998) gur éirigh leis an gclár raidió lucht éisteachta leanúnach a bhaint amach thar thréimhse léirithe an chláir.

Is annamh go deo gur féidir breis is fiche míle duine de lucht éisteachta a mhealladh chug imeacht de chineál ar bith – gan trácht ar léitheoireacht filíochta aonair. Ach, buíochas d'éisteoirí dílse RTÉ Raidió a hAon, bhí an lucht éisteachta sin ar fáil do bhreis is dhá scór file a léigh a saothar féin ar an chlár "Éigse an Aeir" sa bhliain 1998.

(Póirtéir 1998: 11)

<sup>57</sup> <https://about.rte.ie/inside-rte/vision/>

Craoladh sraitheanna eile faoi litríocht na Gaeilge ina dhiaidh sin mar aon le cláracha aon uaire: meabhrú ar an tionchar a bhíonn ag duine amháin ar leith in ionad ar leith.

Tá fáil bhuan ar chuid de na cláracha.... Scéalta san Aer, Éigse san Aer agus rinne mé cúpla sraith faoi bhéaloideas an Ghorta Mhóir, sraith amháin i nGaeilge agus sraith eile i mBéarla.

(Póirtéir 2020)

Tá fréamha éagsúla ag an bhfadhb seo faoin easpa clúdaigh a fheictear ar na meáin náisiúnta raidió. Tá ceangail anseo leis na heaspaí sa phleanáil don bpoiblíocht a luadh cheana le foilsitheoirí áirithe. Ní chuirtear preasráitis leanúnacha amach go minic ag comhlachtaí áirithe foilsitheoireachta ar na meáin náisiúnta seo. Bíonn ardán níos mó ar na cláir raidió áitiúla ná ar na meáin náisiúnta faoi mar a d'aithin na filí. D'fhéadfadh baint a bheith ag greásán aithne agus teagmhálacha pearsanta na bhfilí a bheith i gceist anseo.

Thagair Ní Mhóráin (2018) go speisialta don ardán a thugann Helen Ní Shé agus an clár An Saol Ó Dheas ar RTÉ Raidió na Gaeltachta d'fhilí áitiúla Chorca Dhuibhne, go háirithe. Bíonn sí mar aoi-fhile go minic ar an gclár. Sampla den chlúdach seo is ea agallamh a dhein Ceaití Ní Bheildiúin i Meitheamh 2019 tar éis di a cnuasach filíochta *'Agallamh sa Cheo'* (Coiscéim 2019) a fhoilsiú. Bhí mír ag Dairena Ní Chinnéide ar an gclár i Mí Eanáir 2020 tar éis di a cnuasach *'Deleted'* (Salmon Poetry 2020) a fhoilsiú. Tugadh mír ar leith do Mhícheál Ó Siochrú in Feabhra 2019 chomh maith agus a chnuasach filíochta *'Scáil an Scéil'* foilsithe (Coiscéim 2019). Bhain an clúdach seo le seoladh a deineadh ar leabhar Uí Shiochrú ag Éigse na Brídeoige ag tús na míosa sin. Ba mar gheall ar fhorghníomhaíocht Phaddy agus Fhíona de Buis gur tugadh an deis seo don bhfile. Bíonn ardán ag an bhFéile Bheag Filíochta ar an gclár gach bliain chomh maith (Ó Faoláin 2018) agus bhí Ní Shé féin mar aoichainteoir ag an bhféile, meabhrú ar an toradh a bhíonn ar ghréasán/aithne ar fhearainn éagsúla ghaolmhara sa phobal.

Taobh amuigh den bpoiblíocht a thugann foireann an Saol Ó Dheas do cuid de na filí áitiúla i gCorca Dhuibhne, is beag a clúdach a bhíonn ag na filí seo ar Raidió na Gaeltachta. Is í tuairim Phóirtéir (2020) ná nach bhfuil clúdach leordóthanach ag filí na Gaeilge ar Raidió na Gaeltachta in aon chor.

Tá an díoma ormsa leis an bhfreastal atá déanta ag Raidió na Gaeltachta ar scríbhneoirí... Is dóigh liom go mba chóir go mbeadh spás éigin do ghearrscéalta, go mba chóir go mbeadh spás le haghaidh aistí, le haghaidh clár filíochta, clár éigin

ann faoi stair litríocht... Ní bhraithim go bhfuil cothrom na féinne á thabhairt d'fhilí agus do scríbhneoirí eile na Gaeilge ar Raidió na Gaeltachta.

(Póirtéir 2020)

Eisceachtaí iad an dá chlár nua a tháinig chun cinn le linn na bliana 2019. Láithrigh Marcus Mac Conghail sraith litríochta 'Meascra' thar deich gclár a thug ardán do scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge (Bhain Ó Faoláin ardán amach sa chlár seo). Clár eile ar bhain filí ardán amach ann ná 'An Cúinne Dána' le Tristan Rosenstock ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Fuair Mac Conghail, Ní Chinnéide agus Bushe ardán amach ón gclár seo. Fuaireadar deis cainte agus pléadh cuid dá saothar ann. Tá ardán áirithe á thabhairt do scríbhneoirí na Gaeilge ar an gclár seo ach toisc plé a bheith ag an gclár le réimsí éagsúla ealaíona, tá teora leis an gclúdach atá ar fáil ag scríbhneoirí na Gaeilge, i gcodarsnacht le cuid de shraitheanna Phóirtéir a dhírigh go sonrach ar scríbhneoirí Gaeilge.

Is léir ó na figiúirí thuas gur mó an freastal a dhéanann an stáisiún raidió áitiúil Béarla, Radio Kerry ar na filí ná stáisiúin Ghaeilge lasmuigh den gceantar m.sh. Raidió na Life. Is iad na daoine a bhfuil baint acu le Baile Átha Cliath a fuair clúdach ar Raidió na Life: Marcus Mac Conghail agus Bríd Ní Mhóráin. Ba iad LeabhairCOMHAIR a shocraigh an t-agallamh.

### **An Teilifís**

Níor luaigh aon fhile ról a bheith ag cláir teilifíse maidir le hardán a chur ar fáil dá saothar. Deir Nic Eoin, áfach, go gcuireann TG4 'ardán ríthábhachtach' ar fáil d'ealaíona na Gaeilge agus na Gaeltachta a thugann léargas tábhachtach ar oidhreacht shaibhir na tíre nach mbíonn i gcónaí ar fáil ar na meáin náisiúnta eile (Nic Eoin 2016: 8-9).

Bhí Séamus Barra Ó Súilleabháin ina aoi ar chlár speisialta a craoladh mar cheiliúradh Fiche Bliain de TG4 Oíche Shamhna 2016. Bhí deis ag an bhfile dán a reic.<sup>58</sup> Thug Léirmheas Leabhar ardán tábhachtach do litríocht na Gaeilge ar TG4 idir 2017 agus 2019. Ba chlár séasúrach míosúil litríochta agus léirmheastóireachta é 'Léirmheas Leabhar'. An Dr. Róisín Ní Ghairbhí a bhí ina láithreoir don chéad sraith. Lean Tristan Rosenstock ar aghaidh mar láithreoir leis an gclár don mbliain 2018/2019. Cuireadh béim ar shaothar nuafhoilsithe sa chlár agus pléadh saothar filí éagsúla ó thráth go céile. Maidir le filí an staidéir seo, caitheadh leathchlár ar léirmheas ar chéad chnuasach filíochta Shéamuis

---

<sup>58</sup> <https://www.youtube.com/watch?v=TOcTEdLiy5g&t=26s>



Barra Uí Shúilleabháin *'Beatha Dhónaill Dhuibh'* (Cló Iar-Chonnacht 2016). Deineadh plé ar shaothar agus ar shaol an fhile. Díríodh aird chomh maith ar chleachtas an fhile féin maidir lean mhodh seachadta mar fhilíocht bhéil (Léirmheas Leabhar, TG4 craolta 11/4/17).

Dhírigh an t-iriseoir Breandán Mac Gearailt ar an tábhacht a bhain le bunú Léirmheas Leabhar san alt a scríobh sé do Tuairisc.ie *'Ardán do Léirmheas Leabhar Gaeilge ar an stáisiún Gaeilge más mall is mithid'* sa bhliain 2017.<sup>59</sup> Thagair sé don olc a bhí ag scríbhneoirí maidir le faillí a bheith déanta ag TG4 ar litríocht na Gaeilge le fada an lá gan aon chlár leanúnach a bheith ag litríocht na Gaeilge ar an stáisiún. *'Tá muc ar gach mala ag scríbhneoirí Gaeilge le fada an lá mar gheall ar an easpa aitheantais a fhaigheann siad ó TG4'* (Mac Gearailt 2017). Chomhaoinigh Foras na Gaeilge an tsraith ach b'ait le Mac Gearailt nach raibh clár léirmheasa ar litríocht na Gaeilge mar chuid de chroísceideal an stáisiúin beag beann ar a leithéid de dheontas.

Tuigim cleachtas na hurraíochta maidir le cláracha ach nach seo clár ba cheart a bheith á dhéanamh ag TG4 cheana féin, agus é i gcroílár an sceidil. Ná fearr a chloíonn sé le barrshamhail an 'Súil Eile' ná craoladh ar an *Tour de France?* Ba cheart do TG4 íoc as an iomlán agus nára maith acu.

(Mac Gearailt 2017)

Níl todhchaí lánchinnte ag an gclár Léirmheas Leabhar agus post nua faighte ag an léiritheoir Deirdre Ní Choistín. Sular tosaíodh ar Léirmheas Leabhar a chraoladh, bhí bearna ar feadh i bhfad ann maidir le soláthar TG4 don litríocht ó tháinig deireadh leis an gclár ealaíona 'Soiscéal Pháraic' de chuid Loopline Films. D'éirigh leis an gclár seo ardán leanúnach a thabhairt do na healaíona Gaeilge. Deineadh saothar Bhríd Ní Mhoráin a chur faoi léirmheas ar an gclár seo.

Craoladh an mhórshraith fhaisnéise 'Rince ar Phár' leiriú de chuid Dovia Teo, sa bhliain 2008, le maoiniú substaintiúil ó BAI (Údarás Craolacháin na hÉireann) agus TG4, maoiniú a bhain go sonrach le soláthar cláracha litríochta. Chuaigh sé chlár na sraithe i ngleic le ceisteanna éagsúla a bhaineann le litríocht na Gaeilge, idir ghuth sainiúil na Gaeilge agus cheist an phobail léitheoireachta. Ba í Brenda Ní Shúilleabháin (Brenda McKenna) ó Cheann Trá a léirigh agus a stiúraigh agus an Dr. Róisín Ní Ghairbhí a bhí mar phríomhthairbh. D'fhág ceangal na beirte seo le Corca Dhuibhne agus le hUíbh Ráthach go raibh foireann na sraithe eolach

---


<sup>59</sup> <https://tuairisc.ie/ardan-do-leirmheas-leabhar-gaeilge-ar-an-staisiun-gaeilge-mas-mall-is-mithid/>

ar fhilí Gaeltachta Chiarraí. Cuireadh Ceaití Ní Bheildiúin faoi agallamh tar éis di Duais Filíochta an Oireachtais a bhaint amach. Bhí mír ar leith ag Simon Ó Faoláin chomh maith agus é ag léamh a dháin ‘Stair’. Deineadh taifead ar mhíreanna filíochta le Paddy Bushe agus le Dairena Ní Chinnéide chomh maith.

### Na Meáin Iriseoireachta: Clóite agus Líne

Bhí deis ag na filí sa cheistneoir cuntas a thabhairt ar ‘poiblíocht’ a bhain siad amach trí na meáin chlóite.

#### Léaráid 11: An bhfuair tú poiblíocht ó nuachtán riamh?



I gcás ‘The Irish Times’ dúirt deichniúr filí (67%) go bhfuair siad poiblíocht ón nuachtán sin.<sup>60</sup> Fuair seachtar filí (47%) clúdach ar Tuairisc.ie, an príomhnuachtán náisiúnta Gaeilge sa tír. Tá ardán bainte amach ag nach mór leath de na filí sa Kerryman (7/47%). Níor bhain ach líon beag daoine ‘poiblíocht’ amach in Kerry’s Eye (2/13%). Ní hionadh easpa clúdaigh nuair a chuimhnímid nach bhfuil dhá thigh foilsithe ag cur ábhar poiblíochta ar fáil go córasach.

### Na Meáin Shóisialta

Advances in technology and broadband allow access to high-quality cultural material and innovative learning experiences. Digitisation is a powerful means of presenting information about the activities and collections of cultural institutions to large and diverse audiences across the world.


(Rialtas na hÉireann 2020: 24)

Le teacht chun cinn na meán sóisialta le cúig bliana dhéag anuas, tá claoclú tagtha ar na hardáin chruthaitheacha atá ar fáil d’fhilí Gaeilge. Fágann seo go bhfuil deiseanna ilchineálacha as an nua ag filí nach raibh ag an nglúin a tháinig

<sup>60</sup> Bhí Pól Ó Muirí, ar file é féin, mar eagarthóir le linn an chuid is mó de thréimhse an staidéir.

rompu (Ní Fhrighil & Ní Ghairbhí 2010: 304). Tugann na hardain dhigiteacha nua (Youtube agus na meáin shóisialta éagsúla Facebook, Snapchat, Instagram agus Twitter go príomha) deiseanna d'fhilí a saothar a phoibliú agus féinfhóilsíú a dhéanamh gan aon chostas.

### Léaráid 12: An úsáideann tú an suíomh seo riamh?



Is léir deighilt idir na glúnta maidir leis an úsáid a bhaintear as meáin shóisialta ar leith cé go bhfuil cúpla eisceacht i gceist chomh maith. Ní bhaineann aon fhile leas as Instagram nó Snapchat (ardáin a shamhlaítear níos mó leis an aos óg). D'admhaigh Ní Mhóráin nach bhfuil aon chur amach aici ar chúrsaí teicneolaíochta. *'Aineolaí ar chúrsaí teicneolaíochta is ea mé'* (Ní Mhóráin 2018).

Tháinig dhá phríomhghné chun cinn maidir le hiompar cruthaitheach na bhfilí ar na meáin shóisialta. Tá filí áirithe ann nach bhfuil aon spéis acu leas a bhaint as na meáin shóisialta. Tá filí eile ann agus is de dheasca easpa oiliúna an easpa teagmhála a bhíonn acu leo (Ní Chinnéide 2018, Ní Mhóráin 2018, Ó Siochrú 2018, Mulcahy 2018). Ní aithníonn filí an taighde seo go bhfuil tionchar ar na meáin shóisialta ar a gcothú ná ar a gcleachtas, ar an iomlán.

Ní bheadh spéis ag Ní Shíthigh (2019) bolscaireacht a dhéanamh ar a cuid filíochta toisc gur dóigh léi go gcuireann a leithéid fuinneamh an ealaíontóra amú. Dar le Mícheál Ó Siochrú go go bhfuil sé go hiomlán *'neamhliteartha'* maidir leis an teicneolaíocht. Ní bhacann Paddy Bushe leis an teicneolaíocht den gcuid is mó, cé go n-aithníonn sé feidhm na meán sóisialta. *'Is féidir word processing a úsáid, that's it. Ba chóir dom ach ní dheinim'* (Bushe 2018). Mar sin féin, tá suíomhanna éifeachtacha ar ardchaighdeán ag Éigse na Brídeoige agus Amergin Solstice

Poetry Festival. Bíonn cuntas Twitter agus Facebook an dá fhéile sin gníomhach chomh maith.

Dúirt Ní Bheildiúin go mbeadh *'bainisteoir ag teastáil [uaithi] chun coimeád suas leis'* (Ní Bheildiúin 2018). Ní dóigh léi go mbeadh an t-am aici dul i mbun féinphoiblíochta uirthi féin ar na meáin shóisialta.

Fearacht Uí Bheildiúin, baineann easpa teagmhála Uí Fhaoláin leis na meáin shóisialta le heaspa ama. Míníonn sé nach féidir leis an dá thrá a fhreastal.

...Is féidir liom an scríbhneoireacht a dhéanamh nó is féidir liom bolscaireacht a dhéanamh agus níl an t-am agam an dá rud a dhéanamh go bunúsach.

(Ó Faoláin 2018)

Tuigeann Moynihan an tábhacht a bhaineann leis na meáin shóisialta sa lá atá inniu ann ach bíonn drogall uirthi iad a úsáid. Tá cleachtadh agus oiliúint aici orthu toisc gur bhain sí earraíocht astu ina ról mar stiúrthóir leis An Lab.

So is iarracht dom é. I mean, deirim é. Is iarracht dom é. Mura mbeadh orm é a dhéanamh. Mura mbeadh orm a bheith ag plé leo ní dóigh liom go roghnóinn a bheith ag plé leo má thuigeann tú mé.

(Moynihan 2018)

Ní bhaineann Mulcahy leas as an nuatheicneolaíocht mar ardán agus níl sé eolach ar na meáin shóisialta. Thug sé le fios ina agallamh gur mhol a fhoilsitheoir dó poiblíocht a dhéanamh ar an idirlíon.

Dúirt siad na daoine nach ndéanann aon obair mar sin, tá na leabhra ar fad piled up sa warehouse acu. So I'll have to bury my pride and start ar an sórt san rud...Tá sé ar intinn agam rud éigin tapaidh a dhéanamh mar gheall ar sin. Beidh sé agam sara mbeidh mé 80.

(Mulcahy 2018)

Is beag leas a bhaineann Ní Chinnéide (2018) as na meáin shóisialta agus tugann sí le fios gur *'saghas fossil'* í *'ar mhórán slite'* ach go bhfuil suim aici a bheith ag foghlaim faoi na meáin shóisialta agus go bhfuil a cuid eolais ag dul i bhfeabhas. Bíonn ábhar filíochta ar na meáin shóisialta aici, áfach. Tugtar deiseanna di de bharr naisc a bheith aici le heagrais agus le struchtúir thacaíochta. Tá dán 'An Tobar' foilsithe aici ar líne mar gheall ar choimisiúnú a dhein coiste pleanála teanga Chiarraí Thiar (Tobar Dhuibhne) uirthi.<sup>61</sup> Ní miste cuimhneamh go raibh ról ag Ní Chinnéide mar scríbhneoir cónaitheach in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (2017-2018) agus tá sí fostaithe ina scríbhneoir cónaitheach anois le

<sup>61</sup> <https://www.youtube.com/watch?v=tSbgShu2Dkw>

hOidhreacht Chorca Dhuibhne ó bhí 2019 ann. Is de bharr na nasc seo a bhíonn an t-ardán seo ag an bhfile.

Baineann Seán Sugrue feidhm as Facebook, Instagram agus Youtube chun teacht ar phobal éisteachta dá chuid filíochta agus aithníonn sé go n-éiríonn le filí móra taibhléirithe an Bhéarla leas cruthaitheach éifeachtach a bhaint as an áis phoiblíochta seo. *'You can reach an audience very quickly. I am really attracted to self-publishing and Instagram'* (Sugrue 2019). Is dóigh leis gur tríd na físdánta a bheidh deis níos fearr ag filí teacht ar phobal éisteachta níos óige. Deir sé gur tháinig sé féin ar an bhfilíocht den gcéad uair trí fhíseáin roinnt filí Béarla a fheiscint. *'I think maybe in the next few years that some of those viewers that got into Instagram poets, might be going, this is crap, I will go and get a Paddy Bushe book'* (Sugrue 2019).

Is iad Ní Mhurchú, Mac Conghail agus Barra Ó Súilleabháin na filí is mó a bhaineann úsáid as na meáin shóisialta agus a thug le fios go bhfuil taithí acu ar a n-úsáid.

Baineann Ní Mhurchú leas as na meáin shóisialta mar áis phoiblíochta/mar mheán seachadta dá cuid filíochta. Díolann sí féin airgead chun *'boosting'* a dhéanamh ar a cuid postálacha ar Facebook. Baineann sí úsáid as an teicneolaíocht agus tapaíonn sí deiseanna oiliúna (Ní Mhurchú 2018).

Bhíodh Mac Conghail níos gníomhaí ó thaobh a chuid filíochta a fhoilsiú ar na meáin shóisialta ach tá athrú tar éis teacht ar a chleachtas le blianta beaga anuas (Mac Conghail 2019). Tuigtear dó, áfach, go bhfuil ríomhphobal láidir ann trí Ghaeilge agus go bhfaigheann sé spreagadh cruthaitheach uathu. D'fhág sé nóta tiomnaithe don *'ríomhphobal'* ag deireadh a chnuasaigh *'Ceol Baile'* fiú (Coiscéim 2014).

Tá ríomhphobal ar na meáin shóisialta... As na focail sin agus as an gcumarsáid agus tagann abairt agus leathabairt agus tagann dán.

(Mac Conghail 2019)

Fearacht Mhic Conghail, thug Ó Súilleabháin (2018) le fios ina agallamh go ndeineadh sé féin físeán a chur le chéile ar na meáin shóisialta. Is é Séamus Barra Ó Súilleabháin is mó a bhfuil láithreach aige ar na meáin shóisialta. Is minic a roinntear físeán den bhfile agus é ag reic na filíochta ag ardáin mar an Picnic Leictreach. Toisc an greásán seo a bheith ag an bhfile agus an sainstíl

reacaireachta a chleachtann sé bhain sé ardán amach ó struchtúr tacaíochta nár bhain filí eile buntáiste as. Foilsíodh an file físdán d'ardchaighdeán teicniúil leis 'Raithneach' sa bhliain 2019 le tacaíocht ó Reic agus Áras Scríbhneoirí na hÉireann.<sup>62</sup> D'fhoilsigh sé físdán eile i gcomhar leis an ealaíontóir Duibhneach Áine Ní Chíobháin agus leis an léiritheoir Ciara McKenna 'Toghchán' sa bhliain 2019 chomh maith.<sup>63</sup> Bíonn pacáiste proifisiúnta ar fáil mar chuid den tacaíocht seo. Bíonn cur chuige ilmheáin i bhfeidhm agus cuirtear líne an dáin ar an bhfíseán chomh maith. Is fíor gur '*centre of artistic activity*' (Csikszentimhalyi 1999) é an gréasán seo ar líne agus gréasán fisiciúil atá ag an bhfile de bharr baint a bheith aige le hinfreastruchtúr Reic agus Áras Scríbhneoirí na hÉireann. Teastaíonn mianach an aisteora chruthaithigh leis na naisc a bheith agat agus chun bheith istigh a bheith agat le healaíontóirí eile.<sup>64</sup>

Bíonn tionchar níos mó ag na filí seo a mbíonn láithreacht láidir ar na meáin shóisialta ar phobal níos leithne agus deiseanna níos mó á bhfáil dá réir acu. Tugann a láithreacht ar na meáin deiseanna níos fearr do lucht teagaisc ollscoile a gcuid saothar a chur ar chlár siollabais nualitríochta agus na hacmhainní leictreonacha seo ar fáil mar acmhainní teagaisc. Tá dánta Shéamuis Barra Uí Shúilleabháin ar shiollabas Gaeilge mar chuid de Bhaitisiléir sna Dána i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, mar shampla. Bíonn Ó Súilleabháin forghníomhach ar Twitter (an áit a mbíonn iriseoirí, eagrais, lucht acadúil agus na meáin gníomhach). Tugann an láithreacht seo buntáistí dó maidir le hardán a bhaint amach mar fhile.

I measc seo tá an grúpa Facebook 'Gaeilge Amháin' a bhfuil breis is dhá mhíle dhéag duine mar bhaill ann. Cé nach bhfuil áis le fáil ar Twitter chun grúpa a thabhairt le chéile ar an gcaoi chéanna, is minic haischlibeanna ábhartha in úsáid. Sampla is ea #filíochtnamárte mar a roinntear dánta ag baill éagsúla de phobal na Gaeilge gach Máirt. Is fiú ceann a thógaint de láithreacht eagrais ealaíona ar na meáin shóisialta seo, eagrais ar nós Éigse Éireann, An Chomhairle Ealaíon, Ealaín na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Áras Scríbhneoirí na hÉireann agus Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge mar shampla. Tá deiseanna á gcailliúint ag filí áirithe ardán a bhaint amach dá saothar ar na meáin dhigiteacha.

---

<sup>62</sup> <https://www.youtube.com/watch?v=hX6OK1VnSMg>

<sup>63</sup> <https://www.youtube.com/watch?v=AxiGh1DiC-E>

<sup>64</sup> Pléifear an cheist seo arís i gcomhthéacsanna eile i gCaibidil 10.

Cé go ndeir tromlach na bhfilí anseo nach n-úsáideann siad an t-idirlíon ná na meáin shóisialta go cruthaitheach, tá físeáin dá gcuid saothar curtha ar Youtube ag daoine agus ag eagrais eile. Tá teacht ar fhíseáin le Ní Mhóráin, Bushe, Ó Faoláin, Mulcahy, Moynihan agus le Sugrue.

**Tábla 7: Líon radharc a bhain físeán filíochta na bhfilí amach ar Youtube**

Ainm an Fhile	Ainm an Dáin	An líon uair ar féachadh air	Cé a chuir anuas?	Cathain ar cuireadh anuas é?
Séamus Barra Ó Súilleabháin	Dán ag an bPicnic Leictreach	1,000	Livetráid	2013
Séamus Barra Ó Súilleabháin	Óglach	3,400	An file é féin	2013
Séamus Barra Ó Súilleabháin	Toghcháin	856	An file é féin	Le seacht mí anuas
Séamus Barra Ó Súilleabháin	Raithneach	2,500	An file é féin	Le sé mhí anuas
Séamus Barra Ó Súilleabháin	Ar theacht na Samhna	4,500	TG4	2017
Paddy Bushe	After Love	168	Ó Bhéal	2010
Bríd Ní Mhóráin	'Cé a cheannódh éadach?	90	Ó Bhéal	2010
Bríd Ní Mhóráin	An Taibhrigh	123	Ó Bhéal	2010
Simon Ó Faoláin	Tigh Nama	28	Ó Bhéal	Le trí mhí anuas
Simon Ó Faoláin	Ag Caitheadh	190	Ó Bhéal	2010
Simon Ó Faoláin	Foodchain	28	Ó Bhéal	2016
Áine Moynihan	Cúramaí Caillí/Witch Work	47	Ó Bhéal	2009
Áine Moynihan	Flashback in Anger	122	Ó Bhéal	2009
Áine Moynihan	Mother Goddess	155	Ó Bhéal	2009
Louis Mulcahy	Li Bai	129	White House Limerick	2014
Dairena Ní Chinnéide	Island Under Mist	133	Ionad Cultúir na hÉireann	2013

Dairena Chinnéide	Ní	Máthair is Mac	178	Reic Éire	2017
Dairena Chinnéide	Ní	Sea Mist	191	Ionad Cultúir na hÉireann	2013
Dairena Chinnéide	Ní	Symphony	68	Ionad Cultúir na hÉireann	2013
Dairena Chinnéide	Ní	An Tobar	173	Tobar Dhuibhne	2020

Léiríonn na figiúirí thuas gur beag aird a tharraingíonn tromlach na bhfíseán seo. Is beag duine a fhéachann orthu. Níor fhéach ach 47 duine (nó líon níos lú daoine a d'fhéach air níos mó ná dhá uair amháin) ar Chúramaí Caillí: Witch Work le Áine Moynihan agus an físeán sin ar fáil ón mbliain 2009 ar aghaidh. Fiú nuair a bhíonn an fhilíocht measctha le féile de chuid chultúr coiteann na tíre, faoi mar a bhíonn ag féilte móra mar an Phicnic Leictreach, níor bhain an físeán sin leis an Súilleabhánach ach 1,000 radharc amach. Is léir gur mó radharc a bhaintear amach nuair a scaipeann eagrás oifigiúil a bhfuil an lucht leanúna acu an t-ábhar. Cuir i gcás, nuair a dhein TG4 poiblíocht ar dhán le Ó Súilleabháin, gur fhéach líon níos mó daoine air: 4,500 a d'fhéach ar 'Ar theacht an na Samhna'. Níl cuid de na físeáin ar ardchaighdeán, ach an oiread. Tá físeáin áirithe le Ó Bhéal, cuir i gcás, nach bhfuil caighdeán sásúil ag baint leo. Cuireann seo srian ar an líon daoine fhéachfaidh ar na na físeáin seo. Nuair a bhíonn an táirge ar ardchaighdeán, is dóichí go roinnfear an nasc.

Tá caighdeán proifisiúnta ag sraith físeán a choimisiúnaigh Áras Scríbhneoirí na hÉireann agus a taifeadh i bpáirt le Reic ag tús na bliana 2019. Fostaíodh Seán T Ó Meallaigh mar stiúrthóir agus deineadh taifead gairmiúil ar shraith ceithre fhísdhán le Lauren Ní Chasaide, Eoin P. Ó Murchú agus Ciara Ní É agus le file a bhaineann leis an staidéar seo, Séamus Barra Ó Súillabháin. Tá an cur i láthair an-tarraingteach agus chaighdeán ard ceamaradóireachta agus eagarthóireachta déanta ar na físeáin. Seoladh na 'físdánta' seo ar Youtube agus dhein REIC agus na filí féin scaipeadh cuimsitheach orthu ar na meáin shóisialta, Twitter agus Facebook go speisialta. Mar is léir ón tábla thuas, tá na huimhreacha féachana i bhfad níos mó ná na mar a bhí i gceist leis na físeáin a cuireadh ar líne trí Ó Bhéal. Braitheann an tionchar a bhíonn ag físeáin ar líne ar an obair bholscaireachta a dhéantar ar na meáin mar Twitter. Ní cúram aon oíche é scaipeadh proifisiúnta a dhéanamh ar shaothar filíochta. Tá ceird ag baint le naisc a roinnt, haischlibeanna



a fhréamhú agus ‘tagging’ a dhéanamh leis na heagrais agus leis na leantóirí is mó a roinnfidh an saothar.

**Tábla 8: Líon radharc ar na físdánta REIC/Áras Scríbhneoirí na hÉireann**

Raithneach le Séamus Barra Ó Súilleabháin	2, 500
Dán Crá le Ciara Ní É	1,400
Dán Grá (don idirlíon) le Eoin P. Ó Murchú	2,000
Tarraingt le Lauren Ní Chasaide	714

Is mó an líon daoine a fhéachann ar na dánta seo ná mar a cheannaíonn cnuasaigh na bhfilí. Is spéisiúil comparáid a rianadh idir líon na ndaoine a d’fhéach ar na físdánta seo agus an méid radharcanna a bhain an dán dhátheangach ‘Phenomenal Woman’ le Ciara Ní É amach. D’fhéach 10,000 ar an bhfíseán áirithe seo, méid i bhfad níos suntasaí ná na figiúir a ghabhann leis na físdánta eile thuas.

Baineann físeáin a bhfuil ceol nó an amhránaíocht i gceist leo lucht féachana níos mó amach. Bhain leagan Iarla Uí Lionáird de dhán cáiliúil Sheáin Uí Ríordáin ‘Saoirse’ 148,000 radharc amach. Níl meán an cheoil ná na hamhránaíochta ag feidhmiú i gcomhthéacs speisealaithe, mar a bhíonn an fhilíocht.

Fágann úsáid an cheoil, i gcás Uí Lionáird agus stíl dhátheangach Ní É (mar aon le páirtíocht Lidl, TG4 agus Cumann Pheil na mBan sa mhórthogra seo) gur féidir lucht éisteachta níos mó a bhaint amach ag brath ar acmhainní agus gréasáin. Bhain an cur chuige dhátheangach a chleachtann Ní É pobal suntasach amach (anuas ar an tsaintacaíocht ó na páirtnéireachtaí thuasluaite). B’fhiú cuimhneamh ar dheiseanna ilmheáin a chur chun cinn mar thograí ar líne leis an sprioc pobail níos leithne a tharraingt chun na filíochta Gaeilge.

Má scrúdaimíd na figiúirí a bhaineann filí Éireannacha Béarla amach sna meáin chéanna, tá an-chodarsnacht le tabhairt faoi ndeara. Bhain dán ‘Just Saying’ le Emmet Kirwan 628,000 radharc amach agus bhain ‘Dublin You Are’ le Stephen James Smyth 127,000 radharc amach. Ach taispeánann samplaí Saoirse agus Phenomenal Woman gurbh fhéidir líon níos lú lucht féachana a bhaint amach trí chur chuige ilmheáin agus dhátheangach ach an bholscaireacht cheart a bheith déanta ar an saothar.

Beag beann ar dhearcadh na bhfilí, is léir ón bplé thuas go mbeidh an pobal a bhainfidh a saothar amach níos teoranta gan na hardáin dhigiteacha seo a thabhairt san áireamh.

D'fhéadfaí a mhaíomh ón iniúchadh tosaigh seo nach bhfuil earraíocht mar is ceart á baint as an infreastruchtúr poiblíochta atá ar fáil ar na meáin shóisialta. Mura mbíonn leas á bhaint as ardáin Instagram agus Twitter, tá pobal ar leith ann nach mbainfidh na físeáin seo amach. Má tá uainn a bheith ag cuimhneamh ar chur chun cinn na meán sóisialta mar ardán éifeachtach d'fhillíocht na Gaeilge sna blianta amach romhainn, is gá cuimhneamh ar na pobail ar fad lenár féidir le filí na Gaeilge dul i bhfeidhm orthu agus an deis a thapú stáitse domhanda a bheith ag filí comhaimseartha na Gaeilge.

Cruthaíonn na meáin shóisialta stáitse domhanda do na filí a n-éiríonn leo leas ceart a bhaint astu agus a bhfuil an gréasán tacaíochta comhroinnte sin acu. Bhí feidhm bholscaireachta ag an teicneolaíocht agus na meáin shóisialta ach gan dabht is meán agus ardán cruthaitheach ar leith é (a mbaineann filí mar Ní Chinnéide, Ó Súilleabháin agus Mac Conghail earraíocht éifeachtach as).

Tabharfar aghaidh sa chéad chaibidil eile ar na struchtúir maoinithe agus tacaíochta atá ar fáil d'fhillí. Pléifear an tionchar agus an neamhthionchar a bhíonn ag na struchtúir seo ar a misneach agus ar a gcleachtais.

## Caibidil 8: Maoiniú agus Tacaíocht don bhFilíocht

With the rise of the creative industries, the days of the struggling artist – the idea that an artist is “vague and non-material” and, at its extreme, starving and suffering for their artistic work, is becoming increasingly challenged...as described by art critic Warwick Brown “there’s never been a better time to be a contemporary artist”.

(Major 2014:72)

Tugann an plean náisiúnta don gcruthaitheacht ‘Éire Ildánach (2017 – 2022) aitheantas ríthábhachtach do ról na n-ealaíon cruthaitheach i bhforbairt iomlánaíoch shaoránach na tíre. Tá an chruthaitheacht ina gné lárnach de bheartais iomadúla eile. Ina measc seo, tá Tionscadal Éireann 2040, Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025 (Rialtas na hÉireann 2020), An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022), Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta d’Fhorbairt Tuaithe (Rialtas na hÉireann 2017)<sup>65</sup>.

Fágann an comhthéacs athraithe seo agus fás na dtionscal cruthaitheach gur dlúthchuid iad eagrais tacaíochta agus sraitheanna maoinithe sa bhfearann cruthaitheach in Éirinn. Tugann an Stát maoiniú d’fhoilsitheoirí agus d’eagrais éagsúla a chuireann an t-infreastruchtúr oiriúnach ar fáil do chleachtadh na filíochta.

Ní rud nua é, áfach, ról a bheith ag an rialtas i gcothú na n-ealaíon anseo in Éirinn agus timpeall an domhain. Bhí baint lárnach ag córais rialacháin agus rialtais éagsúla ó aimsir na SeanGhréige maidir le heagrú imeachtaí ealaíona agus lena gcothú. Tháinig coincheap nua-aimseartha na hurraíochta nó an mhaoinithe ag leibhéal an stáit isteach go foirmiúil san Eoraip sa bhliain 1767 nuair a bunaíodh amharclann stáit sa Ghearmáin den gcéad uair (Rosewall 2014: 241). In Éirinn, bhíodh filí ag brath ar a bpatrún, iad ag feidhmiú go cruthaitheach ar a son agus feidhm phoiblí ar leith acu sa tír, go dtí gur tháinig deireadh leis an tacaíocht sin le linn an ochtú haois déag (Ó hÓgáin 1984: 6).

Ní raibh saineagras tiomanta do mhaoiniú na n-ealaíon sna ceantair Ghaeltachta in Éirinn go dtí daichead bliain i ndiaidh don gComhairle Ealaíon teacht ar an bhfód agus seacht mbliana déag i ndiaidh bhunú Údarás na Gaeltachta (1980). Tuigeadh ag an am nach raibh iarratais ionadaíocha ag teacht chuig an gComhairle Ealaíon ó na ceantair Ghaeltachta i gcomparáid le ceantair eile sa tír

---


<sup>65</sup> Tá cuntas tugtha ar na beartais agus na polasaithe seo in Aguisín 5.

agus bunaíodh Ealaín na Gaeltachta sa bhliain 1997 (De Paor 2019). Bhíodh eagrais eile sa tír ag feidhmiú i bhfad roimh theacht chun cinn na Comhairle Ealaíne, Údarás na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta, áfach. Ba thúsce a bunaíodh Oireachtas na Gaeilge (1897) ná Amharclann na Mainistreach (1904) in Éirinn, cuir i gcás. Cé nár eagrais stáit iad b'eagrais mhaoinithe iad le misean náisiúnta.

Ó na nóchaidí ar aghaidh, forbraíodh an tuiscint go raibh tábhacht sheachchultúrtha ag baint leis na healaíona; go n-imríonn a gcleachtadh agus a gcothú tionchar dearfach ar fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha (Borruip 2007: 16).

Ó tharla na hathruithe agus na claochluithe seo a bheith tagtha ar an bhfearann cruthaitheach in Éirinn níor mhiste agus ba spéisiúil plé a dhéanamh ar an tionchar díreach a bhíonn ag an tacaíocht seo ar fhilí na Gaeilge.

#### Léaráid 14: Plé na bhfilí le struchtúir tacaíochta



Bhí tábla le líonadh ag na filí sa cheistneoir maidir leis an tacaíocht a bhí nó nach raibh bainte amach acu ó na príomheagrais thacaíochta atá ann d'fhillíocht na Gaeilge. Ba é an toradh is mó a sheasann amach anseo ná an easpa plé a bhíonn ag na filí, ar an mórgóir, leis na príomheagrais tacaíochta seo. Fuair ceathrar (27%) filí maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta. Ní bhfuair ach beirt fhilí (13%) maoiniú ó Oifig na nEalaíon, Comhairle Chontae Chiarraí. Thug triúr filí (20%) le fios go bhfuair maoiniú ó Cultúr Éireann. Ceathrar filí (27%) a fuair tacaíocht ó Foras na Gaeilge. Ceathrar (27%) a fuair tacaíocht ó Éigse Éireann. Níor bhain ach

file amháin (7%) buntáiste as tacaíocht ó Litríocht Éireann. Is é an t-eagras is mó a thacaíonn leis na filí ná An Chomhairle Ealaíon, a mhaoinigh seisear (40%) acu. Níor luaigh aon fhile go bhfuair siad tacaíocht ó Éire Ildánach. Tá sé tábhachtach a thógaint san áireamh, áfach, nár bunaíodh Éire Ildánach go dtí an bhliain 2017. Deineadh tromlach na n-agallamh seo a reáchtáil leis na filí sa bhliain 2018. Fágann seo, b'fhéidir, nach raibh an fheasacht chéanna ar an gclár um an dtráth sin. Ar an lámh eile is trí eagraíochtaí eile a ritheann Éire Ildánach mórán dá scéimeanna agus is páirtneír dá gcuid Comhairle Chontae Chiarraí; eagraíocht a bhfuil freagracht ar leith aici as na healaíona sna ceantair faoi thrácht.

## **Riachtanais na bhFilí agus na saindúshláin atá rompu**

### **Scil ar leith**

Ba théama leanúnach é i dtorthaí an taighde go mbíonn gá le scil agus cumas ón bhfile a chuirfidh isteach ar scéimeanna maoinithe. Tá réim teanga ar leith ag teastáil chun iarratais éifeachtacha a scríobh.

Caifear a bheith go maith chun iarratais a scríobh, bheith in ann an 'artspeak' a dhéanamh go háirithe don gComhairle Ealaíon.

(Ó Faoláin 2018)

Is scil ar leith atá ann, is dócha, foirmeacha a líonadh amach...ach is gá é a dhéanamh'.

(Mac Conghail 2019)

Chuirfeadh na foirmeacha mearbhall ort! Go háirithe nuair nach bhfuil lé agam le ríomhaireacht.

(Ní Mhóráin 2018)

Níl an scil chéanna ag gach file: i dtéarmaí Gläveanu ní 'aisteoirí cruthaitheacha' iad. (Gläveanu 2013). Maidir leis na filí seo nach féidir a rá fúthu gur aisteoirí cruthaitheacha iad féin, bíonn siad ag brath go mór ar thacaíocht ó chinnirí cultúir.

Baineann éiginnteacht leis an bpróiseas iarratais do Cheaití Ní Bheildiúin. Dar léi go bhfuil gá le ceardlanna oiliúna d'fhilí maidir lena bheith ag cur isteach ar mhaoiniú.

Ní raghadh comhairle ar iarrataisí amú do roinnt mhaith scríbhneoir. Faighim an-deacair tabhairt faoi iarratas agus na roghanna a dhéanamh ar cad ba cheart a bheith ann agus cad nach ceart a bheith ann. Is obair mhillteach dom na hiarrataisí.

(Ní Bheildiúin 2018)

Ó thaobh na gcinnirí de, mhaígh Caitríona Ní Chathail (2019) go bhfuil an gá atá le scileanna ríomhaireachta agus cuntasaochta mar cheann de na dúshláin is mó

a bhaineann le próiseas iarratais ar mhaoiniú. Dar léi nach mbíonn an scil sin ag gach éinne. Ciallaíonn seo go bhfágfar filí áirithe ar an imeall mura bhfuil duine acu chun an cúram a dhéanamh ná cúnamh a thabhairt dóibh.

Bhéimnigh Rachel Holstead (2019) na dúshlán chéanna ina ceistneoir siúd:

Ó thaobh dúshlán de – easpa eolais ar na córais maoinithe, soiléireachtaí faoi na féidearthachtaí, b'fhéidir, easpa muiníne cabhair a lorg leis an iarratas nó i bhfoirm ar maoiniú féin.

(Holstead 2019)

Féach go dtugann na filí féin le fios gur próiseas deacair casta é an cur isteach ar mhaoiniú a chuireann laghmhisneach nó drogall orthu. Níl ag éirí le cuid d'fhillí an staidéir seo teacht ar dheiseanna tacaíochta agus maoinithe agus léiríonn na hagallaimh agus fianaise na gcinnirí go mbaineann an fhadhb seo le heaspa oiliúna agus easpa eolais. Níl tairbhe á baint ag tromlach na bhfilí as na scéimeanna tacaíochta atá ar fáil dóibh.

Ní léir aon mhórbhéim i straitéisí eagrais ealaíona Gaeilge ar dheiseanna oiliúna a bhaineann leis an tacar scileanna breise seo, cé's moite do cheardlanna ócáidiúla ag Ardfeis Chonradh na Gaeilge. Luaitear ról tacaíochta Ealaín na Gaeltachta ar a suíomh, ach ní léir ón suíomh go bhfuil aon sainscéimeanna oiliúna struchtúrtha ar leith i gceist sa tacaíocht seo.

Cuireann muid comhairle agus tacaíocht ar fáil chomh maith, do lucht na n-ealaíon agus don phobal agus cuirimid fáilte roimh cheisteanna ar bith maidir leis na healaíona sa Ghaeltacht.

(Eolas ó shuíomh Ealaín na Gaeltachta)

Ainneoin easpa bainte fhillí áirithe le struchtúir tacaíochta, tá aitheantas ag leibhéal an stáit don ngá le soláthar oiliúna níos leithne ná deontais airgid a thabhairt d'ealaíontóirí. Tugtar sainaitheantas i gCreatbheartas Náisiúnta Cultúir an Rialtais Cultúr 2025 don tábhacht a bhaineann le cumasú ealaíontóirí le cur ar a gcumas feidhmiú ar bhonn féinchothaithe.

### **Tábhacht an Ghréasáin**

Léiríonn an taighde seo go bhfuil taithí éagsúil ag filí maidir le deiseanna maoinithe, agus go bhfuil an taithí seo bainteach lena ngréasáin féin.

Léiríonn torthaí an taighde go bhfuil eolas níos fearr ag filí áirithe ar dheiseanna atá ar fáil ná mar a bhíonn ag filí eile. Bíonn tionchar ag an taithí sin ar dhearcadh an fhile féin maidir leis an gcúlghrat tacaíochta atá ar fáil d'fhillí na Gaeilge. Léirigh

filí áirithe (Bushe, Ó Faoláin agus Mac Conghail) saineolas ar na deiseanna atá ar fáil d'fhilí na Gaeilge maidir le scéimeanna maoinithe, tacaíochta agus foilsithe. Ní dóigh leo go mbaineann dua le maoiniú a bhaint amach mar fhile Gaeilge ná deis foilsithe a fháil. Chonaiceamar gur chreid Simon Ó Faoláin go bhfuil *'sé i bhfad níos fusa leabhar a fhoilsiú as Gaelainn agus tá sé níos fusa tacaíocht a fháil ó thaobh airgead'* (Ó Faoláin 2018). Dar le Marcus Mac Conghail (2019) gurb í a thaithí féin í go bhfuil *'eiceachóras iomlán'* ar fáil don bhfile agus nach bhfuil ag teastáil ach *'misneach'*.

Ní hionann, áfach, taithí dhearfach Bushe, Uí Fhaoláin agus Mhic Conghail agus taithí Uí Mhuircheartaigh, Uí Shiochrú agus Uí Shíthigh. Is mór an difríocht idir a mbraistintí siúd i leith na deiseanna tacaíochta atá ar fáil dóibh féin agus fianaise Bushe, Uí Fhaoláin agus Mhic Conghail.

N'fheadar cá raghfaí á lorg.

(Ó Muircheartaigh 2018)

Níl eolas orm agus nílím sásta dul i mbun gréasáin.

(Ní Shíthigh 2019)

Tacaíocht a dúraís? Haha. Deireann tú go bhfuil a lán airgid i scríbhneoireacht an ea? Fuair eas tacaíocht an mhaith ó Phádraig Ó Snodaigh, Coiscéim... Lasmuigh de sin haha anois, tá Féile na Brídeoige ag Paddy agus Fíona de Bushe...Níl is dócha an focal, níl in aon chor.

(Ó Siochrú 2018)

Tá sainfheasacht ag Paddy Bushe ar thórdhreach thacaíocht na filíochta agus an chultúir mar dhuine a bhfuil taithí aige ar a bheith ag eagrú féilte cultúrtha le daichead bliain anuas. Tá gréasán aige chomh maith de bharr nasc seanbhunaithe leanúnacha a bheith aige le Baile Átha Cliath agus óna bhallaíocht le hAos Dána. De bharr na gcúinsí seo agus eile, tá ag éirí le Bushe feidhmiú mar *'aisteoir cruthaitheach'*. Is amhlaidh go bhfuil taithí áirithe den saghas céanna ag Ó Faoláin tar éis dó a bheith ag eagrú imeachtaí litríochta *'le cúig bliana déag anuas'* (Ó Faoláin 2018). Tá naisc shonracha aige féin le Baile Átha Cliath. Tá sainghréasán teagmhálaithe aige san ardchathair. Tá aithne aige ar Mharcus Mac Conghail (ón tréimhse a chaith Mac Conghail i gCorca Dhuibhne) agus ar Aifric Mac Aodha, eagarthóir Gaeilge *'The Stinging Fly'* agus *'Trumpet'* iris filíochta de chuid Éigse Éireann. Anuas air seo, bhí Ó Faoláin mar bhall bunaidh den ngréasán Scríbhneoirí Óga agus Úra na Gaeilge a bhunaigh gréasán tábhachtach do scríbhneoirí óga ag an am.

Sampla den mbuntáiste breise a bhaineann leis an ngréasán nó teagmhálacha seo a bheith ag Mac Conghail agus Ó Faoláin is ea an foilseachán ‘Calling Cards’ (Gallery Press 2018) a choimisiúnaigh Éigse Éireann i gcomhar le hAifric Mac Aodha. Díolaim filíochta le glúin nua scríbhneoirí Gaeilge a bhí i gceist. Tá Ó Faoláin agus Mac Conghail i measc na bhfilí a roghnaíodh. Ba iad na filí eile ar deineadh coimisiúnú orthu don saothar ná: Máirtín Coilféir, Proinsias Mac a’ Bhaird, Aifric Mac Aodha, Marcus Mac Conghail, Caitriona Ní Chléirchín, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Doireann Ní Ghríofa, Caitlín Nic Íomhair, Simon Ó Faoláin agus Stiofán Ó hIfeárnáin. Is léir ó shracfhéachaint ar an ngearrliosta go bhfuil an roghnúchán a deineadh lárnaíthe ar fhilí a bhfuil nasc acu le Baile Átha Cliath nó nasc níos leithne acu le gréasán teagmhálacha, ach go háirithe. Luaigh Maureen Kennelly (2019), Iar-Stiúrthóir Éigse Éireann gur roghnaigh Aifric Mac Aodha na filí mar eagarthóir agus nach raibh aon phróiseas iarratais lena bheith curtha san áireamh sa chnuasach.<sup>66</sup> Aisteoir cruthaitheach í Aifric agus bhí buntáiste ag na filí a tharraing a haird trína gréasáin féin – atá lonnaithe den gcuid is mó i mBaile Átha Cliath.

Ar an lámh eile, labhair Siobhán Ní Shíthigh (2019) ina hagallamh siúd ar an easpa aitheantais atá faighte aici mar fhile Gaeilge. Dar léi, nach bhfuil eolas ag daoine mar gheall ar a cuid filíochta. Creideann sí nach bhfuil aitheantas bainte amach aici mar fhile agus is é an easpa teagmhálacha/gréasán sin faoi ndear an laghad airde atá tarraingthe uirthi agus ar a saothar, a deir sí.

N’fheacasa riamh mo leabhar istigh i gCorca Dhuibhne, istigh sa láthair Oidhreachta ná aon áit. Scrígh síos é sin. Níl aon chomhacht agam baochas le Dia. Mar dá mbeadh comhacht agam, bheadh cur i gcéill ar siúl agam.

(Ní Shíthigh 2019)

Músclaíonn cuid dá ndeir Ní Shíthigh ceist: ós eagraíocht é Oidhrecht Chorca Dhuibhne le sainmhisean chun oidhrecht uathúil an cheantair a chothú agus a chaomhnú - ar chóir dóibh bheith níos forghníomhaí maidir le stoc chnuasach fhilí de bhunadh Chorca Dhuibhne?

Thrácht Ní Shíthigh chomh maith san agallamh ar an ngrúpa Aosdána. Luaigh sí go speisialta arís, go bhfeictear di go mbíonn gréasán ag na daoine a fhaigheann bheith istigh ann.

---

<sup>66</sup> Bhí Maureen Kennelly ag feidhmiú mar stiúrthóir Éigse Éireann nuair a cuireadh na hagallaimh don taighde seo ar bun. Tá sí ina Stiúrthóir ar an gComhairle Ealaíon ó bhí Mí an Mhárta 2020 ann.



Tugann san ar aghaidh mé go dtí Aos Dána. Is club mór é sin mar go bhfuil an t-ádh le daoine a bhfuil istigh ann mar faigheann siad tuarastal ach iad fhéin a thugann isteach an duine. Vótálann siad so níl aon chaighdeán...Déarfainn go raibh gréasán an-mhaith aige [Paddy Bushe] mar tháinig sé ó Bhleá Cliath. That's it.

(Ní Shíthigh 2019)

Thosnaigh Mícheál Ó Siochrú ag gáire le linn a agallaimh féin nuair a ceistíodh é i dtaobh na tacaíochta atá ar fáil d'fhilí na Gaeilge. Níl eolas aige ar *aon* deiseanna. Ní raibh sé ábalta aon fhoinsí tacaíochta a lua seachas Coiscéim, a fhoilsitheoir agus Éigse na Brídeoige (Ó Siochrú 2018). Léirigh a chuid freagraí sa cheistneoir nach bhfuil sé eolach ar thromlach phríomhscéimeanna tacaíochta na Comhairle Ealaíne agus Fhoras na Gaeilge.

Ó luaigh Ní Mhóráin (2018) nach bhfuil luí aici le ríomhaireacht agus le líonadh foirmeacha is fiú a lua gur chabhair ar leith di an plé a bhí aici le hOidhreacht Chorca Dhuibhne agus í mar scríbhneoir cónaitheach le linn na mblianta 2003 – 2017. Bhí na deiseanna seo aici toisc go raibh gréasán cairde aici a raibh an t-eolas agus an scil acu féin chun cabhrú léi (nó, le féachaint ar ar shlí eile, chuir foireann Oidhreacht Chorca Dhuibhne aithne ar fhile a bhí ag maireachtaint cóngarach dóibh a raibh an meon agus cur chuige cruthaitheach aici). Agus an treoir seo ar fáil di, d'éirigh le Ní Mhóráin maoiniú a fháil le taisteal go Samhal Mór Ostaigh. Ba í Eibhlín de Paor a líon isteach an fhoirm iarratais do scéim Cholm Chille de chuid an Fhorais di (Ní Mhóráin 2018). Bronnadh tacaíocht uirthi ó Dámhachtain Sparánachta na Comhairle Ealaíne sna blianta 2000, 2005, 2006, 2007 agus 2011. Ba le cabhair lucht treorach ó eagrais ar leith a soláthraíodh na deiseanna seo don bhfile.

Ní bheadh na deiseanna ar fad a bhí agam mura mbeadh Máire [Uí Shíthigh] agus mé ceapaithe mar fhile cónaitheach don Oidhreacht... Eibhlín de Paor, bhí sí nótálta amach is amach, an togra san, i dtaobh na gcollíní, líon Eibhlín na foirmeacha. Níl aon mheas agam ar fhoirmeacha, íoslódáil agus uaslódáil, pian sa tóin. Dhein Eibhlín é sin agus fuair sí urraíocht ó Cholm Cille, go raghaimis go hAlbain go dtí Sabhal Mór Ostaigh leis an dtogra. Beidh mé fíor bhaoch go deo.

(Ní Mhóráin 2018)

Tá feiniméan seo maidir le tionchar gréasán níos ilghabhálaí ná taithí filí comhaimseartha Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh agus aird tarraingthe ag na filí Rita Kelly agus Mícheál Ó Ruairc ar an gceist chéanna le bliain anuas. Ag labhairt di ag Comhdháil ar an scríbhneoir Mícheál Ó hAirtneide i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach ar an 24ú Bealtaine 2019, mhaígh Kelly go bhfuair Eoghan Ó Tuairisc agus filí eile deiseanna níos mó toisc go raibh meantóirí agus

gréasáin áirithe acu. Chuir na naisc a bhí ag scríbhneoirí le meantóirí deiseanna gairmiúla ar fáil dóibh. Luaigh Kelly sampla thacaíocht Sheáin Uí Thuama d'fhilí áirithe agus an t-ardán a thug Scoil Merriman d'fhilí áirithe (Kelly 2019).

Tá lárionad Éigse Éireann, An Chomhairle Ealaíon, Áras Scríbhneoirí na hÉireann agus Foras na Gaeilge lonnaithe i mBaile Átha Cliath; níl ionadaíocht ag Ealaín na Gaeltachta in Uíbh Ráthach ná misean acu lasmuigh den nGaeltacht féin, beag beann ar bhunchúlra fhilí. Is ffor go mbíonn dúshlán breise ag filí atá lonnaithe i gceantair iargúlta ar imeallbhord na tíre dá bharr.

Tarraingíodh athaird ar cheist na neamhchothromaíochta seo i dtaobh aitheantais i Mí na Nollag 2019 nuair a labhair an file Mícheál Ó Ruairc amach go poiblí faoin gceist. D'áitigh Ó Ruairc ar an gclár 'An Cúinne Dána' ar Raidió na Gaeltachta go ndéantar imeallú agus neamhaird d'fhilí áirithe thar a chéile ar chúiseanna nach dtuigeann sé féin.

Nílim cinnte go bhfaigheann an-chuid filí an t-aitheantas atá ag dul dóibh. Tá an-chuid filí maithe ag scríobh sa Ghaeilinn agus ar bhealach agus fágtar ar lár iad. Tugtar tús áite do roinnt eile, b'fhéidir, nach bhfuil tuillte acu.

(Ó Ruairc 2019)

Fearacht Kelly, bhraith Ó Ruairc go mbíonn mórtionchar á imirt ag an aos léinn ar an bhfilíocht; d'áitigh sé go mbíonn na breithiúnais agus an t-aitheantas a fhaigheann filí áirithe thar a chéile éagórach dá bharr.

...go bhfuil an tAos léinn tar éis seilbh a ghlacadh ar an bhfilíocht, gurb iad siúd na máistrí atá ann maidir leis an bhfilíocht atá á scríobh... má tá an tomhas ceart agus cóir... má táthar ag déanamh faillí ar fhilí áirithe, níl sé go maith.

(Ó Ruairc 2019)

Braitheann siollabais na n-ollscoileanna go minic ar ábhar sainspéise na foirne acadúla. Ní bhíonn an clúdach céanna ag na filí céanna i ngach institiúid. Ní i gcónaí go mbaineann saothar filí áirithe áit amach sna siollabais ollscoile. Chuir an An Dr. Rióna Ní Fhrighil roimpi ina leabhar 'Filíocht Chomhamseartha na Gaeilge' (Cois Life 2010: 289) athmhachnamh a dhéanamh ar chroíchanóin teagaisc ar an ollscoil agus bunábhar critice a sholáthar ar na filí sin. D'fhéach an Dr. Róisín Ní Ghairbhí agus An Dr. Rióna Ní Fhrighil le plé a dhéanamh ar na filí sin a bhí ag teacht chun cinn ag an am agus aird a dhíriú ar na filí agus ar na réimsí seachadta comhaimseartha nach raibh ardán róshuntasach bainte amach acu go dtí sin. '*...le súil is go ndéanfar athmhachnamh dá réir ar an réimse scríbhneoirí a shamhlaítear le croíchanóin na nuafhilíochta Gaeilge*' (Ní Fhrighil & Ní Ghairbhí 2010: 289). I

measc na bhfilí a luadh sa chaibidil ‘Filíocht Ghaeilge na Linne Seo’ bhí Paddy Bushe, Simon Ó Faoláin, Tadhg Ó Dúshláine agus Ceaití Ní Bheildiúin.

Is féidir na ceisteanna atá ag teacht chun cinn anseo a phlé faoi fhráma nóisean an mhórchéannais (‘hegemony’) coincheap a d’fhorbair Gramsci ag tús an chéid seo caite a bhfuil tionchar tábhachtach ilréimseach aige anois sa pholaitíocht, sa tsocheolaíocht, sa litríocht agus i Léann an Chultúir. Is éard a chiallaíonn an mórchéannas ná ‘svae cultúrtha’, an feiniméan sóisialta sin a chinntíonn go mbíonn an chumhacht ag na struchtúir fhadbhunaithe chéanna agus go ndéantar na luachanna agus na deiseanna seo a sheachadadh agus a choinneáil sa tsochaí go follasach (Gottdiener 1985: 990).

Le cur i gcoinne an svae chultúrtha nó le bheith istigh a thabhairt d’fhilí áirithe sna gréasáin mhórchéannais, níor mhiste plean cinnte a cheapadh do na filí atá imeallaithe faoi láthair. Léirigh samplaí áirithe a luadh go dtí seo sa taighde gur féidir le filí ar aisteoirí cruthaitheacha iad agus le cinnirí cultúir oilte cur i gcoinne struchtúir an mhórchéannais (plé Bhríd Ní Mhóráin le hOidhreacht Chorca Dhuibhne, ardán tugtha d’fhilí ag An Sagart agus An Monsignor Pádraig Ó Fiannachta, gréasáin áitiúla a leathnú amach tríd an bhFéile Bheag Filíochta, mar ar cruthaíodh naisc le Ó Bhéal agus Ionad Scríbhneoirí Luimnigh agus ó chlár filíochta An Lab ‘Fíochán Filí’). Bhí na heagrais áitiúla seo forghníomhach agus chruthaigh siad deiseanna a spreag deiseanna eile. Mar shampla cuimhnigh ar na deiseanna éagsúla láithrithe, gréasánaíochta agus forbartha atá curtha ar fáil le cúig bliana déag anuas ó cuireadh tús leis an bhFéile Bheag Filíochta. Tá tionchar fadtéarmach scéim an scríbhneora chónaithe le hOidhreacht Chorca Dhuibhne fós le brath sa cheantar chomh maith.

### **Na Príomheagrais Tacaíochta**

Chun pictiúr níos iomláine agus níos córasaí a fháil den suíomh reatha, tabharfar cuntas thíos ar fhianaise na bhfilí maidir leis na príomheagrais tacaíochta agus maoinithe a raibh baint acu leo. Tabharfar cuntas ina dhiaidh ar *raison d’être* na bpríomheagras seo go hachomair.

## An Chomhairle Ealaíon

<http://www.artscouncil.ie/home/>

Ba í An Chomhairle Ealaíon an t-eagras is mó a thacaigh le filí an taighde seo. Is í An Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as na healaíona a mhaoiniú, a fhorbairt agus a chur chun cinn. Bunaíodh An Chomhairle Ealaíon sa bhliain 1951. Cé gur comhlacht neamhspleách é, feidhmíonn sí faoi choimirce an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Bhain seisear filí (40%) maoiniú amach ón eagras ag am éigin. Tá an toradh seo ina ábhar suime: ní hamhlaidh gur eagras a bhfuil an Ghaeilge chun tosaigh is mó a dhéanann freastal ar fhilí na Gaeilge, dar leis an ngrúpa filí seo. Toradh suntasach go bhfuil naonúr filí eile nár bhain buntáiste díreach as aon scéim leis an gComhairle Ealaíon riamh. Ba é Ó Faoláin, a bhfuil a mhianach mar aisteoir cruthaitheach aitheanta againn, is mó a labhair ar thionchar na Comhairle Ealaíne agus ar an taithí atá aige lena bheith ag plé leis an eagras.

D'éirigh le triúr filí maoiniú a bhaint amach faoi scéim 'Dámhachtain Litríochta don Ghaeilge' na Comhairle Ealaíne le sé bliana anuas (ní fhoilsítear sonraí an mhaoinithe níos faide siar ná seo ar an mbunachar ar líne) mar a shonraítear sa tábla thíos: Ní Mhóráin, Ó Faoláin (faoi dhó) agus Mac Conghail.

**Tábla 9: Sparántachtaí Litríochta a bhronn An Chomhairle Ealaíon ar fhilí an staidéir seo:**

Bliain	File	Luach
2017	Marcus Mac Conghail	€7,250
2016	Simon Ó Faoláin	€8,000
2013	Simon Ó Faoláin	€6,500
2011	Bríd Ní Mhóráin	€11,000

Dar le Ó Faoláin, gurb é an Chomhairle Ealaíon agus Bord na Leabhar Gaeilge (atá faoi scáth Fhoras na Gaeilge) an dá eagras is mó a thacaigh leis mar fhile. *'Is beag a fuaireas ó éinne eile'* (Ó Faoláin 2018). Mhol sé an cur chuige a bhíonn ag an gComhairle Ealaíon maidir le maoiniú a dháileadh.

An rud fén gComhairle Ealaíon, caitheann siad leat ar nós gur duine fásta tú, deireann siad, caithfidh tú a thaispeáint go bhfuil tú in ann rudaí a dhéanamh agus go bhfuil rudaí curtha i gcrích agat cheana féin agus an bhfuil fiúntas leo, má tá siad sásta leis sin, tabharfaidh siad airgead duit...

(Ó Faoláin 2018)

Is spéisiúil léamha Sarah Bannon (2019), Ceann Litríochta na Comhairle Ealaíne maidir le claonta scríbhneoirí Gaeilge a thabhairt san áireamh anseo. Mhaígh sí go mbíonn braistint choitianta i measc scríbhneoirí na Gaeilge go mbíonn cuid de scéimeanna na Comhairle teoranta do réimsí ealaíne ar leith agus nach bhfuilid i dteideal cur isteach orthu.

There is a sense that some Irish language writers are unaware of the Arts Council's support or think that it is only available for those working in certain literary forms.

(Bannon 2019)

Ba é taithí Uí Uanacháin (2019) ná go bhfuil sé deacair maoiniú a lorg d'imeachtaí litríochta trí Ghaeilge ón gComhairle Ealaíon. Creideann sé go mbaineann doiléire le feidhmeanna an dá eagrais.

Más tacaíocht d'imeachtaí cultúrtha Gaeilge atá á lorg agat, den chuid is mó, tá sé deacair a bheith ag plé leis an gComhairle Ealaíon mar déarfadh siad oh Gaeilge, téigh go dtí an Foras agus déarfadh an Foras oh litríocht, téigh go dtí an Chomhairle.

(Ó hUanacháin 2019)

Thug Bannon (2019) le fios, áfach, nach bhfuil aon straitéis ag an gComhairle Ealaíon do litríocht na Gaeilge cé gur aithin sí go bhfuil géarghá léi don todhchaí, toisc na dúshlán éagsúla a bhaineann leis an réimse, dar léi. Tá tiomantas tugtha ag an gComhairle taighde a dhéanamh chun riachtanais agus tacaíocht scríbhneoirí na Gaeilge a shoilsiú agus a leithéid a chur i bhfeidhm sa straitéis a fhorbrófar amach anseo. Táthar i lár an *'initial consultation'* sin i láthair na huaire.

The Arts Council does not have a strategy regarding Irish Language Literature which is necessary to address challenges facing this vulnerable sector including: audience development, readership, translation, improved partnerships, promotion and lack of critical writing. We are currently in the process of developing a policy and strategy for same, to be introduced in 2020.

(Bannon 2019)

Tá Peter Sirr, file agus Comhairleoir Litríocht na Gaeilge leis an gComhairle Ealaíon i mbun taighde faoi láthair agus é tar éis a bheith i dteagmháil le geallsealbhóirí ábhartha.

Cé nach bhfuil straitéis forbartha ag an gComhairle Ealaíon do litríocht na Gaeilge go fóill, is díol suntais gurb é seo an t-eagras is mó a thug buntáiste d'fhilí an taighde seo fianaise a insíonn, b'fhéidir, a scéal féin faoi chríochnúlacht/éifeachtúlacht/thábhacht struchtúir ghinearálta na Comhairle Ealaíne.

## Foras na Gaeilge

<https://www.forasnagaeilge.ie/>

Thuairiscigh na filí gur bhain ceathrar acu (27%) maoiniú amach ó Fhoras na Gaeilge. Cé gur mionlach é seo as measc an chúigir dhéag sa staidéar seo, fós féin ba é an Foras an tarna heagras is mó atá tar éis tacú leis na filí.

Bunaíodh Foras na Gaeilge sa bhliain 1999. Is tionscnamh trasteorainn é Foras na Gaeilge a chuireann an Ghaeilge chun cinn. Faoi réir Chomhaontú Aoine an Chéasta, bunaíodh An Foras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, glacann Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir chuige féin i dtaca leis an nGaeilge a chur i gcrích. Cuireann Foras na Gaeilge *'na healaíona traidisiúnta, cultúr agus saíocht na Gaeilge chun cinn ar bhonn uile-oileánda agus ar bhonn idirnáisiúnta trí pholasaithe maoinithe a cheapadh agus a fheidhmiú'* (Suíomh lín Foras na Gaeilge 2019).<sup>67</sup>

Tarraingíodh an 'Scéim Meantóireachta' a riarann Foras na Gaeilge anuas go minic sna hagallaimh mar fhoinsé cothaithe do na filí.<sup>68</sup> Is fearr a aithneoidh pobal na Gaeilge an scéim seo mar Scéim na nOidí. Tugtar deis faoin scéim seo tréimhse oiliúna a chaitheamh le scríbhneoir cruthanta. Thug Séamus Barra Ó Súilleabháin, Dairena Ní Chinnéide, Ceaití Ní Bheildiúin agus Peadar Ó hUallaigh aitheantas ar leith do thábhacht na scéime seo mar chothú dóibh agus iad ag tosnú amach ar a gceird. D'oibrigh Ó Súilleabháin le Gabriel Rosenstock. Bhí Nuala Ní Dhomhnaill mar mheantóir do Ní Chinnéide agus Ó hUallaigh. Thug an scéim deis do Ní Bheildiúin oibriú le Bríd Ní Mhóráin. Thug an scéim seo tacaíocht fhóna do Ó hUallaigh, dar leis, chun ábhar léitheoireachta a cheannach, ba ábhar é nach mbeadh sé d'acmhainn é a bheith aige gan an scéim (Ó hUallaigh 2018).

Ba mhó an tionchar a d'fhág an deis a fuair Dairena Ní Chinnéide oibriú le Nuala Ní Dhomhnaill uirthi.

Ní bheadh aon leabhar foilsithe murach an scéim sin mar ní raibh aon mhisneach agam im chuid scríbhneoireachta agus thug Nuala guth dom.

(Ní Chinnéide 2018)

<sup>67</sup> <https://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/maidir-le-foras-na-gaeilge/>

<sup>68</sup> <https://www.forasnagaeilge.ie/sceim-na-noidi-2/>

Bhain filí eile tacaíocht amach faoi ‘Scéim na gCoimisiún’. Scéim eile de chuid an Fhorais í seo a dheineann coimisiúnú ar shaothar liteartha bunaithe ar réimse atá aitheanta mar thosaíocht ag an bhForas.<sup>69</sup> Tacaíodh le Ó Faoláin agus le Ní Bheildiúin faoi dhó trí Scéim na gCoimisiún sna blianta 2008, 2009 agus 2010.

**Tábla 10: Maoiniú Scéim na gCoimisiún Foras na Gaeilge 2008 - 2010**

<b>2010</b>	Ceaití Ní Bheildiúin €3,000 Simon Ó Faoláin €3,000
<b>2009</b>	Ceaití Ní Bheildiúin €4,000
<b>2008</b>	Simon Ó Faoláin €5,000

Bhain beirt fhilí buntáiste as ‘Scéim Cholm Cille’, scéim a thacaíonn le hobair chomhpháirtíochta a chothú le hAlban.<sup>70</sup> Bhain Ní Mhóráin tacaíocht amach don togra ‘*Glórtha ón gCillín*’, an togra ilmheán a pléadh cheana. Dhein Bushe togra comhpháirtíochta a chur chun cinn le Meg Bateman in Alban trí urraíocht ó Scéim Cholm Cille chomh maith (Bushe 2018).

Taobh amuigh den tacaíocht seo ón Scéim Meantóireachta, Scéim na gCoimisiún agus Scéim Cholm Cille do mhionlach filí, níl aon tacaíocht dhíreach eile ar fáil ón bhForas d’fhilí. Is fiú a thabhairt san áireamh, áfach, go bhfaigheann eagrais mar Oidhreacht Chorca Dhuibhne, IMRAM agus Ó Bhéal maoiniú leanúnach ó Scéim na dTionscadal Litríochta a mbaineann tairbhe indéreach leo d’fhilí áirithe. Is é an tionscadal litríochta is mó a fhaigheann an maoiniú suntasach leanúnach ná féile liteartha IMRAM, féile a mbíonn go leor d’fhilí an taighde seo páirteach ann.

Níl straitéis fhoirmeálta chéimnithe ag Foras na Gaeilge do na healaíona. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin pobail ag deireadh na bliana 2019 chun tuairimí a lorg maidir le béimeanna an phobail do threonna straitéise an Fhorais. Labhair Áine Ní Ghlinn, file agus oideachasóir a bhí mar bhaill painéal ag an seoladh oifigiúil den Treo Straitéiseach d’Fhoras na Gaeilge (2020 – 2025) ag Oireachtas na Samhna 2019. Cháin sí go géar an easpa béime a bhí sa dréachtphlean ar na healaíona cruthaitheacha agus léirigh sí drochamhras maidir le struchtúr na n-eagrais ó d’imigh Deirdre Davitt, Iar-Bhainisteoir Cultúir agus Ealaíona leis an bhForas, agus gan comharba a bheith tagtha ina diaidh. Deineadh teagmháil le Bord na Leabhar Gaeilge mar chuid d’obair thaighde an staidéir seo maidir leis na

<sup>69</sup> <https://www.forasnagaeilge.ie/sceim-na-gcoimisiuin-2/>

<sup>70</sup> <https://www.forasnagaeilge.ie/sceim-deontas-cholmcille-2019/>

pleananna straitéiseacha atá acu. Luaigh urlabhraí amháin (trí theagmháil ríomhphoist) go raibh dréachtphlean acu ach go raibh deacrachtaí é a fhaomhadh ag an am (Samhain 2019 - de bharr nach raibh an rialtas ó thuaidh ag feidhmiú). Glacadh le haighneachtaí an phobail go dtí an 31ú Eanáir 2020. Níl aon phreaseisiúint déanta ó shin i leith.<sup>71</sup>

Tá easnamh ann ó thaobh scéimeanna oiliúna agus forbartha proifisiúnta. Cé go bhféadfaí cur isteach faoi Scéim na dTionscadal Litríochta chun tacaíocht a fháil d'fhorbairt phroifisiúnta ní chuireann Foras na Gaeilge an saineolas sin ar fáil. Bheadh ar eagrais eile a mbeadh an t-eolas sin acu cur isteach ar an maoiniú. Tá deiseanna ann d'eagrais mar IMRAM, Reic agus Éigse Éireann scéimeanna dá leithéid a chur ar bun. Tá a ndualgais shonracha féin ag Éigse Éireann maidir leis an bhfilíocht go náisiúnta.

Tá plé déanta go dtí seo sa tráchtas ar an ról cinnireachta luachmhar a bhíonn á imirt ag filí áirithe ar féidir a rá gur aisteoirí cruthaitheacha iad - gan aon oiliúint shonrach faighte acu ná aon scéim forbartha proifisiúnta a bheith ann dóibh. Níl aon scéim oiliúna ar fáil do stiúrthóirí imeachtaí agus féilte filíochta maidir le dea-chleachtais i leith rannpháirtíocht an lucht freastail a chothú. Tá gá le scéimeanna oiliúna agus deiseanna gréasánaithe do lucht eagraithe féilte filíochta agus na filí féin chun uas-sciliú a dhéanamh chun dea-chleachtais a chur chun cinn agus a roinnt ar bhealach níos forleithne agus níos córasaí.

### **Ealaín na Gaeltachta**

<https://ealain.ie/>

Bunaíodh Ealaín na Gaeltachta sa bhliain 1997. Tacaíonn Ealaín na Gaeltachta le forbairt na n-ealaíon agus an chultúir sa Ghaeltacht. Faigheann an t-eagrais cómhaoiniú ó Údarás na Gaeltachta agus ón gComhairle Ealaíon. Tá triúir áisitheoirí ealaíne fostaithe, áisitheoir amháin don Iarthar, don Tuaisceart agus don Deisceart. Feidhmíonn Rachel Holstead mar áisitheoir do cheantair Ghaeltachta Chúige Mumhan. Is í Ealaín na Gaeltachta an phríomhfhoinsé tacaíochta atá ag ealaíontóirí sa Ghaeltacht. Bhain ceathrar filí (27%) maoiniú amach faoi scéimeanna an eagrais.

---

<sup>71</sup> <https://www.forasnagaeilge.ie/nuacht/comhairliuchan/>



Tá ceithre scéim tacaíochta ag Ealaín na Gaeltachta ar féidir le filí cur isteach orthu: Scéim Forbartha na nEalaíon, Scéim Síol, Scéim na bhFéilte, Scéim na bPríomhréimsí (athainmnithe mar Cothú sa bhliain 2020) agus Scéim Sparánachta. D'éirigh le Ó hUallaigh maoiniú €1,000 a bhaint amach trí huairé fén scéim Síol. Díríonn an scéim seo ar mhaoiniú a sholáthar do mhionthograí ealaíona, lena n-áirítear cúrsaí forbartha gairmiúla, trealamh a cheannach, ceardlanna agus seoltaí leabhar. Is maith é go bhfuil a leithéid de mhaoiniú ar fáil.

Bhain beirt fhilí maoiniú amach ón 'Scéim Sparánachta' le linn na mblianta 2014 – 2019. Bronnadh €2,000 ar Mharia Ní Mhurchú sa bhliain 2017. Bhain Ní Bheildiúin maoiniú €750 amach sa bhliain 2014. Cabhraíonn an scéim seo le healaíontóirí de gach seánra atá ag iarraidh togra ealaíne a chur chun cinn.

Is fiú a thabhairt san áireamh go bhfaigheann eagrais agus féilte a bhfuil baint ag filí an staidéir seo maoiniú leanúnach ó Scéim na bPríomhréimsí agus ó Scéim na bhFéilte. Tá maoiniú leanúnach á fháil ag an bhFéile Bheag Filíochta agus ag Féile na Bealtaine tríd an scéim seo. Tacaíonn Scéim na bPríomhréimsí le tionscadail ealaíona sa Ghaeltacht, a mbíonn tionchar indéireach acu ar chuid d'fhilí an taighde seo. Faigheann Oidhreacht Chorca Dhuibhne maoiniú faoin scéim seo d'fhostú an scríbhneora chónaithigh mar shampla. Bhíodh maoiniú leanúnach de €25,000 ar fáil ag An Lab chomh maith. Cíoradh cheana na dúshlán a leith atá in Uíbh Ráthach maidir le teacht i dtír ar na deiseanna seo, ceal an t-infreastruchtúr daonna chun cur isteach ar scéimeanna mar seo agus chun iad a rith.

Tá dúshlán ann d'ealaíontóirí Gaeltachta a chónaíonn taobh amuigh den nGaeltacht toisc nach féidir leo cur isteach ar mhaoiniú Ealaín na Gaeltachta (de bharr cúinsí tíreolaíochta). Níl cead ag Mícheál Ó Siochrú ná Siobhán Ní Shíthigh leas a bhaint as scéim tacaíochta le Ealaín na Gaeltachta. Ní féidir le Marcus Mac Conghail ná Séamus Barra Ó Súilleabháin buntáiste a bhaint as an tacaíocht ainneoin a nasc leis an nGaeltacht. Bíonn fréamha láidre dá gcuid dánta bunaithe ar Chorca Dhuibhne mar shampla. Is minic a chaitheann Séamus Barra Ó Súilleabháin tréimhsí leanúnacha sa cheantar chomh maith. Leagtar na critéir ar an áit chónaithe agus ní ar fheabhas an tsaothair ná a thábhacht i gcomhthéacs na litríochta Gaeilge ná comhthéacs níos leithne de réimse tosaíochta Ealaín. Baic iad seo chun deis a thabhairt do na filí seo dul i bhfeidhm ar óige na Gaeltachta go háirithe agus ceann tógtha againn sa chaibidil dheireanach den bplé a bhíonn ag

na filí seo ar na meáin shóisialta. Tá gá le leasú nó le athmhacnamh ar na cúinsí seo amach anseo leis na míbhuntáistí seo a sheachaint.

D'áitigh Ó Faoláin (2018) ina agallamh go gcoimeádann Ealaín na Gaeltachta an '*iomad smachta*' ar an ealaíontóir tar éis maoiniú a bheith bronnta. Bíonn Ealaín na Gaeltachta ag coimeád súil ghéar ar an tionscnamh a fuair maoiniú agus go mbítear sa tóir ar admhálacha sonracha. '*Sin an fhadhb atá agam le Ealaín na Gaeltachta, bíonn siad ag iarraidh an iomarca smachta agus súil a choimeád ort agus rudaí mar sin*' (Ó Faoláin 2019).

Is tábhachtach a aithint nár thug éinne eile sa tráchtas aon chuntas ar an bpolasaí seo ach is é Ó Faoláin an duine is mó a bheadh ag plé le hEalaín na Gaeltachta agus leis an gComhairle Ealaíon mar gheall ar a ról mar chathaoirleach ar an bhFéile Bheag Filíochta agus ón bhfeidhm a bhíodh aige mar oifigeach litríochta leis An Lab.

Ba théama leanúnach sna hagallaimh easpa acmhainní Ealaín na Gaeltachta chun soláthar a dhéanamh d'ealaíontóirí na Gaeltachta. Thug idir fhilí agus chinnirí cultúir suntas don laghad acmhainní atá ag an eagrais agus de na srianta atá ar a gcleachtais dá bharr.

Is beag airgead atá acu fhéinig. Is beag a gheibheann siad chun an obair a dheineann siad a dhéanamh

(Moynihan 2018)

Ní dóigh gur féidir leo níos mó a dhéanamh ná mar atá á dhéanamh gan breis cabhrach, oifigeach nó dhó breise a chabhródh leis na hiarrachtaí dochreidte atá siad ag déanamh insna healaíona go ginearálta.

(Ó Dúshláine 2018)

Le linn do De Paor (2019) a bheith ag obair le Ealaín na Gaeltachta, bhraith sí straidhn ar na hacmhainní go háirithe i ndiaidh an chúlaithe eacnamaíochta. Ní raibh an maoiniú cuí ar fáil chun freastal a dhéanamh ar an éileamh, dar léi.

Sin rud a chuir isteach orm ag an am chun a bheith fírinneach ag an deireadh, bhí an ghéarchéim eacnamaíochta tar éis a bheith ann agus ní raibh maoiniú againn freastal ar dhaoine agus bhraith mé go rabhas ag teip dá bharr easpa acmhainní.

(De Paor 2019)

Maoiniú aon uaire a bhíonn á bhronnadh ag Ealaín na Gaeltachta sa Scéim Sparánachta. Níl cead ag ealaíontóirí a fuair maoiniú sa bhliain dheireanach cur isteach ar an scéim arís an bhliain ina dhiaidh de bharr '*éileamh na scéime*'. Bíonn airgead an-teoranta ar fáil mar bhuiséad don scéim. Níl ach €50,000 ar fáil chun

freastal a dhéanamh ar ealaíontóirí uilig na Gaeltachta. Ní féidir cur isteach ar an scéim seo ach an oiread dhá bhliain as a chéile.

Toisc éileamh na scéime níl muid ag glacadh le hiarratais ó ealaíontóirí a fuair deontas faoi Scéim Sparánachta Ealaín na Gaeltachta 2018. Beidh deis acu siúd iarratas a dhéanamh arís don Scéim i 2020.<sup>72</sup>

Gineann géarchéim na n-acmhainní seo ceisteanna eile. Thug Holstead le fios gur nós le hEalaín na Gaeltachta gan ach beagán fógartha a dhéanamh ar a gcuid scéimeanna toisc go dtuigeann siad nach mbeidh siad in ann freastal ar an éileamh a bheidh orthu. Ní bhíonn fonn orthu ealaíontóirí a lagmhisniú agus diúltú thabhairt ar obair fhóna.

Bhí nós ann ar feadh roinnt blianta gan an t-úafás fógartha a dhéanamh dá bharr go bhfuil an buiséad chomh beag san nár theastaigh uainn go gceapfadh gach éinne go mbeadh pota mór óir atá ann agus go mbeadh díomá orthu nach bhfuil sé ar fáil.

(Holstead 2019)

Is minic a bhíonn ar Ealaín na Gaeltachta deontais níos lú a thabhairt amach nuair a bhíonn méid mór iarratas istigh ar an scéim seo.

Dá bharr go bhfuil ár mbuiséad chomh beag i bhffrinne, i slí, féachann caoga míle mór ach nuair a scaipeann tú amach é ar fud na Gaeltachta agus ar fud na réigiún. Tá sé uafásach beag agus daoine ag iarraidh slí bheatha a thuilleamh.

(Holstead 2019)

Tá sé deacair cleachtas seo Ealaín na Gaeltachta a thuiscint i gcomhthéacs ghaol Ealaín na Gaeltachta leis an gComhairle Ealaíon. Féach go bhfuil tiomantas ag an gComhairle do dhea-chleachtas a chinntiú agus a láidriú sna heagrais a fhaigheann maoiniú uathu.

Work with organisations across the arts sector to embed best-practice governance that is appropriate to the scale and capacity of organisations, so ensuring the future growth and sustainability of the sector.

(An Chomhairle Ealaíon 2019a: 19)

Níl ardú suntasach tagtha ar mhaoiniú Ealaín na Gaeltachta. Ach tá tiomantas tugtha i mbeartais éagsúla an rialtais do bhreis acmhainní a chur ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta agus d'earnáil chultúr na Gaeilge trí chéile. Luaitear i bpointe 5.46 den Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022) go ndéanfar tuilleadh acmhainní a sholáthar d'Ealaín na Gaeltachta chomh maith.

Maidir le tacú tuilleadh le forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht, leanfar leis an tacaíocht do na healaíona sa Ghaeltacht agus déanfar tuilleadh acmhainní a sholáthar d'Ealaín na Gaeltachta Teo chun cur ar a cumas clár forbartha a sholáthar

---

<sup>72</sup> Foirm Iarratais na Scéime Sparántachta ar fáil: <https://ealain.ie/tacaiocht-ata-ar-fail/>

i gcomhar le páirtithe leasmhara a bheidh dírithe ar chur chun cinn na n-ealaíon Gaeilge agus Gaeltachta, mar aon le réimsí de Chlár Éire Ildánach a fheidhmiú, mar a bhaineann leis an nGaeilge.

(An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta 2018: 69)

Is spéisiúil an tagairt seo do pháirtithe leasmhara. Beidh sé tábhachtach torthaí an taighde seo a mheabhrú maidir leis an easpa infreastruchtúr saindírithe foirne atá in Uíbh Ráthach maidir le cothú na filíochta agus na n-ealaíon trí Ghaeilge. Ní hionann líon na bpáirtithe leasmhara sa cheantar seo faoi mar atá i gCorca Dhuibhne. Díol spéise go luaitear sa Phlean Gníomhaíochta (an tagairt thuas) na healaíona Gaeltachta agus *Gaeilge*. I gcomhthéacs an phlé a deineadh go dtí seo maidir le teorainn thírleolaíoch Ealaín na Gaeltachta an amhlaidh go n-úsáidfear na hacmhainní breise seo ag Ealaín na Gaeltachta do chothú na n-ealaíon taobh amuigh den nGaeltacht chomh maith? Beidh impleachtaí aige seo d'fhilí mar Ní Shíthigh, Ó Siochrú, Ó Súilleabháin agus Mac Conghail.

Tuillann fianaise na bhfilí sa taighde seo agus an t-iniúchadh thuas ar eagrais éagsúla agus a bhfreastal ar fhilí breis scagtha. Is gá fóram ceart a chur ar bun chun geallsealbhóirí ábhartha sa cheantar a tharraingt le chéile, chun na riachtanais agus na dúshláin seo a phlé.

### **Éigse Éireann**

<https://www.poetryireland.ie/>

Bunaíodh Éigse Éireann sa bhliain 1978 agus tá an t-eagras lonnaithe ar shráid Pharnell i mBaile Átha Cliath. Is í An Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann a phríomhmhaoinitheoirí. Bíonn maoiniú á fháil acu ó am go chéile ó Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus ó Cultúr Éireann do thograí ar leith. Féachann an t-eagras leis an bhfilíocht a chur os comhair an phobail agus í a chur chun cinn ar bhealach samhraitheach '*placing poetry in front of the public and promoting it in as vigorous and imaginative way as possible*' (Kennelly 2019). Ritear clár bliantúil imeachtaí mar léamha filíochta, seimineáir, cainteanna agus ceardlanna ina ionad i mBaile Átha Cliath agus cuirtear tacaíocht ar fáil d'imeachtaí filíochta timpeall na tíre trí mhaoiniú airgid aon-uair a bhronnadh (ar choinníoll go luaitear Éigse Éireann mar pháirtneír sna hábhair bholscaireachta).

Is é Éigse Éireann t-aon eagras sa tír atá dírithe ar chothú agus ar chun cinn na filíochta mar shainréimse ar leith. Is ábhar suime mar sin nár bhain ach ceathrar

filí (27%) tacaíocht amach ó Éigse Éireann. Deis foilsithe san iris 'Poetry Ireland Review' atá i gceist i gcás thriúr acu a thuairiscigh gur tacaíodh leo.

Bíonn Bríd Ní Mhóráin páirteach sa scéim Writers in Schools mar a bhfaigheann sí cúiteamh as tréimhsí a chaitheamh i scoileanna, nuair a bhíonn an t-éileamh air. Tá bunachar sonraí de scríbhneoirí atá cláraithe le Éigse Éireann ar a suíomh.<sup>73</sup> Tugann scéim an scríbhneora chónaithigh deis do scoileanna cuairt a fháil ó scríbhneoir thar tréimhse níos faide (suas le hocht seachtaine). Níl tacaíocht airgid ná oiliúna faighte ag aon fhile eile as measc fhilí an staidéir seo ó Éigse Éireann.

Bíonn scéimeanna éagsúla eile ag Éigse Éireann. Ina measc, tá Éigse Éireann Introductions, a chuireann sraith ceardlanna ar fáil d'fhilí atá ag tosnú amach ar a gceird. Bíonn deiseanna freastal ar dhíseart ealaíontóirí gach bliain in Eanách Mhic Dheirg, i gContae Muineacháin. Reáchtálar comórtas filíochta labhartha trí Bhéarla do dhaltaí meánscoile 'Poetry Aloud' gach bliain. Luaigh Kennelly (2019) san agallamh go bhfuil an t-eagrais tar éis cur isteach ar mhaoiniú ó The Ireland Funds chun leagan Gaeilge don gcomórtas seo a chur ar bun.<sup>74</sup> Níl sí go hiomlán cinnte an mbeidh an tacaíocht ann dó, áfach.

We have applied to the Ireland funds for funding to support a new Irish language version of poetry aloud which is our competition for secondary school students. Eventually we will get money for it I'm sure we will.

(Kennelly 2019)

Is díol suntais nach bhfuil maoiniú inmheánach curtha ar leataobh ag an eagrais státmhaoinithe seo chun scéimeanna dhátheangacha a rith.

Cuireann Éigse Éireann maoiniú ar fáil do lucht eagraithe imeachtaí nó féilte filíochta. Bíonn tuairim is €500.00 ar fáil d'fhéilte. Tugadh €500.00 d'Éigse na Gréine (Amergin Solstice Poetry Gathering) sa bhliain 2019, cuir i gcás.

Níl aon straitéis don nGaeilge ag Éigse Éireann faoi láthair. D'admhaigh Maureen Kennelly (2019) Iar-Stiúrthóir Éigse Éireann, go bhfuil gá le straitéis don nGaeilge a fhorbairt. *'An Irish language policy is something I think we certainly need to develop alright'* (Kennelly 2019).

We certainly want to support Irish language poetry more... I suppose in general we are trying to do more. That sounds very general and wishy washy I know but we're

<sup>73</sup> <https://www.poetryireland.ie/education/writers-in-schools>

<sup>74</sup> <https://irelandfunds.org/>

conscious of trying to present more events... We're trying to embed it across the range of the organization ourselves. You know it is something we will always say, where is the Irish language for that. It probably sounds tokenistic.

(Kennelly 2019)

Ainneoin an tiomantais seo a bheith léirithe ag Kennelly, ní dhéantar trácht ar an nGaeilge fiú ar shuíomh lín an eagrais. Níl leagan Gaeilge den suíomh lín ar fáil. Ní thugtar eolas i dtaobh na ndeiseanna atá ar fáil d'fhilí Gaeilge ó scéimeanna eagrais Gaeilge eile. Ní luaitear Foras na Gaeilge nó Ealaín na Gaeltachta, dhá eagrais a mbíonn scéimeanna á reáchtáil acu arbh fhéidir filí na Gaeilge buntáiste a bhaint astu. Bíonn eolas cuimsitheach ar fáil faoi dheiseanna eile d'fhilí Béarla ar an suíomh, áfach. Eisceacht is ea an freastal a dheantar san iris 'Poetry Ireland Review' toisc go bhfuil eagarthóir Gaeilge ann (Caitriona Ní Chléirchín). Coimeádtar líon leathanach ar leith d'ábhar trí Ghaeilge i ngach eagrán. *'We will always have six pages of poems and four pages of prose in the Irish language'* (Kennelly 2019). Tá dánta le Ó Súilleabháin, Bushe, Mac Conghail, Ó Faoláin, Ní Bheildiúin agus Ní Chinnéide foilsithe san iris seo.<sup>75</sup>

Sna glaoanna a chuirtear amach maidir le scéimeanna ní shonraítear go mbíonn deis ag filí na Gaeilge a bheith páirteach. Ainneoin nach luaitear incháilíocht fhilí Gaeilge go sonrach, dúirt Kennelly (2019) nach bhfuil aon scéim acu nach féidir le filí Gaeilge cur isteach orthu. Tá cead ag filí cur isteach ar na scéimeanna ach is léir nach bhfuil an fhógraíocht ag baint filí Gaeilge an staidéir amach.

Tá bunachar de léamha, féilte agus ócáidí filíochta ar shuíomh lín an eagrais. Ní dhéanann Éigse Éireann aon phoiblíocht ar léamha, fhéilte ná ar imeachtaí Gaeilge ar a fhéilire imeachtaí ar a suíomh idirlín. D'aithin Maureen Kennelly (2019) an t-easnamh seo agus dúirt sí go mbeifí sásta eolas a chur ar fáil maidir le himeachtaí filíochta trí Ghaeilge ach nach bhfuil aon duine tar éis teagmháil a dhéanamh leo maidir leis na himeachtaí agus na féilte filíochta a d'fhéadfaí a fhógairt. Ní luaitear An Fhéile Bheag Filíochta ar an suíomh, féile atá ar an bhfód le cúig bliana déag anuas. Bítear ag brath ar an eolas atá ag an bhfoireann inmheánach agus ar thairiscintí aonair ó dhaoine aonair.

It is a mixture of things that come into us and our own staff knowledge here. We get an awful lot of information in and we have to do a certain selection of it.

(Kennelly 2019)

---

<sup>75</sup> <https://www.poetryireland.ie/publications/poetry-ireland-review/online-archive/>

Fáinne fí is ea an easpa saineolais foirne ar phobal na Gaeilge agus ar fhearann cleachtaithe fhilí na Gaeilge. Tá easpa cumarsáide idir Éigse Éireann agus Ealaín na Gaeltachta. Fágann na cúinsí seo nach mbíonn tionchar suntasach ag an eagrais ar fhilí Gaeilge an staidéir.

Is í an bhunfhadhb atá anseo ná nach bhfuil cumas dóthanach sa Ghaeilge ag foireann Éigse Éireann. Tá beirt bhall foirne sa Rannóg Oideachais a mbeadh de chumas acu agallamh a dhéanamh trí Ghaeilge ach dar le Kennelly (2019) nach mbeidís inniúil ar sholáthar dhátheangach a chur ar fáil den suíomh.

There probably is no one on the staff... we have got two very good Irish speakers but none of us sufficiently good to translate something like that. So, it's kind of resources.

(Kennelly 2019)

Níl aon Ghaeilge ag an oifigeach margaióchta agus poiblíochta san eagrais. Nuair a dhéantar postáil trí Ghaeilge ar na meáin shóisialta ó am go chéile, ní hí an t-oifigeach poiblíochta a dhéanann é ach ball foirne sa rannóg oideachais. Ní dhéantar na scéimeanna tacaíochta a fhógairt go dátheangach. *'It's all English to be honest with you'* (Kennelly 2019). Mar thoradh ar an easpa foirne le Gaeilge, tá easpa feasachta ag Éigse Éireann ar shainchúinsí agus ar shainfhearann cruthaitheach fhilíochta na Gaeilge agus níl eolas no tuiscint acu ar phobal na Gaeilge.

Cuireann Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil chun tacú leis an scéim 'Writers in Schools'. Bronnadh €13,142 ar Éigse Éireann sa bhliain 2018, cuir i gcás. Luaigh Kennelly gur mhaith léi go dtiocfadh breis maoinithe ó na heagrais stáit a bhfuil cúram orthu i leith na Gaeilge chun cur ar a gcumas cúram breise a dhéanamh don nGaeilge san eagrais.

In general, we don't have enough money for the things we want to do. I would say the Irish language probably suffers more because of that. More resources would certainly help. If we had dedicated resources towards the promotion of Irish language poetry, we would certainly spend it well I would think.

(Kennelly 2019)

Tugann an léamh seo ag Kennelly (2019) le fios nach mbraitheann sí go bhfuil aon dualgas sonrath ar Éigse Éireann freastal cothrom a dhéanamh ar fhilí na Gaeilge gan acmhainní saindhíritha a bheith ar fáil ó eagrais Gaeilge, mar Foras na Gaeilge.

Maidir leis an easpa bainte a bhíonn ag filí an staidéir seo le Éigse Éireann, is féidir a rá go bhfuil deiseanna gan a bheith á dtapú ar an dá thaobh. Thug Ó Faoláin

(2018) le fios, cuir i gcás, nár chuir sé riamh isteach ar thacaíocht ó Éigse Éireann don bhFéile Bheag Filíochta, gan aon chúis ar leith a thabhairt faoi seo. Níl aon cheangal cumarsáide idir Éigse Éireann agus An Fhéile Bheag Filíochta. Bíonn cumarsáid idir Paddy Bushe agus Éigse Éireann (tá Éigse Éireann mar pháirtneír mhaoinithe den bhféile Amergin Solstice Poetry Gathering).

Bíonn cur chuige na páirtneireachta seo le féilte ag glacadh leis go mbeidh filí forghníomhach agus oilte le cur isteach ar scéimeanna. Tá feicthe againn, áfach, nach mbíonn filí áirithe (eisceachtaí iad na haisteoirí cruthaitheacha) eolach faoi dheiseanna agus ní bhíonn cuid eile acu muiníneach le cur isteach orthu.

### **Áras Scríbhneoirí na hÉireann**

<https://irishwriterscentre.ie/>

Bhain beirt fhilí (13%) tacaíocht amach ó Áras Scríbhneoirí na hÉireann. Tugadh maoiniú do Ní Chinnéide seachtain a chaitheamh ar dhíseart ealaíontóirí i gCill Rialaig sa bhliain 2016. Deineadh coimisiúnú i gcomhar le Reic ar fhísdán le Séamus Barra Ó Súilleabháin sa bhliain 2019.<sup>76</sup>

Bunaíodh Áras Scríbhneoirí na hÉireann sa bhliain 1991. Tá sé lonnaithe ar Chearnóg Parnell i mBaile Átha Cliath. Feidhmíonn an t-eagrais mar ionad náisiúnta acmhainne don litríocht. Is é misean an eagrais ná tacaíocht agus comhairle a thabhairt do scríbhneoirí ag gach céim dá ngairmréim. *'Our mission is to support, promote and inform writers at all stages of their development'* (Suíomh lín Áras Scríbhneoirí na hÉireann 2020)<sup>77</sup>

Cuirtear réimse leathan cúrsaí agus ceardlanna scríbhneoireachta ar fáil faoi stiúir scríbhneoirí cruthanta thar sheánraí éagsúla. Clúdaítear anseo an fhilíocht, an chritic, neamhfhicsean, drámaíocht, gearrscéalta agus úrscéalta. Tá spásanna ar fáil san don bpobal inar féidir seomraí ranga/ceardlanna agus seomra léitheoireachta a chur in áirithe do léachtaí nó do sheoltaí leabhair (Suíomh lín Áras Scríbhneoirí na hÉireann 2020).

Faoi mar a chonaiceamar i gcás An Chomhairle Ealaíon agus Éigse Éireann, níl aon straitéis Gaeilge oifigiúil ag Áras Scríbhneoirí na hÉireann. Ina straitéis reatha (2017 – 2021), tugtar tiomantas láidir don nGaeilge ach aithnítear nach bhfuil

---

<sup>76</sup> Pléadh an físdán seo i gCaibidil 9: <https://www.youtube.com/watch?v=hX60K1VnSMg>

<sup>77</sup> <https://irishwriterscentre.ie/pages/who-we-are-foireann-aras-scribhneoiri-na-heireann>



córas dóthanach forbartha acu go fóill chun acmhainní tábhachtacha a chur ar fáil dóibh siúd a shaothraíonn trí Ghaeilge.<sup>78</sup>

We have a commitment to the Irish language and a policy to try, wherever possible, to roll out our programme of activities in both English and Irish. We would like to be better equipped to provide services for Irish language and bilingual writers by adopting a systematic approach to the delivery of meaningful resources.

(Áras Scríbhneoirí na hÉireann 2019)

Gealltar sa straitéis go bhforbrófar *'special projects in English and in Irish'* trí choimisiún a dhéanamh ar thionscadail, tréimhsí cónaithe go náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ar fáil agus trí phróiseas for-rochtana leis an bpobal a fhorbairt (ibid 2019). Níl aon dul chun cinn déanta ar an bhforbairt seo go fóill.

Tá patrún á thabhairt faoi ndeara ag ionchur rannpháirtithe na Comhairle Ealaíne, Éigse Éireann agus Áras Scríbhneoirí na hÉireann gur mhaith leo freastal níos éifeachtaí a dhéanamh ar an nGaeilge agus luaitear go bhfuil gá le hacmhainní breise. An amhlaidh mar sin nach n-aithníonn na heagrais seo gur mar chuid dá gcroímhisean an Ghaeilge a thabhairt san áireamh?

Tá scéim shonrach ag Áras Scríbhneoirí na hÉireann a dhíríonn ar scríbhneoirí na Gaeilge. Eisíodh an tsraith maoinithe 'Maoiniú tograí faoi stiúradh scríbhneoirí' sa bhliain 2019 ina raibh deis ag scríbhneoirí Gaeilge cur isteach ar mhaoiniú de luach €2,000 ar mhaithe le tionscadal litríochta a chur le chéile. Fuarthas maoiniú ó Foras na Gaeilge chun an togra seo a chur chun cinn. Níor tacaíodh ach le duine amháin faoin scéim.<sup>79</sup> Ní bhfuarthas maoiniú chun an scéim a rith don mbliain 2020:

Unfortunately, we did not secure funding to run this project again in 2020, but we hope to reintroduce it next year, or to introduce a new Irish language project.

(Teagmháil ríomhphoist le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann 2020)

Tá scríbhneoirí na Gaeilge i dteideal cur isteach ar thromlach na scéimeanna a reáchtálann an t-eagrais (Ionadaí Áras Scríbhneoirí na hÉireann 2019). Tá mír ar leith ar an suíomh den teideal 'Cúrsaí Gaeilge', cúinne ina luaitear dhá scéim a dhíríonn go sonrach ar an nGaeilge, maoiniú tograí faoi stiúradh scríbhneoirí agus ceardlanna do dhéagóirí trí Ghaeilge. Fearacht chur chuige Éigse Éireann, áfach, ní dhéantar, aon tagairt dhíreach sa ghlaoch go bhfuil an scéim oscailte do

<sup>78</sup> Straitéis Áras Scríbhneoirí na hÉireann ar fáil: <https://irishwriterscentre.ie/pages/about-us>

<sup>79</sup> Bronnadh maoiniú ar an scríbhneoir Máire Zepf chun togra a dhéanamh ar sheanscéal Lí Bán le daltaí gaelscoile. Ní bhfuarthas maoiniú don scéim sa bhliain 2020 (Teagmháil ríomhphoist le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann).

scríbhneoirí na Gaeilge. Ní bhíonn leagan Gaeilge ar an nglaoch ach oiread. Ní chuirtear leaganacha Gaeilge de na bileoga comhairle ná den mbunachar deiseanna ar an suíomh lín. Níl leagan Gaeilge den suíomh ar fáil cé go bhfuil teidil áirithe na leathanach ar an suíomh lín trí Ghaeilge. Ní gnách leis an eagrais na deiseanna a fhógairt sna meáin Ghaeilge (Tuairisc.ie, Comhar nó ar stáisiún raidió Gaeilge).<sup>80</sup>

Ainneoin an dea-toil a léiríonn an comhoibriú le IMRAM agus an scéim ‘Maoiniú tograí faoi stiúradh scríbhneoirí’ (a mhaoinigh Foras na Gaeilge) is féidir a rá go bhfuil an Ghaeilge imeallaithe i ngnáthchleachtais an eagrais, go háirithe ó thaobh cumarsáide. Is léir nach ndéantar soláthar cothrom do scríbhneoirí na Gaeilge. Léiríonn cur chuige an eagrais go rangáítear an Ghaeilge mar rud breise san eagrais. Is léir ón bhfianaise seo go bhfuil imeallú á dhéanamh uirthi san eagrais. Ba cheart go dtógfaí na dúshláin seo san áireamh agus straitéis Ghaeilge á forbairt ag an eagrais.

### **Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge<sup>81</sup>**

Is é feidhm agus aidhm Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge ná ardán agus tacaíocht a thabhairt do scríbhneoirí na Gaeilge agus caidreamh níos dlúithe a chothú idir na scríbhneoirí a shaothraíonn sa teanga. Déanann an tAontas idirbheartaíocht le heagrais tacaíochta eile a bhaineann le saol an scríbhneora Ghaeilge. Tá sé mar aidhm acu gréasán sóisialta agus proifisiúnta a chothú agus a fhorbairt do scríbhneoirí na Gaeilge. Eagraítear ollchruinniú ceithre uaire in aghaidh na bliana; struchtúr a thugann fóram oscailte do dhíospóireacht agus do phlé ar shaol an scríbhneora Ghaeilge (Suíomh lín Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge 2020) Tá ceathrar filí as an seisear déag filí sa taighde seo ina mball d’Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge (Ní Bheildiúin, Ó hUanacháin, Ní Mhóráin agus Ó Faoláin).

Tháinig an grúpa seo le chéile tar éis mórchrúinniú scríbhneoirí Gaeilge ag Oireachtas na Samhna, Cill Áirne sa bhliain 2014. Bhí buairt á léiriú ag an am faoi thodhchaí litríocht chlóite na Gaeilge, tráth an ama a d’fhógair Foras na Gaeilge go raibh sé beartaithe acu gur ar an idirlíon amháin a chuirfí nuachtán

---

<sup>80</sup> Eolas ón gceistneoir a líon ionadaí ón eagrais.

<sup>81</sup> <https://www.aontasna scríbhneoirigaeilge.ie/>

seachtainiúil na Gaeilge ar fáil (Póirtéir 2020). Chuir Póirtéir (2020) síos ar an gcomhthéacs a bhain le bunú an Aontais ina agallamh:

An rud is mó a bhraith mé ná bhí fuinneamh iontach sa seomra bhraith mé go raibh daoine ansin agus go raibh smaointe acu, gur theastaigh uathu a bheith ag scríobh agus gur theastaigh ó chuid eile leabhar a scríobh daoine eile a léamh agus theastaigh tacaíocht uathu.

(Póirtéir 2020)

Cuirtear síos ar an suíomh na riachtanais ba mhó a léiríodh ag cruinniú bunaithe an Aontais sa bhliain 2015. *'Foinse eolais ar imeachtaí agus ar dheiseanna maoinithe, eagrais ionadaíochta, fóram díospóireachta agus gréasán teagmhála'*. Ó bunaíodh an suíomh nua le linn mhí na Feabhra 2019, bíonn an tAontas gníomhach ar na meáin shóisialta chomh maith ag iarraidh deiseanna agus imeachtaí a bhaineann le scríbhneoirí na Gaeilge a fhógairt. Tá idir leathanach Facebook poiblí agus leathanach príobháideach do bhaill a scaiptear eolas orthu maidir le deiseanna maoinithe agus imeachtaí liteartha. Ní chuirtear le míreanna an tsuímh lín ach go hannamh, áfach. Ní bhíonn aon rialtacht ann. Tá míreanna nuachta cuir i gcás ar an suíomh ó Bhealtaine 2020 ach roimh na iontrálacha seo níor deineadh aon fhógairt ná uasdátú ar an mír sin den suíomh ó Lúnasa 2019.

Dar le Cathal Póirtéir gurbh í an sprioc a bhí ag Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge ón gcéad lá ná *'go bhféadfaimis gné shóisialta éigin a chur ar fáil do scríbhneoirí atá ag iarraidh castáil le scríbhneoirí eile'* (Póirtéir 2020). D'admhaigh Póirtéir (2020) nár éirigh leis an Aontas sa chuspóir seo fós. Baineann dúshlán bunúsach le scríbhneoirí a thabhairt le chéile ó cheann ceann na tíre.

Ní fhreastalaíonn daoine as Tír Chonaill ná Ciarraí ar na hócáidí sin. Is mó an turas é. Mura mbítear ábalta cúis mhaith a bheith agat leis an chaiteachas ama agus airgid le freastal ar rudaí mar sin, ní dhéanfaidh daoine é.

(Póirtéir 2020)

Tá Ní Bheildiúin ina ball d'Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge. Dar léi go dtugtar deiseanna di bualadh le filí eile dá bharr.

Soláthraíonn sé deis bheith ag bualadh le scríbhneoirí eile ó gach cúige den tír, bheith ag scríobh ar feadh seachtaine i nGleann Colmcille, agus cá bhfios dúinn cad eile a dtiocfadh as...

(Ní Bheildiúin 2020)

Thug Ní Mhóráin le fios go bhfuil tábhacht leis an Aontas mar idirghabhálaí do scríbhneoirí agus mar ghréasán a chuireann í a chur ar an eolas faoi imeachtaí agus deiseanna.

Is maith ann é eagrais a fheidhmíonn mar theanga labhartha do scríbhneoirí na Gaeilge & bhíos ar a shon ón gcéad lá. Cuireann sé ar an eolas mé i dtaobh imeachtaí, deiseanna & molaim Celia De Fréine, an cathaoirleach, ar a cumas & a cumarsáid linn.

(Ní Mhóráin 2020)

Deir Ó hUanacháin nach ar bhonn an bhuntáiste aonair a bhaineann tábhacht an Aontais ach mar gheall ar an tionchar idirbheartaíochta a imríonn sé ar an earnáil, ar son scríbhneoirí na Gaeilge.

Ní ar mhaithe le buntáiste do scríbhneoirí aonair a bunaíodh an tAontas, ach chun féachaint le réiteach a fháil ar fhadhbanna a bhaineann leis an earnáil ar fad.

(Ó hUanacháin 2020)

Tá amhras ar Ó Faoláin faoin toradh a bhíonn ag iarrachtaí an Aontais.

Táim im' bhall go teoiriciúil, ach ní dhíolas mo tháille bhallraíochta le dhá bhliain anuas. N'fheadar an mbíonn aon toradh fiúntach ar a gcuid iarrachtaí, cé go mbíonn siad ag déanamh a ndícheall.

(Ó Faoláin 2020)

Is léir go bhfuil ról le himirt ag Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge ach is gá fréamha argóna na bhfilí thuas agus Phóirtéir í féin a fhiosrú níos doimhne. Cé na baic atá ag cruthú laicise d'fheidhmiú chlár agus spriocanna an Aontais?

### **Eolaire Scríbhneoirí na Gaeilge**

Ardán a thugann eolas faoi chuid d'fhilí an staidéir seo ná an suíomh idirlín 'Eolaire Scríbhneoirí na Gaeilge' a chuir Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge le chéile. Deineadh 'Eolaire Scríbhneoirí na Gaeilge' a sheoladh ag an tráth céanna le lánseáil shuíomh nua Aontas Scríbhneoirí na Gaeilge i Mí na Feabhra 2019. Tugann an t-eolaire seo eolas ar fáil faoi níos mó ná 400 scríbhneoir Gaeilge idir ghearrscéalaithe, úrscéalaithe, fhilí agus scríbhneoirí acadúla.

Tá sonraí ar fáil do nach mór gach file a bhaineann leis an taighde seo ar fáil sa bhunachar lasmuigh de Maria Ní Mhurchú agus Séamus Barra Ó Súilleabháin. Tá cuireadh oscailte do scríbhneoirí cur leis an eolas atá ar fáil mar gheall orthu maraon le grianghraf a sholáthar. Tá an t-eolas atá san eolaire faoi láthair fíortheoranta: eolas i dtaobh dáta agus áit bhreithe na bhfilí is mó atá i gceist. Tugtar cur síos uimhriúil ar an méid leabhar atá ag scríbhneoirí ach ní féidir an nasc a leanúint chun teacht ar theideal ná ar fhoilsitheoir an leabhair. Is é an gnás in eolairí eile eolas níos cuimsithí a thabhairt faoi shaothar an scríbhneora. Níl aon sonraí teagmhála ann do na scríbhneoirí agus ní thugtar aon chuntas ar

chúlra an fhile ná ar a mbeathaisnéis. Tá seans ann go mbaineann na heasnaimh seo le heaspa maoinithe.

### **Feidhmiú an Aontais**

Baineann dúshlán breise le hobair an Aontais toisc nach bhfuil aon tacaíocht maoinithe acu, ná plean chun maoiniú a fháil. Mar a dúirt Póirtéir féin: *‘Ó thaobh gnáthreachtáil an Aontais, níor loirg muid deontas, déanta na fírinne’* (Póirtéir 2020). Tuigtear do Póirtéir, áfach, go bhféadfaí an-chuid a bhaint amach dá mbeadh struchtúir tacaíochta leanúnacha ann do *‘ghnáth-reachtáil an Aontais’* (Póirtéir 2020).

Dá mbeadh duine amháin fostaithe, tá an-chuid scéimeanna agus tá deiseanna le airgead a fháil, scéimeanna Eorpacha agus na scéimeanna seo...Tógann na rudaí sin an-chuid ama dul agus rudaí a chuartú agus eolas a fháil amach agus an t-eolas sin a scaipeadh.

(Póirtéir 2020)

Deir Póirtéir nach bhfuil aon easpa smaointe ach go bhfuil easpa ama agus acmhainní ar fáil chun cuid de na smaointe a chur chun cinn. Luaigh sé gurb iad Foras na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon na heagrais a bhféadfadh an tacaíocht sin a chur ar fáil (Póirtéir 2020).

Ní léir go n-imríonn an tAontas tionchar rómhór ar na filí atá faoi chaibidil anseo. Is fiú a thógaint san áireamh nach bhfuil an tAontas i bhfad ann (2015 i leith). Tá ardán maiseach de shuíomh lín acu agus tá ag éirí leo gréasánú áirithe a chruthú do scríbhneoirí na Gaeilge gan aon tacaíocht maoinithe. Gan an maoiniú agus in éagmais ghníomhaíocht ó aisteoir cruthaitheach chun teacht ar struchtúir leanúnacha tacaíochta níl mianach iomlán an ghréasáin/aontais seo á bhaint amach.

### **Scríbhneoirí Óga agus Úra na Gaeilge (2007 – 2015)**

Is fiú an plé seo ar riachtanais agus dúshlán Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge a phlé i gcomhthéacs mórchomhar scríbhneoirí eile a bhí ag feidhmiú sna blianta roimh bhunú an Aontais féin. Thóg scríbhneoirí na Gaeilge orthu sa bhliain 2007 an cúram áirithe sin a chomhlíonadh nuair a bhunaigh Ríona Ní Congáil ‘Cumann Scríbhneoirí Úra na Gaeilge’ (2007 – 2015) a d’fhéach chuig gréasán tacaíochta agus sóisialta a chruthú di féin agus dá comhfhilí. Tháinig deireadh le feidhmiú Chumann Scríbhneoirí Úra na Gaeilge sa bhliain 2015, tráth an ama gur cuireadh tús le hAontas na Scríbhneoirí Gaeilge. Beirt d’fhill an taighde seo a bhí páirteach;

Ó Faoláin agus Ní Bheildiúin (mar aon le Muiris Ó Meara† a raibh ceangal láidir aige le Baile an Fheirtéaraigh).

Ag labhairt di agus Cumann na Scríbhneoirí Óga agus Úra bliain ar an bhfód leag an file Caitríona Ní Chléirchín béim ar an tionchar a d'imir Ríona Nic Congáil ar ghlúin nua scríbhneoirí ag an am.

Sa lá atá inniu ann, gabhann muid scríbhneoirí úra agus óga na Gaeilge ár mbuíochas mor leis an Dr Ríona Nic Congáil, a chuir an cumann le chéile sa chéad áit i mí Iúil 2007...Tá éacht déanta aici ó shin leis an chumann agus le Comhar... Is éard a rinne Ríona ná gur chruthaigh sí gréasán tacaíochta agus teagmhála idir na scríbhneoirí úra ar fad, ionas nach gá dóibh i gcónaí fanacht sa seomra beag dorcha.

(Ní Chléirchín 2008: 45)

Léiríonn an t-eolas a thugann Ní Chléirchín thuas maidir le cumas gréasánaithe Nic Congail gur luigh tréithe agus cur chuige bhunaitheoir Chumann na Scríbhneoirí Óga agus Úra le tréithe an aisteora chruthaithigh mar atá pléite anseo i dtaca le filí eile de chuid an taighde seo. Chruthaigh sí gréasán tábhachtach do scríbhneoirí ag an am agus suíomh lín a bhí gníomhach maidir le hardán a thabhairt d'fhilí agus a saothar agus roinneadh deiseanna tacaíochta go leanúnach ar an suíomh. Tháinig deireadh le gníomhaíochtaí Chumann na Scríbhneoirí Úra de réir a chéile.

Léiríonn scéal imeacht i léig an chumainn an mór-riosca céanna a luadh cheana maidir le fiontair eile cruthaitheacha a pléadh sa tráchtas seo. Bíonn an baol ann go dtiocfaidh deireadh le hábhair féideartha mura socraítear struchtúr buan inmharthanach agus córas comharbais. Ar an lámh eile de, léiríonn scéalta pearsanta Uí Fhaoláin agus Ní Bheildiúin (an maoiniú, deiseanna a thapaíodar mar sparánacht litríochta Gaeilge ón gComhairle Ealaíon) gur imir a mballraíocht sa chumann seo feidhm thábhachtach oiliúna agus misnithe dóibh.

### **Oifig na nEalaíon, Comhairle Chontae Chiarraí: 'Ciarraí Ildánach'**

<https://www.kerrycoco.ie/arts/>

Ceathrar filí (27%) a bhain tacaíocht i bhfoirm maoinithe amach ó Oifig na nEalaíon i gComhairle Chontae Chiarraí.

Is é Oifig na nEalaíon, Comhairle Chontae Chiarraí an móreagras réigiúnach le freagracht shonraithe do na healaíona. Bíonn tábhacht nach beag ag baint, dar leo, le tacaíocht na hoifige do chur chun cinn na n-ealaíon sa chontae mar *'catalyst*

*in the promotion of the arts in Kerry*’ (Suímh lín Oifig na nEalaíon, Comhairle Chontae Chiarraí 2020)<sup>82</sup>

Bhain Ó Faoláin, Moynihan agus Breen tacaíocht amach faoin ‘Scéim Sparánachta do Dhíseart Ealaíontóirí’. Bhain Ó Faoláin tacaíocht amach faoi dhó chun freastal ar dhíseart ealaíontóirí sa bhliain 2016 agus 2018. Bhain Ní Mhóráin €500 amach faoin scéim ‘Sparánacht Forbartha don Obair Chruthaitheach’ sa bhliain 2013. Is suntasach arís gurb iad na hainmneacha céanna a chímíid anseo. Is iad na filí atá aitheanta againn mar aisteoirí cruthaitheacha atá ag baint tairbhe as scéimeanna tacaíochta eagrais éagsúla.

Anuas ar an maoiniú díreach seo a fuair na filí thuas, is fiú a lua go mbíonn tacaíocht ar fáil ó am go chéile do na féilte áitiúla in Uíbh Ráthach, féilte a mbíonn an fhilíocht mar ghné ócáidiúil nó lárnach iontu: Éigse na Brídeoige agus Amergin Solstice Poetry Festival. Sa chás seo is ina eagraí ar ócáidí filíochta atá Bushe agus de Buis ag idirghníomhú mar aisteoir cruthaitheach. Bronnadh €2,000 ón Arts Act Grant<sup>83</sup> ar an Amergin Solstice Poetry Gathering agus €500 ar Éigse na Brídeoige sa bhliain 2019.<sup>84</sup>

Tá bunachar sonraí a thugann eolas faoi ealaíontóirí Chiarraí ar fáil ar shuíomh lín Oifig na nEalaíon. Bíonn deis ag ealaíontóirí i gCiarraí iad féin a phoibliú, a réimsí sainspéise a léiriú agus sonraí teagmhála a chur ar fáil.<sup>85</sup> Thug Moynihan, Ní Mhóráin, Ní Bheildiúin, Ó Faoláin, Ní Chinnéide agus Ní Mhurchú le fios go bhfuil a sonraí ar fáil sa bhunachar. Dar le Ní Mhurchú (2018) agus Ó Faoláin (2018), áfach, nach mór an buntáiste a bhaineann leis an mbunachar seo. Níl fáil ró-éasca ar an mbunachar seo ar an suíomh lín. Ní dhéantar aon phoiblíocht leanúnach ar an mbunachar agus ní roinntear go córasach le lucht eagraithe féilte ná ar na meáin shóisialta é.

Tugann ‘Scéim Chéatadán na nEalaíon’ deis do bhainisteoirí tionscadal caipitil tionscadail ealaíona a fhorbairt ar fiú 1% den maoiniú iomlán a bhronntar ar fhorbairtí infreastructúracha. Bronnadh maoiniú €14,800 faoin bhforbairt tithíochta seo ar an mBuailtín i mBaile an Fheirtéaraigh. Ba thríd an scéim seo a cuireadh maoiniú ar fáil don sraith ceardlann a stiúraigh Bríd Ní Mhóráin nuair

---

<sup>82</sup> <https://www.kerrycoco.ie/arts/>

<sup>83</sup> <https://www.kerrycoco.ie/arts/arts-forms/>

<sup>84</sup> Bailíodh na sonraí seo ó theagmháil ríomhphoist le Fíona de Buis.

<sup>85</sup> <https://www.kerrycoco.ie/arts/arts-database/>

a tógadh an t-eastát Cúirt Phiarais i mBaile an Fheirtéaraigh (mar a luadh cheana). Foilsíodh an saothar: 'Idir Chruach is Chuan: Cúirt Phiarais – Saothar Nua ó Chorca Dhuibhne' (Comhairle Contae Chiarraí 2006). Eiseamláir é an obair seo de na féidearthachtaí atá ann tograí filíochta a chur chun cinn mar obair i gcomhpháirt leis an gComhairle Chontae agus eagrais áitiúla.

### **Ciarraí Ildánach (2017 – 2022)**

Local authorities are the primary instruments of community engagement and second, local authorities have a particular capacity for local programme delivery, especially in the context of citizen engagement.

(Éire Ildánach 2017: 24)

Tá tagairt déanta cúpla uair faoin am seo do chlár Éire Ildánach, an mórthogra náisiúnta do chothú na cruthaitheachta in Éirinn a bhfuil impleachtaí agus deiseanna ann d'fhilí.

Is í Kate Kennelly, Oifigeach Ealaíona, Comhairle Chontae Chiarraí atá ag feidhmiú mar chomhordanóir ar 'Chiarraí Ildánach', an clár réigiúnach a thagann faoi scáth chlár náisiúnta an rialtais i leith na cruthaitheachta: Éire Ildánach. Tá foireann cultúir ceaptha ag gach údarás áitiúil a mbíonn freagracht orthu maoiniú 'Éire Ildánach' a dháileadh ar na réimsí a n-aithnítear a raghadh an infheistíocht chun tairbhe. Fágfar an bunmhaoiniú seo faoi na húdaráis áitiúla toisc go bhfuil na teagmhálacha agus na huirlisí acu chun próiseas for-rochtana agus teagmhála a dhéanamh go slachtmhar agus an clár a chur i bhfeidhm ar mhaithe le tosaíochtaí a bpobal féin (Éire Ildánach 2017: 6). Mar chuid den bhfeidhm seo, bhí ar gach údarás áitiúil straitéis chultúir agus chruthaitheachta a chur le chéile. Déantar cur síos i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 'Chiarraí Ildánach' ar spriocanna agus ar thosaíochtaí an chlár. Tá tosaíochtaí agus cur chuige an chlár seo lárnach do chroí an taighde seo ar chothú agus ar chleachtais fhilí comhaimseartha na gceantar. Níor aithin aon fhilí sa taighde seo gur bhaineadar buntáiste as clár Éire Ildánach (pléifear tionchar an easnaimh sa mhír ábhartha thíos).

Tugann 'Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018 – 2022: Chiarraí Ildánach' cur síos ar na tosaíochtaí agus na béimeanna de chuid chlár Éire Ildánach a chuirfeadh i bhfeidhm i gcontae Chiarraí.<sup>86</sup> Deineadh próiseas for-rochtana leis an bpobal chun tuairimí a bhailiú maidir leis na tosaíochtaí ar ghá a bheith ag an gclár. Cuireadh ceistneoir ar líne, agus eagraíodh seisiúin chomhairliúcháin

<sup>86</sup> <https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Kerry.pdf>



phoiblí agus cruinnithe pobail. Níor fhreagair ach líon beag daoine an ceistneoir ar líne (57) ach tugtar le fios gur bailíodh 176 tuairim ar an iomlán tríd na fóraim eile. Is díol spéise nár thuairiscigh ach 8% de na rannpháirtithe a líon ceistneoir gur cheart tosaíocht a thabhairt don nGaeilge faoi scéim ‘Éire Ildánach’, freagra a fhágann impleachtaí do chur i bhfeidhm an chláir tacaíochta féin mar a bhaineann leis an healaíona Gaeilge.<sup>87</sup> Ní raibh rannpháirtíocht ró-ard ag an bpróiseas for-rochtana seo agus níor cheart go ndéanfaí cinneadh maidir le tosaíochtaí pobail uile Chiarraí ag brath ar staitisticí neamhionadaíochta, cé go maítear sa straitéis go léiríonn an ráta freagartha go bhfuil spéis ar leith léirithe in ‘Ciarraí Ildánach’. *‘The response volume demonstrates a real interest in Creative Ireland Kerry’* (Ciarraí Ildánach 2018: 24).

Iarradh ar dhaoine réimsí gníomhaíochta, a cinneadh gur réimsí don Fhoireann Cultúir iad, a chur in ord tosaíochta. Seo na réimsí ar theastaigh ó fhreagróirí go ndíreofaí acmhainní Éire Ildánach Chiarraí orthu. Liostaíodh iad mar roghanna 1-10, 1 an ceann is tábhachtaí, agus seo a leanas na torthaí:

### Léaráid 15: Freagraí an Phobail maidir le réimsí tosaíochta mar chuid de phróiseas comhairliúcháin Chiarraí Ildánach

Arts	37%
Archaeology	0%
Conservation	5%
Community	8%
County Museum	0%
Economic Development	5%
Arts Education	15%
Heritage	10%
Irish Language	8%
Libraries (including archives)	8%
Local enterprise	0%
Research	3%

Foinse: Straitéis Chiarraí Ildánach (2018 – 2022) lth. 25

Tionóladh cruinnithe pearsanta agus grúpaí fócais i dTrá Lí mar chuid den bpróiseas comhairliúcháin. *‘Tionóladh Cruinniú Comhairliúcháin Phoiblí i mí na Samhna 2017 i dTrá Lí ar ar fhreastail 80 duine den phobal’* (Ciarraí Ildánach 2018: 20). Ní raibh aon chruinniú taobh istigh den nGaeltacht. Fágann seo nach raibh deiseanna go leor ag muintir na Gaeltachta a bheith páirteach sa phróiseas

<sup>87</sup> <https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Kerry.pdf>

comhairliúcháin ar an láthair (go háirithe agus an toghroinn Ghaeltachta is siar Baile ‘n Sceilg 62km (uair go leith taistil) ó bhaile Thrá Lí).

Cé go n-aithníonn an plean go bhfuil dhá cheantar Gaeltachta sa chontae is léir ón gcur síos a dhéantar nach bhfuil an chruthaitheacht trí Ghaeilge mar chuid de thosaíochtaí an chláir go sonrach. Caitheann an plean leis an nGaeilge amhail is gur earnáil inti féin í, ní teanga a bhfuil sciar suntasach de phobail an chontae á labhairt, go háirithe i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach. Ní fhéachtar uirthi mar mheán ina bhféadfadh na réimsí eile cultúir a bheith á gcleachtadh:

Tá an nasc leis na pobail rithábhachtach; cuirfear na gníomhaíochtaí ar siúl in earnálacha na n-ealaíon, na hoidhreachta, na fiontraíochta, na leabharlann, na turasóireachta, na Gaeilge, agus an phobail.

(Ciarraí Ildánach 2018: 18)

Is é an trácht is cuimsithí a dhéantar don nGaeilge ná go bhforbrófar tionscnamh do Sheachtain na Gaeilge. *‘Déanfaidh Oifig na Gaeilge i gComhairle Contae Chiarraí naisc le grúpaí agus le daoine chun tionscnamh Sheachtain na Gaeilge a fhorbairt don chontae’* (Ciarraí Ildánach 2017: 34). Ar an mórgóir caitear leis an nGaeilge mar chúram imeallach agus nideoigeach, sa straitéis. Is léir, b’fhéidir, go raibh baint aige seo leis an easpa freagróirí a léirigh tiomantas do chur chun cinn na Gaeilge mar chuid de thosaíochtaí an chláir.

Seachas an lua sa mhír thuas, ní luaitear an Ghaeltacht ná ní thugtar aon aird ar leith ar na healaíona sa Ghaeltacht in aon áit laistigh de *‘Straitéis Ealaíona Chomhairle Chontae Chiarraí 2016-2021’*.<sup>88</sup> Cuirtear béim ar riachtanais oiliúna do gach duine atá páirteach sna healaíona i gCiarraí sa phlean. *‘To provide training and support opportunities for all those engaged in the arts in Kerry’* (Comhairle Contae Chiarraí 2016: 10). *‘Needs assessment of the training requirements of the sector’* (Comhairle Contae Chiarraí 2016: 20). Níl aon chuid den obair seo ag dul ar aghaidh, chomh fada is a bhaineann sé le filí Gaeilge an chontae, áfach. Níor deineadh aon phróiséis comhairliúcháin go fóill i measc fhilí an dá cheantair seo maidir le measúnú riachtanas a dhéanamh le ceithre bliana anuas.

Tá briseadh síos iomlán ann maidir le tosaíocht Éire Ildánach cleachtóirí Gaeilge a bhaint amach *‘go mbeidh deis ag gach duine in Éirinn a gcumas iomlán cruthaitheach a bhaint amach’* (Éire Ildánach 2017: 10). I bhfianaise easpa

---

<sup>88</sup> <http://docstore.kerrycoco.ie/KCCWebsite/arts/ArtsStrategy2016-2021.pdf>

riachtanais Ghaeilge a bheith ag oifigh ealaíne tá seans ann go bhfuil an fhadhb seo níos forleithne sna comhairlí contaetha eile.

Tugtar le fios i straitéis chultúir ‘Ciarraí Ildánach’ go bhfuil freagracht ar gach ball den bhfoireann chultúir teagmháil a dhéanamh lena sainréimse saothair. *‘Beidh ceann gach roinne freagrach as a dtionscadal féin’* (Ciarraí Ildánach 2017: 6). Is é an t-ionadaí atá ag an nGaeilge ná Roibeárd Ó hEartáin, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Chontae Chiarraí. Luaitear Ó hEartáin mar bhall den bhfoireann ar gach cáipéis oifigiúil cé gur thug sé le fios nach bhfuil agus nach raibh aon bhaint aige leis an meitheal agus nár fhreastail sé riamh ar aon chruinniú.<sup>89</sup> Fágann seo nach bhfuil éinne freagrach as tionscadail trí Ghaeilge agus tosaíochtaí don teanga a chur chun cinn. Tá post nua faighte ag Ó hEartáin ó Aibreán 2020 le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Labhair sé go sonrath ar an gclár An Saol Ó Dheas ar an 13ú Bealtaine 2020 maidir leis an easpa tosaíochta a thugtar don nGaeilge, dar leis, i gComhairle Chontae Chiarraí. Bhraith sé nach raibh aon tionchar aige san eagrais agus go raibh sé *‘ag snámh in aghaidh easa’* ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn ann. Dar leis go raibh dúshlán ag baint leis an nGaeilge a chur chun cinn taobh istigh de Chomhairle Chontae Chiarraí. *‘Ní hí an Ghaeilge an chloch is mó ar an bpaidrín acu...’* (Ó hEartáin 2020)

Deineadh cinneadh sa bhliain 2015 Oifig na Gaeilge a chur isteach faoin Roinn Uisce san eagraíocht. Ba sa Roinn Chorparáideach a bhí an oifig lonnaithe ón gcéad lá. *‘Cuireadh amach ar an imeall ar fad é’* (Ó hEartáin 2020). Tugann fianaise Uí Eartáin le fios go bhfuil fadhb níos leithne sa Chomhairle Chontae maidir leis an tosaíocht a thugtar don Ghaeilge (anuas ar an easpa tosaíochta ag Oifig na nEalaíon a bheith soiléir ón taighde seo).

Díol spéise agus iontais, b’fhéidir, an cuntas a thug Caitriona Ní Chathail (2019) ar an easpa teagmhála a bhíonn idir Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Oifig na nEalaíon, Comhairle Chontae Chiarraí. Níor bhuaill Oidhreacht Chorca Dhuibhne riamh le hoifigeach ealaíne Chomhairle Chontae Chiarraí, Kate Kennelly, ainneoin go bhfuil dualgas ar an Oifig Ealaíona soláthar a dhéanamh don gcontae ar fad, na Gaeltachtaí san áireamh.

I know go bhfuil Oifigeach Ealaíona ag an gComhairle Contae i gCiarraí, abair, níor bhuaileamairne riamh lena leithéid. I know go bhfuil an contae an-mhór agus

---

<sup>89</sup> Fuarthas an t-eolas seo trí theagmháil ríomhphoist

chomh maith leis sin go ndírítear na hacmhainní ar thograí áirithe sa Bhéarla. Is dócha go bhfuil dualgas orthu freastal ar an bpobal Gaeltachta chomh maith.

(Ní Chathail 2019)

Ainneoin seo, maítear i straitéis 'Chiarraí Ildánach' go bhfuil sé '*mar aidhm [acu] i gcónaí a bheith rannpháirteach le saoránaigh uile an chontae*' (Ciarraí Ildánach 2017: 12). Níl aon chumarsáid ann faoi láthair agus is léir nár deineadh aon bhealaí cumarsáide ná teagmhála a chothú le fada: tá an t-oifigeach ealaíne reatha, Kate Kennelly ag feidhmiú sa ról ó bhí 1999 ann (Gan dabht, baineann an easpa cumarsáide le dhá thaobh, leis na cáilíochtaí a sonraíodh don phost nuair a fógraíodh é). Leagann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 dualgas sonracha ar gach comhlacht poiblí soláthar cothrom a dhéanamh don nGaeilge maidir le seirbhísí trí Ghaeilge agus úsáid na teanga i modhanna cumarsáide.<sup>90</sup>

Tharraing An Coimisinéir Teanga Rónán Ó Domhnaill aird ar na dualgais uathúla atá ag comhairlí contae Gaeltachta sainchuspóirí a chinntiú ina bplean forbartha chun oidhreacht teanga agus chultúrtha a chosaint.

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, caithfidh comhairle contae a bhfuil limistéir Ghaeltachta faoina cúram cuspóirí faoi leith a leagan síos ina Plean Forbartha Contae chun oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint. Faoin Acht céanna, tá de dhualgas ar an údarás pleanála an plean forbartha a chur i bhfeidhm.

(An Coimisinéir Teanga 2020: 21)

Is ríshoiléir dúinn anseo nach bhfuil fíis agus aidhm an chlár á mbaint amach i gCiarraí, go háirithe, maidir le ceantair Ghaeltachta sa cheantar. Ón uair gurb í Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Chiarraí an lárionad stiúrtha atá ar fáil d'fhilí an staidéir seo teacht i dtír ar na féidearthachtaí atá ginte ag straitéisí agus maoiniú Éire Ildánach, tá impleachtaí tromchúiseacha ag an easpa béime agus neamhaird seo do réimse na Gaeilge agus na Gaeltachta i bhfeidhmiú an chlár.

### **Na Saindúshláin Earnálacha agus Straitéiseacha**

Níl aon dualgas sonracha ar eagrais a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon soláthar a dhéanamh don nGaeilge. Tharraing Póirtéir (2020) an cheist seo anuas ina agallamh siúd agus d'áitigh sé go láidir go mba chóir go mbeadh dualgas do litríocht na Gaeilge ná an Ghaeilge féin a bheith mar choinníoll riachtanach ag eagrais agus dreamanna mar fhéilte a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon.

Is mór an trua é nach ndéanann An Chomhairle Ealaíon riail de go mbeadh gach aon dream atá ag fáil deontaisí uathu siúd ag cur tuairiscí ar fáil ag deireadh na

<sup>90</sup> Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: <http://www.acts.ie/ga.act.2003.0032.4.html#partiii-sec9>

bliana faoi méid a chaith siad ar imeachtaí trí mheán na Gaeilge, a réachtáil siad leis an airgead a fuair siad.

(Póirtéir 2020)

Faigheann Éigse Éireann agus Áras Scríbhneoirí na hÉireann maoiniú leanúnach ón gComhairle Ealaíon do chur i bhfeidhm a n-aidhmeanna straitéiseacha. Fágann seo, mar a léirigh ráitis Maureen Kennelly (2019) nach mbíonn Éigse Éireann sásta tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'fhilí na Gaeilge mura bhfuil an tacaíocht airgid á cur ar fáil dóibh chuige ó Foras na Gaeilge.

Níl saineolas i leith na filíochta ag Foras na Gaeilge, ach is léir gurb é Foras na Gaeilge an dream is mó a shamhlaíonn na heagrais eile (eagrais a bhfuil saineolas acu i leith na filíochta agus na litríochta) ar chóir an maoiniú a chur ar fáil dóibh chun soláthar a dhéanamh don nGaeilge. Is réimse sainiúil é na healaíona agus an phleanáil teanga a thuilleann saineolas agus comhardanú ar leith, faoi mar a aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge. Tá réimsí saineolais ag eagrais ar leith. Níl an réimse saineolais sin ag Foras na Gaeilge a dháileann an maoiniú. Tá Údarás na Gaeltachta ina eagrais feidhme don bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht ach tá lúb ar lár gan eagrais le saineolas a bheith dírithe ar na healaíona Gaeilge, agus ar a sainréimsí féin, mar shampla, filíocht na Gaeilge. Tá caipiteal cultúrtha ar leith ag Éigse Éireann, cuir i gcás, nach dtarraingítear air go héifeachtach d'fhilíocht na Gaeilge gan aon straitéis a bheith ceaptha di ag leibhéal an eagrais féin.

Tá béim as an nua ag an gComhairle Ealaíon ar chothú ionannas deise i measc fhearann cleachtaithe na n-ealaíon agus sainstraitéis forbartha acu le bliain anuas: 'Beartas agus Straitéis um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht na Comhairle Ealaíon' (An Chomhairle Ealaíon 2019).

In publishing our Equality, Human Rights and Diversity Policy and Strategy we have committed to taking actions over the course of the coming years to actively deepen our understanding of inequalities in the arts and develop substantive ways to address them.

(An Chomhairle Ealaíon 2020)

I measc na ngrúpaí a luaitear sa straitéis seo, níl bheith istigh sonrach ag pobal na Gaeilge ná an Ghaeltacht féin mar ghrúpa imeallach. Mholfainn i bhfianaise na gceisteanna éagsúla atá ardaithe sa taighde seo maidir leis an easpa cothromaíochta a bhíonn ag filí Gaeilge i gcomparáid le filí Béarla in eagrais mar Éigse Éireann, Áras Scríbhneoirí na hÉireann agus Oifig na nEalaíon i gComhairle

Chontae Chiarraí, gur chóir go n-áireofaí pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta mar phobal imeallaithe faoi scáth an pholasaí seo, ar bhonn níos leithne. Bhainfeadh fiosrú mar seo le spriocanna na Comhairle agus iad ag iarraidh *'deepen our understanding of inequalities in the arts'*. Luaitear go mbeifear ag faire amach le hathbheithnithe a dhéanamh ar na critéir ionchuimsithe agus éagsúlaithe lena mbaineann a straitéis infheistíochta amach anseo: *'Develop new equality and diversity criteria to incorporate into our investment strategy'* (An Chomhairle Ealaíon 2019a: 17).

Mar a aithníonn clár Éire Ildánach (2017 – 2022) féin, is grúpa uathúil é pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge araon. *'The importance of the Irish language, our cultural heritage, folklore, games, music and the uniqueness of our Gaeltacht areas'* (Éire Ildánach 2017: 9). Má thugann An Chomhairle Ealaíon aitheantas d'uathúlacht pobal na Gaeilge agus don gcaoi a gcaitear go himeallach leis ag eagrais a fhaigheann tacaíocht leanúnach uatha, beidh meicníochtaí chun an comhionannas deiseanna a bhaint amach.

Tá easpa cumarsáide leanúnach ann idir eagrais ealaíne Ghaeilge agus eagrais ealaíne eile. Léiríonn na naisc ar shuímh lín eagrais na réimsí ar dóigh leis an eagrais iad a bheith ina réimse spéise ag an bpobal a ndéanann siad freastal orthu. Níl aon nasc ar shuíomh aon eagrais Gaeilge náisiúnta ná áitiúil (Foras na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh nó An Fhéile Bheag Filíochta) d'Éigse Éireann nó d'Áras Scríbhneoirí na hÉireann.

Bíonn Éigse Éireann ag brath ar chaipiteal sóisialta a gcuid teagmhálacha féin seachas cumarsáid a chothú ar bhonn struchtúrtha straitéiseach le heagrais/féilte eile Gaeilge taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá tábhacht ar leith le seo maidir le heagrais nach bhfuil lonnaithe i mBaile Átha Cliath (mar shampla Ealaín na Gaeltachta). Arís, is ábhar spéise an méid a luaigh Kennelly (2019) maidir leis an bhfáilte a chuirfeadh a heagrais roimh *'We'd be very open to people coming to us with ideas for collaboration'* (Kennelly 2019). Ní dhéanann siad aon tairiscintí comhpháirtíochta sonracha iad féin le heagrais, féile ná filí na Gaeilge.

Tá sé mar aidhm ag Ealaín na Gaeltachta sofheictheacht ealaíontóirí na Gaeltachta a chur chun cinn go náisiúnta. Tugann an t-eagrais tiomantas d'ionadaíocht a dhéanamh thar cheann ealaíontóirí le heagrais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cinntimid go bhfaigheann ealaíontóirí na Gaeltachta cuireadh agus go mbíonn siad le feiceáil taobh istigh agus i measc na bpobal náisiúnta agus idirnáisiúnta...

(Ealaín na Gaeltachta 2018: 18)

Níl aon nasc sonrath cothaithe idir Ealaín na Gaeltachta agus Éigse Éireann ná le hÁras Scríbhneoirí na hÉireann. Tá sé fíor go bhfuil nasc áirithe cruthaithe idir Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge le Éigse Éireann (toisc go dtugann an dá eagrais maoiniú do scéimeanna áirithe sna scoileanna). Níl aon pháirnéireacht cruthaithe áfach maidir le tacaíocht díreach d'fhorbairt phroifisiúnta ná chruthaitheach an fhile féin ná na fearainn tábhachtacha lena mbaineann a c(h)eird, mar shampla, le ceardlanna, féilte nó irisí filíochta.

Dheineamar scrúdú sa chaibidil seo ar na deiseanna tacaíochta agus maoinithe atá ar fáil d'fhilí an staidéir seo, agus d'fhilí go ginearálta. Agus idirghníomhú na bhfilí leis na deiseanna seo faoi mheas, tugadh idir fhianaise na bhfilí, fhianaise na gcinnirí agus tírdhreach eagraíochtúil na filíochta san áireamh d'fhonn pictiúr cruinn a chur ar fáil d'fhearainn tacaíochta d'fhilí comhaimseartha na Gaeilge. Ní féidir na féidearthachtaí ná na heasnaimh seo a phlé ná a fhiosrú gan na geallsealbhóirí tábhachtacha éagsúla a thabhairt le chéile. Beidh gá le beartais shonracha chun cuid de na dúshláin seo a réiteach agus tabharfar aghaidh ar seo nuair a dhéanfar moltaí ar leith sa chéad chaibidil eile.

## Conclúid

Tá an dúthaigh seo ag rá rud éigin. Dá bhféadfaí é a chur i bhfocail d'aithneofaí gurb é an dúthaigh a dúirt. Tá an fharraige agus na carraigeacha, tá an féar agus gach fás á rá gur mar seo atá. Bídis ina dtost á rá...Tá sé ráite chomh tréan san ag an dúthaigh seo nach foláir é a scagadh ó am go ham.

(Ó Ríordáin, Barra na hAille Dún Chaoin 1970)

Níl aon dabht go bhfuil sé imeallach faoi láthair ach is ait liom go bhfuil sé chomh láidir anseo; gluaiseacht na filíochta. I dtréimhsí áirithe, gheobhaidh tú rabharta seo agus rabharta sin agus tá rabharta filíochta ann anois agus tá cúrsaí agus cúinsí áirithe laistiar de sin.

(Ó Dúshláine 2018)

An dtiocfaidh rabharta arís sa taoide litríochta óna bhfuil fágtha de Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh? Is deacair ceist mar sin a fhreagairt, ach is léir go bhfuil sé dlúthcheangailte le fadhb níos bunúsaí, mar atá staid na teanga féin...

(Ó hÓgáin 1984: 12)

D'fhéach an staidéar seo le scagadh a dhéanamh ar a bhfuil 'á rá' ag grúpa d'fhilí comhaimseartha a bhfuil baint acu le dúthaigh Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach. B'ábhar inspéise ó thosach an taighde nárbh ionann scéal na bhfilí i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach. Fad a bhí "taoide" nó "rabharta" filíochta á aithint i gCorca Dhuibhne, ní raibh le rá ag an aon fhile a bhfuil cónaí buan air in Uíbh Ráthach ach 'Nílid ann' (Bushe 2018).

Agus an staidéar seo á thabhairt chun críche, tá tuiscint againn ar na sainchúinsí sin a chothaíonn agus nach gcothaíonn filí sa dá cheantar seo faoi thrácht. Ní hamháin sin ach tá againn anois pictiúr trédhearcach luachmhar de na réimsí cleachtais a bhaineann leis an raon samplach seo d'fhilí comhaimseartha Gaeilge, agus tá taifead againn de na cúinsí a spreagann iad maidir lena ngairm fhileata.

### 'Ionmholta Malairt Bhisigh'

Ionmholta malairt bhisigh:  
tárraidh sinne 'san amsa  
iomlaoid go suarrach sona,  
do-chuaidh a sochar dhamhsa.  
Do thréig sinn sreatha caola  
foirceadal bhfaobhrach ffrithir  
ar shórt gnóthach grés robhog,  
as mó as a moltar sinde.

(Eochaidh Ó hEoghusa 1603 in Bergin 1918: 616 – 617)

Os cionn ceithre chéad bliain ó shin thug Eochaidh Ó hEoghusa le fios nach raibh le déanamh ag filí Gaeilge a linne ach athrú faoi mar a bhí an saol ag athrú. Faoi mar a tharla aimsir Uí Eoghusa, tá athruithe tréana tarlaithe i saol fhilí Gaeilge an



lae inniu. Is é seo an chéad staidéar sa Ghaeilge a thug faoi thuiscint a fhorbairt ar an gcruthaitheacht agus ar na cúinsí a chothaíonn an chruthaitheacht i measc fhilí comhaimseartha na Gaeilge. Seachas na filí agus a saothar a scrúdú trí lionsa téacsclárnach leagadh béim tríd síos ar na comhthéacsanna éagsúla ina dtarlaíonn (nó nach dtarlaíonn) an chruthaitheacht fhileata. Leagadh béim ar an gcomhthéacs seachtrach atá ag an duine cruthaitheach. Easnamh i gcuid den staidéar léannta a deineadh go nuige seo ar an duine cruthaitheach an neamhaird a dhein criticeoirí ar an gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha.

Research on the creative person has worked to the exclusion of the social context surrounding the person... ignorant of creative processes “outside” the mind of individual creators.

(Sternberg 2016: 72)

Pléadh chomh maith cleachtais na bhfilí féin maidir lena gceird sa chiall is leithne den bhfocal sin agus tugadh san áireamh fianaise ó chinnirí cultúir agus ó ransú ar cháipéisíocht earnálacha. Suíodh an plé i gcomhthéacsanna éagsúla critice.

Ba iad na príomhcheisteanna taighde a bhí le plé agus le freagairt sa staidéar seo ná: (i) Cad iad na cúinsí a chothaíonn agus nach gcothaíonn na filí seo faoi chaibidil ar bhonn leanúnach? (ii) Cad a spreag na filí seo chun an fhilíocht a scríobh den gcéad uair agus cad iad na cúinsí a spreagann iad ar bhonn leanúnach? (iii) Cad iad na cleachtais ghairmiúla agus chruthaitheacha a bhí agus atá agus a d’fhéadfadh a bheith ag na filí seo faoi chaibidil? (iv) Cén ról atá ag na filí seo faoi chaibidil ina bpobail? (v) Cén fheidhm a d’fhéadfadh a bheith ag an bhfilíocht sa phleanáil teanga? (vi) Cén saghas tionchair a bhíonn nó a d’fhéadfadh a bheith ag struchtúir maoinithe agus tacaíochta ar na filí seo maidir lena gcothú ar bhonn cruthaitheach agus ar bhonn gairme?

Is éard a bhí i gceist leis an téarma ‘*cothú*’ sa staidéar seo ná na cúinsí a spreagann na filí agus a thugann tacaíocht dóibh lena gceird a chleachtadh. Bhain an téarma ‘*cleachtais*’ sa staidéar le hiompar na bhfilí sna roghanna cruthaitheacha agus gairmiúla a dhéanann siad maidir le cleachtadh a gceirde.

Bhí gá le modheolaíocht iontaofa le gnéithe éagsúla de scéal na bhfilí a fhiosrú. Mar phointe tosaigh, deineadh ransú cuimsitheach ar an gcáipéisíocht a bhaineann leis na fearainn chruthaitheacha atá ag filí comhaimseartha na Gaeilge chun eolas a chur ar an tírdhreach cruthaitheach sula lorgaíodh eolas ó na filí féin. I gcaitheamh an tráchtais d’éirigh linn pictiúr a tharraingt den tírdhreach

straitéiseach agus eagraíochtúil a bhaineann le filíocht na Gaeilge. Deineadh breathnóireacht thosaigh ar ócáidí ábhartha chun na filí a roghnú agus chun tús aithne a chur orthu. Ina dhiaidh sin cuireadh filí faoi agallamh leathstruchtúrtha ina nduine agus ina nduine. Anuas ar sin bhí ceistneoir sonrath le líonadh acu mar gheall ar a dtaithe féin mar fhilí. Tar éis taithe na bhfilí a scagadh, cuireadh sampla ionadaíoch de chinnirí cultúir faoi agallamh leathstruchtúrtha agus arís bhí ceistneoir ar leith dá gcuid féin le líonadh acusan.

Chuir sainpeirspictíocht na gcinnirí go mór le léargais na bhfilí. Shuigh fianaise na gcinnirí sainscéal na bhfilí i mórchomhthéacsanna éagsúla (an phleanáil teanga, an t-ionchuimsiú sóisialta agus feidhm na filíochta maidir le folláine an duine, mar shampla. Chruthaigh ionadaíocht na gcinnirí deis dúinn na riachtanais agus na heasnaimh a bhí aitheanta ag na filí a scrúdú ó pheirspictíocht eile.

Agus an mhodheolaíocht chéimnithe seo á hachtú, aithníodh gur bhain gnéithe a shamhlaítear leis an taighde gníomhaíochta rannpháirtíochta leis an staidéar seo. Trí seasamh an ‘insider-outsider’ a aithint agus a thógaint, d’éirigh linn sainpheirspictíocht a fháil ar an domhan a bhí á tharraingt ag an rannpháirtithe. Ba é an bua ba mhó a bhain le fráma an taighde ghníomhaíochta rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm sa staidéar ná an ghné chlaohlaitheach a bhaineann leis ó thaobh na heitice: Is é mianach an taighde rannpháirtíochta ná go dtagtar ar léargais i gcomhpháirt leis na rannpháirtithe agus iad mar fhinnéithe gníomhacha (Reason & Bradbury 2008: 706). Gné thábhachtach den taighde rannpháirtíochta ná go ndéantar moltaí praiticiúla a chur ar fáil. Thugas faoi deara gur chuir próiseas an taighde seo féin filí agus cinnirí ag machnamh ar fhearainn cleachtaithe agus eagraíochtúla na filíochta.

Le blianta beaga anuas, tá an fhilíocht agus na healaíona cruthaitheacha á suíomh mar ghnéithe tábhachtacha den bpróiseas pleanála teanga agus de chlár cruthaitheachta náisiúnta agus idirnáisiúnta (An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018 – 2022 & Éire Ildánach 2017 – 2022, Creative Europe 2014-2020). Fágann an t-aitheantas náisiúnta ilrannach agus ilréimseach seo gur am cinniúnach atá ann don bhfilíocht agus d’ealaíona cruthaitheacha na Gaeilge trí chéile. Cuireann an dá mhórbhéim náisiúnta seo – cruthaitheacht agus pleanáil teanga- deis ar fáil tarraingt ar lionsaí critice gaolmhara.

Mar a aithníonn an criticeoir Vlad Petre Glăveanu ina shaothar *'Introducing Creativity and Culture, the Emerging Field'*, tá deiseanna sa ghort nua taighde idisciplíneach seo (léann na cruthaitheachta agus an chultúir ach lea mbaineann réimsí éagsúla eile taighde mar an tsíceolaíocht chultúrtha, an antraipeolaíocht agus an tsocheolaíocht) tuiscintí nuálaíocha a fhorbairt faoin tslí a bhféachtar ar an gcruthaitheacht agus ar an tionchar níos leithne a bhainfidh lena cur chun cinn i réimsí éagsúla den saol agus den léann (Glăveanu 2016: 24).

Laistigh agus lasmuigh den dá mhórchomhthéacs critice seo, baineadh feidhm as lionsaí éagsúla critice sa taighde seo agus a thug na lionsaí seo struchtúr don bplé a deineadh ar shaintaithí na bhfilí. Díríodh go háirithe ar na teoiriceoirí Teresa M. Amabile agus a 'Teoiric Chomhpháirteanna', Robert J. Sternberg, Vlad Petre Glăveanu agus an múnla 'Five A's Model of Creativity' agus Mihalyi Csikszentmihalyi. Baineadh leas chomh maith as saothar chriticeoirí ábhartha eile ó léann na cruthaitheachta agus ó dhisciplíní éagsúla eile mar litríocht na Gaeilge, an tsíceolaíocht chultúrtha, an tsochtheangeolaíocht agus an phleanáil teanga.

Cuireann úsáid na lionsaí éagsúla seo leis na lionsaí critice comhthéacsúla ar baineadh leas astu go nuige seo maidir le litríocht agus scríbhneoirí na Gaeilge (Féach, mar shampla: Ní Fhrighil 2010, Nic Eoin 2005, Denvir 1997, Ó Crualaoich 1989 & Ó Ríordáin 1952). Ní hamháin gur chabhraigh na lionsaí seo le comhthéacsanna nua a aimsiú do na léargais a ghin fianaise na bhfilí agus na gcinnirí ach thángthas ar léargais úrnua a chuirfidh leis na fearainn chritice sin.

Bhí sé tábhachtach cúlraí, cleachtais agus cúinsí saoil na bhfilí seo a thaifead agus a chur i gcomparáid le chéile mar aonad. Bhí idir éagsúlachtaí agus chosúlachtaí spéisiúla le tabhairt faoi deara idir an sé fhile dhéag seo maidir le taithí na bhfilí, na cúinsí a chothaigh iad agus cleachtais na bhfilí. Bhí codarsnacht shuimiúil idir an t-imeallú ar leith a bhraith filí áirithe a d'aistrigh amach as na ceantair Ghaeltachta seo agus filí eile a chothaigh ceangal leis an dá cheantar agus a d'aimsigh cothú agus inspioráid ann.

Bhí meascán spéisiúil le tabhairt faoi deara chomh maith ó thaobh aois na bhfilí. Tá aoisraon níos sine i gceist le tromlach na bhfilí. Thosnaigh na filí ag cumadh ag tréimhsí éagsúla. Chrom deichniúr filí ar fhilíocht a shaothrú tar éis chasadh na

mílaoise agus bhí filí eile ann a thug faoin bhfilíocht sna seachtóidí, sna hochtóidí agus sna nóchaidí.

Ba dhíol spéise cúlra oideachais na bhfilí. Tógadh suntas de leibhéal ardoideachais na bhfilí seo; fíric spésiúil nuair a thógtar san áireamh torthaí an taighde seo maidir leis an tábhacht a bhain le caipiteal ard cultúrtha sa teaghlach ina múnlú na bhfilí mar dhaoine cruthaitheacha.

Thugas léargais agus comhthéacsanna éagsúla faoi deara mar thaighdeoir agus mar bhreithneoir sa taighde seo. Níorbh ionann taithí, dearcadh ná braistint gach file maidir lena c(h)leachtas cruthaitheach. Bhí éagsúlacht ann chomh maith i measc na bhfilí maidir leis na fearainn sheachliteartha a bhain le cleachtadh a gceirde. Cé gur léirigh taithí filí áirithe gur bhain imeallacht agus aonaránachas le ceird an fhile, chuir na filí go léir, nach mór, béim ar an mborradh atá faoi chleachtadh na filíochta i gCorca Dhuibhne agus d'aithin siad taithí an chomhludair chruthaithigh mar thosca tábhachtach dá n-eispéireas saoil mar fhilí sa cheantar sin. Bhí sé fíorshoiléir ó thosach an taighde go raibh codarsnacht mhór idir an taithí seo i gCorca Dhuibhne agus an taithí a bhí ag Paddy Bushe, Mícheal Ó Siochrú agus Siobhán Ní Shíthigh go háirithe.

Bhí an mhórbhraistint ag na filí, ar an mórgóir, nach raibh pobal róshuntasach acu féin ná ag a saothar. Ba dhíol iontais, b'fhéidir, gur chuma le cuid de na filí faoi lucht léitheoireachta. Bíonn guth príobháideach an fhile chun tosaigh ina gcleachtas agus creideann formhór de na filí nach urlabhraithe thar cheann pobail iad den gcuid is mó. Samhlaíonn cuid filí go bhfuil ról acu nó ag filí eile ar a bheith ag labhairt thar cheann pobail. Leagann filí áirithe tábhacht ar an bpobal ina gcleachtas (Séamus Barra Ó Súilleabháin, mar shampla) tá filí eile ann ar aithin a gcomhfhilí go mbaineann feidhm phoiblí lena saothar (Bríd Ní Mhóráin).

Feidhmeanna pearsanta is mó a bhaineann leis an ngníomh cruthaitheach (agus foilsithe) do na filí comhaimseartha seo agus is de bharr an t-inspreagadh láidir inmheánach atá acu a théann siad i mbun pinn. Ar an dála céanna ní duaiseanna ná aitheantas is túisce a spreagann iad.

Beag beann ar ráitis na bhfilí faoi thosaíocht a bheith ag an bhfeidhm phríobháideach ina gcuid cumadóireachta, thug siad le fios go soiléir gur mhaith leo pobal níos mó a bheith ag a saothar. Is iad a gcomhfhilí féin a bhíonn ag feidhmiú go minic mar phobal léitheoireachta do na filí.

Tá géarchéim ann maidir leis an easpa bainte a bhíonn idir an pobal agus na filí. Tagann an fhianaise seo lena bhfuil ráite ag scoláirí éagsúla Gaeilge maidir le géarschéim léitheoirí (Nic Pháidín 2003, Nic Eoin 2005, Poirtéir 2019, Heusaff 2019). Fiosraíodh gnéithe éagsúla d'idirghníomhú na bhfilí le pobal léitheoirí/éisteoirí. Dar le hionadaithe ón dá ghrúpa faisnéiseoirí, ní i gcónaí a éiríonn leis an múnla traidisiúnta den léamh filíochta chun pobal éisteachta a chothú. Tá obair eiseamláireach ar siúl ag Féile na Bealtaine, Féile Liteartha IMRAM agus ag tograí ar leith mar thogra 'fhísdánta' Reic/Áras Scríbhneoirí na hÉireann cuir i gcás, chun pobal níos leithne a bhaint amach do shaothar filíochta Gaeilge. Níl aon chur chuige córasach ceaptha ag aon eagras áfach, le dul i ngleic le dúshlán an lucht léitheoireachta/éisteachta d'fhillíocht na Gaeilge cé go bhfuil rannpháirtíocht an phobail i gcoílár straitéis na Comhairle Ealaíne 'Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)', Straitéis Ealaín na Gaeltachta (2018 – 2022) agus mar dhlúthchuid de phríomhpholasaithe náisiúnta don gcruthaitheacht (Éire Ildánach, Cultúr 2025).

Labhair filí éagsúla ar an easpa láithreachta a bhíonn ag an bhfilíocht Gaeilge agus ag a saothar féin ar na meáin scríofa agus chraolta. Tá easnaimh mhóra i straitéisí margáíochta agus cur chuige margáíochta fhoilsitheoirí áirithe, tosca a fhágann nach ndéantar cumarsáid leanúnach chórasach leis na meáin. Bíonn na filí ag brath go minic ar a gcleachtas bolscaireachta pearsanta féin agus ar bhá shiopaí agus ionad beaga díolacháin.

Ní bhíonn baint ag tromlach na bhfilí leis na hardáin dhigiteacha (na meáin shóisialta): eisceachtaí iad Séamus Barra Ó Súilleabháin, Maria Ní Mhurchú, Marcus Mac Conghail agus Dairena Ní Chinnéide. Fágann an easpa bainte seo nach mbíonn formhór na bhfilí eolach ar dheiseanna áirithe. Iarmhairt eile a bhaineann lena n-easpa plé leis na hardáin ar líne ná go gcailleann siad amach ar dheiseanna a bpróifíl féin a leathnú agus a bpobal léitheoireachta/éisteachta féin a fhás. Is amhlaidh go ngineann a n-idirghníomhú le heagrais náisiúnta agus meáin shóisialta deiseanna greásanaithe. Leanann a thuilleadh deiseanna gairmiúla an gréasánú seo.

Baineann neamhsheasmhacht, éiginnteacht agus rioscaí le fearainn cleachtaithe na filíochta. Tá tromlach na bhfilí ag brath go príomha ar fhoilsitheoirí amháin. Níl aon mhaoiniú leanúnach ag an gceardlann filíochta is fadbhunaithe a luadh sa

taighde. Chuaigh ceardlann a d'imir tionchar cinniúnach ar fhilí i léig nuair a cailleadh an stiúrthóir; theip ar fhiontar eile nuair a díoladh an t-ionad ina raibh sé lonnaithe. Ní bhaineann aon scéim de chuid na n-eagras le ceardlanna leanúnach a sholáthar (tosca a bhí cinniúnach i múnlu na bhfilí anseo). In eagmas phleanáil comharbachta, agus in éagmas ionad oiriúnacha ar bheith ar fáil do chur i láthair, díol agus meantóireacht, ní bheidh an tacaíocht chuí ar fáil chun saineolas agus saintionchar na n-aisteoirí cruthaitheacha seo a bhuanú agus a roinnt leis an gcéad ghlúin eile filí.

## **Príomhléargais**

### **1: Tionchar Caipitil Chultúrtha**

Thug aon fhile dhéag cuntas ar an tionchar a bhí ag a gcúlra teaghlaigh orthu maidir lena múnlu cruthaitheach. Bhí caipiteal cultúrtha ar leith i dteaghlaigh na bhfilí seo. Bhí meas agus urraim i leith an chultúir Ghaelaigh, i leith an oideachais nó i leith na scríbhneoireachta cruthaithí féin i gceist anseo. D'imir an cúlra seo agus, i gcásanna áirithe, cleachtas ar leith teaghlaigh (scéalaíocht/amhránaíocht/filíocht bhéil/leabhair nó comhluadar cruthaitheach sa tigh) tionchar láidir ar fhilí áirithe maidir lena gclaonadh féin baint a bheith acu le réimsí cruthaitheacha éagsúla. Toradh uathúil sa staidéar seo ná an gaol a d'aithin filí a bheith idir dearcadh dearfach tuismitheoirí i leith na Gaeilge/tiomantas tuismitheoirí i leith na teanga agus cothú na méine cruthaithí sa teanga chéanna iontu féin. Níor ghá go mbeadh spéis ag na tuismitheoirí ná gaolta eile san fhilíocht *per se*, ach bhain tábhacht leis an dearcadh a bhíonn acu i leith na teanga agus i leith an chultúir Ghaelaigh.

Bhí deis eiseamláireach ar fáil do cheathrar filí an gníomh cruthaitheach a bhlaiseadh agus a thabhairt faoi deara ó aois óg. Fuaireamar amach nach sa teaghlach ná sa bhaile amháin a bhí deis ag filí tairbhe a bhaint as comhluadar cruthaitheach. Na filí úd *nár* aithin an teaghlach mar thosca príomha a mhúnlaigh iad, ba mhó an tábhacht a shamhlaigh siad leis an gcóras oideachais.

### **2. Tábhacht an Chomhluadair Chruthaithigh**

Thug idir na filí agus na cinnirí cultúir le fios go samhlaítear taithí an chomhluadair le Corca Dhuibhne agus taithí an aonaráin le hUíbh Ráthach. Tá an bhraistint ann go bhfuil sé inghlactha a bheith ag cumadh filíochta i gCorca Dhuibhne ach go bhfuil sé níos deacra *'breith air'* in Uíbh Ráthach (De Paor 2019).

Níl aithne ag aon rannpháirtí ar aon fhile Gaeilge in Uíbh Ráthach lasmuigh de Paddy Bushe. Níl aon fhile Gaeilge eile ag scríobh faoi láthair sa cheantar sin.

Ainneoin oidhreacht shaibhir litríochta a bheith ag roinnt leis an dá cheantar a bhí i gceist, ní hionann an caipiteal cultúir nó an comhlúadar cruthaitheach comhaimseartha sa dá cheantar. Ní dhéantar tarraingt ar chaipiteal cultúir Uíbh Ráthaigh sa chaoi chéanna is a dhéantar i gCorca Dhuibhne. Chreid idir fhilí agus chinnirí cultúir go bhfuil imeallú á dhéanamh ar oidhreacht na Gaeilge, ar fhilíocht agus ar fhilí na Gaeilge i gceantar Uíbh Ráthaigh. Ní hionann an caipiteal teanga atá in Uíbh Ráthach le Corca Dhuibhne ach oiread. Tá iarmhairtí ag an easpa airde a thugann eagrais áitiúla sa cheantar ar luach oidhreacht Ghaeilge na dúiche do réimsí éagsúla: an chruthaitheacht, an eacnamaíocht, an turasóireacht agus cothú an daonra. Cé gurbh ann d'ionaid áirithe Ghaeilge mar Ionad an Chomhchoiste i gCeann Eich agus Ionad na Dromada, tá easpa follasach in Uíbh Ráthach maidir le hinfreastruchtúr cultúrtha lárnach feiceálach 'buail isteach' a bheadh tiomanta don nGaeilge féin, gan trácht ar infreastruchtúr a dhéanfadh sainfhreastal ar chleachtóirí cruthaitheacha Gaeilge nó cleachtóirí ealaíona cruthaitheacha eile sa teanga.

Tá infreastruchtúr buan cultúrtha le branda Gaeilge ar fáil i gCorca Dhuibhne agus tá eagrais fadbhunaithe ar an leithinis a dhéanann cúram d'oidhreacht na háite, le béim ar leith ar an nGaeilge. Tá buntáistí eile sa cheantar toisc oifig lárnach Údarás na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta a bheith sa Daingean. Tá infreastruchtúr fisiciúil in Uíbh Ráthach ach níl na hacmhainní daonna ann agus níl aon straitéis ealaíne ceaptha. Tá an ceantar agus an t-infreastruchtúr ar deighilt ó lárionad Ealaín na Gaeltachta. Tá Uíbh Ráthach agus Corca Dhuibhne araon scoite amach ó fheidhmiú Chiarraí Ildánach (Comhairle Chontae Chiarraí) agus eagraíochtaí eile.

### **3. Lárnacht mothúchán sa phróiseas cruthaitheach**

Leag na filí béim ar ról lárnach mothúchán agus ar ról eachtraí a raibh mothúcháin dhoimhne i gceist leo mar thosca tábhachtach a chuir iad ag scríobh den gcéad uair. Tá an toradh seo ag teacht lena bhfuil áitithe ag lucht critice agus cleachtóirí i ndisciplíní éagsúla (Oatley & Djikic 2017, Parini 2008, Weisburg 2006 agus Ó Ríordáin 1952) maidir le ról lárnach mothúchán sa phróiseas

cruthaitheach. Feiniméan ar leith ab ea tionchar bás gaoil nó cara fhilí an staidéir mar chúinse a spreag iad chun na cumadóireachta.

D'aithin seisear filí ón dá cheantar (idir fhilí Béarla agus fhilí Gaeilge) nasc idir an chruthaitheacht agus mothúcháin a bhainistiú. Bíonn an fhilíocht á glacadh chucu mar mheán chun déileáil le tréimhsí deacra agus le tráma ina saol. Tagann taithí agus dearcadh na bhfilí seo leis an mórghéim a leagtar ar an ngaol idir cruthaitheacht agus folláine an duine aonair i mbeartais náisiúnta an Rialtais (Éire Ildánach 2017 – 2022, Tionscadal Éireann 2040 & Cultúr 2025).

Thug an plé ar ról mothúcháin i spreagadh agus i ngríosadh an fhile deis cíoradh a dhéanamh ar an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don bhfile agus léitheoir/éisteoir trí chleachtadh na filíochta. Dheineamar plé ar na féidearthachtaí a bhain le fearainn éagsúla 'nua' seo na folláine d'fhilí an taighde seo agus do chleachtóirí cruthaitheacha trí chéile. I measc na bhfearainn nua féideartha seo bhí an t-oideachas (gona bhéim nua ar fholláine agus ar fheasacht) agus dá réir sin cúrsaí curaclaim agus cur chuige oideolaíoch; agus seirbhísí don bpobal - tithe altramais agus ionaid cúraim mar shampla. Bheadh feidhm ag an bhfilíocht mar mhodh teiripe i ngort na síceolaíochta agus síciatrachta agus ar bhonn pearsanta do dhaoine aonair nó do ghrúpaí ar leith.

### **3. Ról na filíochta sa phleanáil teanga**

Tá fianaise sa staidéar faoin mianach atá ag an bhfilíocht Ghaeilge ról a imirt sa phróiseas pleanála teanga. Is casadh nua sa phleanáil teanga don Ghaeltacht an t-aitheantas oifigiúil atá tugtha do ról na n-ealaíon ar chleachtais teanga sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022). Is beag – má tá aon – taighde déanta ar thionchar na n-ealaíon ar an bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht anseo in Éirinn. Tá fianaise cleachtóir-bhunaithe anseo faoin tionchar is féidir le cleachtadh na filíochta féin agus le rannpháirtíocht i bhféilte agus léamha filíochta a imirt ar chumas, ar iompar agus ar chineál teanga an duine.

Tá feidhm thábhachtach ag an bhFéile Bheag Filíochta, Féile na Bealtaine, Éigse na Brídeoige agus Amergin Solstice Poetry Gathering mar fhearainn teanga. Cuireann infreastruchtúir chultúrtha agus chruthaitheacha mar seo le caipiteal sóisialta agus cultúrtha na bpobal lena mbaineann siad. Ach féachaint ar fhéilte filíochta mar ghnéithe luachmhara d'obair na pleanála teanga d'fhéadfaí tógaint a dhéanamh orthu ar bhonn a d'imreodh tionchar níos buaine agus níos leithne.



Tá súil agam go bhfuil tús curtha ag an taighde seo faoin bhfilíocht le plé foirmeálta ar ról na n-ealaíon trí chéile sa phleanáil teanga.

#### **4. Seasamh Sóisialta an Nuachainteora agus an Chruthaitheacht**

Tá aird tarraingthe ag an taighde seo ar an ngaol spéisiúil a d'fhéadfadh a bheith idir an fhilíocht agus an próiseas foghlama teanga. Nocht taithí agus iompar na bhfilí fianaise sa taighde ar an dlúthbhaint a bhíonn idir an teanga, an fhilíocht agus a bhféiniúlacht. Bíonn ról tábhachtach ag an bhfilíocht mar chuid den bpróiseas aistrithe teanga agus sóisialta a ngabhann an nuachainteoir tríd. Thug an fhianaise ó na filí le fios dúinn gurbh fhéidir go mbíonn baint idir an '*seasamh sóisialta*' a thógann filí áirithe ar nuachainteoirí iad (agus iad ag cuardach comhthéacsanna nua sóisialta ina n-úsáidtear an teanga) agus rannpháirtíocht a bheith á glacadh acu i ngréasáin chruthaitheacha. Tá an ceangal seo idir an chruthaitheacht agus iompar sóisialta/iompar teanga na bhfilí seo ag teacht le léamha úra ar an bhfoghlaim teanga agus ar theoiric an nuachainteora i ngort na Sochtheangeolaíochta (O' Rourke & Walsh 2020, Walsh 2017; Walsh, O' Rourke & Rowland 2015; Walsh & Rowland 2015, O' Rourke & Ramallo 2013).

Tagann torthaí an taighde lenar áitigh Walsh (2017: 230) maidir le ról lárnach mothúchán i gconair theangeolaíoch an nuachainteora. Is leithne an tionchar seo a bhíonn ag mothúcháin an nuachainteora ná cleachtas agus iompar teanga amháin. Is amhlaidh gur treise an tiomáint a bhíonn faoi filí ar nuachainteoirí iad ábhar féideartha do chur chun cinn na cruthaitheachta a fheidhmiú. Imríonn mothúchán an fhile ról lárnach sa phróiseas foghlama teanga agus sa chleachtas cruthaitheach araon.

#### **5. An file ina (h)Aisteoir Cruthaitheach**

Ceann de na snáthanna is leanúnaí a cheangail míreanna éagsúla an taighde seo le chéile ná an ról fíorthábhachtach a bhíonn á imirt ag nuachainteoirí/cine isteach in eagrú imeachtaí cultúrtha. Bhí tionchar eiseamláireach ag roinnt cainteoirí dúchais chomh maith ar na filí agus ar chleachtadh na filíochta i gCorca Dhuibhne ach ba shuntasach an rud é gur chruthaigh na daoine seo na hábhair féideartha is mó tar éis dóibh imeacht agus filleadh arís ar an gceantar. Braitheann cur i láthair na filíochta sa bhfearann poiblí ar nuachainteoirí sa dá leithinis. Is iad na filí a bhfuil cáilíocht an aisteora chruthaitheach acu.

Bíonn na filí seo eolach ar na hábhair féideartha sa timpeallacht agus bíonn ar a gcumas ábhair féideartha úrnua a chruthú. Baineann tábhacht lena gcúlra, lena n-iompar agus lena rannpháirtíocht i bpobail éagsúla agus an cháilíocht seo á forbairt acu. Fágann buntáiste na taithí agus na ngréasán a shealbháíonn siad go mbíonn deiseanna níos mó ag filí thar a chéile, agus buntáiste dá réir acu agus iad ag cur isteach ar scéimeanna tacaíochta ón stát.

Tá tábhacht ar leith leis na daoine seo (agus leis na cúinsí a mheallann iad chun cur fúthu sna ceantair Ghaeltachta). Go deimhin, tarlaíonn sé uaireanta go bhfágtar faoi na daoine indibhidiúla seo na córais agus na struchtúir is mó a théann chun leas na filíochta a chur chun cinn. Baineann rioscaí leis seo.

Tugann fianaise fhilí an taighde seo le fios go raibh ról gníomhach ag roinnt daoine ar de bhunadh na háite féin iad maidir le cur chun cinn na filíochta chomh maith (Mícheál Ó Fionnáin, Máirín Feiritéar, Domhnall Mac an tSíthigh agus An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta). Bhí tionchar eiseamláireach ag An Moinsíneoir Ó Fiannachta ar fhearann cleachtaithe na filíochta i gCorca Dhuibhne. Ba mhór an leas a dhein a chuid caipitil chultúrtha agus saineolais do chothú na filíochta agus i soláthar meantóireachta agus ardán do na filí a raibh baint acu leis.

Is suntasach go raibh ardoideachas ar an dara grúpa seo (na cainteoirí dúchais) agus tréimhsí suntasacha caite acu lasmuigh den cheantar, agus bhí gréasáin Ghaeilge eile acu. Más iad na daoine a bhfuil oideachas orthu agus a bhfuil tréimhse caite acu ina gcónaí lasmuigh den gceantar is mó a chruthaíonn ábhair féideartha an chultúir, fágann seo impleachtaí móra in Uíbh Ráthach, a bhfuil laghdú leanúnach ar an daonra ann. Nuair a chuimhnítear ar mhianach na filíochta tionchar a imirt ar fholláine agus sainchlaonta nuachainteoirí aistriú go ceantar agus cur le saol cultúrtha ceantar is léir impleachtaí chomh maith don bhforbairt pobail.

## **6. Easpa plé na bhfilí le foinsí tacaíochta**

Bhí scéimeanna áirithe ag eagrais áirithe a d'imir tionchar cinniúnach ar a múnú mar fhilí agus ar a gcleachtais (mar shampla, Scéim Meantóireachta Foras na Gaeilge agus Scéim Sparántachta na Comhairle Ealaíne agus Ealaín na Gaeltachta). Ach léirigh fianaise na bhfilí trí chéile easpa feasachta i measc fhormhór rannphairtíthe sa taighde maidir leis na deiseanna seo. Imríonn ceithre chúinse ar leith tionchar ar an bhfeasacht/neamhfheasacht seo:

1. Tábhacht an Ghréasáin
2. Saineolas ar fhoirmeacha iarratais
3. Easpa feasachta fhilí agus eagrais áitiúil faoi na scéimeanna a bhfuil filí i dteideal cur isteach orthu
4. Fís/misean/cleachtas aonteangach agus cleachtais phoiblíochta aonteangacha na n-eagrais Béarla

Léiríonn torthaí an taighde seo go gcaitear leis an bhfilíocht trí Ghaeilge mar rud imeallach nó nídeoigeach ag eagrais áirithe. Tá bearnaí sa bhfreastal a dhéanann eagraíochtaí áirithe (Éigse Éireann, Áras Scríbhneoirí na hÉireann agus Oifig na nEalaíon Comhairle Chontae Chiarraí) ar an nGaeilge mar chuid dá gclár feidhme. Tá bearnaí i gceist in eagrais Ghaeilge chomh maith. Ní dhéanann Ealaín na Gaeltachta fógairt chórasach ar chuid dá ndeiseanna tacaíochta toisc go dtuigtear nach féidir freastal ar an éileamh de bharr acmhainní teoranta. Níl aon straitéis fhoirmiúil litríochta ag Foras na Gaeilge agus tá easpaí ann ina gcuid tacaíochta maidir le deiseanna forbartha proifisiúnta do scríbhneoirí na Gaeilge. Tá Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge ann a bhfuil tús curtha acu le hardán agus le gréasán náisiúnta a chothú do scríbhneoirí na Gaeilge.

Ainneoin béim ar leith a bheith ar an gcomhionannas deise i straitéisí éagsúla náisiúnta [Éire Ildánach 2017 – 2022, Creatbheartas Náisiúnta Cultúir: Cultúr 2025 agus ‘Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016 – 2025)’], níl ag éirí leis na struchtúir agus na cleachtais eagraíochtúla comhionannas deise a bhaint amach d’fhilí na Gaeilge. Tá gá le cláir feasachta agus oiliúna d’fhilí maidir leis na deiseanna atá ar fáil. Is gá do na heagrais ar fad a bheith forghníomhach agus deiseanna gairmiúla a roinnt ar ardáin a oirfidh do chúinsí éagsúla na bhfilí.

Tá sé i gceist ag an gComhairle Ealaíne tuiscint níos géire a fháil ar éagothromas deiseanna sna healaíona agus é d’aidhm acu (to) *‘deepen our understanding of inequalities in the arts.’* (An Chomhairle Ealaíon 2019: 17). I bhfianaise na léargas thuas faoi imeallú filí Gaeilge (agus imeallú cleachtóirí Gaeilge agus phobal na Gaeilge go ginearálta) molaim gur chóir go n-áireofaí pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta mar phobal imeallaithe i bpolasaithe agus scéimeanna eagrais ealaíne áirithe, go mbainfear cothromas amach.

## 7. Dualgais agus Saineolas na nEagras Státmhaoinithe

Tá bundhúslán struchtúrtha ag cruthú faidhbe maidir leis an tacaíocht a bhíonn ar fáil d'fhilí le Gaeilge agus do chleachtadh na filíochta trí chéile. Tá míréir shoiléir idir feidhmeanna eagras agus anaineolas atá acu na feidhmeanna/dualgais atá acu (go háirithe maidir le cumarsáid) a chomhlíonadh. Tá impleachtaí tábhachtacha ag seo nuair a chuimhnimid ar an mbéim a leagann an Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022) ar thionchar tábhacht na n-ealaíon cruthaitheach ar an bpleanáil teanga.

Is dhá réimse sainiúil iad na healaíona agus an phleanáil teanga a thuilleannaineolas agus comhardú ar leith. Is fíor sin ó thaobh sainréimsí éagsúla a thagann faoi scáth na n-ealaíon chomh maith, an fhilíocht, cuir i gcás. Buntáiste ar leith dá mbeadh stráitéis i bpáirt ann. Tá bunús ann ach an gaol uathúil atá ag Ealaín na Gaeltachta leis an eagras saineolais i leith na pleanála teanga (Údarás na Gaeltachta) agus le príomhghníomhaireacht ealaíona na tíre (An Chomhairle Ealaíon) a fhorbairt.

Tá bearnaí eolais sna heagrais a bhfuil dualgas pleanála teanga leagtha orthu maidir le réimsí ealaíne ar leith, agus bearnaí eolais sna heagrais ealaíne maidir le pobal agus réimsí cleachtais na Gaeilge. Ní hionannaineolas eagras Gaeilge mar Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge agus anaineolas a bheadh ag Éigse Éireann is an saintaithí earnálach atá ag An Chomhairle Ealaíon.

Dúshlán suntasach sa chomhthéacs seo ná raon feidhmithe Ealaín na Gaeltachta. Cuireann an fráma tíreolaíoch ar leith a bhaineann le raon oibre Ealaín srian chomh maith leis an tionchar féideartha a imríonn filí Gaeltachta ar an bpobal leathan lasmuigh den nGaeltacht. Tá iarmhairtí ann chomh maith maidir leis an tionchar agus fuinneamh a bhainfeadh le filí Gaeilge agus cleachtóirí Gaeilge trí chéile a thabhairt chuig pobail Ghaeltachta.

Tá gá leis an gclaonadh atá ag eagrais mar Éigse Éireann agus Áras Scríbhneoirí na hÉireann a bhfreastal ar chleachtóirí Gaeilge a dhéanamh ar bhonn nideoige nó *niche* (nó Baile Átha Cliath lárnach) a leasú.

Ní sna heagrais náisiúnta seo amháin a fheictear an éagothroime a bhaineann le cás fhilí na Gaeilge. Tá easpaí níos tromchúisí fós maidir le freastal Ciarraí Ildánach (2018 – 2022) ar chleachtóirí Gaeilge, filí san áireamh. Níl tionchar Éire Ildánach á bhraistint i measc fhilí comhaimseartha na Gaeilge i gCiarraí. Is ábhar

buairibh é an easpa tosaíochta atá ag an nGaeilge agus ag an nGaeltacht sa chlár Ciarraí Ildánach agus na failí atá á ndéanamh gan aon ionadaí a bheith ceaptha don nGaeilge ar an bhfoireann chultúir stiúrtha i gComhairle Chontae Chiarraí.

Fágann na heaspaí in acmhainní daonna agus na heaspaí sna cleachtais atá ag na heagrais Ghaeilge agus sna heagrais eile a luadh thuas go bhfuil deiseanna á gcailliúint ag filí Gaeilge agus ag cleachtóirí Gaeilge sa dá phobal Gaeltachta seo.

### **8. Gá le pobal níos leithne a mhealladh chuig an bhfilíocht**

Ceann de na torthaí ba spéisiúla a tháinig chun cinn sa staidéar seo ná an bhraistint atá ann i measc na bhfilí agus na gcinnirí araon go bhfuil an pobal a théann i dteagmháil leis an bhfilíocht teoranta d'aicmí ar leith. Nuachainteoirí na Gaeilge, cine isteach an lucht meánaicme agus dream a aithnítear mar lucht leanta ócáidí ealaíne i gcoitinne is mó a théann i dteagmháil leis an bhfilíocht go háitiúil.

Músclaíonn an taighde seo ceisteanna eitice maidir le ceisteanna ionchuimsithe i gcúrsaí cultúir. Fágтар aicmí áirithe pobail ar an imeall agus tá an chuma ar an scéal nach mbíonn bheith istigh nó suim fhorleathan ag baill áirithe den phobal (daoine óga mar shampla) san fhilíocht. Tá ceisteanna dualgais agus tosaíochta anseo do na heagrais ealaíona Ghaeilge agus na heagrais ealaíona státmhaoinithe eile. Ach machnamh agus gníomhú go córasach ar cheisteanna rannpháirtíochta, tiocfaidh cleachtais chun cinn a d'fheádfadh tionchar leathan a imirt ar theagmháil an phobail, idir áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta le filíocht na Gaeilge. Tá tuairiscí agus treoir maidir le claonta rannpháirtíochta sna healaíona agus dea-chleachtas i bhfás phobal ealaíne curtha ar fáil ag an gComhairle Ealaíon agus b'fhiú d'eagrais Ghaeilge agus cleachtóirí cruthaitheacha tarraingt ar na hacmhainní seo.

### **Treonna Taighde Amach Anseo**

Faoi mar atá ráite cheana, sainghné ar leith a bhain leis an taighde ná a nádúr ildisciplíneach. D'fhág an ceangal a deineadh idir croícheisteanna an taighde agus comhthéacsanna critice éagsúla (cothú na cruthaitheachta, litríocht na Gaeilge, an tsíceolaíocht chultúrtha, an tsochtheangeolaíocht, an tsocheolaíocht, agus an phleanáil teanga) gur tháinig tacar féidearthachtaí taighde chun tosaigh. Le linn an taighde féin tháinig a thuilleadh comhthéacsanna chun cinn (cúrsaí turasóireachta, an fhorbairt gheilleagrach, an fholláine/an tsláinte intinne agus

cúrsaí oideachais, mar shampla). Tugtar cuntas ar na príomhchonairí taighde a bhféadfadh scoláirí agus eagrais tabhairt fúthu amach anseo.

- Tá deis ann taighde a dhéanamh ar thionchar chleachtóirí ó réimsí ealaíona eile ar chleachtais teanga, ar chorpas agus ar réimeanna teanga sa Ghaeltacht agus lasmuigh di.
- Mionscagadh ar bhonn níos leithne a dhéanamh ar ról na cruthaitheachta san aistriú teangeolaíoch agus sa *'seasamh sóisialta'* a ngabhann nuachainteoirí na Gaeilge tríd. D'fhéadfaí díriú i dtosach ar fhilí eile ar nuachainteoirí iad i bpobail eile taobh istigh agus taobh amuigh den nGaeltacht. D'fhéadfaí féachaint ar sheánraí scríbhneoireachta eile agus ar réimsí ealaíne eile.
- I bhfianaise ról lárnach nuachainteoirí/filí ar cine isteach iad sa dá cheantar maidir le cothú na filíochta, b'fhiú taighde a dhéanamh amach anseo ar an tionchar níos leithne a bhíonn á imirt ag nuachainteoirí agus daoine ar cine isteach iad i gceantair tuaithe maidir le cúrsaí folláine, ionchuimsiú sóisialta, eacnamaíochta agus ó thaobh na teanga de.
- I bhfianaise an staidéir seo, is léir go bhfuil sé tábhachtach ceisteanna rannpháirtíochta an phobail i gcomhthéacs na filíochta agus i gcomhthéacsanna níos leithne i saol cultúrtha na Gaeilge a fhiosrú. An bhfuil aon riachtanais ag an bpobal a bhfuilimid dall orthu faoi láthair? An bhféachann an pobal ar an bhfile mar dhuine tábhachtach a bhfuil ról acu sa phobal sin? Cén taithí atá ag an bpobal ar réimsí eile ealaíne?
- Fiosrú a dhéanamh ar chuid de na ceisteanna a tháinig chun cinn sa staidéar seo maidir le buntáistí an ghréasánaithe do chleachtóirí a phlé maidir le réimsí ealaíne eile agus réimsí eile de chleachtas eagrais Ghaeilge agus Ghaeltachta.
- Togra a dhéanamh ar ról agus ar phóiteansal chaipiteal cultúrtha pearsanta 'chine isteach' i bpobail tuaithe sa Ghaeltacht. D'fhéadfaí fiosrú a dhéanamh ar ionchur na ndaoine seo sa phobal maidir le deiseanna níos leithne (tionchar na ndaoine seo ar an bhforbairt fiontraíochta, fostaíocht, turasóireacht agus cúinsí sóisialta sa phobal)
- D'fhéadfaí tograí éagsúla taighde a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfilíocht ar réimsí éagsúla den oideachas, ar an

turasóireacht agus ar fholláine an duine ar bhonn mór-scála agus thar réimsí cruthaitheacha eile.

- Tionscadail taighde eile a dhéanamh i réimsí cruthaitheacha eile ag díriú ar na lionsaí nua atá curtha in oiriúint do dhioscúrsa na Gaeilge anseo. B'fhiú go mór taighde breise a dhéanamh ar na comhthéacsanna sin ina dtarlaíonn gníomhartha cruthaitheacha eile in áiteanna eile.

### **Clabhsúr**

Am cinniúnach é seo d'fhilí comhaimseartha na Gaeilge. Tá comhthéacsanna éagsúla ag imirt tionchair ar a ndearcadh, ar a gcleachtas agus ar a saol. Tá an teanga faoi bhrú ar leith i gCorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach araon. Tá seans go gcuirfidh athrú i gcleachtais deiseanna úrna ar fáil go háirithe maidir leis na hardáin dhigiteacha agus an deis ilghnéitheach a sholáthraíonn an t-ardán domhanda seo d'aos cruthaitheachta. Is fiú a mheabhrú chomh maith, gur le linn thréimhse an chúlú eacnamaíochta deiridh anseo in Éirinn a bhláthaigh an fhilíocht i gCorca Dhuibhne.

Ainneoin na ndúshlán ar fad a rianaíodh sa tráchtas seo, is ábhar misnigh an grúpa d'fhilí comhaimseartha na Gaeilge atá ag feidhmiú go cruthaitheach ar imeallbhord na hÉireann agus ar imeall na hEorpa sa bhliain 2020. Tá léargais ilghnéitheacha againn ar an bhfearann cruthaitheach lena mbaineann na filí agus tá tuiscintí ginte maidir leis na sainchúinsí sin a théann chun leas an fhearainn (agus chun a aimhleasa). Fágann seo go bhfuil ábhar spéise agus foghlama sa staidéar do réimsí cruthaitheacha níos leithne sa tír seo agus i dtíortha eile, i dteangacha eile agus maidir le réimsí éagsúla léinn.

Chothaigh comhlúadar cruthaitheach agus caipiteal luachmhar cultúrtha theaghlach na bhfilí agus caipiteal cultúrtha a gceantar filí áirithe ar bhonn cruthaitheach. D'imir an comhlúadar cruthaitheach a casadh ar na filí ina gceantair féin agus lasmuigh de, ag pointí cinniúnacha ina saol, tionchar fadhréimhseach orthu. Tá na filí á gcothú ar an gcéad dul síos ag a gcomhfhilí féin agus ag pobal litríochta na Gaeilge trí chéile. Tá fianaise thábhachtach agus thráthúil curtha os ár gcomhair anseo a sholáthraíonn treoir luachmhar maidir leis na cúinsí a chumasódh an chéad ghlúin eile d'fhilí a gcosán cruthaitheach féin a ghlacadh chucu amach anseo.

Léiríonn scéal fhilí Chorca Dhuibhne na féidearthachtaí atá ann nuair a dhéantar an fhilíocht a chleachtadh go bisiúil. Tá infreastruchtúr láidir acmhainní daonna i gCorca Dhuibhne, a fheidhmíonn ar bhonn deonach go minic, le tacaíocht áirithe fhadbhunaithe ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus Ealaín na Gaeltachta. Tá na forbairtí seo beag beann ar na freagrachtaí atá ag eagrais mar Chomhairle Chontae Chiarraí, An Chomhairle Ealaíon agus Éigse Éireann go minic agus tá gá le tarraingt ar shaineolas níos leithne. Éiríonn leis an bhfilíocht tionchar níos leithne a imirt ar an bpobal, ar an teanga, ar an gcultúr agus ar an tsochaí. Aithníonn clár éagsúla rialtais an tionchar seo [(Cultúr 2025, Éire Ildánach 2017 – 2022, Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe 2018 – 2022, Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022)].

Tá múnla tábhachtach ar fáil i gCorca Dhuibhne do cheantar Uíbh Ráthaigh a scéal fileata féin a rianú amach anseo ach a mhacasamhail de thacaíocht agus infheistíocht áitiúil a bheith ar fáil agus na deiseanna iomadúla atá ar fáil ó eagrais náisiúnta a thapú. Léiríonn stair Uíbh Ráthaigh agus scéal Chorca Dhuibhne go bhfuil gné na cruthaitheacha fite fuaite le scéal na teanga. Tá a phleanáil féin le déanamh ag pobal Chorca Dhuibhne chomh maith agus beidh cleachtadh na filíochta sa cheantar sin ag brath ar na dea-chleachtais atá pléite sa tráchtas a chur i bhfeidhm, agus ar atheagar agus athchruthú a dhéanamh ar na sainchúinsí a d'fhág go bhfuil “rabharta’ filíochta sa cheantar san am i láthair. Cinnteoidh an obair seo go mbeifear ag caint ar scéalta cruthaitheacha sa dá leithinis amach anseo agus go gcuirfear lena mbeidh “le rá” ag an dá dhúthaigh seo don gcéad ghlúin eile d’aos cruthaitheachta, ag baile agus i gcéin.



## Liosta Tagartha

- Abraham, A. (2018) 'Literary Creativity' In *The Neuroscience of Creativity* (Cambridge Fundamentals of Neuroscience in Psychology, pp. 200-225), Cambridge: Cambridge University Press. doi:10.1017/9781316816981.009.
- Amabile, M.T (2018) 'Creativity and the Labor of Love' in Sternberg, R.J & Kaufman, J.C [eds] *The Nature of Human Creativity*, United Kingdom, Cambridge University Press.
- Amabile, T.M & Pillimer, J. (2012) 'Perspectives on the Social Psychology of Creativity', *The Journal of Creative Behavior*, ar fáil: <https://web-b-ebshost-com.libraryproxy.mic.ul.ie/ehost/pdfviewer/pdfviewer?vid=0&sid=b79d13a0-a29a-47c6-9829-8103663d8f1b%40pdc-v-sessmgr02>, [breithnithe: 24 Márta 2019].
- Amabile, T. M. & Mueller, J. S. (2008) 'Studying creativity, its processes, and its antecedents: An exploration of the componential theory of creativity', In J. Zhou & C. E. Shalley (Eds.), *Handbook of Organizational Creativity*, 33-64. New York: Lawrence Erlbaum.
- Amabile, T., Barsade, S., Mueller, J., & Staw, B. (2005). Affect and Creativity at Work. *Administrative Science Quarterly*, 50(3), 367-403. Retrieved April 6, 2020, from [www.jstor.org/stable/30037208](http://www.jstor.org/stable/30037208)
- Amabile, M.T (1996) *Creativity in Context*, Harvard, Westview Press.
- Amabile, T. M. (1988) 'A model of creativity and innovation in organizations', In B. M. Staw & L. L. Cummings (Eds.), *Research in organizational behavior*, Vol. 10, 123-167. Greenwich, CT: JAI Press.
- Amabile, T. M. (1983) 'Social psychology of creativity: A componential conceptualization' *Journal of Personality and Social Psychology*, 45, 997-1013.
- An Chomhairle Ealaíon (2019a) *Making Great Art Work: Three Year Plan (2020 – 2022)*, ar fáil: [http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/ArtsCouncil\\_3YearPlan\\_\(2020-2022\)\(1\).pdf](http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/ArtsCouncil_3YearPlan_(2020-2022)(1).pdf) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- An Chomhairle Ealaíon (2019b) *Arts Council Equality, Human Rights & Diversity Policy & Strategy*, ar fáil:

<http://www.arts council.ie/uploadedFiles/EHRD%20Policy%20English%20version%20Final.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2019c) *Review of Arts Centres and Venues*, ar fáil: [http://www.arts council.ie/uploadedFiles/wwwarts councilie/Content/Publications/Research\\_reports/Review%20of%20Arts%20Centres%20and%20Venues%20June%202019.pdf](http://www.arts council.ie/uploadedFiles/wwwarts councilie/Content/Publications/Research_reports/Review%20of%20Arts%20Centres%20and%20Venues%20June%202019.pdf) [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2019d) *'Review of Arts Centres and Venues'*, ar fáil: [http://www.arts council.ie/uploadedFiles/wwwarts councilie/Content/Publications/Research\\_reports/Review%20of%20Arts%20Centres%20and%20Venues%20June%202019.pdf](http://www.arts council.ie/uploadedFiles/wwwarts councilie/Content/Publications/Research_reports/Review%20of%20Arts%20Centres%20and%20Venues%20June%202019.pdf) [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2018a) *Making Great Art Work: Festivals Policy & Strategy 2018*, [http://www.arts council.ie/uploadedFiles/Festivals\\_Policy\\_2018.pdf](http://www.arts council.ie/uploadedFiles/Festivals_Policy_2018.pdf), [breithnithe 10ú Eanáir 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2018b) *Making Great Art Work, Literature Policy & Strategy 2018*, ar fáil: [http://www.arts council.ie/uploadedFiles/Lit\\_Policy\\_2018.pdf](http://www.arts council.ie/uploadedFiles/Lit_Policy_2018.pdf). [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Chomhairle Ealaíon (2016) *Making Great Art Work (2016 – 2025)*, ar fáil: [http://www.arts council.ie/uploadedFiles/Making\\_Great\\_Art\\_Work.pdf](http://www.arts council.ie/uploadedFiles/Making_Great_Art_Work.pdf) [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Coimisinéir Teanga (2020) *Tuarascáil Bhliantúil 2019*, ar fáil: [https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/CT\\_TuarascailBhliantuil2019.pdf](https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/CT_TuarascailBhliantuil2019.pdf) [breithnithe 21 Bealtaine 2020].

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019) *Curaclam Teanga na Bunscoile*, ar fáil: <https://curriculumonline.ie/> [breithnithe 17 Aibreán 2020].

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2014) *Treoirlínte Pleanála Teanga: Acht na Gaeltachta 2012*, ar fáil: <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Treoirlinte-Pleanala-Teanga.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2016) *Culture 2025 – Éire Ildánach: A Framework Policy to 2025*, ar fáil: [https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2016/07/culture\\_2025\\_framework\\_policy\\_document.pdf](https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2016/07/culture_2025_framework_policy_document.pdf) [breithnithe 15 Feabhra 2020].

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (2016) *Cultúr 2025 Plédhóiciméad*, ar fáil: <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/09/cultur-2025.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2018) *Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022)*, ar fáil: [https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/06/ghaeltacht\\_report\\_screen.pdf](https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/06/ghaeltacht_report_screen.pdf). [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Backer, E. (2015) 'Industry Perception of Events', in Yeoman et.al [eds] *The Future of Events and Festivals*, London, Routledge.
- Bergin, O. (2003) 'Bardic Poetry' in Greene, D. & Kelly, F. (2003) *Irish Bardic Poetry: Texts and Translation*, Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.
- Berg L.B, (2004) *Qualitative Research Methods for the Social Sciences*, New York, Pearson.
- Bergold, J. & Thomas, S. (2012) 'Participatory Research Methods: A Methodological Approach in Motion', *Forum: Qualitative Social Research*, Vol. 13, No. 1, Art. 30, Eanáir 2012, ar fáil: <http://www.qualitative-research.net/index.php/fqs/article/view/1801/3334> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Bolton, C. (2018) 'Landscape and Change in Policy: Understanding Cultural Values', *RCC Perspectives*, (3), 35-42. Ar fáil: <https://www-jstor-org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/26511171> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Borrupt, T. (2007) 'Arts and the Economy: Fuel for the Creative Engine', in Korza, Brown & Dreeszen [eds] *Fundamentals of Arts Management*, Amherst, University of Massachusetts.
- Bourdieu, P. (1993) *The field of cultural production: Essays on art and literature*, Columbia University Press, New York.
- Brennan, S. & O' Rourke, B. (2019) 'Commercialising the cúpla focal: New speakers, language ownership, and the promotion of Irish as a business resource', *Language in Society*, 48(1), 125 – 145.
- Buckle, J.L & Dwyer, S.C (2009) 'The Space Between: On Being an Insider-Outsider in Qualitative Research', *International Journal of Qualitative Methods* 2009, 8(1).

- Bushe, P. (2013) 'Interview with Paddy Bushe' *The Poetry Ireland Review*, (111), 95-102. Ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/43967878> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Cameron, A. (2015) 'Poet and Audience Actually Exist: The Contact Poetry Reading Series and the Rise of Literary Readings in Canada', *Journal of Canadian Studies*, Winter 2015, Vol. 49 Issue 1, 73-94.
- Carruthers, C. & Devine, A. (2015) 'Back to the future: analysing history to plan for tomorrow' in Yeoman et.al [eds] *The Future of Events and Festivals*, London, Routledge.
- Childress, Rawlings & Moeran (2016) 'Publishers, authors and texts: The process of cultural consecration in prize evaluation', ar fáil: <https://www-sciencedirect-com.proxy.lib.ul.ie/science/article/pii/S0304422X16302273> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Collins, P. Mahon, M. & Murtagh, A. (2018) 'Creative industries and the creative economy of the West of Ireland: evidence of sustainable change?', *Creative Industries Journal*, 11:1, 70-86, ar fáil: [10.1080/17510694.2018.1434359](https://doi.org/10.1080/17510694.2018.1434359) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Comhar (1949) 'Seanchas ó Uíbh Ráthach' *Comhar*, 8(7), 25-26. Ar fáil: [10.2307/20548761](https://doi.org/10.2307/20548761).
- Comhairle Chontae Chiarraí (2015) *Plean Forbartha Contae*, ar fáil: [http://atomik.kerrycoco.ie/ebooks/devplan/pdfs/Vol1/final\\_vol\\_1.pdf](http://atomik.kerrycoco.ie/ebooks/devplan/pdfs/Vol1/final_vol_1.pdf), [breithnithe: 20 Márta 2020].
- Comhairle Chontae Chiarraí (2016) *Straitéis Ealaíon 2016 – 2022*, ar fáil: <http://docstore.kerrycoco.ie/KCCWebsite/arts/ArtsStrategy2016-2021.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Comhairle Chontae Chiarraí (2016) *Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomhaíochta (2016 – 2022)*, ar fáil: <http://docstore.kerrycoco.ie/KCCWebsite/Tourism/TourismStrategy.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Comhairle Chontae Chiarraí (2018) *Ciarraí: Straitéis Chultúrtha agus Chruthaitheachta 2018 - 2022*, ar fáil:

<http://docstore.kerrycoco.ie/KCCWebsite/arts/creativekerry.pdf>. [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Comhairle Chontae Chiarraí & Fóram Turasóireachta Cheann Scríbe Chiarraí (2016) *Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomhaíochta 2016 - 2022 Chontae Chiarraí*, Comhairle Chontae Chiarraí [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Cullell, D. (2015) '(Re-)Locating Prestige: Poetry Readings, Poetry Slams, and Poetry Jam Sessions in Contemporary Spain', *Hispanic Research Journal*. Dec 2015, Vol. 16 Issue 6, p545-559, DOI: 10.1080/14682737.2015.1129837.

Craik, J. (2007). 'Managing creativity and cultivating culture' In *Re-Visioning Arts and Cultural Policy: Current Impasses and Future Directions* (pp. 49-58). ANU Press. Breithnithe: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/j.ctt24hdgg>.

Crystal, D. (2000) *Language Death*, United Kingdom, Cambridge University Press.

Csikszentmihalyi, M. (1999) 'Implications of a Systems Perspective for the Study of Creativity' in Sternberg, R.J [ed] *Handbook of Creativity*, New York, University Cambridge Press.

Csikszentmihalyi, M. (1996) *Creativity – Flow and the Psychology of Discovery and Invention*, New York, Harper Perennial.

Cuccia, T. & Rizzo, I. (2016) 'Less might be better. Sustainable funding strategies for cultural producers' *City, Culture and Society*, Volume 7, Issue 2, 109-116, ar fáil: <https://www.sciencedirect-com.libraryproxy.mic.ul.ie/science/article/pii/S1877916615000442> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Crow, G.P., Allan, G.A & Summers, M. (2001) 'Changing perspectives on the insider/outsider distinction in community sociology' *Community, Work & Family*, 4:1, 29-48, DOI: 10.1080/136688000200032443

Daltún, S. (2018) 'Tuairisc ar an anailís ar na meáin Ghaeilge atá maoinithe ag Foras na Gaeilge', ar fáil: <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2019/06/6fa367509ddbfc41f29f514b21205cef.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

- Damien, R.I & Tou, R.Y.R (2017) 'Culture and Creativity' in Kaufman, J.C, Glăveanu, P.V & Baer, J. [eds] *The Cambridge Handbook of Creativity Across Domains*, United Kingdom, Cambridge University Press.
- D'Andrea, M. J. (2017) 'Symbolic Power: Impact of Government Priorities for Arts Funding in Canada' *Journal of Arts Management, Law & Society*, 47(4), 245–258. <https://doi-org.libraryproxy.mic.ul.ie/10.1080/10632921.2017.1340209> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Daniel, R. (2016) 'Policy development and engagement: perspectives and insights from key stakeholders involved in the creative industries in north Queensland', Australia, *International Journal of Cultural Policy*, Vol. 22, No. 2, 256–272 [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Daniel, R. (2014) 'Artists and policy: a case study of the creative industries in north-eastern Australia', *International Journal of Cultural Policy*, 20 (5), 553-556.
- Davitt, D. (2016) 'Guth Áitiúil Uilíoch: Na hEalaíona', *The Irish Times*, 30, Márta 10 2016.
- De Buis, F. (2019) 'Éigse na Brídeoige', *An Saol Ó Dheas* le Helen Ní Shé in Ionad Pobail na Dromada, 29ú Eanair 2019.
- Delap, B. (2012) 'Ag craoladh ón gCrosbhóthar, 40 Bliain de RnaG', *Comhar*, 72(3), 9-13, ar fáil: [www.jstor.org/stable/41498134](http://www.jstor.org/stable/41498134) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- De Paor, L. (1974) 'Vanishing Gaeltacht', *The Irish Times*, 30 Iúil, 10.
- De Paor, L. (2012) 'Is Saibhre Frithchultúr nó Díreach Cultúr' in in Mac Amhlaigh, L. & Mac Giolla Léith, G. [eag], *Fill Arís – Oidhreacht Sheáin Uí Ríordáin*, Indreabhán, Conamara, Cló Iar-Chonnachta.
- De Paor, L. (2016) *Leabhar na hAthghabhála: Poems of Repossession*, Indreabhán, Conamara, Cló Iar-Chonnachta.
- De Paor, L. (2018a) *Ag Caint leis an Simné? Dúshlán an Traidisiúin agus Nualitríocht na Gaeilge*, Conamara, Cló Iar-Chonnacht.
- De Paor, P. (2005) *Na Buachaillí Dána – Cathal Ó Searcaigh, Gabriel Rosenstock agus ról comhaimseartha an fhile sa Ghaeilge*, Baile Átha Cliath, An Clóchomhar Teoranta.

- De Paor, P. (2011) 'Cúpla smaoinemh i dtaobh na nuafhilíochta agus i dtaobh An Lá go dTáinig Siad (2005) le Derry O' Sullivan' in Ó Dúshláine, T agus Ní Chléirchín, C. [Eag] *Léachtaí Cholm Cille XLI – Filí Innti go hIontach*, Má Nuad, An Sagart.
- Denvir, G. (2012) 'Réamhrá' in Mac Amhlaigh, L. & Mac Giolla Léith, G. [eag], *Fill Arís – Oidhreacht Sheáin Uí Ríordáin*, Indreabhán, Conamara, Cló Iar-Chonnachta.
- Denvir, G. (2010) 'Réamhfocal' in Ní Fhrighil, R. [eag], *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- Denvir, G. (2005) 'From Inis Fraoigh to Innisfree... and Back Again? Sense of Place in Poetry in Irish since 1950', *The Yearbook of English Studies*, 35, 107-130. Ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/3509328>. [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Denvir, G. (2000) *Duanaire an Chéid*, Indreabhán, Conamara, Cló Iar-Chonnachta.
- Denvir, G. (1997) *Litríocht agus Pobal*, Indreabhán, Conamara, Cló Iar-Chonnachta Teo.
- Denvir, G. (1996) 'Ó Shíolteagasc go Critic Litríocht Dhioscúsrúil na Gaeilge san Aois Seo' in *Léann na Gaeilge, Léachtaí Cholm Cille XXVI*, Má Nuad, An Sagart.
- Dorgan, T. (2011) 'Rud Éigin ag tarlú ach ní fios' in Ó Dúshláine, T. & Ní Chléirchín, C. [eag] *Filí INNTI go hIontach, Léachtaí Cholm Cille XLI*, Má Nuad, An Sagart.
- Duffy (2014) 'The Emotional Ecologies of Festivals', in Bennett, A., Taylor, J. & Woodward, I. [eds] *The Festivalization of Culture*, Surrey, Ashgate Publishing Limited.
- Earnshaw, S. (2014) 'The Writer as Artist' in [ed] Earnshaw, S. *The Handbook of Creative Writing*, Edinburgh, University of Edinburgh Press.
- Ealaín na Gaeltachta (2018) *Straitéis (2018 – 2022)*, ar fáil: <https://ealain.ie/wp-content/uploads/2018/10/ealan-na-gaeltachtas-strategy-2018-2022.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Éire Ildánach (2019) 'Engaging the Public on Climate Change through the Cultural and Creative Sectors', ar fáil: <https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Engaging-the-Public-on-Climate-Change.pdf> [breithnithe 25 Feabhra 2020].

- Éire Ildánach (2018) *Óige Chruthaitheach*, ar fáil:  
[https://www.creativeireland.gov.ie/sites/default/files/media/file-uploads/2018-03/CI\\_ChildrensPlan\\_Screen\\_1.pdf](https://www.creativeireland.gov.ie/sites/default/files/media/file-uploads/2018-03/CI_ChildrensPlan_Screen_1.pdf) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Éire Ildánach (2017) *Clár Éire Ildánach*, ar fáil:  
<https://www.creativeireland.gov.ie/sites/default/files/media/file-uploads/2017-12/Creative%20Ireland%20Programme.pdf>, 25ú Bealtaine 2019 [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- English, J.F. (2005) *The Economy of Prestige: Prizes, Awards and the Circulation of Cultural Value*, Boston, Harvard University Press.
- Fáilte Éireann (2016) *Plean Forbartha Chósta an Sceilig ar Eispéaras Cuairteora*, ar fáil:  
<http://www.failteireland.ie/FailteIreland/files/3d/3d865a5b-cd60-4f72-972f-cb9634ba3ffb.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Flew, T. (2019) 'From policy to curriculum: drivers of the growth in creative industries courses in the UK and Australia' *Creative Industries Journal*, 12:2, 167-184, breithnithe: 10.1080/17510694.2019.1583036.
- Foras na Gaeilge (2018) 'Fógra scoir Chois Life agus na dúshláin in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge', 19ú Iúil, ar fáil <http://www.forasnagaeilge.ie/fogra-scoir-chois-life-agus-na-dushlain-earnail-na-foilsitheoireachta-gaeilge/> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Gair, S. (2012) 'Feeling Their Stories: Contemplating Empathy, Insider/Outsider Positionings, and Enriching Qualitative Research', *Qualitative Health Research*, Sage, 22 (1) 134- 143.
- Galligan, A. M., & Joni, M. C (2004) 'Financial support for individual artists', *Journal of Arts Management, Law, and Society*, 34(1), 23-40, ar fáil:  
<http://libraryproxy.mic.ul.ie/login?url=https://search-proquest-com.libraryproxy.mic.ul.ie/docview/223932514?accountid=55804> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Gardner, H. (1973) *The Arts and Human Development*, New York, John Wiley and Sons.
- Glăveanu, V. P. (2016a) 'Introducing Creativity and Culture, the Emerging Field', in Glăveanu & Wagoner (2016), *Palgrave Handbook of Creativity and Culture Research*, Macmillan Publishers Ltd., London.



- Glăveanu, V. P. (2016b) 'The Psychology of Creating: A Cultural-Developmental Approach to Key Dichotomies Within Creativity Studies' in Glăveanu & Wagoner (2016), *Palgrave Handbook of Creativity and Culture Research*, Macmillan Publishers Ltd., London.
- Glăveanu, V.P (2016c) 'Affordance' in Glăveanu, V.P, Tanggaard, L. & Wegener, C. [eds], *Creativity – A New Vocabulary*, Palgrave Macmillan, London.
- Glăveanu, V.P (2016d) 'Things' in Glăveanu, V.P, Tanggaard, L. & Wegener, C. [eds], *Creativity – A New Vocabulary*, Palgrave Macmillan, London.
- Glăveanu, V. P. (2013) 'Rewriting the language of creativity: The five A's framework' *Review of General Psychology*, 17(1), 69–81.
- Glinkowski, P (2012) 'Artists and policy-making: the English case', *International Journal of Cultural Policy*, 18 (2), 168–184.
- Gottdiener, M. (1985) 'Hegemony and Mass Culture: A Semiotic Approach' *American Journal of Sociology*, 90(5), 979-1001, ar fáil: [www.jstor.org/stable/2780086](http://www.jstor.org/stable/2780086) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Hartnett, M. (1975) 'Why write in Irish?', *The Irish Times*, Aug 26, 16.
- Helfand, M., Kaufman, C.J & Beghetto, A. R. (2016) 'The Four-C Model of Creativity: Culture and Context' in Glăveanu & Wagoner (2016), *Palgrave Handbook of Creativity and Culture Research*, Macmillan Publishers Ltd., London.
- Heusaff, A. (2018) 'An bhfuil géarchéim in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge?', *Tuairisc.ie*, Iúil 19, 2018, ar fáil: <https://tuairisc.ie/an-bhfuil-gearcheim-in-earnail-na-foilsitheoireachta-gaeilge-chuireamar-an-cheist-sin-ar-scata-saineolaithe/> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Hickey, T. & Ó Cainín, P. (2003) 'Léitheoirí Óga na Gaeilge – Cothú agus Cabhair' in Ní Mhianáin, R. (eag) *'Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht'*, Baile Átha Cliath, Cois Life.
- Hijmans, A. (2019a) 'Léamh agus Scríobh: Straitéisí Maireachtála don Scríbhneoir – An Gnáthphost', *Tuairisc.ie*, ar fáil: <https://tuairisc.ie/leamh-agus-scriobh-straitiseisi-maireachtala-don-scribhneoir-uimhir-1-an-gnathphost/>, Eanáir 9ú 2019.

- Hijmans, A. (2019b) 'Léamh agus Scríobh: Straitéisí Maireachtála don Scríbhneoir – An Deontas', *Tuairisc.ie*, ar fáil: <https://tuairisc.ie/straitiseisi-maireachtala-don-scribhneoir-uimhir-2-an-deontas/>, Eanair 26ú 2019.
- Ingram, M (2009) 'The artist and the city in 'Euro-Mediterranean' Marseille: redefining state cultural policy in an era of transnational governance', *City & society*, 21 (2), 268–292.
- Ives, P. & Short, N. (2013) 'On Gramsci and the international: A textual analysis', *Review of International Studies*, 39(3), 621-642, ar fáil: [www.jstor.org/stable/24564327](http://www.jstor.org/stable/24564327) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Johnston, F. (2010) 'Talking to ourselves in the Bates hotel'. *Fortnight*, (469), 26-26 ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/25704382> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Kaufman, J.C (2018) 'What Creativity Can Be, and What Creativity Can Do' in Sternberg, R.J & Kaufman, J.C [eds] *The Nature of Human Creativity*, United Kingdom, Cambridge University Press.
- Kaufman, J.C., Glăveanu, V.P. & Baer, J. (2017) 'Creativity Across Different Domains' in [eds] Glăveanu, V.P & Baer, J. *The Cambridge Handbook of Creativity Across Domains*, United Kingdom, Cambridge University Press.
- Kersen, M.T. (2016) 'Insider/Outsider: The Unique Nature of the Sociological Perspective and Practice', *Journal of Applied Social Science*, Vol 10, Issue 2, pp. 104 – 112.
- Kinsella, T. & McCabe, J. (1997) 'State Patronage: A First-Rate Idea Spoilt by Second-Rate Thinking', *Books Ireland*, (201), 5-6, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/20623340> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Leavy, P. (2017) *Research Design: Quantitative, Qualitative, Mixed Methods, Arts-Based and Community-Based Participatory Research Approaches*, New York, The Guilford Press.
- Li, L. (2016) 'Thinking skills and creativity in second language education: Where are we now?', *Thinking Skills and Creativity*, Volume 22, 267-272.

- Mac Amhlaigh, L. (2012) 'Fiabhras na Filíochta: aistear an Ríordánaigh tríd an iris Comhar' in Mac Amhlaigh, L. & Mac Giolla Léith, C. *Fill Arís – Oidhreacht Sheáin Uí Ríordáin*, Indreabhán, Cló Iar-Chonnachta.
- Mac Donnagáin, T. (2018) 'An bhfuil géarchéim in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge?', Tuairisc.ie, Iúil 19, 2018, ar fáil: <https://tuairisc.ie/an-bhfuil-gearcheim-in-earnail-na-foilsitheoireachta-gaeilge-chuireamar-an-cheist-sin-ar-scata-saineolaithe/> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Mac Gearailt, B. (2006) 'Réamhrá' in Ní Mhóráin, B. [Eag] *Idir Chuach is Chuan – Cúirt Phiarais: Saothar Nua ó Chorca Dhuibhne*, Baile an Fhéirtéaraigh, Oidhreacht Chorca Dhuibhne.
- Mac an tSionnaigh, S. (2017) 'Rapping as Gaeilge about priests, hunger, emigration and alcohol abuse', *The Irish Times*, Eanáir 2017, 17, ar fáil: <https://www.irishtimes.com/culture/books/rapping-as-gaeilge-about-priests-hunger-emigration-and-alcohol-abuse-1.2939137>
- Mac an tSíthigh, S. (2006) *Cóngar Chnoc Droinge: Ómós Áite agus Logainmneacha in Uíbh Ráthach – Éigse na Brídeoige 2006*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- Mac an tSíthigh, S. (2005) *An Dragún Dian Dónall Ó Conaill – Éigse na Brídeoige 2005*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- Mac an tSíthigh, S. (2004) 'Amhráin agus Filíocht na nDaoine in Uíbh Ráthach sa 19ú Aois', in Mac an tSíthigh [Eag] *Amhráin Uíbh Ráthaigh, Éigse na Brídeoige 2004*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- Martindale, C. (1999) 'Biological Bases for Creativity' in Sternberg, R.J [ed] *Handbook of Creativity*, New York, Cambridge University Press.
- Mahieu, S. (2017) 'The Impact of Public Funding on Contemporary Visual Arts' *Political Quarterly*, 88(4), 622–630. <https://doi-org.libraryproxy.mic.ul.ie/10.1111/1467-923X.12396> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- McCrea, B. (2015) *Languages of the Night. Minority Languages and Literary Imagination in Twentieth Century Europe*, Yale University Press, New Haven.

- Merton, R. (1972). Insiders and Outsiders: A Chapter in the Sociology of Knowledge. *American Journal of Sociology*, 78(1), 9-47, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/2776569> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Miles, B.M, Huberman, A.M. & Saldana, J. (2014) *Qualitative Data Analysis: A Methods Sourcebook*, Los Angeles, Sage.
- Mhac an tSaoi, M. (1990) 'Dhá Arm Aigne', *Innti 13*.
- Mhac an tSaoi, M. (1984) 'Mo Dhiachair Áilleacht Bhristechroíoch' comhrá le Micheal Davitt, *INNTI 18*, Baile Átha Cliath.
- Mhac an tSaoi, M. (1953) 'Filíocht Sheáin Uí Ríordáin', *Feasta*, Márta, 17 – 19.
- Miller, D. (2015) 'Cultivating Creativity' *The English Journal*, 104(6), 25-30. Ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/24484423> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Moeran, B. & Pederson, J. (2011) *Negotiating Values in the Creative Industries: Fairs, Festivals and Competitive Events*, Cambridge University Press.
- Munro, E. (2017) 'Building soft skills in the creative economy: Creative intermediaries, business support and the 'soft skills gap' *Poetics 64*.
- Murphy, G. (1953) *Duanaire Finn: The book of the Lays of Fionn, part III*, Baile Átha Cliath, Irish Texts Society, Educational Company of Ireland.
- Nettle, D. (2018). 'What is cultural evolution like?', *Hanging on to the Edges: Essays on Science, Society and the Academic Life*, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/j.ctv8d5sn3.7> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Nic Congáil, R. (2010) 'Eagarfhocal', *Comhar*, 70(9), 2-2. ar fáil: [www.jstor.org/stable/41498425](http://www.jstor.org/stable/41498425), [breithnithe: Aibreán 2019]
- Nic Dhiarmada, B. (2010) 'Máire Mhac an tSaoi', in Ní Fhrighil, R. (2010) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- Nic Eoin, M. (2019) 'Láidreachtaí, laigí, deiseanna agus dúshláin, foilsitheoireacht na Gaeilge le fiche bliain', ar fáil: <https://tuairisc.ie/foras20-laidreachtai-laigi->

deiseanna-agus-dushlain-foilsitheoireacht-na-gaeilge-le-20-bliain/*Tuairisc.ie*,  
2ú Nollaig 2019.

Nic Eoin, M. (2016) 'Is stáisiún óg fós é TG4' *Comhar*, 76(10), 8-9, ar fáil:  
[www.jstor.org/stable/24885135](http://www.jstor.org/stable/24885135) [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Nic Eoin, M. (2015a) 'Léirmheas ar Languages of the Night: Minor Languages and the  
Literary Imagination in Twentieth-Century Ireland and Europe', McCrea. B  
(2015), *Comhar Taighde*, eagrán 1.

Nic Eoin, M. (2015b) 'Litríocht Mhionlaigh nó Litríocht Dhomhanda?' *Comhar*, 75(4),  
22-25. Ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/43500581>  
[breithnithe 15 Feabhra 2020].

Nic Eoin, M. (2005) *Trén bhFearann Breac – An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na  
Gaeilge*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.

Nic Eoin, M. (2000) 'Scríbhneoirí Gaeltachta agus Ceist na Teanga' in Mac Mathúna, L.  
Mac Murchaidh, C. agus Nic Eoin, M., ead., *Teanga, Pobal agus Réigiún – Aistí ar  
Chultúr na Gaeltachta Inniu*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.

Nic Eoin, M. (1998) 'An tÚdar, an Téacs agus an Criticeoir' in Ní Annracháin, M. & Nic  
Dhiarmada, B. (eag.) *Téacs agus Comhthéacs – gnéithe de chritic na Gaeilge*,  
Corcaigh, Cló Ollscoile Chorcaí.

Nic Eoin, M. (1992) 'Idir Dhá Theanga: Fadhb an Bhéarla i gCritic Liteartha na  
Gaeilge' *Comhar*, 51(5), 24-37. doi:10.2307/25571753

Nic Eoin, M. (1982) *An Litríocht Réigiúnach*, Baile Átha Cliath, An Clóchomhar.

Nic Pháidín, C. (1986) 'An Philíocht Chomhaimseartha: Réamhrá' *Comhar*, 45(10), 27-  
31. doi:10.2307/20556096

Nic Pháidín, C. (2003) 'Cén Fáth Nach? – Ó Chanúint go Criól' in Ní Mhianáin, R. [eag],  
*Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*, Baile Átha Cliath,  
Cois Life Teoranta.

Nickerson, R.S (1999) 'Enhancing Creativity' in Sternberg, R.J [ed] *Handbook of  
Creativity*, New York, University Cambridge Press.

- Nic, Congáil, R., Ní Ghearbhuigh, A., Ní Chléirchín, C. & Mac an Bhaird, P. (2010) 'An Lucht Fileata', *Comhar*, 70(9), 13-15, ar fáil: [www.jstor.org/stable/41498429](http://www.jstor.org/stable/41498429) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Ní Chinnéide, M. (2009) 'An tOireachtas agus Litríocht na Gaeilge: Cén fáth go bhfuil ag teip air poiblíocht a fháil do na duaiseoirí?' *Comhar*, 69(11), 10-11, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/41497662> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Ní Chléirchín, C. (2008) 'Fuinneamh Úrnua agus Slánú na Litríochta Gaeilge' *Irish Pages*, An tEagrán Gaeilge, 5(2), 43-51.
- Ní Chléirchín, C. (2008) 'Guthanna Ildaite INNTI', *Comhar*, 68(3), 10-17, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/25575883> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Ní Chléirchín, C. (2010) 'Todhchaí na Scríbhneoireachta Gaeilge: bláthú, péacadh agus dóchas', *Comhar*, 70(6), 6-9.
- Ní Dhuibhne, É. (2004) 'Why Would Anyone Write In Irish?' in [eag] Mac Murchaidh, C. *Who Needs Irish? Reflections on the Importance of the Irish Language Today*, Dublin, Veritas Publications.
- Ní Fhrighil, R. (2010) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- Ní Ghairbhí & Ní Fhrighil (2010) 'Filíocht Ghaeilge na Linne Seo' in Ní Fhrighil (eag) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, Baile Átha Cliath, Cois Life.
- Ní Ghairbhí, R. (2011) 'Bhís déanta dem bhrionglóidí féinig – An Ríordánach, cuid d'fhilí INNTI agus Corca Dhuibhne' in Ó Dúshláine, T. agus Ní Chléirchín, C., eag., *Léachtaí Cholm Cille XLI*, Má Nuad, An Sagart.
- Ní Ghairbhí, R. & Ní Ghlinn, Á. (2018) 'Scor an Chomhlachta Foilsitheoireachta Cois Life', agallamh ar chlár Cormac ag a Cúig, *Raidió na Gaeltachta*, 17ú Iúil 2018.
- Ní Ghearbhuigh, A., & Ó Dúshláine, T. (2014) 'NÍ Hansa', *Comhar*, 74(9), 20-21, ar fáil: [www.jstor.org/stable/43499938](http://www.jstor.org/stable/43499938) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Ní Ghearbhuigh, A., & Póirtéir, C. (2014). NÍ hANSA. *Comhar*, 74(6), 20-21, ar fáil: [www.jstor.org/stable/43499858](http://www.jstor.org/stable/43499858) [breithnithe: Feabhra 16 2020].

- Ní Mhianáin, R. (2003) 'Réamhra' in Ní Mhianáin, R. [eag], *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- Ní Mhóráin, B. (1997) *Thiar sa Mhainistir atá an Ghaolainn Bhreá*, An Daingean, An Sagart.
- Ní Mhóráin, B. (2018) 'Fáidh é an Fiannachtach ina dhúiche féin', in Ní Mhaonaigh, T. & Mitchell, A. *Léachtaí Cholm Cille XLVIII*, An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta: Saol agus Saothar'.
- Ní Shuilleabháin, B. (2009) 'Réamhrá' in Ó Fiannachta, P. (2009) *Criathar Meala*, An Díseart, An Daingean, An Sagart.
- Ní Shúilleabháin, B. (2018) 'An bhfuil meas ar an bhfilíocht? Staid na Critice sa Ghaeilge Inniu', Seimineár Filíochta, An Fhéile Bheag Filíochta 2018, Áras Bhréanainn, Baile an Fheirtéaraigh.
- Oatley, K. & Djikic, M. (2017) 'The Creativity of Literary Writing' in Kaufman, J.C, Glăveanu, V.P. & Baer, J. [eds] *The Cambridge Handbook of Creativity Across Domains*, United Kingdom, Cambridge University Press.
- Ó Baoill, D.P. (2003) 'An Léitheoireacht agus An Ghaeltacht' in Ní Mhianáin, R. [eag], *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- O' Brien, S. (2014) 'Introduction to Poetry' in [ed] Earnshaw, S. *The Handbook of Creative Writing*, Edinburgh, University of Edinburgh Press.
- Ó. Buachalla, B. (1983) 'Na Stíobhartáigh agus an taos léinn: Cing Séamas', *Proceedings of the Royal Irish Academy. Section C: Archaeology, Celtic Studies, History, Linguistics, Literature, 83C*, 81-134, Breithnithe Bealtaine 2020, ar fáil: [www.jstor.org/stable/25506097](http://www.jstor.org/stable/25506097)
- Ó Céidigh, P. (2018) *Próifíl Shocheachnamaíoch de na Seacht gCeantar Gaeltachta in Éirinn*, Baile Átha Cliath, Seanad na hÉireann.
- O'Connor, J. (2007) *The Cultural and Creative Industries: A Review of the Literature* (Report for Creative Partnerships). London, Arts Council.

- Ó Conghaile, M. (2011) 'Gnéithe d'Fhoilsitheoireacht na Gaeilge Inniu' *Comhar*, 71(4), 6-10, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/41498025> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Ó Crualaoich, B. (1998) 'Léann an Bhéaloidis agus Critic na Litríochta' in Ní Annracháin, M. & Nic Dhiarmada, B. *Téacs agus Comhthéacs – Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, Corcaigh, Cló Ollscoile Chorcaí.
- Ó Crualaoich, G. (1992) 'An Ceol Sí agus Friotal na Laoch - Toradh an ghnímh liteartha 'nár measc', *Comhar*, 51(5), 94-99, [breithnithe 22 Eanáir 2020], doi:10.2307/25571768
- Ó Crualaoich, G. (1989) 'Litríocht na Gaeltachta: Seoladh isteach ar pheirspictíocht ó thaobh na litríochta béil' in Ó Fiannachta, P. eag., *Litríocht na Gaeltachta, Léachtaí Cholm Cille XIX*, Má Nuad, An Sagart.
- Ó Crualaoich, G. (1986) 'An Nuafhilíocht Ghaeilge: Dearcadh Dána', *INNTI 10*, Baile Átha Cliath, INNTI.
- Ó Duáin, O. (1968) *Meas na Filíochta*, Baile Átha Cliath, FNT.
- Ó Dúill, G. (2000) *Fearann Pinn: Filíocht 1900 go 1999*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- Ó Dúshláine, T. (2011a) *Anois Tacht an Eala – Filí Chorcaí INNTI agus an Réabhlóid Chultúrtha*, An Díseart, An Daingean, An Sagart.
- Ó Dúshláine, T. (2011b) 'Michael Davitt' in Ní Fhrighil (eag) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- Ó Gadhra, N. (2001) 'The Gaeltacht and the Future of Irish', *An Irish Quarterly Review*, Vol. 90, No. 360, lth. 433 - 444.
- Ó Gallchóir, S. (1971) 'Séamus Dall Mac Cuarta', Baile Átha Cliath, An Clóchomhar.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A., & O'Brien, M., (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.
- Ó Giollagáin, C. & Charlton, M. (2015) *Nua-shonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2006 – 2011*, Údarás na Gaeltachta.



- Ó hAnluain, E. (1974) 'Cor Nua san Philíocht', *Scríobh 1*, Baile Átha Cliath, An Clóchomhar Teoranta.
- Ó hAnluain, E. (1984) 'Breacnótaí ar Philíocht Chomhaimseartha na Gaeilge', *Comhar*, 43(12), 36-37, ar fáil: 10.2307/20555572
- Ó hAnluain, E. (1986) 'Nua-Philíocht na Gaeilge 1966 – 1986 Úire agus Buaine' in Ó Fiannachta, P. [eag], *Léachtaí Cholm Cille XVII*, Má Nuad, An Sagart.
- Ó hEartáin, R. (2020) 'An Saol ar Dheas', Meitheamh 13ú, ar fáil: <https://www.rte.ie/rnag/an-saol-o-dheas/>
- Ó hUiginn, R. (2018) 'Pádraig Ó Fiannachta: Foilsitheoir' in Ní Mhaonaigh, T. & Mitchell, A. *Léachtaí Cholm Cille XLVIII*, An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta: Saol agus Saothar'.
- Ó hÓgáin, D. (1984) 'Réamhrá' in Ua Ciarmhaic [údar], *Cliathán na Sceilge*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.
- Ó hÓgáin, D. (1982) *An File - Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*, Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, Rialtas na hÉireann.
- Ó hUiginn, R. (2008) 'The Irish Language' in Nic Pháidín, C. & Ó Cearnaigh, S. [eag], *A New View of the Irish Language*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- O' Keeffe, B. (2015) *Rural Vibrancy in North-West Europe: A Case of South Kerry*, Mary Immaculate College, Limerick.
- O' Keeffe, B. & O' Sullivan, S. (2017) *Gaeltacht Uíbh Ráthaigh – Próifíl Dhéimeagrafach agus Socheacnamaíochta Socio-Economic and Demographic Profile*, ar fáil: <http://hdl.handle.net/10395/2115> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Ó Murchú, S. (2003) 'An Léitheoireacht i measc Déagóirí' in Ní Mhianáin, R. [eag], *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- Ó Raghallaigh, C. (2003) 'Léitheoireacht na Gaeilge a neartú: Dúshlán na bhFoilsitheoirí' in Ní Mhianáin, R. [eag], *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*, Baile Átha Cliath, Cois Life Teoranta.
- O' Rourke, B. & Ramallo, F. (2013). Competing ideologies of linguistic authority amongst new speakers in contemporary Galicia. *Language in Society*, 42(3), 287-

305. Ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/23473602>  
[breithnithe 15 Feabhra 2020].

O' Rourke, B. & Walsh, J. (2019) *New Speakers of Irish: ideologies, practices and identities*, Routledge, London.

O' Rourke, B. & Walsh, J. (2020) *New Speakers of Irish in the Global Context*, Routledge, London.

Ó Ruairc, M. (2010) 'Céad Gháir na Chéad Ghlúine Eile' *Comhar*, 70(12), 27-28, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/41497792> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Ó Ruairc, M. (2019) 'Agallamh le Mícheál Ó Ruairc', *An Cúinne Dána*, Raidio na Gaeltachta.

Ó Siochrú, M. (2015) 'Agallamh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta', *An Saol Ó Dheas*, 15ú Feabhra.

Ó Siochrú, M. (2019) 'An Timpeall chuig Cill Rialaigh', *Feasta*, Imleabhar 72, Uimhir 1.

Ó Súilleabháin, S. & Ní Ghairbhí, R. (2019) 'Bhí sé ina mháistir ar an dán fada agus an dán gearr, Agallamh le Séamus Barra Ó Súilleabháin', *Comhar*, Deireadh Fómhair.

Plean Teanga LPT Chiarraí Thiar (2018) *Plean Teanga LPT Chiarraí Thiar (2018 – 2025)*, Baile an Fheirtéaraigh, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne.

Plean Teanga Chiarraí Theas (2018) *Plean Teanga Chiarraí Theas (2018 – 2025)*, Ceann Eich, Uíbh Ráthach, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh.

Póirtéir, C. (1998) *Éigse an Aeir*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.

Póirtéir, C. (2018) 'An bhfuil géarchéim in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge?', *Tuairisc.ie*, Iúil 19, 2018, ar fáil: <https://tuairisc.ie/an-bhfuil-gearcheim-in-earnail-na-foilsitheoireachta-gaeilge-chuireamar-an-cheist-sin-ar-scata-saineolaithe/> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Ó Ríordáin, S. (1975a) 'Scoil Gheimhridh', *The Irish Times*, Eanáir 8.

Ó Ríordáin, S. (1975b) 'Drochfhilíocht agus Dea-Scoláireacht', *The Irish Times*, Eanáir 18.

- Ó Ríordáin, S. (1975c) 'Banfilíocht agus Gaeilge', *The Irish Times*, Samhain 27.
- Ó Ríordáin, S. (1974) 'Scoil Filíochta', *The Irish Times*, Eanáir 26.
- Ó Ríordáin, S. (1972) 'Má Nuad', *The Irish Times*, 12 Lúnasa 16.
- Ó Ríordáin, S. (1971) 'Kafkachas', *The Irish Times*, Feabhra 20.
- Ó Ríordáin, S. (1967). 'Sleachta Fáin as Dialann', *Comhar*, 26(5), 11-14, ar fáil: [www.jstor.org/stable/23232116](http://www.jstor.org/stable/23232116) [Breithnithe 1ú Aibreán, 2020].
- Ó Ríordáin, S. (1952) *Eireaball Spideoige*, Sairséal & Dill.
- Rainsford, J. (2015) 'The Arts Interview with Micheál Ó Siochrú', *Limerick Leader*, 8ú Feabhra, ar fáil: <https://www.limerickleader.ie/news/news/111033/The-Arts-Interview--M-che.html> [breithnithe 24ú Eanáir 2019]
- Reason, P. & Bradbury, H. (2008) *The Sage Handbook of Action Research: Participative Inquiry and Practice*, London, Sage Publications.
- Rialtas na hÉireann (2020) *Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025*, ar fáil: <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2020/01/culture-2025.pdf>. [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Rialtas na hÉireann (2018a) *Tionscadal Éireann 2040, An Chreat Pleanála Náisiúnta*, <http://npf.ie/wp-content/uploads/Project-Ireland-2040-NPF.pdf>. [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Rialtas na hÉireann (2018b) *Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht (2018 – 2027)*, Tionscadal Éireann 2040, breithnithe: <https://www.creativeireland.gov.ie>, Bealtaine 2019 [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Rialtas na hÉireann (2017) *Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe*, ar fáil: <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2017/01/plean-gnionmhaichta-dfhorbairt-tuaithe.pdf>. [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Rialtas na hÉireann (2010) *An Straitéis Fíche Bliain don nGaeilge (2010 – 2030)*, ar fáil: <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

- Robson, C. (2011) *Real World Research: A Resource for Users of Social Research Methods in Applied Settings*, West Sussex, United Kingdom, Wiley.
- Rosewall, E. (2014) *Arts Management: Uniting Arts and Audiences in the 21<sup>st</sup> Century*, New York, Oxford University Press.
- Segers, K., Schramme, A., and Devriendt, R. (2010) 'Do artists benefit from arts policy? The position of performing artists in Flanders (2001–2008)', *The Journal of Arts Management, Law, and Society*, 40 (1), 58–75.
- Schatteman, M.A & Bingle, B. (2017) 'Government Funding of Arts Organizations: Impact and Implications', *The Journal of Arts Management, Law, and Society*, 47:1, 34-46, DOI: 10.1080/10632921.2016.1255287.
- Schechner, R. (1988) 'Performance Studies: The Broad-Spectrum Approach' *TDR (1988)*, 32(3), 4-6. doi:10.2307/1145899.
- Shahinian, S. (2016) 'Being an "Insider-Outsider" and its Impact on Innovation and Creativity', Medium, ar fáil: <https://medium.com/@stephanshahinian/becoming-an-insider-outsider-and-its-impact-on-innovation-a515a083da6>. [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Shapcott, T. (2014) 'Literary Life: Prizes, Anthologies, Festivals, Reviewing, Grants' in [ed] Earnshaw, S. *The Handbook of Creative Writing*, Edinburgh, University of Edinburgh Press.
- Slaby, A. (2011) 'Whither Cultural Policy in Post Celtic Tiger Ireland?' *The Canadian Journal of Irish Studies*, 37(1/2), 76-97, ar fáil: [www.jstor.org/stable/41955740](http://www.jstor.org/stable/41955740) [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Smyth, E. (2016) *Arts and Cultural Participation among Children and Young People: Insights from the Growing Up in Ireland Study*, The Economic and Social Research Institute & The Arts Council, ar fáil: <http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Arts-and-cultural-participation-GUI.pdf>. [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Steers, R., Nardon, L., & Sanchez-Runde, C. (2016) Organizational environments. In *Management across Cultures: Developing Global Competencies* (pp. 83-125). Cambridge: Cambridge University Press. doi:10.1017/CB09781316584583.006

- Sternberg, R.J (2018) 'Afterword: The Big Questions in the Field of Creativity – Now and Tomorrow' in Sternberg, R.J & Kaufman, J.C [eds] *'The Nature of Human Creativity'*, United Kingdom, Cambridge University Press.
- Sternberg, R.J (2016) 'Creativity, Intelligence, and Culture' in Glăveanu & Wagoner (2016), *Palgrave Handbook of Creativity and Culture Research*, Macmillan Publishers Ltd., London.
- Sternberg, R., & Lubart, T. (1993) 'Investing in Creativity'. *Psychological Inquiry*, 4(3), 229-232, ar fáil: <http://www.jstor.org.proxy.lib.ul.ie/stable/1448973> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Sternberg, R.J. (1999) *Handbook of Creativity*, New York, Cambridge University Press.
- Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh (2018) *Plean Gníomhaíochta Uíbh Ráthaigh (2018 – 2022)*, ar fáil: <http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2019/07/Tuairisc-agus-PGnionh-Tascfhorsa-UR-38mb.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Titley, A. (2018) 'An bhfuil géarchéim in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge?', *Tuairisc.ie*, Iúil 19, 2018, ar fáil: <https://tuairisc.ie/an-bhfuil-gearcheim-in-earnail-na-foilsitheoireachta-gaeilge-chuireamar-an-cheist-sin-ar-scata-saineolaithe/> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Titley, A. (2012) 'Comhar 70: Aiste Chomórtha 1942 - 2012: Cruthú, Clampar agus Conspóid' *Comhar*, 72(9), 1-54, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/43500569> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Titley, A. (1998) 'Éigse an Aeir' in Póirtéir, C. *Éigse an Aeir*, Coiscéim, Baile Átha Cliath.
- Titley, A. (1996) *Chun Doirne: Rogha Aistí*, Belfast, Lagan Press.
- Tonks, A. (2016) *The A to Z of Arts Management: Reflections on Theory and Reality*, Prahran, Australia, Tilde Publishing.
- Trosset, C. (1988) 'Welsh Communitas as Ideological Practice' *Ethos*, 16(2), 167-180, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/64044> [breithnithe 15 Feabhra 2020].
- Tuairisc.ie (2018a) 'Crapadh na Gaeilge, easpa scríbhneoirí, eagarthóirí oilte agus léitheoirí, na dúshláin ba chúids leis an gcinneadh cois life a scor', *Tuairisc.ie*,

17ú Iúil, breithnithe: <https://tuairisc.ie/crapadh-na-gaeilge-easpa-scribhneoiri-eagarthoiri-oilte-agus-leitheoiri-na-dushlain-ba-chuis-leis-an-gcinneadh-cois-life-a-scor/>, [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Tuairisc.ie (2018b) 'Tá earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge an-leochaileach agus tá gá le réimse beart – Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge', *Tuairisc.ie*, 19ú Iúil 2018, ar fáil: <https://tuairisc.ie/ta-earnail-na-foilsitheoireachta-gaeilge-an-leochaileach-agus-ta-ga-le-reimse-beart-priomhfheidhmeannach-fhoras-na-gaeilge/>, [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Uí Chollatáin, R. (2011) *Tuarascáil ar straitéis úr maidir le Foras na Gaeilge i leith earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne Athláithriú agus athshealbhú teanga*, ar fáil: <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/06/Tuarasc%C3%A1il-R.-U%C3%AD-Chollat%C3%A1in-2011.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Ua Maoileoin, P. (1975) 'Scribhneoirí Chorca Dhuibhne I'. *Comhar*, 34(1), 14-18.  
doi:10.2307/20553628

Ua Maoileoin, P. (1975) 'Scribhneoirí Chorca Dhuibhne 2'. *Comhar*, 34(2), 4-6.  
doi:10.2307/20553636

Ua Maoileoin, P. (1965) 'Siar go dtí Piaras', *Comhar*, [ar líne], 24(1), lth.8 – 13, ar fáil: <http://www.jstor.org/stable/20551869> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Údarás na Gaeltachta (2018) *Plean Straitéiseach (2018 – 2022)*, ar fáil: <https://ealain.ie/wp-content/uploads/2018/10/dars-na-gaeltachtas-strategy-2018-2020.pdf>. [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Uí Ógáin, R. (2004) 'Tomás Rua i Seanchas Béil Uíbh Ráthaigh' in Mac an tSíthigh [Eag] *Amhráin Uíbh Ráthaigh – Eigse na Brídeoige 2004*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.

Walsh, J. & Day, R. (2018) 'Úsáid na Gaeilge ar an Raidió: Achoimre', ar fáil: <https://www.mic.ul.ie/sites/default/files/uploads/21/suirbhecc81-achomre-ghaeilge-fv3.pdf> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Walsh, J. (2017) 'The role of emotions and positionality in the trajectories of 'new speakers' of Irish', *International Journal of Bilingualism*, 23(1), 221-235, ar fáil: 10.1177/1367006917720545 [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Walsh, J. & O' Rourke, B. (2015a) *Mudes Teangeolaíochta agus Nuachaintoirí na Gaeilge*, Comhair Taighde, Samhain 2015, ar fáil: <https://comhartaighde.ie/eagrain/1/walsh-orourke/en/> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Walsh, J. (2015b) 'An Ghaeilge: Nuachaintoirí na Gaeilge: Deiseanna agus Dúshláin' *Comhar*, 75(5), 14-15, ar fáil: <http://www.jstor.org.libraryproxy.mic.ul.ie/stable/43500043> [breithnithe 15 Feabhra 2020].

Walsh, J. O' Rourke, B. & Rowland, H. (2015c) *Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoirí na Gaeilge*, Baile Átha Cliath, Foras na Gaeilge.

Walsh, J. (2011) *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*, Bern, Switzerland, Peter Lang.

Weiner, R. P. (2000) *Creativity and beyond: Cultures, values, and change*, Albany, NY: State University of New York Press.

Weisburg, R.W (2006) *Creativity: Understanding Innovation in Problem Solving, Science, Invention and the Arts*, New Jersey, John Wiley & Sons.

### **Comhdhálacha/Páipéir Chomhdhálacha Neamhfoilsithe/Seimineáir Thaighde**

De Paor, L. (2018b) *An bhfuil meas ar an bhfilíocht? Staid na Critice sa Ghaeilge Inniu*, Seimineár Filíochta, An Fhéile Bheag Filíochta 2018, Áras Bhréanainn, Baile an Fheirtéaraigh.

Nic Eoin, M. (2018) *An bhfuil meas ar an bhfilíocht? Staid na Critice sa Ghaeilge Inniu*, Seimineár Filíochta, An Fhéile Bheag Filíochta 2018, Áras Bhréanainn, Baile an Fheirtéaraigh.

Ní Ghairbhí, R. (2018) *An bhfuil meas ar an bhfilíocht? Staid na Critice sa Ghaeilge Inniu*, Seimineár Filíochta, An Fhéile Bheag Filíochta 2018, Áras Bhréanainn, Baile an Fheirtéaraigh.

McClellan, D. (2016) *Comhdháil ar Ról na nEalaíon sa Phleanáil Teanga*, páipéar comhdhála neamhfoilsithe, Ealaín na Gaeltachta.

Ó Laoire, L. (2016) *Comhdháil ar Ról na nEalaíon sa Phleanáil Teanga*, páipéar comhdhála neamhfoilsithe, Ealaín na Gaeltachta.

## Aguisíní

### Aguisín 1: Beartais agus Polasaithe na Cruthaitheachta Éire Ildánach (2017 – 2022)

Is tionscnamh uile-ranna rialtais é Éire Ildánach a bhfuil mar aidhm aige an chruthaitheacht a chothú agus a chur chun cinn ar gach leibhéal sa tír. Cuireann an clár roimhe a chinntiú go mbeidh *'deis ag gach duine in Éirinn a gcumas iomlán cruthaitheach a bhaint amach'* agus go mbeidh an chruthaitheacht *'i gcroílár an bheartais phoiblí'* (Rialtas na hÉireann 2017: 10). Oibríonn Éire Ildánach i bpáirt le gníomhaireachtaí Rialtais, eagraíochtaí Stát, údaráis áitiúla, eagraíochtaí eile agus daoine aonair chun an fhís seo a bhaint amach. Tá cúig thosaíocht ag Éire Ildánach faoi mar a shonraítear sa tábla thíos.

1. Leanaí agus an Óige: Cumas Cruthaitheach gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú
2. Pobail Chruthaitheacha: Cruthaitheacht i ngach Pobal a Chumasú
3. Tionscail Chruthaitheacha: Éire mar Ionad Sármhaitheasa don Chruthaitheacht
4. Infheistíochtaí Cultúrtha: Ag Infheistiú inár mBonneagar Cruthaitheach agus Cultúrtha
5. Cáil Dhomhanda: Náisiún Cruthaitheach agus Cultúrtha

Tugtar aitheantas i straitéis Éire Ildánach don mórthionchar a bhíonn ag na healaíona, an litríocht san áireamh ar fhorbairt an duine agus is gá an chruthaitheacht a chothú ar mhaithe *'le forbairt foghlama, dea-shláinte agus comhtháthú sóisialta a spreagadh chomh maith le poist a chruthú agus rath eacnamaíochta a thabhairt chun cinn'* (Éire Ildánach 2018: 11). Cuirtear béim speisialta ar dheiseanna rannpháirtíochta a chur ar fáil do shaoránaigh uilig na tíre, go háirithe i gceantair imeallaithe.

Tá scéim ar leith ag Éire Ildánach a dhíríonn ar chothú na cruthaitheachta don óige darb ainm *'Óige Chruthaitheach: Plean chun Cumas Cruthaitheach gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú'*. Leagtar síos sa bheartas *'Óige Chruthaitheach'* spriocanna straitéiseacha don phlean, a dhíríonn ar an gcruthaitheacht a dhéanamh níos lárnaí san oideachas, deiseanna breise a chur ar fáil do dhaoine



óga a gcumas cruthaitheach a chothú agus deiseanna forbartha leanúnacha a chur ar fáil do mhúinteoirí. Seoladh scéim faoin bplean seo ‘Scoileanna Ildánacha’ a thugann feidhm do na haidhmeanna straitéiseacha seo. Is togra comhpháirtíochta é idir Éire Ildánach, An Chomhairle Ealaíon, An Roinn Oideachais agus Scileanna agus An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

### **Tionscadal Éireann 2040**

Mar chuid de bheartas caipitil an Rialtais ‘Tionscadal Éireann 2040’, foilsíodh an fo-bheartas ‘Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht Investing in our Culture, Language & Heritage 2018-2027’ (2018: 5-6) ina leagtar síos na tosaíochtaí atá aitheanta ag an rialtas maidir leis an gcultúr agus an teanga. Ag tógaint ar eiteas an chláir náisiúnta don gcruthaitheacht; Éire Ildánach (2017 – 2022), tugtar suntas sa cháipéis seo do lárnacht na cruthaitheachta agus na healaíona i bhforbairt iomlánaíoch an tsaoránaigh agus mar sprioc uile-ranna ag an rialtas.

...gurb é a leanann as rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr ná cruthaitheacht an duine aonair agus cruthaitheacht chomhpháirteach a fhorbairt - agus tá impleachtaí móra aige sin dár sochaí agus dár ngeilleagar.

(ibid 2018: 6)

Tá béim sa dá cháipéis ar fhorbairt infreastruchtúr timpeall na tíre ina n-áirítear trí chineál ar leith; infreastruchtúr sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir. Tá ionchuimsiú mar ghné lárnach den bhfís a shainítear, go bhforbrófar an t-infreastruchtúr seo *‘le gur féidir le gach duine aonair agus gach cuid den tír barr a gcumais a bhaint amach’* (2018: 5). Leagtar geallúint infheistíochta síos go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas caipitiúil ar réimse an chultúir, na teanga agus na hoidhreacht ó €54m sa bhliain 2018 go dtí €110m sa bhliain 2021, sin méadú 100%. Anuas air seo, gealltar go n-infheisteofar €46m i bhforais chultúir náisiúnta agus cuirfear €40m ar fáil ar bhonn áitiúil d’fhorbairt infreastruchtúr ealaíon agus cultúir ar fud na tíre.

### **Cultúr 2025: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025 (Rialtas na hÉireann 2020)**

Tógann an creatbheartas seo ar na príomhbheartais atá ag feidhmiú cheana i leith an chultúir agus na cruthaitheachta sa tír – Éire Ildánach (2017 – 2022), Tionscadal Éireann (2025), An Straitéis Fiche Bliain don nGaeilge (2010 – 2030) agus An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge (2018 – 2022). Cuireann an beartas

seo roimhe fíis uileghabhálach a chur faoi bhráid na tíre i leith an tiomantais atá ann d'fhorbairt agus do chothú na cruthaitheachta ag an rialtas. Tugann an beartas treoir don bhforbairt seo a tharraingíonn cuid mhaith ar na mianta, spriocanna agus na físeanna a forbraíodh go dtí seo sna beartais thuasluaite. Tá trí phrionsabal ar leith a threoraíonn fíis an bheartais seo – Aitheantas d'fhiúntas an chultúir don duine agus don sochaí, bonn treise a chur faoi shaothrú na cruthaitheachta agus faoi rannpháirtíocht i gcúrsaí cultúir agus an oidhreacht cultúir a chothú (Rialtas na hÉireann 2020: 9). Is é an comhartha tiomantais is mó a shonraítear ann ná go ngealltar go ndéanfar an infheistíocht a dhéantar ar an gcruthaitheacht a dhúbailt faoi 2025, anuas ar an infheistíocht chaipitil a ardú go €1.2 billiún mar a ghealltar san fho-straitéis faoi Tionscadal Éireann 2040 'Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht' (Rialtas na hÉireann 2018).

### **Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe (Rialtas na hÉireann 2017)**

Tá aitheantas tugtha do ról na cruthaitheachta agus an chultúir sa Phlean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe. Díríonn colún a ceathair: 'An Cultúr agus an Chruthaitheacht' ar an tábhacht a bhaineann le cultúr agus leis an gcruthaitheacht a chur chun cinn do phobail tuaithe mar acmhainn eacnamaíochta, sláinte agus forbartha. Mar chuid d'obair Éire Ildánach, tugtar tiomantas do mhoil chruthaitheachta agus foirne cultúir a bhunú i gceantair tuaithe na tíre a rachaidh *'chun tairbhe ar leith do phobail tuaithe, a dtabharfar spreagadh dóibh páirt a ghlacadh sa chultúr ina bpobal féin'* (Rialtas na hÉireann 2017: 58).

### **An Straitéis Fiche Bliain don nGaeilge (2010 – 2030)**

Is beag trácht a dhéantar do na healaíona i bplean náisiúnta fadtéarmach an rialtais, An Straitéis Fiche Bliain don nGaeilge (2010 – 2030) lasmuigh de gheallúint gan dealramh go ndéanfar tograí ealaíne a bhfuil an Ghaeilge ag baint leo a chur chun cinn i dtaca le ranna ábhartha eile.

Déanfar gach tionscnamh Gaeilge lena mbaineann dualgas sonrath i leith na n-ealaíon, lena n-áirítear drámaíocht agus na healaíona traidisiúnta, a phleanáil agus a fhorbairt mar chuid de straitéis ealaíon lárnach idir an Roinn Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon.

(Rialtas na hÉireann 2010: 28)

## **An Plean Gníomhaíochtaí don nGaeilge (2018 – 2022)**

I gcomparáid leis an Straitéis Fiche Bliain (2010 – 2030), tugann An Plean Gníomhaíochta don nGaeilge (2018 – 2022) faoi cheist na healaíne go sonrach agus leagtar síos spriocanna agus beartais intomhaiste. Tráchtar go sonrach ar thábhacht na n-ealaíon do shaol shaoránach na tíre agus d'fhorbairt eacnamaíochta sa cháipéis. Tugtar aitheantas ar leith sa phlean do thábhacht agus do ról na n-ealaíon i gcothú pobal teanga agus dá dtionchar ar sheachadadh agus ar shealbhú teanga.

Is dlúthchuid den teanga iad na healaíona agus is mór an tionchar atá acu ar chothabháil na Gaeilge, ar stádas agus íomhá teanga, ar chothú agus ar bhuanú pobail teanga, ar dhearcadh daoine i leith na Gaeilge agus ar sheachadadh agus ar shealbhú teanga chuig an gcéad ghlúin eile.

(Rialtas na hÉireann 2018: 63)

Luaitear go sonrach go gcaithfear maoiniú caipitil tríd an gClár Tacaíochta Pobail agus Teanga ar ionaid ealaíne agus ar scoileanna, ar mhaithe leis an gcruthaitheacht a chur chun cinn faoi bhun Éire Ildánach (Rialtas na hÉireann 2018: 64). Gealltar go dtabharfar breis acmhainní d'Ealaín na Gaeltachta chun *'clár forbartha a sholáthar i gcomhar le páirtithe leasmhara a bheidh dírithe ar chur chun cinn na n-ealaíon Gaeilge agus Gaeltachta'* (ibid 2018: 63). Cuirtear síos ar a thiomantas do thacaíocht a thabhairt do scéimeanna reatha Fhoras na Gaeilge ar mhaithe leis an *'chruthaitheacht agus gréasáin Ghaeilge a chothú'* (ibid 2018: 64). Is í an gheallúint is suntasaí a thugtar sa phlean seo ná go dtionscnófar straitéis chomháite ealaíon a fhorbairt le haghaidh ealaíona na Gaeltachta agus na Gaeilge. Leagtar béim ar a lárnaí is ar a thábhachtaí is atá an obair chomhpháirtíochta a chothú idir na heagrais ábhartha ealaíne, idir Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta, TG4 agus An Chomhairle Ealaíon (Rialtas na hÉireann 2018: 70). Tá an obair seo tagtha chun cinn agus foireann taighde agus stiúrtha ceaptha d'fhorbairt *'Straitéis Teangabhunaithe do na hEalaíona Gaeilge'*.

## Aguisín 2: Ceistneoir na bhFilí

**Eolas mar gheall ort:**

Ainm \_\_\_\_\_

Aois \_\_\_\_\_

Dáta Breithe \_\_\_\_\_

Cár rugadh thú? \_\_\_\_\_

Cá bhfuil cónaí ort anois? \_\_\_\_\_

**Ceisteanna mar gheall ar an bPobal Léitheoireachta agus Comhthéacs na Filíochta:**

1. Cé mhéad cóip de do leabhar a dhíoltar de ghnáth? (abair an ceann deireanach)

Méid	0 - 10	10 - 30	30 - 50	50 - 100	100 - 200	200+
Cuir tic faoi mar a oireann						

2. Cá ndíoltar do chuid leabhar filíochta? (*ar líne? siopa leabhar? Cén siopa? Eile??*)

Áit	Cuir tic	Sonraigh cén áit go díreach
Siopa áitiúil sa cheantar		
Cill Árne		
Trá Lí		
<a href="http://www.Litríocht.ie">www.Litríocht.ie</a>		
<a href="http://www.Clólar-Chonnacht.ie">www.Clólar-Chonnacht.ie</a>		
<a href="http://www.coiscéim.ie">www.coiscéim.ie</a>		
Féilte		
Seoltaí Leabhar		
Eile??		
Ionad cultúrtha/turasóireachta sa cheantar?		
Leabharlanna an cheantair		

<b>Leabharlanna Iasmuigh den cheantar</b>		
-------------------------------------------	--	--

3. An bhfuil aon ghréasán/imeacht/ghrúpa/chlub sonracha agaibh ina dtagann daoine ar spéis leo an fhilíocht le chéile sa cheantar seo? (Breac síos do fhreagra sa bhosca thíos)

--

4. Ceisteanna mar gheall ar an oideachas a fuair tú:

<b>Ainm agus Seoladh Bunscoile:</b>	
<b>Ainm agus Seoladh Meánscoile(anna):</b>	
<b>Ainm na hOllscoile agus Céim (más oiriúnach)</b>	
<b>Aon oideachas eile (sa chiall is leithne)?</b>	

	<b>5. Cuir tic i mbosca <u>AMHÁIN</u> a oireann do gach aon ráiteas thíos/ Tá spá</b>	<b>Ní aontaím in aon chor</b>	<b>Ní aontaím</b>	<b>Aontaím m Go pointe</b>	<b>Aontaím m go láidir</b>
1.	<b>Braithim dearfach faoi thodhchaí na filíochta Gaeilge i mo cheantar</b>				
2.	<b>Tá borradh faoin bhfilíocht Ghaeilge i gceantar Chorca Dhuibhne faoi láthair</b>				
3.	<b>Tá borradh faoin bhfilíocht Ghaeilge i gceantar Uíbh Ráthaigh faoi láthair</b>				
4.	<b>Tá glúin ar leith filíochta ag teacht in inmhe sa dúiche seo (UR)</b>				
5.	<b>Braithim mar chuid de ghluaiseacht filíochta sa cheantar seo</b>				
6.	<b>Tá go leor tacaíochta ar fáil don bhfilíocht sa cheantar seo</b>				
7.	<b>Tá aithne orm mar fhile Gaeilge sa cheantar</b>				
8.	<b>Léann muintir na háite mo chuid filíochta</b>				
9.	<b>Tá sé riachtanach aistriúchán a dhéanamh ar fhilíocht na Gaeilge chun pobal léitheoireachta a bhaint amach</b>				
10.	<b>Mothaím go bhfuil ról agam i gcaomhnú na teangan/an chultúir mar fhile Gaeilge</b>				

11	Braithim go mbíonn deis ag mo chuid filíochta dul i bhfeidhm ar an nglúin óg				
12	Braithim go bhfuil deighilt idir m'fhéiniúlacht féin mar dhuine agus an Stát Éireannach				
13	Ceapaim nach bhfuil go leor tacaíochta/maoinithe ar fáil don bhfilíocht				

**7. An bhfuil tú mar chuid den bhunachar shonraí ealaíontóirí atá ar shuíomh lín Chomhairle Chontae Chiarraí? Má tá, cén tábhacht a bhaineann leis duit? Mura chuala tú faoi, sonraigh é sin.**

---

---

---

---

---

**8. An raibh tú mar rannpháirtí i gceardlann fhilíochta riamh? Cé a stiúraigh? Cad a mheas tú den taithí sin?**

**9. Ar stiúraigh tú ceardlann fhilíochta riamh tú féin? Sonraigh cén áit, an comhthéacs agus cathain.**

**10. An mbeadh suim agat ceardlann a réachtáil? Cad ina thaobh?**

---

---

---

---



**11. An ndéanfá cur síos ar aon tacaíocht atá ar fáil sa cheantar seo, don bhfile nó don bhfilíocht? (Uíbh Ráthach nó Corca Dhuibhne?) m.sh. scéimeanna cónaitheacha le hOidhreacht Chorca Dhuibhne, ceardlanna filíochta sa Díseart. Sonraigh le do thoil.**

**12. An bhfuil deis ag cuairteoirí/turasóirí cultúr na háite a bhlaiseadh in aon áit? Cad faoin bhfilíocht? An bhfuil ionad feiceálach i gceist?**

---

---

---

---

---

**13. An bhfuair tú aon tacaíocht/sparánacht ó aon eagraíocht/foinse \*lasmuigh den gceantar?**

Foinse	Fuair mé tacaíocht	1-2 uair	2-4 uair	4-6 uair	Níos mó ná 6 huaire	Sonraigh (cén tacaíocht agus bliain)
Údarás na Gaeltachta						
An Chomhairle Ealaíon						
Foras na Gaeilge						
Culture Ireland						
Comhairle Chontae Chiarraí						
Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (VEC)						
Creative Ireland						
Ealaíon na Gaeltachta						

---



---



---



---

**14. Má fuair tú sparánacht cén tslí a ndeachaigh sé i bhfeidhm ort?**

---



---



---



---

**15. An mbaineann aon dúshláin nó deacrachtaí le maoiniú a fháil? Ar mhaith leat aon rud a rá faoi cheist an mhaoinithe?**

**16. Ar bhuaigh tú duais filíochta riamh? Bhuaigh  Níor Bhuaigh**

Má bhuaigh tú, sonraigh le do thoil (ainm, cathain agus údarás a bhronn an duais)  
m.sh: Duais Mhichíl Airtnéide, 2015, Éigse Michael Hartnett

**17. Cén tábhacht a bhain leis an duais/na duaiseanna seo duit?**

<b>An bhfuair tú poiblíocht ó aon fhoinse thíos?</b>	<b>Cuir tic má oireann:</b>	<b>Sonraigh</b> – m.sh. An Saol ó dheas 2016 – seoladh leabhar liom
<b>Radio One</b>		
<b>Newstalk</b>		
<b>Radio Kerry</b>		
<b>Raidio na Gaeltachta</b>		
<b>Iris Litríochta Gaeilge/Béarla?</b>		
<b>Kerryman</b>		
<b>Kerry's Eye</b>		
<b>The Irish Times</b>		
<b>Nós.ie</b>		
<b>Tuairisc.ie</b>		
<b>Irish Independent</b>		
<b>Aon fhoinse eile nár tráchtadh uirthi/ nó a bhí ann roimhe seo (Foinse srl)</b>		

**Ceist mar gheall ar mhaoiniú atá ar fáil:**

<b>17. Cuir tic faoi mar a oireann</b>	<b>Chuala mé faoi seo</b>	<b>Bhain mé leas as seo</b>	<b>Níor chuala mé faoi seo</b>	<b>Níor bhain mé leas as seo</b>	<b>Sonraigh</b>
<b>Dámhachtan Sparántachta Litríochta na Comhairle Ealaíne</b>					
<b>Scéim Infheistíochta na bhféilte leis an gComhairle Ealaíon</b>					
<b>Scéim Mheantóireachta Fhoras na Gaeilge</b>					
<b>Scéim na dtionscadal litríochta Fhoras na Gaeilge</b>					
<b>Arts Act Grant le Comhairle Chontae Chiarraí</b>					

**18. Ar bhain tú buntáiste as aon mhaoiniú nó tacaíocht eile?**

---

---

---

---

---

**Na Meáin Shóisialta:**

19. An roinneann tú ábhar poiblíochta faoi do shaothar féin/an gcuireann tú do shaothar féin ar fáil trí na meáin thíos?

Suíomh	Facebook	Snapchat	Instagram	Twitter	Preasráitis ón bhfoilsitheoir
Cuir tic má oireann					
Sonraigh le do thoil					

20. Cén teanga a úsáideann tú do do phostálacha (posts)? (cuir tic faoi mar a oireann) Bí macánta!

Suíomh:	Ní úsáidim an suíomh seo	Gaeilge Amháin	Gaeilge don gcuid is mó	Cothrom idir Béarla agus Gaeilge	Béarla don gcuid is mó	Béarla amháin	Sonraigh le do thoil (nó cuir ní úsáidim an suíomh seo)
<u>Facebook</u>							
<u>Snapchat</u>							
<u>Instagram</u>							
<u>Twitter</u>							
<u>Youtube</u>							

21. Cuir tic faoi mar a oireann	Cuir tic má d'fhreastail tú air	Níor chuala mé faoi seo	Bhíos mar aoi-fhile/chainteoir ann	Bhíos sa lucht éisteachta ann	Sonraigh - Cén áit? Cén ról? Cathain? Do thuairim faoi?
An Fhéile Bheag Filíochta					
Féile na Bealtaine					
Liú Lúnasa					
Imeachtaí Reic					
IMRAM					
Féile Scríbhneoirí Lios Tuathail					
Cahersiveen Festival of Music and Arts					
Éigse Hartnett					
Féile Idirnáisiúnta Strokestown					
Éigse na Brídeoige					
Amergin Solstice Poetry Gathering					
Oireachtas na Gaeilge					
Féile/Imeachtar lear					

<b>Féile Ollscoil</b>	<b>in</b>					
<b>Féile eile - sonraigh</b>						

**22. An ndeachaigh na féilte seo i bhfeidhm ort nó ar chothaigh siad tú ar aon slí?**

---



---



---



---

**23. Ar eagraigh tú féile litríochta/léamh filíochta riamh leat nó i bpáirt le daoine? Cathain? Cén fáth? Cé eile a bhí páirteach san eagrú? Cá bhfuair sibh maoiniú/tacaíocht?**

**24. An bhfuil cuimhne ar leith agat ó fhéile?**

---



---



---

**25. An bhfuair tú cuireadh ó scoil nó ollscoil le teacht mar aoi-fhile chucu riamh?**

---



---



---



---



**Láithriú:**

26. Cé chomh minic is a chuireann tú dánta i láthair ó bhéil?

Uair sa mhí ar a laghad	Cúpla uair sa bhliain

27. Cén áit mar sin ina gcuireann tú na dánta i láthair?

Cén áit?	Cuir tic	Sonraigh le do thoil: m.sh. Tigh an tSaoirsigh
Áras pobail nó amharclann i mo dhúthaigh féin		
I dtigh tábhairne		
Caife nó bialann		
Ar an raidió		
Ag féile		
Ionad cultúir eile?		

**27. Ceist thábhachtach - tóg t-am le machnamh a dhéanamh.** - An bhfuil aon mholtaí agat mar fhile Gaeilge, ar na tosaíochtaí nó gnéithe áirithe ar ghá go raghfaí i ngleic leo chun tacú leat mar fhile nó leis an bhfilíocht Ghaeilge go ginearálta? Cad atá ag teastáil?

### Aguisín 3: Ceistneoir na gCinnirí Cultúir

#### Eolas mar gheall ort:

Ainm \_\_\_\_\_

Cá bhfuil cónaí ort anois?

Aois \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Dáta Breithe \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cár tógadh thú? \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

#### Ceisteanna mar gheall ar an bPobal Léitheoireachta agus Comhthéacs na Filíochta:

1. Cén sórt díolacháin a bhíonn ar leabhair filíochta Gaeilge, an dóigh leat?

Méid	0-50	50 - 100	100 - 200	200-500	500+
Cuir tic faoi mar a oireann					

2. An bhfuil cur amach agat ar bhunachar shonraí ealaíontóirí atá ar shuíomh lín Chomhairle Chontae Chiarraí? Má tá, cén úsáid a bhaineann tú as? Murar chuala tú fé, sonraigh é sin.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

3. Liostaigh agus déan cur síos ar aon cheardlann oiliúna a chuir tú féin nó d'eagras ar fáil d'fhilí?

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

4. Cén saghas ceardlanna/tacaíochta a theastaíonn ó fhilí Gaeilge, an dóigh leat?

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

**6 An bhfuil ról agat féin a bhaineann le poiblíocht nó an bhfuil oifigeach ar leith ann chuige seo?**

---



---



---

7 An mbíonn tú riamh i dteagmháil leis na meáin seo id' ról oifigiúil maidir le filí nó le filíocht an cheantair seo	Cuir tic má oireann:	Sonraigh - Cad chuige? Cén daoine/cláracha? Cathain?
Is iad na filí féin a théann i dteagmháil leis na meáin		
Is iad na foilsitheoirí a théann i dteagmháil leis na meáin		
Radio One		
Newstalk		
Radio Kerry		
Raidio na Gaeltachta		
Iris Litríochta Gaeilge/Béarla?		
Kerryman		

<b>Kerry's Eye</b>		
<b>The Irish Times</b>		
<b>Nós.ie</b>		
<b>Tuairisc.ie</b>		
<b>Aon fhoinse eile nár tráchtadh uirthi/ nó a bhí ann roimhe seo (Foinse srl)</b>		

7. An roinneann sibh ábhar poiblíochta faoi na filí atá maoinithe agaibh/nó a bhfuil tacaíocht tugtha agaibh dóibh ar líne?

Suíomh	Facebook	Snapchat	Instagram	Twitter
Cuir tic má oireann				
Sonraigh le do thoil				

8. Cén teanga a úsáideann sibh do bhur bpostálacha (posts)?

Suíomh:	Úsáidtear an suíomh seo	Gaeilge Amháin	Gaeilge don gcuid is mó	Cothrom idir Béarla agus Gaeilge	Béarla don gcuid is mó	Béarla amháin	Ní úsáidtear an suíomh seo
<u>Facebook</u>							
<u>Snapchat</u>							
<u>Instagram</u>							
<u>Twitter</u>							
<u>Youtube</u>							

9. Cén úsáid a bhaineann tú as na meáin shóisialta thuas i do shaol oibre?

---



---



---



---



---

**10. An ndéanfá cur síos ar aon tacaíocht a chuireann d'eagras ar fáil, don bhfile nó don bhfilíocht? m.sh. scéimeanna cónaitheacha ceardlanna filíochta, ceardlanna oiliúna. Sonraigh le do thoil.**

---

---

---

---

---

---

**11. Luaigh, le do thoil, na foinsí maoinithe atá ar eolas agat a bhaineann leis an bhfilíocht Ghaeilge.**

---

---

---

---

---

---

**13. Cén tábhacht a bhaineann le maoiniú/sparánachtaí do fhilí, an dóigh leat?**

---

---

---

---

---

---

**14. Cad iad na dúshláin a bhíonn roimh fhilí agus iad ag cur isteach ar mhaoiniú, dar leat?**

---

---

---

---

**15. An dóigh leat go bhfuil go leor duaiseanna ar fáil don bhfile as Gaeilge? Liostaigh na duaiseanna (nó eagraíocht bhronnta) atá ar eolas agat le do thoil.**

---

---

---

**16. Déan cur síos ar na daoine is mó a fhreastalaíonn ar léamha/féilte filíochta de réir do thaithí féin? (m.sh. aois/inscne/cuairteoirí ócáidiúla/“blow-ins”/muintir na háite)**

---

---

---

---

**17. An bhfuil ról ag d’eagrais i bhforbairt infreastruchtúr cultúrtha? (foirgnimh)**

**18. Cén ról atá ag féilte filíochta maidir le cothú na filíochta?**

---

---

---

---

**19. Ar eagraigh tú féile litríochta/léamh filíochta riamh leat nó i bpáirt le daoine? Cathain? Cén fáth? Cé eile a bhí páirteach san eagrú? Cá bhfuair sibh maoiniú/tacaíocht?**

---

---

---

---

---

<b>Cuir tic faoi mar a oireann</b>	<b>Cuir tic má d'fhreastail tú air</b>	<b>Níor chuala mé faoi seo</b>	<b>Bhíos ann do chúram oibre - im' ról oifigiúil</b>	<b>Sonraigh - Cén ról? Cathain? Do thuairim fé?</b>
<b>An Fhéile Bheag Filíochta</b>				
<b>Féile na Bealtaine</b>				
<b>Liú Lúnasa</b>				
<b>Imeachtaí Reic</b>				
<b>IMRAM</b>				
<b>Féile Scríbhneoirí Lios Tuathail</b>				
<b>Cahersiveen Festival of Music and Arts</b>				
<b>Éigse Hartnett</b>				
<b>Féile Idirnáisiúnta Strokestown</b>				
<b>Éigse na Brídeoige</b>				
<b>Amergin Solstice Poetry Gathering</b>				



<b>Féile/Imeacht thar lear</b>				
<b>Oireachtas na Gaeilge</b>				
<b>Féile in Ollscoil</b>				
<b>Féile thar lear</b>				
<b>Féile eile - sonraigh</b>				

20. Cén cumarsáid a bhíonn agat féin nó ag d'eagras le filí an cheantair seo?

	<b><u>Déanaimid é seo</u></b>	<b><u>Ní dhéanaimid é seo</u></b>	<b><u>Eolas breise? Minicíocht? Cúiseanna?</u></b>
<b><u>Nuachtlitir</u></b>			
<b><u>Cruinnithe rialta</u></b>			
<b><u>Ócáidí ar leith</u></b>			
<b><u>Teagmháil rialta ar ghuthán</u></b>			
<b><u>Ríomhphostanna rialta</u></b>			
<b><u>Is iad na filí a dhéanann teagmháil liomsa nó leis an oifig</u></b>			

**21. Má bhíonn teagmháil á dhéanamh ag duine le Gaeilge le d'eagraíocht, an mbeidh seirbhís acu as Gaeilge?**

<b>Modh Cumarsáide</b>	<b>Cuir tic má bhíonn seirbhís trí Ghaeilge ar fáil</b>	<b>Cé a chuireann an tseirbhís trí Ghaeilge ar fáil? Ainmnigh duine/daoine agus a ról</b>
Má chuirtear glaoch ar an bpríomhoifig		
Má chuirtear glaoch ar an oifig (a bhaineann leat féin)		
Má sheoltar ríomhphost		
Má bhuailtear isteach chugaibh		
Má scríobhtar litir		

**22. Cá bhfógraíonn sibh bhur scéimeanna maoinithe?**

<b>Ardán Fógraíochta</b>	<b>Fógraímid anseo iad (Cuir tic má dhéanann)</b>	<b>Sonraigh: Cén leathanach ar Facebook m.sh. /cén nuachtán? Cén clár raidió?</b>
<b>Facebook</b>		
<b>Instagram</b>		
<b>Snapchat</b>		
<b>Twitter</b>		
<b>Suíomh idirlín eile?</b>		

<b>Ar an raidió</b>		
<b>Nuachtlitir</b>		
<b>Nuachtán</b>		
<b>Ríomhphost chuig na filí</b>		

**23. Samhlaigh anois go bhfuil slaitín draíochta agat 😊 Cad a d'athrófá maidir leis an soláthar a chuirtear ar fáil do fhilí? Cad ba mhaith leat a dhéanamh a raghaidh chun leas na filíochta go ginearálta (id' eagrais féin nó i gcomhthéacs na filíochta/na n-ealaíon trí chéile? Cuimhnigh ach go háirithe ar an gcomhthéacs cothaithe atá ar fáil don bhfilíocht sa cheantar.**

## **Aguisín 4: Agallaimh na bhFilí**

### **Beathaisnéis agus an Fhilíocht:**

1. Cé tusa? An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar an *bhféiniúlacht* atá agat?
2. Cén *fáth*, dar leat, go scríobhann tú filíocht?
3. Cathain a scríobh tú do chéad dán? Cén teanga? Cén aois a bhí tú? Cén fáth?
4. Cén fáth go bhfuil an Ghaeilge roghnaithe mar mheán agat don bhfilíocht?
5. Cén cúlra teanga a bhí sa bhaile agus tú ag fás aníos? Ar scoil? Do shaol anois? An bhfuil cruthaitheacht ar leith sa teaghlach? Cruthaitheacht nó daoine cruthaitheacha a chastar ort i do shaol? Cén teang(acha) lena mbaineann an chruthaitheacht?
6. An bhfuil aon scríbhneoirí/filí/seanchaithe ar leith a chuaigh i bhfeidhm ort is tú ag fás aníos? Anois?
7. Cad iad na rudaí a thugann inspioráid duit?
8. Inis dom faoin ngaol atá agat leis an dúthaigh seo?
9. An bhfuil mórán taistil déanta agat? Ar chónaigh tú in aon áit lasmuigh den gceantar seo go fadthréimhseach? Ar imir aon áit ar leith tionchar ort?

### **Comhthéacs**

10. Cén ról atá ag an bhfile sa phobal, an dóigh leat?
11. An ndéarfa gur file pobail thú? (Cad is file pobail ann?)
12. Cén stádas atá ag filí sa cheantar seo? An bhfuil láithreachtaí acu sa phobal?  
– scoileanna, féilte, comharthaíocht, a leabhair a bheith ar fáil? (Ceantar eile UR/CD mar a oireann).

13. An dóigh leat go bhfuil gaol agat le do shinsir a chuaigh romhat? Cén gaol?  
An bhfuil gaol dá leithéid ag daoine eile anseo timpeall?
14. Cén pobal léitheoireachta atá agat?
15. An dóigh leat gur féidir le duine slí bheatha a bhaint as an bhfilíocht?
16. Cár seoladh do leabhair? Cé a sheol iad?
17. Cén tábhacht a bhaineann le léirmheas, an dóigh leat?
18. An bhfuil tú sásta leis an léirmheastóireacht a dhéantar mar gheall ar do shaothar?
19. An gcuireann gnáthphobal na dúthaí seo suim san fhilíocht?
20. Cén gaol – má ta aon ghaol– idir an fhilíocht agus caomhnú na teanga?
21. An dóigh leat go mbíonn an fhilíocht áirithe mar chuid de phleanáil teangan na dúthaí seo? Ar cheart go mbeadh? Cad atá ag teastáil?
22. An bhfuil gluaiseacht ar leith filíochta sa dúthaigh seo anois?

**Cothú:**

23. Cad iad na hardáin atá ar fáil don bhfilíocht á bheith á reic sa cheantar Gaeltachta seo, más ann dóibh? (*Ceardlanna, féilte, áit ar leith?*) *Sa chontae? Luaigh do cheangal féin leis na hardáin seo.*
24. Inis dom faoi eagraíochtaí nó daoine a chuir tacaíocht ar leith ar fáil duit mar fhile Gaeilge? Bhfuil aon eagraíocht a d'fhéadfadh freastal níos fearr ort id' cháilíocht mar fhile Gaeilge?
25. Cad tá i ndán don bhfilíocht Ghaeilge sa cheantar seo?
26. An bhfuil daoine óga an cheantair seo á gcothú le bheith ina bhfilí Gaeilge? Cad a mheallfadh a thuilleadh léitheoirí chun na filíochta, ach go háirithe daoine óga, an dóigh leat?
27. Ar tugadh deiseanna duit mar gheall ar bheith id' fhile Gaeilge?

28. Ar chaill tú deiseanna mar gheall ar bheith id' fhile Gaeilge?
29. An mbraitheann tú go bhfuil tú ar an imeall riamh?
30. An dóigh leat go mbaineann aon dúshláin ar leith le cleachtadh na filíochta Gaeilge nach mbeadh i gceist le filíocht an Bhéarla? Cad iad?

**Cleachtais:**

31. Inis dom faoin ngaol atá agat le canúint na háite seo agus/nó an Caighdeán Oifigiúil?
32. Tugaim faoi deara go mbíonn focail is nathanna Béarla i gcuid dánta le filí áirithe – cad a mheasann tú mar gheall ar Bhéarla a bheith i ndánta Gaeilge?
33. An dóigh leat go bhfuil coimhlint idir a bheith dílis dod' chanúint san fhilíocht agus a bheith ag iarraidh pobal léitheoireachta níos leithne a mhealladh chuig do chuid filíochta?
34. Cén fáth go ndéantar/nach ndéantar aistriúchán ar do chuid filíochta?  
*(ardáin/lucht léite níos leithne/aird/cúinsí pearsanta)*
35. An mbaineann tú úsáid as an dteicneolaíocht chun do chuid filíochta a phoibliú/a chur os comhair an phobail?
36. An bhfaigheann tú cúiteamh riamh as a bheith mar chuid de fhéilte nó léamha filíochta? An mbeadh an íocaíocht tábhachtach?
37. Cén tábhacht a bhaineann le dán a chur i láthair?
38. An bhfuil aon ní ar do chroí a dteastaíonn uait a rá anois maidir le filí nó filíocht nó eagraíochtaí nó criticeoirí agus ná luafar d'ainm leis an dtuairim sin?

## Aguisín 5: Agallaimh na gCinnirí Cultúir

1. An ndéanfá cur síos ar do chúlra féin? (*Carb as duit? Cá maireann tú anois? Gaeilge sa Bhaile agus tú óg/anois?*)
2. An ndéanfá cur síos ar an ról atá (*nó a bhíodh*) agat le \_\_\_\_\_? Luaigh chomh maith aon ról a bhí nó atá agat le coistí, eagraíochtaí, féilte srl.
3. Cén sprioc atá agaibh mar eagraíocht?
4. Conas a tharla tú a bheith sa phost seo? (*Spéis/oiliúint/cáilíocht?*)
5. Cé hé an spriocghrúpa nó na spriocghrúpaí a bhfuil d'eagras dírithe air? (*filí/ealaíontóirí/pobal léitheoireachta?*)
6. Cén fhís atá agat féin maidir leis an gcultúr agus leis na healaíona?
7. An ndéarfá go bhfuil aon chonstaicí romhat agus tú ag iarraidh an fhís sin a bhaint amach? Nó an bhfuil aon nithe a chabhraíonn leat an fhís sin a bhaint amach?
8. Cé hiad na filí a shamhlaíonn tú le ceantar Chorca Dhuibhne sa lá atá inniu ann? Cé hiad na hainmneacha a ritheann leat?
9. Cé hiad na filí a shamhlaíonn tú le ceantar Uíbh Ráthaigh sa lá atá inniu ann? Cé hiad na hainmneacha a ritheann leat?
10. Cad iad na riachtanais is mó atá ag filí Gaeilge?
11. An bhfuil polasaí ealaíne ar leith agaibh? An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar aon pholasaí ealaíne atá agaibh?
12. Cé a bhíonn páirteach i réiteach na bpolasaithe seo?
13. An ndéantar athbhreithniú ar na polasaithe seo?
14. Cad as a dtagann bhur maoiniú féin?
15. An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar aon scéim a ritheann sibh féin a dhíríonn ar an bhfilíocht go sonrath? Nó scéimeanna a dtugann sibh tacaíocht dóibh?

16. An ndéanann sibh coimisiúnú ar shaothar filíochta riamh?
17. Cén saghas daoine a chuireann spéis san fhilíocht? Cé a léann saothar filíochta i nGaeilge?
18. An leagann sibh béim ar na filí nó ar an bpobal léitheoireachta/éisteachta? An bhfuil ról agat le cothú pobail léitheoireachta?
19. An gcuireann mórán filí isteach ar na scéimeanna maoinithe atá agaibh?
20. Cén próiseas iarratais atá ann? Cén critéir atá ann? (*Foirmeacha éasca a líonadh?*)
21. Cá bhfógraítear na scéimeanna sin?
22. An bhfuil ról agat maidir le filí a chur ar an eolas faoi scéimeanna maoinithe le dreamanna seachtracha?
23. Cé hiad na heagraíochtaí a d'fhéadfadh ról a bheith acu maidir le filí a chothú?
24. An eagraíonn sibh aon imeachtaí/ seirbhísí ar leith do fhilí/scríbhneoirí?
25. An raibh baint agat le léamha filíochta a eagrú riamh?
26. An bhfuil filí óga á gcothú le bheith ina filí? Cén tuairim atá agat mar gheall ar thodhchaí na filíochta sa cheantar?
27. An bhfuil dóthain airgid agaibh ar mhaithe le tacaíocht chúí a sholáthar? (*de réir an éilimh a bhíonn ar bhur dtacaíocht*)
28. An mbaineann aon dúshláin le cleachtadh na filíochta Gaeilge, an dóigh leat?
29. Cad iad na hardáin atá ar fáil sa cheantar seo don bhfilíocht?
30. An bhfuil aon mholtaí agat maidir le cothú fhilí an cheantair seo nó maidir le cur chun cinn na filíochta trí chéile?



31. Ceist anaithnid – an dteastaíonn uait anois aon rud a rá maidir le croícheisteanna an staidéir seo, idir comhthéacs cothaithe na filíochta sa cheantar, cleachtais na bhfilí nó a bhféiniúlacht agus ní luafar d’ainm ná d’eagrais leis an tuairim sin.

## Aguisín 6: Foirm Toilithe



### *“Cothú agus Cleachtais na Filíochta i gceantair Ghaeltachta Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh”*

Tuigim go mbíonn cúraimí éagsúla oraibh agus táim fíorbhuíoch díbh as páirt a ghlacadh sa taighde seo agus bhur smaointe a roinnt liom. Tá súil agam go gcuirfear léargais ar fáil sa taighde a raghaidh chun sochar na héigse sa todhchaí.

Shane Grant, dáta:

#### **Ceadú:**

- Táim sásta páirt a ghlacadh go deonach sa staidéar seo.
- Tuigtear dom go bhféadfainn an ceadú sin a thógaint ar ais ag aon uair i rith an taighde agus diúltú d’aon cheist a fhreagairt faoi mar a thoilím gan aon iarmhairtí ar bith.
- Cuireadh cur síos ar ábhar an taighde ar fáil dom i scríbhinn agus cuireadh go leor ama ar fáil le ceisteanna a chur mar gheall ar an staidéar.
- Tuigim cur chuige an staidéir agus táim sásta páirt a ghlacadh go hiomlán sa taighde seo. Tuigtear dom go mbeidh ceistneoir le comhlánú ar dtús agus ansin go nglacfaidh mé páirt in agallamh leis an dtaighdeoir.
- Táim sásta go ndéanfar an t-agallamh a thaifeadh agus go n-úsáidfear grianghraf jpeg díom sa staidéar.

- Tuigtear dom go bhféadfaí na sonraí a chuirfidh mé ar fáil i bhfóraitim éagsúla , i. cur i láthair chomhdhála, irisí léinn, alt leabhair nó a macasamhail agus tugaim cead m’ainm a bheith luaite le haon tuairim a nochtaim muna ndeimhním a mhalairt.
- Tuigim go bhfuil cead agam tuairim áirithe a nochtadh agus a chur in iúl don taighdeoir nach dteastaíonn uaim go luafaí m’ainm leis agus coimeádfar neamhainmníocht leis an dtuairim sin dá bharr.
- Tuigim go bhféadfar feidhm a bhaint as an ionchur (sonraí an cheistneora, taifead agus tras-scríbhinn an agallaimh) a bheidh agam sa staidéar seo ag am ar bith sa todhchaí ag an taighdeoir.
- Tuigtear dom go bhfuil de cheart agam dul i dteagmháil leis an dtaighdeoir aon uair chun a thuilleadh eolais a fháil faoin staidéar.

**Taighdeoir**

Shane Grant

Coláiste Mhuire Gan Smál,  
Luimneach

**Feitheoir Acadúil**

Dr. Róisín Ní Ghairbhí

Coláiste Mhuire Gan Smál,  
Luimneach

Síniú an rannpháirtithe taighde \_\_\_\_\_

Dáta\_\_\_\_\_

Síniú an taighdeora \_\_\_\_\_

Dáta\_\_\_\_\_